



**Ollscoil
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**AN IDIRCHULTÚRTHAUGHT
IARCHOILÍNEACH
I NGEARRSCÉALAÍOCHT
PHÁDRAIC BHREATHNAIGH**

Imleabhar 1 de 2 Imleabhar

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad
don chéim dochtúireachta ag

Laoise Ní Cheallaigh

Roinn na Nua-Ghaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh,
Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire.

Feabhra, 2017

Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge: An Dr Brian Ó Catháin
Stiúrthóir: An Dr Aisling Ní Dhonnchadha

Clár – Imleabhar 1

Achoimre	4
Liosta na nAguisíní	5
Liosta na nGiorrúchán	6
Nóta Buíochais	7
Réamhrá	9
Caibidil 1: An Idirchultúrthacht Iarchoilíneach	19
Leagan Amach na Caibidile	19
An Iarchoilíneachas – Sainmhínte agus Sainbhíonna	20
Critic an Iarchoilíneachais	27
Díchoilíniú agus Féinaitheantas	36
Teoiricí Idirnáisiúnta na hIdirchultúrthachta Iarchoilíní	45
Critic na hIdirchultúrthachta sa Ghaeilge	65
Caibidil 2: Comhthéacs Liteartha Shaothar Phádraic Bhreathnaigh	107
Leagan Amach na Caibidile	107
Gearrchuntas ar Fhorbairt Théamúil Shaothar an Bhreathnaigh	108
Cúlra Soch-chultúrtha Luathghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh	112
Gearrscéalaíocht na Gaeilge	125
Tuairimí na Léirmheastóirí	154
Caibidil 3: Pádraic Breathnach: Stílí	179
Leagan Amach na Caibidile	179
Réamhrá	181
An Réalachas, An Nua-Aoiseachas agus An tIar-Nua-Aoiseachas i nGearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh	185
Struchtúr	200
Carachtracht agus Cúrsaí Idirchultúrtha	208
Téamaí	213
Meafair	228

Stíleanna Teanga agus Gné na hIdirchultúrthachta i Saothar Phádraic Bhreathnaigh	237
Caibidil 4: Speictream an Déachais Idirchultúrtha i nGearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh	256
Leagan Amach na Caibidile	256
An Aonchultúrthacht i nGearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh	261
An Chros-síolracht i nGearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh	284
An Cumasc Cultúrtha i nGearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh	323
Caibidil 5: Pádraic Breathnach mar Scríbhneoir Idirchultúrtha	351
Leagan Amach na Caibidile	351
Pádraic Breathnach mar Scríbhneoir Idir Dhá Chultúr – A Chúlra Pearsanta Idirchultúrtha	353
Athruithe Sóisialta agus Fás an Déachais Idirchultúrtha	362
Tionchair Liteartha Idirchultúrtha	368
Forbairtí Áirithe i gComhthéacs Scríbhneoireacht Idirchultúrtha na Gaeilge ó na 1940idí Amach	376
A Chomhaimsearaigh Idirchultúrtha	386
Pádraic Breathnach agus an tAistriúchán Liteartha	402
Conclúid	409
Leabharliosta	414
Foinsí Príomha: Saothair le Pádraic Breathnach:	414
Prós Cruthaitheach	414
Saothair Chritice agus Staire	420
Foinsí Tánaisteacha	425

Clár – Imleabhar 2

Aguisín 1: Cúlra na Gearrscéalaíochta	2
Aguisín 2: Tuairiscí na Moltóirí Oireachtais	15
Aguisín 3: Agallamh le Pádraic Breathnach	47

Achoimre

Scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhfuil blianta fada caite aige i mbun gearrscéalaíochta. Go dtí seo ní dhearnadh plé cuimsitheach ar a shaothar gearrscéalaíochta ina iomláine. Is éard is cuspóir don tráchtas seo ná léamh faoi leith amháin a sholáthar ar an ngearrscéalaíocht sin chun léargas a thabhairt ar lárnacht na hidirchultúrthachta iarchoilíní inti.

Chuige sin, déanfar iniúchadh ar chomhthéacs na hidirchultúrthachta iarchoilíní, agus ar an áit faoi leith atá ag Éirinn sa díospóireacht ar an gcoilíneachas agus ar an iarchoilíneachas. Áiteofar go bhfuil áit lárnach ag Éirinn agus ag litríocht na hÉireann, go háirithe ag litríocht na Gaeilge, sa phlé sin. Féachfar le haitheantas cuí a thabhairt do ghearrscéalaíocht an Bhreathnaigh sa dioscúrsa sin.

Tabharfar faoi léargas a sholáthar ar chastacht cheist na hidirchultúrthachta a eascraíonn as próiseas an choilíneachais agus ar thábhacht na teanga dúchasaí i bpróiseas an díchoilínithe. Déanfar iniúchadh ar chastacht cheist na hidirchultúrthachta a eascraíonn as an eispéireas coilíneach i litríocht na Gaeilge, á léiriú trí mhionphlé ar ghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh.

Féachfar ar fhéinaitheantas agus ar speictream an déachais idirchultúrtha i gcarachtracht scéalta an Bhreathnaigh, agus ar ghnéithe d'fhéinaitheantas an scríbhneora féin. Scríbhneoir Breac-Ghaeltachta is ea Pádraic Breathnach agus tá an tionchar sin soiléir ina shaothar cruthaitheach. Déanfar plé ar thionchar na timpeallachta ar a shaothar de réir theoiric an *Third Space*, a d'fhorbair Homi Bhabha. Speictream is ea an déachas idirchultúrtha a réimníonn an aonchultúrthacht, an chrossíolracht, agus an cumasc cultúrtha. Pléifear gearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh i gcomhthéacs an speictrim sin. Ina theannta sin, déanfar tábhacht Phádraic Bhreathnaigh mar scríbhneoir idirchultúrtha a chomhthéacsú i gcúlra soch-eacnamaíoch Éire a linne agus i gcúlra liteartha a linne féin.

Mar thoradh ar léamh na hidirchultúrthachta iarchoilíní a dhéanfar sa tráchtas seo ar ghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, tá léamh nua ar shaothar an scríbhneora seo á chur ar fáil atá inchomparáide le saothar scríbhneoirí iarchoilíneacha eile ar fud na cruinne. Ag eascairt as an taighde seo, is léir gur réimse critice an idirchultúrthacht iarchoilíneach arbh fhiú é a fhorbairt a thuilleadh amach anseo mar uirlis chritice do litríocht Ghaeilge na linne seo, agus saothair liteartha scríbhneoirí eile na Gaeilge á meas.

Liosta na nAguisíní

Aguisín 1: Cúlra na Gearrscéalaíochta

Aguisín 2: Tuairiscí na Moltóirí Oireachtais

Aguisín 3: Agallamh le Pádraic Breathnach

Liosta na nGiorrúchán

<i>Bean Aonair agus Scéalta Eile</i>	BA
<i>Buicéad Poitín agus Scéalta Eile</i>	BP
<i>An Lánúin agus Scéalta Eile</i>	AL
<i>Na Déithe Luachmhara Deiridh</i>	DLD
<i>Lilí agus Fraoch</i>	LF
<i>Ar na Tamhnacha</i>	ANT
<i>Íosla agus Scéalta Eile</i>	ÍS
<i>An Pincín agus Scéalta Eile</i>	PS
<i>Ingne Dearga Dheaideo</i>	IDD
<i>Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta</i>	RS

Nóta Buíochais

Ba mhaith liom mo mhórbhuíochas a ghabháil leis an Dr Aisling Ní Dhonnchadha a thug treoir, tacaíocht agus misneach dom fad a bhíos i mbun an taighde seo. Ba í a chuir ag machnamh mé le ceisteanna deacra ar uairibh, agus a roinn comhairle orm go tuisceanach, foighneach i gcónaí. Beidh mé faoi chomaoin go deo aici.

Táim an-bhuíoch don Ollamh Ruairí Ó hUiginn as ucht na tacaíochta a thug sé dom mar Cheann Roinn na Nua-Ghaeilge, fad a bhí mé i mbun an tráchtais seo. Tá buíochas ar leith ag dul don Dr Tadhg Ó Dúshláine, leis, a chuir comhairle orm maidir le cúrsaí taighde agus eile agus thug misneach i gcónaí dom. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Dr Brian Ó Catháin, Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge, a thug treoir mhaith dom, leis. Gabhaim buíochas le mo chairde ar an dá champas i Maigh Nuad as ucht cluas éisteachta a thabhairt dom agus caifé a ól liom. Luaim Dr John McGinnity go háirithe, a thug tacaíocht dom agus a chuir comhairle orm go tuisceanach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Fr Tom Fogarty, Uachtarán Emeritus Choláiste Phádraig, Durlas Éile (Coláiste Mhuire gan Smál, Campas Phádraig) agus do mo chairde ar fhoireann an Choláiste a bhí taobh liom agus mé i mbun na hoibre seo – luaim go háirithe Kathryn Fitzgibbon, Madeline Ronan, Jody Neville, Caitríona Spooner agus Bernie Bergin. Is onóir dom sibh a lua i measc mo chairde. Ó thosaigh An Dr Finn Ó Murchú ar Champas Phádraig mar Cheann Scoil an Oideachais Iarbhunscoile, thug sé an-tacaíocht dom an taighde a chur i gcric, agus táim buíoch

dó. Tá buíochas ag dul don Dr Seán Mac Risteaird, don Dr Karen Ní Chlochasaigh a bhí liom feadh na slí.

Táim buíoch d'fhoireann na leabharlainne in Ollscoil Mhá Nuad, d'fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta, d'fhoireann na leabharlainne in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus do Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge, agus d'Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Oideachais Ghaelchultúr, a chabhraigh liom ar bhealaí éagsúla an taighde seo a chur i gcrích. Is í Síle Ní Dhúláin a rinne bunsaothar na tras-scríbhneoireachta ar an agallamh a chuir mé ar Phádraic Breathnach agus táim buíoch di as ucht na hoibre sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, chomh maith, le Pádraic Breathnach féin, a thug léargais ar leith dom agus a roinn a chuid ama agus tuairimí go fial liom ón gcéad lá a rinne mé teagmháil leis.

Ba mhaith liom mo mhórbhuíochas a ghabháil le mo thuismitheoirí, Pat agus Carmel, a chuir crua orthu féin ar mo shon agus ar shon mo chuid oideachais agus a chreid ionam i gcónaí. Gabhaim buíochas le mo dheartháireacha Colin agus Derek agus le mo dheirfiúracha Elaine agus Yvonne, agus lena gcéilí Bianca, Denise, Damien agus David, agus le mo chairde, go háirithe Siobhán Tighe, Katherine Kelly, Fiona Kennedy agus Joanne Walsh a chabhraigh liom le linn na mblianta atá caite agam i mbun taighde.

Réamhrá

Tá caoga bliain ann i mbliana, 2016, ó scríobh Pádraic Breathnach a chéad ghearrscéal ‘Soineann agus Doineann’,¹ gearrscéal nár foilsíodh riamh ach a cuireadh faoi bhráid mholtóirí an Oireachtais an bhliain sin. Is beag iniúchadh scolártha ar chor ar bith atá déanta le linn na mblianta sin ar fad ar shaothar cruthaitheach Phádraic Bhreathnaigh. Thiar sa bhliain 1981, d’áitigh Liam Mac Cóil, ‘Má tá feall á imirt ar aon scríbhneoir Gaeilge, i láthair na huaire, is é Pádraic Breathnach é’.² Ó shin i leith fiú, is beag atá déanta chun an ‘feall’ sin a thabhairt chun réitigh. Is éard is cuspóir don tráchtas seo ná iniúchadh a dhéanamh ar ghné faoi leith de ghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, mar atá an idirchultúrthacht iarchoilíneach ina chuid gearrscéalaíochta, agus a áit ríthábhachtach mar ghearrscéalaí Gaeilge ó na 1970idí luatha i leith a léiriú.

Ar dtús, pléifear suíomh lárnach na hÉireann agus litríocht na hÉireann, go háirithe litríocht na Gaeilge, sa díospóireacht iarchoilíneach sin. Déanfar iniúchadh ar thionchar an choilíneachais ar fhéinaitheantas an náisiúin choilínithe agus ar an duine aonair sa tsochaí choilíneach agus iarchoilíneach. Tráchtfar ar thábhacht na teanga dúchasaí i bpróiseas an díchoilínithe agus in iarrachtaí aisghairme an fhéinaitheantais náisiúnta sa tréimhse iarchoilíneach. Is trí mhionphlé a dhéanamh ar an idirchultúrthacht iarchoilíneach i saothar gearrscéalaíochta Phádraic Bhreathnaigh a dhéanfar na ceisteanna casta sin a chíoradh. Féachfar le forbairtí i gcritic na

¹ Pádraic Breathnach, ‘Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímheas?’ in *Comhar* Iml. 69, Uimh. 11 (Samhain, 2009), 22.

² Liam Mac Cóil, ‘Idirshaol na Mianta’ in *Comhar*, Iml. 40, Uimh. 6 (Meitheamh, 1981), 25.

hidirchultúrthachta go hidirnáisiúnta, agus i gcritic idirchultúrthachta na Gaeilge, a aibhsiú.

Réimse critice a bhfuil forbairt shuntasach tagtha air le blianta beaga anuas is ea an idirchultacht le foilsiú shaothair thábhachtacha criticeoirí ar nós Homi Bhabha agus, i gcomhthéacs na tíre seo, saothar Mháirín Nic Eoin. I réamhrá an leabhair *Transitions: Postcolonial Theories* dearbhaíonn Jenni Ramone ‘Postcolonial literatures and theory react to colonial encounters...’³. Léiríonn scríbhneoirí éagsúla na Gaeilge an frithghníomh sin ar mhórán bealaí, mar a fheictear i saothar na scríbhneoirí tábhachtacha Gaeilge ó Phádraig Mac Piarais agus Pádraic Ó Conaire ar aghaidh go dtí leithéidí filí *Innti*, Phádraic Bhreathnaigh agus Mhichíl Uí Chonghaile, gan ach cuid an bheagáin a lua. I gcomhthéacs saothar Phádraic Bhreathnaigh is féidir a áiteamh go bhfuil gné den fhrithghníomh sin le sonrú sa léiriú a dhéanann sé ar speictream an déachais idirchultúrtha, idir an aonchultúrthacht, an chros-síolracht agus an cumasc cultúrtha. Cé go ndéanfar plé níos cuimsithí ar na téarmaí seo thíos le linn an tráchtais, leagfar amach anseo a bhfuil i gceist le haonchultúrthacht, le cros-síolracht agus le cumasc cultúrtha i gcomhthéacs an phlé ar saothar Phádraic Bhreathnaigh.

Is éagsúil, is pearsanta agus is uathúil an tionchar atá ag an teagmháil a dhéanann gach aon duine leis an gcultúr nó leis na cultúir lena bhfuil sé/sí timpeallaithe. Le linn an tráchtais seo, tagrófar do speictream an déachais idirchultúrtha a bhraitheann an duine agus an tionchar atá ag an déachas air/uirthi. Mar chuid den speictream sin, tagrófar don aonchultúrthacht, ina bhfeictear príomhthionchar ag cultúr amháin ar dhuine; don

³ Jenni Ramone, *Transitions: Postcolonial Theories* (Hampshire: Palgrave Macmillian, 2011), 1.

chros-síolracht, mar a chuir Homi Bhabha in iúl í, ina bhfeictear an duine ag streachailt go mór idir an dá chultúr, agus é/í ag samhlú nach leis/léi i gceart ceachtar den dá chultúr, agus go bhfuil coimhlint i gcónaí ann/inti idir an dá chultúr; agus don chumasc cultúrtha, mar a léirigh Máirín Nic Eoin é, ina bhfeictear muinín chultúrtha an duine atá tar éis dul i ngleic lena (h)áit féin i gcumasc cultúrtha na sochaí ina bhfuil siad ag maireachtáil. Is í an difríocht idir cros-síolracht Bhabha agus cumasc cultúrtha Nic Eoin ná go n-admhaíonn agus go nglacann an duine leis an déachas ann féin, bíodh go mb'fhéidir gur glacadh drogallach é sin, ar uairibh. Cinnteacht chultúrtha is mó a shamhlaítear leis an aonchultúrthacht, coimhlint idirchultúrtha is bunús leis an gcros-síolracht agus is muinín idirchultúrtha a fheictear sa chumasc cultúrtha.

Ar an 12^ú Iúil, 1942 a rugadh Pádraic Breathnach. Is as Coill Bhruachláin, i bparóiste Mhaigh Cuilinn tamall siar ó chathair na Gaillimhe dó. Téann fréamhacha a mhuintire sa dúiche sin siar os cionn dhá chéad bliain.⁴ Duine de theaghlach aon duine dhéag is ea é. D'fhreastail sé ar Scoil Mhuire i Maigh Cuilinn, ceann de chúig bhunscoil a bhí i Maigh Cuilinn le linn a óige. Chuaigh sé ar aghaidh go dtí Coláiste Muire, coláiste deoiseach Chathair na Gaillimhe, i ndiaidh thréimhse na bunscolaíochta (1955-1960). Bhain sé céim BA amach sa Ghaeilge agus sa Stair i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh anois) sa bhliain 1963, agus céim MA sa Ghaeilge ina dhiaidh sin sa bhliain 1964. Mar ábhar miontráchtais, rinne Breathnach iniúchadh ar 'F[h]ocla Neamh-Ghnácha' i Maigh Cuilinn. Cháiligh sé mar mhúinteoir meánscoile ina dhiaidh sin, agus chaith sé roinnt blianta ag múineadh i gColáiste Muire, agus ina dhiaidh sin i gCarraig an Tobair i dTiobraid Árann (1965-1966), agus i gColáiste

⁴ Brian Ó Conchubhair, 'Pádraic Breathnach: *Moderniste Mhaigh Cuilinn*', in *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta*. Roghnaithe ag Brian Ó Conchubhair (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014), 7.

Belvedere i mBaile Átha Cliath (1966-1969). Sa bhliain 1969 ceapadh ina léachtóir le Gaeilge i gColáiste Mhuire gan Smál é. Bhí sé ina léachtóir ann go dtí go ndeachaigh sé amach ar pinsean sa bhliain 2007. Tá sé pósta le Anne Nic Mhathúna ó Chill Náile, Co. Thiobraid Árann, agus tá beirt mhac agus iníon acu. Tá cónaí air i Luimneach le fada.

‘Ba thír tuaithe amach is amach’⁵ Maigh Cuilinn le linn a óige, dar le Breathnach féin, ach le blianta beaga anuas tá claochló tagtha ar an dúiche. Tá cathair na Gaillimhe tar éis leathnú amach go mór i dtreo an iarthair, sa tslí gur bruachbhaile de chuid na cathrach atá sa sráidbhaile féin anois. Óige thraidisiúnta thuaithe a bhí ag Pádraic Breathnach. Ag feirmeoireacht a bhí a mhuintir ann, cosúil le formhór na dteaghlach le linn na 1940idí agus 1950idí. Taobh amuigh de chúrsaí scoile, chaith Breathnach cuid mhaith dá óige ag cabhrú lena mhuintir i dtaca le cúraimí feirme agus ag iascaireacht mar chaitheamh aimsire. Ba mhór an tionchar a bhí ag an tógáil seo air mar scríbhneoir, mar a dúirt sé in agallamh le déanaí:

Bíonn an-tionchar go deo ag d’óige ort agus bíonn ar feadh do shaoil ar fad agus fiú amháin nuair a fhágann tú í ar feadh píosa agus bíonn tú ag scríobh faoi áiteachaí níos nua is dóigh liom go mbíonn tú ag filleadh arís [ar do cheantar dúchais].⁶

Is i mbun na gcúraimí céanna sin a fheictear carachtair óga an Bhreathnaigh go minic sna gearrscéalta, mar a phléifear i gcaibidlí an tráchtais. Déanfar plé ar thionchar idirchultúrtha na hóige sin ar an scríbhneoir féin i gCaibidil 5. Tá léargas luachmhar

⁵ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus a Tuairisc* (Indreabhán: Cló Chonamara, 1986), 7.

⁶ Féach Aguisín 3: Agallamh le Pádraic Breathnach, 55.

ar a óige le fáil in Aguisín 3, mar a bhfuil agallamh a chuir scríbhneoir an tráchtais seo ar Phádraic Breathnach.

Scríbhneoir Breac-Ghaeltachta i dtréimhse mhórathruithe is ea Pádraic Breathnach, rud a bhí an-suntasach nuair a thosaigh sé amach ag scríobh. Breac-Ghaeltacht ab ea Maigh Cuilinn le linn óige an Bhreathnaigh, agus is Breac-Ghaeltacht fós cuid mhaith den pharóiste. Cé gur chuir sé in iúl le linn agallaimh go mbíodh droch-mheas ar an nGaeilge i measc go leor de mhuintir Mhaigh Cuilinn le linn a óige,⁷ agus gur deontas ba mhó a spreag tuismitheoirí áirithe an pharóiste chun an Ghaeilge a labhairt lena bpáistí,⁸ dhearbhaigh sé gur tháinig roghnú na Gaeilge go nádúrtha chuige féin mar mheán a ealaíne.⁹ D'áitigh sé, leis, gur tháinig athrú ar an dearcadh diúltach a bhí ag cuid de mhuintir Mhaigh Cuilinn ar an nGaeilge le himeacht aimsire.

Ní foláir Pádraic Breathnach a áireamh ar dhuine de na scríbhneoirí Gaeilge is bisiúla sa dara leath den fhichiú haois. Le linn na tréimhse atá caite i mbun scríbhneoireachta aige, tá naoi gcnuasach gearrscéalta foilsithe aige, mar atá:

Bean Aonair agus Scéalta Eile (1974)

Buicéad Poitín agus Scéalta Eile (1978)

An Lánúin agus Scéalta Eile (1979)

Na Déithe Luachmhara Deiridh (1980)

Lilí agus Fraoch (1983)

Ar na Tamhnacha (1987)

Íosla agus Scéalta Eile (1992)

⁷ Ibid., 559-560.

⁸ Ibid., 557.

⁹ Ibid., 564.

An Pincín agus Scéalta Eile (1996)

Ingne Dearga Dheaideo (2005)

Ina theannta sin, d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnachta mionchnuasach eile dá ghearrscéalta a bhfuil caiséad ag dul leis *Taomanna*, sa bhliain 1991, cnuasach a foilsíodh mar chuid den tsraith 'Guth an Ealaíontóra.' Foilsíodh cnuasach de scéalta an Bhreathnaigh i mBéarla faoin teideal *The March Hare and Other Stories* (1994). Gabriel Rosenstock a d'aistrigh mórchuid de na scéalta sin, cé go bhfuil dhá bhunscéal sa chnuasach sin a scríobh Pádraic Breathnach i mBéarla, mar atá 'Tryst' agus 'A Fresher', scéalta a foilsíodh i nGaeilge sa chnuasach *Ingne Dearga Dheaideo* faoi na teidil 'Gorsedd' agus 'Mac Léinn' faoi seach. D'aistrigh Inger Eriksson an cnuasach sin, *The March Hare and Other Stories*, go Sualainnis ina dhiaidh sin faoin teideal *Marsharen och Andra Berättelser* (2001). Tá trí úrscéal scríofa ag Pádraic Breathnach:

Gróga Cloch (1990)

As na Cúlacha (1998)

Deargadaoil i mBád fó Thoinn (2012)

Tá saothar staire ar a cheantar dúchais féin curtha i gcló ag Pádraic Breathnach faoin teideal *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc* (1986), mar aon le cnuasach scéalta béaloideas a bhailigh sé ó Mhícheál Breathnach ó pharóiste Mhaigh Cuilinn, *Bróga Páipéir agus Stocaí Bainne Ramhair* (2007). Foilsíodh aistriúchán a rinne Pádraic Breathnach ar dhírbheathaisnéis Frank McCourt, *Angela's Ashes: A Memoir* go Gaeilge, faoin teideal *Luaitheach Angela: Cuimhní Óige* sa bhliain 2011.

Anuas ar na saothair sin, is iomaí alt acadúil agus tuairimíochta atá foilsithe ag Pádraic Breathnach, mar aon le leabhair scoile, *Nótaí ar Dúil le Liam Ó Flaithearta* (1971) agus *Fios Feasa I* (1973),¹⁰ agus sraith de nótaí don Ardteistiméireacht a foilsíodh in *Anois* sa bhliain 1991. Faoi láthair tá Pádraic Breathnach ag réiteach úrscéil nua don chló, mar aon le leabhar dírbheathaisnéise. Is iomaí duais liteartha a bronnadh ar Bhreathnach, ar a n-áirítear duaiseanna Oireachtais, mar a shonraítear in Aguisín 2; Duais Bhord na Gaeilge i Lios Tuathail, sa bhliain 1992 agus arís sa bhliain 1994; agus bhronn an Foras Gael-Mheiriceánach Duais an Bhuitléaraigh air sa bhliain 1992.¹¹

I gCaibidil 1 – An Idirchultúrthacht Iarchoilíneach, féachfar ar chritic an iarchoilíneachais agus pléifear tionchar an choilíneachais ar an duine coilínithe, ar a chultúr agus ar a theanga. Breathnófar ar iarrachtaí ar dhíchoilíniú ag leibhéal an Stáit Éireannaigh agus ag leibhéal an duine aonair sa tsochaí. Déanfar comparáid idir cás na hÉireann ar an dóigh seo agus cás na Céinia agus na Túinéise, de bharr na mórchosúlachtaí idir eispéireas coilínithe mhuintir na dtíortha sin agus eispéireas coilínithe mhuintir na hÉireann. Déanfar plé, leis, ar theoricí idirnáisiúnta agus náisiúnta na hidirchultúrthachta iarchoilíní. Díreofar ar chritic na hidirchultúrthachta sa Ghaeilge, agus ar na forbairtí atá déanta sa ghort sin le blianta beaga anuas.

I gCaibidil 2 – Comhthéacs Liteartha Shaothar Phádraic Bhreathnaigh, déanfar plé ar ghnéithe de chúlra agus de chritic na gearrscéalaíochta Gaeilge. Déanfar iniúchadh ar áit an ghearrscéil i litríocht na Gaeilge i gcoitinne le linn na tréimhse ó na 1960idí déanacha i leith, mar atá tréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh.

¹⁰ Comheagarthóir ar an díolaim próis sin don Ardteistiméireacht ba ea é le Bríd de Paor agus Brian Ó Cinnéide.

¹¹ Brian Ó Conchubhair, ‘Pádraic Breathnach: *Moderniste* Mhaigh Cuilinn’, 10.

Breathnófar ar chúlra soch-chultúrtha na tréimhse claochlaithe úd, ag díriú isteach ar na 1960idí agus na 1970idí, an uair ba mhó a raibh saothar an Bhreathnaigh éagsúil ó shaothar a chomhscríbhneoirí Gaeilge. Chun léargas a thabhairt ar chomhthéacs soch-chultúrtha thréimhse a luathghearrscéalaíochta, féachfar ar thuairimí na léirmheastóirí de réir mar a foilsíodh cnuasaigh ghearrscéalta an Bhreathnaigh.

I gCaibidil 3 – Pádraic Breathnach: Stílí, féachfar ar stíl ghearrscéalaíochta Phádraic Bhreathnaigh agus ar na modhanna inste a roghnaíonn sé, idir stíleanna an réalachais, an nua-aoiseachais agus an iar-nua-aoiseachais. Déanfar plé ar chúrsaí carachtrachta, agus ar théamaí coitianta a fheictear ina ghearrscéalta a thugann léargas ar ghnéithe faoi leith den déachas idirchultúrtha. Pléifear na réimsí éagsúla teanga a úsáideann sé, leis, agus an tslí ina gcuireann an teanga sin speictream an déachais idirchultúrtha in iúl go héifeachtach.

I gCaibidil 4 – Speictream an Déachais Idirchultúrtha i nGearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, déanfar iniúchadh ar ghearrscéalta a léiríonn saol aonchultúrtha, atá saor ó róthionchar an choilíneachais; ar ghearrscéalta a léiríonn tréithe den chros-síolracht, mar a chuir Homi Bhabha in iúl í; agus ar ghearrscéalta a chuireann cumasc chultúir éagsúla na hÉireann in iúl. Breathnófar ar an ionramháil a dhéantar ar aonchultúrthacht shaol traidisiúnta na tuaithe, rud a léirítear go minic trí mheán carachtar óg nó críonna. Mar chuid den phlé a dhéanfar ar an gcros-síolracht, féachfar ar íochtaráin (sa chiall *subaltern*) i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, agus ar charachtair a léiríonn coimpléacs ísleachta agus coimhlint inmheánach chun léargas a thabhairt ar na gnéithe sin de chastacht na cros-síolrachta. I dtaca leis an bplé ar ghné

an chumaisc chultúrtha i scéalta an Bhreathnaigh sonrúfar pearsana éagsúla idirchultúrtha agus iad ag teacht chun réitigh le sochaí athraitheach a linne féin.

Maidir le Caibidil 5 – Pádraic Breathnach mar Scríbhneoir Idirchultúrtha, is éard a chuirim romham sa chaibidil ná spléachadh a thabhairt ar Phádraic Breathnach mar scríbhneoir i gcomhthéacs na n-athruithe leanúnacha sóisialta a thit amach in Éirinn ó rugadh é sa bhliain 1942, mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar sheasamh Phádraic Bhreathnaigh i gcomhthéacs cultúrtha na scríbhneoirí Gaeilge a chuaigh díreach roimhe, i gcomhthéacs a chomhaimsearach, agus i gcomhthéacs na scríbhneoirí Gaeilge atá tagtha chun cinn i ndiaidh dó féin cáil a bhaint amach mar scríbhneoir cumasach.

Tá trí aguisín curtha leis an tráchtas, leis. In Aguisín 1, déantar plé áirithe ar chúlra agus ar chritic na gearrscéalaíochta idirnáisiúnta. In Aguisín 2, léirítear tuairiscí na moltóirí Oireachtais i dtaca le hiontrálacha Phádraic Bhreathnaigh ar chomórtais éagsúla ghearrscéalaíochta. In Aguisín 3, tugtar an leagan tras-scríofa d’agallamh a cuireadh ar Phádraic Breathnach i mí an Mheithimh, 2016. Tá an t-agallamh sin ar fáil ar an dlúthdhiosca a ghabhann leis an tráchtas seo.

Ar deireadh thiar, táthar ag súil go léireofar tríd an tráchtas seo gur gearrscéalaí é Pádraic Breathnach atá tar éis cur go mór le corpas na gearrscéalaíochta Gaeilge ó na 1960idí déanacha i leith, agus é sin déanta go cumasach aige go háirithe tríd an léargas atá tugtha aige ar an duine daonna ag dul i ngleic le braistintí éagsúla a bhaineann leis an idirchultúrthacht iarchoilíneach. Trí mheán an mhionphlé ar an réimse critice idirnáisiúnta seo táthar ag súil go spreagfar scoláirí agus léitheoirí le saothar

gearrscéalaíochta Phádraic Bhreathnaigh a shuíomh i gcomhthéacs liteartha idirnáisiúnta agus an t-aitheantas cuí a thabhairt dá shaothar liteartha dá réir.

Caibidil 1:

An Idirchultúrthacht Iarchoilíneach

Leagan Amach na Caibidile

I gCaibidil 1, féachfar ar an rud is idirchultúrthacht iarchoilíneach ann, agus ar chritic an iarchoilíneachais. Déanfar plé ar thionchar an choilíneachais ar an duine coilínithe, ar a chultúr agus ar a theanga, agus ar iarrachtaí ar dhíchoilíniú ag leibhéal an Stáit Éireannaigh agus ag leibhéal an duine aonair sa tsochaí. Breathnófar ar na hiarrachtaí ar dhíchoilíniú i dtíortha iarchoilíneacha eile chun comparáid a dhéanamh le cás na hÉireann. Is iad na tíortha is mó a ndéanfar iniúchadh orthu sa chomhthéacs seo ná an Chéinia agus an Túinéis, de bharr na mórchosúlachtaí idir an taifead atá ar fáil d'eispéireas coilínithe mhuintir na dtíortha sin agus eispéireas coilínithe mhuintir na hÉireann. Agus an cúlra sin pléite, féachfar ar theoricí idirnáisiúnta agus náisiúnta na hidirchultúrthachta iarchoilíní. Is ag an bpointe sin a dhíreofar ar chritic na hidirchultúrthachta sa Ghaeilge, agus ar na forbairtí atá déanta sa ghort sin le blianta beaga anuas.

An tIarchoilíneachas – Sainmhínte agus Sainbhríonna

Teoiric leathan, uilechuimsitheach is ea an t-iarchoilíneachas. Leagtar béim ar an éagothromaíocht cumhachta idir an lár agus an forimeall agus ar an streachailt chun cothromaíocht a bhaint amach.¹² Tugann Homi Bhabha, duine de phríomhtheoiriceoirí an iarchoilíneachais faoi láthair, a shainmhíniú ar an gcritic iarchoilíneach thíos:

Postcolonial criticism bears witness to the unequal and uneven forces of cultural representation involved in the contest for political and social authority within the modern world order.¹³

Téarma thar a bheith conspóideach is ea an téarma ‘iarchoilíneachas’ agus, ní nach ionadh, is minic nach n-aontaíonn saineolaithe an iarchoilíneachais in áiteanna ar fud na cruinne i dtaobh a bhfuil i gceist go baileach leis. D’fhéadfaí breathnú air go simplí .i. go dtagann an t-iarchoilíneachas i ndiaidh an choilíneachais, rud a bheadh i gceist nuair a bheadh náisiún i mbun díchoilínithe ach é fós faoi thionchar eacnamaíoch an choilínigh, nó ag brath go heacnamaíoch uirthi, ach ní hé sin iomlán an scéil chasta seo. Tagraíonn an t-iarchoilíneachas do staid na tíre coilínithe tar éis neamhspléachas polaitiúil a bhaint amach, ina bhforbraítear cultúr nua iarchoilíneach atá an-difriúil go hidé-eolaíoch le cultúr na tíre agus í coilínithe. Is minic ceartas sóisialta a bheith mar idéal de chuid an chultúir nua iarchoilínigh. Claochlú polaitiúil agus cultúrtha is ea a bhíonn i gceist. Tugann David Mikics an sainmhíniú seo a leanas ar an rud is sochaí iarchoilíneach ann:

¹² Vijay Mishra & Bob Hodge, ‘What is Post(-)colonialism?’, in Patrick Williams & Laura Chrisman (eds) *Colonial Discourse and Post-Colonial Theory: A Reader* (Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993), 276-7.

¹³ Homi K Bhabha, *The Location of Culture* (London & New York: Routledge, 1994), 171.

The reigning definition of a postcolonial state is that it must be non-European and non-North American, and that it must have been invaded or occupied by Europeans or North Americans, or both. (A partial exception is Ireland: though European, it is now often discussed as a postcolonial state.) ...

According to the customary definition, a postcolonial society has undergone not merely a foreign political rule but a forcible modernization associated with such rule, and the attendant upheavals of traditional life. Postcolonial societies are generally rural or peasant cultures that have been violently transformed by their invaders (mostly for ill, in the postcolonial critics' version, although they also emphasise one positive result of empire: the cosmopolitan character of the postcolonial world).¹⁴

Maidir leis an tagairt a dhéantar do chás na hÉireann thuas, d'fhéadfaí argóint a dhéanamh nach sochaí iarchoilíneach sochaí na hÉireann má táthar ag díriú ar an tsochaí Angla-Éireannach amháin agus ag déanamh neamhshuim de thionchar na coilíneachta ar shochaí Ghaelach na hÉireann, ar litríocht na Gaeilge agus ar an nGaeilge féin, nó má táthar aineolach ar a leithéid de shochaí Ghaelach a bheith ann in aon chor. Is minic nuair a dhéanann scoláirí idirnáisiúnta tagairt do chás na hÉireann, bídís ag aontú nó ag easaontú gur sochaí iarchoilíneach í sochaí na hÉireann, gur ar chás sochaí agus litríocht Angla-Éireannach a thráchtar, gan aon tagairt do phobal na Gaeilge nó do litríocht na Gaeilge. Nuair is ag tagairt do shochaí Ghaelach na hÉireann atáthar, cuirtear an argóint sin nach sochaí iarchoilíneach sochaí na hÉireann as a riocht. Níl aon dabht ach gur sochaí í sochaí Ghaelach na hÉireann a

¹⁴ David Mikics, *A New Handbook of Literary Terms* (New Haven and London: Yale University Press, 2007), 240.

streachail de bharr a cúlra iarchoilínigh, agus a rinne agus a dhéanann iarrachtaí dul i ngleic leis an gcúlra sin.

Saothar tábhachtach, cuimsitheach is ea *Postcolonialism: An Historical Introduction*, ina léiríonn Robert Young cuid de phríomhghnéithe an iarchoilíneachais agus de chúlra stairiúil an iarchoilíneachais. Tá stádas iarchoilíneach na hÉireann, i measc tíortha iarchoilíneacha eile, le sonrú sa chur síos a thugann sé thíos:

Postcolonial cultural critique involves the reconsideration of this history, particularly from the perspective of those who suffered its effects, together with the defining of its contemporary social and cultural impact. ... The postcolonial does not privilege the colonial. It is concerned with colonial history only to the extent that history has determined the configurations and power structures of the present, to the extent that much of the world still lives in the violent disruptions of its wake, and to the extent that the anti-colonial liberation movements remain the source and inspiration of its politics.¹⁵

Déanann Young féin neamhaird de náisiúin na hEorpa ar náisiúin coilínithe iad nuair a deir sé gur cruinne ‘tricontinentalism’ a thabhairt ar an iarchoilíneachas,¹⁶ téarma, dar leis, ‘which exactly captures its internationalist political identifications, as well as the source of its epistemologies’¹⁷ agus é ag tagairt don Afraic, don Áis agus do Mheiriceá Laidineach.

¹⁵ Robert Young, *Postcolonialism: An Historical Introduction* (Oxford: Blackwell Publishers Ltd, 2001), 4.

¹⁶ I measc tíortha coilínithe na hEorpa, tá An Pholainn ar choilíneacht í de chuid na Rúise, na Prúise agus na hOstaire ag tréimhsí difriúla dá stair, cé go bhfuil easaontas faoi ‘choilíneacht’ a ghairm ar na tréimhsí uilig sin, agus an Fhionlainn ar choilíneacht í de chuid na Sualainne, agus go pointe áirithe ina dhiaidh sin, de chuid na Rúise.

¹⁷ Robert Young, *Postcolonialism: An Historical Introduction*, 5.

Aithníonn an t-iarchoilíneachas an streachailt a leanann imeacht na tíre ó chumhacht agus ó chórais thír an choilínigh. Dar le Robert Young:

‘Postcolonialism’ commemorates not the colonial but the triumph over it. The ‘post’ marks the many remarkable victories that should not be allowed to fade into the amnesia of history. The postcolonial era in its name pays tribute to the great historical achievements of resistance against colonial power, while, paradoxically, it also describes the conditions of existence that have followed in which many basic power structures have yet to change in a substantive way.¹⁸

Míníonn Albert Memmi tionchar an choilíneachais ar an duine aonair agus na deacrachtaí a ghabhann le féiniúlacht a bhaint amach don té atá coilínithe:

I was Tunisian, therefore colonized. I discovered that few aspects of my life and my personality were untouched by this fact. Not only my own thoughts, my passions and my conduct, but also the conduct of others towards me was affected.¹⁹

D’aithin Memmi patrún coitianta idir scéal a bheatha agus a fhéiniúlachta féin agus scéal mhathslua na cruinne coilínithe i gcoitinne. D’aithin sé nach scéal pearsanta a bheatha féin a bhí á nochtadh aige, i ndeireadh na dála, ach comhscéal fhéiniúlacht na ndaoine coilínithe timpeall na cruinne. Anuas air sin, léirigh sé tionchar an choilíneachais ní hamháin ar an duine coilínithe ach ar an gcoilíneach chomh maith:

¹⁸ Ibid., 60.

¹⁹ Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized* (London, Earthscan Publications, 1990), 6.

For me oppression is the greatest calamity of humanity. It diverts and pollutes the best energies of man – of oppressed and oppressor alike. For if colonization destroys the colonized, it also rots the colonizer.²⁰

Bíonn áit an-tábhachtach ag an teanga dhúchasach i bpróiseas an choilíneachais, mar is léir ó iniúchadh a dhéanamh ar chás na Túinéise, na Céinia agus na hÉireann. Tráchtann Albert Memmi agus Ngũgĩ Wa Thiong’o araon ar chúrsaí teanga ina dtíortha féin, agus tá na cosúlachtaí soiléir sa chomparáid idir iadsan agus cás na Gaeilge in Éirinn, agus í ina tír choilínithe. Mar a scríobh Thomas Davis, ‘To lose your native tongue, and to learn that of an alien, is the worst badge of conquest, it is the chain on the soul.’²¹ I gcomhthéacs thionchar an choilíneachais ar an bpobal coilínithe agus, go háirithe, ar an tionchar ar a dteanga, tráchtann Gearóid Denvir thíos ar mheath na Gaeilge in Éirinn i rith an naoú haois déag, agus ar thionchar eilimintí an choilíneachais sa phróiseas sin:

This process of language change was not so passive or voluntary as is sometimes claimed, and it is not just the inevitable result of the modernizing process during imperial times. Language change and cultural shift is, I would claim, the second phase of the colonial process, the subjugation of the mind and the spirit after the subjugation of the body, and is often brought about with the full cooperation, indeed connivance, of certain elements of the colonized group. This concept lies at the heart of much postcolonial analysis, and it gives rise to some hard questions, and, indeed in the Irish situation, to some uncomfortable answers.²²

²⁰ Ibid., 15.

²¹ Thomas Davis, *Selections from his Prose and Poetry* (London: Gresham Publishing Co., 1910), 174.

²² Gearóid Denvir, ‘Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland’ in *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua*, Vol. 1, No. 1 (Spring, 1977), 45.

Tugann Gearóid Denvir ‘palimpsestization’ agus ‘peasantization’ ar phróiseas an asamhlaithe teanga a bhí mar chuid den choilíneachas in Éirinn agus a bhíonn mar chuid de phróiseas an choilínithe i gcoitinne.²³ Is cinnte gur oiriúnach an chomparáid an ‘pailmseistiú’ sin, de bharr go ndearnadh gach iarracht an bhunteanga a scriosadh agus an teanga nua a chur ina háit. Níl aon dabht faoin ‘tuathánú’, de bharr gurbh é an Béarla teanga na forbartha agus na cumhachta sa tír, agus an Ghaeilge teanga na bportach is na bpáirceanna. Feictear scáthánú ar chás na hÉireann sna sleachta seo a leanas de chuid Albert Memmi i dtaca leis an Túinéis; agus Ngũgĩ Wa Thiong’o i dtaca leis an gCéinia, faoi seach.

Likewise, the colonized no longer knew his own language except as a lowly dialect. In order to emerge from the most elementary monotony and emotions, he had to borrow the colonizer’s language. In recovering his autonomous and separate destiny, he immediately goes back to his own tongue. It is pointed out to him that his vocabulary is limited, its syntax bastardized.²⁴

... any achievements in spoken or written English was highly rewarded; prizes, prestige, applause; the ticket to higher realms. English became the measure of intelligence and ability in the arts, the sciences, and all other branches of learning. English became *the* main determinant of a child’s progress up the ladder of formal education. ... Thus, the most coveted place in the pyramid [of education] and in the system was only available to the holder of an English

²³ Ibid., 51.

²⁴ Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized*, 200.

language credit card. English was the official vehicle and the magic formula to colonial élitedom.²⁵

Tugann Ngũgĩ Wa Thiong’o ‘cultural bomb’ ar dhíothú an chultúir dhúchais i dtíortha coilínithe. Is féidir, anseo thíos chomh maith, scáthánú chás na hÉireann a fheiceáil ag amanta éagsúla le linn a tréimhse coilínithe:

The opposed and the exploited of the earth maintain their defiance: liberty from theft. But the biggest weapon wielded and actually daily unleashed by imperialism against that collective defiance is the cultural bomb. The effect of the cultural bomb is to annihilate a people’s belief in their names, in their languages, in their environment, in their heritage of struggle, in their unity, in their capacities and ultimately in themselves. ... Possibilities of triumph or victory are seen as remote, ridiculous dreams. The intended results are despair, despondency and a collective death-wish.²⁶

D’fhéadfaí mionanailís a dhéanamh ar an gcomparáid idir na tíortha thuasluaite, ón gcóras oideachais go príosúnacht pholaitiúil scríbhneoirí na teanga dúchais, ach is saothar lae eile an saothar sin. Le linn na caibidile seo déanfar plé ar na gnéithe den chritic iarchoilíneach a luadh thuas, mar aon leis an tionchar a bhíonn ag an gcoilíneachas ar an gcultúr dúchais, ag breathnú ar chás na hÉireann agus ar chás na Gaeilge i gcomhthéacs eispéireas coitianta an choilíneachais agus an iarchoilíneachais mar atá léirithe agus aibhsithe ag scoláirí idirnáisiúnta.

²⁵ Ngũgĩ Wa Thiong’o, *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature* (Nairobi: East African Educational Publishers, 1986), 12.

²⁶ *Ibid.*, 3.

Critic an Iarchoilíneachais

D'eascair critic an iarchoilíneachais go príomha as saothair Edward Said agus Frantz Fanon. Sa bhliain 1978, d'fhoilsigh Said a leabhar *Orientalism*,²⁷ inar thug sé aghaidh ar bhunphrionsabail ghinearálta teoirice agus dioscúrsa an choilíneachais, agus an iarchoilíneachais. Léirigh sé go bhféadfaí tionchar an choilíneachais ar chríocha coilínithe agus a muintir a ríomh, ar bhonn coincheapúil agus dioscúrsach. Ba ar bhunsraith an tsaothair seo a bhíothas in ann saothair iomadúla teoirice agus staire an iarchoilíneachais a fhorbairt. I dteannta saothar Said, bhí an-tionchar ag saothar Fanon, *Black Skin, White Masks*,²⁸ ina ndearna sé anailís eolaíoch ar thionchar síceolaíoch an choilíneachais ar an gcine coilínithe.

Ba i dtíortha iarchoilíneacha a tháinig an chritic iarchoilíneach chun cinn i dtosach sna 1970idí. Ba le foilsiú leabhar critice Bill Ashcroft, Gareth Griffiths agus Helen Tiffin, *The Empire Writes Back*, sa bhliain 1989, agus ó shin i leith, a tháinig an chritic iarchoilíneach go mór chun tosaigh san acadamh i dtíortha nár thíortha coilínithe iad. Foilsíodh an chéad leabhar léitheoireachta critice ar an ábhar san Iarthar sa bhliain 1993, *Colonial Discourse and Post-Colonial Theory: A Reader* le Patrick Williams agus Laura Chrisman. Saothar suntasach, forleathan is ea é a sheolann an léitheoir isteach i réimse an iarchoilíneachais trí iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar chúlra an iarchoilíneachais agus ar réimse leathan téacsanna iarchoilíneacha ó mhórscribhneoirí an ghoirt. Cé nach fada an tréimhse í ó tháinig an chritic iarchoilíneach chun cinn in acadamh na dtíortha sin, is mór an tionchar atá ag an

²⁷ Edward Said, *Orientalism* (New York: Pantheon Books, 1978).

²⁸ Frantz Fanon, *Peau Noire, Masques Blancs* (France: Éditions de Seuil, 1952). Foilsíodh aistriúchán den saothar faoin teideal *Black Skin, White Masks* don chéad uair sa bhliain 1967. Charles L. Markmann a rinne an t-aistriúchán go Béarla. Is é an saothar aistrithe a ceadáíodh don tráchtas seo.

smaointeoireacht úd ar an acadamh céanna. Le teacht chun cinn an iarchoilíneachais, táthar ag díriú i bhfad níos mó ar cheisteanna éagsúla cultúrtha i réimse na litríochta, na hantraipeolaíochta agus na socheolaíochta agus ar na ceangail atá eatarthu, mar shampla, ceisteanna cine is ciníochais, mar aon le ceisteanna náisiúntachta, imirce agus eitneachta is ileitneachta.²⁹ Leis an iarchoilíneachas, tháinig athruithe ar na modhanna anailíse liteartha a bhí chun tosaigh ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda i leith.

Is minic a cuireadh an coilíneachas in iúl mar mhisiún de shaghas, gurb é dualgas an Iarthair a chultúr ardchéimiúil a leathadh agus a roinnt le lucht an aineolais agus na hainnise a bhí éagultúrtha, dar leo. Tagraíonn Albert Memmi d'íomhá steiréiticipiúil a craoladh den choilíníoch:

We sometimes enjoy picturing the colonizer as a tall man, bronzed by the sun, wearing wellington boots, proudly leaning on a shovel – as he rivets his gaze far away on the horizon of his land. When not engaged in battles against nature, we think of him laboring selflessly for mankind, attending the sick, and spreading culture to the nonliterate. In other words, his pose is one of a noble adventurer, a righteous pioneer.³⁰

Tagann ceist mhoráltacht an choilíneachais chun cinn ansin. Ag trácht dó ar mhoráltacht an choilíneachais, agus aisfhreagairt na critice ina leith, thagair Robert Young do bhuanna agus do thairbhí an nua-aoiseachais a cuireadh i bhfeidhm de bharr an choilíneachais, ach d'áitigh sé gur mó i bhfad an fhulaingt dhaonna a chruthaigh sé ná aon leas a bhí le baint as an gcóras trí chéile.³¹ D'fhógair Young go raibh an

²⁹ Bart Moore-Gilbert, *Postcolonial Theory: Contexts, Practices, Politics* (London & New York: Verso, 1997), 6.

³⁰ Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized*, 69.

³¹ Robert Young, *Postcolonialism: An Historical Introduction*, 6.

coilíneachas ‘singularly destructive with regard to the indigenous cultures with which it came into contact’³² agus gur theagmhaigh a thionchar le gach réimse den saol, an chritic acadúil san áireamh.³³

Agus í ag iniúchadh bhunús eiticiúil an choilíneachais san India, atá mar eiseamláir ar an éagothromaíocht idir an impireacht agus an limistéar coilínithe, d’áitigh Jenni Ramone nach raibh sé riamh i gceist ag na coilínigh comhshochaí a chruthú sna limistéir choilínithe ach, ina ionad sin, macasamhail neamhiomlán, neamhfhoirfe den mhátharshochaí a chruthú iontu. Bheadh ar an impireacht comhionannas agus cothromaíocht idir an mháthairthír agus an choilíneacht a admháil dá mba mhacasamhail é, rud a chuirfeadh deireadh leis an gcaidreamh ceannasach idir an coilíneach agus an duine coilínithe.³⁴

Argóint de chuid theoiric iarchoilíneach an aistriúcháin (*postcolonial translation theory*) is ea sin. Scríobh Albert Memmi go forleathan ar an ábhar seo chomh maith, cé nár thug sé féin an teideal sin air. Dar leis, níor chuir an coilíníoch comhshamhlú na ndaoine coilínithe roimhe riamh, mar b’ionann comhshamhlú agus a admháil go raibh comhionannas idir an coilíníoch agus an duine coilínithe, agus níorbh é sin an cineál caidrimh a chruthódh brabús don choilíníoch. Tá ísleacht stádas na gcoilínithe de dhíth le go n-oibreodh an caidreamh coilíneach. I ráiteas a léiríonn meon éagríostúil an choilíneachais, d’áitigh sé:

³² Ibid.

³³ Ibid.

³⁴ Jenni Ramone, *Transitions: Postcolonial Theories* (Hampshire: Palgrave Macmillan, 2011), 8.

... the colonialist never planned to transform the colony into the image of his homeland, nor to remake the colonized in his own image! He cannot allow such an equation – it would destroy the principle of his privileges.³⁵

Mar sin, tá bunchontrárthacht ag baint le prionsabal an choilíneachais. Ní mór don choilíníoch breathnú ar an duine coilínithe mar íochtarán, nach bhfuil an intleacht nó an tsibhialtacht chéanna ag baint leis is a bhaineann leis féin agus lena shochaí féin, ach ag an am céanna aithníonn sé rúndiamhair áirithe a bhaineann leis an bpobal coilínithe agus lena gcultúr, agus ní mór dó a admháil nach dtuigeann sé í. Tráchtann Declan Kiberd ar an bhfimínteacht sin i gcás na hÉireann:

To creative artists may have fallen the task of explaining what no historian has fully illuminated – the reason why the English came to regard the Irish as inferior and barbarous on the one hand, and, on the other, poetic and magical.³⁶

Is cinnte go bhfuil áit spéisiúil ag Éirinn sa díospóireacht faoin iarchoilíneachas. Mar a luadh thuas, ní réitíonn na saineolaithe faoi stádas iarchoilíneach na hÉireann nó faoi oiriúnacht Éire a chur san áireamh sa díospóireacht iarchoilíneach. Is minic a thagraíonn scoláirí an iarchoilíneachais don ‘Iarthar’ mar chumhacht choilíneach éiginnte, ina n-áirítear An Bhreatain, An Spáinn, An Phortaingéil agus an Fhrainc, agus i gcomhthéacs áirithe, Meiriceá. Is í an deacracht ná go bhfuil Éire suite i gcoílár an ‘Iarthair’ sin, idir dhá mhórchumhacht an Domhain Thiar, ach bhí sí féin coilínithe ag cumhacht amháin díobh. Léiríonn Patrick Hogan an méid seo agus é ag leagan

³⁵ Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized*, 135.

³⁶ Declan Kiberd, *Inventing Ireland: The Literature of a Modern Nation* (London: Vintage Books, 1996), 646.

amach tíortha iarchoilíneacha ag tús a phlé ar an ábhar, ag nochtadh a thuairime féin i dtaca le cás na hÉireann, chomh maith. Áitíonn sé:

... not everyone is agreed as to which nations and cultures fall under the rubric. There are some unequivocal cases: India, Pakistan, Kenya, Nigeria, Ghana. And there are some almost unequivocal cases: Jamaica, Trinidad, Barbados, South Africa. But some writers include New Zealand, Australia, and Canada; some add the United States; others include Ireland.³⁷

An amhlaidh, mar sin, gur íochtarán na dtíortha iarchoilíneacha í Éire, gur cultúr ‘dé-íochtaránach’ cultúr na hÉireann, gan trácht ar chultúr na Gaeilge gur fo-chultúr imeallaithe é taobh istigh de chultúr na hÉireann? Mar a dúirt Dominique Fisher agus a comhghleacaithe i gcomhthéacs an phlé ar an iolchultúrachas agus an Eoralárnacht, ‘Europe has always had its own peripherized regions and stigmatized communities (Jews, Irish, Gypsies, Huguenots, Moslems, peasants, women, gays/lesbians)?’³⁸ Ó thaobh chúrsaí imirce agus fostaíochta thar lear de, bhíodh buntáiste ag na hÉireannaigh toisc gur cine geal iad,³⁹ ach ag breathnú ar an scéal trí lionsa eile, d’fhéadfaí a rá gur toisc an chosúlacht fhisiciúil idir an coilíníoch agus an duine coilínithe a dhéantar dearmad gur tír iarchoilíneach í Éire. Phléigh Leo Cabranes-Grant an scéal sin i gcomhthéacs shochará chomhaimseartha Mheiriceá, ag áiteamh:

³⁷ Patrick Colm Hogan, *Colonialism and Cultural Identity: Crises of Tradition in the Anglophone Literature of India, Africa and the Caribbean* (Albany, New York: State University of New York Press, 2000), 1.

³⁸ Dominique Fisher, Meaghan Emery & Donna G. Wilkerson, ‘The Blank Spaces of Interculturality’ in *Research of African Literatures*, Vol. 28, No. 4, Multiculturalism (Winter, 1997), 98.

³⁹ Leo Cabranes-Grant, ‘Intercultural Poetics: Thinking for (and from) Diversity’ in *Profession* (1997), 184.

Ellis Island was the entry gate for a diverse group of families with the potential to belong to the same final club. ... It was – and it is – harder to join the club if your roots are not in the northeastern side of the world map.⁴⁰

Rinne Frantz Fanon an argóint chéanna trína mhórshaothar *Black Skin, White Masks*, ag cur in iúl gur fusa do chiníocha geala a slí a dhéanamh i dtír an choilínigh.

Chuir Liam Kennedy argóint éagsúil chun cinn i dtaca le stádas iarchoilíneach na hÉireann. Ina alt ‘Modern Ireland: Post-Colonial Society or Post-Colonial Pretensions?’ chuir Kennedy argóint i gcoinne stádas iarchoilíneach na hÉireann in iúl, bunaithe go príomha ar tháscairí eacnamaíocha. D’fhógair sé gur mhasla i gcoinne thíortha an Tríú Domhan é Éire a chur san áireamh sa díospóireacht iarchoilíneach, de bharr go bhfuil cuid de na tíortha sin fós faoi dhaorsmacht chóras an choilíneachais, agus go mbeifí ag déanamh beag is fiú dá streachailt leanúnach agus dá bhfulaingt cás tíre ar nós na hÉireann a chur i gcomparáid lena gcás reatha úd.⁴¹

Tá Stephen Howe ar dhuine de na criticeoirí idirnáisiúnta is láidre a léiríonn tuairim i gcoinne pheirspictíocht iarchoilíneach na hÉireann, mar a léiríonn sé ina leabhar *Ireland and Empire: Colonial Legacies in Irish History and Culture*.⁴² Chun an bhéim ar cheist an choilíneachais in Éirinn a athdhíriú, pléann Howe ról na nÉireannach, agus go háirithe ról na n-uaisle Angla-Éireannacha san Impireacht. Bréagnaíonn Howe tráchtas chriticeoirí na hÉireann ar nós Séamas Deane, Declan Kiberd, Luke Gibbons,

⁴⁰ Ibid.

⁴¹ Liam Kennedy, ‘Modern Ireland: Post-Colonial Society or Post-Colonial Pretensions?’ in *The Irish Review*, No. 13, (Winter, 1992/1993).

⁴² Stephen Howe, *Ireland and Empire: Colonial Legacies in Irish History and Culture* (Oxford: Oxford University Press, 2000).

David Lloyd agus Gerry Smyth, ag áiteamh mar gheall ar shaothar Smyth, *Decolonisation and Criticism: The Construction of Irish Literature*,⁴³ ‘the colonial model is simply assumed, never argued for or supported by evidence.’⁴⁴ Go teicniúil, is cinnte go raibh Éire mar chuid d’Impireacht na Breataine ó 1800 nuair a reachtáladh Acht an Aontais,⁴⁵ agus mar sin, go teoiriciúil, bhí Éire mar chuid den chumhacht choilíneach i limistéir choilínithe eile cosúil leis an Astráil, Ceanada agus an India. Níl ansin, áfach, ach fírinne pholaitiúil an scéil. Do mhuintir na hÉireann, cosúil le muintir na hIndia ach go háirithe, ba é an dá mhar a chéile dóibh é. Bhraith siad cumhacht agus tionchar Impireacht na Breataine mar an gcéanna. Sa deireadh, bhí Éire ar cheann de na limistéir choilínithe ba thúisce a chuir iachall ar Impireacht na Breataine neamhspleáchas, de shaghas ar bith, a bhronnadh orthu. Breathnaíodh agus breathnaítear ar streachailt neamhghéilliúil na hÉireann mar spreagadh do thíortha eile i mbun na coimhlinte céanna.⁴⁶

Níl ach áit thánaisteach ag Éirinn sa teoiric iarchoilíneach inniu agus tá go leor cúiseanna leis sin. Ar an gcéad dul síos, ní fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil Éire díchoilínithe go hiomlán. Ina theannta sin, ní ionann patrún na hÉireann agus patrún cuid mhaith de na tíortha díchoilínithe eile. Anuas ar an argóint nach tír iarchoilíneach í Éire, breathnaítear ar an bhfíric go bhfuil greim ag an tseanimpireacht ar chuid de thuaisceart na tíre fós sa lá atá inniu ann, sa chaoi is nach mbaineann argóint an iarchoilíneachais ach leis an gcuid eile den tír, ar a mhéad. Mar a dúirt Anne

⁴³ Gerry Smyth, *Decolonisation and Criticism: The Construction of Irish Literature* (London: Pluto Press, 1998).

⁴⁴ Stephen Howe, *Ireland and Empire: Colonial Legacies in Irish History and Culture* (Oxford: Oxford University Press, 2000), 137.

⁴⁵ Téann an t-aontas bunreachtúil níos faide siar ná sin fiú amháin, toisc gur parlaimint na hÉireann a reachtáladh Acht Choróin na hÉireann sa bhliain 1542, ag fógáirt Annraoi VIII mar rí na hÉireann.

⁴⁶ Robert Young, *Postcolonialism: An Historical Introduction*, 300.

McClintock, ‘The term “post-colonial” is, in many cases, prematurely celebratory. Ireland may, at a pinch, be “post-colonial”, but for the inhabitants of British occupied Northern Ireland ... there may be nothing “post” about colonialism at all.’⁴⁷ Tá stádas Thuaisceart na hÉireann an-spéisiúil i ré nua na síochána. Le tamall anuas, tá an cultúr Gaelach ag treisiú in áiteanna faoi leith le múscailt spéise sa Ghaeilge ach go háirithe, i measc na bpobal Caitliceach agus Protastúnach araon, fad is atáthar ann, ar an lámh eile, a chosnaíonn cultúr na hImpireachta go fíochmhar. Agus é ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an aighneas a mhéadaigh ó thuaidh ag tús na bliana 2014, tháinig Tánaiste na Poblachta, Éamon Gilmore, amach ag éileamh ar an dá thaobh meas a léiriú ar shiombail an dá chultúr, mar atá an Ghaeilge agus Brat an Aontais. Dúirt sé:

Steps can and should be taken that provide for the respectful expression of British and Irish cultural identity – whether that is for the appropriate display of the Union flag as the sovereign flag of Northern Ireland, or for affording the protections and status to the Irish language that are already afforded in Wales to the Welsh language.⁴⁸

Thiar sa bhliain 1988, bhí léamh éagsúil ag Edward Said ar chás na hÉireann agus ar litríocht na hÉireann i dtaca leis an iarchoilíneachas. Chuir seisean Éire i gcoíllár na díospóireachta iarchoilíní. Easaontaíonn sé leis na saineolaithe a deir gur cuireadh tús le hAois na hImpireachta sna 1870idí leis an Sciobadh ar an Afraic, ag áiteamh go raibh bunús cultúrtha agus polaitiúil ann go raibh sí ar siúl na céadta bliain roimhe

⁴⁷ Anne McClintock, ‘The Angel of Progress: Pitfalls of the Term “Post-Colonial”’ in Patrick Williams & Laura Chrisman (eds) *Colonial Discourse and Post-Colonial Theory: A Reader* (Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993), 294.

⁴⁸ Liam Clarke, ‘Respect Union flag and Irish language in Northern Ireland: Tánaiste Éamon Gilmore’ in *The Belfast Telegraph* 6/02/2014. (rochtaithe 6/02/2014).

sin.⁴⁹ Chonaic Martine Pelletier chomh maith go bhféadfaí leas a bhaint as anailís iarchoilíneach chun míniú a thabhairt ar an gclaonadh i leith an náisiúnachais a mhaireann i litríocht na hÉireann fós, bíodh an náisiúnachas sin i leith na Breataine i gcás dhílseoirí an Tuaiscirt, nó náisiúnachas i leith Phoblacht na hÉireann:

Ireland's literature generally, and the Field Day plays in particular, clearly evince several of the characteristics most often perceived as central to post-colonial literature; an obsession with identity which often translates into an anxiety over origins, a questioning of authenticity, an interest in hybridity, a form of in-between-ness or *entre-deux*, which is indeed inseparable from the experience of colonial occupation.⁵⁰

Ní mór aird a thabhairt ar an bhfíric, áfach, gur annamh ceist agus litríocht na Gaeilge á lua ag na criticeoirí is láidre a chuireann in aghaidh áit na hÉireann sa díospóireacht agus sa chritic iarchoilíneach. Fiú amháin, i measc chriticeoirí Béarla na hÉireann a chuireann argóint in iúl ar son pheirspictíocht iarchoilíneach na hÉireann, ní minic a luann siad cás na Gaeilge cé go gcuirfeadh sé go mór lena n-argóintí í a tharraingt isteach sa phlé.

⁴⁹ Edward Said, 'Yeats and Decolonization' in Terry Eagleton, Fredric Jameson & Edward Said (eds) *Nationalism, Colonialism and Literature* (Minneapolis: University of Minnesota Press, 1990), 70. D'fhoilsigh *Field Day* an aiste seo don chéad uair sa bhliain 1988. (Edward E Said, *Yeats and Decolonization*, Pamphlet 15, (Derry: Field Day Theatre, 1988).

⁵⁰ Martine Pelletier, 'Field Day and "The Irish-English Collision"' in *European Journal of English Studies*, Vol. 3, No. 3 (1999), 333.

Díchoilíniú agus Féinaitheantas

Tá díchoilíniú riachtanach mar dhlúthchuid den iarchoilíneachas. Tá dhá bhrainse den díchoilíniú sin ann, mar atá an díchoilíniú polaitiúil agus an díchoilíniú cultúrtha. Tosaíonn an próiseas leis an díchoilíniú polaitiúil ach nuair atá sé sin curtha i gcrích ní mór aghaidh a thabhairt ar an díchoilíniú cultúrtha le go mbeadh iomláine ag baint leis an bpróiseas. Tugann Ngũgĩ wa Thiong’o, an t-úrscéalaí agus an criticeoir Céiniach, ‘decolonizing the mind’ ar an gcuid sin de phróiseas iomlánaíoch an díchoilíniú. Is é an rud atá i gceist leis an díchoilíniú, dar le Bill Ashcroft *et al* ná:

... the process of revealing and dismantling colonialist power in all its forms. This includes dismantling the hidden aspects of those institutional and cultural forces that had maintained the colonialist power and that remain even after political independence is achieved. ... In colonies where a majority culture or cultures had been invaded or denigrated by colonialist practices, the process of resisting and overthrowing these assumptions has been more obviously active.⁵¹

Tagraíonn siad do thionchar moillithe an domhandaithe ar phróiseas an dhíchoilíniú ina theannta sin:

The globalization of the modern world economy has meant that political independence has not affected the kinds of changes in economic and cultural control that the early nationalists might have expected.⁵²

⁵¹ Bill Ashcroft, Gareth Griffiths and Helen Tiffin, *Key Concepts in Post-Colonial Studies* (London & New York, Routledge, 1998), 63.

⁵² *Ibid.*, 64.

Is i gcás fforeisceachtúil a thagann an cultúr réamhchoilínithe slán sa tréimhse dhíchoilínithe. Is cinnte nár tharla sé sin i gcás na hÉireann.

Áirítear Frantz Fanon agus Albert Memmi ar bheirt de na criticeoirí is bisiúla i réimse an fhrithchoilíneachais. Síciatraí ó Martinique ab ea Fanon, a chaith seal i mbun staidéir sa Fhrainc agus a chuaigh i mbun oibre san Ailgéir ina dhiaidh sin. Ba ann a luigh sé isteach ar an ngluaiseacht fhrithchoilíneach agus ba de bharr na smaointeoireachta sin a scríobh sé a leabhair *Black Skin, White Masks* sa bhliain 1952 agus *The Wretched of the Earth* sa bhliain 1961, gur anailís shíceolaíoch ar dhuine coilínithe na Cairibe agus ráiteas polaitiúil fhrithchoilíneach iad faoi seach. Toisc go bhfuil an coilíneachas bunaithe ar an bhforéigean, dar le Fanon, ní féidir an próiseas a chealú ach trí mheán an fhoréigin. Ba é an téis chéanna é ag Albert Memmi. Úrscéaláí agus criticeoir Túinéiseach is ea Memmi a bhfuil cónaí air anois gar do Pháras. Leag sé amach a théis ina shaothar *Portrait du Colonisé précédé du Portrait du Colonisateur* (aistrithe faoin teideal *The Coloniser and the Colonised*) a foilsíodh sa bhliain 1957.⁵³ D'fhógair sé, 'Colonization distorts relationships, destroys or petrifies institutions, and corrupts men, both colonizers and colonized. ... If the European must annihilate the colonizer within himself, the colonized must rise above his colonized being.'⁵⁴

Dar le Memmi, is é an tionchar is mó atá ag an gcoilíneachas ar an té atá coilínithe ná go dtugtar céim síos dá chultúr agus dá stair féin agus go sriantar an cultúr agus an stair sin ina shaol laethúil agus sa chóras oideachais. Dar le Memmi, mothaítear é seo go tréan don chéad uair ar scoil. Múintear stair agus tíreolas na máthairthíre don té atá

⁵³ Ba sa bhliain 1965 a céadfhoilsíodh an t-aistriúchán, *The Colonizer and the Colonized* (Boston, MA: Beacon Press, 1965). Foilsíodh eagrán aistrithe a d'aistrigh Howard Greenfeld sa bhliain 1990. Is é sin an t-eagrán a bhfuiltear ag baint leasa as sa tráchtas seo.

⁵⁴ Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized*, 217.

coilínithe i dteanga na máthairthíre. Múintear dó nach saoránach iomlán é agus cruthaítear déachas ann a mhairfidh ann fad a mhaireann an coilíneachas ann.⁵⁵ Bhí an rud céanna le rá ag Ngũgĩ Wa Thiong’o faoi chóras scolaíochta na Céinia. Dar le Ngũgĩ bhí an-tionchar ag dícheangal páistí coilínithe ón gcóras oideachais. Ina leabhar *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*, scríobh sé:

The language of an African child’s formal education was foreign. The language of the books he read was foreign. ... So the written language of a child’s upbringing in the school (even his spoken language within the school compound) became divorced from his spoken language at home. ... This resulted in the disassociation of the sensibility of that child from his natural and social environment, what we might call colonial alienation. The alienation became reinforced in the teaching of history, geography, music, where bourgeois Europe was always the centre of the universe.⁵⁶

Ar ndóigh, tá díláithriú shaol agus thimpeallacht an pháiste ón gcóras oideachais le feiceáil i litríocht na Gaeltachta chomh maith agus ní luaitear anseo ach trí shampla fhánacha, mar atá, saothar dírbheathaisnéise Thomáis Uí Chríomhthain, *An tOileánach* (1929), ar chéad lá scoile Thomáis agus gan Béarla aige le treoracha an mhúinteora a thuiscint; saothar dírbheathaisnéisiúil Shéamuis Uí Ghrianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942) ina dtráchtann sé ar an trioblóid a bhí i ndán do pháiste ar scoil sa chás nach raibh Béarla aige; agus, úrscéal Joe Steve Uí Neachtain, *Lámh Láidir* (2005), ina bhfeictear céad lá scoile Josie i gConamara sna 1950idí agus, arís, tá an páiste fágtha sa chlós scoile gan aon tuiscint aige ar dhomhan nua stráinséartha seo an Bhéarla, ina

⁵⁵ Ibid., 171.

⁵⁶ Ngũgĩ wa Thiong’o, ‘The Languages of African Literature’ in *Decolonizing the Mind: The Politics of Language in African Literature*, 17.

gcaithfidh sé a chuid oideachais a bhaint amach. Tá tagairtí do dhéachas coilíneach/iarchoilíneach an pháiste i suíomh na scoile chomh coitianta sin i litríocht na Gaeilge, agus i saothair dhírbheathaisnéisí thosach an fichiú haois go háirithe, go bhfuil ábhar magaidh déanta ag Myles na gCopaleen de ina mhórshaothar *An Béal Bocht*.⁵⁷ Beifear ag filleadh ar phointe seo an déachais agus an dícheangail ón gcóras oideachais le linn an tráchtais san anailís a dhéanfar ar chuid de scéalta Phádraic Bhreathnaigh.

Rinne Pádraig Mac Piarais, Dubhghlas de hÍde agus luathChonraitheoirí eile an-iarracht díchoilíniú intinne a chur ar bun in Éirinn agus ní fhéadfaí a rá nach raibh toradh ar a gcuid iarrachtaí i laethanta tosaigh sin na hAthbheochana.⁵⁸ Is í an deacracht ná nár leanadh den dea-shampla sin fada go leor. Cé go bhfuil beagnach céad bliain ann anois ó bhain Éire neamhspléachas amach, ag cur deireadh leis an gceangal oifigiúil coilíneach i sé chontae is fiche sa tír, ní fhéadfaí a áiteamh go bhfuil próiseas an díchoilínithe, intinne nó eile, curtha i gcrích go hiomlán go fóill. D'fhéadfaí breathnú ar phéinteáil na mboscaí poist mar mheafar do phróiseas an díchoilínithe nach bhfuil curtha i gcrích go fóill. Sa bhliain 1922, mar shampla, ar orduithe an Ard-Mháistir Poist, péinteáladh na boscaí poist ar fud na tíre i ndath uaine, ach níor athchuireadh cuid mhaith díobh riamh, agus ó shin i leith feictear *GR* (*Georgius Rex*) faoi dhath uaine ar bhoscaí poist *An Post* timpeall na tíre.

Agus scéal na bpobal Gaeltachta á phlé i gcomhthéacs cheist an fhéinaitheantais, is cinnte go gcuimhneofaí ar an seasamh láidir a ghlac Máirtín Ó Cadhain ar son chearta

⁵⁷ Myles na gCopaleen, *An Béal Bocht* [1941] (Cork: Mercier Press, 1999).

⁵⁸ Declan Kiberd, *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation* (London: Vintage Books, 1996), 138, 142.

teanga mhuintir na Gaeltachta. Labhair Ó Cadhain amach mar gheall ar mhoille na forbartha díchoilínithe ag amanta difriúla ina shaol agus mar chuid d'fheachtais dhifriúla a raibh sé rannpháirteach iontu ar mhaithe le Cearta na Gaeilge agus na Gaeltachta. Faoi mar a scríobh Gearóid Denvir:

Fear Gaeltachta ab ea Ó Cadhain. Mar fhear Gaeltachta a ghníomhaigh sé go poiblí i gcaitheamh a shaoil ... Ba í an Ghaeltacht a mhúnlaigh a fhealsúnacht saoil, an chruinneshamhail sin a d'fhorbair sé i gcaitheamh a shaoil agus a nocht sé ina shaothar uilig, idir saothar a phinn ... agus an saothrú a rinne sé san iliomad gluaiseachtaí, cumann, feachtas agus agóidí.⁵⁹

Maidir leis na hagóidí agus leis na feachtais éagsúla a raibh Ó Cadhain gníomhach iontu, d'fhéadfaí a mhaíomh go raibh argóint á déanamh aige ar son phobal cosmhuintire – *subaltern* na Gaeilge, cé nár ghnách leis féin an téarma áirithe sin a úsáid. Trína agóidí, rinne sé iarracht guth a thabhairt dóibh siúd a raibh faillí déanta iontu go stairiúil ag Rialtas na hImpireachta agus a raibh faillí á déanamh iontu fós lena linn ag a Rialtas féin, dar leis. Léiríonn na troideanna a rinne sé ar son na teanga agus na tíre, agus an méid a scríobh sé fúthu a chíocras féin chun Éire dhíchoilínithe a fheiceáil, cé gur mhinic é éadóchasach go dtiocfadh sé sin i gcrích choíche, mar is léir thíos:

Go dtí go mbí chuile posta puiblidhe sa tír le fáil gan Béarla, ní bheidh cothrom fáighte ag Gaedhilgeoirí, agus ní chreidfeamuid nach dalladh dubh a bheith a tabhairt dhá phunt as ucht an Ghaedhilge a labhairt sa mbaile, agus a bheith a cur faoi ndeara dhúinn Béarla a fhoghlaim sa sgoil.⁶⁰

⁵⁹ Gearóid Denvir, 'Peacaí an Fhíréin: Smaointeachas Mháirtín Uí Chadhain' in Cathal Ó Háinle (eag.) *Criostalú: Aistí ar Mháirtín Ó Cadhain* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998), 54.

⁶⁰ Máirtín Ó Cadhain, *An tÉireannach*, 1 Meán Fómhair, 1934, 1.

Níor leor saoirse don Chadhnach, theastaigh díchoilíniú uaidh. Theastaigh uaidh tionchar an choilíneachais a scriosadh, amhail is gur rian pinn luaidhe ar phár a bhí ann; ‘Athghabháil na hÉireann – seilbh na hÉireann agus a cuid maoiné uilig a thabhairt ar ais do mhuintir na hÉireann.’⁶¹ Le díothú an naoú haois déag, áfach, ba dheacair dó é sin a shamhlú. D’fhógair sé:

Comhlíonadh mallacht an Chonallaigh i 1922 ... Tá Éire Uí Chonail i gcrích faoi dheoidh. Éire an Bhéarla, na cléire, na mbéal dochta, na gcosa cama, na gcrúibíní cama, na bodhaire, na daille.⁶²

Léiríonn an Cadhnach meon an iarchoilíneachais go beacht sna tagairtí atá tugtha thuas. Feictear an fhealsúnacht chéanna ag Albert Memmi i leith theanga dúchais an choilínithe in *The Colonizer and The Colonized*:

Only that language would allow the colonised to resume contact with his interrupted flow of time and to find again his lost continuity and that of his history. ... The colonised writer, having succeeded after much effort in being able to use European languages – those of the colonisers, let us not forget – can use them only to clamor for his own. That is not a question of incoherence or blind resentment, but a necessity.⁶³

Cé gurbh í an Ghaeilge teanga dhúchais an Chadhnaigh, ba í an fhealsúnacht thuas ba chúis le cinneadh cuid mhaith scríbhneoirí an Ghaeilge a ghlacadh mar mheán

⁶¹ Máirtín Ó Cadhain, *Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae* (Baile Átha Cliath: Misneach, 1970), 9-10.

⁶² Máirtín Ó Cadhain, ‘Cadhan Aonair I: Bacaigh, Bodhráin, Daill’ in *The Irish Times*, 16 Meán Fómhair, 1953, 8.

⁶³ Albert Memmi, *The Colonizer and The Colonized*, 176.

scríbhneoireachta ó aimsir na hAthbheochana i leith. Ag tagairt d’Alan Titley do shaothar liteartha agus do shaothar neamhliteartha Mháirtín Uí Chadhain go háirithe, agus do litríocht chomhaimseartha na Gaeilge i gcoitinne, scríobh sé:

Na cúraimí arbh iad bradán beatha agus gearb dhóite an aosa intleachta agus liteartha in Éirinn iad ó lár an naoú céad déag i leith iad – náisiúntacht, coilíneachas, teanga, pobal, comhluadar, an duine aonair, céannacht, féiniúlacht – is amhlaidh gur fhill siad an cúldoras isteach go díreach nuair a cheap daoine go raibh siad curtha díobh acu. D’fhill siad ar muin theoiric an iarchoilíneachais ... Má bhaineann staid ar bith linn i saol agus i socrú na Gaeilge agus na hÉireann, is é staid an iarchoilíneachais é.⁶⁴

Mar atá luaite thuas i gcomhthéacs shaothar criticeoirí ar nós Ngũgĩ agus Memmi, agus Denvir i gcás na Gaeilge, ba dhlúthchuid de phróiseas an choilíneachais díothú na teanga dúchasaí,⁶⁵ agus mar sin nuair a tosaíodh ar dhíchoilíniú na hintinne, bhí páirt lárnach le glacadh ag an teanga arís. Aithníodh tábhacht na teanga dúchasaí in aisghairm an choilíneachais. Mar bhunchuid de shíce agus d’fhéinaitheantas an duine agus an phobail, bhí ról lárnach ag an teanga agus ag cur chun cinn na teanga i bpróiseas an díchoilínithe. Rinne muintir na hAthbheochana na céadiarrachtaí Éire a dhíchoilíniú, le béim a leagan ar an nGaeilge agus ar litríocht agus cultúr na Gaeilge. Lean an chéad ghlúin scríbhneoirí eile, a bhí ag scríobh díreach roimh agus i ndiaidh bhunú an tSaorstáit an sampla sin, mar a fheictear i saothar Liam Uí Fhlaithearta, Sheosaimh Mhic Grianna agus Shéamuis Uí Ghrianna, cé go bhfeictear iarrachtaí ar

⁶⁴ Alan Titley, ‘Faoi Scáil an Chadhnaigh’ in Cathal Ó Háinle (eag.) *Criostalú: Aistí ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998), 91.

⁶⁵ Dar le Ngũgĩ Wa Thiong’o, ‘In my view language was the most important vehicle through which [colonial] power fascinated and held the soul prisoner. The bullet was the means of the physical subjugation. Language was the means of the spiritual subjugation’ – *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*, 9.

dhíchoilíniú i saothair faoi leith na linne sin, go háirithe i saothar Mhic Grianna *Mo Bhealach Féin*.⁶⁶ Ba le linn shaolré leithéidí Uí Chadhain, Uí Ríordáin agus Uí Dhireáin, áfach, a fheictear dul chun cinn suntasach ó thaobh dhíchoilíniú intinne de. Feictear meon neamhleithscéalach na scríbhneoirí / na bhfilí seo i leith na Gaeilge. Ní ar son na teanga nó ar son a hathbheochana a scríobh siad, ach ar son na healaíne. Feictear i saothar na scríbhneoirí thuasluaite, ach go háirithe, foirmeacha nua-aoiseacha liteartha ag teacht chun cinn sa Ghaeilge, ach a n-ábhair, a bhfoclaíocht agus a gcuid meafar go mór faoi thionchar an tráidisiúin Ghaelaigh, agus iad ag tarraingt go cruthaitheach ar an oidhreacht dúchais ina saothar. Is faoi thionchar comhfhiosach nó fo-chomhfhiosach na scríbhneoirí sin a scríobh glúin scríbhneoirí na 1960idí agus na 1970idí, ina n-áirítear filí *Innti* agus, dar ndóigh, Pádraic Breathnach.

Luadh cheana féin Teoiric an Íochtaráin (*Subaltern Theory*). Baineann teoiric agus ceist an íochtaráin go dlúth le ceist an aitheantais phearsanta. Ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda i leith, tá staraithe ag díriú go mion ar pholaitíocht an aitheantais agus, ag eascairt as an bhfócas sin, táthar ag déanamh iniúchadh as an nua ar stair agus ar aitheantas grúpaí éagsúla ar fágadh as na leabhair staire go dtí seo iad.⁶⁷ I measc na ngrúpaí íochtarán sin, a bhfuiltear anois ag breathnú ar a scéal, tá mná, iarsclábhaithe agus an lucht oibre. Leathnaíodh an díospóireacht agus an staidéar sna 1970idí agus 1980idí go háirithe le teacht an fhoilseacháin, *Subaltern Studies*, arna chur in eagar ag Ranajit Guha, a raibh sé mar phríomhchuspóir aige stair íochtaráin na hIndia a scríobh agus a n-áit a bhaint amach dóibh i stair na tíre i gcoitinne. Go bunúsach, bhí sé mar chuspóir san fhoilseachán sin guth a thabhairt don íochtarán. Faoi thionchar agus le

⁶⁶ Seosamh Mac Grianna, *Mo Bhealach Féin* [1940] (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1997).

⁶⁷ Colin Graham, “‘Liminal Spaces’: Post-Colonial Theories and Irish Culture’ in *The Irish Review*, No. 16, (Autumn-Winter, 1994), 31.

cabhair fhoilseachán Guha cuireadh aitheantas mionchultúr eitneach, aitheantas an aosa óig, aitheantas seanóirí agus aitheantas daoine homaighnéasacha is déghnéasacha san áireamh sa díospóireacht ar íochtaráin.⁶⁸ Tá an réimse ag fás ó shin i leith. Duine de phríomhscoláirí na teorice seo is ea Gayatri Chakravorty Spivak. Ina halt cáiliúil, ‘Can the Subaltern Speak?’ pléann sí áit an íochtaráin i sochaí na hIndia, ach go háirithe, agus na deacrachtaí atá ann léargas cuí, cruinn acadúil a a thabhairt ar ghrúpaí éagsúla íochtaráin.⁶⁹ Dar le Patrick Hogan, agus é ag trácht ar cheist an aitheantais i gcoilíneachtaí ina raibh an tromlach coimhthithe:

... the separate racial status of the Irish was slowly dissolved into a reconstituted “white” race – which, in some versions, includes Semitic and south Asian peoples ...⁷⁰

D’fhéadfaí a mhalairt d’argóint a dhéanamh. De bharr gur cine geal na hÉireannaigh, cosúil lena gcoilínigh, agus de bharr a ghaire atá an dá thír dá chéile, is minic nach n-aithnítear an difríocht eatarthu agus idir an dá chultúr éagsúla, rud a mhéadaíonn stádas íochtarach na nÉireannach sa díospóireacht iarchoilíneach.

⁶⁸ Dipesh Chakrabarty, ‘Minority Histories, Subaltern Pasts’ in *Economic and Political Weekly*, Vol. 33, No. 9 (Feb. 28th – Mar. 6th, 1998), 473.

⁶⁹ Gayatri Spivak, ‘Can the Subaltern Speak?’ in Patrick Williams & Laura Chrisman (eds) *Colonial Discourse and Post-Colonial Theory: A Reader* (Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993), 80-81.

⁷⁰ Patrick Colm Hogan, *Colonialism and Cultural Identity: Crises of Tradition in the Anglophone Literature of India, Africa and the Caribbean* (Albany, New York: State University of New York Press, 2000), 3.

Teoiricí Idirnáisiúnta na hIdirchultúrthachta Iarchoilíní

Tá ceist an fhéinaitheantais ar cheann de phríomhthéamaí Léann an Iarchoilíneachais i gcoitinne. Baineann idirchultúrthacht le haitheantas pearsanta agus le haitheantas cultúrtha. Teoiriceoir cultúrtha ó Iamáice is ea Stuart Hall, a d'aistrigh go Sasana nuair a bhí sé naoi mbliana déag d'aois, agus a rinne cónaí ann. Dar le Hall, tá dhá bhealach ar féidir breathnú ar an bhféinaitheantas agus ar an idirchultúrthacht. Tagraíonn an chéad chur chuige don chultúr coitianta idir daoine a bhfuil comhstair agus comhshinsearachta acu a thugann creatlach thagartha bhuan, sheasta dóibh. Tagraíonn an dara cur chuige do thionchar na staire ar an gcine sin. Tagraíonn sé '[to] what we have become', mar a léiríonn Hall.⁷¹ I gcomhthéacs an chur chuige sin, baineann aitheantas cultúrtha an duine lena ndeachaigh roimhe go stairiúil agus lena bhfuil roimhe sa todhchaí araon.⁷²

Thrácht Séamus Heaney ar fhéith sin na féiniúlachta mar chuid de phróiseas an díchoilínithe ina leabhar *Preoccupations: Selected Prose, 1968-1978*. Agus é ag tagairt d'fhilí na hÉireann, d'áitigh sé:

I believe they are afflicted with a sense of history that was once the peculiar affliction of the poets of other nations who were not themselves natives of England but who spoke the English language... A desire to preserve indigenous traditions, to keep open the imagination's supply lines to the past... to perceive in these a continuity of communal ways, and a confirmation of an identity which is threatened – all this is signified by their language.⁷³

⁷¹ Stuart Hall, 'Cultural Identity and Diaspora' in Patrick Williams & Laura Chrisman (eds) *Colonial Discourse and Post-Colonial Theory: A Reader* (Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993), 393-394.

⁷² Ibid.

⁷³ Séamus Heaney, 'Englands of the Mind' in *Preoccupations: Selected Prose, 1968-1978* (London: Faber, 1984), 150-151.

Faoi mar a dhearbhaigh Breandán Ó Doibhlin, ní hamháin gurb í an teanga a bhí tábhachtach i bpróiseas an díchoilínithe, ach níor mhór an litríocht a lua ina teannta. Tá, dar leis, cúram tábhachtach ar an scríbhneoir i dtaca leis an aitheantas cine agus le forbairt na féiniúlachta iarchoilíní. Tagraíonn sé do chumas an scríbhneora i dtaca le ‘Gaeltacht de chuid na haigne a chruthú’.⁷⁴ Thug sé dúshlán scríbhneoirí na Gaeilge aghaidh a thabhairt ar an gcoilíneachas agus ar shuíomh uathúil na hÉireann i scéal an choilíneachais mar inspioráid don chineál nua úrscéil a bhí de dhíth sa Ghaeilge, dar leis. Ní féidir an clog a chur siar, ar ndóigh, ach d’fhéadfaí, dar le Breandán Ó Doibhlin, leas a bhaint as an eispíreas coilíneach chun próiseas an díchoilínithe a chur chun tosaigh san am atá ann faoi láthair, agus é sin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

D’fhéadfadh an t-úrscéal Gaeilge cuimhne agus cinniún an phobail nó na muintire a ionramháil ar scála an náisiúin, ar scála an domhain. D’fhéadfadh sé adhmaid a bhaint as ár dtaithí stairiúil, neamhghnách mar an t-aon tír Eorpach agus an chéad tír a d’fhulaing an coilíneachas, adhmaid chun scrúdú a dhéanamh ar choinsiasacht choilínithe, ar an dícultúrú agus an coimpléacs ísleachta, ar mheon na foghaile agus an chinsil, ar éigiall na himpiriúlachta.⁷⁵

Is dlúthchuid den saol polaitiúil é an féinaitheantas. I gcás tír a bhí coilínithe, glacann an féinaitheantas agus an éagsúlacht a ghabhann leis áit lárnach sa choimhlint agus san éirí amach i gcoinne na himpireachta. Gabhann an féinaitheantas céanna leis an oideachas, leis na healaíona, le gach gné den saol. Ina leabhar *The Black Atlantic: Modernity and Double Consciousness*, déanann Paul Gilroy iniúchadh ar fheiniméin

⁷⁴ Breandán Ó Doibhlin, ‘Glasnost nó Perestroika – Inspioráid agus Ceird an Úrscéalaí Gaeilge’ in Pádraig Ó Fiannachta (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XXI: An tÚrscéal sa Ghaeilge* (Maigh Nuad: An Sagart, 1991), 144.

⁷⁵ *Ibid.*, 145.

an chomhfheasa dhúbailte,⁷⁶ agus an streachailt inmhéanach a ghabhann leis an mbrú a bheith rannpháirteach i gcultúir éagsúla, mar a bheadh i gceist ag duine den chine gorm ag maireachtáil i gcathair de chuid Shasana, mar shampla, nó d'fhéadfaí a rá, mar a bheadh i gceist ag duine le Gaeilge a bhfuil iachall air a shaol a chaitheamh i saol agus i ndomhan an Bhéarla. Deir Gilroy gur strus uathúil é an strus idirchultúrtha a éilíonn ar an duine breathnú i ndá threo ag an am céanna, nó ar a laghad iarracht a dhéanamh an beart sin a chur i gcrích.⁷⁷

De bharr go mbaineann cúrsaí teanga agus féinaitheantais go dlúth lena chéile, ní hionadh é go leagann teoiriceoirí na hidirchultúrthachta, agus teoiriceoirí an iarchoilíneachais i gcoitinne, béim ar chúrsaí teanga, agus go háirithe ar chailliúint na teanga dúchasaí mar chuid de thaithí an choilíneachais. Scríobh Seamus Deane faoi ábhar sin na teanga coilínithe mar dhlúthchuid den fhéinaitheantas:

Language - always a crucial issue in a country which has had its own language destroyed by a combination of military and economic violence and another imposed by a coercive education system ... Irish literature tends to dwell on the medium in which it is written because it is difficult not to be self-conscious about a language which has become simultaneously native and foreign.⁷⁸

Cé go raibh Deane ag tagairt do litríocht na hAthbheochana Gaeilge, tá macalla fós ag baint leis an méid a dúirt sé thuas i dtaca le litríocht Ghaeilge an lae inniu. Táthar ann

⁷⁶ Ba é W.E.B. Du Bois a d'fhorbair teoiric an Chomhfheasa Dhúbailte i dtosach. Staraí, socheolaí agus gníomhaí chearta daonna ab ea Du Bois a bhfuil cáil faoi leith air de bharr a chnuasach aistí *The Souls of the Black Folk* (1903), ina ndearna sé iarracht an ciníochas a bhí forleathan i gcathair Nua Eabhraic agus sna Stáit Aontaithe i gcoitinne ag an am a dhíothú, trí bhéim a leagan ar éirim agus ar intleacht an chine ghoirm.

⁷⁷ Paul Gilroy, *The Black Atlantic: Modernity and Double Consciousness* (London & New York: Verso, 1993), 3.

⁷⁸ Seamus Deane, *Celtic Revivals: Essays in Modern Irish Literature 1880-1980* (Winston-Salem, North Carolina: Wake Forest University Press, 1985), 13.

a deir go múnlaíonn teanga smaointeachas an duine, go dtugann teanga saoirse don duine é/í féin a chur in iúl, ach ar an lámh eile go bhfuil smaointeachas an duine teoranta agus srianta ag raon a t(h)eanga. Feiceann duine an saol ar bhealaí difriúla de réir na teanga nó na dteangacha a labhraíonn sé, agus de réir raon na teanga/na dteangacha sin atá aige.

Cé go dtagraíonn na teoiriceoirí iarchoilíneacha ar nós Said do chás an imirceora sa chathair choilíneach mar eiseamláir den idirchultúrthacht ó thaobh teanga de, i gcás na hÉireann ní gá ach breathnú ar chás an bhochtáin choilínithe in Éirinn i lár an naoú haois déag ar fearr leis go gcuirfí chun trialach é trí mheán an Bhéarla in ionad na Gaeilge cé nach raibh ach beagán Béarla aige, agus an Ghaeilge mar mháthairtheanga aige. Bhí breitheamh i mbun na trialach a thuig a scéal go maith agus a dhearbhaigh, ‘I see, sir, how it is with you; you are more ashamed of knowing your own language than of not knowing any other.’⁷⁹ Anuas air sin, is cinnte gur féidir mórán plé a dhéanamh ar an imirceoir Éireannach i gcathracha coilíneacha, agus iad ag iarraidh feidhmiú gan an teanga ar a dtoil acu, díreach cosúil leo siúd a luann Said agus Fanon, mar shampla, ina saothar. I dtuairim Fanon, ní mór don imirceoir coilínithe géilleadh d’idé-eolaíocht an choilínigh le máistreacht a fháil ar a theanga. Baineann deacrachtaí faoi leith leis an ngéilleadh sin don duine coilínithe, agus mar sin laghdaítear ar a sheans máistreacht a fháil ar phríomhtheanga na tíre a bhfuil sé ag cur faoi inti.⁸⁰ Ag labhairt ar ábhar na mionteanga coilínithe, dúirt Seán Ó Ríordáin in agallamh a rinne sé le Seán Ó Mórdha:

⁷⁹ William Henry Curran, *The Life of the Right Honourable John Philpot Curran: Late Master of the Rolls in Ireland* (New York: Redfield, 1855), 523 (ebook edition).

⁸⁰ Tá sé seo ar cheann do mhórgóintí Frantz Fanon sa saothar *Black Skin, White Masks*, go háirithe i gCaibidil 1: ‘The Negro and Language’.

Bíonn tú ag caint ar Éirinn mar Éireannach, is é sin má theastaíonn uait bheith id scríbhneoir Éireannach agus tú ag scríobh i mBéarla. Caithfidh tú mar níl aon slí eile agat. Ach an tÉireannach atá ag scríobh i nGaeilge bíonn sé ag caint mar dhuine.⁸¹

Ceist achrannach is ea ábhar na teanga ag go leor scríbhneoirí Gaeilge ó aimsir na hathbheochana i leith. Duine a bhí gníomhach i gcónaí ar son na teanga agus cearta na teanga ab ea an Cadhnach, mar atá luaite cheana, duine a thuig gur mór an brú, an dólás agus an t-éadóchas a chuir staid reatha agus todhchaí na Gaeilge ar scríbhneoirí áirithe Gaeilge:

Is raimhre dhorcha aríst í spéir na Gaeilge. Tá rud níos measa ná an t-uireasa aitheantais sa mbaile agus i gcéin ag goilliúint ar an scríbhneoir. Is deacair do dhuine a dhícheall a dhéanamh i dteanga arb é a cosúlacht go mbeidh sí básaithe roimhe féin, má fhaigheann sé cúpla bliain eile saoil: Fonn troda go fíochmhar ar a son a ghineas an t-éadóchas sin ann. Ní go maith dhó mar scríbhneoir atá an t-éadóchas ná an troid.⁸²

Ag druidim leis an mílaois, ba é an scéal céanna ag Pádraig Ó Cíobháin é. In alt dá chuid a foilsíodh in *An Aimsir Óg* sa bhliain 1999, agus é ag tabhairt aghaidh ar cheist na léitheoireachta Gaeilge, cheistigh sé, ‘An neamhúdar mé i neamhphobal a labhrann neamhtheanga agus atá i mbun filleadh ar a bheith neamhliteartha inti?’⁸³ Is cinnte nach bhfuil luaite thuas ach taobh amháin de scéal na beirte scríbhneoirí agus

⁸¹ ‘Seán Ó Ríordáin ag caint le Seán Ó Mórdha’ in Seán Ó Mórdha (eag.) *Scríobh 3* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1978), 166.

⁸² Máirtín Ó Cadhain, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 1969), 40.

⁸³ Pádraig Ó Cíobháin, ‘Cathair Ghriobháin na Samhlaíochta’ in Mícheál Ó Cearúil (eag.) *An Aimsir Óg* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999), 109.

d'fhealsúnacht Uí Chadhain agus Uí Chíobháin i dtaca le stádas agus le todhchaí na Gaeilge. In ainneoin an éadóchais a léiríodh thuas sna ráitis áirithe sin, is í an Ghaeilge rogha teanga na beirte scríbhneoirí, rud a thugann a ndílseacht don teanga mar mheán liteartha le fios.

Dílseacht don teanga atá le sonrú i bhfealsúnacht liteartha Phádraic Bhreathnaigh leis. Chuir sé in iúl, mar a phléifear níos doimhne thíos, gurbh í an Ghaeilge an t-aon teanga a d'fhéadfadh sé é féin a chur in iúl inti.⁸⁴ Feictear an tréith chéanna i gcuid de charachtair an Bhreathnaigh a bhfuil cónaí orthu i gcathracha Shasana agus a mhothaíonn frustrachas agus easnaimh ina saol de bharr nach bhfuil siad in ann iad féin a chur in iúl chomh maith sin sa Bhéarla is a dhéanfaidís dá mba í an Ghaeilge a dteanga chumarsáide. Mar aon leis an mBreathnach, tá ráite ag Nuala Ní Dhomhnaill gur ardú meanman a thugann an Ghaeilge agus scríbhneoireacht na Gaeilge di. D'fhógair Nuala Ní Dhomhnaill ina haiste, 'Cé Leis tú?':

For reasons I still cannot fathom, in moments of impossible crisis, poetry in Irish is what pours out of the deepest recesses of my being, and helps me structure a personality that is maybe so deeply fractured that otherwise it might not survive as a thinking entity. ... Irish has, again and again, saved me from madness.⁸⁵

Bhí ceist na teanga ina cúis díospóireachta idir Máire Mhac an tSaoi agus Bidy Jenkinson ag deireadh na 1980idí. In alt a foilsíodh in *The Poetry Ireland Review*, chuir Máire Mhac an tSaoi a tuairim in iúl, mar seo thíos:

⁸⁴ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéaláí is a Ghearrscéalta', in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Má Nuad, An Sagart, 1981), 51. Féach Aguisín 3: Agallamh le Pádraic Breathnach, 57-58.

⁸⁵ Nuala Ní Dhomhnaill, 'Cé Leis Tú?' in Oona Frawley (ed.) *Nuala Ní Dhomhnaill: Selected Essays* (Dublin: New Island, 2005), 149.

The writing of modern verse in Irish is by any reckoning a mysterious phenomenon: a living literature in a fast dying minority language, a literature with almost no spoken linguistic hinterland to draw on, which has not even the cultural and cultic status of Hebrew and Latin, by the rules it should not happen, and yet it has.⁸⁶

I bhfreagra bríomhar ar an alt thuas, scríobh Bidy Jenkinson alt dá cuid féin sa chéad uimhir eile den iris, inar scríobh sí an méid seo a leanas:

I am not aware of writing in a ‘fast dying minority language’. I write in my own language, the language of my household. I write in a living language for living friends. It is true that we suffer erosion. Irish speakers are rather like travellers. We are marginalised by a comfortable settled monoglot community that would prefer we went away rather than hassle about our rights. We have been pushed into an ironic awareness that by our passage we would inconvenience those who will be uneasy in their Irishness as long as there is a living Gaelic tradition to which they do not belong.⁸⁷

Ardaíonn Leo Cabranes-Grant pointe spéisiúil mar gheall ar an idirchultúrthacht iarchoilíneach i gcoitinne, nuair a fheictear cumasc idir an dá chine ag teacht le chéile.

Deir sé:

Through interculturality, the empire strikes back – but not in the way that was expected. Slowly, the periphery counterinvades the centre; the polarization between them and us erodes itself into a disturbingly rich us. And it is this

⁸⁶ Máire Mhac an tSaoi, ‘The Clerisy and the Folk’ in *The Poetry Ireland Review*, No. 24 (Winter, 1988), 33.

⁸⁷ Bidy Jenkinson, ‘Máire Mhac an tSaoi: The Clerisy and the Folk (P.I.R. 24): A Reply’ in *The Poetry Ireland Review* No. 25, (Spring, 1989), 80.

pronoun, *us*, a tiny monosyllabic utterance, so small, so brief, that raises all the eyebrows.⁸⁸

Tá ráiteas Cabranes-Grant spéisiúil i gcás na hÉireann iarchoilíní faoi láthair. Táimid tagtha go dtí an pointe gur tháinig Banríon Eilís II, Monarc na Ríochta Aontaithe, go hÉirinn ar cuairt oifigiúil i mí Bealtaine na bliana 2011, agus gur thug Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins cuairt stáit ar an mBreatain i mí Aibreáin na bliana 2014. Rud suntasach in óráidí na beirte sin, mar aon le hóráid an Uachtaráin Máire Mhic Giolla Íosa, Uachtarán na hÉireann le linn chuairt an mhonairc i 2011, is ea líon na nuairanta a dúradh ‘*we*’, ‘*us*’, ‘*our*’, srl ach ag an am céanna ba léir go raibh siad ar a ndícheall gan a bheith maoithneach nó faillíoch i leith stair an dá náisiún agus béim á leagan ar an bhfíric gur dhá náisiún ardcheannasacha, neamhspléacha atá sa Bhreatain agus in Éirinn anois. Baineadh siar as cuid de mhuintir na hÉireann sa bhliain 2011 ar chloisteáil na bhforainmneacha sin sa chéad phearsa iolra á rá ag monarc na Breataine Móire, agus is é a scríobh Cabranes-Grant faoin gcineál sin frithbheartaíochta ná, ‘The opposition to *us* is a form of internalized imperialism’,⁸⁹ rud a chuireann in iúl nach bhfuil próiseas iomlán an díchoilínithe curtha i gcrích go fóill. I rith a cuairte go hÉirinn, leag Banríon na Breataine béim ar an gceangal atá fós idir an dá náisiún, ‘ties between our people’ mar a dúirt sí,⁹⁰ cé go mb’fhéidir nár mhaith le hearnáil faoi leith de shochaí na hÉireann a admháil go bhfuil, agus go mbeidh go deo, dlúthcheangal idir an dá thír agus idir muintir an dá thír.

⁸⁸ Leo Cabranes-Grant, ‘Intercultural Poetics: Thinking for (And from) Diversity’ in *Profession*, (1997), 183.

⁸⁹ Ibid.

⁹⁰ Óráid na Banríona ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 18ú Bealtaine, 2011.

Teoiric de chuid na hidirchultúrthachta is ea an chros-síolracht a bhreathnaíonn ar an duine atá idir chultúr an choilíneachais agus a chultúr dúchais. Ag streachailt san idirshaol a bhíonn an duine sin, ag samhlú nach leis-sean i gceart ceachtar den dá chultúr, agus go bhfuil coimhlínt i gcónaí ann idir an dá chultúr. Is é Homi Bhabha a d'fhorbair teoiric na cros-síolrachta ar bhonn idirnáisiúnta.⁹¹ Cé gur téarma conspóideach i measc teoiriceoirí é, dar le Bhabha, is é an rud is cros-síolracht ann ná aisfhreagairt a dhíchobhsaíonn doichte agus dolúbthacht an chórais choilínigh. Ina mhórshaothar *The Location of Culture*, dearbhaíonn Bhabha nach cónasc idé-eolaíoch an choilínigh agus an duine choilínithe atá sa chros-síolracht, agus nach í feidhm na cros-síolrachta, dá bharr, teannas agus coimhlínt stairiúil an dá ghrúpa a ghlanadh nó a laghdú, ach ina ionad sin, dar le Bhabha, is í an fheidhm ná teannas a chothú agus a leathadh le géarchéim a chruthú do chórais riaracháin choilíneacha. Is ag iarraidh na difríochtaí dlisteanacha idir an dá chultúr a aibhsiú atá an chros-síolracht, mar sin.

Úsáideann Bhabha íomhá an staighre chun tairseachúlacht na cros-síolrachta a mhíniú.

Tagraíonn sé anseo thíos do thairseachúlacht an choilínithe sa limistéar coilínithe:

The stairwell as liminal space, in-between the designations of identity, becomes the process of symbolic interaction, the connective tissue that constructs the difference between upper and lower, black and white. The hither and thither of the stairwell, the temporal movement and passage that it allows, prevents identities at either end of it from settling into primordial polarities.⁹²

⁹¹ Homi K Bhabha, *The Location of Culture*, 112.

⁹² *Ibid.*, 4.

Toisc go gceanglaíonn an staighre dhá bhall fhorimeallacha, ní féidir iad a shamhlú a thuilleadh iomlán neamhspleách ar a chéile nó scartha óna chéile. Is mar sin atá sé, dar le Bhabha, i gcás an phróisis choilínigh. Déantar díothú ar íonacht an dá chultúr, de bharr cheangal an choilíneachais. Tá tionchar domhain ag an gcros-síolracht ar an té atá coilínithe, áfach, agus feictear leanúnachas an tionchair sin, má théann sé ar imirce go dtí an chathair choilíneach, áit a mothaíonn sé tairseachúlacht agus scarúint i bhfad níos mó mar is i measc an mhionlaigh atá sé ansin. Ní féidir leis comhshamhlú a dhéanamh i suíomh na cathrach, ach ina choinne sin, cuireann a láithreach ann le déachas agus le hioracht na cathrach coilíní. De bharr na hiorachta seo, dar le Bhabha, tá sé deacair sainmhíniú a thabhairt ar an rud is náisiún nó barántúlacht chine ann.⁹³

Murab ionann agus Said agus Fanon, feictear i saothar Bhabha go ndíríonn sé ar an gcoilíneach agus ar an duine coilínithe araon agus ar an idirspleáchas eatarthu.⁹⁴ Do Bhabha, is caidreamh thar a bheith casta an caidreamh sin eatarthu de bharr an idirspleáchais sin toisc nach i gcónaí a bhíonn coimhlint iomlán idir an dá thaobh.⁹⁵ Ar bhealach santaíonn an duine coilínithe a shaoirse ón gcoilíneacht agus ón gcoilíneach, ach fós tá tarraingt sa chathair choilíneach dó. Cruthaítear, sa chaoi sin, coimhlint inmheánach ann, go mothaíonn sé go maireann sé idir dhá chultúr. Ó c1988 i leith tá taighde agus saothar Bhabha dírithe ar fhadhbanna sa tsochaí chomhaimseartha a eascraíonn as stair choilíneach. Is sa tréimhse seo a fheictear an t-imirceoir coilínithe i gcathair iasachta an choilínigh, agus an teagmháil agus an caidreamh atá aige leis an gcoilíneach ann, ag teacht chun cinn mar ábhar staidéir agus

⁹³ Ibid., 246-251.

⁹⁴ I saothar Said, go háirithe ina luathshaothar, leagtar an bhéim ar an gcoilíneach agus i saothar Fanon is ar an gcoilínithe a leagann sé béim.

⁹⁵ Homi K. Bhabha, *The Location of Culture*, 75.

spéise i saothar Bhabha. Is sa chomhthéacs seo a dhéanann sé plé ar cheisteanna féiniúlachta agus malartaithe chultúrtha. Níl teoiric Bhabha saor ó cháineadh nó ó bhunlocht, áfach. Ní mór do Bhabha a admháil go mbaineann cros-síolracht le gach cultúr, go bhfuil gach sochaí agus cultúr neamhfhoirfe agus bunaithe ar mheascán. Mar a dúirt sé in alt dá chuid ‘The Third Space’, ‘all forms of culture are continually in a process of hybridity’,⁹⁶ rud a chiallaíonn, ar ndóigh, nach féidir a mhaíomh gur rud a bhaineann go huathúil leis an iarchoilíneachas í an chros-síolracht.

Rinne Jawaharlal Nehru suimiú iontach ar an rud is cros-síolracht ann ina leabhar dírbheathaisnéise *Autobiography / Toward Freedom*, leabhar a scríobh sé fad a bhí sé i ngéibheann polaitiúil. D’fhógair sé, ‘I have become a queer mixture of East and West, out of place everywhere, at home nowhere.’⁹⁷ Sa ráiteas sin, feictear an déachas agus an choimhlint inmheánach sa duine a eascraíonn as an gcros-síolracht. Is éard atá sa choimhlint inmheánach sin ná déachas idirchultúrtha ar an leibhéal is bunúsaí sa chaoi go bhfuiltear idirmheánach idir dhá chultúr ach fós scartha amach ón dá chultúr, in ionad phróiseas cumaisc an dá chultúr a bheith ar bun.

Sa leabhar *The Location of Culture*, pléann Bhabha coincheap a dtugann sé ‘The Third Space’ air, rud a mhíníonn sé thíos:

... the theoretical recognition of the split-space of enunciation may open the way to conceptualizing an *international* culture, based not on the exoticism of multiculturalism or the *diversity* of cultures, but on the inscription and articulation of culture’s *hybridity*. To that end we should remember that it is

⁹⁶ Homi Bhabha, ‘The Third Space’ in Jonathan Rutherford (ed.) *Identity: Community, Culture, Difference* (London: Lawrence & Wishart, 1990), 211.

⁹⁷ Jawaharlal Nehru, *Autobiography / Toward Freedom* (London: The Bodley Head, 1936 & 1989), 596.

the ‘inter’ – the cutting edge of translation and negotiation, the *in-between* space – that carries the burden of the meaning of culture.⁹⁸

Go fisiciúil is *Third Space* í an Bhreac-Ghaeltacht agus go hidé-eolaíoch baineann an Tríú Spás sin le haigéolaíocht na Breac-Ghaeltachta. Ó thaobh an chultúir Ghaelaigh de, baineann an t-idirmheánachas (*in-betweenness*) atá i gceist ag Bhabha thuas leis an mBreac-Ghaeltacht. Is ann a thagann an dá chultúr le chéile, a tharlaíonn na ‘powerful cultural changes’ a dtagraíonn Bhabha dóibh thuas, agus a fheictear éagsúlacht iarchoilíneach mar zón lárnach ar an gcontanam idir Gaeltacht agus Galltacht. Is ann chomh maith a luíonn ualach trom an chultúir, de bharr choimhlint, nó ar a laghad de bharr theacht le chéile, an dá chultúr ann. Ba sa chomhthéacs sin a d’fhás Pádraic Breathnach suas, san fhearann idirmheánach sin. Ní teorainn fhisiciúil amháin í seo, ach teorainn idé-eolaíoch. Is don teorainn idé-eolaíoch a thagraítear anseo i gcás tríú spás na Breac-Ghaeltachta. I ngearrscéalta an Bhreathnaigh, feictear ‘scala’, d’fhéadfaí a rá, de na limistéir éagsúla seo agus go minic an tairseachúlacht agus an éiginnteacht a bhaineann leo araon. Fillfear ar an bpointe seo arís sa tráchtas.

Pléann teoiriceoirí eile ceist na hidirchultúrthachta i dtéarmaí eile, áfach. Teoiriceoir Sasanach, de shliocht na Guáine, is ea Paul Gilroy a bhfuil mórthairde déanta aige agus saothar foilsithe aige i ngort na hidirchultúrthachta. De bharr stíl Gilroy, de bharr a thaithí mar léachtóir agus de bharr go mbaineann an plé a dhéanann sé agus na samplaí a úsáideann sé leis an saol comhaimseartha agus le cultúr an phobail, deirtear go bhfuil teoiric agus saothair Gilroy níos inrochtana ná saothar Bhabha. Cé go bhfuil

⁹⁸ Homi K. Bhabha *The Location of Culture*, 38-39.

cosúlachtaí idir a theoiric, An Chaidriúlacht (*Conviviality*),⁹⁹ agus teoiric Bhabha, tá difríochtaí bunúsacha eatarthu, fosta.¹⁰⁰ Murab ionann agus Bhabha, ní gnách go dtagraíonn Gilroy don téarma ‘náisiúntacht’ a úsáid le linn a phlé ar an ábhar de bharr chastacht agus neamhiomláine an téarma sin i mBreatain Mhór an lae inniu, dar leis.¹⁰¹ Glacann an chaidriúlacht leis an iolracht aitheantais¹⁰² agus le hinathraitheacht an chaidrimh atá ag an duine aonair leis an gcultúr mórthimpeall air.¹⁰³

Teoiric eile de chuid na hidirchultúrthachta iarchoilíní is ea an Déachas (*Duality*). Is é seo an teoiric a chuireann Albert Memmi agus Leela Gandhi in iúl ach go háirithe. Dar le Memmi, cruthaíonn an coilíneachas déachas buan sa té atá coilínithe agus maireann an déachas ann fad a mhaireann an coilíneachas ann. ‘Cultural catastrophe’ a thugann sé air seo.¹⁰⁴ Ní mór dul trí phróiseas iomlán díchoilínithe le leigheas a fháil ar an gcoinníoll, dar leis. Dar le Memmi, tosaíonn an déachas seo nuair a dhéanann an páiste teagmháil le saol an choilínigh den chéad uair, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a thosaíonn sé ar scoil, mar a pléadh cheana.¹⁰⁵

Tagraíonn Memmi do theanga an choilínithe, gur dlúthchuid í den fhéinaitheantas, agus mar sin den déachas a mhothaíonn an duine coilínithe nuair nach bhfuil an teagmháil chéanna aige lena mháthairtheanga agus nuair nach bhfuil comhionannas idir an teanga sin agus teanga an choilínigh ina thír féin:

⁹⁹ Paul Gilroy, *After Empire: Melancholia or Convivial Culture?* (London: Routledge, 2004), xi.

¹⁰⁰ Paul Gilroy, *There Ain't No Black in the Union Jack: The Cultural Politics of Race and Nation* (London: Routledge, 1987), 154.

¹⁰¹ Ibid.

¹⁰² Tagann an iolracht aitheantais chun cinn nuair atá an duine ag streachailt agus/nó ag dul i ngleic le mothúcháin, le dílseachtaí agus le haitheantais fhrithráiteacha ar bhonn cultúrtha. Jonathan Rutherford, ‘A Place Called Home: Identity and the Cultural Politics of Difference’, in Jonathan Rutherford (ed.) *Identity: Community, Culture, Difference* (London: Lawrence & Wishart, 1990), 9.

¹⁰³ Paul Gilroy, *After Empire: Melancholia or Convivial Culture?*, xi.

¹⁰⁴ Albert Memmi, *The Colonizer and The Colonized* (London: Earthscan, 1990), 173.

¹⁰⁵ Ibid., 171-2.

The colonized is saved from illiteracy only to fall into linguistic dualism. This happens only if he is lucky, since most of the colonized will never have the good fortune to suffer the tortures of colonial bilingualism.¹⁰⁶

De réir Memmi, ní buntáiste a thugann an dátheangachas don duine coilínithe de bharr go mbaineann an dátheangachas le réimsí cultúrtha an dá theanga sin, agus cé nach olc an rud an dátheangachas i gcomhthéacs eile, maidir leis an gcoilíneachas is réimsí cultúrtha iadsan a bhfuil géarchoimhlint eatarthu.¹⁰⁷ Ón déachas teangeolaíoch seo, eascraíonn an déachas cultúrtha i gcoitinne. D’fhéadfaí eiseamláir den déachas seo a fheiceáil sa scríbhneoir coilínithe, dar le Memmi. D’fhógair sé:

If he persists in writing in his language, he forces himself to speak before an audience of deaf men. Most of the people are uncultured and do not read in any language, while the bourgeoisie and scholars listen only to that of the colonizer.¹⁰⁸

Tá féidearthacht eile ann, ar ndóigh, agus ba é seo rogha formhór na scríbhneoirí agus na bhfilí Gaeilge ó lár an seachtú haois déag i leith. Is é sin, go scríobhann siad do lucht léitheoireachta na Gaeilge, agus go ndéanann siad é sin le dílseacht bhuanseasamhach dá dteanga dhúchais. Go simplí, ní shaothraítear do lucht léitheoireachta forleathan. Agus Pádraic Breathnach ag labhairt faoi áit na Gaeilge ina shaol agus ina shaothar liteartha, dhearbhaigh sé gurb ‘í is feiliúnaí dom. ’Sí is fearr a réitíonn le mo mheon.’¹⁰⁹ Ba í an tuairim chéanna a léirigh Pádraic Breathnach in agallamh a rinne sé le húdar an tráchtais seo i samhradh na bliana 2016. Is é a dúirt sé

¹⁰⁶ Ibid., 172.

¹⁰⁷ Ibid., 173-4.

¹⁰⁸ Ibid., 175.

¹⁰⁹ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéaláí is A Ghearrscéalta’, 51.

ar an ócáid sin ná, ‘ní dóigh liom ... go mb’éigean dom mórán rogha a dhéanamh [idir an dá theanga], tháinig rogha na Gaeilge agamsa go nádúrtha is dóigh liom.’¹¹⁰

D’áitigh sé:

níor airigh mise ... go *mb’éigean* dhom scríobh trí Ghaeilge agus tríd is tríd ní dóigh liom go raibh mé ag ceapadh go raibh mé á dhéanamh ar son na cúise ná tada mar sin, is dóigh liom gur mheas mé go raibh mé ag déanamh an rud ba nádúrtha agus is cinnte bhí mé ag gabháil don teanga ba deise liom agus is fearr [liom] ag labhairt Gaeilge ná ag labhairt Béarla.¹¹¹

Tréith choitianta de chuid na scríbhneoireachta i mionteanga is ea an coimhthíos cultúrtha a mhothaíonn an t-údar. Mar a cuireadh in iúl thuas, samhlaítear gurb é an rud is fearr a bhféadfadh an scríbhneoir mionteanga a bheith ag súil leis ná go scríobhfadh sé do mhionphobal, agus nach n-aithneofaí taobh amuigh den mhionphobal sin é. Eascraíonn coimhthíos domhain as an bhfíric sin, mar shampla, in *Néal Maidine agus Tine Oíche* (1964), léiríonn Breandán Ó Doibhlin coimhthíos an scríbhneora mhionteanga fiú amháin ina thíolacadh, ‘Do Róisín Dubh – ar ndóigh’,¹¹² ag tabhairt Aislingí Polaitiúla an ochtú haois déag chun cuimhne, agus ag déanamh comparáide idir staid na litríochta i rith tréimhse an-dorcha i stair na litríochta Gaeilge, agus staid na litríochta in aois shaoirse pholaitiúil an Stáit.¹¹³

¹¹⁰ Féach Aguisín 3, 57.

¹¹¹ Ibid., 11.

¹¹² Breandán Ó Doibhlin, *Néal Maidine agus Tine Oíche* (Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Náisiúnta Teoranta, 1964).

¹¹³ Pléann sé an ceangal idir teanga agus cultúr sa saothar sin. Scríobh sé, ‘Cad é an ceangal idir teanga agus cultúr? An bhfuil cultúr Éireannach ann? Cén fiúntas atá ann? Cén dualgas atá ar dhuine i dtaobh na gceisteanna seo? Cad is bun do na dualgais seo, má tá siad ann? – agus a lán eile a ba cheart a phlé go macánta mar beidh pobal na hÉireann ag lorg freagraí orthu luath nó mall.’ – Breandán Ó Doibhlin, *Néal Maidine agus Tine Oíche*, 12.

Ó shin i leith tá slite éagsúla ag scríbhneoirí éagsúla le haghaidh a thabhairt ar an gcoimhthíos seo. Maidir le beirt scríbhneoirí atá ag scríobh i nGaeilge faoi láthair, mar atá Pádraig Ó Cíobháin agus Micheál Ó Conghaile, in ailt áirithe dá gcuid, feictear an coimhthíos á léiriú i mbuairt an scríbhneora i leith olltionchar an Bhéarla ar an tír agus céim síos na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh de bharr ollchumhacht an Bhéarla.¹¹⁴ Is éagsúil an bhéim a leagann Pádraic Breathnach ar cheist na hidirchultúrthachta. Is minic a dhíríonn sé ar ghnéithe faoi leith den mhionchultúr agus den mhionteanga i scéalta ar nós ‘Buaile Uisce’ (BA), ‘Dúchas’ (BP), ‘An Phicnic’ (AL) agus ‘I Sligeachán’ (ANT), ina ndéanann sé mionchur síos ar go leor plandaí, luibheanna agus logainmneacha cheantar lonnaithe an scéil, ar logainmneacha Mhaigh Chuilinn go minic iad.

Ar na laethanta seo in Éirinn, i gcoitinne, glactar leis an déachas sin mar chuid réalaíoch de shaol na Gaeilge, rud a chuireann bac ar dhíchoiliniú iomlán na tíre. Is é an toradh air sin ná go ndéantar ‘díláithriú’ ar chultúr dúchasach na tíre, faoi mar a mhíníonn Máirín Nic Eoin:

Is téama é an díláithriú cultúir – a tharlaíonn nuair a dhéantar mionlú ar phobal trí phróisis díbeartha agus chomhshamhlaithe – a thagann chun cinn arís is arís eile i litríocht nua-aoiseach na Gaeilge, agus is feiniméan é an staid dhíláithrithe a gcaithfidh scríbhneoirí comhaimseartha na teanga dul i ngleic go cruthaitheach i gcónaí leis. Is féidir breathnú ar an staid ‘idir eatarthu’ atá á léiriú i gcuid mhaith den litríocht sin mar ghéarchéim chlasaiceach na suibiachta iarchoilíní nó is féidir breathnú uirthi mar léiriú ar bhail chultúrtha

¹¹⁴ Pádraig Ó Cíobháin, ‘Cathair Ghriobháin na Samhlaíochta’ agus Micheál Ó Conghaile, ‘Coisméigeacha Beaga agus Coisméigeacha Móra’ in Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil (eag.) *Bliainiris 2001* (Rath Cairn: Carbad, 2001).

aon phobail atá faoi bhrú agus atá ruaigthe go dtí fíorimill na sochaí ina maireann siad.¹¹⁵

Tá an-tábhacht ag baint le ráiteas Nic Eoin thuas agus leis an saothar atá déanta aici i ngort na hidirchultúrthachta i gcoitinne. Cé gur féidir comparáid a dhéanamh idir cás na Gaeilge, litríocht na Gaeilge agus cás na hÉireann i gcoitinne, agus cás na Céinia agus na hIndia ó thaobh an iarchoilíneachais de agus ó thaobh dhéachas na hidirchultúrthachta de, ní ionann cás na dtíortha sin agus cás na hÉireann trí chéile, agus dá bharr sin, cé gur féidir tarraingt ar an méid atá foghlamtha thar lear faoi thionchar an choilíneachais ar chultúr faoi leith, ní mór, luath nó mall, scaradh le múnlaí iasachta agus patrúin na hÉireann a aithint agus teoiricí sainiúla don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach a fhorbairt. Is é sin an beart atá curtha i gcrích ag Nic Eoin. Mar atá luaite ag Alan Titley, ní mór litríocht na Gaeilge a mheas de réir a teoiricí sainiúla féin.¹¹⁶

Díríonn Máirín Nic Eoin aird ar ghné thábhachtach eile i dtaca le háit na Gaeilge agus litríocht na Gaeilge sa díospóireacht ar an idirchultúrthacht iarchoilíneach. Is léir nach bhfreastalaíonn teoiricí na hiasachta go cothrom ar chás litríocht na Gaeilge agus nach bhfreastalaíonn teoiricí critice na mórtheangacha go cothrom ar chás na mionteangacha. Tá ceisteanna uathúla ann don Ghaeilge ar gá iad a phlé i bhfeasacht thionchar na mórtheangacha sin.¹¹⁷ Faoi mar a dhearbhaigh Nic Eoin san alt ‘Idir Teoiric agus Teagasc: Fadhbanna Téacs agus Comhthéacs i Múineadh na Litríochta

¹¹⁵ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Dlíáthriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005), 14.

¹¹⁶ Alan Titley, *An tÚrscéal Gaeilge* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1991), 30.

¹¹⁷ Máirín Nic Eoin, ‘Idir Teoiric agus Teagasc: Fadhbanna Téacs agus Comhthéacs i Múineadh na Litríochta Gaeilge’ in *Oghma* (Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Oghma, 1989), 67-68.

Gaeilge’, ‘bhí critic na Gaeilge ag feidhmiú ar feadh i bhfad taobh istigh de fholús teoiriciúil ...’.¹¹⁸ In alt eile dá cuid sa bhliain 2008, ‘Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish’, phléigh sí ábhar na critice Gaeilge ina chomhthéacs stairiúil:

... Irish language criticism, while it tends to revolve around a number of clearly recognizable cultural themes and preoccupations, has never been monological. It was marked from the outset by the most intense and passionate of debates, sometimes about issues (such as font, orthography and the authority of dialect forms) which would seem trivial to a contemporary reader but which were of huge cultural importance to those directly involved in them and are typical of the kinds of issue facing the literature of language communities that have become minoritized.¹¹⁹

Léiríonn ailt Nic Eoin a laghad taighde a bhí déanta ar sheasamh iarchoilíneach litríocht na Gaeilge, agus is cinnte go raibh aos liteartha na Gaeilge faoi mhórchomaoin aici nuair a d’fhoilsigh sí a saothar scolártha, ceannródaíoch ar an ábhar *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* sa bhliain 2005:

Cé go bhfuil an tionscnamh critice iarchoilíneach ar cheann de na láithreacha díospóireachta is bríomhaire agus is bisiúla i Léann na hÉireann le blianta beaga anuas, is beag scoláire nó criticeoir Gaeilge atá tar éis páirt a ghlacadh sa phlé agus peirspictíocht na Gaeilge a thabhairt ar ghné ar bith de na hábhair imris is argóna a chothaigh an tionscnamh. Is beag criticeoir Gaeilge atá tar éis seasamh poiblí a ghlacadh faoin mbunargóint maidir le bailíocht

¹¹⁸ Ibid., 66.

¹¹⁹ Máirín Nic Eoin, ‘Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish’, in *Field Day Review*, Vol. 4 (2008), 218-219.

choincheap na hiarchoilíneachta mar bhunchoincheap léirmhínte agus stair chultúrtha na hÉireann, nó stair chultúrtha agus liteartha na Gaeilge, faoi chaibidil.¹²⁰

Is í an teoiric a chuireann Nic Eoin chun cinn ina halt ‘Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish’, ná an cumasc cultúrtha (*fusion*). Toisc gur teoiric atá bunaithe ar litríocht na Gaeilge, agus a dhíríonn ar chás faoi leith na litríochta comhaimseartha sin atá i gceist, freagraíonn an cumasc cultúrtha níos cruinne agus níos beachte do chás litríocht na Gaeilge ná an chros-síolracht a mholann Homi Bhabha, nó an ‘chaidriúlacht’ a chuireann Paul Gilroy in iúl, mar shampla. Is í an difríocht idir cros-síolracht Bhabha agus cumasc cultúrtha Nic Eoin ná go n-admhaíonn agus go nglacann an duine coilínithe / iarchoilínithe leis an déachas ann féin, bíodh go mb’fhéidir gur glacadh drogallach é sin, ar uairibh. Tuigtear, in ainneoin dhícheall na ndíograiseoirí, nach féidir díchoilíniú iomlán a dhéanamh choíche agus dul siar go laethanta na ré réamhchoilínithe. Glactar le dosheachantacht an mhórchultúir agus le stádas mionlaithe, imeallaithe an chultúir dhúchais. Ní iarracht athbheochana atá ann nó fiú amháin, ní hé caomhnú na teanga agus an chultúir an príomhchuspóir, ach é a chomhtháthú le saol na ndaoine a chleachtann an cultúr mionlaithe – é a uirbiú, más gá. ‘An chuid is fearr den dá thaobh’ is ea fealsúnacht na teoirice seo. Ní daoine atá ‘stractha idir dhá shaol, dhá theanga, dhá mheon’,¹²¹ ach a aithníonn go bhfuil siad dátheangach agus an luach a bhaineann leis sin. Trí nuálú teanga agus cultúir, agus trí chomhtháthú le mórchultúr agus mórtheanga na cruinne, is féidir an cultúr dúchais a chur ar fáil do dhaonra i bhfad níos mó. Do chleachtóirí

¹²⁰ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Diláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*, 18.

¹²¹ Gearóid Ó Cruailoich, ‘An Nuafhilíocht Ghaeilge: Dearcadh Dána’ in *Innti* 10, 66; luaite ag Máirín Nic Eoin in ‘Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish’, 219.

áirithe, bíonn orthu seilbh iomlán a ghlacadh ar an gcultúr mionlaithe i dtosach ach do chleachtóirí eile, tá an dá chultúr, an dá theanga agus an dá chleachtas acu ó dhúchas. Ina measc siúd, bheadh daoine a tógadh timpeallaithe ag an dá chultúr i gceantar Galltacha, nó daoine a tógadh sa Ghaeltacht nó sa Bhreac-Ghaeltacht a raibh tionchar an dá chultúr ina dtimpeall ón gliabhán; i measc na coda seo tá Pádraic Breathnach. Ón bpointe sin, féadann duine rogha a dhéanamh faoin gcultúr ar mhian leo iniúchadh ealaíonta a dhéanamh air, nó b'fhéidir go bhfuil tarraingt i bhfad níos treise ann i dtaca le cultúr amháin seachas cultúr eile, faoi mar a tharla i gcás an Bhreathnaigh. Déanfar géariniúchadh ar an gceist seo i dtaca le Pádraic Breathnach mar scríbhneoir i gCaibidil 5.

Critic na hidirchultúrthachta sa Ghaeilge

Tá gnéithe de cheist na hidirchultúrthachta sonraithe agus pléite ag léirmheastóirí agus ag criticeoirí na Gaeilge le fada an lá. Ní hí an téarmaíocht chéanna a d'úsáididís, ar ndóigh, agus ní i gcónaí a bheifí den tuairim chéanna mar gheall ar an idirchultúrthacht, ach ba é ábhar an déachais agus na hidirchultúrthachta a bhí i gceist go minic agus litríocht na Gaeilge sa tréimhse iar-Athbheochana á plé acu. Le linn thréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh, feictear claochlú i gcritic liteartha na Gaeilge ar thuiscintí ar an déachas sin. Guthanna cróga a labhair amach faoi dhosheachantacht an déachais i litríocht na Gaeilge sna 1960idí agus ag tús na 1970idí agus faoi dheireadh an chéid seo caite bhíothas tar éis glacadh go forleathan le stádas idirchultúrtha na litríochta Gaeilge.

Níorbh aon rud nua é teachtaireacht Dhiarmada Uí Shúilleabháin agus Eoghain Uí Thuairisc nuair a ghríosaigh siad scríbhneoirí na Gaeilge le briseadh amach ó sheanmhúnláí liteartha in ailt éagsúla dá gcuid a foilsíodh sna 1960idí agus sna 1970idí. Ní teachtaireacht úrnua a bhí inti fiú amháin nuair a foilsíodh saothair nuálacha mar *An Béal Bocht* le Myles na gCopaleen (1941) agus *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain (1949). Ba í an teachtaireacht chéanna í a bhí ag Pádraig Mac Piarais agus ag Pádraic Ó Conaire ag tús an chéid seo caite. San uchtach a thug siad do scríbhneoirí nua na Gaeilge ina gcuid saothar critice agus léirmheastóireachta, rinne an bheirt scríbhneoirí úd éacht i dtaca le litríocht Ghaeilge nua-aoiseach a chruthú agus a fhorbairt, seachas a bheith ag iarraidh gnéithe den tseanlitríocht nó den litríocht chlasaiceach a athbheochan.

Léirigh siad trí shampla a gcuid saothar cruthaitheach féin nár mhór don scríbhneoir cruthaitheach Gaeilge feidhmiú idir dhá chultúr, nár mhór dó freastal ar dhá thrá, mar atá, trá an dúchais agus trá fhealsúnacht nua liteartha na Mór-roinne.¹²² Dar leis an gConaireach agus leis an bPiarsach, b'éigean don scríbhneoir cruthaitheach Gaeilge a bheith eolach ar a thraidisiún liteartha féin toisc gurbh ón traidisiún sin a shíolraigh sé agus bheadh sé inmhianaithe go mbeadh sé sin ina dhlúthchuid thábhachtach dá chruthaitheacht, ach thairis sin, b'fhiú go mór dó múnlaí na nualitríochta a fhoghlaim ó mhórscribhneoirí na hEorpa le go mbeadh a chuid litríochta ag teacht le héilimh agus le hionchas léitheoirí na linne sin.

In alt cáiliúil de chuid Uí Chonaire in *An Claidheamh Soluis*, 'Sean-litridheacht na nGaedheal agus Nuadh-litridheacht na hEorpa', thug Ó Conaire a chomhairle maidir le treo na nualitríochta, ag cur in iúl go soiléir go gcaithfí féachaint chun tosaigh i dtreo na hÉireann nua-aoisí, agus go gcaithfeadh litríocht chomhaimseartha na Gaeilge scáthánú a dhéanamh ar shaol idirchultúrtha a linne.¹²³ In alt spéisiúil a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis* i mí Feabhra na bliana 1917, 'Páisdí Sgoile: Bhfuil siad ag Milleadh Nuadh-Litridheacht na Gaedhilge?' chuir Ó Conaire in iúl go gcaithfí litríocht a scríobh i nGaeilge do lucht léitheoireachta fásta.¹²⁴

Ba é an cineál litríochta a mhol Ó Conaire agus Mac Piarais ná litríocht a d'fhágfadh eachtraíocht ar shaol na tuaithe in Éirinn ina diaidh agus a thabharfadh aghaidh

¹²² I gcás Uí Chonaire, tá sé sin le feiceáil go minic, ní hamháin ina shaoldearcadh féin agus ina scríbhinní faoin nGaeilge, ach trí mheán cuid dá charachtair freisin. Luaim go háirithe 'Nóra Mharcas Bhig' (1907) agus Mícheál, príomhcharachtar an úrscéil *Deoraíocht* (1910).

¹²³ Pádraic Ó Conaire 'Sean-litridheacht na nGaedheal agus Nuadh-litridheacht na hEorpa' in *An Claidheamh Soluis* 12 Nollaig 1908, 5; agus 19 Nollaig 1908, 6.

¹²⁴ Pádraic Ó Conaire, 'Páisdí Sgoile: Bhfuil siad ag Milleadh Nuadh-Litridheacht na Gaedhilge?' in *An Claidheamh Soluis*, 17 Feabhra 1917, 2.

mhuiníneach ar an gcathair agus ar ghnéithe den saol a ghabhann léi: an deoraíocht, an bochtanas, an coimhthíos agus an striapachas san áireamh. Faoi mar a scríobh Pádraig Mac Piarais sa bhliain 1906:

Irish literature, if it is to live and grow, must get into contact on the one hand with its own past and on the other with the mind of contemporary Europe. It must draw the sap of its life from the soil of Ireland: but it must be open on every side to the free air of heaven.

We would have our literature modern not only in the sense of freely borrowing every modern form which it does not possess and which it is capable of assimilating, but also in texture, tone and outlook. This is the twentieth century; and no literature can take root in the twentieth century which is not of the twentieth century. We want no Gothic revival.¹²⁵

Ní rabhthas réidh ar fad do theachtaireacht Mhic Piarais agus Uí Chonaire san am, áfach, le díograiseoirí teanga na linne úd dírithe go mór ar athbheochan na teanga agus an chultúir agus ar an tír a dhíchoilíniú.

Ag bogadh ar aghaidh ó luath-thréimhse na hAthbheochana, is fiú saothar Sheosaimh Mhic Grianna a lua i gcomhthéacs seo na hidirchultúrthachta agus tagairt don tslí uathúil a chuaigh sé i ngleic leis an déachas a bhraith sé féin. I ndiaidh Uí Chonaire agus Mhic Piarais, bhí Seosamh Mac Grianna ar dhuine de na scríbhneoirí Gaeilge ba luaithe a d'aithin áit dhoshéanta an déachais i litríocht na Gaeilge. Chuaigh sé i ngleic leis sin agus chruthaigh sé eiseamláir de shaothar idirchultúrtha luath lena shaothar *Mo Bhealach Féin* (1940). Léirigh Mac Grianna sa saothar sin agus in alt a

¹²⁵ Pádraig Mac Piarais, 'About Literature', in *An Claidheamh Soluis*, 26 Bealtaine, 1906, 7.

scríobh sé san iris *An tUltach* gur thuig sé go raibh géarghá le treonna nua i litríocht Ghaeilge a linne.¹²⁶ Dearbhaíonn Aisling Ní Dhonnchadha go raibh úire agus ealaín an cheardaí ag baint lena chuid scríbhneoireachta nuair a bhí leas á bhaint aige as an scéalaíocht thraidisiúnta mar ábhar spreagtha ina luathscéalta.¹²⁷ Is cosúil gur mhothaigh sé go raibh sé gafa idir dhá thraidisiún agus idir dhá chultúr, agus gur fhigh sé an déachas sin trína chuid scéalaíochta. Tráchtann Fionntán de Brún ar an déachas sin i saothar Mhic Grianna agus é ag trácht ar thréimhse na 1930idí:

Ba sa tréimhse seo [na 1930idí] a chuaigh oidhreacht intleachtúil Mhic Grianna i ngleic le healaín na nua-aoise agus dar liom gurbh é an saol úr dúshlánach a bhí ag an údar i dtimpeallacht uirbeach Bhaile Átha Cliath a spreag an chuid is luachmhaire dá shaothar, mar a mhothaigh sé teannas idir an áit dhúchais agus an náisiún, agus idir an náisiúntacht agus an idirnáisiúntacht.¹²⁸

Ba é an dearcadh céanna a léirigh Breandán Ó Doibhlin faoi shaothar Mhic Grianna in alt dá chuid dar teideal ‘Fear agus Finnscéal: *An Druma Mór* le Seosamh Mac Grianna’.¹²⁹ D’aithin Declan Kiberd iarrachtaí Mhic Grianna an dá chultúr a chomhtháthú ina alt dár teideal, ‘*Mo Bhealach Féin – Idir Dhá Thraidisiún*’:

As sin amach, ba é sin a chuspóir féin – an Ghaeilge a chur in oiriúint don saol nua-aimseartha, nascadh éigin a dhéanamh idir chaint thírúil na ndaoine agus

¹²⁶ Seosamh Mac Grianna, ‘Cad é atá d’easpa orainn?’ in *An tUltach*, Bealtaine, 1924.

¹²⁷ Aisling Ní Dhonnchadha, *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981), 211-212.

¹²⁸ Fionntán de Brún, *Seosamh Mac Grianna: An Mhéin Rúin* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2002), 18.

¹²⁹ San alt sin, scríobh Ó Doibhlin, ‘Gné eile den choimhlint a bhfuil trácht air sa leabhar idir an tuairim rómánsúil de phobal na Gaeltachta agus an dearcadh fíriciúil ina leith is ea an choimhlint a léirítear ó am go ham idir dhá chultúr agus dhá theanga, idir iarsmaí an dúchais agus saol mór an Bhéarla atá ag brú isteach air tríd an imirce, an pholaitíocht agus respectabáltacht na meánaicme.’ Breandán Ó Doibhlin, ‘Fear agus Finnscéal: *An Druma Mór* le Seosamh Mac Grianna’ in *Aistí Critice agus Cultúir* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1974), 107.

litríocht chomhaimseartha na hEorpa. Thuig Ó Grianna ó thús go raibh sé ag iarraidh an dá thrá a fhreastal ...¹³⁰

Cé go ndearna Mac Piarais, Ó Conaire agus Mac Grianna iarrachtaí diongbháilte le go n-aithneofaí staid idirchultúrtha na litríochta Gaeilge, níor glacadh le hábharthacht na déachais i gcomhthéacs na litríochta Gaeilge go dtí i bhfad ina dhiaidh sin.

Ag bogadh ar aghaidh ó ré na hAthbheochana, léiríonn an chonspóid a chruthaigh Máire Mhac an tSaoi lena halt léirmheastóireachta ar chnuasach filíochta Sheáin Uí Ríordáin, *Eireaball Spideoige*, an meon a bhí ag criticeoirí áirithe agus ag cuid d'aos liteartha na Gaeilge i leith cheist an déachais sna 1950idí.¹³¹ Sheas Seán Ó Tuama, Máirín Ní Mhuirgheasa agus Máirtín Ó Direáin an fód ar son Uí Ríordáin agus chosain siad ón ngéarléirmheas é sa chéad dá eagrán eile den iris *Feasta*. Ar cheann de na hargóintí a bhí ag Ní Mhuirgheasa, dhearbhaigh sí nach raibh ach mionphointí á lua ag Máire Mhac an tSaoi, agus í ag déanamh neamhaird den ualach teanga a bhí tugtha leis aige.¹³² Chosain Seán Ó Tuama ar an dóigh chéanna é agus ina theannta sin d'fhógair sé gur fear Gaeltachta ann féin an Ríordánach tar éis dó:

cúig bliana déag dá óige [a chaitheamh] i mBaile Mhúirne, nuair b'í an Ghaeilge fós gnáth-theanga labhartha na ndaoine fásta ann; gur labhair sé an Ghaeilge go nádúrtha ó thosach; gur labhair sé an Ghaeilge de shíor is de

¹³⁰ Declan Kiberd, 'Mo Bhealach Féin – Idir Dhá Thraidisiún' in *Idir Dhá Chultúr* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993), 173. Céadfhoilsithe in Seán Ó Mórdha (eag.) *Scríobh 5* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981).

¹³¹ Máire Mhac an tSaoi, 'Filíocht Sheáin Uí Ríordáin' in *Feasta*, Iml. 5, Uimh. 12 (Márta, 1953), 17-19.

¹³² Máirín Ní Mhuirgheasa, 'An Forum: Filíocht Sheáin Uí Ríordáin' in *Feasta*, Iml. 6, Uimh. 1 (Aibreán, 1953), 15-16.

ghnáth lena sheanmháthair a bhí i mbéal an dorais aige; murar cainteoir dúchais Gaeilge é nach cainteoir dúchais Béarla é ach an oiread.¹³³

Chosain Máirtín Ó Direáin an Ríordánach chomh maith a rá nár chóir don fhile comhaimseartha a bheith faoi smacht ag traidisiún filíochta a bhí ann na céadta bliain roimh a ré féin agus ina ionad sin molann sé léiriú éifeachtach smaointe nua-aoiseacha an fhile, rud a raibh tábhacht nach beag ag baint leis, dar leis. Scríobh sé:

Ní cabhair mhór don Ríordánach ná d'éinne eile againn san aois seo aon uail ná macalla ó na filí chuaigh romhainn in ár dteanga féin. Tá an bhearna ró-mhór.¹³⁴

Sé bua an Ríordánaigh go léiríonn sé na smaointe casta a spreagann an aois seo ann go héifeachtach sa nGaeilge. Go gcruthaíonn sé gur féidir filíocht chruaidh intinneach a scríobh inti. Go gcuireann sé an chomaoin sin ar an teanga. Sin é a thábhacht in Éirinn ár linne.¹³⁵

Is éard a bhí san easaontas ealaíne sin, dar le Frank Sewell, ná 'the classic struggle between the traditionalist whose aim is to conserve and the modernist who serves tradition by extending it.'¹³⁶ Is spéisiúil an rud é gurbh í an mhórstráitéis chosanta a bhí acu siúd a luadh thuas ná béim a leagan ar fhréamhacha Gaeltachta an Ríordánaigh. Fiú le linn an ama sin, agus i measc na scríbhneoirí a chosain Ó Ríordáin, is dealraitheach gur samhlaíodh dintiúir Ghaeltachta a bheith riachtanach ag scríbhneoir na Gaeilge. Ag breathnú siar ar na himeachtaí sin cúig bliana is caoga ina dhiaidh sin,

¹³³ Seán Ó Tuama, 'An Forum: Filíocht Sheáin Uí Ríordáin' in *Feasta*, Iml. 6, Uimh. 1 (Aibreán, 1953), 16. (Ba le hÓ Tuama an bhéim.)

¹³⁴ Máirtín Ó Direáin, 'Ríordánachas agus Eile' in *Feasta*, Iml. 6, Uimh. 2 (Bealtaine, 1953), 14.

¹³⁵ *Ibid.*, 15.

¹³⁶ Frank Sewell, 'Seán Ó Ríordáin: Joycery-Corkery-Sorcery' in *The Irish Review*, No. 23 (Winter, 1998), 45.

tagraíonn Máirín Nic Eoin d'íoróin an tsuímh sin in iarrachtaí athbheochana na litríochta Gaeilge:

There was another irony here, in that the ideology that laid the basis for a national attempt to revive Irish did not include a strategy for dealing with the creative endeavours of those who were the success stories of that attempt – those who, through the efforts of the school system in the post-independence period, became active bilinguals, competent and confident enough to consider writing in Irish a real possibility.¹³⁷

Léirigh Séamas Ó Céileachair i Réamhrá an leabhair *Nuafhilí (1942-1952)* go raibh sé go mór i gcoinne an chlaonadh i dtreo an déachais a chonaic sé ag an am.¹³⁸ Is fíor gur mhol sé nuálacht na bhfilí ag an am, agus an méid seo a rá aige:

Tháinig saol nua, saol an luais – saol corraithe. Má tháinig níor imigh an fhilíocht. Seo chugainn na filí le meadarachtaí nua, ábhair nua, smaointe nua agus samhailtí nua. Iontais a ndánta – iontais ag preabarnaigh chugainn agus geit á baint acu as an saol nua.

Tháinig fás agus borradh faoin bhfilíocht. Tháinig cumhacht agus éagsúlacht i saothar na bhfilí. Bhriseadar go dána isteach sa ré nua.¹³⁹

Ina dhiaidh sin, áfach, is é seo a leanas an chomhairle a chur sé ar nuafhilí na Gaeilge:

Is í an chomhairle is mó atá le tabhairt do na nuafhilí an traidisiún Gaelach a bheith mar chúl taca acu agus na seanfhoirmeacha a fhorás. Ba cheart an

¹³⁷ Máirín Nic Eoin, 'Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish', 220.

¹³⁸ Ba é an dearcadh céanna i gcoinne na hidirchultúrthachta a léirigh Ó Céileachair i mbrollach an dá chnuasach eile sa tsraith, mar atá *Nuafhilí 2 (1953-1963)* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1968) agus *Nuafhilí 3* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1979).

¹³⁹ Séamas Ó Céileachair (eag.), *Nuafhilí (1942-1952)* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956), v.

nuafhilíocht a bheith ag teacht ón tseanfhilíocht – an nua a bheith faoi smacht ag an sean. Toisc a leithne is atá an Béarla labhartha agus scríofa níl aon ní is contúirtí dúinn ná é. Ní ceart do na filí a gcuid tinfidh (ionspioráide) a thógáil ó fhilíocht an Bhéarla. Caithfidh siad a bheith aireach, leis, ar rithimí a thiocfadh ina gceann ar eagla go mba mhacallaí ón mBéarla iad. Ba cheart dóibh bheith seachantach, freisin, ar léirmheas ó dhaoine ag a bhfuil an Béarla mar shlat tomhais.¹⁴⁰

Chuir Tomás de Bhaldraithe cnuasach gearrscéalaíochta in eagar faoin teideal *Nuascéalaíocht 1940-1950*, ina raibh gearrscéalaíocht a bhain leis an tréimhse chéanna ar bhain cnuasach nuafhilíochta Uí Chéileachair thuas léi. Meon an-éagsúil a léirigh an bheirt acu, áfach. D’aithin de Bhaldraithe riachtanas foirmeacha ón iasacht a úsáid sa litríocht, ach thairis sin, d’áitigh sé gur chuid de thraidisiún na litríochta Gaeilge foirmeacha ón iasacht a thógáil agus a mhúnlú ina bhfoirmeacha inghlactha dúchasacha féin. Ag léiriú comhbhá le cás scríbhneoirí an ama agus ag móradh a ndul chun cinn liteartha, scríobh sé i réamhrá an chnuasaigh:

Ní hé seo an chéad uair do na Gaeil dul i muinín na hiasachta. Tharraing na filí, tráth, ábhar a ndánta grá ón iasacht, rinne a gcuid féin de, is tháthaigh leis na múnláí dúchasacha é. Is ar a gcuid saothair bhí an toradh ar fónamh. Mar adúirt Robin Flower – ‘... *the matter of European love-poetry met the manner of Irish tradition ... we see how perfect was the fusion, how happy the result.*’ Ní hé an dála céanna é, baileach, ag na scríbhneoirí seo. Siad na múnláí fuaireadar seo ón iasacht; thart orthu féin sa mbaile fuaireadar an t-ábhar is an

¹⁴⁰ Séamas Ó Céileachair, ‘Brollach’ in Séamas Ó Céileachair (eag.) *Nuafhilí (1942-1952)*, vi.

teanga. Is saoihiúil mar a d'éirigh leo an iasacht is an dúchas a tháthú go taitneamhach le chéile.¹⁴¹

Tugann an tagairt sin do ráiteas Robin Flower thuas le fios go raibh léargas fadamharcach ag de Bhaldraithe agus gur aithin sé an cumasc cultúrtha i litríocht an ama agus go ndearna sé é a cheiliúradh chomh fada siar le 1952. Is léir gur aithin sé agus gur cheiliúir sé an déachas a bhí i ndán do litríocht na Gaeilge, mar a chonacthas dó é. Os cionn caoga bliain ina dhiaidh sin, phléigh Máirín Nic Eoin an idirchultúrthacht sna téarmaí céanna, ag forbairt na bunteoirice go mór. Fillfear ar an bhforbairt sin níos faide anonn sa chaibidil seo.

Ba é Tomás Ó Floinn ba mhó a léirigh tuiscint ar thodhchaí idirchultúrtha na litríochta Gaeilge sna 1950idí. Feictear, i ráiteas Uí Fhloinn thíos, gur ghlac sé le réalachas an déachais agus é ag trácht ar shaothar Sheáin Uí Ríordáin, sa bhliain 1953:

Tá sé míréasúnta a bheith ag éileamh ar dhuine nach cainteoir ó dhúchas é filíocht a scríobh faoi mar a scríobhfadh cainteoir dúchais í. Agus ní fios cé acu is measa lucht a cháinte nó lucht a chosanta mar is é an ní céanna atá á éileamh ag an dá dhream.¹⁴²

Is léir, áfach, ó ráitis eile uaidh le linn na 1950idí agus 1960idí go raibh sé féin idir dhá chomhairle mar gheall ar thionchar an dá chultúr ar an scríbhneoir Gaeilge, idir scríbhneoirí Gaeltachta agus Galltachta.¹⁴³ D'aithin Ó Floinn nach bhféadfaí an

¹⁴¹ Tomás de Bhaldraithe, 'Réamhrá' in *Nuascéalaíocht 1940-1950* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1952), 9.

¹⁴² Flann Mac an tSaoir, 'Filíocht Shéain Uí Ríordáin' in *Comhar*, Iml. 12, Uimh. 5 (Bealtaine, 1953), 5-6.

¹⁴³ Flann Mac an tSaoir, 'Filíocht Idir Dhá Theanga' in *Comhar*, Iml. 23, Uimh. 9 (Meán Fómhair, 1964), 23.

déachais a shéanadh a thuilleadh i saothar scríbhneoirí na Gaeilge, ach thairis sin, d'aithin sé gurbh iad na scríbhneoirí idirchultúrtha, dátheangacha sin, ón nGalltacht go príomha, a thabharfadh litríocht na Gaeilge slán leo.¹⁴⁴

Ba ó na 1960idí i leith a thosaigh léirmheastóirí agus criticeoirí na Gaeilge ag dul i ngleic níos forleithne le déachas idirchultúrtha i litríocht na Gaeilge. Feictear athruithe suntasacha ag titim amach i gcritic, i léirmheastóireacht agus i scríbhneoireacht chruthaitheach na Gaeilge ag an am céanna. I measc na scríbhneoirí / gcriticeoirí seo tá Máirtín Ó Cadhain, Breandán Ó Doibhlin, Eoghan Ó Tuairisc agus Diarmaid Ó Súilleabháin. Déanfar plé gairid thíos ar an tslí ar chuir siad ar fad le réimse critice na hidirchultúrthachta sa Ghaeilge.

D'athraigh treo na litríochta Gaeilge sna 1960idí sa chaoi is gur tháinig glúin óg scríbhneoirí a raibh dearcadh difriúil acu i leith an dúchais agus na teanga chun cinn. Scríbhneoirí dátheangacha a bhí iontu, a raibh Gaeilge ó dhúchas ag cuid acu mar a bhí i gcás Phádraic Bhreathnaigh agus Nuala Ní Dhomhnaill, nó, i gcás na coda eile díobh, arbh é an Béarla teanga a dteaghlaigh, ach gur chinn siad féin an ceangal leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht a threisiú iontu féin, mar a bhí i gceist i gcás Michael Davitt agus Liam Uí Mhuirthile, mar shampla. Mar aon le Breathnach agus filí *Innti* ag teacht chun tosaigh ar ardán liteartha na Gaeilge sna 1960idí, tháinig scríbhneoirí idirchultúrtha eile chun cinn ar nós Eoghain Uí Thuairisc agus Dhiarmada Uí Shúilleabháin chomh maith a raibh tréithe de chuid an chumaisc chultúrtha ní ba láidre iontu ná tréithe na cros-síolracha. Faoi na scríbhneoirí áirithe sin, scríobh Nic Eoin:

¹⁴⁴ Tomás Ó Floinn, 'Féachaint Romhainn' in *Comhar* Iml. 14, Uimh. 8 (Lúnasa, 1955), 10.

Also in the same decade other writers, such as east-Galway born Eoghan Ó Tuairisc and West-Cork born Diarmaid Ó Súilleabháin, challenged the critical orthodoxy by openly proclaiming that their standards could not be those of the Gaeltacht and by demanding a creative freedom that would acknowledge hybridity and reject the strictures of the linguistic purists.¹⁴⁵

D'éiligh Pádraic Breathnach an tsaoirse chruthaitheach chéanna agus é ag tosú amach ag scríobh, ach d'éiligh sé í ar chúiseanna difriúla. Bhí, dar ndóigh, Gaeilge na Gaeltachta aige, agus mar sin, theastaigh uaidh, dála a chomhghleacaithe, fanacht neamhspleách ar éilimh agus ar laincísí na bpiúratánach teanga. Mar ealaíontóir focal, d'fhéach sé le Gaeilge na Gaeltachta a shíneadh agus a fhorbairt le freastal ar a fhís féin.

Criticeoir is ea Breandán Ó Doibhlin a chuir go mór le forbairt na critice Gaeilge ó na 1960idí i leith. Cé nach bhféadfaí a áiteamh gur scríobh sé saothar critice ar an idirchultúrthacht, feictear déachas idirchultúrtha i gcuid dá scríbhneoireacht chruthaitheach, go háirithe ina úrscéal *An Branar Gan Cur* (1979). Is i ndá alt a scríobh an Doibhlineach sna 1980idí agus sna 1990idí is mó a fheictear é ag cur coincheap na hidirchultúrthachta chun cinn i litríocht na Gaeilge. Mar shampla, ina alt 'Smaointe ar Chúrsaí na Próslitríochta', scríobh sé:

Ní mór dúinn a bheith macánta nuair a amharcaimid ar phróslitríocht na Gaeilge san am i láthair – ní mó ná go bhfuil sí ann ar chor ar bith. Sa ghnáth-thír a bhfuil teanga dá gcuid féin aici ... tá sochaí iomlán ag caitheamh a saoil

¹⁴⁵ Máirín Nic Eoin, "Idir Dhá Chomhairle" / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish', 224.

go laethúil trí mheán a teanga féin. Ar an ábhar sin, tá a litríocht phróis ar iompar ar fheacht láidir na gnáthscríbhneoireachta – iriseoireacht, comhfhreagras gnó agus pearsanta, bolscaireacht agus fógraíocht, téacsanna dlí agus riaracháin, agus gach gné eile den choibhneas scríofa idir dhaoine. ... Murab ionann agus scríbhneoirí na dtíortha sin ... níl an scríbhneoir Gaeilge á iompar ar fheacht borrach a chultúir agus a shochaí féin. Ní Gaeilge a léann sé ar an nuachtán ná ar na fógraí sráide; ní hí atá ina chluas ó mhaidín go hoíche. Dá thairbhe sin, an té a théann dáiríre le scríobh na Gaeilge, mar a dúirt an té a dúirt:

‘Gabhann sé go huaigneach mar a gabhadh leis na cianta
Le tuairim is dignit na cléire.’¹⁴⁶

Is iad tréithe na cros-síolrachta, nach mór, a léiríonn sé i gconclúid an ailt:

Agus má tá aon bhrí le saothrú na Gaeilge nach é atá i gceist athghabháil a dhéanamh, athchoilíniú más maith leat, ar fhearann na haigne as ar díbríodh ár dteanga sa seachtú agus san ochtú haois déag. Rud is ionann agus a fhógairt go bhfuil fúinn gach gné dár dtír agus dár muintir a rá as an nua i nGaeilge...¹⁴⁷

San alt ‘Glasnost nó Perestroika – Ionspioráid agus Ceird an Úrscéalaí Gaeilge’ a foilsíodh sa bhliain 1991, léiríodh meon céanna sin an díchoilínithe,¹⁴⁸ agus an chastacht a bhain leis an déachas don Doibhlineach.

¹⁴⁶ Breandán Ó Doibhlin, ‘Smaointe ar Chúrsaí na Próslitriochta’ in *Comhar*, Iml. 43, Uimh. 8 (Lúnasa, 1984), 22.

¹⁴⁷ *Ibid.*, 24.

¹⁴⁸ Breandán Ó Doibhlin, ‘Glasnost nó Perestroika – Ionspioráid agus Ceird an Úrscéalaí Gaeilge’, 143-144, 151.

Bhí tábhacht nach beag ag baint leis an gcrógacht a léirigh Eoghan Ó Tuairisc agus Diarmaid Ó Súilleabháin, nuair a d'fhógair siad don saol Gaelach sna 1960idí go mba í a stíl scríbhneoireachta féin a bheadh acu agus thairis sin, go mba í a nGaeilge féin, nár Ghaeilge na Gaeltachta í, a scríobhfaidís. Chuir siad in iúl gur scríbhneoirí idirchultúrtha iad, agus nár theastaigh uathu é sin a shéanadh. Feictear meon an déachais arís sna léirmheasanna agus in ailt chritice a scríobh siad. Breathnófar thíos ar a n-ailt chritice le hiniúchadh a dhéanamh ar a n-iarrachtaí an idirchultúrthacht a fhorbairt i gcritic na Gaeilge.

Ar ndóigh, faoi mar a thuigfí, níor bhain Diarmaid Ó Súilleabháin leas as an téarmaíocht chéanna a úsáidtear anois i dtaca leis an idirchultúrthacht iarchoilíneach, ach in ailt dá chuid a scríobhadh idir lár na 1960idí agus tús na 1970idí,¹⁴⁹ is é a rinne sé ná scríbhneoirí na Gaeilge a mhisniú chun glacadh lena stádas féin. Ar an dóigh sin, cuireadh in iúl do lucht léitheoireachta na Gaeilge agus na litríochta sin nach bhféadfaí an déachas a shéanadh i scríbhneoireacht na Gaeilge a thuilleadh. Ba leis an alt 'Bí Tú Féin, A Úrscéalai' sa bhliain 1965, a chuir Ó Súilleabháin coincheap chumasc cultúrtha agus teanga chun cinn. Chuir sé in iúl san alt céanna, gur chóir do scríbhneoirí a linne an Ghaeilge a bhain leo féin agus lena saol féin a úsáid, in ionad Gaeilge an tseansaoil, saol nach raibh aon bhaint acu féin leis. Gaeilge na freacnairce i litríocht na freacnairce a bhí uaidh féin agus theastaigh uaidh an meon sin a spreagadh i measc scríbhneoirí a linne.¹⁵⁰ Mhol Ó Súilleabháin do scríbhneoirí na Gaeilge breathnú taobh amuigh de theorainneacha cúnga na hÉireann agus suíomh a gcuid úrscéalta á roghnú acu:

¹⁴⁹ Is iad na hailt atá i gceist thuas ná 'Bí Tú Féin, a Úrscéalai' in *Comhar*, Iml. 24, Uimh. 7 (Iúil, 1965); agus 'An Uain Bheo: Focal ón Údar' in *Irisleabhar Mhá Nuad 1972* (Maigh Nuad: Cullacht Cholmcille, 1972).

¹⁵⁰ Diarmuid Ó Súilleabháin, 'Bí Tú Féin, a Úrscéalai', 19.

Déarfainn ó chroí le húrscéalaithe na Gaeilge: Bígí domhanda; bígí dúchasach, bígí dána; bígí cuthalach. Bí tú féin a úrscéalaí agus san am gcéanna bí i do fhear eile ag faire saoil is á rianadh led scéal ...

Níl íoghar ná doras iadta romhat ach na híoghair is na doirse a dhúnair ort féin ar mhaithe de ghnáth bheith “amhail leis an muintir eile”.¹⁵¹

Tá an déachas seo soiléir i saothar an tSúilleabhánaigh féin chomh maith agus é ag cur na teanga i mbéil agus i suímh éagsúla nach mbeifí ag súil léi iontu roimhe sin sa litríocht. Ag trácht dó ar a úrscéal féin, *An Uain Bheo* (1968), d’fhógair an Súilleabhánach:

Ní dóigh liom go raibh réamhshamhail structúra ar bith agam cé is móite de gheit a bhaint as an nGaeilge trí úrscéal a scríobh faoin nGalltacht i dtéarmaí an lae inniu.¹⁵²

Deich mbliana i ndiaidh dó an t-alt sin a fhoilsiú, is dealraitheach go raibh an Súilleabhánach fós ag iarraidh geiteanna éagsúla a bhaint as an nGaeilge. Is é Príosún Mhuinseo a roghnaigh Ó Súilleabháin an uair sin dá úrscéal, *Ciontach*, a foilsíodh sa bhliain 1983.¹⁵³

Seacht mbliana i ndiaidh don Súilleabhánach an t-úrscéal *An Uain Bheo* (1968) a fhoilsiú, scríobh Eoghan Ó Tuairisc alt géarchúiseach ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’,¹⁵⁴ ina leagann sé amach teoiric i dtaca leis an déachas

¹⁵¹ Ibid., 22.

¹⁵² Diarmuid Ó Súilleabháin, ‘An Uain Bheo: Focal ón Údar’, 65.

¹⁵³ Diarmaid Ó Súilleabháin *Ciontach* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1983).

¹⁵⁴ Eoghan Ó Tuairisc, ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’ in Máirín Nic Eoin eag., *Religio Poetae agus Aistí* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1987); céadfhoilsithe in *Feasta* Iml. 28, Uimh. 8, (Samhain, 1975).

idirchultúrtha atá forleathan i litríocht na hÉireann. Mar is léir ó theideal an ailt, is do dhán cáiliúil Patrick Kavanagh a thagraíonn sé. Léirítear go beacht sa dán sin staid idirchultúrtha na tíre i gcoitinne, beag beann ar cé acu den dá theanga oifigiúla ina bhfuil an plé. Cuireann sé in iúl go n-aithníonn an file é féin mar ‘iarlais’ tríd an dán. Meafar cumhachtach is ea meafar na hiarlaise i gcomhthéacs an déachais a chuireann in iúl go soiléir don léitheoir Gaeilge an mórthionchar atá ag an déachas ar an scríbhneoir.¹⁵⁵ Tagraíonn sé, ina theannta sin, do Liath-Sprid a d’fhág a rian ar na daoine a mhair ann. Arís, tá an focal ‘liath’ an-oiriúnach do theachtaireacht an údair anseo. Meascán doscartha an dá thionchar agus an dá chultúr is ea cultúr an fhile anois. Tríd an dubh agus an bán a mheascadh, faightear rud iomlán nua, a bhfuil gnéithe den dá rud a tháinig roimhe ann, ach ní mhaireann anois ceachtar acu mar a bhí, agus ní féidir ceachtar acu a fháil ar ais neamhsmlaithe ag an bpróiseas a ndeachaigh siad tríd.

I ndáiríre, is í an chros-síolracht a phléann Eoghan Ó Tuairisc ina alt. Feictear an tsíorchoimhlint idir an dá chultúr sa mheascán seo, go háirithe sa ráiteas seo, ‘Ní acmhainn d’aon duine againn a tógadh ar Stony Grey Soil na Galltacha saibhreas an Bhéarla a shéanadh.’¹⁵⁶ Feictear dath liath ag teacht chun cinn sa mheascán seo dó, ag cur in iúl gur go gruama a ghéilltear don déachas seo. Rinneadh iniúchadh cheana ar theoiric Homi Bhabha ar an idirchultúrthacht, a dtugann sé *hybridity* nó cros-síolracht air,¹⁵⁷ ach is í an chros-síolracht chéanna a phléann Eoghan Ó Tuairisc anseo fiche bliain roimhe sin cé gurb é ‘an dáthaobhachas’ a thugann sé uirthi.¹⁵⁸ Áitíonn sé:

¹⁵⁵ Ibid., 159.

¹⁵⁶ Ibid., 160.

¹⁵⁷ Homi K Bhabha, *The Location of Culture* (London & New York: Routledge, 1994), 112.

¹⁵⁸ Eoghan Ó Tuairisc, ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’, 160.

Ní áibhéil a rá go bhfuil an dáthaobhachas úd de dhlúth ionainn go léir a tógadh faoi anáil an dá chultúr. Ní féidir an chastacht agus an coimpléacs sin a léiriú sa lominsint: tá fírinne an scéil ar fhis anseo sa cheolrá, sa cheolrithim. Ní mothú croí ná barúil intleachta atá i gceist, ach an dá rud fite fuaite ina chéile, a gcastacht, a gcontrárthacht, mar atá siad san anam istigh.¹⁵⁹

Ag deireadh an ailt chéanna cuireann sé in iúl mar atá an dá chultúr nasctha go smior anois:

Níl gar againn an Phlandáil a chur ar ceal; ní acmhainn dúinn ach oiread an oidhrecht cheilteach a ligean le gaoth. Tá an dá oidhrecht fite i bhfíodóireacht ár n-aighe, agus níl dul astu.¹⁶⁰

Eiseamláir is ea cás Sheáin Uí Ríordáin i gcomhthéacs na cros-síolrachta, nó an dáthaobhachais mar a thug Eoghan Ó Tuairisc air. D'aithin sé tréithe déacha ann féin ach rinne sé an cinneadh iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar an gcultúr Gaelach trí thréimhsí a chaitheamh i nDún Chaoin, áit a raibh, dar leis, fíorchultúr na nGael fós ina steillebheatha. Ar bhealach, rinne Pádraic Breathnach an cinneadh céanna, cé nach ndeachaigh sé taobh amuigh dá dhúiche féin chun teacht ar a fhoinsé cultúir. Breac-Ghaeltacht a bhí i Maigh Cuilinn agus Pádraic Breathnach ina ghasúr agus is amhlaidh atá sé fós. In agallamh a rinne sé, chuir sé in iúl gur músclaíodh spéis faoi leith ann sa Ghaeilge agus i litríocht na Gaeilge agus é óg, anuas ar a chúlra dátheangach sa bhaile. Roghnaigh sé am a chaitheamh le seanóirí an cheantair chun a bhfeasacht teanga agus

¹⁵⁹ Ibid.

¹⁶⁰ Ibid., 163.

chultúrtha a fhoghlaim uathu. Ar an dóigh sin, roghnaigh sé sainaithe a chur ar an gcultúr Gaelach. D'áitigh sé:

A luaithe is a chuir mise suim sa Ghaeilge, chuir mé an-suim inti. ... Ba le seandaoine ba mhó a labhraíos í agus rinneas an-teanntás ar chuid acu. Bhínn in éindí le Beartlaiméad Ó Ceallaigh as Sráid Tí Mhóir, Cill Eaguala, agus le Peaitín Sheáin Pheadair (Ó Céide) as Mount View, Cill Eaguala. Bhínn ina dtithe, bhínn ag obair is ag iascaireacht leo.¹⁶¹

Tá áit thábhachtach, shainiúil ag Seán Ó Ríordáin sa phlé ar an déachas Éireannach de bharr an dearcaidh a bhí aige i leith na teanga, na Gaeltachta agus an chultúir Ghaelaigh i gcoitinne. Feictear an déachas go smior ina shaothar, agus cé go mbaineann tábhacht mhór lena shaothar féin, ní hamháin sin, ach gur spreag sé glúin nua a raibh dearcadh difriúil acu i leith na teanga agus an chultúir Ghaelaigh. Feictear codarsnacht ghéar idir an déachas a léiríonn leithéidí Sheáin Uí Ríordáin, Mháirtín Uí Dhireáin agus Dhonncha Uí Chéileachair ina saothar, a bhfuil saintréithe na cros-síolrachta ag roinnt leis agus ina bhfeictear coimhlint i gcónaí idir an dá chultúr ann, agus an cumasc cultúrtha a tháinig chun treise ina dhiaidh sin. Dúirt Ó Ríordáin féin gur 'duine gan rútaí á stracadh idir dhá theanga' é.¹⁶² Ní comparáid shlán an chomparáid idir Seán Ó Ríordáin agus Máirtín Ó Direáin ó thaobh an déachais de, áfach. Léirigh Seán Ó Ríordáin tuiscint ar an déachas a bhí go smior ann, agus ar bhealach ghéill sé dó sin.¹⁶³

¹⁶¹ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus a Tuairisc* (Indreabhán: Cló Chonamara, 1986), 63.

¹⁶² Seán Ó Coileáin, *Seán Ó Ríordáin: Beatha is Saothar* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 1982), 301.

¹⁶³ Chomh luath le deireadh na 1940idí léirigh an Ríordánach nach bhféadfadh sé fillleadh ar an 'mise ceart' agus gur ábhar coimhlinte inmheánaí é sin dó. Scríobh sé ina dhialann, 'Féachaim ar bhuidéal agus buidéalaítear mé. Smaoiním ar mhnaoi agus beanaítear mé. 'Sé sin, ardaíonn an buidéal asam féin mé. Bainid díom an t-ualach 'misiúil' atá 'om bhrú. Deintear buidéal díom, deintear bean díom ach smaoiniamh orthu. Sórt slaitín draíochta smaoiniamh. Tá an teitheadh seo riachtanach. Do raghfá as do mheabhair dá mbeifeá id thusa i gcónaí. Tá an saol agus an mise ilghnéitheach. Ní mór dúinn bheith inár mbuidéalaibh agus inár gcapallaibh agus inár bpaidreachaibh chun ná beimis inár ngealtaibh. Gealt

Ní féidir an rud céanna a rá faoin Direánach. Níor ghéill seisean riamh don déachas i sícé na hÉireann agus b'ábhar coimhlinte inmheánaí i gcónaí dó an dá chultúr ar mhair sé eatarthu. D'fhéadfaí a áiteamh gur eascair cuid den choimhlint inmheánach sin ón tuiscint phearsanta a bhí aige gur bhraith go raibh sé mí-oiriúnach do shaol an oileáin inar tógadh é.¹⁶⁴ Ó na 1960idí i leith, áfach, is mó de thréithe an chumaisc chultúrtha ná de thréithe na cros-síolrachta atá le sonrú i litríocht na Gaeilge i gcoitinne, agus is amhlaidh atá i gcás Phádraic Bhreathnaigh, mar a fheicfear ar ball beag.

Is minic a d'fhéachtaí ar an déachas mar fheiminéan diúltach don scríbhneoir, go raibh sé de shíor ag streachailt chun 'é féin' a aimsiú áit éigin sa duibheagán idir an dá chultúr, go raibh sé, i bhfocail Ghearóid Uí Chruaíoch, "bicultural", strachta idir dhá shaol, dhá theanga, dhá mheon, bheith "as riocht" go mór, bheith eolgaiseach ar imeall na beatha, ar buile, ar thost síoraí, ar an neamhni'¹⁶⁵. Ina ionad sin áfach, feictear cumasc toilteanach, feictear teacht le chéile an dá chultúr i saothar Phádraic Bhreathnaigh. Feictear ómós don traidisiún Gaelach ina shaothar trí chéile ach cuireann sé é sin in iúl ar bhealach nua-aimseartha, ar bhealach atá inrochtana ag léitheoirí ón dá thaobh de theorainn na Gaeltachta agus de theorainneacha cultúrtha éagsúla atá tar éis fás le linn a bheatha. Ó thaobh teanga de, feictear a mhalairt dá raibh i gceist ag leithéid Shéamais Uí Ghrianna,¹⁶⁶ go mbaineann Pádraic Breathnach

is ea duine a tuisliódh agus a thit isteach ann féin agus nár fhéad teacht aníos . . . Agus gealt is ea duine a tuisliódh agus a thit isteach i mbuidéal agus nár fhéad teacht aníos. Sin é é. 'No Loitering.' Ní mór do dhuine bheith ag síorthaisteal ó mhise go mise.' (12 Aibreán, 1949) Luaite ag Seán Ó Coileáin *Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar*, 155-6.

¹⁶⁴ Máirín Nic Eoin, 'Fireann agus Oileánach: Féiniomhá an Ealaíontóra i Scríbhinní Dhírbheathaisnéiseacha Mháirtín Uí Dhíreáin', in Ní Urdail, Meidhbhín agus Caoimhín Mac Giolla Léith, ead. *Mo Ghnósa Leas an Dáin: Aistí in Ómós do Mháirtín Ó Direáin* (An Daingean: An Sagart, 2014), 196.

¹⁶⁵ Gearóid Ó Cruaíoch, 'An Nuafhilíocht Ghaeilge: Dearcadh Dána', 64.

¹⁶⁶ Ina alt 'Seanchas "Mháire"', scríobh Cathal Ó Háinle faoin tslí ar dheighleáil Ó Grianna leis an déachas ina shaol féin agus mórthimpeall air. Dar le hÓ Háinle, bhí an chosúlacht ann nach raibh an Griannach sásta sampla Uí Chonaire agus Mhic Phiarais a leanúint agus glacadh le dosheachantacht an déachais chultúrtha is saíochta agus tionchar na hiasachta ar an litríocht. Dúirt Ó Háinle, 'Ba dhóigh

leas as an teanga – níl sé teoranta dá raibh ‘ag na seandaoine’ murar leor é sin chun é féin a chur in iúl. Léiríonn sé muinín sa teanga ar an dóigh sin. Is é pribhléid an scríbhneora saoirse ilchineálach a bheith aige agus é sin á chur i gcrích aige. Is léiriú é gearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh ar ré nua mhuiníneach i litríocht na Gaeilge nach bhfuil teoranta ag seanlimistéir teanga. Mar scríbhneoir Breac-Ghaeltachta níor mhothaigh sé riamh go raibh air é féin ‘a chruthú’ do phobal na Gaeilge¹⁶⁷ murab ionann agus roinnt scríbhneoirí Galltachta de chuid na linne sin, nó níor ghá dó an turas spioradálta sin a dhéanamh chun é féin a aimsiú sa teanga mar a bhí ar chuid dá chomhscríbhneoirí a dhéanamh. Tá cosúlacht idir é agus filí *Innti* ó thaobh mhuinín teanga de agus ó thaobh a ndearcaidh i leith na teanga. Roinn siad meon nua na saoirse. Difríocht mhór eatarthu is ea nach rud polaitiúil í an Ghaeilge do Phádraic Breathnach, teanga is ea í, modh cumarsáide, ach do ghlúin na 1960idí ghlac siad leis an teanga mar chúis pholaitiúil ar chóir dóibh troid ar a son, mar a dúirt Máirín Nic Eoin:

Poets such as Cork-city born Michael Davitt embraced the language with a greater sense of self-confidence, associating it with 1960’s freedoms rather than with Post-Independence pieties and recognizing in it the potential for new kinds of cultural and linguistic fusion. Their journey west to the Gaeltacht was experienced as a voyage of discovery, never as a homecoming, and their political commitment to the language was motivated more by the civil rights movements of the period than by the cultural nationalism of a former generation.¹⁶⁸

leat nach raibh an Griannach sásta glacadh le [teagasc Uí Chonaire agus Mhic Phiarais], gurb amhlaidh a theastaigh uaidh a bheith níos dúchasai ná na ceannródaithe.’ – Foilsithe in Cathal Ó Háinle (eag.) *Scáthanna* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008), 170.

¹⁶⁷ Féach Aguisín 3, 57-58.

¹⁶⁸ Máirín Nic Eoin, “Idir Dhá Chomhairle” / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish’, 224.

Faoi na 1980idí agus ar aghaidh go dtí na 1990idí bhí critic na Gaeilge á cur chun cinn go mór arís ag criticeoirí a bhí oscailte don déachas idirchultúrtha sa litríocht. In alt cáiliúil dá chuid, ‘Litríocht agus Pobal: Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiún’, mhol Gearóid Denvir Diarmaid Ó Súilleabháin as ucht an léirithe a thairg sé ar an gcoinníoll daonna agus ar shochaí a linne, agus é sin faoi thionchar cultúr éagsúil.¹⁶⁹ Thrácht sé ar dhéachas shaothar roinnt scríbhneoirí Gaeilge ó na 1970idí i leith, ar scríbhneoirí cathrach iad ar nós Dhiarmada Uí Shúilleabháin, Eoghain Uí Thuairisc, Alan Titley agus Tharlaigh Uí Uid, ag leagan béime ar fhorbairt nádúrtha na litríochta i measc chultúir éagsúla na hÉireann.

Milieu cathrach atá sna saothair seo ar fad. Níl aon bhlas den aigne phobail ná den aigne phoiblí le sonrú orthu, gan trácht ar chur síos ar shaol na Gaeltachta ná ar an seansaol. Téarmaí tagartha de chineál eile atá acu a bhaineas le saol nach bhfuil an Ghaeilge le fáil ann mar phríomhtheanga pobail. Mar a dúirt Eoghan Ó Tuairisc ar chlár teilifíse uair: ‘saoldearcadh na Galltachta atá agamsa, saoldearcadh an fhir lár tíre,’ agus mhaígh sé nach ionann sin beag ná mór agus saoldearcadh na Gaeltachta. ... Maireann an dream seo ar neamhchead do shaol na tuaithe, gan trácht ar shaol na Gaeltachta, agus is léar sin ar a saothar. An córas machnaimh, an córas meafarachta atá acu le friotal a chur ar an machnamh sin, eascraíonn sé as saol nach í an Ghaeilge an teanga atá in uachtar ann.¹⁷⁰

¹⁶⁹ Dúirt sé, ‘Níl aon amhras faoi ach gur ráiteas leanúnach firinneach faoi staid an duine i saol coimhthíoch na linne seo atá ina shaothar, idir úrscéalta, dhrámaí agus filíocht, agus go dtugann sé léargas ar an *condition humaine* a réitíos le leagan amach litríocht chomhaimseartha na hEorpa.’ Gearóid Denvir, ‘Litríocht agus Pobal: Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiún’ in *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997), 46-47.

¹⁷⁰ *Ibid.*, 47.

Scríbhneoirí is ea na scríbhneoirí ar thagair Denvir dóibh thuas ar tógadh taobh amuigh den Ghaeltacht iad agus a shealbhaigh an Ghaeilge agus a litríocht. Rinne siad cinneadh cur leis an litríocht sin, agus é sin a dhéanamh ar bhealach éagsúil. Ní féidir a shéanadh gur scríbhneoirí idirchultúrtha iadsan, ach gurbh é an Béarla príomhtheanga a n-óige.¹⁷¹ Tagraíonn Denvir do ‘s[h]ruth eile fós ag sníomh trí litríocht Ghaeilge na haoise seo agus atá mar a bheadh sé i gcois dhá leith idir an dá chineál scríbhneoireachta atá luaite agam.’¹⁷² Cuireann sé Máirtín Ó Cadhain, Máirtín Ó Díreáin, Liam Ó Flaithearta, Máire Mhac an tSaoi, Donnchadh Ó Céileachair, Seán Ó Ríordáin agus Pádraic Breathnach san áireamh sa sruth sin, mar aon le ‘daoine a thug leo an teanga chomh maith sin nach n-aithneofaí thar chainteoirí dúchais iad’, ina n-áiríonn sé Tomás Mac Síomóin, Michael Davitt, Liam Ó Muirthile, Mícheál Ó Siadhail agus Dáithí Ó hÓgáin.¹⁷³ I ráiteas a léiríonn castacht an déachais i nduine ar bith ach sna scríbhneoirí thuasluaite go háirithe, scríobh Denvir:

Is dúshlán do scríbhneoirí Gaeilge an lae inniu cumasc an dá thraidisiúin a chur i gcrích, oidhreacht an dá mhíle bliain d’fhás agus forbairt is Éire Ghaelach a nascadh le comhfhios Eorpach ó Dostoevsky, Nietzsche and Kafka anuas go dtí Camus, Beckett agus Sartre. Tá scríbhneoirí Gaeilge ann a shealbhaíos an dá thraidisiúin seo agus nach caitheamh aimsire ná maisiú ar an saol leo a gceird.¹⁷⁴

¹⁷¹ Scríbhneoir Gaeilge ar leith ab ea Tarlach Ó hUid a tógadh i Londain ag tuismitheoirí Sasanacha, gan bhaint acu le hÉirinn ach go raibh seanmháthair ó Chorcaigh aige. Trí leabhair Eoghain Uí Ghramhnaigh agus trí Chonradh na Gaeilge a chuir sé eolas ar theanga agus ar chultúr na hÉireann, sular aistrigh sé go hÉirinn sa bhliain 1938, áit a raibh baint aige le cúrsaí teanga mar aon le cúrsaí polaitíochta an ama. (www.ainm.ie)

¹⁷² Is iad an dream eile scríbhneoirí a dtagraíonn sé dóibh ná iadsan a tógadh sa Ghaeltacht agus arbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga a bhí acu le linn a n-óige. Ina measc siúd, luann sé Tomás Báiréad, ‘Máire’ agus Pádraic Óg Ó Conaire. Gearóid Denvir, ‘Litríocht agus Pobal: Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiúin’, 48.

¹⁷³ Gearóid Denvir, ‘Litríocht agus Pobal: Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiúin’, 48.

¹⁷⁴ Gearóid Denvir, ‘Litríocht agus Pobal: Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiúin’, 59.

Ní san alt sin amháin a rinne Gearóid Denvir iniúchadh ar dhéachas scríbhneoirí a linne féin. Déanann sé plé ar an ábhar céanna in ailt éagsúla eile dá chuid sa chnuasach céanna, *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, mar shampla ‘Ó Shíolteagasc go Critic’, ina bpléann sé nuairé litríochta a tháinig chun cinn le foilsiú shaothar Sheáin Uí Ríordáin, Mháirtín Uí Chadhain agus Mháirtín Uí Dhireáin. I bpáipéar a thug sé i gColáiste na Tríonóide faoin teideal ‘Peacaí an Fhíréin: Smaointeachas Mháirtín Uí Chadhain’, phléigh sé meon an Chadhnaigh i leith thionchar an dá chultúr ar a chéile i nGaeltacht a linne. Rinne Denvir iniúchadh ar iarrachtaí an Chadhnaigh an Ghaeltacht a fhorbairt agus a shlánú ón tionchar iasachta agus ón déachas iarchoilíneach.¹⁷⁵ Sna hailt éagsúla a scríobh Gearóid Denvir ar cheisteanna iomadúla na hidirchultúrthachta, ó cheisteanna an díchoilínithe go dtí deacrachtaí an déachais iarchoilínigh, feictear ceisteanna na Gaeilge agus na litríochta Gaeilge á bplé i gcomhthéacs na teoirice idirnáisiúnta. Déantar ceangal le mionteangacha áirithe iarchoilíneacha eile, agus litríocht na dteangacha úd. Forbraítear an teoiric sin de réir shainriachtanais na teanga agus na litríochta Gaeilge.

Criticeoir eile a thosaigh ag scríobh faoin idirchultúrthacht i litríocht na Gaeilge sa tréimhse chéanna sin na 1980idí agus 1990idí is ea Declan Kiberd. In ailt dá chuid, phléigh sé an idirchultúrthacht in *Mo Bhealach Féin*, le Seosamh Mac Grianna, i saothar Mháirtín Uí Chadhain agus i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin.¹⁷⁶ Ina alt ‘Idir Dhá Cheann na hImní’, ardaíonn Declan Kiberd ceisteanna spésiúla mar gheall ar an dátheangachas, scríbhneoirí dátheangacha agus a gcinneadh tabhairt faoin

¹⁷⁵ Gearóid Denvir, ‘Peacaí an Fhíréin: Smaointeachas Mháirtín Uí Chadhain’, 57.

¹⁷⁶ Declan Kiberd, ‘*Mo Bhealach Féin*: Idir Dhá Thraidisiún’; Declan Kiberd, ‘Meon na Ciontachta: Scrúdú ar Stíl Ghearrscéalaíochta Mháirtín Uí Chadhain’ in Seán Mac Giolla Riabhaigh (eag.) *Irisleabhar Mhá Nuad 1972* (Maigh Nuad: Cullacht Cholmcille, 1972); Declan Kiberd, ‘Seán Ó Ríordáin: File Angla-Éireannach?’ in *Idir Dhá Chultúr* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993).

scríbhneoireacht i mionteanga na Gaeilge. Tá an méid a deir Kiberd thíos ag teacht le meon Phádraic Bhreathnaigh féin i leith na Gaeilge, gur fearr mar a réitíonn sí dá mheon agus dá chruthaitheacht mar údar:

B'fhéidir gur fearr dúinn a admháil nach é an scríbhneoir a roghnaíonn an teanga, ach gurb í an teanga a aimsíonn agus a spreagann an scríbhneoir, luath nó mall.¹⁷⁷

Thagair Kiberd do scríbhneoir comhaimseartha, Michael Hartnett, a thréig an Béarla i bhfabhar na Gaeilge tar éis dó cáil a bhaint amach sa Bhéarla. D'áitigh sé:

Ní fadhb í seo a bhain le scríbhneoirí na hathbheochana amháin óir is ceist chomhaimseartha í chomh maith. Cuimhnigh ar an bhfile Michael Hartnett a thuill clú dó féin mar Bhéarlóir agus a chas ansin ar an nGaeilge ar feadh tamall de bhlianta sa chnuasach cumasach dar teideal *A Farewell to English*.¹⁷⁸

Is cine idirchultúrtha na hÉireannaigh i gcoitinne, bíodh an Ghaeilge nó an Béarla mar mháthairtheanga acu. Mar chine, maireann na hÉireannaigh idir dhá chultúr, idir dhá theanga, fiú más é an Béarla a rogha teanga, de bharr tionchar na Gaeilge ar Bhéarla na hÉireann. Sna hailt a luadh thuas, d'ardaigh Kiberd buncheisteanna mar gheall ar aitheantas an duine i sochaí idirchultúrtha agus an rogha, nó an easpa rogha, atá ag an scríbhneoir idirchultúrtha faoin teanga ina gcuireann sé é féin in iúl. Dar ndóigh, ní 'fadhb' a bhain nó a bhaineann le cás na hÉireann nó na Gaeilge amháin atá inti ach an oiread. Tagann cás Ngũgĩ Wa Thiong'o, a pléadh thuas, chun cuimhne anseo, scríbhneoir a thréig an Béarla chun tabhairt faoin scríbhneoireacht i gceann dá

¹⁷⁷ Declan Kiberd, 'Idir Dhá Cheann na hImní' in *Idir Dhá Chultúr* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993), 74.

¹⁷⁸ Ibid.

theangacha dúchasacha féin, Gikuyu, cé gur mionteanga atá inti ar bhonn idirnáisiúnta i gcodarsnacht leis an mBéarla.

Criticeoir eile a scríobh taca an ama chéanna faoin idirchultúrthacht i litríocht na Gaeilge is ea Alan Titley. In alt dá chuid, ‘*Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus Irish Literature*’, pléann Alan Titley an déachas i litríocht na Gaeilge ó aimsir na hAthbheochana i leith. Tráchtann Titley ar shaothar Phádraig Mhic Phiarais, Phádraic Uí Chonaire, Sheosaimh Mhic Grianna, Sheáin Uí Ríordáin agus Mháirtín Uí Chadhain. Déantar suimiú iontach ar an gcumasc cultúrtha i litríocht na Gaeilge, agus i saothar na scríbhneoirí thuas ach go háirithe, mar seo a leanas:

[is] é bunchaingean nó téama fuaimintiúil scríbhneoirí tuistíochta na Gaeilge san aois seo ná meas a bheith againn ar ár dtraidisiúin ach gan ligean dóibh labhairt ar ár son. ... Ní féidir leis an scríbhneoir Gaeilge scríobh taobh amuigh den traidisiún mar níl sa traidisiún, ar deireadh thiar, ach an Ghaeilge féin.¹⁷⁹

Léiriú cumhachtach ar an teagmháil idir an scríbhneoir agus an traidisiún is ea abairt dheireanach Titley thuas. Nochtann sé léargas ar áit, ar stádas agus ar easpa teorainneacha na litríochta Gaeilge comhaimseartha. Is í an idirchultúrthacht i litríocht na Gaeilge i dtreo dheireadh na mílaoise ábhar ailt eile de chuid Titley, ‘*Contemporary Irish Literature*’, ina mórann sé Diarmaid Ó Súilleabháin agus Eoghan Ó Tuairisc, i measc scríbhneoirí eile, as ucht nuálacht a saothair, rud a raibh géarghá leis, dar le Titley. D’áitigh sé:

¹⁷⁹ Alan Titley, ‘*Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus Irish Literature*’ in *Chun Doirne: Rogha Aistí* (Belfast: Lagan Press, 1996). Foilsíodh an t-alt seo roimhe sin in Seán Ó Mórdha (eag.) *Scríobh* 5 (1981).

It is impossible to write in Irish outside the Irish tradition, since to write in Irish at all is a reinforcement, an expansion and a continuation of that tradition. ... Only when we accept that Irish literature fully consists of all those who have chosen to write in that language with imagination and feeling, no matter how hesitantly and despite the sins of solecism and idiomatic wrenching, can we view clearly where we have come during the last forty years.¹⁸⁰

Ní hamháin go mbaineann an idirchultúrthacht leis an litríocht féin, dar le Titley. Ina alt ‘Mála an Éithigh’ a foilsíodh sna luath1990idí, tagraíonn sé do theacht chun cinn na critice Gaeilge agus í go mór faoi thionchar chritic teangacha eile, go háirithe critic an Bhéarla. Cé go dtugann sé aitheantas do shárshaothar Bhreandáin Uí Dhoibhlin sa ghort sin, d’áitigh sé:

... tá chomh maith againn a admháil gur ón mBéarla isteach a thagann agus a tháinig riamh formhór ár dtrealaimh chritice sa Ghaeilge – fiú más ón bhFraincis a shroicheadar chun an Bhéarla an chéad lá riamh.¹⁸¹

Ó na 1990idí i leith, agus go háirithe ó chasadh na mílaoise i leith, feictear glacadh i bhfad níos fonnmhair le tréithe na hidirchultúrthachta i litríocht na Gaeilge i measc criticeoirí agus léirmheastóirí. Feictear é sin, mar shampla, in alt de chuid Phádraigín Riggs ag casadh na mílaoise:

Ag féachaint siar anois ar shaothar céad éigin bliain, is é sin le rá, ar an ní ar a dtugtar ‘nualitríocht na Gaeilge’, feictear dom gurb í an tréith is mó a

¹⁸⁰ Alan Titley, ‘Contemporary Irish Literature’ in *The Crane Bag*, Vol. 5, No. 2, Irish Language and Culture: An tEagrán Gaelach (1981), 59-60.

¹⁸¹ Alan Titley, ‘Mála an Éithigh’ in Pádraig Ó Fiannachta (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XXI: An tÚrscéal sa Ghaeilge* (Maigh Nuad: An Sagart, 1991), 187.

shainmhíonn an litríocht sin ná taibhse bhunsheasmhach uileláithreach an Bhéarla.¹⁸²

I dtreo dheireadh an ailt chéanna, d'áitigh Riggs, 'Ní féidir aontíos an dá theanga a shéanadh.'¹⁸³ Léiríonn taighde scoláirí ar nós Nancy Stenson,¹⁸⁴ Shiobhán Ní Laoire¹⁸⁵ agus Bhrian Uí Chatháin¹⁸⁶ gur feiniméan ríchoitianta i ngnáthúsáid na mionteanga an códmhalartú, an códmheascadh agus próiseas an phidseanaithe agus an chriólaithe mionteangacha. In alt géarchúiseach dá cuid, léirigh Nancy Stenson na hathruithe i bpatrún na n-iasachtaí atá le sonrú sa Ghaeilge Iarthraidisiúnta. D'áitigh sí:

Borrowing from English has not only increased dramatically, but has in some cases changed in quality as well, with recent loans differing from earlier ones in the phonological forms they take.¹⁸⁷

Ag tagairt di don Ghaeilge Iarthraidisiúnta sna ceantair Ghaeltachta, d'áitigh sí:

In general, then, it seems fairly clear that adoption of new segments is becoming the dominant strategy for treatment of loans at present. This is not

¹⁸² Pádraigín Riggs, 'Caint na nDaoine: An Chaint agus Na Daoine' in Mícheál Ó Cearúil (eag.) *Aimsir Óg: Cuid a Dó* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 78.

¹⁸³ *Ibid.*, 89. Is le Pádraigín Riggs féin an bhéim.

¹⁸⁴ Nancy Stenson, 'Variations in Phonological Assimilation of Irish Loanwords' in Mushira Eid and Gregory Iverson (eds) *Principles and Prediction: The Analysis of Natural Languages*. (1993), 351. (ProQuest Ebook Central, <http://ebookcentral.proquest.com/lib/nuim/detail.action?docID=793564>, rocht. 25/02/2017); Nancy Stenson, 'English Influence on Irish: The Last 100 Years' in *Journal of Celtic Linguistics*, Vol. 2 (1993), 107-128.

¹⁸⁵ Shiobhán Ní Laoire, 'Teangacha i dTeagmháil: Códmhalartú, Pidseaná agus Criólú' in Tadhg Ó hÍfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012), 49-66; Shiobhán Ní Laoire, 'Ionramháil stíle mar chleachtas sóisialta: códmhalartú agus iasachtaíocht i gcorpas comhaimseartha Gaeilge' in Brian Ó Catháin (eag.), *Léachtaí Cholm Cille XXXIX: Sochtheangeolaíocht na Gaeilge* (Maigh Nuad: An Sagart, 2009), 188-219.

¹⁸⁶ Brian Ó Catháin, 'Malartú agus Bás Teanga' in Tadhg Ó hÍfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012), 67-82; Brian Ó Catháin, 'Dearcadh an Teangeolaí ar Chomharthaí Sóirt Ghaeilge an Lae Inniu' in Ruairí Ó hUiginn (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XXXI: Ceist na Teanga* (Maigh Nuad: An Sagart, 2001), 128-149.

¹⁸⁷ Nancy Stenson, 'Variations in Phonological Assimilation of Irish Loanwords', 351.

surprising, in view of the widespread, almost universal, bilingualism now found among Irish speakers throughout the Gaeltacht regions.¹⁸⁸

Dar le Siobhán Ní Laoire is ‘cuid de *repertoire* teangeolaíoch an dátheangaigh líofa é an códmhalartú’.¹⁸⁹ Thairis sin, chuir sí in iúl go bhfuil ‘rialacha sochtheangeolaíocha ag baint lena cheartúsaid’,¹⁹⁰ ag léiriú gur gá smacht a fháil ar stíl agus ar chomharthaí sóirt na réime teanga áirithe sin agus a oiriúnacht ag ócáidí éagsúla a thomhais. Déanfar plé ar chódmhalartú agus ar chódmheascadh i ngearrscéalaíocht an Bhreathnaigh i gCaibidil 3.

Dar le Conchúr Ó Giollagáin, tá iompar teanga spleách ar struchtúir chultúrtha agus shóisialta agus ar bhrúnna éagsúla óna n-eascaíonn an t-aistriú teanga ó Ghaeilge go Béarla go minic.¹⁹¹ Déachas mhuintir na Gaeltachta féin, mar aon le lucht labhartha na Gaeilge, atá mar ábhar i gcuid den dioscúrsa seo. Feictear gnéithe éagsúla de sin arna léiriú ag ionadaithe ó go leor cearn de shaol na Gaeilge sa leabhar ‘*Who Needs Irish*’: *Reflections on the Importance of the Irish Language Today*,¹⁹² sna saothair shainiúla *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*,¹⁹³ agus *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*,¹⁹⁴ agus i *Léachtaí Cholm Cille XXXIX: Sochtheangeolaíocht na Gaeilge*,¹⁹⁵ i measc go leor alt agus saothar eile. Tá

¹⁸⁸ Ibid., 364.

¹⁸⁹ Siobhán Ní Laoire, ‘Teangacha i dTeagmháil: Códmhalartú, Pidseanú agus Criólú’, 49.

¹⁹⁰ Ibid.

¹⁹¹ Conchúr Ó Giollagáin, ‘An Antraipeolaíocht Teanga’ in Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, 20.

¹⁹² Ciarán Mac Murchaidh (eag.), *‘Who Needs Irish’: Reflections on the Importance of the Irish Language Today* (Dublin: Veritas Publications, 2004).

¹⁹³ Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*.

¹⁹⁴ Ciarán Lenoach, Conchúr Ó Giollagáin agus Brian Ó Curnáin (eag.), *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas* (Indreabhán: Leabhar Breac, 2012).

¹⁹⁵ Brian Ó Catháin (eag.), *Léachtaí Cholm Cille XXXIX: Sochtheangeolaíocht na Gaeilge*.

curtha go mór ag scoláirí ar nós Bhriain Uí Churnáin, Chiaráin Lenoach, Chonchúir Uí Ghiollagáin, Bhriain Uí Chatháin, Nancy Stenson, Thaidhg Uí Ifearnáin, Shiobhán Ní Laoire, John Walsh agus Laoise Ní Dhúda leis an dioscúrsa sin le blianta beaga anuas.

Ba í an tsochtheangeolaíocht in Éirinn chomhaimseartha ábhar plé Chiaráin Lenoach chomh maith ina alt ‘Dioscúrsa na Gaeilge Iarthraidisiúnta: Dioscúrsa ar Strae’, alt inar léirigh sé go bhfuil meath tapaidh tagtha ar Ghaeilge na Gaeltachta ó na 1960idí i leith faoi thionchar an Bhéarla isteach, agus comh-mheascadh an dá theanga sna ceantair Ghaeltachta ó shin i leith.

Á ndlúthú go tréan le domhan an Bhéarla ó shin i leith atá pobail mhionteanga na Gaeltachta i dtaca le cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus oideachais de. I mbeagán focal, tá pobal na Gaeltachta á ndí-éitniú agus á ndífhreamhú óna ndúchas stairiúil ar bhonn leanúnach agus fíorghasta ó shin.¹⁹⁶

Dar le Lenoach, is éard atá tar éis titim amach ná go bhfuil Gaeilge Iarthraidisiúnta tagtha chun cinn sna ceantair Ghaeltachta ó shin, agus í ag scáthánú na n-athruithe soch-chultúrtha atá tar éis titim amach sna ceantair Ghaeltachta ó na 1960idí i leith.¹⁹⁷ Anuas air sin, dar le Brian Ó Curnáin, bhí an Ghaeilge Neamhthraidisiúnta tagtha chun cinn go láidir fiú amháin i gceantair fhíorGhaeltachta faoi bhlianta deireanacha na haoise seo caite.¹⁹⁸ Tagraíonn Ó Curnáin do thrí thréimhse garbha i gcointeanóid an tsealbhaithe teanga, mar atá an tréimhse go dtí 1960 nuair ba í an Ghaeilge

¹⁹⁶ Ciarán Lenoach, ‘Dioscúrsa na Gaeilge Iarthraidisiúnta: Dioscúrsa ar Strae’ in *Comhar* Iml. 72, Uimh. 3, (Márta, 2012), 7-8.

¹⁹⁷ *Ibid.*, 8.

¹⁹⁸ Brian Ó Curnáin, ‘Mionteangú na Gaeilge’ in Brian Ó Catháin (eag.), *Léachtaí Cholm Cille XXXIX: Sochtheangeolaíocht na Gaeilge* (Maigh Nuad: An Sagart, 2009), 122.

Thraidisiúnta a shealbhaítí; an tréimhse ó 1960 go dtí 1990 nuair ba í an Ghaeilge Neamhthraidisiúnta a shealbhaítí, agus; an tréimhse ó 1990 i leith nuair is í an Ghaeilge Laghdaithe a shealbhaítear.¹⁹⁹ Gaeilge Iarthraidisiúnta a thugann sé ar an gcineál Gaeilge a bhaineann leis an nGaeilge Neamhthraidisiúnta agus leis an nGaeilge Laghdaithe, araon.²⁰⁰

In alt géarchúiseach dá chuid, thagair Conchúr Ó Giollagáin do shealbhú na Gaeilge i measc pobail Ghaeltachta i dtreo dheireadh thréimhse staidéir an tráchtais seo trí iniúchadh a dhéanamh ar staitisticí dhaonáireamh na bliana 2002. De réir an taighde sin, tagann athrú suntasach ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht mar theanga phobail nuair a thiteann líon na gcainteoirí faoi bhun dhá thrian den phobal sin, ábhar a bhaineann go dlúth le ceantair Ghaeltachta agus Bhreac-Ghaeltachta sa lá atá inniu ann ar nós cheantar dúchais an Bhreathnaigh.²⁰¹ Dar le hÓ Giollagáin, nuair a thiteann líon na gcainteoirí gníomhacha faoin tairseach sin:

... áiríonn na cainteoirí gníomhacha Gaeilge atá ar marthain sa phobal go bhfuil siad ag feidhmiú i ngréasán nach bhfuil ach tacaíocht pháirteach nó teoranta á roinnt leo ón phobal trí chéile. Is é an titim faoi bhun na tairsí de dhá thrian den phobal a bheith ina gcainteoirí gníomhacha Gaeilge an pointe athraithe ina

¹⁹⁹ Idir an dá alt ‘An Chanúineolaíocht’ in Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, agus ‘An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus an Phragmataic Chódmheasctha Thiar agus Theas’ in Ciarán Lenoach, Conchúr Ó Giollagáin agus Brian Ó Curnáin (eag.), *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas* (Indreabhán: Leabhar Breac, 2012), tagraíonn Ó Curnáin do phatrún sealbhaithe teanga in Iorras Aithneach, i gConamara agus i gCorca Dhuibhne le linn na dtréimhsí thuasluaite.

²⁰⁰ Brian Ó Curnáin, ‘An Chanúineolaíocht’ in Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, 102.

²⁰¹ Conchúr Ó Giollagáin, ‘An Mionteangachas agus na hEolaíochtaí Teanga’ in Ciarán Lenoach, Conchúr Ó Giollagáin agus Brian Ó Curnáin (eag.), *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*, 202.

ndéantar na gréasáin Ghaeilge a dhífhreamhú óna bpobal limistéarach agus ina láidritear an bhunchloch shóisialta d'úsáid an Bhéarla sa phobal.²⁰²

Ó thaobh an cheantair bhreac-Ghaeltachta áirithe a mbaineann Pádraic Breathnach leis, Maigh Cuilinn, féadtar mórathruithe i gcleachtas teangeolaíoch an phobail a aithint le leathnú amach chathair na Gaillimhe i dtreo Mhaigh Cuilinn. Le fás an bhaile agus le lonnú ann do dhaoine nach cainteoirí gníomhacha Gaeilge iad, tá laghdú suntasach tagtha ar cheatadán na gcainteoirí gníomhacha, rud a ndéanann Pádraic Breathnach féin tagairt dó san agallamh a rinne sé le húdar an tráchtais seo.²⁰³ Thagair Ó Giollagáin don athrú cleachtais sin:

Cuid den íoróin chultúrtha a bhaineann le ré an domhandaithe is ea an borradh a thiochfaidh ar an dátheangachas/ilteangachas pearsanta agus an laghdú a thiochfaidh ag an am céanna ar an ilghnéitheacht teanga ar domhan.²⁰⁴

Dar le hÓ Giollagáin, tá sé deacair tréith ar bith suntasach eitniúlachta a aithint a idirdhealaíonn pobal Gaeltachta ó phobal neamh-Ghaeltachta, ach amháin taithí an phobail sin ar chultúr teangeolaíoch na Gaeilge.²⁰⁵ I measc phobail na Gaeltachta léirítear mórtas i dtaca leis an bhféiniúlacht teanga seo, dar le hÓ Giollagáin, de bharr gur sainaitheantas faoi leith atá ann. Tá an mórtas sin as an tréith shainiúil dá dhúchas pearsanta le sonrú go tréan sa léargas a thugann Pádraic Breathnach san agallamh a luadh thuas ar an gcaidreamh atá aige leis an nGaeilge.

²⁰² Conchúr Ó Giollagáin, 'Torthaí an *Stáidéir chuimsithigh theangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Impleachtaí don phobal agus don Stát*' in Brian Ó Catháin (eag.), *Léachtaí Cholm Cille XXXIX: Sochtheangeolaíocht na Gaeilge* (Maigh Nuad: An Sagart, 2009), 163.

²⁰³ Féach Aguisín 3.

²⁰⁴ *Ibid.*, 217.

²⁰⁵ Conchúr Ó Giollagáin, 'An Antraipeolaíocht Teanga' in Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, 21.

Ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna reatha atá ann do cheantair bhreac-Ghaeltachta, tá taighde cuimsitheach curtha i gcrích ag Laoise Ní Dhúda ar cheist na pleanála teanga, an bheartais teanga agus na bainistíochta teanga i gceantar breac-Ghaeltachta ar leith. Aithníonn an taighde sin riachtanas an chur chuige dhéghnéithigh i dtaca le bainistíocht teanga, mar atá an bhainistíocht shimplí ag an micrileibhéal, agus an bhainistíocht eagraithe ag an maicrileibhéal. Bua a bhaineann leis an gcur chuige sin, dar le Ní Dhúda, is ea go bhfuil sé ‘daonlathach mar go bhfuil guth an duine agus imeachtaí an phobail lárnach sa phróiseas.’²⁰⁶

In alt a foilsíodh in *Comhar* sa bhliain 2015, chuir John Walsh in iúl gur teanga ildánach í an Ghaeilge agus cé go bhfuil meath mór tagtha uirthi sna ceantair thraidisiúnta Ghaeltachta ó na 1960idí i leith, nach ionann sin agus scéal iomlán na teanga. ‘Nuachainteoirí na Gaeilge’ a thugann sé ar chainteoirí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.²⁰⁷ Gaeilge Iarthraidisiúnta atá ag cuid mhaith acu siúd, de réir mar a shainmhínigh Ciarán Lenoach í,²⁰⁸ agus is sna nuachainteoirí seo, mar aon le cainteoirí na Gaeltachta, atá dóchas thodhchaí na Gaeilge, dar le Walsh.²⁰⁹ In alt a scríobh Walsh i gcomhpháirt le Bernadette O’Rourke, ‘*Mudes* teangeolaíochta agus nuachainteoirí na Gaeilge’, díritear ar *mudes* nó pointí claochlaithe i gcleachtas teanga an duine aonair i rith s(h)aolré. Mar thoradh ar ‘*mudes*’, nó athruithe suntasacha i gcleachtas teanga an duine, tagann teanga amháin dá c(h)uid teangacha chun treise. Trí iniúchadh a

²⁰⁶ Laoise Ní Dhúda, ‘Pobal Gaeltachta an Bhreacbhaile: Cás-staidéar Sochtheangeolaíoch agus Eitneagrafaíoch sa Bheartas Teanga’ in John Kirk (ed.) *Sustaining Minority Language Development* (Belfast, Queen’s University Press, 2011), 96-113.

²⁰⁷ John Walsh, ‘Nuachainteoirí na Gaeilge: Deiseanna agus Dúshlán’ in *Comhar* Iml. 75, Uimh. 5 (Bealtaine, 2015), 14.

²⁰⁸ Ciarán Lenoach, ‘Dioscúrsa na Gaeilge Iarthraidisiúnta: Dioscúrsa ar Strae’, 7-8.

²⁰⁹ John Walsh, ‘Nuachainteoirí na Gaeilge: Deiseanna agus Dúshlán’, 14.

dhéanamh ar na *mudes* coitianta teangeolaíocha a bhaineann le nuachainteoirí na Gaeilge, dar le Walsh agus O'Rourke, féadtar:

... an t-ord nua cumarsáideach a thuiscint mar fheiniméan solúbtha, luaineach agus athraitheach a bhfuil súil aige ar an todhchaí seachas mar staid statach, reoite agus docht atá bunaithe ar oidhreacht amháin.²¹⁰

De réir mar atá na hathruithe teangeolaíocha seo ag titim amach .i. de réir mar atá nuachainteoirí tagtha chun tosaigh, is léir go bhfuil athrú, leis, tagtha ar choincheap na Gaeltachta, na breac-Ghaeltachta agus seanchoincheap na 'Galltachta'. D'áitigh siad gur 'osclaíodh spásanna nua úsáide don Ghaeilge'²¹¹ agus leis sin cruthaíodh 'ordlathas agus caidreamh nua idir saghasanna éagsúla cainteoirí.'²¹² Is é is toradh leis an athrú teangeolaíoch sin, dar le Walsh, ná gur 'ag dul ar ceal atá an t-idirdhealú teangeolaíoch idir an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus sa chuid eile den tír.'²¹³

Ag filleadh ar cheist na hidirchultúrthachta sa chritic liteartha, níl aon dabht ach gurb í Máirín Nic Eoin an criticeoir Gaeilge is mó a chuir critic na hidirchultúrthachta i litríocht na Gaeilge chun cinn. In alt tábhachtach a rinne iniúchadh ar an idirchultúrthacht i gcritic liteartha na Gaeilge, 'Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish', dhearbhaigh Máirín Nic Eoin áit na hidirchultúrthachta i gcritic liteartha na linne seo.²¹⁴ San alt sin, leag Nic Eoin amach na príomhchineálacha déachais idirchultúrtha atá le sonrú i litríocht na Gaeilge,

²¹⁰ John Walsh agus Bernadette O'Rourke, '*Mudes* teangeolaíocha agus nuachainteoirí na Gaeilge' in COMHAR*Taighde* Eagrán 1 (Samhain, 2015), 2.

²¹¹ *Ibid.*, 4.

²¹² *Ibid.*

²¹³ *Ibid.*

²¹⁴ Máirín Nic Eoin, 'Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish', 225.

ón gcros-síolracht ar bunábhar de chuid shaothar an Ríordánaigh é, go dtí an cumasc cultúrtha a fheictear i saothar filí níos déanaí ar nós Michael Davitt agus Louis de Paor agus i saothar próis-scríbhneoirí mar Dhiarmaid Ó Súilleabháin agus Eoghan Ó Tuairisc. Dar le Nic Eoin, bíonn scríbhneoirí idirchultúrtha na mionteanga feasach i gcónaí gur i ngreim an dá bhruach cultúrtha a shaothraíonn siad.²¹⁵

In alt eile dá cuid, ‘*Idir Dhá Theanga: Irish-Language Culture and the Challenges of Hybridity*’, phléigh Nic Eoin an chros-síolracht chultúrtha mar aon le hathruithe teangeolaíocha, agus an nasc eatarthu.²¹⁶ Ag dul go croí na cros-síolracha i gcultúr agus i litríocht na Gaeilge, leagtar amach an bundúshlán atá rompu siúd a bhfuil Gaeilge acu agus a chleachtann an cultúr Gaelach in Éirinn na linne seo:

... the crucial issue is whether Irish-language culture can be defined and located, or should we accept that, like all living phenomena, Irish-language culture is being constantly redefined and relocated, as it attempts to maintain a recognisable presence in an increasingly hybridised national culture.²¹⁷

Is é mórshaothar Mháirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* (2005), an saothar is cuimsithí agus is tábhachtaí a théann i ngleic le gnéithe den idirchultúrthacht i litríocht Ghaeilge na freacnairce. Mar a thugann an teideal le fios is tríd an dlíáithriú cultúir agus teanga a léirítear an idirchultúrthacht i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge i saothar critice Nic Eoin. Mar a pléadh thuas, gné den scríbhneoireacht idirchultúrtha go minic is ea nach

²¹⁵ Ibid., 226.

²¹⁶ Máirín Nic Eoin, ‘*Idir Dhá Theanga: Irish-Language Culture and the Challenges of Hybridity*’ in Ciarán Mac Murchaidh (eag.) ‘*Who Needs Irish?*’: *Reflections on the Importance of the Irish Language Today* (Dublin: Veritas Publications, 2004), 125-139.

²¹⁷ Ibid., 123.

mothaíonn an scríbhneoir gur leis i gceart ceachtar de chultúir a tíre féin. ‘Gné lárnach de dhráma na teanga’ is ea a thugann Máirín Nic Eoin air seo.²¹⁸

Tríd an saothar tábhachtach seo, léirítear meon scríbhneoirí áirithe Gaeilge na haoise seo caite agus na haoise seo. Feictear go n-aithníonn siad iad féin mar bhaill de shochaí mhionlaithe, imeallaithe, agus léirítear na deacrachtaí a bhaineann le héalú ón meon agus ón tuiscint sin. ‘Scríbhneoirí a bhraitheann iarmhairtí an choimhthithe cultúir’²¹⁹ a thugann Nic Eoin ar an gcineál scríbhneora seo. Cuireann Nic Eoin an cheist, ‘... an mar laincis nó mar dhúshlán a fhéachfaidh siad ar staid an mheáin atá roghnaithe acu.’²²⁰ Le linn an tráchtais seo cuirfear in iúl gur mar dhúshlán agus ní mar laincis ar bith a d’fhéach agus a fhéachann Pádraic Breathnach ar a rogha meán scéalaíochta.

D’áitigh Nic Eoin, ‘nach í an íonghlaineacht teanga an tslat tomhais is oiriúnaí a thuilleadh le saothair chomhaimseartha Ghaeilge a mheas. Níor mhór glacadh leis gur cros-síolrach de chineál éigin é gach táirgeadh cultúir a chuirtear ar fáil sa Ghaeilge’.²²¹ Léiríonn an ráiteas sin dósheachantacht an chumaisc chultúrtha maidir le litríocht na Gaeilge, faoi mar a mhol Nic Eoin ina dhiaidh sin ina halt ‘Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish’, agus céim ar aghaidh ón gcoimhlint inmheánach ar chuid lárnach í de chros-síolracht Homi Bhabha. Anuas air sin, léirigh an teangeolaí Brian Ó Catháin gur gá glacadh le suíomh réalaióch na teanga reatha, ina alt ‘Dearcadh an Teangeolaí ar Chomharthaí Sóirt Ghaeilge an Lae Inniu’ in *Léachtaí Cholm Cille XXXI: Ceist na Teanga*:

²¹⁸ Ibid., 46.

²¹⁹ Ibid., 242.

²²⁰ Ibid.

²²¹ Ibid., 404.

Ní mór dúinn a admháil gur mionteanga – nó teanga neamhfhorleathan, más fearr leat an téarma sin – í an Ghaeilge agus gur ag snámh in aghaidh an Bhéarla atá sí mar theanga phobail le ar a laghad dhá chéad bliain anuas.²²²

In aiste ghéarchúiseach a foilsíodh go míosúil i gceithre chuid in *Comhar* sa bhliain 2015, thug Máirín Nic Eoin aghaidh ar áit na litríochta Gaeilge comhaimseartha ar bhonn domhanda. Athrú fócais ar an idirchultúrthacht in Éirinn atá sna hailt seo a chuireann litríocht na Gaeilge, litríocht na mionteanga, ar ardán domhanda, á cur ar comhchéim le litríocht na mórtheangacha. Díritear ar ról na litríochta Gaeilge chun nasc a chruthú le litríocht an domhain i dteangacha eile.²²³ Léiríonn Nic Eoin déachas na bhfilí Gaeilge comhaimseartha trí mheán a gcuid filíochta ar mhórcheisteanna agus ar ghníomhartha cogáiocha na cruinne lena linn féin. Scríobh sí, ‘Ní féidir comhbhá le pobail eile a léiriú gan fiosracht agus feasacht thraschultúrtha.’²²⁴ Sa bhliain 1906, mhol Pádraig Mac Piarais do scríbhneoirí na Gaeilge breathnú i dtreo na litríochta Eorpaí, agus ní haon ábhar iontais é go bhfeictear an chomhairle sin á cur i gcrích i gcuid de shaothar liteartha na Gaeilge go fóill. Ní hamháin gur litríocht Eorpach í, ach is litríocht dhomhanda í litríocht na Gaeilge inniu.

Tá formhór dá shaol go dtí seo caite ag Pádraic Breathnach idir dhá chultúr. Le linn laethanta a óige i Maigh Cuilinn, ba é an cultúr Gaelach trí chéile an príomhthionchar a bhí air. Cé gur Breac-Ghaeltacht a bhí i Maigh Cuilinn le linn óige an Bhreathnaigh,

²²² Brian Ó Catháin, ‘Dearcadh an Teangeolaí ar Chomharthaí Sóirt Ghaeilge an Lae Inniu’ in Ruairí Ó hUiginn (eag.) *Léachtaí Cholm Cille XXXI: Ceist na Teanga* (Maigh Nuad: An Sagart, 2001), 129.

²²³ Máirín Nic Eoin, ‘Litríocht Mhionlaigh agus /nó Litríocht Dhomhanda?’ in *Comhar* Iml. 75, Uimh. 1 (Eanáir, 2015), 19-20.

²²⁴ *Ibid.*, 22.

agus atá fós, ba í an Ghaeilge teanga a theaghlaiigh féin agus teanga formhór mhuintir na háite, ina dteannta.

Tar éis dó an bhunscoil a fhágáil tháinig casadh i scéal an Bhreathnaigh. D'fhreastail sé ar choláiste deoiseach Chathair na Gaillimhe, mar atá, Coláiste Muire, ag taisteal idir an dá áit agus idir an dá chultúr go laethúil ar a rothar. Tumadh i ndomhan eile é ag an bpointe sin, domhan Gallda a bhí eachtrannach dó ina raibh air dul i dtaithe ar chórais agus ar chultúr nua agus air féin mar dhuine idir an dá chultúr agus an dá chóras sin. Mar sin, ba le linn na hidirthréimhse déine sin, idirthréimhse ina bhfuil an duine ag iarraidh teacht chuige féin agus air féin, is aithne a chur air féin, agus a bhfuil coimhthíos agus neamhshocracht go leor ag baint léi, a foilsíodh deacracht an déachais dó freisin. D'éirigh leis, ar ndóigh, forbairt bhreá a dhéanamh mar dhuine agus tuiscintí a shealbhú faoi féin agus ar a áit i gcultúr comhaimseartha na hÉireann. D'éirigh leis forbairt agus neartú mar scríbhneoir a thuigeann an déachas sin atá lárnach i sochaí agus i gcultúr comhaimseartha na hÉireann, agus, níos tábhachtaí ná é a thuiscint, go nglacann sé leis mar staid réalaíoch shuíomh cultúrtha na tíre.

Is cinnte go bhfuil an déachas idirchultúrtha lárnach i saothar an scríbhneora Bhreac-Ghaeltachta seo agus is dealraitheach go réitíonn sé an dá chultúr ina intinn féin níos fearr ná mar a rinne leithéid Sheáin Uí Ríordáin nó Mháirtín Uí Dhireáin ón nglúin roimhe, beirt scríbhneoirí a raibh an déachas idirchultúrtha ina cheist achrannach acu de shíor. Ghlac Pádraic Breathnach le fírinne an déachais i saol an Éireannaigh iarchóilínigh agus tá sé seo le feiceáil ina stíl, ina fhriotal, sa chaoi nár chloígh sé le rialacha dochta an chaighdeáin i gcónaí ina chuid scríbhneoireachta. Tá sé níos fusa don té ar leis an cultúr imeallaithe glacadh le himpleachtaí agus le fírinne an

idirchultúrchais de bharr gur cuid lárnach dá shíce ó aois i bhfad níos óige é ná mar atá i gceist i gcás an té a thagann go dtí an cultúr sin ó chultúr an tromlaigh ag aois níos sine agus ionchais neamhréalaíocha aige ar uairibh i leith an chultúir imeallaithe.

É sin ráite, cuireann an scríbhneoir mionteanga an-dua air féin ar mhaithe le beagán aitheantais a ghnóthú ina thír féin fiú amháin. Mar a dúirt Gearóid Denvir ina alt ‘Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiún’:

Cinneadh comhfhiosach a dhéanas an duine a scríobhas d’aonturas i mionteanga agus teanga dhomhanda eile ar a thoil aige, agus caithfidh bonn a bheith leis an gcinneadh sin.²²⁵

Léirigh Breandán Ó Doibhlin leis, a laghad aitheantas ar chóir don scríbhneoir mionteanga a bheith ag súil leis, ina alt ‘Smaointe ar Chúrsaí Próslitríochta’:

Ach amháin nach le gnáthuaigneas an ealaíontóra amháin a ghabhann sé in Éirinn, ach ar chineál de dheoraíocht inmheánach a scarann amach é, ní hamháin ó ‘dhaorscar na céille,’ ach ó thromlach mór a mhuintire féin, agus ó bheagnach gach institiúid phoiblí a bhféadfadh sé a bheith ag dréim le tacaíocht uaithi sa ghnáth-thír. Dá fheabhas é, ní aithneofar é ach ag dream beag, codán beag de thír bheag, gan trácht ar aon mhacalla a mhúscailt ar an choigríoch.²²⁶

Ní raibh ar Phádraic Breathnach riamh rogha a dhéanamh idir an dá theanga faoi mar a dúirt sé in alt dá chuid, ‘An Gearrscéalaí is a Gearrscéalta’:

²²⁵ Gearóid Denvir, ‘Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiún’, 55.

²²⁶ Breandán Ó Doibhlin, ‘Smaointe ar Chúrsaí na Próslitríochta’, 22.

Tá draíocht sa Ghaeilge domsa. Táim faoi gheasa aici. Níl fhios agam baileach céard é féin, an t-iliomad rudaí is dóigh, ach tá sé ann. Sna focail is dóigh; i bhfuaimanna na bhfocal. ... Ach tá rud éigin eile freisin ann seachas fuaim na bhfocal is na ceangailtí a ghabhann leo. I gcás na Gaeilge ar aon nós tá an guth nó an uair arsa seanda; a ghlaonn amach go taibhsiúil le contráth na hoíche as na garranta is as na bóithríní, as na cosáin, as na fothraigh tithe; as na maighin, as na liosanna, as na hioguail. ... Tá a macallaí i gcónaí ag tíocht go dtí mé.²²⁷

Cuireann sé síos ar an nóiméad a thuig sé nach dtréigfeadh sé féin an Ghaeilge choíche, in ainneoin í a bheith ag dul i léig go tréan agus go tapaidh timpeall air in áiteanna cosúil leis an Spidéal agus bailte fearainn éagsúla Mhaigh Chuilinn. Ar an bportach a bhí sé agus chuala sé i bhfad uaidh duine a raibh Raidió na Gaeltachta ar siúl aige, agus ceol caointeach na sléibhte is na farraige, dar leis, ag teacht anall chuige ar an ngaoth:

Bhíog mé. ... Ba léi a d'fhanfainn fad a mhairfínn. Ní raibh cinneadh ar bith le déanamh agam, bhí an cinneadh déanta dom. ... ní raibh tada eile uaim.²²⁸

Mar a chuir sé féin in iúl thuas, ní raibh cinneadh le déanamh aige, idir an dá theanga mar uirlis litríochta ós rud é nach bhfuil sé in ann é féin a chur in iúl in aon teanga seachas an Ghaeilge, mar a deir sé, fiú agus cónaí air i gcathair Ghallda ar feadh formhór a shaoil fhásta go dtí seo. I 1981, dúirt Pádraic Breathnach féin gur minic a

²²⁷ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéalaí is a Gearrscéalta' in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Má Nuad: An Sagart, 1981), 51.

²²⁸ *Ibid.*, 53.

d'fhiafraítí de cén fáth ar scríobh sé as Gaeilge, mionteanga nach dtuillfeadh mórraitheantas dó choíche. Is é an freagra a thugadh sé ar ócáid den chineál sin, ná:

Aisteach an rud an grá, pósann duine an té atá uaidh, í saibhir daibhir, agus sin mar is ceart. Ach ní teanga bhocht í an Ghaeilge. Teanga uasal bhródúil í, chomh huasal le teanga ar bith, agus tá traidisiún fada ag gabháil léi. Údar misnigh 'gus údar meanman don scríbhneoir Gaeilge é sin. Tuigeann sé freisin go bhfuil gá leis sa Ghaeilge agus is binn leis fóidín a iompú.²²⁹

Is dócha go léiríonn an Breathnach go soiléir sa sliocht thuas an chúis a scríobhann údar i mionteanga, an bonn atá leis an scríbhneoireacht i mionteanga, mar a chuir Denvir in iúl thuas, agus ní hamháin sin, léiríonn sé an pléisiúr a bhaineann an scríbhneoir féin as an lóchrann a iompar seal.

Gan amhras, scríbhneoir idir dhá chultúr is ea Pádraic Breathnach, agus tá an déachas sin le sonrú ag leibhéal a chuid carachtar chomh maith. Feictear carachtair a mhaireann idir saol príobháideach a n-intinne féin agus saol agus *persona* poiblí. Is i gcomhthéacs carachtar atá ag tréimhsí éagsúla ina saol, is minice a fheictear céimeanna grádaithe an déachais ag teacht chun cinn, mar a tháinig i gcás an Bhreathnaigh féin mar atá sonraithe thuas. Mar sin, is é an cultúr traidisiúnta, Gaelach príomhthionchar an ghasúir agus charachtair óga an Bhreathnaigh i gcoitinne. Feictear i scéalta mar 'An tAonach' (BA), 'Lá Dána' (DLD) agus 'An Fear Sneachta', (ÍS), gur carachtair neamh-féin-chomhfhiosacha iad, atá sásta iontu féin ina ndomhan cúng féin a bhfuil simplíocht agus neamhurchóid ag baint leis. Maidir le carachtair dá chuid atá sna déaga, de réir mar a théann sé i ngleic, nó de réir mar a dhéanann sé iarracht dul i

²²⁹ Ibid., 51.

ngleic, le tionchar an chultúir eile air féin, fásann an déachas idirchultúrtha ann.²³⁰ Idirthréimhse is ea é seo, a thagann chun solais de ghnáth agus an carachtar ag freastal ar an meánscoil. Is é an cineál carachtair seo atá le feiceáil sna scéalta ‘An Scoláire’ (BP) agus ‘Coimhlint’ (DLD), i measc scéalta eile. Ní hiad na déagóirí an t-aon ghrúpa amháin nach féidir leo i gcónaí an dá chultúr a réiteach iontu féin. Is minic a bhíonn coimpléacs ísleachta go smior ina charachtair fhásta de bharr an déachais sin, mar atá le sonrú i gcás phríomhcharachtair ‘An Filleadh’ (BA), *As na Cúlacha*,²³¹ agus ‘Bean Aonair’ (BA). Maidir le gearrscéalta eile de chuid Phádraic Bhreathnaigh, áfach, feictear gur féidir leis an bpríomhcharachtar an dá chultúr a réiteach ann féin go héifeachtach agus go muiníneach, luath nó mall, mar shampla sa scéal ‘As Baile’ (BA), ‘Blúire’ (BP), agus ‘M’uncail Máirtín & Cailleacha Mheiriceá’ (IDD).

Ag teacht i dtreo dheireadh na caibidle seo, is fearr staid reatha an phobail agus an chultúir Ghaelaigh agus na scríbhneoireachta Gaelaí a mheas de réir a sainchritéir féin. Cé gur féidir tarraingt ar theoiricí idirnáisiúnta na hidirchultúrthachta go pointe áirithe, ní mór díriú ar uathúlacht na Gaeilge agus na litríochta Gaeilge mar mhionteanga i sochaí iarchoilíneach. Mar atá curtha in iúl thuas agus faoi mar a bheidh á phlé tríd an tráchtas, is oiriúnaí agus is fearr gearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh a mheas i dtéarmaí an déachais agus an chumaisc.

Glacadh go forleathan le staid idirchultúrtha na sochaí Éireannaí ó bunaíodh an Saorstát. Ní hamhlaidh a bhí i gcás na hIndia, na Céinia nó na Túinéise, mar is léir i saothar scríbhneoirí iarchoilíneacha na dtíortha sin. Eascraíonn na deacrachtaí

²³⁰ I gcás an chatagóra seo is carachtair fhíreanna den chuid is mó a fheictear i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh.

²³¹ Pádraic Breathnach, *As na Cúlacha* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1998).

díchoilínithe i gcás na hÉireann ón bhfíric gur glacadh leis an déachas idirchultúrtha mar mhír lárnach den saol. Aithníodh le linn na hathbheochana agus i mblianta tosaigh an tSaorstáit, nach bhféadfaí díchoilíniú iomlán a chur ar bun choíche i gcomhthéacs na hÉireann, agus gurbh é an cur chuige ab fhearr arbh fhéidir a bheith ag siúl leis ná caomhnú an chultúir agus na teanga mar a bhí ag an bpointe sin, agus glacadh leis sin mar thúsphointe na hatógála. As an ngluaiseacht seo i dtreo an iarchoilíneachais agus as an bhféinaitheantas agus as an bhféintuiscint sin, tá athrú tagtha ar áit agus bhrí na Gaeilge sa tsochaí chomhaimseartha, faoi mar a shonraigh an criticeoir Máire Ní Annracháin:

Ar deireadh, tá brí nua ag teangacha mionlaigh agus ag cultúir mhionlaigh ar fud an domhain. Tá brí na Gaeilge féin á hathrú. Tá muid ag bogadh ón múnla oidhreachta ... chuig múnla na gcearta daonna, agus an saibhriú domhanda a eascraíonn as mionghrúpa a éilíonn a gcearta agus a sheasann an fód in aghaidh ollchultúir an domhain.²³²

Chuir an criticeoir Lillis Ó Laoire mar seo é:

The world we live in today is a speckled world and we must all realise that we are all *breadhaoine*, ‘speckled people’. We can only gain by embracing such a concept.²³³

Glacann scríbhneoir an tráchtais seo leis an gcoincheap sin, gur breadhaoine iad muintir na hÉireann a bhfuil breac-chultúr acu, agus ó tharla gurb amhlaidh atá, go

²³² Máire Ní Annracháin, ‘Litriocht na Gaeilge i dtreo na Mílaoise’ in Mícheál Ó Cearúil (eag.) *An Aimsir Óg* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999), 24.

²³³ Lillis Ó Laoire, ‘*Níl Sí Doiligh a Iompar!* / No Load to Carry: A personal response to the current situation of Irish’ in Ciarán Mac Murchaidh (ed.) *Who Needs Irish? Reflections on the Importance of the Irish Language Today* (Dublin: Veritas, 2004), 61.

bhfuil áit ann don mhionteanga agus don mhionchultúr, is cuma cibé taobh den teorainn arb as do lucht a labhartha agus a cheiliúrtha.

Caibidil 2: Comhthéacs Liteartha Shaothar Phádraic Bhreathnaigh

Leagan Amach na Caibidile

Sa chaibidil seo féachfar ar chomhthéacs agus ar chúlra liteartha shaothar Phádraic Bhreathnaigh. Déanfar plé ar ghnéithe de chúlra agus de chritic na gearrscéalaíochta in Éirinn, agus plé faoi leith a dhéanamh ar ghearrscéalaíocht na Gaeilge. Tá fáil ag an léitheoir ar phlé áirithe ar chúlra na gearrscéalaíochta idirnáisiúnta in Aguisín 1. Déanfar iniúchadh ar sheasamh an ghearrscéil Ghaeilge agus Pádraic Breathnach ag dul i mbun scríbhneoireachta sna 1960idí déanacha agus oidhreacht na gearrscéalaíochta um an dtaca sin. Pléifear áit an ghearrscéil i litríocht na Gaeilge i gcoitinne le linn na tréimhse ó na 1960idí déanacha anall, mar atá tréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh. Bhí sochaí na hÉireann ag athrú go mear i luath-thréimhse scríbhneoireachta an Bhreathnaigh, agus is cinnte gur tháinig claochló uirthi le linn a thréimhse fada scríbhneoireachta. Breathnófar ar chúlra soch-chultúrtha na tréimhse úd sa chaibidil seo, ag díriú isteach ar na 1960idí agus na 1970idí, nuair ba mhó a sheas úire shaothar an Bhreathnaigh amach ó shaothar a chomhscríbhneoirí Gaeilge. Déanfar iniúchadh sa chaibidil seo, leis, ar thuairimí na léirmheastóirí de réir mar a foilsíodh cnuasaigh ghearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh, rud a shoilsíonn seasamh shaothar an Bhreathnaigh ina chomhthéacs soch-chultúrtha agus liteartha féin.

Gearrchuntas ar Fhorbairt Théamúil Shaothar an Bhreathnaigh

Baineann luach agus fiúntas faoi leith le saothar gearrscéalaíochta Phádraic Bhreathnaigh mar chorpas liteartha. Mar atá luaite cheana, tá sé ar dhuine de na húdair Ghaeilge is díograisí le céad bliain anuas, agus é i measc dornán beag scríbhneoirí dá chumas agus dá bhisiúlacht ó lár na haoise seo caite i leith.²³⁴ Tréimhse fhada scríbhneoireachta is ea caoga bliain, mar atá tréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh. Tá sé thar am aitheantas a thabhairt dó sin, agus dó siúd mar scríbhneoir Gaeilge trí iniúchadh a dhéanamh ar chuid dá ghearrscéalta.

Toisc a thréimhse scríbhneoireachta a bheith chomh fada sin, d'fhéadfaí a áiteamh go bhfeictear scáthánú i gcuid dá ghearrscéalta ar athruithe sóisialta a thit amach in Éirinn lena linn. Is faoin saol atá timpeall air a scríobhann Pádraic Breathnach agus bhí comhthéacs soch-chultúrtha an tsaoil sin ag athrú in imeacht na mblianta. Is meascán de shamhlaíocht an scríbhneora, agus réalachas an tsaoil agus na timpeallachta a chonaic agus a fheiceann Breathnach, a shaibhríonn na scéalta seo. Dar ndóigh, tá go leor scéalta dá chuid nach seasann tréithe mar sin go baileach chun tosaigh, agus is ríléir ón agallamh a rinne sé le húdar an tráchtais seo nár chuir Pádraic Breathnach chuige léargas faoi leith a sholáthar ar ghnéithe d'Éirinn a linne ina chuid scríbhneoireachta. Ag féachaint siar ar chorpas liteartha a shíneann tréimhse leathchéad bliain, ámh, aithnítear athruithe ag teacht chun cinn ar an tslí a dhéanann sé scagadh ar ábhair agus ar théamaí faoi leith. Ábhair a mbíodh conspóid ag baint leo ag tús a thréimhse scríbhneoireachta, laghdaigh ar an gconspóid a bhain leo i sochaí na hÉireann le linn na tréimhse sin, agus feictear athrú ag teacht ar an ionramháil a

²³⁴ Tá liosta cuimsitheach dá shaothar go n-uige seo tugtha i réamhrá an tráchtais.

dhéanann sé ar na hábhair sin in imeacht na mblianta. Tá sé sin soiléir san ionramháil a dhéanann sé ar chúrsaí collaíochta i gcoitinne, agus go háirithe san oscailteacht a bhaineann le scéal nua dá chuid, ‘Seiftiúil’ (RS), a théann i ngleic le caidrimh homaighnéasacha, i gcodarsnacht leis an léiriú a rinne sé ar an rúndacht a bhain le homaighnéasacht go dtí le déanaí i scéal luath dá chuid ‘Ó Inniu go Brách’, a foilsíodh sa chnuasach *An Lánúin agus Scéalta Eile* sa bhliain 1979.

Is cinnte gur shínigh Pádraic Breathnach teorainneacha an ghearrscéil go háirithe i mblianta tosaigh a chuid scríbhneoireachta. Sna 1960idí déanacha agus sna 1970idí, bhí sé de chrógacht an scríbhneora aghaidh a thabhairt ar ábhair nach raibh mórán plé á dhéanamh orthu soiléir, mar a bheifí ag súil leis ó nuascríbhneoir óg. D’fhéadfaí féith na réabhlóide a áiteamh i dtaca le gearrscéalaíocht Ghaeilge na tréimhse úd, go háirithe le foilsiú na gcnuasach *Muintir* le Diarmaid Ó Súilleabháin,²³⁵ agus *Sweeney agus Scéalta Eile* le Dónall Mac Amhlaigh, mar shampla.²³⁶ Ar an láimh eile, ba le linn luath-thréimhse scríbhneoireachta an Bhreathnaigh, leis, a foilsíodh na cnuasaigh *Fuine Gréine* le Pádhraic Óg Ó Conaire,²³⁷ agus *Seandaoine* le Conchubhar Ó Ruairc,²³⁸ cnuasaigh a raibh rian láidir na seanfhaiseantachta liteartha orthu. Cruthaíonn an éagsúlacht seo, agus na léirmheasanna a scríobhadh mar gheall ar chnuasaigh gearrscéalaíochta na linne sin, crógacht an Bhreathnaigh agus cuid dá chomhscríbhneoirí. Déanfar iniúchadh níos doimhne air sin i gCaibidil 3. I gcomhthéacs ghearrscéalaíochta na 1960idí agus na 1970idí, mar sin, is léir go raibh réabhlóid liteartha ar bun ag Breathnach agus ag cuid dá chomhghearrscéalaithe.

²³⁵ Diarmaid Ó Súilleabháin, *Muintir* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1971).

²³⁶ Dónall Mac Amhlaigh, *Sweeney agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1970).

²³⁷ Pádhraic Óg Ó Conaire, *Fuine Gréine* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1967).

²³⁸ Conchubhar Ó Ruairc, *Seandaoine* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo., 1973).

Ní fhéadfaí easpa éagsúlachta, ó thaobh ábhair a chuid gearrscéalta de, a chur i leith an Bhreathnaigh. Cé go bhfilleann Pádraic Breathnach ar ábhair faoi leith trí na cnuasaigh ar fad, mar shampla an nadúr agus saol na tuaithe, de bharr chumas a chuid scríbhneoireachta ní éiríonn an saothar tuirsiúil. Anuas air sin, tá áiféis agus fantaisíocht coitianta ina chnuasaigh gearrscéalta trí chéile, mar a fheictear i ngearrscéalta ar nós ‘Spallaíocht’ (AL), ‘Bean Aduain’ (DLD), ‘Francuafás’ (DLD) agus ‘Avec Marcel’ (ANT). Ní fhéadfaí a áiteamh gur éirigh sé as ábhair áirithe go hiomlán de réir mar a bhí na cnuasaigh á bhfoilsíú aige, nó go bhfeictear imeacht ó chleachtais stíle áirithe. An t-athrú is mó a fheictear sa chorpas liteartha trí chéile is ea an tslí a dhéantar ionramháil ar ábhair faoi leith.

Gné amháin de scríbhneoireacht an Bhreathnaigh ar tháinig athrú uirthi le linn a thréimhse i mbun pinn is ea an léargas a thugann sé ar cheantair uirbeacha. Imirceoirí chun na cathrach nó chun an tsuímh uirbigh ab ea a luathcharachtair. Tháinig laghdú suntasach ar líon na scéalta a théann i ngleic le castachtaí na himirce, imirce intíre san áireamh, de réir mar a foilsíodh na cnuasaigh, agus le teacht chun cinn an charachtair ar de bhunús uirbeach dó/dí, tugtar léargas níos cuimsithí ar an saol uirbeach. Níor éirigh riamh leis an mBreathnach an léargas uathúil a thugann sé ar shaol na tuaithe a athchruthú maidir leis an saol uirbeach ach de réir mar a foilsíodh na cnuasaigh is gné í a tháinig i dtreis. Feictear an ghné seo dá ghearrscéalaíocht i scéalta áirithe ón gcnuasach *An Lánúin agus Scéalta Eile* ar aghaidh, ach tá sí le sonrú go háirithe sna cnuasaigh *An Pincín agus Scéalta Eile* agus *Ingne Dearga Dheaideo*.

De réir mar a foilsíodh cnuasaigh an Bhreathnaigh tá laghdú le sonrú ar líon na scéalta a bhfuil gné na collaíochta go láidir iontu. Thairis sin, tagann méadú ar scéalta a

léiríonn sólas mar aon le dólás an tsaoil do lánúineacha pósta. Tugtar léargas níos cuimsithí ar ilghnéitheacht na tuismitheoireachta, go háirithe nuair is sliocht lánfhásta atá i gceist. Saol an duine fhásta a bhfuil cúram clainne agus gnáthfhreagrachtaí an tsaoil air/uirthi a thagann chun cinn sna cnuasaigh dhéanacha. Tá sé sin le sonrú i gceann de na scéalta is déanaí dá chuid, scéal a luíonn taobh amuigh de theorainneacha an tráchtais seo, ach arbh fhiú é a lua sa chomhthéacs seo, is é sin ‘Adhlacadh’ (RS) a thugann léargas ar an tseantuismitheoireacht trí athair mná lánfhásta a bhfuil clann dá cuid féin aici. Déanfar iniúchadh níos doimhne ar ábhair agus ar théamaí scéalta an Bhreathnaigh i gCaibidil 3.

Cúlra Soch-chultúrtha Luathghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh

Ag an bpointe seo, is fiú sracfhéachaint a thabhairt ar chúlra soch-chultúrtha na hÉireann le linn óige Phádraic Bhreathnaigh agus le linn dó dul i gceann na scríbhneoireachta ionas gur féidir a luathghearrscéalaíocht a chomhthéacsú i suíomh liteartha agus fealsúnachta Éire na 1960idí agus 1970idí. Mórphointe casta i nuastair na tíre seo a bhí i dtréimhse dheireadh na 1950idí agus thosach na 1960idí nuair a bhí Pádraic Breathnach ag teacht in inmhe. Tháinig claochló ar shochaí na hÉireann sa tréimhse sin, ag athrú ó shochaí tuaithe, feirmeoireachta, go sochaí uirbeach, thionsclaithe. Ar ndóigh, ba phróiseas claochlaithe é a lean ar aghaidh ar feadh i bhfad. Chomh déanach le 1971, bhí beagnach an tríú cuid d'fhir fhostaithe na hÉireann fostaithe i gcúrsaí feirmeoireachta, idir fheirmeoirí a raibh seilbh acu ar a bhfeirmeacha agus iadsan a bhí fostaithe ar fheirmeacha. Ina theannta sin, bhí an trian de dhaonra na tíre ag maireachtáil faoin tuath nó i sráidbhailte a raibh níos lú ná 200 duine iontu.²³⁹ Lean próiseas an uirbithe agus bánú na tuaithe, leis, ar aghaidh le linn na 1970idí, le linn na tréimhse ba bhisiúla scríbhneoireachta ag Pádraic Breathnach.

D'fhág na hathruithe sin a rian ar go leor gnéithe de shaol agus de luachanna mhuintir na tíre agus feictear rian na n-athruithe sin, idir mhaith agus olc, i litríocht an ama agus ó shin i leith. Faoin am sin chomh maith, bhí cuid mhaith de dhíograis chogadh na saoirse ídithe agus tráite, agus bhíothas ag dul i ngleic le sochaí iar-choilíneach na hÉireann. Faoi na 1950idí bhí réalachas shuíomh idirchultúrtha na hÉireann iarchoilíní ag breacadh, agus i ngéarchúlú eacnamaíochta na linne sin, tuigeadh a dhúshlánaí a

²³⁹ Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland* (3rd ed.) (Dublin: Gill and MacMillan, 2000, 2003, 2007), 46.

bheadh sé plean téarnaimh a cheapadh agus a chur i gcrích. Tá gnéithe iomadúla agus éagsúla de dhéachas idirchultúrtha na tíre seo le sonrú i ngearrscéalaíocht an Bhreathnaigh, ón ógánach ar ghá dó a cheantar a fhágáil agus é sa tóir ar obair sa chathair, agus an coimhthíos agus an mearbhall a ghabhann leis sin, go dtí an bhean óg a éilíonn comhionannas agus saoirse, ach a thuigeann nuair a fhaigheann sí é go bhfuil sí fós teanntaithe ag a huailmhian thraidisiúnta féin, mar atá pósadh agus clann a thógáil. Ceist mhór eile agus ábhar spairne sa tsochaí ab ea ceist na moráltachta collaí. De thoradh mhórtionchar na hEaglaise Caitlicí, breathnaíodh ar shaoirse ghnéis le móramhras, gur tionchar eachtrannach isteach é ar chóir é a choinneáil amuigh. Agus an cultúr domhanda ag brú isteach ar Éirinn sa dara leath den fhichiú haois, bhíodhas ann a bhreathnaigh ar leithlis na tíre seo mar chosaint ar thionchair iasachta a dhéanfadh lagú ar an gcultúr dúchasach. Chuaigh claochló mear shochoaí na hÉireann dian ar chuid áirithe den phobal a mhothaigh go raibh siad ag maireachtáil idir chultúir éagsúla na hÉireann comhaimseartha. Mórcheist de chuid Phádraic Bhreathnaigh ina ghearrscéalaíocht is ea tionchar an chlaochlaithe sin ar shíce an Éireannaigh.

Cuid lárnach bhunúsach de chlaochló shochoaí na hÉireann sa tréimhse sin ab ea na hiarrachtaí a bhí dírithe ar shaoirse intinne agus phearsanta a fháil ó cheannasaíocht na hEaglaise agus ó chinsireacht an Stáit, agus go háirithe ó smacht an dá institiúid sin ar shaol collaí na hindibhide. Ceist mhór idirnáisiúnta ba ea cearta na mban san am sin agus bhí ceist na frithghiniúna lárnach sa phlé ar shaoirse chollaí agus ar shaoirse na mban. Ba í an t-iarUachtarán Máire Mhic Róibín a d'ardaigh ceist na frithghiniúna, i gcásanna faoi leith, den chéad uair sa Seanad, nuair a toghadh mar sheanadóir í sa bhliain 1969. Sa bhliain 1971 thug sí bille os comhair an Tí i dtaca le mná pósta a

raibh muirín mhór orthu cheana féin agus nach raibh saolú tuilleadh páistí innholta dóibh ó thaobh cúrsaí sláinte de, ach nach raibh fáil go dleathach ar fhrithghiniúint sa stát acu.²⁴⁰

Chuaigh litríocht an ama sin i ngleic le hábhair chonspóideacha an lae agus le teacht chun cinn saoil nua, chonacthas téamaí liteartha éagsúla ag teacht chun cinn taca an ama chéanna, mar a fheictear i luathghearrscéalaíocht an Bhreathnaigh, i scéalta a foilsíodh sa chnuasach *Bean Aonair agus Scéalta Eile* ar nós, ‘Bainis’, ‘Gealt Gnéis?’ agus ‘An Réiteach’, scéal ina bhfeictear ídiú ar údarás an mhúinteora agus ar mheas an phobail ar an múinteoir, mar shampla. Scéal is ea ‘Bean Aonair’ (BA), mar shampla, atá suite ag am faoi leith agus a léiríonn meon áirithe a bhaineann leis an tréimhse sin. Is scéal cumhachtach é nuair a léitear i gcomhthéacs a ama féin é. Tá daonnacht agus uilíocht fós ag baint le bunábhar an scéil, mar atá, mian na mná fear, grá agus clann a bheith ina saol, agus is é sin a shoilsíonn go follasach trí shonraí dátaithe áirithe.

Ó na 1940idí go dtí na 1960idí, ba iad Éamon de Valera agus John Charles McQuaid an bheirt ba mhó ar samhlaíodh caomhantas luachanna tráidisiúnta na hÉireann agus na hEaglaise leo. Den bheirt sin, fiú amháin, is cinnte gur mó é an tionchar a d’imir McQuaid ar de Valera, ná a mhalairt. Ag breathnú siar ar an tréimhse sin i stair na tíre, tá tionchar McQuaid ar gach gné de shaol na hÉireann soiléir. Mar a deir Diarmaid Ferriter:

²⁴⁰ Diarmaid Ferriter, *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland* (London: Profile, 2009), 410.

From his appointment, until his forced retirement in 1972, there were virtually no areas of Irish Catholic life that McQuaid did not influence, or attempt to influence. Clergy and politicians alike could ill-afford to ignore his views or defy his commands, as he kept abreast of developments in the spiritual and secular spheres.²⁴¹

Bhíothas go mór in amhras faoi mhoráltacht na gcathracha, go háirithe faoi mhoráltacht chathracha Shasana. Ábhar inní don Eaglais ab ea an tionchar a bheadh ag a dtréimhse as baile agus ag nósanna na hiasachta ar mhná óga dá dtiocfaidís abhaile, is é sin go mbeidís idirchultúrtha ag filleadh. Bhí tionchar láidir ag an Eaglais ar gach réim de shaol na hÉireann go dtí tosach na 1960idí nuair a chonacthas céadsíol an fhreasúra ag briseadh talún.²⁴²

Fealsúna ab ea De Valera agus McQuaid a chreid go daingean go raibh siad ag coinneáil muintir na hÉireann slán ó olcas an tsaoil taobh amuigh den stát agus nach raibh an pobal inniúil go leor ar dheighleáil le fogha na mímhoráltachta iasachta a thiocthadh chun cinn gan chinsireacht ón mBord um Scrúdóireacht Foilsíúchán. Thosaigh daoine ag cur i gcoinne smacht an chórais sin. Tháinig borradh ar choincheap na hidirchultúrthachta in Éirinn le saoirse intinne agus saoirse sna healaíona. Cé gur fhás freasúra i gcoinne theagasc smachtúil na hEaglaise ó na 1960idí déanacha, tá tionchar theagasc na hEaglaise ar an bpobal i gcoitinne soiléir ón tréimhse ama a ghlac sé ar mhórchuid de mhuintir na hÉireann éirí as cleachtais ar admhaigh

²⁴¹ Diarmaid Ferriter, 'Sex and the Archbishop: John Charles McQuaid and Social Change in 1960s Ireland' in Thomas E. Hachey (ed.) *Turning Points in Twentieth Century Irish History* (Dublin & Portland, OR: Irish Academic Press, 2011), 137.

²⁴² John Banville, 'The Ireland of De Valera and Ó Faoláin' in *Irish Review*, No. 17-18, (Winter, 1995), 147-148.

siad nár aontaigh siad leo. Soiléirítear an suíomh sin sna staitisticí seo a leanas. San *European Values Survey* a glacadh sa bhliain 1994, dúirt 96% dóibhsin a d'fhreagair gur Chaitlicigh iad. De réir an Ollaimh Pat O'Connor, figiúir is ea sin nár tháinig athrú suntasach air ó bhunú an stáit.²⁴³ Rud atá spéisiúil is ea an t-athrú a tháinig ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar an Aifreann ar a laghad go seachtainiúil idir na 1970idí luatha agus na 1990idí, agus níos spéisiúla fós, an t-athrú a tháinig ar na staitisticí sin le linn na 1990idí.²⁴⁴ Sa bhliain 1991, dúirt 82% dóibh siúd a d'fhreagair an suirbhé, idir fhir is mhná, go bhfreastalaídis ar Aifreann go seachtainiúil i gcodarsnacht le 58% sa bhliain 1998.²⁴⁵ Dar ndóigh, tá cúiseanna iomadúla ag baint leis sin, ach tátal leathan amháin is féidir a bhaint as is ea nach mbreathnaíonn muintir na hÉireann chun na hEaglaise a thuilleadh mar threoirithe sainiúla morálta. Thagair Seán Ó Ríordáin don 'mise istigh' agus don 'mise amuigh'. Baineann an déachas sin, ó thaobh moráltachta de, go dlúth leis an tréimhse idir na 1960idí déanacha agus na 1990idí déanacha in Éirinn, nuair a tháinig an 'mise istigh' amach go mínáireach.

Níor bhain bánú na tuaithe le daoine óga aonair amháin a raibh saol nua uirbeach agus slí mhaireachtála níos fusa á lorg acu. I dteannta fhás an mheoin sin i measc na ndaoine, ba pholasaí stáit é ó na 1920idí i leith, cúrsaí feirmeoireachta agus talmhaíochta a fhorbairt agus a nuálú. Chuir an cuspóir seo, nuair a cuireadh i gcrích faoi dheireadh é, go mór le méadú feirmeacha agus le bánú na tuaithe dá réir. Sna 1950idí agus 1960idí, cuireadh deontais agus comhairle phraiticiúil agus theicniúil ar fáil d'fheirmeoirí ar theastaigh uathu a gcuid feirmeacha a nuálú, le go mbeidís in

²⁴³ Pat O'Connor, *Emerging Voices: Women in Contemporary Irish Society* (Dublin: Institute of Public Administration, 1998), 60.

²⁴⁴ Sa bhliain 1974, d'fhreastail 91% de dhaonra Caitliceach na tíre ar Aifreann an Domhnaigh. (Tom Inglis, 'Religion, Identity, State and Society' in Joe Cleary & Claire Connolly (eds) *The Cambridge Companion to Modern Irish Culture*, 73.

²⁴⁵ Pat O'Connor, *Emerging Voices: Women in Contemporary Irish Society*, 61.

inmhe saothrú de réir riachtanais an mhargaidh. Tá sé spéisiúil gur deineadh iarracht ag an bpointe sin srian a chur ar bhánú na tuaithe trí theacht i gcabhair ar an bhfeirmeoir beag nuálú a dhéanamh chomh maith. Faoi na 1970idí, ámh, bhí beartais an rialtais diongbháilte maidir leis an bhfeirmeoir beag, neamhéifeachtúil a chur den mhargadh trí acmhainní forbartha talmhaíochta a threorú i leith na bhfeirmeoirí móra.²⁴⁶ Mar chúiteamh don fheirmeoir beag, rinneadh iarracht tionsclaíocht tuaithe a chur ar bun le go mbeadh fostaíocht tuaithe ar fáil taobh amuigh de chúrsaí feirmeoireachta.²⁴⁷ Is é sin an polasaí talmhaíochta, a bheag ná a mhór, atá á chur i bhfeidhm ó shin. Mar sin, le linn tréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh, agus go háirithe sna 1970idí, nuair ba ghuth nua é i ngearrscéalaíocht na Gaeilge, bhí staid bhunúsach, dhúchasach na tíre ag athrú ó bhonn. Ní hamháin go raibh bánú na tuaithe faoi lánseol, bhí próiseas uirbithe ar bun fiú amháin in áiteanna lasmuigh de na cathracha móra. Níorbh iad an séipéal agus an uachtarlann lárionaid cheantar tuaithe a thuilleadh. Trí fhorbairt seo na tuaithe, d'fhéadfaí a rá go raibh iarracht ar uirbiú á déanamh ar cheantair thuaithe. Faoi 2003, an bhliain a foilsíodh cnuasach gearrscéalta deireanach Phádraic Bhreathnaigh, *Ingne Dearga Dheaideo*, bhí níos lú ná 7% de dhaonra infhostaithe na tíre fostaithe san earnáil talmhaíochta.²⁴⁸

Breathnófar anseo thíos ar stádas na mban agus ar chuid de na hathruithe a tháinig air sin le linn luathshaol scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh, mar feictear mná ag dul i ngleic leis na hathruithe móra sin a tharla in Éirinn le linn na 1970idí go háirithe i gcuid dá scéalta, ábhar a phléifear i gCaibidil 4.

²⁴⁶ Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland*, 61-62.

²⁴⁷ Ibid.

²⁴⁸ Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland*, 63.

Sna 1960idí déanacha, bhí borradh arís faoi ghluaiseacht na mban go hidirnáisiúnta, agus feictear a tionchar sin, go háirithe an uair sin in Éirinn. Ní dheachaigh luathiarachtaí na gluaiseachta idirnáisiúnta i bhfeidhm go mór ar shochaí ná ar mhná na hÉireann sna 1940idí, ach faoi dheireadh na 1960idí bhí meon an chomhionannais cothaithe i mná na hÉireann ar go leor bealaí. Bunaíodh coiste a bhreathnaigh ar chearta na mban sa bhliain 1968 agus as an gcoiste sin bunaíodh An Chéad Choimisiún um Stádas na mBan sa bhliain 1970, as ar eascair An Chomhairle um Stádas na mBan (Council for the Status of Women) dhá bhliain ina dhiaidh sin.²⁴⁹ Leis an bhforbairt sin, cuireadh clár na mban go mór chun tosaigh sna 1970idí. Ócáid amháin a bhí tábhachtach i gcur chun cinn na gluaiseachta ag an am sin, dar le Risteárd Ó Glaisne, ab ea láthair ionadaithe áirithe na gluaiseachta ar *The Late Late Show* i Márta na bliana 1991.²⁵⁰ Mar a chuireann Linda Connolly in iúl, ‘a plethora of new organisations with a conscious reformist agenda ... emerged in the 1970s’.²⁵¹ Eagraíochtaí ab ea iad a tháinig le chéile agus a neartaigh le linn na ndéich mbliana sin. Bhí toradh ar iarrachtaí an ama sin leis, murab ionann agus iarrachtaí na 1940idí. De bharr na bhfeachtas a cuireadh ar bun, athchóiríodh nó baineadh achtanna suntasacha leatromacha, a cuireadh i bhfeidhm i rith bhlianta tosaigh an tsaorstáit, de Leabhar na Reachtaíochta.

Ceann de na hathruithe sóisialta is mó a chonacthas in Éirinn le linn thréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh go dtí seo, agus an t-athrú is mó a thug guth do mhná, is ea an méadú atá tagtha ar líon na mban atá ag obair taobh amuigh den bhaile. Mar a léirigh Share *et al.* ag tús na mílaoise:

²⁴⁹ Feidhmíonn an scáth-ghrúpa seo fós faoin teideal nua Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn, (www.ncwi.ie).

²⁵⁰ Risteárd Ó Glaisne, *Saoirse na mBan* (Baile Átha Cliath: Cló Grianréime, 1973), 33.

²⁵¹ Linda Connolly, *The Irish Women's Movement: From Revolution to Devolution* (Hamshire & NewYork: Palgrave, 2002), 90.

From 1932 to 1973 married women were formally and legally excluded from the public service through the so-called ‘marriage bar’. ...

The period 1951 to 1991 saw a seven-fold increase in the number of married women in the paid workforce. ... So marked has been the shift of women into the labour market that sociologists in Ireland and elsewhere now talk about the ‘feminisation’ of the workforce; 90 percent of the increase in employment in the EU since 1971 has been in women’s employment, particularly in the burgeoning service sector.²⁵²

Tá neamhspleáchas eacnamaíoch, is eile, na mban ar cheann de théamaí an Bhreathnaigh óna chéad chnuasach gearrscéalta go dtí an ceann is déanaí. Ní gá dul thar theidealscéal an chéad chnuasaigh sin *Bean Aonair agus Scéalta Eile* (1974), chun é sin a dhearbhuí, nó i dteidealscéal eile, ‘An Lánúin’, in *An Lánúin agus Scéalta Eile* (1979), bean atá an-neamhspleách is ea an príomhcharachtar baineann, Davina, ar gá dá fear céile, Gearóid, iarracht a dhéanamh a shaol a chruthú timpeall uirthi nuair a thoilíonn sí faoi dheireadh é a phósadh. Ar ndóigh, ní mná neamhspleácha iad gach carachtar baineann i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh. Ní nach ionadh, feictear mná a bhfuil a gcuid luachanna an-traidisiúnta i roinnt mhaith scéalta, mar aon leo siúd a bhfuil luachanna níos scaoilte acu agus iad i dtiúin le hÉirinn nua-aoiseach na linne. Ar an dóigh seo, i ngearrscéalta an Bhreathnaigh ó na 1970idí luatha go dtí blianta tosaigh na mílaoise, feictear mórán gnéithe de shuaitheadh intinne na mban á léiriú agus iad i ngleic le hathruithe móra sóisialta. Déantar scagadh ar shuíomh agus ar stádas na mban féin sa tsochaí nua sin, mar aon le meon na sochaí móire i leith na mná

²⁵² Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland*, 262.

a chloíonn le rólanna traidisiúnta bainneanna agus i leith na mná a bhriseann amach uathu.

Faoi na 1990idí, bhí bearna tar éis fás idir meon na ndaoine i gcoitinne ar lámh amháin, agus teagasc na hEaglaise ar chúrsaí moráltachta ar an lámh eile. Lorgáíodh bunathruithe i gcórais an stáit a léireodh na hathruithe suntasacha a bhí tar éis titim amach sa tsochaí, agus a réiteodh níos fearr le meon agus le cultúr nuafhorbartha na hÉireann. Forás suntasach sa phróiseas sin ab ea toghadh Mháire Mhic Róibín mar Uachtarán na hÉireann sa bhliain 1990. Le linn a tréimhse uachtaránachta, tógadh céimeanna móra chun cinn chun an bhearna idirchultúrtha sin a laghdú.

Tír lán de chontrárthachtaí ab ea Éire sa tréimhse idir na 1970idí luatha agus casadh na mílaoise, agus tá Pádraic Breathnach agus a chomhghearrscéalaithe tar éis dul i ngleic le cuid de na hathruithe agus na contrárthachtaí céanna sin ina gcuid scéalta. Dúirt Diarmaid Ferriter faoin moill a bhí ar nuálú shochaí na tíre seo, ‘Some have argued that “the 1960s didn’t begin until about 1965”, in Ireland, it could legitimately be maintained that the 1960s didn’t begin until the 1970s.’²⁵³ Ba sa bhliain 1973 a tugadh isteach liúntas máthar gan phósadh, ach níor dúnadh an Neachtlan Mhaigdiléana dheireanach sa tír ar Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada i mBaile Átha Cliath, go dtí 1996. De réir figiúirí daonáirimh, sa bhliain 1991 bhí 44% den daonra faoi bhun 25 bliana d’aois. Dearcadh eile ar fad, a bhí éagsúil le dearcadh a dtuismitheoirí, a bhí ag na daoine óga. Bhí bearna fásta agus ag fás idir muintir na tuaithe agus muintir na gcathracha, ó thaobh saibhris shaolta de agus ó thaobh cultúir de.

²⁵³ Diarmaid Ferriter, *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland*, 337.

Bac ollmhór ar fhorbairt nádúrtha na n-ealaíon liteartha a bhí i gceist suas go dtí na 1960idí leis an gcóras dian cinsireachta oifigiúla a bhí i réim sa tír. Ghoill déine an chórais sin níos mó ar scríbhneoirí Béarla na hÉireann ná lucht liteartha na Gaeilge.²⁵⁴ Go hoifigiúil, níor chuir Bord na Cinsireachta cosc riamh ar aon leabhar Gaeilge ach ní ionann sin is a rá go raibh saorthoil nó saorghuth ag scríbhneoirí na Gaeilge i gcónaí.²⁵⁵ ‘Smacht na saoithe’ a thug Daithí Ó hUaithne ar an gcineál ‘cinsireachta’ a bhíodh ar bun, idir fhéinchinsireacht agus thosaíochtaí na bhfoilsitheoirí.²⁵⁶ Faoin am a thosaigh Pádraic Breathnach ag foilsíú bhí meon níos oscailte agus níos scaoilte i measc na bhfoilsitheoirí trí chéile. Bhí féith sin na saoirse ealaíne ag borradh faoi lár na 1960idí mar is léir ón acht cinsireachta a reachtáil Brian Lenihan sa bhliain 1967 a chuir teorainn ama dhá bhliain déag ar chinsireacht leabhair de bharr é a bheith gáirsiúil. Diaidh ar ndiaidh, scaoileadh greim docht an chinsire agus díoladh saothair a raibh cosc orthu roimhe sin. Bhain méid áirithe siombalachais leis sin, áfach, de bharr go raibh cuid mhaith de na teidil ar scaoileadh isteach iad as cló faoi sin. Taca an ama chéanna, thug Cathal Ó hEochaidh deontais agus díolúintí cánach isteach d’ealaíontóirí cónaithe. Bunaíodh Aosdána sa bhliain 1981, a thug íosioncam d’ealaíontóirí, mar aon le stádas ar ardán náisiúnta.²⁵⁷

Tháinig athrú meoin chun cinn i leith an náisiúnachais thraidisiúnta sna 1950idí. Mar a dúirt Richard Breen *et al.*, ‘The 1950s marked the end of the post-independence

²⁵⁴ Dónal Ó Drisceoil ‘“The Best Banned in the Land”’: Censorship and Irish Writing Since 1950’ in *The Yearbook of English Studies*, Vol. 35 (2005), 148.

²⁵⁵ Tagraíonn Dónal Ó Drisceoil do scríbhneoirí Béarla an ama ag magadh go frustrach go scaoilfí isteach sa mhargadh Éireannach *Lady Chatterley’s Lover* ach é a aistriú go Gaeilge. Dónal Ó Drisceoil ‘“The Best Banned in the Land”’: Censorship and Irish Writing Since 1950’, 153.

²⁵⁶ Daithí Ó hUaithne, ‘Foinsí na Litríochta’ in Seán Ó Mórdha (eag.) *Scríobh 3* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1978), 32.

²⁵⁷ Alan Tittley, ‘An Scríbhneoir agus an Stát, 1922-1982’ in Seán Ó Mórdha (eag.) *Scríobh 6* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1984), 99.

search for a national identity and economy rooted in conceptions of traditional, rural Ireland.’²⁵⁸ D’fhág an t-athrú meoin sin rian faoi leith ar na ceantair Ghaeltachta. B’amhlaidh gur tréigeadh luachanna traidisiúnta na Gaeltachta arbh ionann iad, cuid mhaith, agus sainluachanna na hÉireann go dtí sin. Chothaigh sé sin folús, go háirithe i leith na teanga féin agus mhéadaigh sé ar an mbearna idir lucht labhartha na Gaeilge mar theanga teallaigh agus lucht labhartha an Bhéarla, go háirithe iadsan sna ceantair uirbeacha. Bhí réabhlóid chultúrtha ar bun, nó mar a dúirt Diarmaid Ferriter, ‘Perhaps the more mundane truth was that it was growing awareness and acceptance of materialism that was outweighing attachment to tradition.’²⁵⁹ Mar sin, anuas ar fhéith an déachais a bhí ag fás timpeall na tíre le leathnú toilteanach thionchar na hiasachta, bhí imeallú á dhéanamh arís ar mhuintir na Gaeltachta, agus an uair seo ba iad muintir na hÉireann féin faoi ndear an t-imeallú. D’fhág an próiseas sin muintir na gceantar Breac-Ghaeltachta go mór idir dhá chultúr.

Bhí critic liteartha na Gaeilge á forbairt le linn na 1960idí. Mar aon le mórchuid de na forbairtí sóisialta a tháinig chun cinn um an dtaca úd, bhí an síol curtha glúin roimhe sin. Duine a bhí gníomhach agus nuálach sa phróiseas sin ab ea an léirmheastóir Tomás Ó Floinn. Ba i lár na 1960idí, áfach, le hatheagrú *Irisleabhar Mhá Nuad*, faoi stiúir agus faoi mhórtionchar Bhreandáin Uí Dhoibhlin, a cuireadh ardán critice ar fáil a bheadh oiriúnach don nualitríocht. Ba é an Doibhlineach thar aon duine eile san am a thug critic na Gaeilge comhaimseartha chun beatha. Ag léiriú méid a dtionchair agus ag tabhairt ómóis in aon iarracht amháin, dúirt Géaróid Denvir faoi éacht Scoil Chritice Mhaigh Nuad:

²⁵⁸ Richard Breen, Damian F. Hannon, David B. Rottman, Christopher T. Whelan, *Understanding Contemporary Ireland: State, Class and Development in the Republic of Ireland* (Dublin: Gill & Macmillan, 1990), 4.

²⁵⁹ Diarmaid Ferriter, *The Transformation of Ireland 1900-2000* (London: Profile Books, 2004), 607.

Leag muintir an *Irisleabhair*, faoi anáil Bhreandáin Uí Dhoibhlin i Roinn na Fraincise, bunchloch theoriciúil agus phraiticiúil a d'fhág lorg ar ghlúin iomlán againn atá ag iarraidh a bheith ag saothrú an ghoirt sin ó shin. ...

Chuir Ó Tuama agus Ó Doibhlin deireadh le ré an tsíolteagaisc, na cúise agus an adhmholta, agus bhí bunús coincheapúil ... le cur feasta faoi mheasúnú na litríochta agus faoin smaointeoireacht i gcoitinne.²⁶⁰

Cuireann Antain Mag Shamhráin leis an moladh sin, ag áiteamh:

... is é Breandán Ó Doibhlin a d'fhéach le 'hathláithriú rianúil a dhéanamh ar na rialacha faoina raibh an chritic phraiticiúil ag feidhmiú'. Eisean is mó a chuir friotal ar an smaointeoireacht a bhí laistiar [d']iarrachtaí [lucht critice *Irisleabhar Mhá Nuad*].²⁶¹

Tréimhse mhórathruithe in Éirinn, mar sin, a bhí sna 1960idí agus 1970idí nuair a tosaíodh ar phróiseas fada an nua-aoisithe. Le teacht ré an Tíogair Cheiltigh ag casadh na mílaoise, d'fhéadfaí a rá go raibh an próiseas sin curtha i gcrích, gur stát nua-aoiseach, muiníneach í Éire. Téann claochló den chineál sin dian ar chuid den phobal ar go leor bealaí, agus fágann sé daoine ag mothú go bhfuil siad ag maireachtáil idir dhá thír agus idir dhá chultúr. Baineann sé sin, i measc rudaí eile, le cúrsaí imirce intíre chun na gcathracha agus le lagú an chultúir agus na teanga dúchais. D'fhéadfaí a áiteamh go mbaineann an brú isteach ón gcultúr iasachta níos mó le ceantair Bhreac-Ghaeltachta ná aon áit eile. Teorainn idir dhá chultúr, ar bhealach, is ea na ceantair sin, ina bhfuil an cultúr dúchais á choinneáil beo agus slán ó bhrú an chultúir isteach.

²⁶⁰ Gearóid Denvir, 'Ó Shíolteagasc go Critic: Litríocht Dhioscúrsúil na Gaeilge san Aois Seo' in *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997), 405.

²⁶¹ Antain Mag Shamhráin, *Litríocht, Léitheoireacht, Critic* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1986), 30.

Toisc a chóngraráí is atá áiteanna cosúil le Bearna, An Spidéal agus dar ndóigh, Maigh Cuilinn, do chathair na Gaillimhe, tá brú faoi leith iontu ó leathnú na cathrach amach. Le linn an tráchtais seo, tagrófar do thuairim Phádraic Bhreathnaigh i leith an déachais idirchultúrtha a mhothaíonn sé féin i Maigh Cuilinn anois.

Gearrscéalaíocht na Gaeilge

Fealsúnaí ab ea Pádraig Mac Piarais, rud atá le sonrú sa smaointeoireacht a chuir sé chun cinn i leith ealaín an ghearrscéil. Ba thábhachtach an spreagadh a thug sé do ghearrscéalaithe na Gaeilge a tháinig ina dhiaidh, go háirithe sna hait a d'fhoilsigh sé ar ábhar na litríochta nua-aoisí. Ba é Pádraic Ó Conaire príomhghearrscéalaí ceannródaíoch thréimhse luath na hAthbheochana. Mar a scríobh Aisling Ní Dhonnchadha faoi, 'Ba é Pádraic Ó Conaire an scríbhneoir ba thúisce a thuig cumhacht agus acmhainn an ghearrscéil nua-aimseartha agus a chleacht a cheird go hinniúil ábalta dá réir.'²⁶²

Tháinig borradh faoi fhoirm an ghearrscéil Ghaeilge le linn na hAthbheochana. Litríocht tuaithe a bhí i gceist an tráth sin go príomha, cé gur cóir an saothar eisceachtúil *Deoraíocht* (1910) de chuid Phádraic Uí Chonaire a lua anseo. Mar a dearbhaíodh thuas, ba é Pádraic Ó Conaire an scríbhneoir Athbheochana ba mhó a chuir an gearrscéal chun tosaigh agus ba é a chothaigh litríocht Ghaeilge idirchultúrtha na cathrach leis. Tá tábhacht faoi leith, ní hamháin leis na gearrscéalta a scríobh sé, ach ina theannta sin leis an méid a scríobh sé faoina ealaín agus faoin gcineál ealaíne a bhí ag teastáil sa ré nua, dar leis. Ag teacht go mór le stíl faoi leith an ghearrscéil, d'áitigh sé in alt cáiliúil a scríobh sé:

Nuair a thosuigh an duine ar a intinn féin a scrúdughadh agus a nochtadh dá chomhursain bhí ré na nuadh-litridhreachta ar faghail. Ní cóir dearmad a

²⁶² Aisling Ní Dhonnchadha, *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981), 71.

dhéanamh gurab é an duine féin is bun agus is barr leis an nuadh-litridhreachta úd... .²⁶³

Tháinig forbairt ar an ngearrscéal Gaeilge ó aimsir Mhic Phiarais agus Uí Chonaire tríd an bhfichiú haois le saothar scríbhneoirí ar nós Shéamuis Uí Ghrianna, Dhonncha Uí Chéileachair, Mháirtín Uí Chadhain agus Liam Uí Fhlaithearta. D'fhág siad a rian féin ar an seánra, agus ina ndiaidh siúd chuir scríbhneoirí ar nós Dhiarmada Uí Shúilleabháin, Phádraic Bhreathnaigh, Alan Titley, Sheáin Mhic Mhathúna agus Mhichíl Uí Chonghaile go mór le forbairt agus le nuálú na foirme arís. D'fhéadfaí a áiteamh gur dátheangaigh idirchultúrtha iad formhór na scríbhneoirí Gaeilge ón dara leath den fhichiú haois i leith, agus dá bharr sin, cinneadh comhfhiosach ab ea an cinneadh a rinneadar tabhairt faoin scríbhneoireacht sa Ghaeilge. I rith an ama chéanna feictear áit lonnaithe na scríbhneoirí féin, mar aon le suíomh a saothar liteartha ag bogadh i dtreo na gcathracha agus i dtreo suíomh uirbeach i gcoitinne. D'athraigh an teanga agus an cineál litríochta a scríobhadh sa Ghaeilge dá réir. Déanfar iniúchadh thíos ar phointí casta faoi leith agus ar fhorbairt an ghearrscéil Ghaeilge le linn an fichiú haois agus ag tús na haoise seo.

Ag bogadh ar aghaidh ó thréimhse na hAthbheochana, le hathbhunú chomórtais liteartha an Oireachtais sa bhliain 1939, comórtais a raibh áit lárnach ag an ngearrscéal iontu, tháinig borradh áirithe ar shaothrú na litríochta Gaeilge le linn na 1940idí. Tá ráite ag Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin go raibh 'nualitríocht na

²⁶³ Pádraic Ó Conaire, 'Sean-Litridheacht na nGaedheal agus Nuadh-Litridheacht na hEorpa' in *An Claidheamh Soluis*, 12 Nollaig, 1908, 5-6 & 19 Nollaig, 1908, 5.

Gaeilge lagmheanmnach go leor ag deireadh na ndaichidí'.²⁶⁴ D'áitigh siad, leis, 'gur braitheadh go raibh gá le spreagadh agus le tacaíocht má bhí rath le teacht uirthi.'²⁶⁵ Tháinig an spreagadh sin le glúin na scríbhneoirí Gaeltachta agus Breac-Ghaeltachta sna 1940idí déanacha agus sna 1950idí, ar a n-áirítear Donncha Ó Céileachair, Tomás Bairéad agus Máirtín Ó Cadhain. Cé go raibh saothar foilsithe ag Máirtín Ó Cadhain roimhe sin, aithnítear go raibh tionchar mór ag an tréimhse a chaith sé i gCampa Géibhinn an Churraigh ar a stíl scríbhneoireachta, agus gur ann a thosaigh sé ag saothrú na litríochta nua-aoisí.²⁶⁶ Scríbhneoirí ab ea iad sin arbh í an Ghaeilge príomhtheanga na glúine a chuaigh rompu, nó arbh í an t-aon teanga a bhí acu. I gcodarsnacht leis an nglúin sin, ámh, ba scríbhneoirí dátheangacha iadsan a luadh thuas, a d'fhoghlaim an Béarla tríd an gcóras scolaíochta i dtosach ach ina theannta sin, a raibh tréimhsí caite acu i gcathracha a raibh an Béarla mar phríomhtheanga labhartha iontu, i mBaile Átha Cliath, go háirithe. Scáthánaíonn saothair áirithe de chuid na scríbhneoirí idirchultúrtha seo na mórathruithe sóisialta a bhí ag titim amach in Éirinn lena linn agus í ag claochló ó shochaí thraidisiúnta thuaithe go sochaí chathrach, uirbeach. Scéalta díobh a sheasann amach agus a chuireann Éire i bpróiseas claochlaithe in iúl go soiléir is ea 'Bullaí Mhártain'²⁶⁷ agus 'Na Deartháireacha'²⁶⁸ le Donncha Ó Céileachair. Scéal is ea 'Bullaí Mhártain' ina léirítear an príomhcharachtar agus é go hiomlán as áit in Éirinn na ré nua sin. Bhain seisean le saol agus le ré a bhí caite. Tugann an scéal 'Na Deartháireacha' léargas ar bheirt deartháireacha ag maireachtáil i mBaile Átha Cliath agus iad ag dul i ngleic le saol, agus le coimhthíos,

²⁶⁴ Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin, 'Máirtín Ó Cadhain agus foirm an ghearrscéil: Litir ó Mháirtín Ó Cadhain chuig Seosamh Ó Duibhinn, Eanáir 1947' in *Studia Hibernica*, uimh. 41, 2015, 138.

²⁶⁵ Ibid.

²⁶⁶ Ibid., 136.

²⁶⁷ Donncha Ó Céileachair, 'Bullaí Mhártain' in Síle Ní Chéileachair agus Donncha Ó Céileachair *Bullaí Mhártain* [1955] (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1967).

²⁶⁸ Ibid.

na cathrach sin ar bhealaí éagsúla. Ag streachailt idir dhá chultúr atá duine amháin den bheirt, fad atá suaimhneas cultúrtha le brath maidir leis an deartháir eile. Scéalta ábhairín níos déanaí ná scéalta Uí Chéileachair ina bhfeictear an t-athrú saoil sin chomh maith, is ea na scéalta ‘An Sean agus an Nua’ agus ‘Úr agus Críon’ ón gnuasach *An tSraith ar Lár* de chuid Mháirtín Uí Chadhain.²⁶⁹ Comhnascadh na seanaoise agus na nua-aoise i saol cathrach a léirítear sa scéal ‘An Sean agus an Nua’, fad a léirítear athruithe saoil i measc cladóirí sa scéal ‘Úr agus Críon’.

I saothar na scríbhneoirí úd, feictear domhain-iniúchadh aigneolaíoch ar charachtair an scéil. Is minic scéal an aonaráin agus an duine choimhthithe á chíoradh ag scríbhneoirí na tréimhse sin. Dar ndóigh, ní carachtar é an t-aonarán a bhaineann go huathúil leis an tréimhse sin i litríocht na Gaeilge, mar is minic ó aimsir na hAthbheochana i leith gur carachtar lárnaigh é i litríocht na Gaeilge, go háirithe sa ghearrscéalaíocht, agus sa ghearrscéalaíocht idirnáisiúnta, leis, ábhar a bhfuil plé áirithe déanta air in Aguisín 1. I ngearrscéalta Uí Chadhain, go háirithe, feictear an tuiscint dhomhain a bhí aige ar a chuid carachtar tríd an léargas a thug sé ar a bpróiseas smaointeoireachta agus go minic ar an gcoimhlint inmheánach iontu. Faoi mar a scríobh Louis de Paor faoi stíl ghearrscéalaíochta an Chadhnaigh:

An easpa is mó a bhraith sé ar chumadóireacht sa Ghaeilge lena linn féin, is é sin, í a bheith uireasach san aigneolaíocht ... Ithir úr a bhí á saothrú aige i ngort sin na litríochta Ghaeilge sa mhéid sin ... maidir leis an léargas atá ina shaothar ar aigne an duine ag feidhmiú. ... Is é an trasghearradh a dhéantar le focail ar

²⁶⁹ Máirtín Ó Cadhain, *An tSraith ar Lár* [1967] (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1976).

intinn fir nó ar intinn mná an stiúir is bunúsaí san insint i bhformhór a chuid gearrscéalta.²⁷⁰

D'áitigh Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin, 'go bhféadfaí breathnú ar shaothar cruthaitheach Uí Chadhain ó aimsir *An braon broghach* ar aghaidh mar léiriú ar phróiseas leanúnach chun teacht ar fhoirmeacha a bheadh oiriúnach dá fhís ealaíne.'²⁷¹ Ag tagairt dó don chnuasach *Cois Caoláire* (1953), dhearbhaigh Breandán Ó Buachalla go raibh Ó Cadhain, i scéalta áirithe an chnuasaigh sin, tar éis 'an seanchoinbhinsean a leagadh agus coinbhinsean nua a chur ina bheart.'²⁷² Chuige sin, bheadh gá le modhanna meastóireachta nua, dar le hÓ Buachalla. Is mar seo a leanas a chuir Máirtín Ó Cadhain féin síos ar an rud is gearrscéal ann:

Ní mar chaibidil as úrscéal... Ní mar scéal nó aithris é... Is gaire é an gearrscéal don dán, do liricí filíochta, ná do ghné ar bith eile den litríocht. Ní call 'scéal', scéal críoch-cleasach, go háirithe, a bheith ann. Is cuntas é ar eachtra nó staid intinne, nó imeacht amháin, tréith amháin ar leith de cháilíocht duine ag feidhmiú, nó ag spairn le rud eile, fiú cuntas ar ghotha den dúlra. Mar sin is léir nach bhféadfaidh mórán pearsan a bheith ann agus díobh sin féin nach léirítear ach cor beag i méin duine amháin mar a d'fheicfeá ag dul thart ar an mbóthar é. Ní féidir aon fhorás ar phearsantacht nó ar mhéin a fhoilsiú agus is mó a chaitear gan rá ná a deirtear. ... is fíoraontas an tréith is suntasaí

²⁷⁰ Louis de Paor, *Faoin mBlaoisic Bheag sin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991), 6-7.

²⁷¹ Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin, 'Máirtín Ó Cadhain agus foirm an ghearrscéil: Litir ó Máirtín Ó Cadhain chuig Seosamh Ó Duibhinn, Eanáir 1947', 137.

²⁷² Breandán Ó Buachalla, 'Ó Cadhain, Ó Céileachair agus Ó Flaithearta' in *Comhar*, Iml. 26, Uimh. 5 (Bealtaine, 1967), 71-72.

sa ghearrscéal; gach rud a bheith fuinte fáiscthe: is beag nach aontas áite, ama agus gnímh é ar nós an dráma chlasaicigh.²⁷³

In *Comhar* sa bhliain 1944, scríobh Séamus Ó Néill, faoina ainm cleite ‘Bricriú’, an méid seo a leanas faoi neamhíonacht idirchultúrtha na litríochta comhaimseartha agus faoin ngá le nuálú foirmeacha i litríocht na Gaeilge:

... Molaimid an Coiste [Oireachtais] as a bheith ag iarraidh fuirmeacha nua. Tá ré na seanchdhuithe thart agus is beag scríobhnóir Ghaedhilge a d’aithin sin go fóill. Táimid-ne, cibé ar bith, fíor-thuirseach de na fir mhóra láidre, agus de na cailíní a ba dathamhla dá bhfacthas ariamh ... agus de’n litridheacht iontaigh agus de’n cheol sighe a bhí i mbaile i bhfad thiar. Ní leor a léithéid sin d’aonduine a fuair aon sgrosán foghlumtha i litridheacht na h-aoise. Má tá an Ghaedhilg le aon-rath a dhéanamh, má tá sí le greim a choinneál ar dhaoine óga tuigsionacha, caithfidh scríobhnóirí na Gaedhilge eirghe os a chionn sin.²⁷⁴

I gcolúin eile sa tsraith ‘Cúrsaí Reatha’ sna 1940idí, mhol Ó Néill do scríbhneoirí na Gaeilge a bheith neamhspleách agus a n-intinn a oscailt don domhan mór taobh amuigh d’Éirinn. D’ardaigh Máirtín Ó Cadhain ceisteanna spéisiúla ina léacht ‘Tuige Nach bhfuil Litríocht na Gaeilge ag Fás?’ faoi chuspóirí scríbhneoirí na Gaeilge agus iad i mbun pinn. Dar leis, bhí macalla de mheon na hAthbheochana fós le brath i saothar go leor scríbhneoirí Gaeilge fós lena linn, is é sin, gurb é cuspóir na litríochta Gaeilge ná an teanga a chur chun cinn, mar sin cuireadh fiúntas na litríochta féin sa dara háit.²⁷⁵

²⁷³ Máirtín Ó Cadhain, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge’ in Seán Ó Mórdha (eag.) *Scríobh 5* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981), 101.

²⁷⁴ Séamus Ó Néill (‘Bricriú’), ‘Cúrsaí Reatha’ in *Comhar*, Iml. 3, Uimh. 2 (Feabhra, 1944), 7.

²⁷⁵ Máirtín Ó Cadhain, ‘Tuige Nach bhfuil Litríocht na Gaeilge ag Fás?’ in Seán Ó Laighin (eag.) *Ó Cadhain i bhFeasta* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1990), 88-89. Léacht a thug Máirtín Ó Cadhain do Chumann Liteartha Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, 1949.

Is éard a bhí ón gCadhach, ar mhaithe le cur chun cinn na litríochta féin, ná go mbreathnódh scríbhneoirí na Gaeilge orthu féin mar scríbhneoirí cruthaitheacha sa chéad áit agus ina dhiaidh sin, go mbreathnóidís i ndiaidh an chúraim a bhraith siad i leith na teanga.

Don Chadhnach, níor leor cur síos a dhéanamh ar charachtair agus ar a gcuid gníomhartha, bheadh ar scríbhneoir intinn an charachtair sin a iniúchadh agus a léiriú ina scéalta. Ar an ábhar sin, dúirt Alan Titley gur ‘nua-aoiseoir fíochmhar ab ea Máirtín Ó Cadhain.’²⁷⁶

Tháinig athruithe suntasacha ar litríocht na Gaeilge i gcoitinne sna 1960idí agus sna 1970idí. Bhí dearcadh mhuintir na hÉireann ag leathnú agus é faoi thionchar smaointeachas na hEorpa, agus Mheiriceá Thuaidh, níos mó ná mar a bhí riamh. Chuir an ghlúin nua de scríbhneoirí idirchultúrtha seo a marc féin agus a n-athruithe féin ar litríocht na teanga. Ba ó chúlra teangeolaíoch difriúil iadsan i gcomparáid leis na scríbhneoirí a chuaigh rompu. Scríbhneoirí dátheangacha, idirchultúrtha ab ea iad ó theaghlaigh dhátheangacha, nó ó theaghlaigh arbh é an Béarla amháin teanga an teallaigh. Is iad na scríbhneoirí atá i gceist sa tréimhse seo ná leithéid Dhiarmada Uí Shúilleabháin, Eoghain Uí Thuairisc, Máiréad Ní Ghráda agus Úna Ní Mhaoileoin, agus blianta beaga ina ndiaidh siúd, scríbhneoirí ar nós Phádraic Bhreathnaigh, Alan Titley,²⁷⁷ agus Dhomhnaill Mhic Amhlaigh,²⁷⁸ gan ach cuid díobh a lua. Ar an iomlán, thug na scríbhneoirí seo aghaidh ar dhéachas a linne agus phléigh siad eilimintí den fheiniméan sin go téamach ina gcuid saothar cruthaitheach.

²⁷⁶ Alan Titley, ‘Faoi Scáil an Cadhanaigh’ in Cathal Ó Háinle (eag.) *Criostalú: Aistí ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998), 90.

²⁷⁷ Foilsíodh úrscéal de chuid Alan Titley, *Méirscrí na Treibhe*, sa bhliain 1978.

²⁷⁸ Foilsíodh *Sweeney agus Scéalta Eile* sa bhliain 1970.

Taobh amuigh de chúrsaí teangeolaíocha, feictear athrú eile ag teacht ar litríocht na Gaeilge le foilsiú shaothar na scríbhneoirí thuas, mar atá teacht chun cinn an úrscéil Ghaeilge mar tá ar a laghad úrscéal amháin scríofa ag gach scríbhneoir den dream a luadh thuas, cé gur lean cuid díobh ag saothrú na gearrscéalaíochta mar phríomhfhoirm liteartha i rith a saoil scríbhneoireachta. Phléigh Aisling Ní Dhonnchadha teacht chun cinn na húrscéalaíochta Gaeilge taca an ama sin, agus an t-athrú treo a chonacthas i gcoitinne i litríocht na Gaeilge sa tréimhse sin:

... dhealródh sé gur tréimhse cuíosach ciúin a bhí sna seascaidí chomh fada agus a bhain le forás na gearrscéalaíochta de, ach go háirithe.²⁷⁹

Bhí borradh ar an nuafhilíocht sa Ghaeilge sna 1960idí chomh maith. Thagair Aisling Ní Dhonnchadha don ‘fhuinneamh agus don spleodar iontach a bhí ag coipeadh i saothar na nuafhilí’ agus do ‘sprid mhúscailte fhuascailte na linne’.²⁸⁰ Agus é ag trácht ar an athrú agus ar an nuálú a tháinig ar litríocht na Gaeilge i gcoitinne um an dtaca sin, d’áitigh Tadhg Ó Dúshláine:

Le fiche bliain anuas nó mar sin, tá litríocht na Gaeilge tar éis cuibhreach morálta na hAthbheochana a bhriseadh agus a cloigeann (nó a tóin) a shá isteach go dána stóinsiúil sna réimsí sin a bhí faoi their uirthi roimhe seo. Le blianta beaga anuas, tá nuafhaisean seo na saoltachta tagtha chun buaice ... agus tá sí i mbaol a báite anois in umar na graostachta agus na ciniciúlachta.²⁸¹

²⁷⁹ Aisling Ní Dhonnchadha, *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Gaeilge 1940-1990* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2002), 263.

²⁸⁰ Aisling Ní Dhonnchadha, ‘An Grá agus an Ghruaim: téama an chaidrimh i ngearrscéalaíocht Ghaeilge na Seachtóidí’ in Tadhg Ó Dúshláine (eag.) *Irisleabhar Mhá Nuad 1996-1997* (Maigh Nuad: An Sagart, 1997), 24.

²⁸¹ Tadhg Ó Dúshláine ‘An Coimpléasc Priompallánach’ in *Comhar*, Iml. 46, Uimh. 12 Ficsean (Nollaig, 1987), 4.

Cé gur fíor go raibh ‘cuibhreach morálta na hAthbheochana’ briste agus scriosta faoin am a raibh Tadhg Ó Dúshláine ag tagairt dó thuas, ní fheiceann údar an tráchtais seo fianaise go raibh litríocht an ama ‘i mbaol a báite anois in umar na graostachta agus na ciniciúlachta’. Chuaigh scríbhneoirí an ama i ngleic, tríd an litríocht, le ceisteanna mórálta a linne féin, ceisteanna a bhí éagsúil ó cheisteanna morálta na glúine a chuaigh rompu. Déanfar iniúchadh thíos ar chuid de na ceisteanna sin i dtaca le gearrscéalaíocht na Gaeilge taca an ama sin agus ó shin i leith.

Ó thaobh phrós na Gaeilge de, seasann na 1960idí amach i dtaca leis na húrscéalta a foilsíodh de chuid Bhreandáin Uí Dhoibhlin, Eoghain Uí Thuairisc agus Dhiarmada Uí Shúilleabháin go príomha. In eagarfhocal na hirise *Comhar* i nDeireadh Fómhair na bliana 1971, scríobh Eoghan Ó hAnluain an méid seo faoi staid reatha an ghearrscéil:

Is dócha gur féidir a rá gurb é an gearrscéal an ghné liteartha próis is fearr a saothraíodh san aois seo. ... Ach nach mór a admháil gur scéal thart an méid sin. Cén chaoi a bhfuil saothrú an ghearrscéil faoi láthair? Faraíor níl aon tuairisc ar fónamh le tabhairt air. Ba dheacair sílim, agus scéalta Mháirtín Uí Chadhain a bhaint as an margadh cnuasach ar chomhchaighdeán le ‘Nuascéalaíocht’ a chur le chéile faoi láthair.²⁸²

Bhí an patrún tugtha faoi deara ag Ó hAnluain roimhe sin, fiú amháin. Scríobh sé in *Comhar* sa bhliain 1965:

²⁸² Eoghan Ó hAnluain, ‘Gearrscéalaíocht Ghaeilge’ in *Comhar* Iml. 30, Uimh. 10 (Deireadh Fómhair, 1971), 3.

... tá seargadh tar éis teacht ar scríobh an ghearrscéil agus leis an bhfírinne a dhéanamh is é Mícheál Ó hOdhráin amháin atá ag scríobh gearrscéalta go seasta le tamall maith anuas.

Ní cheapaim, ámh, ainneoin a bhisiúla is atá sé mar scríbhneoir go bhfuil curtha ag Mícheál Ó hOdhráin fós le traidisiún an ghearrscéil sa nGaeilge.²⁸³

Faoi thosach na 1970idí, bhí scríbhneoirí ar nós Dhiarmada Uí Shúilleabháin ag cumadh gearrscéalta a bhí úr, dúshlánach, agus a thug tinfeadh as an nua do scríbhneoirí na foirme a tháinig chun cinn ina dhiaidh. D'áitigh Aisling Ní Dhonnchadha faoi ghearrscéalaíocht na tréimhse sin:

Níl aon amhras orm ná go raibh meanma dhúshlánach an neamhspleáchais intinne le brath sa ghearrscéalaíocht mar aon leis an mbéim ar réimse na mothúchán agus na braistinte pearsanta ...²⁸⁴

Bhí úire i saothar Uí Shúilleabháin agus thuig sé féin go raibh céimeanna ceannródaíocha á nglacadh aige i ngort na gearrscéalaíochta. Leis an gnuasach *Muintir*, a foilsíodh sa bhliain 1971, feictear spéis an scríbhneora sa teanga féin agus i gcúrsaí stíle agus teicníce. Ar bhealach, léirigh sé saoirse nua i ngearrscéalaíocht na Gaeilge agus fonn briseadh amach ón seanmhúnla agus spraoi a dhéanamh le stíl agus teanga, mar atá le sonrú i scéal cosúil le 'Rosc' ón gnuasach sin, atá roinnte i seacht 'gcaibidil' faoi leith agus a bhfuil trialachas teangeolaíoch ag baint leis. Is é teideal an chéad scéil eile ná 'ganaonscéal'; agus is scéal trialach, iar-nua-aoiseach go smior é 'Gorscéal' sa chnuasach céanna. Tá bunchodarsnacht idir teideal an scéil sin agus an

²⁸³ Eoghan Ó hAnluain, 'Ábhar Léitheoireachta' in *Comhar* Iml. 24, Uimh. 6 (Meitheamh, 1965), 25.

²⁸⁴ Aisling Ní Dhonnchadha, 'An Grá agus an Ghruaim: téama an chaidrimh i ngearrscéalaíocht Ghaeilge na Seachtóidí', 25.

t-ord docht, aibíte a leagann an scríbhneoir anuas ar an scéal ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, thug sé uchtach agus misneach do scríbhneoirí óga a bhí ag teacht ina dhiaidh, dá mba ón nGaeltacht nó ón nGalltacht dóibh.²⁸⁵ Is léir go raibh Pádraic Breathnach tógtha leis an úire seo. Agus é ag tagairt don chnuasach i gcoitinne agus don scéal ‘Mná’ go háirithe, d’áitigh sé gur:

... píosa deas scríbhneoireachta é a bhfuil ábhar nua ann, struchtúr agus stíl dhifriúil aige a bhfuil an friotal ann an-spreagúil. Tá stíl ann atá an-tomhaiste – geall le claí cloch a raibh an clochadóir go ríchúramach lena chlocha.²⁸⁶

Tá an léargas sin ón mBreathnach tábhachtach mar léiríonn sé a chuid tosaíochtaí agus é féin i mbun pinn. D’fhéadfaí an méid céanna a scríobh faoi mhórán dá chuid scéalta féin. Léiríonn sé chomh maith go raibh scríbhneoirí an ama sin sásta a bheith trialach le scéalta aduaine is eile, agus a bheith trialach, leis, i dtaca le stíleanna nua, neamhthraidisiúnta, agus é sin a dhéanamh gan saibhreas nó áilleacht na teanga a chailliúint.

Mar a pléadh cheana sa chaibidil seo, bhí sochaí na hÉireann ag dul trí phróiseas mórathruithe cultúrtha ag an am agus bhí Pádraic Breathnach chun tosaigh san iarracht dul i ngleic leis na hathruithe sin ina chuid gearrscéalaíochta agus é ag fairsingiú réimse na litríochta Gaeilge dá réir. Cé gur ag iniúchadh ghearrscéalaíocht Bhéarla na hÉireann sa tréimhse 1968-1978 a bhí Maurice Harmon nuair a dúirt sé an méid seo a leanas, is cinnte gur fíor an méid seo i dtaca leis an ngearrscéal Gaeilge sa tréimhse chéanna:

²⁸⁵ Diarmaid Ó Súilleabháin, ‘Bí tú féin, a Úrscéalaí’ in *Comhar*, Iml. 24 Uimh. 7 (Iúil, 1965).

²⁸⁶ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas’ in *Comhar* Iml. 43, Uimh. 8 (Lúnasa, 1984), 29.

Issues which were once taboo are now freely discussed on radio and television, in magazines and in newspapers. It is hardly necessary to stress that Irish society is more open and more tolerant. The literature reflects these changes in its expanded range of subject matter and in its treatment of human relationships.²⁸⁷

Dar ndóigh, ní gach éinne a bhí sásta leis an athrú treo seo agus leis an oscailteacht nua seo i litríocht na Gaeilge agus cháin criticeoirí agus léitheoirí áirithe an plé oscailte, neamhbhalbh seo go tréan. Dar le léitheoirí áirithe, ba mhó den gháirsiúlacht agus den ghraostacht a bhí le feiceáil i nualitríocht na linne, mar a fheicfear níos faide anonn sa chaibidil seo sa phlé a dhéanfar ar thuairimí na léirmheastóirí i leith ghearrscéalaíocht an Bhreathnaigh, agus mar atá le sonrú in Aguisín 2 i dtuairiscí faoi leith de chuid mholtóirí an Oireachtais i dtaca le hiontrálacha áirithe. Mar fhreagra ar a leithéid de dhearcadh, scríobh Nicholas Williams alt saineúil, ‘An Gháirsiúlacht i Litríocht na Gaeilge’²⁸⁸ inar chuir sé ina luí ar léitheoirí comhaimseartha nach ag imeacht ó dhúchas na litríochta Gaeilge a bhí na scríbhneoirí óga/nua seo, ach ag filleadh ar dhúchas agus ar mheon oscailte a bhí níos doimhne agus níos leithne. Dúirt sé:

Maímid go bhfuil an Ghaeilge beo i gcónaí; sea, go bhfuil borradh agus forás fúithi, go bhfuil saol fada i ndán di. Ach má tá todhchaí rafar i ndán di, caithfear gach gné di a shaothrú – an gháirsiúlacht san áireamh. Níl dada i ndán don Ghaeilge mura féidir linn grá a dhéanamh tríthi – ar mhaithe leis an ngrá agus ní ar mhaithe leis an nGaeilge. ... Ó tharla go bhfuil ré nua sa

²⁸⁷ Maurice Harmon, ‘First Impressions: 1968-1978’ in Patrick Rafroidi & Terence Brown (eds) *The Irish Short Story* (Buckinghamshire: Buckinghamshire Humanities Press, 1979), 66.

²⁸⁸ Nicholas Williams, ‘An Gháirsiúlacht i Litríocht na Gaeilge’ in *Comhar*, Iml. 36, Uimh. 6 (Meitheamh, 1977).

ghnéasúlacht tagtha chun cinn lenar linn, ní foláir dúinn a bheith ábalta an scéal a phlé trí mheán na Gaeilge – nó b’in agaibh teanga na hÉireann.²⁸⁹

D’aithin Aisling Ní Dhonnchadha foilsíú an chnuasaigh *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, an chéad chnuasach de chuid Phádraic Bhreathnaigh sa bhliain 1974, mar phointe casta i ndán na gearrscéalaíochta Gaeilge. D’fhógair Ní Dhonnchadha gurbh é a bhí ann ná ‘cnuasach suaithinseach a d’fhógair go raibh scríbhneoir muiníneach forránach tagtha ar an bhfód ...’²⁹⁰

Bhí úire ag baint le gearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh, go háirithe i dtosach a ré scríbhneoireachta. Do lucht na Gaeilge, idir lucht acadúil agus lucht liteartha, ba thréimhse chorraitheach, spreagúil í. Mar aon le forbairtí suntasacha a bheith ar siúl i gcúrsaí próis de, bhí filí nua-aoiseacha ar nós fhilí *Innti* ag leathadh a sciathán. Bhíothas ag tabhairt litríocht na Gaeilge chun beochana an athuir agus í i dtiúin, go minic, le saol uirbeach na linne. Feictear trí litríocht na Gaeilge ón tréimhse sin ar aghaidh, mar sin, gur tugadh aghaidh ar shuíomh reatha idirchultúrtha na hÉireann. Mar a d’áitigh Aisling Ní Dhonnchadha i dtaobh ghearrscéalaíochta Phádraic Bhreathnaigh:

Trí dhraíocht agus dhiabhlaíocht na cruthaitheachta, trí chumhacht inmhéanach na scríbhneoireachta féin, spreagann sé an léitheoir chun dúiseachta, chun iontais agus chun gairdis.²⁹¹

²⁸⁹ Ibid., 11-12.

²⁹⁰ Aisling Ní Dhonnchadha, *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Gaeilge 1940-1990*, 272.

²⁹¹ Aisling Ní Dhonnchadha, ‘Pádraic Breathnach agus a Chuid Gearrscéalta’ in *Comhar* Iml. 43, Uimh. 8, Nualitríocht le Blianta Beaga Anuas (Lúnasa, 1984), 37.

Focail chumachtacha is ea an dá fhocal ‘dhraíocht’ agus ‘dhiabhlaíocht’ sa chuntas thuas a dhéanann suimiú iontach ar an bhfuinneamh liteartha a bhorr le teacht in inmhe ghlúin scríbhneoirí Phádraic Bhreathnaigh agus filí *Innti*, ach go háirithe.

Le léargas iomlánaíoch a fháil ar shuíomh na gearrscéalaíochta Gaeilge sna 1970idí agus sna 1980idí, breathnófar anseo thíos ar shaothair scríbhneoirí eile a tháinig chun cinn taca an ama chéanna le tréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh, go háirithe Dónall Mac Amhlaigh, Alan Titley, Seán Mac Mathúna agus Micheál Ó Conghaile. Is cinnte gurbh é Pádraic Breathnach an gearrscéalaí ba bhisiúla díobh, go háirithe le linn na 1970idí agus 1980idí. Ba le linn na tréimhse sin a foilsíodh na cnuasaigh *Bean Aonair agus Scéalta Eile* (1974), *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* (1978), *An Lánúin agus Scéalta Eile* (1979), *Na Déithe Luachmhara Deiridh* (1980), *Lilí agus Fraoch* (1983) agus *Ar na Tamhnacha* (1987).

Scríbhneoir is ea Dónall Mac Amhlaigh a bhfuil gnéithe éagsúla den déachas idirchultúrtha le sonrú go láidir ina shaothar liteartha. Ar ndóigh, bhí taithí aige féin ar a shaol a chaitheamh idir dhá chultúr tar éis dó blianta a chaitheamh i Sasana. I saothair dá chuid, idir shaothair bheathaisnéisiúla agus shaothair ficsein, rinne sé iniúchadh ar thaithí an Éireannaigh i Sasana sna 1950idí. In eagarfhocal *Comhar* i mí Márta na bliana 1989, áitíodh an méid seo:

Ba mhíorúilt é Dónall Mac Amhlaigh. Meabhraítear, mar shampla, go mbíodh sé i mbun na sluaiste i rith an lae agus an phinn san oíche ...²⁹²

²⁹² Tomás Mac Síomóin, ‘Eagarfhocal: Laoch ar Lár’ in *Comhar* Iml. 48, Uimh. 2 (Márta, 1989), 3.

Téama lárnach ina chuid scríbhneoireachta is ea an saol idir dhá chultúr, mar a fheictear i ngearrscéalta cosúil le ‘Sweeney’ agus ‘Filleadh’ sa chnuasach *Sweeney agus Scéalta Eile*, agus ‘Deireadh Mire’ agus ‘An Dromadóir sa chnuasach *Beoir Bhaile*. Scríbhneoir ríthábhachtach ó thaobh na hidirchultúrthachta de i litríocht na Gaeilge is ea Dónall Mac Amhlaigh. Déanfar comparáid idir scéalta áirithe de chuid Mhic Amhlaigh agus scéalta de chuid Phádraic Bhreathnaigh a léiríonn an déachas idirchultúrtha tríd an tráchtas. Saothar lae eile is ea an grinnstáidéar a thuilleann an scríbhneoir seo i dtaca leis an idirchultúrthacht i litríocht na Gaeilge.

Scríbhneoir nua-aoiseach agus iar-nua-aoiseach is ea Alan Titley a bhfuil idir chastacht, intleacht, ghreann agus mhagadh ag baint lena chuid scéalta. Is cinnte go bhfuil a stíl shainiúil féin ag Titley, stíl indibhidiúil, bhríomhar, sho-aitheanta. Ag trácht ar an gcnuasach *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile* (1987), dhearbhaigh Seán Ó Tuama gur cnuasach a bhí ann ‘a chuireann líonrith agus alltacht agus iontas’ air, agus chuir sé leis sin gurb é ‘an leabhar próis is réabhlóidí, b’fhéidir, a scríobhadh sa Nua-Ghaeilge ó *Cré na Cille*.’²⁹³ ‘Loighic bhuile’ a thugann sé ar an loighic atá le fáil sa chnuasach sin sa tslí gur tugadh *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile* ar an gcnuasach cé nach bhfuil scéal dar teideal ‘Eiriceachtaí’ le fáil ann. Murab ionann agus Pádraic Breathnach, ní úsáideann Alan Titley scala mar spreagadh dá scéalta. Scríbhneoireacht níos polaitiúla a chleachtann sé ina gcuireann sé roimhe institiúidí polaitiúla na tíre a aoradh, na ba beannaithe a threascairt. Is minic ábhar grinn is magaidh aige ina scéalta is ina theidil. Stíl fhoclach, Raibiléiseach is ea stíl Titley.

²⁹³ Seán Ó Tuama, ‘An Domhan a Chruthaigh Alan Titley’ in *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1990), 177.

Thug sé míniú ar bhunbhrí an Raibiléiseachais sa scéal ‘Scéal Bleachtairreachta’, scéal a aorann lucht critice agus liteartha:

Is í an fhuaimint bhunaidh atá ag an bhfocal raibiléiseach dearcadh áirithe i leith an tsaoil agus an duine; meon a dhéanann muga-maga agus fonóid faoi ghothaí agus bréag-ghalántacht an duine: éirim a chaitheann droch-mheas ar na hinstitiúidí agus ar na tuairimí is beannaithe agus is naofa atá aige.²⁹⁴

Tá tréithe an iar-nua-aoiseachais le feiceáil san úsáid a bhaineann sé as an bhfantaisíocht, as an miotaseolaíocht agus as an bhficsean eolaíoch ina chuid scéalta. Is iomaí stíl scríbhneoireachta a úsáideann Titley ó stíl an tSoiscéil go stíl an fhicsin eolaíoch, mar is dual do scríbhneoir a bhfuil saineolas aige ní hamháin ar litríocht na Gaeilge ach ar litríocht na cruinne leis, mar atá ag Alan Titley. Ar na ciútaí stíle is mó a úsáideann Titley tá an spraoi, an spleodar, an scigaitheas, an aoir agus an íoróin. Eiseamláir de scéalaíocht Titley, agus den Raibiléiseachas is iondúil dó, is ea an scéal ‘An Tuisle Giniúnach’ (*Eiriceachtaí agus Scéalta Eile*, 1987) sa tslí go léiríonn sé na déithe mar ghrúpa drabhlásach a chruthaigh an domhan mar bhealach éalaithe ó leimhe shíoraibhneas na bhflaitheas. Scéal eile ón gcnuasach sin a léiríonn go leor de na tréithe céanna sin is ea an scéal ‘An Síscéal de réir Eoin’, a léiríonn cumas Titley scéal as an ngnách a chumadh. Maidir le scéalta eile de chuid an chnuasaigh *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile*, tugann na teidil féin le fios gur ag spraoi atá an t-údar seo, mar shampla ‘Scéal faoi Dhá Chaithir’, ‘Cuíorscéal’ agus ‘An tAire Dlí (agus Cirt)’.

Scríbhneoir a chuireann go mór le héagsúlacht chorpas na litríochta Gaeilge is ea Alan Titley, a léiríonn féidearthachtaí iomadúla na teanga comhaimseartha i dtaca le saol

²⁹⁴ Alan Titley, ‘Scéal Bleachtairreachta’ in *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile*, 102.

ficseanúil, saol fantaisíoch ar uairibh, a thabhairt chun beochana. Is fiú aird a tharraingt anseo ar a shaothar le béim a leagan ar éagsúlacht spreagúil stíle agus foirme na gearrscéalaíochta Gaeilge le linn thréimhse mórathruithe sin na 1980idí agus 1990idí.

Gearrscéalaí suntasach eile de chuid na tréimhse sin is ea Seán Mac Mathúna a raibh úire inste le brath ina chuid gearrscéalta nuair a céadfhoilsíodh iad. ‘Scéalaí cruthanta’ a thug Siobhán Ní Fhoghlú air, a raibh neamhchoitiantacht ag roinnt lena chuid scéalta.²⁹⁵ Tá éagsúlacht iontach ábhair agus atmaisféir ag gabháil lena scéalta, trínar féidir leis gáire croíúil nó deora duairce a spreagadh ina chuid léitheoirí. Chuaigh a chéad chnuasach gearrscéalta *Ding agus Scéalta Eile* (1983) i bhfeidhm go mór ar léitheoirí agus ar chriticeoirí na Gaeilge araon. Scríobh an criticeoir Caoimhín Mac Giolla Léith:

Tá carachtair Mhic Mhathúna ar maos sa choimhthíos doiléir meitifisiciúil atá mar chúlra ag cuid mhaith de ‘litríocht chruthaitheach’ ár linne agus a shamhlaítear coitianta le cineál éigin eiseachais nó nihileachais rómánsúil. Anuas air seo buailtear cló Gaelach mheon na ciontacht gona iarrachtaí teacht chun réitigh le córas coisctheach móráltachta – na scrupaill, na coimpléisc is na néaróiseanna a bhfuil rianú déanta go minic orthu i litríocht na tíre seo ...²⁹⁶

Rud suaithinseach faoina shaothar is ea ealaín na stíle scríbhneoireachta atá le sonrú ann. Is minic carachtair aonaracha ina scéalta, ag teacht le traidisiún na gearrscéalaíochta, ach go mionmhinic sna cásanna sin bíonn áibhéil, éadroime agus

²⁹⁵ Siobhán Ní Fhoghlú, ‘Ding Thú!’ in *Comhar* Iml. 46, Uimh. 12, Ficsean (Nollaig, 1987), 51.

²⁹⁶ Caoimhín Mac Giolla Léith, ‘*Ding agus Scéalta Eile*, Mac Mathúna, Seán.’ in *Comhar*, Iml. 42, Uimh. 5 (Bealtaine, 1983), 36.

greann le mothú iontu seachas duairceas agus aonaránachas. Tá tabhairt faoi deara den scoth ann mar scríbhneoir agus bua faoi leith aige caidrimh idirphearsanta a thabhairt chun léargais ina chuid scéalta. D'fhéadfaí a áiteamh gur scríbhneoir iarnua-aoiseach é Mac Mathúna ach níorbh fholáir a aithint gur máistirscéalaí i réimse an ghearrscéil thraidisiúnta é leis. Thagair Aisling Ní Dhonnchadha do na carachtair aonair ina scéalta ina halt 'Fleá an tSaoil', ag cur in iúl gur carachtair iad carachtair Mhic Mhathúna atá go minic 'ar deoraíocht ó fhleá an tsaoil'.²⁹⁷ Mar a d'áitigh Ní Dhonnchadha:

Príosúnaigh atá iontu nach mór, iad cuibhrithe teanntaithe ag institiúidí, ag rialacha iompair agus gnáis agus ag roghanna pearsanta agus ag cúinsí míámharacha a saol féin.²⁹⁸

Feictear, mar sin, téama 'seanphléite' an uaignis ag teacht chun cinn arís i ngearrscéalta an scríbhneora seo, ach ní bhaineann leimhe ná leadrán le scéalta Mhic Mhathúna riamh. Mar aon leis an mBreathnach, leagann Mac Mathúna a stíl inste féin anuas ar théama an uaignis agus cruthaíonn sé scéalta a bhfuil úire ag baint leo, agus carachtair bhríomhara, bheoga leis, agus téama uilíoch sin an uaignis á chíoradh go healaíonta. Mar a dúirt Pádraic Breathnach, 'ní bhíonn ábhar ar bith spíonta, is é an modh a bhíonn spíonta.'²⁹⁹ An scéal is mó dá chuid a léiríonn seo, i mo thuairim, is ea an scéal 'Tuatha Dé Danann' (*Ding agus Scéalta Eile*, 1983). Scríobh Pádraic Breathnach faoin gnuasach *Ding agus Scéalta Eile*:

Leabhar an-bhreá é *Ding*. Leabhar barrúil. ... Is é freisin an leabhar gearrscéalta is breátha sa Ghaeilge le fada. D'áireoinn i measc na leabhar

²⁹⁷ Aisling Ní Dhonnchadha, 'Fleá an tSaoil' in Pádraig Ó Fiannachta *Irisleabhar Mhá Nuad 1992* (Maigh Nuad: An Sagart, 1992), 198.

²⁹⁸ Ibid.

²⁹⁹ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas', 35.

gearrscéalta Gaeilge is fearr é. É féin, *Dúil agus An tSraith ar Lár* is iad is breátha sa Ghaeilge, dar liom.³⁰⁰

Cosúil le Pádraic Breathnach, cháiligh Seán Mac Mathúna mar mhúinteoir meánscoile agus feictear téama na scolaíochta ag teacht chun cinn ina shaothar. Is dócha gurb é an scéal is conspóidí agus is cáiliúla dá chuid ar an ábhar sin ná ‘Na Quizmháistrí’ ar aoir é ar shaol an mhúinteora agus ar an gcóras scolaíochta in Éirinn i gcoitinne. Scéal an-chliste is ea é a aorann cuid de na steiréatípeanna is seanbhunaithe faoin múinteoir. Faoin scéal áirithe sin, ‘Na Quizmháistrí’, scríobh Aisling Ní Dhonnchadha:

Scéal máistriúil dodhearmadta is ea ‘Na Quizmháistrí’, scéal atá ag cur thar maoil le sult agus le scléip ach a bhfuil a chuid féin den diamhair agus den doircheacht ag roinnt leis chomh maith.³⁰¹

Scéal i réimse an aisteachais agus an mhí-réasúin is ea ‘Na Quizmháistrí’. Cé go bhfuil scéalta aduaine scríofa aige agus gur aithin sé teacht i dtreis an tseánra sna 1980idí luatha,³⁰² is i scéalta réalaíochta an Bhreathnaigh a léiríonn sé a scothscríbhneoireacht agus a thuilleann sé a áit i measc scríbhneoirí sciliúla a linne. Is iontach mar a léiríonn an chodarsnacht idir stíl Phádraic Bhreathnaigh agus stíl Alan Titley nó Sheáin Mhic Mhathúna fairsinge, beocht agus solúbthacht fhoirm na gearrscéalaíochta Gaeilge, cé, ar ndóigh, go bhfuil tréithe stíle i bpáirt acu le chéile leis.

³⁰⁰ Ibid., 31.

³⁰¹ Aisling Ní Dhonnchadha, ‘Fleá an tSaoil’, 194.

³⁰² Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 30.

Sna 1980idí agus sna 1990idí luatha, tháinig gearrscéalaithe eile chun tosaigh sa Ghaeilge, a bhfuil Dara Ó Conaola ó Inis Meáin, Árainn,³⁰³ agus Micheál Ó Conghaile ó Inis Treabhair,³⁰⁴ i measc na ngearrscéalaithe is mó le rá díobh. Cé go mb'fhéidir gur i stíl thraidisiúnta an ghearrscéil a scríobhann na húdair seo cuid dá ngearrscéalta, is cinnte go bhfuil éagsúlacht leathan agus spésiúil ann in ábhar a ngearrscéalta. Aithníonn Ó Conaola bua an ghearrscéil thraidisiúnta, mar a dúirt sé faoina chuid scríbhneoireachta féin:

Le píosa scríbhneoireachta a bheith go maith caithfidh scéal a bheith ann im' thuairimse. Caithfidh an dá rud a bheith ann. Scéal is ea plota ar bhealach. Creatlach. Bua an scéalaí rud a rá le gontacht áirithe. Fiú amháin na seanscéalta féin bhí an chosúlacht orthu go raibh siad ag teacht amach as áit éigin níos faide siar ná an scéalaí, go raibh diamharacht éigin an baint leo.³⁰⁵

Tréith láidir i ngearrscéalta Uí Chonaola is ea an diamhaireacht, rud atá le sonrú ón gcéad abairt sa chnuasach *Mo Chathair Ghríobháin agus Scéalta Eile* i leith.³⁰⁶ Is minic féith na brionglóide, nó ba chirt a rá, an tromluí le mothú i scríbhneoireacht an údair áirithe seo, agus leagann sé béim ar an bplé inmheánach, ar an sruth comhfheasa, gur mórtheicníc de chuid an Bhreathnaigh féin é chomh maith. Tá na tréithe sin le

³⁰³ Le linn na 1980idí agus na 1990idí ó pheann Uí Chonaola, foilsíodh na cnuasaigh ghearrscéalta *Mo Chathair Ghríobháin agus Scéalta Eile* sa bhliain 1981; *Cor in Aghaidh an Chaim* dhá bhliain ina dhiaidh sin sa bhliain 1983, *Amuigh Liom Féin* sa bhliain 1988 agus *Night Ructions* sa bhliain 1990. Foilsíodh *Misiún ar Muir/Sea Mission* leis sa bhliain 1992.

³⁰⁴ Foilsíodh an cnuasach gearrscéalta *Mac an tSagairt* le Micheál Ó Conghaile sa bhliain 1986, agus cé gurb é sin an t-aon chnuasach gearrscéalta a foilsíodh dá chuid le linn na 1980idí, foilsíodh dhá chnuasach eile dá chuid gearrscéalta sna 1990idí, mar atá *An Fear a Phléasc* (1997), agus *An Fear nach nDéanann Gáire* (2003) agus cnuasach eile sa bhliain 2015, *Diabhláíocht Dé*; mar aon le húrscéal, *Sna Fir* (1999); nóibhille, *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (2002) agus saothair dhrámaíochta agus aistriúcháin. Le linn na 1980idí, foilsíodh cnuasach amhrán de chuid Chonamara, *Croch Suas É* (1986), mar aon le cnuasach filíochta dá chuid faoin teideal, *Comhrá Cailí* (1986). Foilsíodh saothar neamhliteartha de chuid Uí Chonghaile le linn na 1980idí agus 1990idí, leis.

³⁰⁵ Gabriel Rosenstock & Dara Ó Conaola, 'Comhar-rá 7' in *Comhar*, Iml. 43, Uimh. 5, (Bealtaine, 1984), 14.

³⁰⁶ Dara Ó Conaola, *Mo Chathair Ghríobháin agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1981).

sonrú i scéalta an chnuasaigh thuasluaite trí chéile. Sna gearrscéalta ‘Mo Chathair Ghríobháin’, agus ‘Fága 1’ agus ‘An Neach’, den chnuasach sin mar shampla, tagann an t-amhras ointeolaíoch chun cinn go gléineach iontu, tréith atá le sonrú i scéalta iarnua-aoiseacha go minic. Is minic a fheictear an greann ag sní isteach ina chuid gearrscéalta, greann dubh a bhíonn ann go minic, mar atá le feiceáil sa scéal ‘An Neach’, scéal a osclaíonn le halt nach bhfuil ach an t-aon abairt amháin ann, mar atá, ‘Bhí neach oilbhéasach do mo leanúint.’³⁰⁷ Sa scéal seo, arís, tagann an diamhaireacht agus sceon an tromluí chun cinn.

Dar le Seosamh Ó Murchú, ‘Is éard a fhaighimid ina dhiaidh sin ná léargas ar thuras anama agus intinne a scanraíonn agus a chuireann ag gáire sinn araon.’³⁰⁸ D’áitigh Ó Murchú faoina rogha ábhar i gcoitinne, gurb iad ‘téamaí mar chlastrafóibe, pharanóia agus “plúchadh” is coitianta a phléitear i scéalta Uí Chonaola, agus a gcuid carachtar dá réir.’³⁰⁹ Tarraingíonn Ó Conaola go láidir ar an oidhreacht liteartha atá aige féin, agus deir sé gur foinse spreagtha é an béaloideas dó toisc saibhreas na scéalaíochta agus na teanga atá le fáil ann. Is mar seo a leanas a bhreathnaíonn an scríbhneoir féin ar an gceangal atá aige leis an mbéaloideas agus lena oidhreacht:

Sé an buntáiste atá sa bhéaloideas domsa go bhfuil go leor saibhris ann agus tugann sé an-mháistreacht dom ar láimhseáil na teanga: tugann sé freisin muinín dom go bhfuilim ag coinneáil ar aghaidh leis an nós seanbhunaithe.³¹⁰

³⁰⁷ Ibid., 21.

³⁰⁸ Seosamh Ó Murchú, ‘Córas Iompair is ea an Guth’ in *Comhar*, Iml. 46, Uimh. 12, Ficsean (Nollaig, 1987), 30.

³⁰⁹ Ibid., 31.

³¹⁰ Gabriel Rosenstock & Dara Ó Conaola, ‘Cómhar-rá 7’, 15.

Thug Pádraic Breathnach suntas do Dhara Ó Conaola mar ghearrscéalaí óg. Dúirt sé an méid seo a leanas faoina stíl scríbhneoireachta:

Cineál sciatháin leathair ag imeacht sa mheathsholas a shamhláimse leis! É dulta go minic go dtí críocha i gcéin sna scéalta seo. Críocha atá sách scéiniúil amanna ach ar spléachadh aoibhill isteach in aigne chorr neamhchoitianta iad. Is cinnte go bhfuil rud éigin neamhchoitianta i gceapadóireacht an fhir óig seo
...³¹¹

Gearrscéalaí nua-aoiseach is ea Micheál Ó Conghaile, nach bhfuil drogall air tabhairt faoi ábhair dhúshlánacha, nár pléadh roimhe sin i litríocht na Gaeilge iad agus déanann sé é sin ar bhealach a bhfuil idir ghreann agus cháiréis, daonnacht agus domhantuisicint ag baint leis de réir mar a oireann. Chuir Tadhg Ó Dúshláine in iúl go raibh, ‘éascaíocht, nádúrthacht, foirfeacht, agus cumas na teanga’³¹² ag roinnt lena chéad chnuasach, *Mac an tSagairt*, a foilsíodh sa bhliain 1986. Faoin gcnuasach céanna, bhí an méid seo a leanas le rá ag Alan Titley:

Níl sé i dtaobh le ciútaí casta inste agus níl sé ag iarraidh a chuid gliocais féin a thaispeáint os comhair an tsaoil. Tá ómós aige don léitheoir agus tuigfear gan doic gan deacracht an ní atá aige a rá. Ar an gcuid is lú de, scríobhann sé scéalta inspéise, inléite atá bunaithe ar an saol aithnidiúil mar is léir dá lán é, agus ar an gcuid is fearr de éiríonn leis pictiúir scanrúla a dhathú dúinn den saol comhaimseartha, den *rat's alley* ina bhfuil a chuid pearsana beo.³¹³

³¹¹ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 34.

³¹² Tadhg Ó Dúshláine, ‘An Coimpléasc Priompallánach’, 10.

³¹³ Alan Titley, ‘An Bobailín a Scaoileadh Amach’ in *Comhar* Iml. 46, Uimh. 12, (Nollaig, 1987), 40.

Cé go bhfuil scéalta i dtraidisiún an réalachais le sonrú ina chnuasaigh eile, sna scéalta ‘Athair’³¹⁴ agus ‘Caillte i gConamara’³¹⁵ mar shampla, ón gcéad chnuasach sin i leith, tá Ó Conghaile dultha i bhfad ar bhóthar an neamhréalachais, rud atá le feiceáil go háirithe sna chnuasaigh *An Fear a Phléasc* (1997) agus *An Fear nach nDéanann Gáire* (2003). Léiríonn cuid mhaith de na scéalta neamhréalacha, aduaine seo go bhfuil féith thrialach go láidir sa scríbhneoir seo. Tá doimhneacht chéille i gcuid de na scéalta seo, go háirithe sa chnuasach *An Fear nach nDéanann Gáire*, ina bpléann Ó Conghaile mórdheacrachtaí pearsanta agus mórfhadhbanna an duine aonair i sochaí an lae inniu, ag plé gach aon rud ón neamhchomhlíonadh pearsanta sa chaidreamh pósta go meabhairghalair an dúlagair agus an néaltraithe.

Rud spéisiúil faoi stíl Uí Chonghaile, agus rud a léiríonn an scil ghéarchúiseach atá aige i leith láimhseáil na teanga, is ea go dtagann a mhodhanna reacaireachta le haoisghrúpa a charachtar. Is é sin le rá go mbíonn réimeanna cainte difriúla na gcarachtar tugtha go beacht aige faoi mar a chloistear i measc chainteoirí dúchasacha na linne seo. Tá eiseamláir de seo le feiceáil ina úrscéal *Sna Fir*, ina bhfuil an deighilt theangeolaíoch idir na glúinte éagsúla an-soiléir.

I gcás na beirte scríbhneoirí seo, ámh, ba éagsúil an aisfhreagairt a fuair siad ó chriticeoirí agus ó léitheoirí i dtaca lena n-imeacht ó Ghaeilge ghlan an chaighdeáin. I gcás an Bhreathnaigh, mar a fheicfear níos déanaí sa tráchtas seo, cáineadh é de bharr gurbh í tuairim cuid áirithe de na léirmheastóirí ná gur chóir do scríbhneoir a bhí ina léachtóir i gColáiste Oideachais chomh maith, dea-shampla na Gaeilge caighdeánta a

³¹⁴ Micheál Ó Conghaile, *An Fear a Phléasc* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997).

³¹⁵ Micheál Ó Conghaile, *An Fear nach nDéanann Gáire* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2003).

léiriú ina shaothar liteartha leis. Thug Séamas Ó Saothraí an léirmheas thíos ar an gcnuasach *An Lánúin agus Scéalta Eile* de chuid an Bhreathnaigh nuair a foilsíodh é sa bhliain 1979:

Léachtóir le Gaeilge is ea an t-údar. Is ródhócha gur laoch é ag a chuid mac léinn tríú leibhéal. Léifidh siad na scéalta seo go cíocrach agus iad a cheapadh gur Gaeilge chruinn cheart atá curtha ina láthair. Seo an áit a bhfuil an dáinséar.³¹⁶

Mar aisfhreagairt ar léiriú Ghaeilge mhuintir óg Chonamara i scéal Uí Chonghaile, ‘Féincheist’, nuair a foilsíodh é in *Comhar* sa bhliain 1986, scríobh Éanna Mac Fhionnlaoidh chuig eagarthóir na hirise ag gearán go tarcaisniúil ar an dóigh seo a leanas faoi ísliú chaighdeáin na Gaeilge, mar a chonacthas dó é:

A Editor, a chara,

An weekend seo caite bhíos ag readáil an gearrstory ‘Féincheist’ ins an edition is déanaí de *Chomhar*. Bhíos ag sitáil cois na tine, sixpack ar an gcairpéid in aice liom, boscín sairdíns ar mo knees agus feaig i mo bhéal. ... Thógas an copy de *Chomhar* agus startáil mé á perúsáil.

Bhí an shortscéal seo ann faoin teideal ‘Féincheist’ agus caithfidh mé a rá gur startáil sé mé ag smaoineamh. Tar éis é a readáil startáil mé ar an bhféincheistiú. Sé an cheist a chuireas orm féin ná cén fáth a raibh m’athair i gcónaí a rá liomsa ag fás aníos dom gan Béarla a mheascadh le mo chuid Gaeilge? An raibh m’athair right nó an raibh sé wrong? Ag léamh an shortstory seo tá sé soiléir go raibh sé wrong mar tá na writers á dhéanamh

³¹⁶ Séamas Ó Saothraí, ‘Tréith na Daonnachta: *An Lánúin agus Scéalta Eile* by Pádraig Breathnach’ in *Books Ireland*, No. 38 (Nov., 1979), 194.

anois. Nó b'fhéidir go bhfuil sé right agus gurb é go bhfuil a bit of a polo-NEC
crua ag scríbhneoirí an lae inniu.³¹⁷

Gaeilge agus ábhair na linne seo atá le feiceáil i ngearrscéalta Uí Chonghaile. Díreach
cosúil le Pádraic Breathnach, go háirithe ag tús a ré scríbhneoireachta, tugann sé
aghaidh go cróga ar ábhair nach gnách iad á bplé sa Ghaeilge roimhe sin. Tharraing
Pádraic Breathnach agus Micheál Ó Conghaile míshástacht léitheoirí áirithe orthu féin
ar an dóigh sin amanta, ach thairis sin, mhúscail siad spéis agus thuill siad meas
léitheoirí dílse ina theannta sin. Scríobhann siad beirt faoin saol atá timpeall orthu i
ndomhan atá ag síorathrú agus ag athrú go mear.

Ina halt 'Teorainneacha an Ghearrscéil á Síneadh', déanann Siobhán Ní Fhoghlú
iniúchadh ar an ngearrscéal Gaeilge comhaimseartha agus deir sí nach féidir le
gearrscéalaithe na foirme comhaimseartha fanacht faoi scáth ghearrscéal idirnáisiúnta
chasadh na haoise seo caite ach ina ionad sin, go gcaithfidh siad breathnú rompu agus
roimh nuálú an tseánra. Scríobh sí:

Ní féidir cloí le tuiscintí a tháinig as iarrachtaí scríbhneoirí Mheiriceá, na Rúise,
na Fraince ná fiú údair Bhéarla ná Ghaeilge na tíre seo sa chéad leath den
fhichiú haois. Sa mhéid gur féidir rialacha a shamhlú le haon chineál liteartha,
caithfear a admháil gur as an scríbhneoireacht féin a eascraíonn siad agus gurb
iad na scríbhneoirí féin a shíneann teorainneacha aon seánra.³¹⁸

³¹⁷ Éanna Ó Fionnlaoich, 'Comhfhreagras: "Self-Cheist"' in *Comhar*, Iml. 45, Uimh. 6, (Meitheamh,
1986), 20.

³¹⁸ Siobhán Ní Fhoghlú, 'Léirmheas: Teorainneacha an Ghearrscéil á Síneadh' in Mícheál Ó Cearúil
(eag.) *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 380.

Bítear de shíor ag déanamh comparáide idir saothair chomhaimseartha agus saothair na nglúinte a chuaigh roimhe, agus is minic gur ag lochtú laigí áirithe sna saothair chomhaimseartha a bhítear ar na hócáidí sin. Ní ar laige ar bith a dhírigh Pádraic Breathnach a aird agus é ag trácht ar ghearrscéalaíocht na Gaeilge ag druidim le deireadh na haoise seo caite, ach ar a buanna, agus ar a hoiriúnacht do shaol na linne. Is mar seo a leanas a rinne sé suimiú ar ghearrscéalaíocht na linne sin:

Scéalta an lae inniu, tá siad chomh saibhir, chomh pulctha lán de shaol le haois ar bith. Tugaid pléisiúr. Tugaid sásamh. Tá tábhacht aestéitiúil is stairiúil leo. Táid féin is a réamhtheachtaithe mar chodanna den aon slabhra. Leanúnachas san aon traidisiún iad.³¹⁹

In ainneoin go dtráchtann Pádraic Breathnach thuas ar leanúnachas traidisiúin, bhí tionchar an déachais idirchultúrtha soiléir sa litríocht, agus sa tsochaí leis. Brúdh cultúir iasachta isteach ar an gcultúr dúchasach agus ba faoi scríbhneoirí na linne úire é sin a aithint agus dul i ngleic go muiníneach leis an déachas agus leis na hathruithe sochaíocha sin chomh cumasach agus chomh cruthaitheach is a rinneadh riamh sa Ghaeilge. É sin ráite, chomh fada siar is a bhíothas ag scríobh i nGaeilge bhí lucht a scríofa ag dul i ngleic le tionchair iasachta. Ba í an difríocht a bhí ann ná go bhfacthas don tseanghlúin gur lagú an chultúir dhúchais a bhí sa déachas iarchoilíneach sin, mar a bhí um an dtaca úd ann, seachas cumasc dearfach cultúrtha. I ráiteas spreagúil, dóchasach, réalaíoch chuir an Breathnach a thuairim in iúl faoi scríbhneoireacht Ghaeilge a linne agus na linne a bhí le teacht. D’fhógair sé:

³¹⁹ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 35.

Céard faoi a scríobhaid? Faoin saol, cad eile, faoi mar a chonaiceamar. Faoin saol iontu féin, faoin saol ina dtimpeall. Saol an lae inniu a bhfuil cuid de san aimsir chaite agus cuid eile de fós le teacht.³²⁰

Faoi dhéachas idirchultúrtha Éire an lae inniu, mar sin, a scríobhfadh gearrscéalaithe na Gaeilge feasta, dar leis an mBreathnach, faoi mar a bhí á dhéanamh aige féin. Tá díograis Phádraic Bhreathnaigh i leith na n-athruithe agus i leith an nuálaithe sin i gcúrsaí scríbhneoireachta sa Ghaeilge le mothú sa sliocht seo thíos. Is léir gurb í an tsaoirse ealaíne a ghabhann leis an nuálú seo an rud ba thábhachtaí dó mar scríbhneoir ag an am. Feiceann Pádraic Breathnach na hathruithe seo a leanas ag titim amach le teacht chun cinn an scríbhneora uirbigh:

Struchtúir shóisialta nua, nósanna nua, dearcadh nua, bochtaineacht nua, slumaí, uaigneas nua, coimhthíos nua, saoirse nua, daoirse nua. Saíocht na cathrach, leath sí amach. Scaip a géaga. Chuaigh sí i bhfeidhm ar Ghalltacht is ar Ghaeltacht. Bhí seanghaid eile ag scrioradh, ag scaoileadh: mórchumhacht dhocht na cléire, dearcadh ábharaíoch ag cur i leaba dearcaidh spioradálta / reiligiúnda. Thosaigh trácht ar riaradh clainne, ar choiscíní, ar fhrithghiniúint. Thosaigh mná ag cur a gcosa uathu ag iarraidh a gcearta. Na cearta seo a bhain mná amach dóibh féin, an comhghradam le fir, an chomhchéim phá is phost, bhí siad ar mhórathruithe móra na haoise seo. Le saoirse na mban tháinig léi saoirse na bhfear: saoraíodh an fear óna sheanmhúnláí.³²¹

³²⁰ Ibid.

³²¹ Ibid.

Rud spéisiúil faoin sliocht thuas is ea go sonraíonn an Breathnach saoirse na bhfear. Ábhar nár chualathas mórán ina thaobh ab ea é seo. Is gné ar leith de ghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh í saoirse agus daoirse na bhfear de bharr go raibh sé ag scríobh faoi chearta agus faoi dhaoirse na bhfear nuair nach raibh scríbhneoirí eile ag tabhairt aon suntais dá leithéid. Smaoiním go háirithe ar na scéalta ‘Réamhchuart’ (BP), ina bhfeictear Cólín faoi dhaoirse ag a bhean a choinníonn faoi chois é; agus ‘Páis’ sa chnuasach céanna, ina bhfeictear príomhphearsa an scéil, fear óg nuaphósta, agus é ag iarraidh dul i ngleic leis an amhras rúnda go mb’fhéidir go bhfuil ailse air.

I ráiteas a léiríonn muinín an chumaisc chultúrtha ann, chuir Pádraic Breathnach in iúl i lár na 1980idí, nach raibh aon amhras air faoi thodhchaí na litríochta Gaeilge agus faoi thodhchaí an ghearrscéil Ghaeilge, ach go háirithe, in ainneoin an bhrú ón gcultúr isteach, mar is léir thíos. Is fíor an méid seo fós inniu:

Baineann na scéalta leis an ré seo in ábhar, i struchtúr, i stíl is i bhfriotal. Anam is anáil na ré seo atá ina mórbhunáite. Ní fhéadfaí a mbreacadh in aon ré eile. Agus tá staid na Gaeilge féin is máthair dóibh, tá sí láidir. Murach an géim maith spreacúil atá inti ní fhéadfaí briathrú inti, briathrú go teann ionraic inti mar a bhriathraítear.³²²

Tá scríbhneoirí Gaeilge an lae inniu ag tabhairt aghaidh ar ‘an ré seo’, mar a luaigh Pádraic Breathnach thuas. Tá gnéithe den saol traidisiúnta in Éirinn le sonrú i saothar chuid de scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge, agus é sin curtha in oiriúint ‘[d’]anam is [d’]anáil na ré seo’, agus do bhraistintí idirchultúrtha Éire an aonú haois is fiche. Faoi mar a d’fhógair Máire Ní Annracháin ag casadh na mílaoise:

³²² Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 36.

Táimid sa riocht céanna, nó d'fhéadfadh a bheith, is a bhí lucht na Gaeilge ag tús na hAthbheochana. Conas dul i ngleic leis an mblúire mór seo den nu-aois? Conas a bheith dílis don traidisiún agus dílis do spiorad an lae inniu freisin?³²³

Is de chúlraí éagsúla soch-chultúrtha, teangeolaíochta agus polaitíochta cuid de na scríbhneoirí seo, Micheál Ó Conghaile, Fionntán de Brún agus Alex Hijmans ina measc. Scríbhneoirí a chuaigh i mbun pinn i ndiaidh Phádraic Bhreathnaigh atá i gceist leo siúd. Le teacht chun ardán scríbhneoireachta na Gaeilge do scríbhneoirí ar nós iad sin atá luaite thuas, tá leathnú déanta ar ábhar agus ar réimse na litríochta Gaeilge arís eile, agus í ag freagairt d'ilghnéitheacht shaol na linne seo trí chéile.

³²³ Máire Ní Annracháin, 'Litríocht na Gaeilge i dTreo na Mílaoise' in Micheál Ó Cearúil (eag.) *An Aimsir Óg* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999), 23.

Tuairimí na Léirmheastóirí

Sa mhír dheireanach seo de Chaibidil 2, breathnófar ar léirmheasanna a cuireadh i gcló de réir mar a foilsíodh cnuasaigh ghearrscéalta an Bhreathnaigh chun solas a chaitheamh ar fhreagairt an-éagsúil na léirmheastóirí i leith shaothar an Bhreathnaigh. Trí iniúchadh a dhéanamh ar na léirmheasanna sin, feictear aisfhreagairt a bhí ag cuid de lucht léitheoireachta na Gaeilge i leith na n-athruithe liteartha a bhí ag titim amach, go háirithe sna 1970idí agus 1980idí luatha. Foilsíodh formhór na léirmheasanna seo in irisí liteartha Gaeilge, cosúil le *Comhar* agus *Feasta*, agus cuid eile acu i nuachtáin náisiúnta ar nós *The Irish Times*. I dteannta na léirmheasanna sin, tá tuairiscí mholtóirí an Oireachtais i leith iontrálacha Phádraic Bhreathnaigh ar chomórtais éagsúla na gearrscéalaíochta ar fáil in Aguisín 2, ábhar a chuireann léargas sa bhreis ar fáil maidir le tuairimíocht agus le hionchais lucht léitheoireachta na gearrscéalaíochta Gaeilge thar thréimhse nach mór leathchéad bliain.

Cnuasach spéisiúil, tábhachtach is ea *Bean Aonair agus Scéalta Eile* a léiríonn mórán gnéithe de shaol idirchultúrtha Éireann na linne. Tá crógacht an Bhreathnaigh le sonrú i dtaca le hábhair neamhchoitianta i litríocht Ghaeilge na tréimhse sin a iniúchadh ina shaothar gearrscéalaíochta. Mhol Dónall Mac Amhlaigh cumas scríbhneoireachta an Bhreathnaigh i léirmheas a scríobh sé nuair a foilsíodh *Bean Aonair agus Scéalta Eile*. D'áitigh sé:

B'fhacthas dom féin ó thús go mba dhíol spéise an Breathnach mar scríbhneoir, go raibh féiniúlacht agus úire áirithe le sonrú ina shaothar nach mór i gcónaí go fiú má bhí easpa áirithe foirme ann anois is arís. Is dóigh gur maith an teist ar scríbhneoir ar bith go bhfanann cuimhne soiléir ag an léitheoir ar scéalta dá

chuid i bhfad tar éis dó iad a léamh agus caithfe mé a rá gurbh shin é dom féin
le saothar an fhir seo. ...³²⁴

Tráchtann Mac Amhlaigh chomh maith ar chumas faoi leith an Bhreathnaigh carachtar
mná a chruthú:

Más ar fheara is ar bhuachaillí is mó a scríobhann Pádraic Breathnach ní shin
é le rá nach bhfuil tuiscint aige do mheon na mban, mar tá agus go breá.
Chuaigh teideal-scéal na cnuasachta seo *Bean Aonair* i gcionn orm féin go mór.
Ghoin sé mé agus féadaim a rá gan bhréag, gan áibhéal gur áiríos pian agus
uaigneas na mná sin ina suí di aisti féin ag dul siar ar chorra cruá na beatha
...³²⁵

Críochnaíonn sé a léirmheas go simplí a rá, ‘Fáiltím roimh an leabhar seo agus molaim
go mór é.’³²⁶

Mhol Maitiú Ó Murchú an cnuasach *Bean Aonair agus Scéalta Eile* chomh maith i
léirmheas dar teideal ‘Saothar Daonnúil’ a foilsíodh in *Comhar* i mí Iúil na bliana
1974. Tugann sé aitheantas do Phádraic Breathnach as ucht na nuálaíochta agus na
ceannródaíochta inste atá le sonrú sa chnuasach.

Más aon tuar iad Daithí Ó hÓgáin agus Pádraic Breathnach ar aon, tá deireadh
ré ag teacht. Roimhe seo bhí cur síos nithiúil nó comhráúil ar imeachtaí an
scéil. ... Anois is é an intinn atá á nochtadh romhainn agus ní toradh na
teachtaireachta a ghluaiseann fad an chórais néaróga chuig an inchinn. Táthar

³²⁴ Dónall Mac Amhlaigh, ‘Céad Leabhar Fiúntach’ in *The Irish Times*, 28 Feabhra, 1974, 12.

³²⁵ Ibid.

³²⁶ Ibid.

ag iomrascáil leis an intinn i mbun saothair. Tá plé inmheánach intinniúil á thomhas.³²⁷

Ag breathnú siar ar an gcéad chnuasach sin di in alt dar teideal ‘An Grá agus An Ghruaim: Téama an Chaidrimh i nGearrscéalaíocht Ghaeilge na Seachtóidí’, mhol Aisling Ní Dhonnchadha Pádraic Breathnach as ucht a ghéarchúise i dtaca le ‘dul i ngleic le cúrsaí casta caidrimh idir fir agus mná mar théama dá chuid scéalta.’³²⁸ Molann sí, ina theannta sin, an fhorbairt a rinne a theacht i láthair i measc scríbhneoirí na Gaeilge don ghearrscéal Gaeilge i gcoitinne:

Ba sa bhliain 1974 a foilsíodh *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, cnuasach suntasach a chruthaigh go raibh scríbhneoir óg muiníneach forránach tagtha ar an bhfód, scríbhneoir a bhí i dtiúin go hiomlán le meanma, le teanga agus le meon a linne.³²⁹

Ba é an dara cnuasach a d’fhoilsigh Pádraic Breathnach ná *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* (1978), cnuasach ar scríobh Gearóid Denvir léirmheas faoi in *Comhar* ag an am. ‘Na hAonaráin’ ab ea teideal an léirmheasa sin, ag léiriú an phríomhchineál carachtair a bhí le fáil sa chnuasach, dar le Denvir:

Míshocracht agus uaigneas céasta an aonaráin is mó atá le haireachtáil ar na scéalta ar fad, geall leis, sa chnuasach nua seo le Pádraic Breathnach ... Tá éadóchas domhain, faillí, bhunúsach an duine tabhairt faoina chuid fadhbanna a réiteach ar mhodh sásúil, agus a easpa misnigh de dheasca na faillí seo le

³²⁷ Maitiú Ó Murchú, ‘Saothar Daonnúil’ in *Comhar*, Iml. 33, Uimh. 7 (Iúil, 1974), 19.

³²⁸ Aisling Ní Dhonnchadha, ‘An Grá agus an Ghruaim: Téama an Chaidrimh i nGearrscéalaíocht Ghaeilge na Seachtóidí’, 31.

³²⁹ *Ibid.*

sonrú i ngach uile bhall. Líontar an t-aer le boladh an domlais, sáraítear an duine bocht éidreorach, agus fágtar é gan sonas ná sástacht i ndán dó.³³⁰

Tá saoirse chruthaitheach an-tábhachtach don Bhreathnach mar a chonacthas thuas. D'esaontaigh sé go láidir le Frank O'Connor faoin uaigneas pearsanta a bheith ina chuid lárnach den ghearrscéalaíocht.³³¹ Ní hé go bhfuil an t-uaigneas riachtanach i bhfoirm na gearrscéalaíochta, agus is cinnte go bhfuil an ceart ag Breathnach nuair a éilíonn sé saoirse don údar, ach leis an tsaoirse sin is cosúil go roghnaíonn sé féin an t-uaigneas pearsanta a ionramháil go minic ina chuid scéalta. Áitíonn Denvir leis gur dlúthchuid de scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh é:

Is é an t-uaigneas damanta, scéiniúil seo is dúshraith do shaothair iomlán an Bhreathnaigh, nach mór; is cás leis an duine scoite, an coimhthíoch, an t-éan cuideáin. Ba léir sin óna chéad chnuasach *Bean Aonair agus Scéalta Eile* ...³³²

Scríobh Patrick Gilligan léirmheas ar an gcnuasach *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* i *Scéala Éireann* i mí Aibreán na bliana 1978. Scríobh sé:

The stories are contemporary in theme and treatment and written with a deep awareness of roots and origins.

The writer demonstrates without pedantry and without inhibition that his chosen medium can cope effectively with the complexities of modern living.

... The use of actual locations and proprietary names gives a convincing edge of realism to the collection.³³³

³³⁰ Gearóid Denvir, 'Na hAonaráin' in *Comhar*, Iml. 37, Uimh. 11 (Samhain, 1978), 19.

³³¹ Pádraic Breathnach, 'Filíocht an Ghearrscéil', 74-76.

³³² Gearóid Denvir, 'Na hAonaráin', 19.

³³³ Patrick Gilligan, 'Hinterlands' in *Scéala Éireann*, Aibreán 6, 1978, 6.

Is fíor an méid a d'áitigh Gilligan i dtaca leis an gcnuasach *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, ach ní hamháin sin. Is fíor ráitis Gilligan i dtaca le gearrscéalaíocht an Bhreathnaigh óna chéad chnuasach i leith. Léiríonn sé muinín teanga ina scríbhneoireacht trí chéile, ag cur in iúl go bhfuil an Ghaeilge oiriúnach mar mheán na litríochta comhaimseartha. Ina theannta sin, mar a chuireann Gilligan in iúl, feictear an déachas sin ag sní trína shaothar gearrscéalaíochta trí chéile. Déanann sé comhtháthú muiníneach den dúchas agus den chomhaimsir.

Rinne Tadhg Ó Dúshláine tagairt don chnuasach *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* in alt dá chuid 'An Coimpléasc Priompallánach', ina raibh an méid seo le rá aige:

Maidir le cúrsaí gearrscéalaíochta de tá daoine a bhfuil píosaí leo anseo istigh a bhfuil croitheadh bainte as an *genre* le deich mbliana anuas acu agus a bhfuil bá nó fíoch an phobail leo dá bharr. *Buicéad Poitín* (1978) le Pádraic Breathnach a chuir lasair sa bharrach nuair a d'fhógair cath le díograis chrosáide ar Vichteoiriachas cúngaigeanta na hÉireann. 'Oíche i bPigalle' an scéal is dána uaidh sa mhéid sin.³³⁴

Cháin sé gnéithe faoi leith den chnuasach, ag cur críoch lena thagairt don chnuasach ar an dóigh seo a leanas:

Ag deireadh thiar braithim go mb'fhéidir gurb ionann buile na hútha agus buile na hóige sa chnuasach seo agus tá gach dealramh ar an scéal go bhfuil an raiste sin curtha de ag an údar sa saothar is déanaí uaidh agus é ag teacht ar cíle chothrom.³³⁵

³³⁴ Tadhg Ó Dúshláine, 'An Coimpléasc Priompallánach', 8.

³³⁵ Ibid.

Ní mó ná sásta a bhí an Breathnach féin, áfach, le halt Uí Dhúshláine. I litir a scríobh sé chuig eagarthóir na hirise a foilsíodh in uimhir na míosa dár gcionn, d'fhreagair sé Ó Dúshláine agus an méid a bhí le rá aige:

A Eagarthóir, a chara,

Is é an trua é gur labhair scoláire chomh cumasach le Tadhg Ó Dúshláine chomh diúltach ina alt i *Comhar* na Nollag. Chuir sé roimhe argóint bheag a bhí aige féin a chruthú trí chíoradh i gcoinne sneácha a dhéanamh i leabhair áirithe. I mo chás féin, bhain sé trí ghiota bhídeacha, go mór as a gcomhthéacs, as trí scéal luatha liom agus ní dhearna sé tagairt ar bith do na 110 scéal eile liom ach a rá go raibh “gach dealramh ar an scéal go bhfuil an raiste sin curtha de ag an údar sa saothar is déanaí uaidh agus é ag teacht ar cíle chothrom.” Ba thairbhe go mór fada dá scríobhadh sé faoi na scéalta ba chothroime cíle. Is cinnte, fearacht chuile dhuine eile, go n-éiríonn liom corrdhroch-scéal a bhreacadh.³³⁶

Agus é ag scríobh léirmheasa ar an gcnuasach *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, tráchtann Caoimhín Mac Giolla Léith ar an easpa léirmheasanna a scríobhadh nó a foilsíodh de réir mar a tháinig cnuasaigh ghearrscéalta scríbhneoirí éagsúla amach. Tráchtann sé ar scéalta an chnuasaigh *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* sa léirmheas céanna. Tráchtann sé go háirithe ar an mbua atá ag Breathnach réimse leathan carachtar inchreidte a chruthú:

Léiríonn sé máistreacht thar an ngnáth ar chúrsaí carachtrachta agus is beag príomhcharachtar aige nach bhfuil inchreidte go hiomlán. Tá an réimse aige

³³⁶ Pádraic Breathnach, ‘Comhfhreagras’ in *Comhar* Iml. 47, Uimh. 1 (Eanáir, 1988), 21.

sách leathan chomh maith. ... Is beag fear, taobh amuigh den Chadhnach féin b'fhéidir, a bhfuil léiriú chomh hinchreidte sin ina shaothar ar mheon na mban.³³⁷

Foilsíodh léirmheas de chuid Annraoi Uí Liatháin in *Feasta* i mí Iúil na bliana 1978 ar dhá chnuasach nua-eisithe, mar a bhí, *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* agus *Gleann an Chuain* le Colm Ó hIarnáin. Molann Ó Liatháin an chéad chnuasach ach go háirithe:

Leabhar tábhachtach. Níl aon 'is é mo thuairim' ná 'is dóigh liom' agam. Leabhar tábhachtach. Chugainn scríbhneoir. B'fhéidir nach bhfuil sé ar an láthair fós, ach tá sé ag teacht. Bhaineas taitneamh as an gcuid is mó de na scéalta sa chnuasach seo. Tá dhá cheann acu ar fheabhas – 'Oíche i bPigalle' agus 'An Faire'.

Tá an ráiteas thuas spéisiúil. Ní mór a rá gur scéalta an-éagsúil lena chéile an dá scéal sin ó thaobh stíle, suímh agus ábhair de. I leith ghearrscéalaíocht an Bhreathnaigh i gcoitinne, d'áitigh sé:

Tá a shlí féin ag Pádraic le brí an scéil a chur inár láthair: teidheanna beaga, smaointe beaga, nodanna beaga, is iad ag fánaíocht i ndiaidh a chéile agus trína chéile, agus an scéal á fhí lena bheart sífíní aige i ngan fhios dúinn. ... Lasmuigh de Mháirtín Ó Cadhain is beag scríbhneoir Gaeilge a chleachtann é. Is maith go bhfuil caoladóir eile chugainn, mar is í an chaoladóireacht seo buaic na gearrscéalaíochta.³³⁸

³³⁷ Caoimhín Mac Giolla Léith, 'Léirmheasanna: Na Déithe Luachmhara Deiridh agus Buicéad Poitín agus Scéalta Eile' in *Feasta*, Iml. 34, Uimh. 12 (Nollaig, 1981), 17-18.

³³⁸ Annraoi Ó Liatháin, 'Beirt Scríbhneoir le Dealramh' in *Feasta*, Iml. 36, Uimh. 7 (Nollaig, 1978), 16.

Léirmheastóir eile a bhreathnaigh ar an dá chnuasach chéanna, *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* agus *Gleann an Chuain* ab ea Séamas Ó Saothraí. Mhol sé éagsúlacht agus críochnúlacht an Bhreathnaigh mar aon lena stíl uathúil:

Ní bhfaighfeá fear a bharrtha ag insint faoi ainmhithe agus faoi éanlaithe. ...
... tá a stíl féin aige, stíl gheiteach, ghasta, ghonta a fhaigheann greim dobhogtha ar an léitheoir agus a fhágann beophianta é go bhfeiceann sé cén chéad rud eile a tharla ... Ó thaobh ábhair de ní féidir easpa éagsúlachta a chur i leith an údair nua-aoisigh seo. ... tá blas na daonnachta agus an dúchais ar scéalta seo an Bhreathnaigh – cáilíocht atá riachtanach ag gearrscéalaí ar bith. Údar é Pádraic Breathnach a gcloisfear iomrá air.³³⁹

Chothaigh an cnuasach, nó ar a laghad scéalta áirithe an chnuasaigh, roinnt conspóide nuair a foilsíodh é. Scríobhadh litreacha chuig eagarthóir *Feasta* ag gearán faoin ngáirsiúlacht a bhí le sonrú sa ghearrscéal ‘Spallaíocht’ ach go háirithe, a foilsíodh san iris i mí na Nollag, 1977. I litir fhada chuig an iris, chuir an tAthair Benedict ó Mhainistir Mhuire, méid a mhíshástachta in iúl ar fhoilsiú an scéil san iris. Seo thíos sliocht ón litir chéanna:

Is mór an t-ionadh liom gur chuiris i gcló i bh*Feasta* an píosa fada suarach gáirsiúlachta sin, *Spallaíocht*, agus is mór an náire a leithéid a bheith i gcló i bpáipéar nó i leabhar ar bith, ní áirím in irisleabhar do ghnáthléitheoirí na hÉireann, agus é a bheith ann le haghaidh Seachtaine Beannaithe na Nollag. ...

³³⁹ Séamas Ó Saothraí, ‘An Saol atá Timpeall Orainn’ in *Books Ireland*, No. 24 (Jun., 1978), 96.

Ar mhaithe le leas spioradálta ár muintire agus ar mhaithe leis an nGaeilge atá an méid sin scríofa agam.³⁴⁰

Léirigh léitheoir eile de chuid na hirise an tuairim chéanna i litir a scríobh sé chuig an iris.

A Chara,

Tá orm scríobh chugat agus a chur in iúl duit an déistean a chuir gearrscéal ag Pádraig Breathnach éigin ar uimhir mhí na Nollag orm agus ar mo bhean, leis. Bhí sé salach gáirsiúil agus ní chuirfeadh an SUNDAY WORLD féin a leithéid i gcló. Seans gur ‘litríocht’ é; ní bheadh fhios agamsa; níl ionamsa ach gamall tuaithe atá ag iarraidh cuid den aos óg do dhíriú ar Naomh Íde agus an cultúr len ar bhain sí. Ní bheadh a leithéid den scéal seo, nó an t-ábhar atá ann, as áit i dtigh tábhairne agus ní chuirfeadh sé as dom ann ach bímid ag súil le uaisleacht éigin ó iris Chonradh na Gaeilge agus a leithéidí.

Mise,

Risteard Mac Siacuis.³⁴¹

Cháin An tAthair Proinsias Ó Cuinn, chomh maith, cinneadh an eagarthóra an scéal ‘Spallaíocht’ a chur i gcló i litir a scríobh sé chuige an mhí dár gcionn:

A Chara,

Táim ag scríobh chugat faoin ‘ngearrscéal’ Spallaíocht a foilsíodh i Feasta na Nollag!

³⁴⁰ An tAthair Benedict, O.C.D., Litreacha chuig an Eagarthóir, in *Feasta*, Iml. 31, Uimh. 2 (Feabhra, 1978), 21.

³⁴¹ Risteard Mac Siacuis, Litreacha chuig an Eagarthóir, in *Feasta*, Iml. 31, Uimh. 2, (Feabhra, 1978), 21.

B'ionadh liom a leithéid de thruflais a léamh i d'iris fiúntach. Is deacair a chur i bhfocail an déistean a bhí orm féin agus ar mo chuid cairde de dheasca na gáirsiúlachta suaraí sin.

Deirimse leat go mbeidh leisce orainn 'Feasta' a cheannach feasta!

Mise,

An tAth. Proinsias Ó Cuinn.³⁴²

D'fhreagair Pádraic Breathnach féin na litreacha sin an mhí ina dhiaidh sin, ag gabháil leithscéil as ucht an mhaslaithe shonraithe agus ag cosaint a shaoirse ealaíne mar scríbhneoir:

A Chara,

Daoine lácha a bhfuil obair mhaith fhiúntach ina mbealaí féin déanta acu is ea an tAthair Benedict agus Risteard Mac Siacuis a scríobh (Feasta, Feabhra) in éadan mo scéil 'Spallaíocht'.

Níor shíl mé go ndéanfadh mo scéal duine ar bith a ghortú agus tá áiféaltas orm gur ghoin. 'Sé cuspóir an ealaíontóra, ámh, an fhírinne a fheiceann sé féin í a léiriú; é sin a dhéanamh ar an modh is éifeachtaí agus is áille atá aige. Seo í m'aidhmse. Creidim gurb é seo mo dhualgas ó Dhia. Lena chúnamh leanfaidh mé orm.

Rath is séan,

Pádraic Breathnach.³⁴³

³⁴² An tAth. Proinsias Ó Cuinn, Litreacha chuig an Eagarthóir, in *Feasta*, Iml. 31, Uimh. 3, (Márta, 1978), 8.

³⁴³ Pádraic Breathnach, Litreacha chuig an Eagarthóir, in *Feasta* Iml. 31, Uimh. 3 (Márta, 1978), 8.

An Lánúin agus Scéalta Eile ab ea an chéad chnuasach eile a d'fhoilsigh Pádraic Breathnach. Scríobh Rhóda Uí Chonaire léirmheas ar an gcnuasach sin nuair a foilsíodh é sa bhliain 1979. Ní rómholtach a bhí an léirmheas céanna le béim á leagan ar lochtanna chuid de scéalta an chnuasaigh.

Déanann an t-údar sár-iarracht a bheith nua-aimseartha ach is é an rud a thagann trasna óna chuid scéalta go bhfuil sé an-mhíchompórdach i mbun na n-ábhar a roghnaíonn sé. Tá idir chollaíocht, ghnéas, dhrúis agus homaighnéasacht le fáil sa chnuasach scéalta seo le Pádraic Breathnach chomh maith le foireann de mháithreacha céile éagsúla, maraon le neart tagairtí do leithéidí 'clúdaigh rubéir', 'arásáin ban míriailta (*sic*)', 'cailín éadromáin' (oibrigh an ceann sin amach duit féin), 'gléas aduain' etc. etc. Pé rud ar féidir a rá faoin leabhar, tá an-seans ann go gcuirfidh sé le do stórfhocal.³⁴⁴

Molann sí misneach Phádraic Bhreathnaigh ag deireadh an léirmheasa:

Lena cheart a thabhairt do Phádraic Breathnach, déanann sé iarracht plé a dhéanamh i bhfoirm scéalta ar an gcumarsáid idirphearsanta agus ar an ngaol daonna. Soláthraíonn sé ámhábhhar scéalaíochta agus tá sé de mhisneach aige tabhairt faoi ábhair nár saothraíodh mórán i litríocht na Gaeilge.³⁴⁵

D'fhoilsigh Séamas Ó Saothraí léirmheas ar an gcnuasach céanna in *Books Ireland* i Samhain na bliana 1979. Molann sé ardchumas gearrscéalaíochta an Bhreathnaigh mar ba léir ina chnuasaigh go dtí sin ach, ó thaobh an fhoilseacháin de, lochtaíonn sé an easpa cruinnis agus profála atá le sonrú sa chnuasach seo. In ainneoin gur mhol sé

³⁴⁴ Rhoda Uí Chonaire, 'Ní Gléas go Gearrscéal' in *Comhar*, Iml. 38, Uimh. 10 (Deireadh Fómhair, 1979), 22.

³⁴⁵ *Ibid.*, 23.

cumas gearrscéalaíochta an Bhreathnaigh, is dealraitheach go mb'fhearr leis go léireodh sé an scil sin i stíl ghearrscéalaíochta thraidisiúnta:

Tá an Ghaeilge lochtach. Níor tugadh dóthain airde ar chomhréir, ar ghramadach ná ar litriú. Níl caint mhuintir na Gaeltachta féin slán ann. Bhí gá le dianeagarthóireacht ar scríbhinn an leabhair. Ní bhfuair sí í. Tá dhá bhriathar ag déanamh obair cheann amháin rómhinic ann. Léachtóir le Gaeilge is ea an t-údar. Is ródhócha gur laoch é ag a chuid mac léinn tríd leibhéil. Léifidh siad na scéalta seo go cíocrach agus iad a cheapadh gur Gaeilge chruinn cheart atá curtha ina láthair. Seo an áit a bhfuil an dáinséar. ...

B'fhearr linn an focal molta a bheith againn ná an focal cáinte. ... Is casta an ealaín í ealaín an ghearrscéil ina n-éilítear caighdeán ardfoirfeachta. Chruthaigh Pádraic Breathnach cheana go bhfuil an caighdeán sin insroichte aige. Sin an rud is mó is cúis lenár ndíomá faoin gcnuasach seo.³⁴⁶

Leag sé béim freisin ar an gcoimhthíos agus an ionramháil a rinne Pádraic Breathnach ar an gcoimhthíos sa chnuasach seo, a rá, 'Daoine neamhthábhachtacha an tsaoil seo is mó is suim le Pádraic Breathnach – dream an duibheagáin nó *The people of the abyss*, mar a bhaist Jack London orthu.'³⁴⁷

Na Déithe Luachmhara Deiridh ab ea an chéad chnuasach eile a foilsíodh ó pheann Phádraic Bhreathnaigh, cnuasach a raibh na léirmheastóirí níos dearfaí ina leith, Liam Mac Cóil go háirithe, mar is léir thíos:

³⁴⁶ Séamas Ó Saothraí, 'Tréith na Daonnachta', 193-194.

³⁴⁷ *Ibid.*, 193.

Níl aon dabht ach gur cnuasach eile ar fónamh é seo ag Pádraic Breathnach, atá éagsúil, mar shampla, leis an atmaisféar neamhshuntasach atá ag baint le *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* agus drámatacht cuid de scéalta *An Lánúin agus Scéalta Eile*, ach ar forbairt é san am céanna, ar chuid de na téamaí sna leabhair sin.³⁴⁸

Tráchtann sé ar an bhforbairt i gcomparáid lena chnuasaigh luatha, a bhraith sé i léiriú shaol inmheánach na gcarachtar:

Tá forbairt déanta mar shampla ar an idirshaol samhlaíoch sin de chuid mianta, inní agus dóchas an duine a léiríonn Pádraic Breathnach chomh maith sin in an-chuid dá scéalta. Is san idir-achar seo, nach é an saol réalaíoch ar fad é – sa mhéid is go bhfuil loighic agus mionsonraí an ghnáthshaoil ag baint leis – atá scéalta mar ‘Bean Aduain’, ‘A Mhóráinín!’, ‘M’Ógbhean Ghléghorm’ agus ‘Im-Imní’ suite.³⁴⁹

Molann sé stíl an Bhreathnaigh a bhí, ag an am sin, dar leis, ag ‘gluaiseacht ar aghaidh’ i gcónaí. D’fhéadfaí a rá go raibh sé á mholadh, ní hamháin as an bhforbairt phearsanta a bhí déanta aige, ach as an bhforbairt a bhí déanta aige ar son na nualitríochta Gaeilge i gcoitinne.³⁵⁰ Chomh maith leis sin, scríobh P.M. Diskin léirmheas i mBéarla in *The Connaught Tribune* ar an gcnuasach *Na Déithe Luachmhara Deiridh* inar mhol sé gearrscéalta an Bhreathnaigh i gcoitinne agus go háirithe, an fhorbairt a bhí déanta ag Pádraic Breathnach ó d’fhoilsigh sé a chéad cnuasach.³⁵¹

³⁴⁸ Liam Mac Cóil, ‘Idirshaol na Mianta’ in *Comhar*, Iml. 40, Uimh. 6 (Meitheamh, 1981), 25.

³⁴⁹ Ibid.

³⁵⁰ Ibid.

³⁵¹ P.M. Diskin, ‘Book-Ends: *Na Déithe Luachmhara Deiridh*’ in *The Connaught Tribune*, April 3, 1981, 10.

Foilsíodh *Lilí agus Fraoch* sa bhliain 1983, an cúigiú cnuasach de chuid an Bhreathnaigh. Ba mheascaithe na léirmheasanna a scríobhadh air mar chnuasach. Faigheann Dubhghlas Sealy lochtanna ar an gcnuasach i léirmheas a scríobh sé in *Books Ireland* i mí Bealtaine na bliana 1983.

An chéad leabhar dá chuid, *Bean Aonair agus Scéalta Eile* (1974), níor sháraigh sé fós é agus an leabhar seo á chur san áireamh. Sé an locht is mó atá ar na scéalta go bhfanann siad i gcónaí taobh istigh de réim chúng an scéilín, an *anecdote*. Cé go mbaineann sé leas as caint an duine leis féin, as an sruth smaointe, ní éiríonn leis dul isteach i lár chroí an duine. ... Fear nach bhfuil spéis aige in aon rud, do réir deallraimh, ach i ngáirsiúlacht agus i gcúrsaí gnéis, is iontach go deo an líon tointí atá i ngréasán a mianta. Mura dtéann an scríbhneoir faoi chraiceann agus mura dtugann sé léargas ar an duine in iomláine a phearsantachta, ní mhúsclaítear spéis an léitheora ann.³⁵²

A mhalairt de thuairim a léirigh Mícheál Ó Cearúil i léirmheas a scríobh sé faoin gcnuasach céanna:

Cnuasach gearrscéalta i dtraidisiún na nualitríochta atá againn anseo sa chúigiú leabhar ó Phádraic Breatnach. Trí na heachtraí éagsúla a ríomhann sé dúinn sna scéalta seo, tugtar léargas ar mheon an duine aonair agus ar an tsochaí i gcoitinne i saol athraitheach neamhshocair an lae inniu. ... Ghnóthaigh an leabhar seo *Duais Chuimhneacháin Sheáin Uí Éigearthaigh* ag Oireachtas na bliana 1979 agus tréaslaím a dhuais lántuillte don údar.³⁵³

³⁵² Dubhghlas Sealy, 'Scéalaithe agus Scéalta' in *Books Ireland*, No. 73 (May, 1983), 95.

³⁵³ Mícheál Ó Cearúil, 'Review: *Lilí agus Fraoch* by Pádraic Breatnach' in *Comhar*, Iml. 42, Uimh. 4 (Aibreán, 1983), 36.

Agus í ag scríobh i gcoitinne faoi ghearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh go dtí sin i móreagrán litríochta *Comhar* sa bhliain 1984, d'áitigh Aisling Ní Dhonnchadha:

Trí dhraíocht agus dhiabhlaíocht na cruthaitheachta, trí chumhacht inmheánach na scríbhneoireachta féin, spreagann sé an léitheoir chun dúiseachta, chun iontais agus chun gairdis... Is furasta dúinn mianach agus dásacht an scríbhneora chruthaithigh a aithint i bPádraic Breathnach, é ag baint lánsásaimh as bheith ag snoí, ag cruthú is ag athmhúnlú ábhair agus é ag tabhairt suntais d'ilchumas focal agus teanga ar feadh an achair. Saoirse, teanntás, dúshlán, ceiliúradh is ea a shaothar.³⁵⁴

Scríobh Liam Prút agus Nollaig Ó Gadhra léirmheasanna ar an gcnuasach *Ar na Tamhnacha*. I léirmheas dátheangach, 'Should do more', molann Nollaig Ó Gadhra a raibh bainte amach mar scríbhneoir ag Pádraic Breathnach go dtí sin agus é ag tnúth lena raibh le teacht ó scríbhneoir chomh máistriúil leis:

Tá cáilíochtaí na huilíochta daonna ag roinnt lena chuid gearrscéalaíochta le fada an lá. Cuirfidh an cnuasach foirfe seo lena cháil agus lena thábhacht, mar dhuine de na léirmheastóirí is aibí ar shaol ár linne agus mar scríbhneoir nuaimseartha atá ag déanamh forbartha ar a cheird i gcónaí. Ina theannta sin, tá againn anseo cuid den scríbhneoireacht dhúchasach is foirfe, is láidre, is glaine agus is saibhre canúna dá bhfuil ar fáil faoi láthair. Ceardaí an phróis Ghaeilge den scoth atá san údar, a bhfuil de bhuntáiste breise ag roinnt leis go bhfuil

³⁵⁴ Aisling Ní Dhonnchadha, 'Pádraic Breathnach agus a Chuid Gearrscéalta', 37.

saibhreas agus stór focal nach gnách a fháil go minic i scríobh an phróis chruthaithigh na laethanta seo, ag baint leis.³⁵⁵

Críochnaíonn sé a léirmheas le moladh ginearálta do phatrún na n-ealaíon:

Modern Irish prose in this generation has suffered from the publishing and the educational requirements of the here and now ... and from a reluctance on the part of those who have mastered the short-story ... to push out the boat into new and uncharted waters. Pádraic Breathnach, as is clear from this collection, has the power, the wisdom, the creative and sympathetic vein and the command of the language to do this. He should be facilitated to do so by those who see it as their duty to promote artistic endeavour among those who have already made their mark.³⁵⁶

Scríobh Liam Prút léirmheas ar an gnuasach céanna ina molann sé tréithiúlacht an Bhreathnaigh:

Taitníodh sé linn nó ná taitníodh, is é Pádraic Breathnach an scríbhneoir cruthaitheach gníomhach Gaeilge is tábhachtaí faoi láthair. Céad gearrscéal go díreach atá foilsithe aige sna sé chnuasach uaidh go dtí seo. Caithfear a admháil go bhfuil saibhreas inléite sa saothar sin... Ní áiteoinn go bhfuil a shaothar gan locht ach chítear dom gnéithiúlacht mar a leanas a bheith ann: Sár-thabhairt faoi deara agus cuimhne dá réir; misneach dochloíte ... sa

³⁵⁵ Nollaig Ó Gadhra, 'Should do more: *Ar na Tamhnacha* by Pádraic Breathnach' in *Books Ireland*, No., 130 (Mar., 1989), 33.

³⁵⁶ *Ibid.*

tuairisciú; dian-aireachtáil agus mórchumas carachtrachta; éascaíocht an-mhór scéalaíochta agus teanga shaibhir nádúrtha atá á síorshaothrú.³⁵⁷

Leabhrán le caiséad dar teideal *Taomanna* ab ea an chéad fhoilsiúchán eile de chuid Phádraic Bhreathnaigh sa bhliain 1991. Imleabhar a haon den tsraith ‘Guth an Ealaíontóra’, tionscnamh de chuid Chló Iar-Chonnachta, a bhí ann. Ceithre scéal atá sa chnuasach, ceann amháin díobh, ‘Blúire’, ar foilsíodh é roimhe sin in *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, dhá scéal díobh ar foilsíodh iad in *Lilí agus Fraoch*, mar atá ‘Taomanna agus Taom Eile’ agus ‘Dritheanna’, agus scéal amháin eile, ‘An Fear Sneachta’ nár foilsíodh in aon chnuasach go dtí sin, ach a foilsíodh ina dhiaidh sin sa chéad chnuasach eile de chuid an Bhreathnaigh, *Íosla agus Scéalta Eile*. Bliain i ndiaidh a fhoilsiú scríobh Séamas Mac Annaidh léirmheas air. Tráchtann Mac Annaidh ar an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh den chineál sin agus ar a laghad deiseanna a bhíonn ann den saghas a chuir Cló Iar-Chonnachta ar fáil do scríbhneoirí. Faoin tionscnamh i gcoitinne, deir sé:

Is maith an rud é mar sin go bhfuil suas le dhá chaiséad déag eisithe ag Cló Iar-Chonnachta le cúpla bliain anuas, sraith ina bhfuil cuid de na scríbhneoirí is suimiúla dá bhfuil againn le cloisteáil agus saothar dá gcuid féin á léamh acu.³⁵⁸

Leanann sé ar aghaidh ag plé saothar an Bhreathnaigh:

Ní *megastar* é Pádraic Breathnach ach tá obair mhór déanta aige, agus is fada dúil agam ina chuid scríbhneoireachta...

³⁵⁷ Liam Prút, ‘Léirmheas: *Ar na Tamhnacha* le Pádraic Breathnach’ in *Comhar*, Iml. 47, Uimh. 3 (Márta, 1988), 28.

³⁵⁸ Séamas Mac Annaidh, ‘Léirmheas: *Taomanna* le Pádraic Breathnach’ in *Comhar*, Iml. 51, Uimh. 12 (Nollaig, 1992), 61.

Braithim ón mhéid seo ar fad go mbíonn dhá thaobh le scríbhneoireacht Phádraic, guth láidir firinn an té atá gafa i saol an duine fásta agus guth álainn an pháiste i saol atá lán d'iontas. ... Agus is é an ceangal is mó idir na guthanna éagsúla seo go mbíonn na céadfaí fisiciúla go mór chun tosaigh sa dá insint.³⁵⁹

Scríobh Proinsias Ó Drisceoil léirmheas ar *Íosla agus Scéalta Eile* in *The Irish Times* tamaillín i ndiaidh fhoilsiú an chnuasaigh sin. Déanann Ó Drisceoil comparáid idir Pádraic Breathnach agus Máirtín Ó Cadhain ar an gcéad dul síos agus ansin, Tomás Bairéad.

Máirtín Ó Cadhain is the dominant influence throughout, particularly in those stories built around dialogue between characters who are either knowingly masters of the *double entendre* or, by contrast, so lacking in self-consciousness as to be unaware of their own statements...

Breathnach shares with another short-story writer from the Moycullen area, Tomás Bairéad, a strong attachment to birds and wood-life, a factor which differentiates him from Ó Cadhain. A less satisfactory difference is Breathnach's failure to develop fully his woman characters, Breathnach's woman characters are largely aspects of maleness, with the males themselves frequently enwrapped in every variety of sexual fantasy.³⁶⁰

In ainneoin na lochtanna a fhaigheann Ó Drisceoil ar an mBreathnach mar scríbhneoir tríd an léirmheas, críochnaíonn sé a léirmheas mar seo:

... Breathnach is well-embedded in the Irish short-story tradition.³⁶¹

³⁵⁹ Ibid.

³⁶⁰ Proinsias Ó Drisceoil, 'Dialectics' in *The Irish Times*, March 3, 1993, 8.

³⁶¹ Ibid.

Cnuasach gearrscéalta i mBéarla dar teideal *The March Hare and Other Stories*, ab ea an chéad chnuasach eile ó Phádraic Breathnach sa bhliain 1994. Aistriúcháin ó na bunleaganacha Gaeilge a bhí i bhformhór na scéalta sa chnuasach, le heisceacht na scéalta ‘Tryst’ agus ‘A Fresher’, ar scéalta nua Béarla iad. Gabriel Rosenstock a rinne na haistriúcháin. Sliocht as léirmheas Ghearrailt Mhic Eoin ar an gnuasach atá thíos:

Tá éagsúlacht bhreá scéalta sa leabhar ina ndearann an t-údar pictiúr don léitheoir, idir thírdhreach iarthar na hÉireann agus timpeallacht an Choláiste Ollscoile agus an fhobhaile cathrach. Bíonn súil géar ag Pádraic ar an dúlra, agus cuireann sé a dtugann sé faoi deara os ár gcomhair amach sna scéalta. Ach bíonn súil grámhar aige do chás an duine chomh maith agus tá cuma na fírinne ar an léiriú comhbhách a dhéanann sé ar intinn an duine óig ...

Más é Rembrandt na scríbhneoireachta sin sa chéad seo in Éirinn é Ó Cadhain, is é a Vermeer é Pádraic Breathnach.³⁶²

Cnuasach gearrscéalta Gaeilge is ea *An Pincín agus Scéalta Eile*, an chéad chnuasach eile de chuid an Bhreathnaigh a foilsíodh sa bhliain 1996. Scríobh Síle Ní Shé léirmheas moltach dar theideal ‘Nádúr agus Óige’ faoin gnuasach sin a foilsíodh in *Comhar* in Eanáir na bliana 1998, agus ba theideal oiriúnach é mar is iad sin is ábhar d’fhormhór na scéalta sa chnuasach. Ní mórán de sholas nua a chaitheann Ní Shé ar ghearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh ina léirmheas, ámh.

³⁶² Gearailt Mac Eoin, ‘Léirmheas: *The March Hare and Other Stories* le Pádraic Breathnach’ in *Comhar*, Iml. 54, Uimh. 7 (Iúil, 1995), 24.

Níor scríobhadh léirmheas cuimsitheach ar an gnuasach gearrscéalta deireanach ó pheann an Bhreathnaigh, *Ingne Dearga Dheaideo* (2003). Rinneadh tagairt don chnuasach in *Books Ireland* ag an am. Bhí an méid seo le rá sa suirbhé leabhar:

Cuid de na scéalta seo is geall le sceitseanna iad i stíl staccato tríú pearsa, cuid eile is scéalta fada iomlána iad. Díríonn sé cuid mhaith ar mhothúcháin daoine agus ar an gcaidreamh idir daoine: cumha athar i ndiaidh a linbh bhásaithe, cuairt ar sheanfhear in oispidéal, athruithe na forbartha ar thaobh tíre agus ar shealúchais, teannas idir baill teaghlaigh. Tugann sé léargas an-mhaith ar dhaoine i ngleic le hathruithe na freacnairce ar a saol.³⁶³

Bhí léirmheastóirí i bhfad níos gníomhaí i mbun cuntas is breithiúnas ar shaothar eile de chuid an Bhreathnaigh, mar atá, a úrscéalta agus a shaothair neamhchruthaitheacha. Mhol Séan Ó Briain an saothar *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc* i léirmheas a scríobh sé in *Comhar* sa bhliain 1987, ag trácht go háirithe ar a thábhachtaí is a bhí sé béaloideas agus stair is scéal comhaimseartha Gaeltachta an cheantair a chaomhnú, mar aon le spreagadh a thabhairt do scríbhneoirí eile a leithéid de chuntas a scríobh faoi cheantair eile.³⁶⁴ Bhí an tuairim chéanna ag Eoghan Rua Ó Néill faoin saothar céanna i léirmheas dátheangach a scríobh sé don tréimhseachán *Béaloideas*.³⁶⁵

D'fhoilsigh Pádraic Breathnach a chéad úrscéal de trí chinn, *Gróga Cloch*, sa bhliain 1990. Ní mórán suntais léirmheastóireachta a cuireadh ann. Mhol Liam Mac Cóil crógacht an Bhreathnaigh aghaidh a thabhairt ar chuid d'égóir shoचाई na linne sin i

³⁶³ 'First Flush' in *Books Ireland*, No. 279 (Oct. 2005), 245.

³⁶⁴ Séan Ó Briain, 'Léirmheas: *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*' in *Comhar*, Iml. 46, Uimh. 2 (Feabhra, 1987), 50.

³⁶⁵ Eoghan Rua Ó Néill, 'Léirmheas: *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*' in *Béaloideas*, Iml. 56 (1988), 238-240.

léirmheas a scríobh sé in *Comhar* i Meitheamh na bliana 1991.³⁶⁶ Ocht mbliana i ndiaidh do Pádraic Breathnach a chéad úrscéal a chur i gcló, d'fhoilsigh sé an dara ceann, *As na Cúlacha*, sa bhliain 1998. Is cosúil gur mó spéis a cuireadh san úrscéal sin i measc léirmheastóirí ná mar a cuireadh ina chéad úrscéal. I mionléirmheas in *Books Ireland*, scríobhadh:

An dara húrscéal leis an scríbhneoir bisiúil seo ar pléisiúr i gcónaí é a léamh. Agus sa chás seo is é an pléisiúr féin, an pléisiúr collaí, croí an tsaothair. ... Caint iontach agus carachtair thíriúla ar phábhála na cathrach. Greann faoi leith an Bhreathnaigh freisin a mbíonn ábhar den fhéinmhagadh tríd is a éascaíonn an bealach. Stíl fhileata ghreanta. Aontacht leanúnach sa phlota.³⁶⁷

A mhalairt de léiriú ar an úrscéal céanna a thugann Seán Ó Ceallaigh ina léirmheas a foilsíodh in *Feasta* i Márta na bliana 1999, ina ndíríonn sé ar ghné na himirce agus na deoraíochta a léirítear ann, agus an t-uaigneas agus an cumha a ghabhann leo.³⁶⁸ Breathnaigh Caitlín Ní Anluain ar théama na collaíochta agus ar uaigneas na deoraíochta araon san úrscéal *As na Cúlacha* ina léirmheas 'Craiceann na Fírinne' in *Comhar* in Eanáir na bliana 1999.

... éiríonn go geal leis an mBreathnach bá a mhuscailt ionainn i gcás Réamainn, an buachaill soineanta nár réitigh an chathair mhór fhalsa is an saol gallda rómhaith leis agus a d'iompaigh amach ina ghealt gnéis de bharr a dhúil dóshásaithe, gan smacht, gan teorainn.³⁶⁹

³⁶⁶ Liam Mac Cóil, 'Léirmheas: *Gróga Cloch* le Pádraic Breathnach' in *Comhar*, Iml. 50, Uimh. 6 (Meitheamh, 1991), 27-28.

³⁶⁷ 'First Flush' in *Books Ireland*, No. 217 (Nov., 1988), 322.

³⁶⁸ Seán Ó Ceallaigh, 'Léirmheas: *As na Cúlacha* le Pádraic Breathnach' in *Feasta*, Iml. 52, Uimh. 3, (Márta, 1999), 15-16.

³⁶⁹ Caitlín Uí Anluain, 'Craiceann na Fírinne' in *Comhar*, Iml. 58, Uimh. 1 (Eanáir, 1999), 28-29.

An saothar deireanach cruthaitheach go dtí seo a d'fhoilsigh Pádraic Breathnach is ea an tríú húrscéal dá chuid, *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*, a foilsíodh ag deireadh na bliana 2012.³⁷⁰ Mhol Bernie Ní Fhlatharta scríbhneoireacht an Bhreathnaigh go dtí seo agus an leabhar seo ach go háirithe i léirmheas gairid a scríobh sí in *The Connaught Tribune*,³⁷¹ agus léirigh Máirtín Coilféir an tuairim chéanna i leith úrscéal nua Pádraic Bhreathnaigh. Lochtaíonn sé eilimintí áirithe an tsaothair, go háirithe an clúdach, ach ar an mórgóir is moladh a thugann sé dó.

Scíthléitheoireacht atá ann ach, murab ionann agus cuid den truflais a fhoilsítear faoi scáth an téarma sin sa teanga seo, is amhlaidh a bhaineann tú pléisiúr as a léamh. ... Ach bíodh sé graosta nó ná bíodh, éiríonn le Pádraic Breathnach rud a dhéanamh in *Deargadaoil* nach ndéantar ach go hannamh. Cuireann sé an léitheoir (nó léitheoir amháin, ar aon chaoi) ag gáire os ard, agus déanann sé é sin go rialta.³⁷²

Ag an bpointe seo tá Pádraic Breathnach ag saothrú na próslitríochta ar feadh caoga bliain, agus tá breis agus daichead bliain ann ó foilsíodh a chéad chnuasach gearrscéalta. Rinne Pól Ó Muirí an fhíric sin a cheiliúradh in alt a scríobh sé faoin mBreathnach in *The Irish Times*, '40 bliain i mbun pinn: an scríbhneoir nár chaill a mhisneach riamh'. Labhair Pól Ó Muirí le Pádraic Breathnach faoin dóchas is gá do scríbhneoir a bheith aige leanúint ar aghaidh ag saothrú litríochta. Mar fhreagra, dúirt an Breathnach:

³⁷⁰ Pádraic Breathnach, *Deargadaoil i mBád fó Thoinn* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2012).

³⁷¹ Bernie Ní Fhlatharta, 'Two very readable Irish novels dóibh siúd ar bheagán Gaeilge' in *The Connaught Tribune*, November 1, 2012, 29.

³⁷² Máirtín Coilféir, 'Léirmheas: *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*' in *Comhar*, Iml. 72, Uimh. 12 (Nollaig, 2012), 26-27.

Leanaim orm mar nach bhfuil aon rogha agam, ní bheinn beo mura mbeinn ag cumadh. Is annamh ar chaoi ar bith nuair a fhoilsítear leabhair amháin liom nach mbíonn ceann úr ar na bacáin agam agus an dóchas ag sruthlú ionam fiú murar thaitnigh an ceann deiridh le daoine nárbh amhlaidh leis an gceann nua ar ball.³⁷³

Ag labhairt faoin líon beag léitheoirí Gaeilge atá ar an saol anois, dúirt sé:

Ní thuirsimse mé féin le himní faoi seo, coinním orm ag soláthar. Is fearr leanacht ar aghaidh óir, ar a laghad ar bith, tá an corrléitheoir ann...

... má bhíonn tú i mbun oibre a bhfuil do chroí is d'anam inti tugann sé féinmheas duit féin agus misneach dá réir. Baineann buaine áirid leis an gcruthaitheacht, scríbhneoireacht, ceol, dealbhadóireacht nó eile í. Is suaimhneas duit go bhfuil sí ansin le go dtabharfaí aird uirthi am éigin ag duine éigin amach anseo b'fhéidir.³⁷⁴

I réamhrá an chnuasaigh *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta*, ag breathnú siar dó ar ghearrscéalaíocht an Bhreathnaigh thar thréimhse daichead bliain, d'fhógair Brian Ó Conchubhair:

... is gearrscéalta sofaisticiúla liteartha iad na scéalta seo a théann ar thuras síceolaíoch trí mheabhair agus trí bhraistintí an duine ... Anuas air sin, d'fhorbair sé foclóir a d'oir don ábhar agus a chuir cló focal ar na smaointe, ar na mothúcháin, ar na dúile a bhí i bhfolach ón saol istigh in intinn, i gcomhfhios agus i neamh-chomhfhios na gcarachtar. Agus ba é an t-ionracas sin agus an

³⁷³ Pól Ó Muirí, '40 bliain i mbun pinn – an scríbhneoir nár chaill a mhisneach riamh' in *The Irish Times*, November 14, 2012, 13.

³⁷⁴ Pól Ó Muirí, '40 bliain i mbun pinn – an scríbhneoir nár chaill a mhisneach riamh' in *The Irish Times*, November 14, 2012, 13.

léiriú neamh-mhaoithneach neamheaglach ar an nGaeltacht, ar an Éireannach, ar an scríbhneoir, ar an gcorp daonna a ghoill ar dhaoine áirithe mar nach raibh fíis a chuid scéalta ag teacht le fíis an *status quo*, fíis oifigiúil na tíre, idir creideamh, mhoráltacht, iompar ná eile.³⁷⁵

Is spéisiúil an méid a d'áitigh Brian Ó Conchubhair thíos mar gheall ar an gcineál léirmheastóireachta a rinneadh ar shaothar an Bhreathnaigh le linn na 1980idí.

Is dlúthchuid de scéalta an Bhreathnaigh [téamaí na heitice sóisialta agus na moráltachta], agus na téarmaí a bhaineann leo, agus is mar dhlúthchuid de chogadh cultúrtha na hÉireann, más ea, an léirmheastóireacht agus an tráchttaireacht a rinneadh go minic ar shaothar an Bhreathnaigh sna 1980idí, tráth a raibh Éire ag athrú as éadan agus claochluithe cultúrtha, sóisialta agus morálta ag teacht chun cinn de réir a chéile. Is léir ar na léirmheasanna úd claonta polaitiúla, morálta agus creidimh.³⁷⁶

Ag bunlíne an ‘chogaidh chultúrtha’ sin a bhí Pádraic Breathnach um an dtaca sin, agus gnéithe iomadúla de dhéachas idirchultúrtha Éireann a linne féin á léiriú aige ina chuid gearrscéalaíochta.

Tríd na léirmheasanna sin a tugadh nó a luadh thuas, tagann patrún áirithe chun cinn. Moladh an Breathnach as an léiriú a dhéanann sé ar shaol a cheantair dhúchais, ar an dúlra ann, agus ar a mhuintir, agus, ar an lámh eile, cáineadh nó moladh é, as ucht briseadh amach uaidh sin. Trí chéile feictear sna léirmheasanna a scríobhadh ar

³⁷⁵ Brian Ó Conchubhair, ‘Réamhrá’ in *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014), 26-27.

³⁷⁶ Brian Ó Conchubhair, ‘Réamhrá’ in *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014), 14.

shaothar an Bhreathnaigh go dtí seo, go ndírítear aird ar dhá thaobh na hidirchultúrthachta ina shaothar cruthaitheach.

Amhail na scríbhneoirí is fearr, chruthaigh Pádraic Breathnach conspóid ar uairibh de bharr gur thug sé faoi théamaí áirithe a phlé i scéalta dá chuid nár ghnách le scríbhneoirí eile na Gaeilge dul i ngleic leo sa litríocht chomhaimseartha. Feictear é sin go háirithe ag tús a ré scríbhneoireachta nuair a bhí meon shochaí na hÉireann i gcoitinne níos cúinge. Ní hé gur scríobh Pádraic Breathnach faoi ábhair éagsúla ar mhaithe le bheith conspóideach, ach scríobh sé faoin domhan a bhí timpeall air sna 1970idí luatha, agus sochaí ab ea í a bhí ag athrú go mear agus ó bhonn. Scríobh sé faoi na hathruithe sin. Scríobh sé agus scríobhann sé faoi dhéachas idirchultúrtha Éire a linne féin.

Caibidil 3:

Pádraic Breathnach: Stílí

Leagan Amach na Caibidile

‘Ní hionann, ar ndóigh, i gcónaí, scéal maith agus gearrscéal maith.’³⁷⁷

Ráiteas de chuid Phádraic Bhreathnaigh féin a tugadh thuas. Sa chaibidil seo breathnófar ar stíl ghearrscéalaíochta Phádraic Bhreathnaigh a dhearbhaíonn gur ‘gearrscéalta maithe’ seachas ‘scéalta maithe’ a scríobhann sé féin. Féachfar ar an úsáid a bhaineann sé as an ‘scal’ agus é ag scríobh; ar thionchar láidir thraidisiún an réalachais ar a chuid scríbhneoireachta, agus tagrófar do scéalta áirithe a bhfuil tionchar ghluaiseacht an nua-aoiseachais agus an iar-nua-aoiseachais le sonrú iontu. Féachfar ar chúrsaí carachtrachta, agus ar chuid de na téamaí is coitianta a fheictear ina ghearrscéalta a léiríonn gné an déachais idirchultúrtha iontu. Déanfar anailís ar mheafair áirithe a úsáideann an scríbhneoir sa léiriú a dhéanann sé ar an idirchultúrthacht. Breathnófar, chomh maith ar na réimsí éagsúla teanga a úsáideann sé agus ar an tsaoirse chruthaitheach a éilíonn sé dá ealaín. Teanga idirchultúrtha a fheictear i ngearrscéalaíocht an Bhreathnaigh trí chéile, idir Ghaeilge Mhaigh Cuilinn a óige féin agus Ghaeilge a thugann léargas ar phátrún teanga chainteoirí áirithe an lae inniu. Faoi mar a thuigtear, ceann de bhunchuspóirí an tráchtais seo is ea léiriú a sholáthar ar a lárnaí atá gné na hidirchultúrthachta i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, rud atá le sonrú i mórán gnéithe dá stíl scríbhneoireachta, idir fhorbairt

³⁷⁷ Féach Aguisín 3, 76.

téamaí agus stíleanna teanga. I gcuid mhaith dá shaothar, scríobhann sé faoina phobal agus faoina thimpeallacht féin. Ba shochaí agus ba thimpeallacht í a bhí ag athrú go mear agus is léir gur choinnigh sé i dtiúin leis na hathruithe sin agus gur athchruthaigh sé cuid dá n-éifeacht ar shlite éagsúla ina chuid scríbhneoireachta.

Réamhrá

Stíl ghonta, neamhchasta is ea is ea a chleachtann Pádraic Breathnach. D'fhógair an scríbhneoir féin, 'Stíl simplí éasca an stíl is meallacaí. Stíl éasca, is stíl chrua í. Criostalach. Sí is sofaisticiúla ar fad.'³⁷⁸ Nuair a thosaigh sé ag foilsiú a shaothair liteartha ag deireadh na 1960idí, bhí úire stíle is teanga le sonrú go mór ann. Cáineadh é agus moladh é idir na 1970idí agus 1980idí as ucht na húire sin, mar atá le sonrú i léirmheasanna de chuid Mhaitiú Uí Mhurchú,³⁷⁹ Patrick Gilligan,³⁸⁰ agus Shéamais Uí Shaothraí,³⁸¹ de bharr gur chuir sé iallach ar a léitheoir litríocht chomhaimseartha na Gaeilge a athmheas de réir théarmaí agus de réir shaol na linne.

Is minic a chuirtear an ghearrscéalaíocht i gcomparáid leis an bhfilíocht liriciúil, rud a fhágann gur file, de shaghas faoi leith, an gearrscéalaí.³⁸² Tuairim is ea é a dtagann Pádraic Breathnach leis. Is minic a thagraíonn sé don ghearrscéalaí mar fhile, agus do cheird na gearrscéalaíochta i dtéarmaí filíochta. Chomh fada siar le 1978, d'fhoilsigh sé alt ar an ngearrscéalaíocht Ghaeilge faoin teideal 'Filíocht an Ghearrscéil',³⁸³ ina ndéanann sé scagadh ó thaobh an scríbhneora, nó an fhile, de ar an ábhar seo. 'Prósfhilí' a thugann sé ar ghearrscéalaithe san alt sin.³⁸⁴ Ceann de na gnéithe is fileata atá le sonrú i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh is ea an cur síos a dhéanann sé ar an nádúr. Tá bua ar leith aige íomhánna soiléire, bríomhara a chruthú láithreach in

³⁷⁸ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéalaí is a Ghearrscéalta' in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Má Nuad, An Sagart, 1981), 46.

³⁷⁹ Maitiú Ó Murchú, 'Saothar Daonnúil' in *Comhar*, Iml. 33, Uimh. 7 (Iúil, 1974), 19.

³⁸⁰ Patrick Gilligan, 'Hinterlands' in *Scéala Éireann*, Aibreán 6, 1978, 6.

³⁸¹ Séamas Ó Saothraí, 'An Saol atá Timpeall Orainn' in *Books Ireland*, No. 24 (Jun., 1978), 96; Séamas Ó Saothraí, 'Tréith na Daonnachta' in *Books Ireland*, No. 38 (Nov., 1979), 193-194.

³⁸² Aisling Ní Dhonnchadha, *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Ghaeilge 1940-1990* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 2002), 252; Eileen Baldeshwiler, 'The Lyric Short Story: The Sketch of a History' in Charles E. May (ed.) *The New Short Story Theories* (Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994).

³⁸³ Pádraic Breathnach, 'Filíocht an Ghearrscéil' in *Irisleabhar Mhá Nuad 1977-8* (Má Nuad: 1978), 74-91.

³⁸⁴ *Ibid.*, 91.

intinn an léitheora. Go minic is trí dhíriú isteach ar mhionsonraí nó mionghluaiseachtaí a éiríonn leis na híomhánna beo sin a chur ina steillbheatha roimh an léitheoir. Tá an ghné sin dá scríbhneoireacht le sonrú sa scéal ‘I nDilchuimhne ar ...’ (IDD), i measc go leor scéalta eile dá chuid. Is i ngontacht an chur síos seo a leanas ar an suíomh atá an éifeacht:

Cé gur áit aistreánach é, gan i ndeas dó ach cosán criathraigh, i ngeall ar an ngrían, i ngeall ar an gcorrfhámaire go dtí é, níl sé uaigneach. Tá tithe beaga bána le sonrú uaidh síos faoi dheis ar an talamh bán i ngar don chaladh, ach tá a muintir ar an bhfarraige nó i mbun curaimí eile.³⁸⁵

An ‘scal’ is ea amhábhhar ghearrscéalta an Bhreathnaigh. Is éard is scal ann, dar leis an scríbhneoir féin, ná ‘... solas a lastar. A lastar de phreab. Mianach tréan, mianach díograiseach’.³⁸⁶ Agus scríbhneoir ag baint leasa as teicníc sin na scaile, tugann sé a thimpeallacht faoi deara go grinn. Cuireann sé suntas i mionrud a thiteann amach sa timpeallacht sin. D’fhéadfadh gur rud é a fheiceann sé go tráthúil, nó go laethúil fiú, ach go sonraíonn sé as an nua é, agus go ligeann sé dá shamhlaíocht scéal a chumadh mórthimpeall na buninspioráide sin. Ní dhéantar forbairt ar gach scal, ach i gcás na scaile a fhorbraíonn sé, d’áitigh Breathnach:

Go hiondúil snaidhmeann féitheacha na scaile go tapaidh le míreanna as saol an fhile; le míreanna as a shaol féin nó le míreanna as saolta daoine a bhfuil nó a raibh aithne aige orthu.³⁸⁷

³⁸⁵ Pádraic Breathnach, ‘I nDilchuimhne ar ...’ in *Ingne Dearga Dheaideo* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005), 134.

³⁸⁶ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéalai is a Ghearrscéalta’, 42.

³⁸⁷ *Ibid.*, 42-43.

Shonraigh Breathnach san alt céanna go dtéann sé ag siúl amuigh faoin tuath chun ligean ‘do dhraíocht síorathnuachana an tsaoil dul i bhfeidhm’ air,³⁸⁸ agus chun deis a thabhairt dó féin an scal a fhorbairt mar scéal. Dar leis, is mar thoradh ar theicníc na scaile atá inspioráid fhileata agus ealaíne le fáil i ngach áit, ón tsráid ghnóthach chathrach, go dtí bruach an tsrutháin bhig tuaithe. Dar leis, is le múnú an struchtúir sin is gá don scríbhneoir a dhúthracht a chaitheamh le go rachadh an scéal ina iomláine i bhfeidhm ar an léitheoir. Modh coitianta inspioráide is ea an scal sa scríbhneoireacht Éireannach, modh a mbíodh scríbhneoirí ar nós John McGahern agus John B. Keane ag baint úsáide as le teacht ar amhábhair a saothair. Scríobh Éamon Maher an méid seo a leanas faoin mbeirt scríbhneoirí sin:

[John McGahern] doesn't buy into the paradigm of the Irish writer having to go into exile to nurture his art. ... In his present abode by a lake in Leitrim, ... McGahern has all the raw material he needs for his writing. John B. Keane always maintained that the street below his window in Listowel provided him with the characters, situations and inspiration for his plays.³⁸⁹

Is í teicníc na scaile a bhíonn in úsáid ag Mary Lavin ina cuid gearrscéalta chomh maith, mar a léirigh sí in agallamh a rinne sí:

the real short story is possibly an idea, buried deep in the writer's consciousness, while he, miraculously at times, sees a chance of embodying in a story. I carry around a question in my mind, a question that teases and

³⁸⁸ Ibid., 43.

³⁸⁹ Éamon Maher, *Contemporary Irish Writers: John McGahern: From the Local to the Universal* (Dublin: The Liffey Press, 2003), 6-7.

torments me for an answer, and then one day I think I see the answer in a person or an incident.³⁹⁰

Dhearbhaigh Pádraic Breathnach go ndeachaigh stíl scríbhneoireachta Mary Lavin i gcion air mar scríbhneoir,³⁹¹ agus is féidir cuid den ghaolmhaireacht chumadóireachta eatarthu a aithint sa mhéid a d'áitigh Lavin thuas. Gearrscéalaithe neamhleithscéalacha ab ea iad nuair a bhíothas ag cur in iúl go raibh ré an ghearrscéil thart, agus ré an úrscéil tagtha.³⁹² Gearrscéalaí neamhleithscéalach eile a chuaigh i bhfeidhm ar Phádraic Breathnach is ea William Trevor. Thagair sé do ráiteas Trevor, 'I'm a short-story writer who writes a novel occasionally,'³⁹³ ag áiteamh gurb é 'an gnáthshaol, an gnáthdhuine ... a chleacht [sé]',³⁹⁴ mar a chleachtann sé féin. Spreagadh agus dearbhú a thug ráitis úd Mary Lavin agus William Trevor don Bhreathnach leanúint ar aghaidh i mbun chleachtadh a cheirde féin.

³⁹⁰ A.A. Kelly, *Mary Lavin: Quiet Rebel: A Study of her Short Stories* (Dublin: Wolfhound Press, 1980), 13.

³⁹¹ Pádraic Breathnach, 'Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímhéas?' in *Comhar* Iml. 69, Uimh, 11 (Samhain, 2009), 24.

³⁹² Alan Titley, 'The Disease of the Irish Short Story' in *Hibernia* (Feabhra, 1980).

³⁹³ Eileen Battersby, 'I just write ... I'm the Stories: Interview with William Trevor' in *The Irish Times* (April 26, 2008).

³⁹⁴ Pádraic Breathnach, 'Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímhéas?', 24.

An Réalachas, An Nua-Aoiseachas agus an tIar-Nua-Aoiseachas i nGearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh

Scríbhneoir i dtraidisiún an réalachais shóisialta is ea Pádraic Breathnach. I measc na ngearrscéalta dá chuid a bhfuil tréithe an réalachais le sonrú iontu, tá ‘An Réiteach’ (BA), ‘An tAonach’ (BP), ‘Bronntanas’ (LS), ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD), ‘Ón Tuath’ (LF), ‘Dólás’ (ANT), ‘An Maor’ (ÍS), ‘An Coileach Feá’ (PS) agus ‘An Gabháltas’ (IDD). Is é a thuigtear leis an réalachas mar stíl liteartha ná:

... [stíl] go ligeann sé air nach stíl ar leith ar chor ar bith, ach, ar nós pána gloine nó scátháin, go ligeann sé dúinn féachtaint trí na focail agus amach caol díreach ar na heachtraí, nó ar na radharcanna nó ar na carachtair a bhfuil aithris chruinn dhílis á déanamh orthu sa téacs. Cuireann téacs réalaióch i gcéill go bhfuil an saol mór á athscríobh i ndioscúrsa nach bhfuil riail ar bith ag baint leis.³⁹⁵

Stíl is ea í a mbeidh tarraingt uirthi i gcónaí. Bhí sí fós ar cheann de na stíleanna ba choitianta a chleachtaí i litríocht na Gaeilge sa tréimhse a scríobh Pádraic Breathnach formhór dá ngearrscéalta sna 1970idí agus sna 1980idí. Chuir Louis de Paor go gonta é agus é ag plé *Súil le Breith* le Pádraig Standún:

Ní théann stíl scríbhneoireachta as feidhm chomh luath is a théann sí as faisean. Tar éis an díspeagtha ar fad atá déanta ar an réadúlacht mar mhodh inste sa phrós liteartha, d’fhéadfadh an bhunteicníocht réadúil, an mhiontuairisc bharántúil ar chaint, ar chrot fisiciúil agus ar ghníomhartha na bpearsan maraon

³⁹⁵ Máire Ní Annracháin, ‘An tSuibiacht Abú, an tSuibiacht Amú’ in Seosamh Ó Murchú, Mícheál Ó Cearúil agus Antain Mag Shamhráin (eag.) *Oghma 6* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Oghma, 1994), 12.

le cur síos beacht ar an láthair ar a maireann siad, a bheith an-oiriúnach mar mhúnla scríbhneoireachta sa Ghaeilge.³⁹⁶

Gné lárnach de stíl an réalachais is ea go mbeadh an léitheoir in ann ionannú go pointe áirithe lena raibh á léamh aige, leis na daoine agus le caint na ndaoine sin, leis na suímh agus leis na heachtraí. Insint dhílis ar ‘an bhfirinne’ a bheadh i scothshaothar an réalachais, mar sin. D’áitigh René Wellek gurb é ‘the objective representation of contemporary social reality’ a chuir siad rompu.³⁹⁷ Chuir David Mikics leis an sainmhíniú sin, ag áiteamh, ‘The claim of realism in literature is, mainly, to tell the truth, brushing away fantasies and wishful, idealized versions of the world.’³⁹⁸

Thrácht Chekhov ar oibiachtúlacht an réalachais mar a bheadh ‘unbiased witness’ ann, ach, ar ndóigh, ní féidir glacadh leis nach mbeadh aon tionchar ag saol agus sochaí a linne féin ar an scríbhneoir. Tuigtear go múnlaíonn an tsochaí ina maireann duine a dhearcadh agus a luachanna, dá bhuíochas. Cé go dtagraítear don réalachas ar uairibh amhail scáthán a chrochtar os comhair an tsaoil le gur féidir leis an léitheoir iniúchadh a dhéanamh ar an saol trí bhithín na litríochta, cuireann Taylor Stoehr in iúl nach amhlaidh a bhíonn. Ina alt ‘Realism and Verisimilitude’, d’áitigh sé, ‘Fiction does not imitate life in the way that mirrors do, though we sometimes talk about its “mirroring of reality”, nor does it pretend to be real in the way wax bananas do, or in the way the plastic simulates cowhide.’³⁹⁹ Maidir leis an scríbhneoir réalaióch, d’fhéadfaí a áiteamh go ndéanann an litríocht scáthánú ar ghnéithe áirithe den tsochaí ina maireann

³⁹⁶ Louis de Paor, ‘Mo Dhá Lon Dubh’ in *Comhar*, Iml. 46, Uimh. 12, Ficsean (Nollaig, 1987), 14.

³⁹⁷ René Wellek, *Concepts of Criticism* (New Haven: Yale University Press: 1963), 240-1.

³⁹⁸ David Mikics, *A New Handbook of Literary Terms* (New Haven & London: Yale University Press, 2007), 255-256.

³⁹⁹ Taylor Stoehr, ‘Realism and Verisimilitude’ in *Texas Studies in Literature and Language*, Vol. 1, No. 3 (Fall 1969), 1269.

sé, agus nár chóir cosc a chur ar iniúchadh aon ghné den tsochaí sin sa litríocht, bíodh gné dhearfach nó dhiúltach i gceist. Is trí bhithín a chuid carachtar a dhéanann an scríbhneoir an géariniúchadh sin, de ghnáth. Tugtar faoi deara gur minic a bhíonn reacaireacht neamhphearsanta, uilefheasach sa tríú pearsa i gceist sa ghearrscéal réalaíoch agus gur minic a bhíonn an insint san aimsir chaite.⁴⁰⁰ Ní gá go dtarlódh aon mhór-eachtra amháin sa scéal, ní hí an eachtraíocht bunús an scéil, agus gluaiseann an plota líneach ar aghaidh faoi shúil an reacaire uilefheasaigh go dtí buaicphointe nó nochtadh fírinne éigin nuair a thagann an príomhcharachtar ar thuiscint nua, ar athrú tuisceana nó, go deimhin, chun féinaithne. Is gnách go dtagann athrú ar an gcarachtar dá bharr.

Is minic a tharraingíonn an scríbhneoir réalaíoch ar a thaithí saoil féin chun a scéalta a shuíomh.⁴⁰¹ Thagair an Breathnach don fheiniméan sin le déanaí, a áiteamh go bhfuil cuid dá phearsantacht féin le sonrú go minic i gcarachtair a scéalta:

Ní abraim go bhfuil siad dírbheathaisnéisiúil, mar a déarfá, tá agus níl. ... caithfidh do phearsantacht féin a bheith iontu. ... Is comhdhaoine, comhghasúir, mar a déarfá, [iad].⁴⁰²

Saol is ea saol na múinteoireachta, ag na léibhéil éagsúla, a bhfuil taithí ag an mBreathnach air. Is minic a thagann cás an mhúinteora chun cinn ina chuid scéalta, mar atá i gceist sna scéalta ‘An Réiteach’ (BA), ‘Toraíocht Poist’ (BP) agus ‘An Máistir’ (ÍS), nó cás an léachtóra ollscoile mar a shonraítear sna scéalta ‘Místaid’ (AL), ‘Dritheanna’ (LF) agus ‘Taomanna agus Taom Eile’ (LF), agus san úrscéal is déanaí

⁴⁰⁰ Louis de Paor, ‘An Scéalaíocht’ in Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada (eag.) *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge* (Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí, 1998), 14.

⁴⁰¹ John Cuddon in *A Dictionary of Literary Terms* (Oxford: Basil Blackwell Ltd, 1991), 775.

⁴⁰² Féach Aguisín 3, 66-67.

óna pheann, *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*. Feictear, ina theannta sin, scéal an bhuachalla óig tuaithe i mbun cúraimí feirme agus ag caitheamh aimsire ag iascaireacht i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh, imeachtaí coitianta i luathshaol an údair féin. Samplaí fánacha den chineál sin scéil is ea ‘Tadpoles’ (BA), ‘An tAonach’ (BP) agus ‘An Chuilín Daite’ (PS).

Tuigtear leis gur minic a dhéanann an t-údar réalaióch iarracht cuma na fírinne a chruthú ina chuid scríbhneoireachta trí dhaoine, logainmneacha nó earraí faoi leith a lua ina shaothar.⁴⁰³ Caitear dúthracht ag déanamh mion-chur síos ar rudaí aithnidiúla don léitheoir le go mbeidh cuma na fírinne ar an saothar. Tóg, mar shampla luath, an gearrscéal ‘An tAonach’ (BA), ina ndéantar mionchur síos, trí shúile an ghasúir, ar an turas a dhéantaí de shiúl na gcos go cathair na Gaillimhe agus ar a raibh le feiceáil istigh ann, ag lua logainmneacha faoi leith ar an mbealach le cur leis an insint réalaióch. Déantar plé ar an ábhar céanna sin san úrscéal *Gróga Cloch* (1990), ina léirítear turas Mhic Dara agus a athar agus iad ag siúl isteach go dtí an chathair chun beithígh a dhíol ag an aonach. Sonraítear go leor d’ainmneacha na n-áiteanna a dtéann siad tríothu ar an mbealach, agus ina theannta sin, go leor d’ainmneacha na siopaí agus na dtithe tábhairne a dtéann siad tharstu ar an mbealach chun an aonaigh. Ar an iomlán, is fearr a éiríonn leis an ngearrscéal ‘An tAonach’ (BA). Samhlaítear gasúr ábhairín níos óige ina phríomhphearsa sa scéal sin, agus ar an dóigh sin, is inchreidte an tslí a thugtar an scéal sin chun beochana tríd an léargas a thugtar ar iontas an pháiste óig ag teacht i ngar don chathair dó agus réimse leathan mothúchán an ghasúir ó thús deireadh an ghearrscéil.

⁴⁰³ Taylor Stoehr, ‘Realism and Verisimilitude’, 1277.

Ceist a tarraingíodh anuas arís is arís eile i dtaca leis an réalachas i litríocht na Gaeilge is ea dóchúlacht an tsuímh uirbigh in úrscéal, nó i ngearrscéal Gaeilge. Bhí an t-ábhar sin ina chnámh spáirne i measc criticeoirí ó aimsir na hAthbheochana i leith, agus iad ag ceistiú oiriúnacht an fhriotail do shuímh éagsúla nach mbeadh baint stairiúil acu leis an nGaeilge agus dóchúlacht úsáid na Gaeilge sna suímh sin.⁴⁰⁴ Ar an ábhar sin, d'áitigh Máirín Nic Eoin:

Taobh le mórchuspóirí na hathbheochana athghabháil agus ath-Ghaelú a dhéanamh ar na cathracha, bhí an tuiscint gur áiteanna truaillithe Gallda iad na cathracha céanna ar rídhoiligh an Ghaeilge a athshnaidhmeadh lena modhanna maireachtála, lena n-áitrimh is lena n-institiúidí riartha.⁴⁰⁵

Tá cúinsí agus pobal léitheoireachta na Gaeilge athraithe go mór, ó cuireadh tús leis an díospóireacht áirithe sin le linn aimsir na hathbheochana, agus is é réalachas an tsuímh le fada anois ná go bhfuil i bhfad níos mó de phobal léitheoireachta na Gaeilge

⁴⁰⁴ Feictear é ina ábhar díospóireachta ag Pádraig Mac Piarais, Pádraic Ó Conaire, Piaras Béaslaí agus Eibhlín Nic Niocaill le linn bhlianta tosaigh na haoise seo caite sna hailt seo a leanas, mar shampla: Pádraig Mac Piarais 'About Literature', in *An Claidheamh Soluis*, 26 Bealtaine, 1906, 7; Pádraig Mac Piarais, 'Litridheacht Nua-dhéanta' in *St. Stephen's: A Record of University Life* Vol. 1, No. 1, (June, 1901), 9-10; Pádraic Ó Conaire, 'Sean-Litridheacht na nGaedheal agus Nuadh-Litridheacht na hEorpa' in *An Claidheamh Soluis* 12/12/1908 & 19/12/1908; Piaras Béaslaí, 'Literature and the Gaedhealdacht,' in *Sinn Féin*, 16 Mar., 1912, (Luaite in Philip O'Leary *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881-1921: Ideology and Innovation*, 418); Eibhlín Nic Niocaill, 'Some thoughts about the future of Irish Literature' in *An Claidheamh Soluis*, 12 Meitheamh, 1909, 10. Ó shin i leith, tá argóintí déanta ag léitheidí Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Ríordáin, agus Seán Ó Tuama faoi seach, mar shampla, sna hailt *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1969), 22-23; 'Teanga Marbh' in *The Irish Times*, 23 Feabhra, 1974, 14; 'Fáistine na Litríochta' in Seán Ó Tuama *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990), 130-131. Phléigh Breandán Ó Doibhlin an cheist in alt dá chuid i lár na 1980idí, 'Smaointe ar Chúrsaí na Próslitríochta' in *Comhar*, Iml. 43, Uimh. 8 (Lúnasa, 1984). Cuireadh tús le díospóireacht as an nua le sruth litreacha a seoladh chuig *The Irish Times* sa bhliain 1989. Proinsias Ó Drisceoil, 'And lead us not into shenanigans' in *The Irish Times: Weekend*, 14 Eanáir, 1989, 9; Proinsias Mac Aonghusa, 'The Ó hEithir Novel' in *The Irish Times*, 19 Eanáir, 1989, 11; Seán Mac Réamoinn, 'The Ó hEithir Novel' in *The Irish Times*, 06 Feabhra, 1989, 9. D'ardaigh Liam Ó Muirthile an cheist chéanna tamall ina dhiaidh sin, 'Saol an Bhéarla trí Ghaeilge' in *The Irish Times*, 15 Deireadh Fómhair, 1990, 8. Chomh déanach le lár na 1990idí, bhí ábhar an réalachais i litríocht uirbeach na Gaeilge fós á phlé i measc chriticeoirí na Gaeilge. I Léacht Uí Chadhain sa bhliain 1993, phléigh Máire Ní Annracháin oiriúnacht an réalachais mar mhodh inste na litríochta.

⁴⁰⁵ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005), 409.

suite taobh amuigh den Ghaeltacht ná mar atá sna ceantair thraidisiúnta Gaeltachta. Is ag freastal ar mhianta a bpobail léitheoireachta a bheadh údar anois a dhéanfadh a shaothar a shuíomh i gceantar uirbeach, bíodh sé sin ina cheantar réalaióch nó ina cheantar de chuid shamhlaíocht an scríbhneora. D’aithin Caoilfhionn Nic Pháidín an gá le freastal ceart a dhéanamh ar an bpobal comhaimseartha léitheoirí Gaeilge nuair a dhearbhaigh sí:

Tá margaí léitheoireachta na Gaeilge lonnaithe go príomha lasmuigh den Ghaeltacht le fada an lá, ach níl bonn curtha fós faoin úrscéalaíocht réadúil inchreidte uirbeach, pé acu liteartha nó sobalach, ábhar a mbeadh tóir nádúrtha ag an bpobal sin air.⁴⁰⁶

Ní féidir le scríbhneoir an tráchtais seo aontú go hiomlán leis an tuairim atá nochtaithe ag Nic Pháidín thuas sa tslí is go bhfuil úrscéalta uirbeacha Gaeilge ar fáil, cuid díobh a luafar thíos, cé go ngéillim nár líonmhar a méid ag am scríofa a hait. Réimse litríochta is ea é atá á fhorbairt go leanúnach le blianta beaga anuas.

Mar a léiríodh thuas, i gcuid de na saothair réalaiócha is fearr dár scríobhadh go hidirnáisiúnta, tharraing an t-údar ar ghné dá thaithí saoil féin mar spreagadh dá shaothar, agus más é an suíomh uirbeach taithí an údair, níl slí nach bhféadfadh sé an suíomh uirbeach sin a dhearadh mar shuíomh réalaióch do shaothar próis Ghaeilge. ‘Réaltacht fhíorúil’ is ea a thugann Máirín Nic Eoin ar an gcineál réaltachta úd a chruthaíonn an t-údar nuair a lonnaíonn sé a scéal Gaeilge i dtimpeallacht shóisialta nach timpeallacht nádúrtha Ghaeilge í. Dhearbhaigh sí:

⁴⁰⁶ Caoilfhionn Nic Pháidín, “Cén fáth nach?” – ó Chanúint go Criól’ in Róisín Ní Mhianáin (eag.) *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*, (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2003), 127.

Úsáidtear cur i gcéill an réalachais shóisialta le réaltacht fhíorúil – réaltacht an leabhair – a chruthú trí mheán na Gaeilge. Úsáidtear cleasanna ar leith leis an scéal a chur abhaile mar scéal inchreidte Gaeilge i saothair áirithe. Tá Gaeilge ag carachtair áirithe mar gur fhreastail siad ar Ghaelscoil, nó gur tógadh le Gaeilge sa chathair iad nó gur daoine iad a bhog go dtí an chathair ón nGaeltacht. Dá siúlfaí bóthar an réalachais shóisialta i gceart, is téacsanna dátheangacha a bheadh á gcruthú, agus cé go bhfuil méid áirithe dátheangachais á cheadú anois i bhficsean éadrom na Gaeilge, cuireann polasaithe foilsitheoireachta na gcomhlachtaí Gaeilge srian leis an gclaonadh sin i dtreo na réaltachta teangeolaíche.⁴⁰⁷

Is fearr a fheictear an cineál réaltachta seo i saothair úrscéalaíochta ná mar a fheictear sa ghearrscéalaíocht é de bharr bhunthréithe éagsúla na húrscéalaíochta agus na gearrscéalaíochta araon. Feictear in *As na Cúlacha* le Pádraic Breathnach, úrscéal atá suite i gcathair Londan sna 1960idí, gur ógánach de bhunús na Gaeltachta é Réamann, agus é i gcomhluadar mhuintir na Gaeltachta fad atá sé i Londain. Chloígh Breathnach leis an nGaeilge mar theanga na hinste trí chéile san úrscéal seachas corrfhocal i mBéarla, gur focail iad nach mbeadh ag a leithéid de charachtar go nádúrtha sa Ghaeilge sa bhaile, nó focail nach mbeadh acu i gceachtar den dá theanga, mar shampla *jive* (41), *twist* (41), *bouncer* (51), nó an focal *hoist* (99), fearas a bhí aige ar an láithreán tógála ar a raibh sé ag obair. Toisc go ndeachaigh príomhcharachtar an úrscéil, Réamann, go Sasana i dteannta a chomharsan agus toisc gur comhluadar Gaeltachta a chleacht sé cuid mhaith den am, tá sé fós réalaióch go mba i nGaeilge a

⁴⁰⁷ Máirín Nic Eoin, ‘Ó Cadhain, Kafka agus Litríocht Uirbeach na Gaeilge’ in *Irish Pages*, Iml. 5, Uimh. 2, An tEagrán Gaeilge / The Irish Issue (2008), 194.

labhair siad i measc a gcoda féin. Éireannach is ea an maor ar an láithreán tógála, fiú amháin, mar aon le formhór na n-oibrithe, sa chaoi is go bhféadfaí a chreidiúint fós go mbeadh an Ghaeilge mar theanga labhartha an ionaid oibre. Eiseamláir den réaltacht fhíorúil seo is ea an t-úrscéal *Lámh Láidir* le Joe Steve Ó Neachtain,⁴⁰⁸ atá suite i gConamara agus a bhfuil codanna de suite i gcathracha Shasana, go háirithe i Londain. Déantar cuid mhaith den reacaireacht trí ghuth Josie, fear Chonamara, agus mar sin, tá sé inchreidte gur trí mheán na Gaeilge a fheictear saol Londan. Gné shonraíoch stíle san úrscéal seo is ea an réalachas teangeolaíoch. Is é an rud spéisiúil ná teacht le chéile an dá theanga – muintir na Galltacha agus muintir Shasana agus a n-iarrachtaí Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt, agus Béarla briste mhuintir na Gaeltacha agus a n-iarrachtaí a saol a aistriú go Béarla. I rith an úrscéil feictear forbairt charachtar áirithe i gceann amháin nó i gceann eile den dá theanga sin. Scríobh Máirín Nic Eoin ar ábhar na scríbhneoireachta féinbhreathnaithí, dírbheathaisnéisí, ina bhfeictear gur Gaeilgeoir an reacaire, agus gurb eisean an pointe fócais sa leabhar.⁴⁰⁹ Sa chaoi sin, tá inchreidteacht an réalachais shóisialta le sonrú sa dá úrscéal thuasluaite.

I bhfianaise thréithe an réalachais shóisialta atá luaite thuas, féadtar a rá go gcomhlíonann cuid de shaothar Phádraic Bhreathnaigh critéir an tseánra, ach níor chóir a shaothar a theorannú leis na critéir sin amháin. Tá ilghnéitheacht ag baint lena stíl inste, agus cur chuige stíliúil amháin a roghnaíonn sé is ea an réalachas. Tagann sé seo leis an méid a d'fhógair Wellek, 'Realism ... may not be completely fulfilled by any single work and will certainly in every individual work be combined with different

⁴⁰⁸ Joe Steve Ó Neachtain, *Lámh Láidir* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005).

⁴⁰⁹ Máirín Nic Eoin, 'Ó Cadhain, Kafka agus Litríocht Uirbeach na Gaeilge', 194.

traits ...⁴¹⁰ Feictear tréithe áirithe den nua-aoiseachas agus den iar-nua-aoiseachas i scríbhneoireacht an Bhreathnaigh, ábhar a ndéanfar plé air ar ball beag.

Dála scríbhneoirí eile, chloígh Pádraic Breathnach le stíl an réalachais mar phríomh-mhodh léirithe dá scríbhneoireacht chruthaitheach i bhfad i ndiaidh do scríbhneoirí teangacha eile bogadh ar aghaidh ón stíl inste sin. Agus í ag trácht ar an úrscéal Gaeilge anuas go dtí na 1980idí, bhí an méid seo a leanas le rá ag Máirín Nic Eoin faoi áit an réalachais i litríocht na Gaeilge, ‘Ceann de na nithe atá le tabhairt faoi deara ná go bhfuil an-urlámhas go fóill ag an réalachas sóisialta ar fhoirm an úrscéil Ghaeilge.’⁴¹¹ Cé go raibh Nic Eoin ag trácht go háirithe ar an úrscéal Gaeilge, is féidir an tuairim a leathnú chun próis-scríbhneoireacht na Gaeilge i gcoitinne a chur san áireamh. Faoin am a scríobh Nic Eoin an méid sin bhí cúig chnuasach gearrscéalta foilsithe ag Pádraic Breathnach, an tréimhse scríbhneoireachta ba thorthúla dá raibh go dtí seo aige.

Tá buaine ag an réalachas i litríocht na Gaeilge i gcoitinne. Cé go mbíodh foirmeacha nua á dtriail i bhfad roimh na 1960idí,⁴¹² ó shin i leith tá borradh le sonrú ar fhoirmeacha nua, i dteannta agus in ionad an réalachais, cuid acu siúd faoi thionchar litríocht theangacha eile na hEorpa. Ba iad Breandán Ó Doibhlin agus a chomhscoláirí i Scoil Chritice Mhaigh Nuad a spreag scríbhneoirí agus criticeoirí araon le héirí amach i gcoinne phríomhacht an réalachais i bpróslitríocht na Gaeilge agus modhanna na nualitríochta Gaeilge a fhorbairt arís, mar a rinneadh ag tús an chéid. Spreagadh

⁴¹⁰ René Wellek, *Concepts in Criticism* (New Haven: Yale University Press, 1963), 252.

⁴¹¹ Máirín Nic Eoin, ‘Úrscéalaíocht na Gaeilge 1974-1984’ in *Comhar*, Im. 43, Uimh. 8 (Lúnasa, 1984), 16.

⁴¹² Luaim *Séadna* le Peadar Ua Laoghaire (1904), *Deoraíocht* le Pádraic Ó Conaire (1910), *An Béal Bocht* le Myles na gCopaleen (1941) agus *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain (1949) ina gcorrshamplaí den luath-thrialachas sin.

scríbhneoirí le plé níos doimhne agus níos iomláine a dhéanamh ar ábhar a gcuid cumadóireachta. Spreagadh scríbhneoirí le bheith trialach. Sa chaoi seo, chonacthas gur forbraíodh modhanna nua inste inar thug an scríbhneoir an léitheoir leis go croílár an phlé. Tháinig teicníc inste an tsrutha chomhfheasa chun cinn inar féidir leis an léitheoir tuiscint dhomhain, phearsanta a fháil ar mheon an charachtair.⁴¹³ D’oscail an smaointeoireacht sin doras do litríocht nua-aoiseach, agus iar-nua-aoiseach fiú amháin, na Gaeilge. Tá macalla ráiteas cáiliúil Phádraig Mhic Phiarais le haireachtáil ar chomhairle Dhiarmada Uí Shúilleabháin do scríbhneoirí na Gaeilge um an dtaca sin:

Déarfainn ó chroí le húrscéalaithe na Gaeilge: Bígí domhanda, bígí dúchasach, bígí dána, bígí cuthalach. Bí tú féin a úrscéalaí agus san am gcéanna bí i do fhear eile ag faire saoil is á rianadh led scéal ... Níl íoghair ná doras iadta romhat ach na hógair is na dóirse a dhúnair ort féin ar mhaithe de ghnáth bheith “amhail leis an mhuintir eile”. Braith an mhuintir eile úd ach – seachain a gcúngachas agus a ngnáschodlata nó báirnigh na litríochta is beatha duit! Tabhair scóip don Eile ionat ar mhaithe a Ealaíne. Nílirse, a úrscéalaí na Gaeilge, ar thórramh, ná ar shocraid, ná nílir i láthair baistidh ach an oiread.
...⁴¹⁴

Faoin mbliain 1993, ba é (mí-)oiriúnacht théarmaí an réalachais do phrós-scríbhneoireacht na freacnairce a bhí idir chamáin ag an gcriticeoir Máire Ní Annracháin. I Léacht Uí Chadhain na bliana sin, d’impigh sí ar lucht na Gaeilge, idir chriticeoirí agus scríbhneoirí, athrú treo a thógáil agus in ionad a bheith ag

⁴¹³ Ibid.

⁴¹⁴ Diarmaid Ó Súilleabháin, ‘Bí tú féin, a Úrscéalaí’ in *Comhar*, Iml. 24, Uimh. 7 (Iúil, 1965), 22.

síorchaoineadh na litríochta réalaíche nár tháinig, mhol sí breathnú as an nua ar bhuanna na litríochta a tháinig.⁴¹⁵

Maidir le scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh, is mó i bhfad de thionchar an réalachais shóisialta atá le brath ina shaothar ná tionchar ghluaiseacht an nua-aoiseachais nó an iar-nua-aoiseachais. É sin ráite, tá corrscéal dá chuid a bhfuil saintréithe na ngluaiseachtaí sin le sonrú iontu. Scríobh sé féin ar an ábhar:

Tá scríbhneoirí Gaeilge níos avantgarde ná go leor agus b'fhearrde nach mbeidís creidimse, óir sílim gurb éard atá siad a dhéanamh ná ag iarraidh a chruthú gur féidir a leithéide seo a dhéanamh sa nGaeilge agus go bhfuil an Ghaeilge chomh nua-aoiseach solúbtha le teanga ar bith.⁴¹⁶

Is fiú tagairt a dhéanamh anseo do na scéalta sin chun léiriú níos iomláine a thabhairt ar chorpas liteartha an Bhreathnaigh trí chéile.

Maidir leis an nua-aoiseachas, tugtar thíos sainmhíniú soiléir ar an stíl:

Its defining characteristic is captured by two famous phrases: Arthur Rimbaud's 'Il faut être absolument moderne!' ... and Ezra Pound's 'make it new', both of which enjoin artists to jettison tradition and experiment with the possibilities inherent in every medium, regardless of the apparent senselessness or indeed ugliness of the outcome. ...⁴¹⁷

⁴¹⁵ Foilsíodh an léacht a thug Ní Annracháin an bhliain ina dhiaidh sin faoin teideal 'An tSuibiacht Abú, an tSuibiacht Amú' in Seosamh Ó Murchú, Mícheál Ó Cearúil agus Antain Mag Shamhráin (eag.) *Oghma 6* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Oghma, 1994).

⁴¹⁶ Pádraic Breathnach, 'Filíocht an Ghearrscéil', 89.

⁴¹⁷ Ian Buchanan, *Oxford Dictionary of Critical Theory* (Oxford: Oxford University Press, 2010), 323.

Sliocht as an gcur síos a thug David Mikics ar eilimintí de chuid an nua-aoiseachais atá anseo thíos:

Modernism exalted difficulty. ... Modernist difficulty often becomes a way of testing the idea of the work and its tradition: asking us to define anew what a novel or a poem is, or might be.⁴¹⁸

I gcás na Gaeilge, tháinig scríbhneoirí chun cinn sna 1960idí a raibh tréithe de chuid an nua-aoiseachais le brath go láidir ina saothar. Ba iad na scríbhneoirí sin ná Breandán Ó Doibhlin, Diarmaid Ó Súilleabháin agus Eoghain Ó Tuairisc. Ba é a bhí ón Doibhlineach ná ‘talamh úr do bhriseadh’ in úrscéalaíocht na Gaeilge um an dtaca sin. Mar atá luaite cheana, is éard a bhí ón Súilleabhánach, mar a chuir sé in iúl é féin, ná geit a bhaint as an nGaeilge,⁴¹⁹ rud a rinne sé le saothair ar nós *An Uain Bheo* (1968). Thug Eoghan Ó Tuairisc aghaidh go cróga ar cheisteanna na féiniúlachta agus an aitheantais, go háirithe san alt géarchúiseach ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’,⁴²⁰ ina leagann sé amach teoiric i dtaca leis an déachas idirchultúrtha. Sna saothair seo, feictear iarrachtaí dílse na scríbhneoirí teacht i dtír ar chineálacha nua litríochta sa Ghaeilge agus litríocht fhiúntach nua-aoiseach a chur ar fáil do léitheoirí comhaimseartha na Gaeilge.

Is minic nach mbíonn plota lárnach, nó ar a laghad plota an-fhollasach, sa phrós nua-aoiseach.⁴²¹ Tá an tréith sin le sonrú i gcuid de ghearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh.

⁴¹⁸ David Mikics, *A New Handbook of Literary Terms*, 190-192.

⁴¹⁹ Diarmuid Ó Súilleabháin, ‘An Uain Bheo: Focal ón Údar’, in *Irisleabhar Mhá Nuad 1972* (Maigh Nuad: Cullacht Cholmcille, 1972), 65.

⁴²⁰ Eoghan Ó Tuairisc, ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’ in Máirín Nic Eoin eag., *Religio Poetae agus Aistí* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1987); céadfhoilsithe in *Feasta* Iml. 28, Uimh. 8, (Samhain, 1975).

⁴²¹ Peter Childs, *Modernism* (London & New York: Routledge, 2000), 84.

Is gearrscéal é ‘Eachtra’ (PS), mar shampla, nach bhfuil plota traidisiúnta ag baint leis. Is scéal é atá dírithe ar chomhrá le rún oilc, ar shlí, ach atá barrúil, idir fear de lucht leanúna iománaithe na Gaillimhe agus fear de bhunús lárchathair thuaidh Átha Cliath, agus a thosaíonn sa siopa mearbhia ‘Tigh Mhic Dhomhnaill’⁴²² ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath. Níl d’eachtra sa scéal ‘Eachtra’ ach go leanann an comhrá neamhchoitianta seo ar aghaidh i neamhchead d’fhear na Gaillimhe agus é ar a bhealach ó Shráid Uí Chonaill go Páirc an Chrócaigh. Deireadh obann a chuirtear leis an gcomhrá agus leis an ngearrscéal ag geataí Pháirc an Chrócaigh.

Scéal eile a bhfuil tréith chéanna an nua-aoiseachais ag baint leis is ea ‘Bean Aduain’ (DLD). Mar a thugann an teideal le fios, is scéal é a bhfuil an aduaine agus an fhiosracht chun tosaigh ann. Níl de phlota ag an scéal ach go dtéann pleananna taistil reaire an scéil amú ag an deismireacht a d’imir ‘an bhean aduain’ air. Tá féith an chomhtharlaithe agus an chomhtheagmhais go láidir sa scéal agus is trí shúile mearbhlacla an reaire fir a insítear imeachtaí aduaine an scéil.

Mar is léir ón méid a pléadh thuas, is é tionchar an réalachais shóisialta is mó a fheictear i saothar cruthaitheach Phádraic Bhreathnaigh, idir úrscéalta agus ghearrscéalta ach is fiú gearrscéalta dá chuid a lua ar féidir tréithe den iar-nua-aoiseachas a shonrú iontu, mar shampla, ‘Francuafás’ (DLD), ‘Cíorthuathail’ (BP) agus ‘An Phicnic’ (AL) agus ‘Taomanna agus Taom Eile’ (LF). Sna scéalta aduaine, fantaisíochta sin léirítear dochinntitheacht agus sceon shaol an lae inniu go grinn. Is

⁴²² Pádraic Breathnach, ‘Eachtra’ in *An Pincín agus Scéalta Eile* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996), 26.

iontu a thagann an t-amhras ointeolaíoch, mar a thug Richard Wasson air, i dtreis go mór.⁴²³

Dar le Ihab Hassan, criticeoir i ngort an iar-nua-aoiseachais, d'fhéadfaí suimiú a dhéanamh ar an rud is iar-nua-aoiseachas ann trí liosta focal a lua a bhfuil ceann de na réimíreanna 'de' nó 'di' rompu – 'deconstruction, decentring, dissemination, dispersal, displacement, difference, discontinuity, demystification, delegitimation, disappearance.'⁴²⁴ Go bunúsach, treascairt na mbó beannaithe is ea *modus operandi* an iar-nua-aoiseachais.⁴²⁵ D'áitigh David Mikics 'Frequently, [post-modern artists] use a mixture of styles, contaminate the visual with the verbal, or play jokes on the idea of artistic greatness that modernism took so seriously.'⁴²⁶

Ceann de na difríochtaí idir an t-iar-nua-aoiseachas agus an nua-aoiseachas is ea nach bhfeictear aon iarracht ó thaobh an scríbhneora de ar ord nó eagar a chur i bhfeidhm ar mhíchothromaíocht agus ar chíorthuathail an tsaoil chomhaimseartha san iar-nua-aoiseachas. Ní haon chúis aiféala é sin don scríbhneoir iar-nua-aoiseach, a dhéanann ceiliúradh ar ainriail na beatha comhaimseartha seo. Tá sé sin le feiceáil ach go háirithe sa scéal 'Mná Tí Bruachbhailte' (AL), gearrscéal ina léirítear tosaíochtaí agus saol na mbruachbhailte a d'fhás sna 1960idí agus sna 1970idí timpeall ar chathracha agus ar bhailte móra na hÉireann. Sonraítear, ach ní dhéantar breithiúnas ar bith ar luachanna agus ar chíorthuathail teanntaithe na sochaí sin trí chur síos a dhéanamh ar

⁴²³ Richard Wasson, 'Notes on a New Sensibility' in *Partisan Review* Vol. 36, (Boston: Partisan Review Inc., 1969), 463-64.

⁴²⁴ Ihab Hassan, 'Beyond Postmodernism? Theory, Sense, and Pragmatism' in Gerhard Hoffmann (ed.) *Making Sense: The Role of the Reader in Contemporary American Fiction* (München: Wilhelm Fink, 1989), 309.

⁴²⁵ Ihab Hassan, 'Pluralism in Postmodern Perspective' in *The Postmodern Turn: Essays in Postmodern Theory and Culture* [Electronic Resource] (Christchurch: New Zealand, Cybereditions, 2001), 171.

⁴²⁶ David Mikics, *A New Handbook of Literary Terms*, 240-241.

na mná a mhaireann ann. Tá an t-amhras ointeolaíoch, a bhaineann go dlúth leis an iar-nua-aoiseachas, soiléir i ngearrscéalta ar nós ‘Taomanna agus Taom Eile’ (LF) agus ‘Eachtra’ (PS), ina bhfeictear carachtair ag iarraidh dul i ngleic le dúshláin a saol agus maireachtáil sa tsochaí ina bhfuil siad.

In alt dá cuid, ‘Litríocht Iar-Nua-Aoiseach: A Cineál’, d’áitigh Siobhán Ní Chléirigh:

Murab ionann agus na *Modernists*, tugann na *Postmodernists* droim láimhe leis an tuiscint gur féidir ord agus eagar ealaíne a bhualadh anuas ar chíor thuathail an tsaoil. ... cuireann siad rúille búiille an tsaoil i láthair an léitheora, ní haon chúis bróin acu é.⁴²⁷

Is iad na scéalta is fearr de chuid an Bhreathnaigh a léiríonn fantaisíocht agus frithréalachas sin an iar-nua-aoiseachais ná scéalta aduaine ar nós ‘Mo Bhean Lóistín’ (BA), scéal ina bhfeictear an saol réalaióch curtha as riocht trí fhianspléachadh a thabhairt ar an gcaidreamh idir lóisteoir agus bean an tí; ‘Leathcheann’ (DLD), scéal a théann i ngleic tríd an bhfrithréalachas le sceon agus le hainriail an tsaoil chomhaimseartha; agus ‘Cíor Thuathail’ (BP), scéal ar léir ón teideal go bhfuil an t-amhras ointeolaíoch lárnach ann, agus a thugann aghaidh go spráúil ar dhíostóipe na linne.

⁴²⁷ Siobhán Ní Chléirigh, ‘Litríocht Iar-Nua-Aoiseach: A Cineál’, in Pádraig Ó Fiannachta (eag.) *Irisleabhar Mhaigh Nuad 1992* (Maigh Nuad: An Sagart, 1992), 119-120.

Struchtúr

Teidil shoiléire, sho-thuigthe is ea a úsáideann an Breathnach formhór an ama, a thugann leid don léitheoir i dtaobh ábhar an scéil, ar nós ‘Dólás’ (ANT), ‘Lá Dána’ (DLD), ‘An Chuach’ (ÍS) nó ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’ (IDD). Ní bhaineann sé sin de thaitneamh nó de theannas na léitheoireachta, ná de spéisiúlacht ionramháil ábhar an scéil féin. Os a choinne sin, dar ndóigh, tá teidil áirithe ag Pádraic Breathnach a chuireann an léitheoir dá threo go hiomlán, cosúil le ‘Francuafás’ (DLD), ‘S. – M.’ (LF) agus ‘Triptic’ (PS), cur chuige a mhéadaíonn ar fhiosracht an léitheora.

Foilsítear scéalta ar éagsúlacht faid i gnuasaigh Phádraic Bhreathnaigh. Sa chnuasach *Ingne Dearga Dheaideo* (2005), mar shampla, feictear scéal amháin nach bhfuil ann ach ceithre leathanach mar atá ‘Gorsedd’, agus scéal eile atá aon leathanach is fiche ar fhad, ‘An Bhaintreach Amscaí’. Tá éagsúlacht fhairsing carachtrachta sa chnuasach céanna ó chailleacha béaloideas Mheiriceá go tuismitheoirí briste, cráite i ndiaidh bhás a n-aonpháiste. Is é an t-alt is faide atá le sonrú in aon ghearrscéal de chuid Phádraic Bhreathnaigh ná alt naoi leathanach, agus alt eile sé leathanach go leith díreach ina dhiaidh sin, mar atá sa ghearrscéal ‘An Chailleach’ (ANT).

Dála scríbhneoirí cruthaitheacha i gcoitinne, ábhar suntais i scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh is ea an struchtúr abairte agus ailt a ghlacann sé chuige féin. Struchtúr neamhthraidisiúnta, neamhchaighdeánaithe is ea é ar uairibh, agus ní i gcónaí a bhí na léirmheastóirí róthógtha lena leithéid ó oideachasóir.⁴²⁸ Is minic a chasann sé comhréir na Gaeilge droim ar ais agus, ar uairibh, feictear go bhfágann sé an briathar ar lár ar fad. Cuireann sé seo le héifeacht ealaíonta an scéil, dar ndóigh. Rinne Pádraic

⁴²⁸ Féach Séamas Ó Saothraí, ‘Tréith na Daonnachta’, 193-194.

Breathnach tagairt do scríbhneoireacht Dhiarmada Uí Shúilleabháin, dá ghearrscéalaíocht go háirithe, agus tá sé spéisiúil gurb é an rud a mhol sé faoi shaothar Uí Shúilleabháin ná an stíl chéanna seo. D'fhéadfaí an méid thíos a scríobh sé faoi stíl an tShúilleabhánaigh a thagairt dá shaothar féin:

Abairtí tearca gairide. Abairtí aonfhoclacha. Abairtí gan bhriathra. Abairtí gur tús díobh réamhfocal, gur tús díobh cónaisc, gur tús díobh an t-alt, gur tús díobh ainmfocal, gur tús díobh briathra.

Ailt ghearra ghairide mar an gcéanna. Gan in alt, amanna ach oiread leis na habairtí, ach máimín focal. Feidhm láidir á baint aige as poncanna, 'poncanna scríbhneora'. Ní miste sin. Tá na poncanna céanna an-úsáideach, an-ornáideach, dar liom féin.⁴²⁹

Dar ndóigh, ní comhréir chaighdeánaithe na Gaeilge atá in úsáid aige féin thuas, ach oiread le Diarmaid Ó Súilleabháin. Dhearbhaigh an Breathnach go gcruthaíonn Ó Súilleabháin focail, rud a dhéanann sé féin chomh maith nuair is gá nó nuair is oiriúnaí don suíomh é.⁴³⁰

Le linn na tréimhse 1974 go dtí 2005, is é sin tréimhse staidéir an tráchtais seo, is cinnte gur fhorbair agus gur athraigh stíleanna scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh. Is dócha gurb é an t-athrú múnla is mó a thabharfaí faoi deara ná an t-athrú struchtúir a fheictear i gcuid de scéalta na gcnuasach ón gcnuasach *Íosla agus Scéalta Eile* (1992) i leith, a bhfuil an insint roinnte i gcodanna iontu. Feictear, i scéalta áirithe, go bhfuil gné an iardhearcaidh i gceist sna codanna éagsúla. Is iad na

⁴²⁹ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéal Gaeilge le Blianta Beaga Anuas' in *Comhar* Iml. 43, Uimh. 8 (Lúnasa, 1984), 29.

⁴³⁰ Ibid.

gearrscéalta ‘A Uaillmhian’, ‘Zazzi’, ‘Fear Macánta’ agus ‘Íosla’ sa chnuasach *Íosla agus Scéalta Eile*, na scéalta is mó ina bhfeictear an insint roinnte i gcodanna de réir thréimhse ama nó de réir ábhar. Éifeacht amháin a bhaineann leis an ngné seo is ea go ligeann sé don scríbhneoir teicnící éagsúla a chur i bhfeidhm tríd an scéal, ar nós an fhráma, an iardhearcaidh nó peirspictíochtaí éagsúla a cheadú ó charachtair éagsúla, agus ar an dóigh sin, déantar an plota a nochtadh diaidh ar ndiaidh.

Faoi mar a mbeifí ag súil leis, bhí forbairtí leanúnacha á gcur i bhfeidhm ag Pádraic Breathnach ar a stíl agus ar a chumas carachtair inchreidte a chruthú ó foilsíodh an chéad chnuasach dá chuid. De réir mar a foilsíodh na cnuasaigh, ba léir an fhorbairt a bhí á déanamh i réimse na carachtrachta ina scéalta, go háirithe i gcás scéalta a phléann le saol inmheánach agus le samhlaíocht na gcarachtar, leis an sruth comhfheasa. Téann cuid de na scéalta sin i dtreo na fantaisíochta iar-nua-aoisí, mar shampla ‘Bean Aduain’, ‘Im-imní’ agus ‘M’Ógbhean Ghléghorm’ sa chnuasach *Na Déithe Luachmhara Deiridh* (1980). Scéalta atá i bhfad Éireann ó réalachas ‘Léamh Filíochta’ (BA), nó ‘An Scoláire’ (BP) is ea iad. Faoi ‘M’Ógbhean Ghléghorm’ d’áitigh Liam Mac Cóil, ‘is gan fhios, geall leis, a sheoltar isteach muid i saol aisteach an duine sin.’⁴³¹ Ina theannta sin, feictear ról na mban ag athrú, go háirithe sa chnuasach déanach sin óna pheann *Ingne Dearga Dheaideo* (2005). Feictear an bhean i saol nua-aimseartha, mar atá le feiceáil sa ghearrscéal ‘Iníon’ sa chnuasach sin, agus faoi mar a chonacthas sna gearrscéalta ‘Malheur’ agus ‘An Rós’ sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile* (1996). Sna scéalta sin chomh maith, feictear carachtar nua ag teacht chun cinn i saothar an Bhreathnaigh, mar atá an reibiliúnaí ar bandéagóir

⁴³¹ Liam Mac Cóil, ‘Léirmheasanna: Idirshaol na Mianta’ in *Comhar* Iml. 40, Uimh. 6 (Meitheamh, 1981), 25.

comhaimseartha í. Faoi mar a thuigfí, tá forbairtí leanúnacha le sonrú ar ealaín an Bhreathnaigh thar na blianta, ach fós tá an léiriú a dhéanann sé ar aigne an duine dhaonna ar cheann de na gnéithe is suntasaí ina shaothar ón tús. Tá modhanna éagsúla triailte aige agus cinn áirithe atriailte, agus sa chaoi sin feictear leanúnachas ábhar, mar aon le forbairt leanúnach ábhar agus scileanna ealaíonta óna chéad chnuasach, *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, go dtí an cnuasach is déanaí dá chuid, *Ingne Dearga Dheaideo*. Sa tslí sin, feictear gnéithe áirithe de na hathruithe sóisialta agus d'fhás speictream an déachais idirchultúrtha i sochaí na hÉireann i gcoitinne le linn na tréimhse atá caite ag Pádraic Breathnach i mbun pinn.

Gné lárnach de ghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh is ea an cur i láthair a dhéantar ar shruth comhfheasa an charachtair. Ciúta stíle é sin ar bhain Máirtín Ó Cadhain leas iontach as ó na 1940idí ar aghaidh, faoi mar a fheictear, mar shampla, i ngearrscéalta cosúil le ‘An Bóthar go dtí an Ghealchathair’,⁴³² ‘An Stráinséara’,⁴³³ agus ‘Ciumhais an Chriathraigh’.⁴³⁴ Mar a sonraíodh cheana i gcomhthéacs an nua-aoiseachais i litríocht na Gaeilge, leagadh béim ar leith ar an duine aonair agus ar aigneolaíocht an duine. Dar le Maitiú Ó Murchú, faoin am a foilsíodh *Bean Aonair agus Scéalta Eile* (1974), bhí ré nua i litríocht na Gaeilge ag breacadh le scríbhneoirí óga, misniúla ag tabhairt aghaidh ar stíleanna nua a thástáil agus a fhorbairt arís. D’aitigh sé:

Más aon tuar iad Daithí Ó hÓgáin agus Pádraic Breathnach ar aon, tá deireadh ré ag teacht. Roimhe seo bhí cur síos nithiúil nó comhráúil ar imeachtaí an scéil. Ba imeachtaí ábhartha bunús na ngluaiseachtaí a d’úsáidí leis an

⁴³² Máirtín Ó Cadhain, *An Braon Broghach* [1948] (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1998).

⁴³³ Máirtín Ó Cadhain, *Cois Caoláire* (Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1953).

⁴³⁴ Ibid.

ghréasán a leathnú ós comhair an léitheora. Anois is é an intinn atá nochtaithe romhainn agus ní toradh na teachtaireachta a ghluaiseann fad an chórais néaróga chuig an inchinn. Táthar ag iomrascáil leis an intinn i mbun saothair. Tá an plé inmheánach intinniúil á thomhas.⁴³⁵

Is cinnte gur fhorbair Pádraic Breathnach an réimse litríochta sin, inar aibhsíodh an mhonalóg inmheánach nuair a chuaigh sé i mbun pinn. In alt dá chuid ‘Filíocht an Ghearrscéil’, a foilsíodh sa bhliain 1978, thagair Pádraic Breathnach do ráiteas Uí Chadhain ar an ábhar:⁴³⁶

Más éard atá i gceist [ag Ó Cadhain] le ‘haigheolaíocht’ ná scrúdúchán ar an aigne, is féidir, sílim, na smaointe príobháideacha seo a chur ar fáil sa ngearrscéal agus de bharr a ghiorrachta nach mbeidh sé ró-throm.⁴³⁷

Leagann R.C. Feddersen a mhéar ar an mbuntáiste a bhaineann le ciúta an tsrutha chomhfheasa, dar leis, rud a ghabhann le cur in iúl cúrsaí ama:

The technique of ‘stream of consciousness’ can shift narratives back and forth in time, and single moments of experience may expand to become almost spatial configurations of image patterns mapping a character’s psychic reality that is paradoxically disconnected from the outside world.⁴³⁸

Thrácht Liam Mac Cóil ar an leas a bhain Pádraic Breathnach as ciúta an tsrutha chomhfheasa sa léirmheas a scríobh sé ar an gcnuasach *Na Déithe Luachmhara*

⁴³⁵ Maitiú Ó Murchú, ‘Saothar Daonnúil’, 19.

⁴³⁶ Máirtín Ó Cadhain, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, 31.

⁴³⁷ Pádraic Breathnach, ‘Filíocht an Ghearrscéil’, 79.

⁴³⁸ R.C. Feddersen, ‘Introduction: A Glance at the History of the Short Story in English’ in Erin Fallon et al. (eds) *A Reader’s Companion to the Short Story in English* (Westport, CT, USA: Greenwood Press, 2000), xxviii.

Deiridh (1980), ‘Idirshaol na Mianta’. Molann sé an fhorbairt a bhí bainte amach ag an mBreathnach sa chnuasach sin ar an ngné sin dá chumadóireacht, ach go háirithe:

Tá forbairt déanta ... ar an idirshaol samhlaíoch sin de chuid mianta, inní agus dóchas an duine a léiríonn Pádraic Breathnach chomh maith sin in an-chuid dá scéalta. Is san idir-achar seo, nach é an saol réalaíoch ar fad é – sa mhéid is go bhfuil sé ualaithe oiread sin le suibíochtúlacht na gcarachtar – ná fós brionglóid – sa mhéid is go bhfuil loighic agus mionsonraí an ghnáthshaoil ag baint leis – atá scéalta mar ‘Bean Aduain’, ‘A Mhóráinín!’, ‘M’Ogbhean Ghléghorm’ agus ‘Im-inní’ suite. ...

An t-imeartas seo leis an réalaíochas, an paradacsa Freudach gur cúiteamh ar an saol seachtrach saol inmheánach an duine, sruth an chomhfheasa a bheith ag guairdeall timpeall creaga géara an ghnáthshaoil, is gnéithe tábhachtacha iad seo ar fad de scéalaíocht an Bhreathnaigh ... Ceann eile de na gnéchomharthaí seo an meascán, a ligeann an t-údar éalú isteach, idir a shaol féin agus saol a charachtar.⁴³⁹

Ciúta is ea an mhonalóg inmheánach a úsáidtear go minic sa ghearrscéalaíocht agus ciúta is ea í, leis, a mbaineann Pádraic Breathnach úsáid aisti ina chuid scríbhneoireachta féin ag leibhéal éagsúla éifeachtachta. Feictear i gcuid de na scéalta a n-úsáideann sé an ciúta sin iontu go bhfuil codanna ar leith róchruinn agus róthomhaiste le bheith iomlán inchreidte, go bhfuil an mhonalóg inmheánach róloighciúil le bheith fíor, mar a d’fhéadfaí a áiteamh i gcás an ghearrscéil ‘Bean Aonair’ (BA), cuir i gcás. Scéal ocht leathanach go leith is ea ‘Bean Aonair’ (BA), agus is beag, taobh amuigh de thraonach ag gaoch cúpla uair, a chuireann dá

⁴³⁹ Liam Mac Cóil, ‘Léirmheasanna: Idirshaol na Mianta’, 25.

machnamh Siobhán le linn na hinsinte sin ar fad. D'fhéadfaí monalóg inmheánach Shíobhán a lochtú lena próiseas smaointe róshnasta agus leis an bhfocal ceart á roghnú aici i gcónaí cé go bhfuil sí trína chéile.

Is fearr mar a éiríonn leis an monalóg inmheánach sa scéal 'Is Áirid' (DLD). Sa ghearrscéal sin, feictear, mar shampla, go mbristear isteach ar rian smaointe an phríomhcharachtair ar uairibh. Osclaíonn an scéal le tagairt do rud faoi leith a bhris ar aird na príomhphearsan:

Goineadh a haire nuair a chonaic sí an fear óg ina shuí ag ceann an fhorsheomra. Nóiméad roimhe sin ní raibh sé ann; go fiú is leathnóiméad.⁴⁴⁰

Breathnaíonn an phríomhphearsa an t-ógfhear, ag déanamh iontais go bhfuil sé i láthair in óstán den chineál sin an tráth sin den lá. Gafa leis an ógfhear sin atá a cuid machnaimh go dtí go mbaineann sí súmóg as an tae a bhí os a comhair, agus leis sin bristear isteach ar a smaointe:

Bhain sí súmóg as a cuid tae. Cupán álainn poircealláin le cluaisín leochaileach sobhriste air. Fochupán gleoite, ar thrádaire órga, ar bhoirdín néata.⁴⁴¹

Téann sí ar ais chuig a machnamh ar an bhfear óg agus an cupán ar ais ar an mbord aici:

Ba ógfhear cumasach an fear óg. Storrúil ag breathnú. Gléasta go hócáidiúil. Féasóg bhríomhar mar ghráinneog ar a smig, agus mothall breá gruaige ag luí go haimhréidh amach os cionn bhlaithis a chinn.⁴⁴²

⁴⁴⁰ Pádraic Breathnach, 'Is Áirid' in *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, 98.

⁴⁴¹ Ibid.

⁴⁴² Ibid., 98-99.

Feictear an sruth comhfheasa in úsáid ag Pádraic Breathnach ar bhealach an-éifeachtach i scéalta ar nós ‘Avec Marcel’ (ANT), ‘Oíche i bPigalle’ (BP) agus ‘Zazzi’ (ÍS). Faoiseamh ó chrá na haontumha atá i gceist sna scéalta thuas a bhfuil saol na fantaisíochta mar phríomhábhar iontu. Faoiseamh ó leadrán na féitheoireachta atá le feiceáil sa scéal Raibiléiseach ‘Tráithníní’ (DLD) ina ligeann an príomhcharachtar, Gearóid, léachtóir trú leibhéal, a intinn agus a chiall le sruth le linn dó a bheith i mbun féitheoireachta ar scrúdú. Éalúchas atá i gceist ó leimhe an halla scrúdaithe, ach fágann a chuid machnaimh faoi bhrú é ag deireadh an scrúdaithe gan a chuid dualgaisí riaracháin déanta aige. Éalúchas chomh maith, ach an uair seo ó uaigneas agus ó leimhe na hoíche, atá i gceist leis an sruth comhfheasa atá sa scéal ‘M’Ógbhean Ghléghorm’ (DLD).

Scéal eile a léiríonn sruth comhfheasa go cumhachtach is ea an scéal ‘Páis’ (BP). Intinn phríobháideach an duine á nochtadh agus á léiriú is éard atá sa ghearrscéal seo. Cuirtear fear óg, nua-phósta in iúl agus é ag machnamh ar a chás féin ag am marbh na hoíche nuair a fhaigheann sé pian uafásach agus é díongbháilte gur ailse atá ann. Monalóg inmheánach atá sa scéal tríd síos seachas corrfhocal ag an deireadh nuair a dhúisíonn a chuid giotamála a bhean as a sámhchodladh.⁴⁴³

⁴⁴³ Pádraic Breathnach, ‘Páis’ in *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, 85-89.

Carachtracht agus Cúrsaí Idirchultúrtha

Ó thaobh carachtrachta de, éiríonn le Pádraic Breathnach intinn shuaite an duine aonair a chur in iúl go rímhaith, agus an féinamhras is an féincheistiúchán, an éiginnteacht agus an coimpléacs ísleachta a chur ina steillebheatha roimh an léitheoir. Baineann an éiginnteacht go mór leis an déachas a mhothaíonn cuid mhaith dá charachtair, ón gcarachtar óg a thrasnaíonn teorainn chultúrtha chun freastal ar mheánscoil uirbeach go dtí an t-imirceoir óg a mhaireann idir cultúr a bhaile dhúchais agus cultúr Londan nó cultúr chathair éigin eile.

Is minic carachtair chráite mar phríomhcharachtair i ngearrscéalta an Bhreathnaigh, daoine ar chlis orthu i ngné nó i ngnéithe dá saol, idir phroifisiúnta is phearsanta. Feictear coimpléacs ísleachta na ndaoine a sáraítear orthu go gairmiúil agus i gcúrsaí grá is caidrimh, agus easpa muiníne ina measc siúd nach féidir leo caidreamh a chothú nó a choinneáil le leannán nó, ar uairibh, lena muintir féin, mar a fheictear sna scéalta a pléadh thuas, ‘Bean Aonair’ (BA) agus ‘I gCoinne Coinne’ (BP). Sna gearrscéalta ‘Cuairt’ agus ‘Réamhchuart’ (BP) araon, is bréagíomhá a chruthaíonn na lánúineacha agus agus iad á n-iompar féin mar is cóir, dar leo os comhair na n-uaisle. Cruthaíonn Breathnach carachtair fiú amháin a mhothaíonn gur theip orthu ina saol in ainneoin teach, caidreamh, post seasta nó a leithéid a bheith bainte amach acu, mar a fheictear sa scéal ‘Maol Mór’ (BP), nó carachtar a bhfuil frustrachas doshrianta ag borradh istigh iontu in ainneoin iad a bheith ag déanamh go maith dóibh féin de réir caighdeán measúil sóisialta, mar atá sa scéal ‘Taomanna agus Taom Eile’ (LF).

Feictear carachtair ag lorg a ndúchais agus a bhfuil an déachas idirchultúrtha ag luí go trom orthu, mar shampla sa ghearrscéal ‘Dúchas’ (BP) agus ‘Buaile Uisce’ (BA), mar

aon le carachtair atá ag streachailt lena ndúchas agus leis an déachas idirchultúrtha, ar déagóirí nó daoine óga iad a bhformhór, mar shampla carachtair na scéalta ‘Coimhlint’ (DLD), ‘An Scoláire’ (BP) agus ‘Don Aifreann’ (BP), agus ina dteannta siúd, feictear carachtair nach scaoilfeadh lena ndúchas féin choíche, mar a fheictear sna scéalta ‘An Gabháltas’ (IDD) agus ‘Duibhe’ (DLD) in ainneoin dhul chun cinn na sochaí timpeall orthu.

Carachtar eile a fheictear i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh is ea an carachtar a dhéanann iarracht briseadh amach ón saol duairc, ainnis atá aige sa bhaile ach go minic is é an teip atá i ndán dó chomh maith mar a fheictear i gcás Réamoinn san úrscéal *As na Cúlacha*, mar aon le príomhcharachtair na ngearrscéalta ‘Seáinín Sheáin’ (BA), ‘An Faire’ (BP), ‘Danóib’ (DLD) agus ‘Taomanna agus Taom Eile’ (LF). Carachtair idir dhá chultúr is ea iadsan chomh maith a dhéanann iarracht briseadh amach ón gcultúr cúng inar tógadh iad le blaiseadh a fháil den saol. Déanfar iniúchadh ar scéalta a léiríonn na cineálacha carachtar sin i gCaibidil 4.

Is minic bancharachtair shuaite chorraithe á léiriú aige, a mhaireann idir saolta agus idir cultúir éagsúla, mar a fheictear sa ghearrscéal ‘Danóib’ (DLD), ina léirítear an príomhcharachtar ag diúltú don ról traidisiúnta baineann. Feictear coimpléacs ísleachta sna carachtair sin a sáraítear orthu go gairmiúil agus i gcúrsaí grá is caidrimh, agus easpa muiníne i measc iad siúd nach féidir leo caidreamh a chothú nó a choinneáil le lanúin nó, ar uairibh, lena muintir féin, mar a fheictear sna scéalta ‘Bean Aonair’ (BA) agus ‘I gCoinne Coinne’ (BP). Sna scéalta ‘An Chuach’ (ÍS) agus ‘Duibhe’ (DLD), mar shampla, léirítear mná nach raibh suim acu sa phósadh agus iad óg agus a dtagann aiféala orthu, blianta ina dhiaidh sin nuair a fhágtar gan chéile iad. Mná is ea

iad a théann glan i gcoinne an ruda a éilíonn an tsochaí orthu. Trí dhíriú ar intinn na gcarachtar seo, tugann Pádraic Breathnach faoi éagsúlacht shaoltaithí na mban comhaimseartha a fhoilsíú ina shaothar. Ní carachtair ‘dhubha’ nó ‘bhána’ iad carachtair scéalta an Bhreathnaigh i gcoitinne, is amhlaidh a bhaineann siad le réimse de dhathanna an tsaoil idir eatarthu.

Is go rímhaith a éiríonn le Pádraic Breathnach intinn an pháiste a léiriú, intinn an pháiste óig mhímhuinínigh ach go háirithe. Éiríonn go seoigh le Breathnach carachtair óga idirchultúrtha a thabhairt chun léargais, mar a fheictear i scéalta ar nós ‘An Scoláire’ (BP) agus ‘Coimhlint’ (DLD), scéalta a ndéanfar iniúchadh orthu i gCaibidil 4. I gcás charachtair óga na scéalta sin is minic gur ag deighleáil le tréimhse theacht in aois a bhíonn siad, iad ar thairseach saoil nua go minic, mar atá le feiceáil i scéalta ar nós na gceann seo a leanas: ‘Buicéad Poitín’ (BP), ‘An tAonach’ (BA), ‘Lá Dána’ (DLD), agus fiú amháin ‘Tóraíocht Poist’ (BP). Tagann sé seo le cleachtas coitianta idirnáisiúnta sa ghearrscéal, dar le Valerie Shaw:

Stories dealing with childhood frequently end with their principal character teetering on the brink of adulthood, and certainly in the case of writers who would be classified as realists it is usually more accurate to say that the concern is with adolescence, rather than childhood. ...

Unsurprisingly ... female adolescents in short fiction are far outnumbered by their male counterparts. The theme of initiation is more prominent in stories dealing with boys, one reason being that their transitions into adulthood can be

readily matched by events and settings which recall the conventions of narrative ‘adventures’.⁴⁴⁴

Buneilimint sa ghearrscéalaíocht ó ré Chekhov anall is ea an t-iniúchadh seo ar aigne an charachtair. Anuas air sin, bunghné den idirchultúrthacht atá lárnach i saothar an Bhreathnaigh is ea é. Trí nochtadh a dhéanamh ar na smaointe is príobháidí agus is gaire do chroí an charachtair, feictear conas a bhreathnaíonn siad ar an saol atá timpeall orthu, feictear an leochaileacht a choinnítear faoi cheilt ón saol mór seachtrach. Feictear an choimhlint idir saol inmheánach an duine agus an plé a dhéanann sé leis an tsochaí ina maireann sé. Feictear an choimhlint sin ar go leor bealaí agus ag tréimhsí difriúla i saolré carachtair. Tá samplaí soiléire den léiriú ar an gcoimhlint idir an duine agus an tsochaí ina maireann sé le feiceáil i scéalta ar nós ‘As Baile’ (BA), ‘Don Aifreann’ (BA), ‘An Filleadh’ (BA), ‘Seáinín Sheáin’ (BA), ‘An Scoláire’ (BP), ‘Glaoch’ (LS), ‘Coimhlint’ (DLD), ‘Ón Tuath’ (LF) agus ‘An Coileach Feá’ (PS).

Sna scéalta ‘As Baile’ (BA), ‘An Filleadh’ (BA), ‘Seáinín Sheáin’ (BA) agus ‘Don Aifreann’ (BA), feictear an t-imirceoir óg agus é ag iarraidh dul i ngleic le saol nua uirbeach thar sáile, nó atá tar éis fillleadh ó thréimhse a chaitheamh ar imirce, i gcathair Londan go príomha. Feictear iad ag iarraidh dul i dtaithí ar an móréagsúlacht idir a gcultúr dúchais agus an cultúr iasachta agus déileálann gach duine díobh leis sin ar bhealaí difriúla. Déanfar plé ar an ngné seo de chuid na hidirchultúrthachta i gCaibidil 4.

⁴⁴⁴ Valerie Shaw, *The Short Story: A Critical Introduction* (London & New York: Longman Ltd, 1983), 196, 198.

Mar an gcéanna, déanfar plé i gCaibidil 4 ar charachtar de chineál eile a thagann chun cinn coitianta go leor i scéalta Phádraic Bhreathnaigh, mar atá an déagóir meánscoile idirchultúrtha ar gá dó teorainn an dá chultúr a thrasnú go laethúil chun freastal ar mheánscoil chathrach. Is minic a thrasnaíonn na hógánaigh seo teorainn chultúrtha agus teorainn shocheacnamaíoch, leis. Is i scéalta cosúil le ‘An Scoláire’ (BP), ‘Coimhlint’ (DLD) agus ‘An Coileach Feá’ (PS) a léirítear na déagóirí idirchultúrtha seo.

Léirítear an déachas idirchultúrtha ar bhealach an-éagsúil sa scéal ‘Glaoch’ (AL). Gearrscéal faoi ógánach idirchultúrtha atá i gceist le ‘Glaoch’, ach murab ionann agus na carachtair a léirítear sna scéalta ‘An Scoláire’ (BP), ‘Coimhlint’ (DLD) agus ‘An Coileach Feá’ (PS), ní hí an scoil a mhúsclaíonn an déachas idirchultúrtha i Lorcán Ó Maoldomhnaigh ach an fonn a thagann air dul le sagartóireacht. Ag tús an scéil, is sa chéad phearsa iolra atá an reacaireacht, agus léirítear an gasúr i measc a chomhaoiseach. Faoi dheireadh an scéil, áfach, tá an reacaireacht sin athraithe go dtí an chéad phearsa uatha, ag cur tús le scarúint an ógánaigh seo óna chomhaoisigh agus fiú amháin óna mhuintir féin. Is féidir fás an déachais sin a thabhairt faoi deara agus an claochló sa ghasúr a fheiceáil le linn a chainte leis an sagart, mar a scarann sé óna chompánaigh agus mar a ghlacann sé bóthar eile air féin i dteannta an tsagairt. Deighilt idir a chultúr dúchais féin agus cultúr na cléire is ea a bhraitheann sé ag fás ann an tráthnóna sin. An bóthar aonaránach a thóg sé abhaile i dtreo dheireadh an scéil, ag briseadh gach nasc lena óige agus ag glacadh leis an íobairt ba ghá a dhéanamh chun a bhealach a dhéanamh i dtreo chultúr nua na cléire.⁴⁴⁵

⁴⁴⁵ Pádraic Breathnach ‘Glaoch’ in *An Lánúin agus Scéalta Eile*, 95.

Téamaí

Nuair a bhreathnaítear ar chuid de na saothair a foilsíodh taca an ama chéanna a bhí Pádraic Breathnach ag scríobh a chéad ghearrscéalta sna 1960idí déanacha,⁴⁴⁶ tá úire agus féith na réabhlóide le sonrú go gléineach i scéalaíocht an ama trí chéile. Tréimhse mhórathraitheach liteartha a bhí sa tréimhse sin inar foilsíodh saothair áirithe a raibh nuacht agus anamúlacht ag baint leo, mar shampla an cnuasach *Muintir* le Diarmaid Ó Súilleabháin,⁴⁴⁷ agus *Sweeney agus Scéalta Eile* le Dónall Mac Amhlaigh.⁴⁴⁸ Ba le linn na tréimhse céanna a foilsíodh na cnuasaigh *Fuine Gréine* le Pádraic Óg Ó Conaire,⁴⁴⁹ agus *Seandaoine* le Conchubhar Ó Ruairc,⁴⁵⁰ a raibh rian an traidisiúnachais agus na seanfhaiseantachta liteartha ag roinnt leo. Anuas air sin, léiríonn na léirmheasanna moltachta a scríobhadh ar an dá chnuasach sin an dearcadh a bhí ag léirmheastóirí áirithe na Gaeilge fós i leith nuachta sa ghearrscéalaíocht. I gcomhthéacs ghearrscéalaíocht na 1960idí agus na 1970idí, is léir gur réabhlóid liteartha a bhí ar bun ag Breathnach um an dtaca sin ach go háirithe. I léirmheas a scríobh Murchadh Mac Diarmada sa bhliain 1967 ar an gcnuasach *Fuine Gréine* le Pádraic Óg Ó Conaire, mhol sé Ó Conaire as ucht pobal a bhí cheana féin ar a dé deiridh, dar le Mac Diarmada, a chur ‘ina steillebheatha’ arís roimh an léitheoir Gaeilge. D’áitigh sé:

As iomlán a chuid eolais athchruthaíonn Pádraic Óg Ó Conaire saol
Chonamara dúinn le tuiscint agus le bá, agus léiríonn nósanna pobal atá

⁴⁴⁶ Is sa bhliain 1967 a foilsíodh an gearrscéal ‘Bainis’ de chuid an Bhreathnaigh in *Agus*, an chéad ghearrscéal dá chuid a foilsíodh. Idir sin agus 1974, an bhliain a foilsíodh an cnuasach *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, foilsíodh scéalta dá chuid in *Comhar*, in *Feasta* agus in *Agus*.

⁴⁴⁷ Diarmaid Ó Súilleabháin, *Muintir* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1971).

⁴⁴⁸ Dónall Mac Amhlaigh, *Sweeney agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1970).

⁴⁴⁹ Pádraic Óg Ó Conaire, *Fuine Gréine* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1967).

⁴⁵⁰ Conchubhar Ó Ruairc, *Seandaoine* (Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Náisiúnta Teo., 1973).

beagnach caillte. Ina steillebheatha a chuireann sé na seanlaochra os ár gcomhair.⁴⁵¹

Thug Colm Mac Lochlainn an léirmheas seo ar an gcnuasach *Seandaoine* sa bhliain 1974, an bhliain chéanna a foilsíodh *Bean Aonair agus Scéalta Eile*:

Scéalta deasa, tuisceanacha atá iontu. ... Tá buille scoir sna scéalta i gcónaí agus tuairisc ghrinn ar an saol ag an scríbhneoir ach gan aon mhailís nó donas ann.⁴⁵²

Tá speictream uilig an déachais idirchultúrtha chomhaimseartha in Éirinn le sonrú i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, ó shaol na tuaithe in Éirinn sa dara leath den fhichiú haois go dearcadh liobarálach na cathrach; ón gcoimhthíos daonna go dtí an duine óg ag iarraidh dul i ngleic leis an saol timpeall air; ó fhadhbanna an easpa caidrimh i saol an duine go dtí cumhacht na dúile collaí. Ó thaobh ábhair de, mar atá pléite cheana sa chaibidil seo, is ón saol atá timpeall air a thagann scalanna chuige agus a fhaigheann Pádraic Breathnach spreagadh dá scéalta. Is é saol idirchultúrtha na freacnairce a bhé. Faireann sé daoine i mbun ghnáthchúrsaí a saoil. D'fhógair Breathnach féin:

Is [leis an scríbhneoir] chuile threallán, chuile thincéara, chuile fhear trochailte ar an tsráid. ... Is leis chuile ógbhean a bhfuil ór ina gruaig, a bhfuil ribín ar a ceann, a bhfuil lipstick ar a béal, a bhfuil veilbhít ina ceathrúintí.⁴⁵³

⁴⁵¹ Murchadh Mac Diarmada, 'Lán de Chroí agus de Chumha' in *Agus Samhain*, 1967, 18.

⁴⁵² Colm Mac Lochlainn, 'Tuairisc Ghrinn ar an Saol: *Seandaoine* le Conchubhar Ó Ruairc' in *Comhar* Iml. 33, Uimh. 8 (Lúnasa, 1974), 19.

⁴⁵³ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéaláí is a Ghearrscéalta', 49.

De bharr gur sochaí idirchultúrtha sochaí na hÉireann ó thús deireadh thréimhse scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh, luíonn sé le réasún go bhfeictear an ghné sin go coitianta ina charachtair. Tá pobal agus comhlúadar tábhachtach don scríbhneoir, cé go bhfuil tréimhsí ciúine de dhíth air ina dhiaidh sin chun na bunsmainte sin a fhorbairt. Éiríonn le scéalta an Bhreathnaigh de bharr go bhfeictear ina scéalta comh-mheascán dá shamhlaíocht agus de réalachas a shaoil agus a thimpeallachta féin trí phróiseas spreagtha na scaile. Mar sin, maidir le carachtar aithnidiúil cosúil le Liam in ‘Cinneadh’ (DLD) agus Gearóid in ‘Tráithníní’ (DLD), d’fhéadfadh sé go bhfuil an suíomh agus/nó an bunsmaoineamh fréamhaithe i saol laethúil an Bhreathnaigh, ach gur tháinig gné na cumadóireachta chun tosaigh ina dhiaidh sin. Tagann sé sin leis an gcomhairle a chuir Máirtín Ó Cadhain ar scríbhneoirí na Gaeilge chomh maith, mar atá, a gcuid scríbhneoireachta a bhunú agus a fhorbairt timpeall ar an saol a bhfuil taithí agus cur amach acu air.⁴⁵⁴

Tá aitheantas faoi leith tuillte thar na blianta ag Pádraic Breathnach as an gcur síos gléineach, beoga a dhéanann sé ar an dúlra atá timpeall air agus atá mar bhunshuíomh cuid mhaith dá scéalta tuaithe. Is minic sna scéalta sin go n-úsáideann an Breathnach logainmneacha Mhaigh Cuilinn, mar atá le feiceáil sna scéalta ‘Buicéad Poitín’ (BP), ‘In Earr a Shaoil’ (PS), nó, mar a fheictear sa scéal ‘An Céideach’ (IDD), baineann Breathnach leas as ainmneacha bunaithe ar logainmneacha áitiúla. Is minic, i litríocht na Gaeilge, a bhaintear leas as logainmneacha chun scéal a shuíomh i réimse aitheantais an léitheora. Ciúta liteartha is ea é a théann siar i stair na litríochta béil in Éirinn.⁴⁵⁵ Tréith de chuid an réalachais shóisialta is ea é. Tagann an suíomh chun

⁴⁵⁴ Máirtín Ó Cadhain, ‘Tuige nach bhfuil Litríocht na Gaeilge ag Fás?’ in Seán Ó Laighin (eag.) *Ó Cadhain i bhFeasta* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1990), 93.

⁴⁵⁵ Gearóid Denvir, ‘An Áit is Cúí? Dáimh Áite i bhFilíocht Ghaeilge an 20ú hAois’ in Ruairí Ó hUiginn & Liam Mac Cóil (eag.) *Bliainiris 2003* (Rath Cairn: Carbad, 2003), 252.

beochana sa chur síos a dhéanann Pádraic Breathnach ar thimpeallacht a scéalta, mar atá le sonrú in oscailt an scéil ‘I Sligeachán’ (ANT), cuir i gcás:

B’í an abhainn mo threoraí. Lena bruach a choisigh mé. Anonn is anall i ngeall ar a cuasa, a goilíní, a hinsí, a boghlaeirí cloch. Ní ghabhfainn amú dá gcoinneoinn leis an abhainn. Thiocfainn go dtí mo cheann cúrsa i dtráth. A cladach uilig greagnaithe le gága, le poill, le méirscrí; paistí scainimh is tráanna.⁴⁵⁶

Ag tagairt dó don leas agus don éifeacht a bhaineann filí *Innti*, ach go háirithe, as logainmneacha ina saothar deir Denvir:

Ar an leibhéal is bunúsaí agus is réalaí, is áiteanna so-aitheanta inléarscáilithe ar leith iad. Is furasta cuairt a thabhairt orthu sa saol iarbhír, nó iad a aimsiú ar léarscáil. Ní fhéachann na filí seo den chuid is mó, áfach, leis na háiteanna seo a shuíomh i dtraidisiún an dinnseanchais trí thagairt do chúrsaí staire, scéalaíochta, miotaseolaíochta ná deasgnháthaíochta de shórt ar bith.⁴⁵⁷

Is amhlaidh atá maidir le gearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. Is le cur le réalachas agus le so-aitheantacht an scéil a bhaineann sé leas as logainmneacha, go háirithe nuair is scéalta iad a bhaineann le nádúr agus le timpeallacht. Tagann an suíomh chun beochana sa ghearrscéal ‘An tAonach’ (BA), tríd an léiriú a dhéantar ar radharc na cathrach ó imeall chathair na Gaillimhe. Trí shúile an pháiste ríméidigh a chuirtear an suíomh in iúl. Tagraíonn an gasúr do na logainmneacha ar fad ar an mbealach isteach ón mbaile go dtí an t-aonach, á chruthú féin mar shaineolaí ann féin i measc na bhfear,

⁴⁵⁶ Pádraic Breathnach, ‘I Sligeachán’ in *Ar na Tamhnacha*, 122.

⁴⁵⁷ Gearóid Denvir, ‘An Áit is Cuí? Dáimh Áite i bhFilíocht Ghaeilge an 20ú hAois’, 272.

agus é ag léiriú don saol mór go raibh fios a bhealaigh aige chun gnó tábhachtach an aonaigh a chur i gcrích sa chathair.⁴⁵⁸ Dar ndóigh, tá cnuasach gearrscéalta agus úrscéal foilsithe ag Pádraic Breathnach faoi theidil atá bunaithe ar logainmneacha a cheantair dhúchais, mar atá *Ar na Tamhnacha* agus *As na Cúlacha*, faoi seach.

Is cinnte go bhfuil Breathnach ar dhuine de na gearrscéalaithe is bisiúla a shaothraigh i rith an fichiú haois. Ó thús a ré scríbhneoireachta go dtí an t-úrscéal is déanaí dá chuid, léiríonn Pádraic Breathnach go bhfuil sé sásta aghaidh a thabhairt go dúshlánach ar shaol a linne sa litríocht agus ‘ábhair cheadaithe’ na litríochta Gaeilge a leathnú, rud atá le sonrú go háirithe in ábhar a luathshaothair. D’áitigh an Breathnach i 1978:

Caithfidh an scríbhneoir a bheith difriúil. Caithfidh sé a bheith úr (aisteach, b’fhéidir). Caithfidh sé a bheith réabhlóideach, ina anam ar a laghad ar bith.

...

Is iondúil don scríbhneoir a bheith anti-establishment, neamhchoinbhínseanach. Bíonn sé i bhfábhhar na cosmhuintire. ... Is maith leis saibhreas na héagsúlachta, saibhreas an ruaille buaille, saibhreas na diabhláíochta. Seo a thugann ormsa a mheas go mba deise feiliúnaí aige ifreann ná neamh.⁴⁵⁹

Is sna hábhair a roghnaíonn sé a léiríonn sé an fhéith seo ann féin, agus a léiríonn sé an réabhlóid agus an cheannródaíocht ann. San alt ‘An Gearrscéalaí agus a Ghearrscéalta’, thrácht Breathnach ar thábhacht na dánachta agus na dásachta seo sa scríbhneoir:

⁴⁵⁸ Pádraic Breathnach, ‘An tAonach’, in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 73-74.

⁴⁵⁹ Pádraic Breathnach, ‘Filíocht an Ghearrscéil’, 89.

Tuigeadh sé gurb iad diabhair an lae inniu naoimh an lae amáraigh, agus más naomh inniu thú nach bhfuil amárach ionat ach amadán. Tuigeadh sé leis, an rud is pornagrafaíocht do dhuine amháin gur léamh spioradálta do dhuine eile é.⁴⁶⁰

Muinín agus suaimhneas cultúrtha is ea a léiríonn Pádraic Breathnach i gcomhthéacs na litríochta comhaimseartha. Go háirithe sa chnuasach déanach dá chuid, *Ingne Dearga Dheaideo*, feictear cumasc cumasach idir an sean agus an nua. Dhearbhaigh sé le déanaí go mbíonn an-tionchar ag luathshaol an duine air ar feadh a shaoil agus go bhfilleann an scríbhneoir ar a óige go minic ina chuid ealaíne.⁴⁶¹ D’áitigh sé, in alt a scríobh sé sa bhliain 2009, nach mór don scríbhneoir cónasc a dhéanamh idir an sean agus an nua sin:

Mura n-athmhúnlaítear, mura n-athoibrítear, an tseanfhoirm ar mhodh nua; mura ndealraítear ón gcoimeádachas, ón traidisiún, ó zóin an chompoird, an féidir le scríbhneoir braistintí an tsaol fhreacnairc a chur in iúl nó an bhfágtar é ar an trá fholamh?⁴⁶²

Sa phíosa dea-scríbhneoireachta sin léiríonn Pádraic Breathnach gur scríbhneoir é féin a bhfuil muinín chultúrtha aige as a chumas leis an sean agus an nua a thabhairt le chéile ina shaothar liteartha.

Téama coitianta i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh is ea an timpeallacht nádúrtha. Sna scéalta ‘In Earr a Shaoil’ (AP) agus ‘An Céideach’ (IDD), i measc go

⁴⁶⁰ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéalaí is a Ghearrscéalta’, 48.

⁴⁶¹ Féach Aguisín 3, 55.

⁴⁶² Pádraic Breathnach, ‘Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímeas?’, 24.

leor scéalta eile, feictear an dúlra ina steillbheatha, agus an scríbhneoir ag ceiliúradh, ar bhealach, a thimpeallachta dúchasaí. Feictear tábhacht an dúlra don duine, go háirithe don té a tógadh faoin tuath, agus a chumhacht duine a chur chun suaimhnis i scéalta dá chuid, ar nós ‘An Tráthnóna Seo’ (BA), ‘An Phicnic’ (AL) agus ‘I Sligeachán’ (ANT). Ar an taobh eile den scéal, áfach, briseann Pádraic Breathnach amach ón suaimhneas aigne a ghabhann chomh minic sin le scéalta faoin dúlra i scéalta cosúil le ‘Faoi Nollaig’ (BA) agus ‘Mórthaisme’ (BP), a léiríonn an taobh ainrianta, taomach den nádúr. Feictear leochaileacht na beatha faoin tuath sna scéalta seo. Cé go léiríonn sé suaimhneas breá na tuaithe go minic ina ghearrscéalta, is ábhar a gcéasta aonaránacht sin na tuaithe do charachtair eile dá chuid, mar shampla Máire Ní Fhatharta sa ghearrscéal ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD), arbh í an duine deireanach den ál í, agus í fágtha léi féin ag deireadh a saoil.

Tréithe de chuid na cros-síolrachta atá le feiceáil sa scéal ‘Arraingeacha’ (LS) ina ndéanann an scríbhneoir athmhúnlú ar ábhar traidisiúnta agus go ndéanann sé athinsint ar scéal traidisiúnta an chailín thréigthe.⁴⁶³ Feictear in ‘Arraingeacha’ scéal an chailín óig tuaithe a mealladh ag buachaill níos rathúla ná í agus a fágadh ar an trá fholamh agus í ag súil lena pháiste. Scéal atá dírithe ar an bplota seachas ar intinn an chailín a iniúchadh atá anseo ach a bhfuil cumas agus cumhacht léirithe ann, mar sin féin, go háirithe ag deireadh an scéil.

Is minic a léiríonn Breathnach meon na saoirse, idir shaoirse chollaí is eile, go háirithe i measc a charachtar óg, cathrach. Idir thréithe de chuid na cros-síolrachta agus an

⁴⁶³ Seán Ó Tuama & Thomas Kinsella (eag.), *An Duanaire 1600-1900: Poems of the Dispossessed* (Port Laoise: The Dolmen Press, 1981), xxxi.

chumaisc chultúrtha a fheictear sna scéalta sin a dhéanann léiriú ar shaoirse chollaí, mar a fheictear sna gearrscéalta ‘Danóib’ (DLD), ‘Avec Marcel’ (ANT) agus ‘Spallaíocht’ (AL) i measc go leor eile dá scéalta. Feictear i ngearrscéalaíocht an Bhreathnaigh ábhair dhíospóireachta an phobail ag am scríofa a scéalta, mar shampla, cíorann sé an gínmhilleadh agus a thionchar ar an máthair sa scéal ‘Mistaid’ (DLD), ábhar atá á phlé ag an bpobal Éireannach ó shin i leith. Feictear chomh maith an pósadh ar tí titim as a chéile i scéalta ar nós ‘An Lánúin’ (AL) agus ‘Réamhchuart’ (BP), ábhar conspóide eile i measc an phobail go dtí deireadh na mílaoise. Mar a léiríodh i gCaibidil 2, moladh agus cáineadh an Breathnach sna 1970idí agus sna 1980idí as ucht an cineál sin ábhar a chur ar fáil do lucht léitheoireachta na Gaeilge, bíodh gurbh iad na hábhair chéanna díospóireachta iad a bhí i mbéal an phobail ag an am. Mar a scríobh Risteárd Ó Glaisne mar gheall ar scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh ag tosach na 1980idí, ‘his work has a raw force. It’s frank.’⁴⁶⁴

Faoi na 1960idí agus go háirithe sna 1970idí, bhí muinín nua liteartha le brath sa léargas a tugadh sa litríocht ar ilghnéitheacht an eispéiris dhaonna. Comhartha na sláinte liteartha ab ea seo sa teanga neamhfhorleathan. Cé go raibh aos liteartha Bhéarla na hÉireann fós faoi dhaorsmacht na cinsireachta liteartha, mar is eol dúinn ón gcosc a cuireadh ar shaothar John McGahern, Edna O’Brien agus go leor eile ag an am,⁴⁶⁵ bhí litríocht na Gaeilge ag dul trí thréimhse fhorbartha. Faightear léargas i litríocht na tréimhse sin ar ghnéithe agus ar chineálacha éagsúla idirchultúrthachta a bhaineann le hathruithe móra sa chomhthéacs soch-eacnamaíoch, go háirithe i dtaca le

⁴⁶⁴ Risteárd Ó Glaisne, ‘Léirmheas’ in *The Sunday Tribune*, 1 November, 1981.

⁴⁶⁵ Declan Kiberd, *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation* (London: Vintage Books, 1996), 580-584.

cúrsaí moráltachta agus creidimh agus le hathruithe i rólanna inscne a bhí ag titim amach.

Cé go bhfeictear i gcuid dá scéalta íomhá thraidisiúnta na mná, d'fhéadfaí a rá, mar shampla mná atá spleách ar bhealaí éagsúla ar fhear a bheith ina saol agus / nó ar fhir atá ina saol, i scéalta eile dá chuid is léiriú an-difriúil a thugann sé ar a charachtair bhaineanna. Mná idir dhá ré agus idir dhá chultúr is ea cuid de na carachtair mhná sin, a bhfuil an choimhlint inmheánach le tabhairt faoi deara iontu a eascraíonn as an déachas idirchultúrtha sin. In ionad sheascacht, nó inní na seascachta ar a laghad, a fheictear i scéalta ar nós 'Bean Aonair' (BA), 'I gCoinne Coinne' (BP), 'Móire Mheirtneach' (LS) agus 'Is Áirid' (DLD), nó in ionad léiriú a thabhairt ar lánúin a phósann in éagmais ghrá, mar a fheictear i scéalta ar nós 'Bainis' (BA) nó 'An Chuach' (ÍS), feictear bean de chineál eile ar fad ag teacht chun cinn i ngearrscéalta áirithe de chuid an Bhreathnaigh. Feictear mná eile atá i dtiúin le saoirse, saoirse na collaíochta is eile, a linne i ngearrscéalta faoi leith de chuid an Bhreathnaigh. Ní bhíonn an choimhlint inmheánach, ar tréith é de chuid na cros-síolrachta, le sonrú sna mná seo, nó ní mná iad atá leithscéalach ar bhealach ar bith faoin gceiliúradh a dhéanann siad ar an tsaoirse sin. Cumasc cultúrtha atá le brath ar na mná idirchultúrtha sin. Mearghrá ar uairibh, agus saoirse chollaí i gcónaí, atá uathu, mar a fheictear i scéalta cosúil le 'Danóib' (DLD), 'Mórdháil' (BP), 'Spallaíocht' (LS), 'Bean Aduain' (DLD) agus 'M'Ógbhean Ghléghorm' (DLD), agus mar a fheictear maidir leis na mná óga Éireannacha ar bhuail Seáinín Sheáin leo sna hallaí rince i Londain sa scéal 'Seáinín Sheáin' (BA). Mná óga neamhspleácha, fuascailte is ea Danóib (DLD), Mairéad sa scéal 'Mórdháil' (BP) agus Earrama sa scéal 'Spallaíocht' (LS), mar shampla, a dhéanann a rogha ruda féin. Saoirse chollaí atá le feiceáil i ngearrscéalaíocht den

saghas seo ó pheann Phádraic Bhreathnaigh, rud atá le feiceáil, leis, i saothar Béarla scríbhneoirí ar nós William Trevor agus John McGahern taca an ama chéanna, i ngearrscéalta cosúil le ‘Angels at the Ritz’ (*Angels at the Ritz and Other Stories*, 1975) agus ‘Flights of Fancy’ (*Lovers of Their Time and Other Stories*, 1978) le William Trevor, mar aon le gearrscéalta John McGahern ‘My Love, My Umbrella’ (*Nightlines*, 1970), agus ‘The Beginning of an Idea’ (*Getting Through*, 1978).

Téama is ea an chollaíocht atá le feiceáil trí chnuasaigh uilig Phádraic Bhreathnaigh. Ag trácht dó i gcoitinne ar ghearrscéalaíocht na hÉireann idir 1968-1978, d’áitigh Maurice Harmon:

... Irish society has become less restrictive and more tolerant in recent years; the writer suffers less from either official or private censorship. The kind of hostile reaction that greeted Edna O’Brien and John McGahern has not been as vocal in the ’seventies. Issues which were once taboo are now freely discussed on radio and television, in magazines and in newspapers. ... The literature reflects these changes in its expanded range of subject matter and in its treatment of human relationships.⁴⁶⁶

Rinne Caitlín Uí Anluain iniúchadh faoi leith ar ábhar na collaíochta ina saothar in alt dá cuid, ‘An Grá Collaí i Saothar Phádraic Bhreathnaigh’. Dar léi:

Tá lear mór scéalta ag Pádraic Breathnach ina bhfuil tábhacht ar leith ag baint le téama na collaíochta. Ardaítear snáithe difriúla den téama arís is arís eile

⁴⁶⁶ Maurice Harmon, ‘First Impressions: 1968-78’ in Patrick Rafroidi & Terence Brown (eds) *The Irish Short Story* (Buckinghamshire: Buckinghamshire Humanities Press, 1979), 65-66.

taobh istigh de chéatadán ard dá chuid gearrscéalta i seacht mbailiúchán a foilsíodh idir 1974 agus 1992 (35% díobh).⁴⁶⁷

Lean an patrún céanna ar aghaidh sna cnuasaigh dhéanacha dá chuid. I scéalta an Bhreathnaigh is é gruaim an ghrá is mó a léirítear, mar atá an easpa grá i saol an aonaráin, an bhean ar fágadh ar an trá fholamh í, neamhchomhlíonadh an ghrá i gcás lanúine, an fhantaisíocht chollaí i gcás an fhir (óig), an t-anghrá agus an mearghrá, agus an briseadh croí agus an fhulaingt a ghabhann leis an gcaidreamh mí-oiriúnach, téama litríochta atá tagtha anuas i gcruthanna éagsúla chugainn ó aimsir amhráin an chailín tréigthe i leith.

Dar ndóigh, ní bhaineann féith sin na saoirse collaí leis na mná amháin i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. Feictear an speictream céanna maidir leis na fir ó thaobh na saoirse collaíochta de. I dtaca leis na fir i scéalta an Bhreathnaigh, is minic a fheictear léiriú ar chineálacha éagsúla déachais tríd an dearcadh a léiríonn siad i dtaobh na saoirse collaí, agus tríd an Raibiléiseachas agus trí shaol na fantaisíochta. Tréithe de chuid na cros-síolrachta atá le sonrú sa scéal ‘Avec Marcel’ (ANT), mar shampla. In intinn an tsagairt uaignigh amháin a tharla imeachtaí an scéil. Ní thuigtear nach bhfuil ann ach deargfhantaisíocht i dtosach an scéil. Ba í an dúil bhunaidh a bhí ann i gcomhluadar mná agus i gcaidreamh collaí ba bhrí leis an bhean óg a shamhlú ag teacht chun a dhórais an oíche stoirmiúil, bháistí chéanna. I scéalta cosúil le ‘Oíche i bPigalle’ (BP), ‘Zazzi’ (ÍS), ‘Tráithníní’ (DLD) agus ‘Bíogadh’ (LF), tá an mhuinín chultúrtha a samhlaítear leis an gcumasc cultúrtha le brath. Sa scéal

⁴⁶⁷ Caitlín Uí Anluain, ‘An Grá Collaí i Saothar Phádraic Bhreathnaigh’ in *Comhar* Iml. 55, Uimh. 2 (Feabhra, 1996), 28.

‘Tráithníní’ thuas, feictear sruth comhfheasa gur sruth smaointe míleanúnach, briste é, agus cúraimí éagsúla á gcur isteach ar Ghearóid, an príomhcharachtar, rud a chuireann le réalachas an phróisis mhachnaimh. Náire i leith cúrsaí gnéis ag am scríofa an scéil in Éirinn is ábhar don scéal ‘Oíche i bPigalle’ agus tionchar na heaglaise ar mheon agus ar shaol mhuintir na hÉireann. Síordhamnú ab ea síolteagasc na heaglaise i leith gnímh den sórt a shantaigh sé. Téann an fear óg seo i bhfad as baile le gur féidir leis seirbhís striapaigh a cheannach. De bharr go ngoilleann náire inmheánach air, áfach, atá curtha ina luí air ó aois an-óg, agus gur náire é nach féidir leis a fhágáil ina dhiaidh ag calafort Bhaile Átha Cliath, teipeann arís is arís eile air a mhian a chur i gcrích.

Scéal is ea ‘Bean Aonair’ (BA) a shonraíonn dhá mhórtáir de chuid scríbhneoireacht an Bhreathnaigh, mar atá an coimhthíos daonna agus láidreacht na carachtrachta nuair is mná atá á léiriú. Is scéal é a bhfuil mórtáirithe den chrossíolracht le sonrú ann. Faoin scéal ‘Bean Aonair’, d’áitigh Gearóid Denvir gur ‘uaigneas ina steillebheatha é’.⁴⁶⁸ Ní féidir é sin a shéanadh sna línte seo a leanas agus Siobhán ag tagairt do dhaoine aonair:

Nach dealbh an saol é? Nach léanmhar an saol é do dhaoine áirithe, an chaoi a dteipeann orthu? Cineál dearmaid is ea a dhéantar orthu! Ní hé nach bhfuil siad meallacach, ach ar shlí éigin ceiltar an mealladh! Bláthanna iad a chónaíonn san iargúl! De thaisme feictear iad! De thaisme baintear iad! De thaisme póstar iad!⁴⁶⁹

⁴⁶⁸ Gearóid Denvir, ‘Na hAonaráin’ in *Comhar* Iml. 39, Uimh. 11, (Samhain, 1978), 20.

⁴⁶⁹ Pádraic Breathnach, *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 84.

Tá cumhacht faoi leith ag baint leis an bhfocal ‘teipeann’ thuas a léiríonn go soiléir méid a héadóchais agus na coimhlinte inmheánaí inti. Bean is ea Siobhán atá ag streachailt go mór in idirfhearann cultúrtha. Cé gur éirigh léi go heacnamaíoch go leor spriocanna a bhaint amach neamhspleách ar aon fhear, níor mhothaigh sí go raibh a saol comhlíonta de bharr nár éirigh léi fear a mhealladh chuici féin. Carachtar is ea í a bhfuil a hintinn múnlaíthe ag nósanna agus ag luachanna na sochaí traidisiúnta, agus a chothaíonn coimhlint inmheánach inti.

Feictear an t-ábhar céanna sa dá ghearrscéal ‘Is Áirid’ (DLD) agus ‘I gCoinne Coinne’ (BP) chomh maith, cé nach n-éiríonn chomh maith céanna leis an dá scéal sin de bharr nach bhfuil an doimhneacht chéanna ag baint leis an ábhar atá in ‘Is Áirid’ (DLD), ná an inchreidteacht chéanna ag baint leis an scéal ‘I gCoinne Coinne’ (BP). Maidir leis an scéal ‘I gCoinne Coinne’, tá an léitheoir in amhras go mór nach fear samhailte é fear Nóra a luaithe is a thagraíonn sí do Phrótéus. Samhlaítear an t-ainm le carachtar in *Narnia* nó i scéal de chuid na Sean-Ghréige seachas fear óg ó bhaile tuaithe in Éirinn. Díríonn Breathnach ar an bpointe sin, fiú amháin, le linn an scéil:

Ba deas an t-ainm é Prótéus. Ba é Prótéus an t-aon Phrótéus ann ba dhócha. Ainm Ghréagach ab ea é ar fháidh nó ar dhia farraige a raibh oiread cumhachta aige a chló a athrú in am gátair. ‘Buachaill glic’ a mhagaidh Prótéus.⁴⁷⁰

Glan as an miotaseolaíocht is ea a tháinig Prótéus Nóra, is cosúil. Níl an t-amhras céanna faoi Pheadar in ‘Bean Aonair’. Creidtear gur duine fírinneach é, agus gur tharla i ndáiríre an choinne a dtagraíonn Siobhán di, ach is é atá in amhras sa scéal sin ná dóchúlacht thodhchaí an chaidrimh eatarthu. Tá codarsnacht mhór idir tosach agus

⁴⁷⁰ Pádraic Breathnach, *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, 25.

deireadh an scéil ‘I gCoinne Coinne’, áfach, ina bhfeictear dóchas an earraigh ag tús an scéil, bíodh is gur mí Eanáir atá ann, agus í ag siúl isteach go dtí lár na cathrach chun bualadh leis an ógánach:

Ba é an Eanáir é ach má b’ea féin bhí an aimsir dochreidte bog. Ba thráthnóna caoin é seo ach go háirid: grian ann agus spéir ghlan ghorm. Ainneoin an tséasúir bhí brat úr féir sna páirceanna. Bhí idir dhuilleoga na bliana anuraidh agus bachlóga nua ar an-chuid driseacha. Bhí bachlóga nua á gcur ag an sceach gheal; agus bhí réiltíní beaga blátha ar ghéaga loma an droighin.⁴⁷¹

I gcontrárthacht leis sin, is briseadh croí, easpa muiníne agus náire atá le sonrú ag deireadh an scéil nuair a fhágtar léi féin í, agus í fós ag feitheamh ar a prionsa len í a fhuascailt as an umar ina bhfuil sí.⁴⁷² Tugtar nod i leith an éadóchais sin ag tús an scéil, áfach, nuair atá Nóra ag sonrú fhás luath an dúlra:

Ach mharódh an sioc fós iad. Mharódh sioc an Fheabhra nó an Márta fós iad, an fás róluath seo.⁴⁷³

Dar ndóigh, tá go leor cosúlachtaí idir na scéalta seo, go háirithe an scéal ‘Bean Aonair’ (BA) agus ‘The Ballroom of Romance’ le William Trevor (1971), ina bhfeictear éadóchas agus míchothromaíocht an tsaoil ag teacht chun tosaigh. Is le híogaireacht agus le bá a phléann an bheirt údar le cás na mban seo agus iad beirt feasach ar na cúinsí dochta sóisialta ina maireann siad. Mná idir dhá chultúr is ea Siobhán agus Bridie, sna scéalta sin faoi seach. Baineann siad le saol a bhí ag athrú agus a

⁴⁷¹ Ibid., 24.

⁴⁷² Ibid., 30.

⁴⁷³ Ibid., 25.

thabharfadh sairse shóisialta don bhantracht i gcoitinne i gceann trátha, ach do Shiobhán agus do Bridie, saol teanntaithe is ea a chaith siad ag laincísí dochta sóisialta.

Meafair

Toisc gur tagraíodh don ghearrscéalaíocht mar fhilíocht, is fiú breathnú anseo ar chuid de na ciútaí liteartha a shamhlaítear go minic leis an bhfilíocht atá le sonrú i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. Féachfar ar chuid de na meafair agus na samhlacha a úsáideann sé anseo thíos a bhfuil baint acu le gnéithe éagsúla den idirchultúrthacht. Ar an iomlán, ní scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhaineann an-úsáid as meafair. Mar sin féin, is fiú plé áirithe a dhéanamh ar na cinn a úsáideann sé atá éifeachtach i soilsiú na hidirchultúrthachta. Léiríonn na meafair seo gnéithe éagsúla den déachas idirchultúrtha, agus go minic, tugann said léargas neamhghnách ar an gcoimhlint inmheánach a eascraíonn as an déachas sin.

Tá an scéal luath ‘Bean Aonair’ (BA) ar cheann de na scéalta is mó ina bhfeictear éifeacht úsáid an mheafair i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. Léirítear coimhlint agus leochaileacht inmheánach an duine atá idir dhá ré i gcarachtar Shiobhán trí chur síos a dhéanamh ar a grá nua i dtéarmaí bachlóige, agus an léirscrios a d’fhéadfaí a dhéanamh ar rud chomh leochaileach leis, dá dteipfeadh air.

Bhuail racht eagla go tobann í. Theipfeadh ar an mbeo seo. Mharófaí sna bachlóga í, gan sioc, gan toirneach, ach aduaine an duine: an ollpheist aitheanta, gan ainm, gan oidhre. Tharraingeofaí a fréamhacha milse go brúidiúil dearfa le tochtóir.⁴⁷⁴

Léirítear bean atá sáinnithe idir dhá shaol tríd an léiriú a thugtar ar mhóruaigneas Shiobhán. Meafar an uaignis ghéir is ea an traonach a chualathas thaobh amuigh an oíche sin. Cuirtear in iúl mar thagairt neamhshuntasach é, ach is mar sin is éifeachtaí

⁴⁷⁴ Pádraic Breathnach, ‘Bean Aonair’ in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 77.

é, toisc go scáthánaíonn sé saol neamhshuntasach na mná seo, Siobhán Ní Chléirigh, mar a shamhlaíonn sí féin é:

An eagla bhradach is ea a mhilleann ar dhaoine! Bhí an uair ródheireanach ar aon nós. Dá bhfeicfí an solas ar dó b'fhéidir go ndíreofaí aird lucht uaignis uirthi – Páidín a bhíonn ar seachrán amuigh gach tráth d'óiche.

Cnag ar an doras anois agus bhainfí geit shíoraí aisti!

Labhair traonach.

Chuaigh drithlíní suaimhnis trí chorp na mná. Stad siad. Thiomsaigh tocht bróin. Brón a bhí sa saol. Brón, uaigneas, anó. Bhí siad seo go léir mar an gcéanna. Na meandair áthais, ní raibh iontu ach cúnamh don anacair.⁴⁷⁵

Castar ar an traonach arís níos déanaí sa scéal. Ní hí gnáthíomhá an éin chéanna is ea a chuirtear roimh an léitheoir an uair sin, ach a mhalairt.⁴⁷⁶ Cuir i gcéill atá sa chur síos, mar atá i bhfantaisíocht Shiobhán.

An traonach meidhreach! Ba leis an domhan! Fearúlacht ann thar éan ar bith eile! Ag léamh a fhorógra! Slócht air á fhógairt go dúshlánach tréan.⁴⁷⁷

Meafar cumhachtach eile sa scéal céanna is ea meafar na gealaí de bharr na codarsnacha idir gnáthúsáid an mheafair sin agus an leas a mbaineann Pádraic Breathnach as sa scéal seo. De ghnáth is í an ghealach a thugann solas feadh na slí don taistealaí ar thuras an tsaoil agus a aibhsíonn dorchadas an aineolais, a ruaigeann sceon na marbhoíche, ach maidir leis an ngealach áirithe seo, is gealach uaigneach í. Léargas eile is ea é ar thréith an uaignis agus na coimhlinte inmheánaí a shamhlaítear

⁴⁷⁵ Ibid.

⁴⁷⁶ Féach Tim O'Brien, 'Corncrake' in *The Irish Times*, 21 May, 2010. ProQuest Historical Newspapers: The Irish Times and The Weekly Irish Times, 33 / féach www.birdwatchireland.ie.

⁴⁷⁷ Pádraic Breathnach, 'Bean Aonair' in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 78.

leis an gcros-síolracht. Tá sí i gcodarsnacht ghlan leis an ngrian agus le híomhá na gréine, gur comhartha bhreacadh an lae agus an dóchais í, ach is gealach í seo arbh í an t-aon solas sa duibheagán í. Tá meafar an fhéir anseo chomh maith, a seasann gach tráithnín de dá brionglóidí nár comhlíonadh go fóill, don dóchas, dóchas na hóige ach go háirithe, agus d'fhéidearthachtaí geala, gealgháireacha na todhchaí.

D'éirigh sí. Mhúch an solas. Dhruid siar na cuirtíní. Bhreathnaigh amach ar an ngort féir. Ina hintinn amháin is ea a chonaic sí an gort, mar bhí sraith tithe mar bhacainn. Leis an ngealach mhór chonaic sí an féar úr glas ag soilsiú, ag bogadh, ag comhrá. Bhí aoibhneas ar an bhféar. Cuspóirí rabhacha aige, ag gach tráithnín de, nuair a d'fhásfadh sé go hiomlán faid.⁴⁷⁸

Is é an meafar suntasach is coitianta a úsáideann Pádraic Breathnach ina chuid scéalta ná meafar na nathrach nimhe nó na hollphéiste. Tagann meafar sin na nathrach nimhe chun cinn i gceithre scéal éagsúla mar atá 'Réamhchuart' (BP), 'Arraingeacha' (AL), 'An Chailleach' (ANT) agus 'Adhsac ar Saoire' (PS). I dtaca leis an gcéad trí cinn de na scéalta sin, is ag cur síos ar iompar mná atá an meafar. Is gnách gur meafar é an nathair nó an ollphéist a thugann léargas ar ghnéithe éagsúla den intinn chorráithe agus den choimhlint inmheánach sa charachtar atá idir dhá chultúr.

Is mar shamhail a fheictear an nathair sa scéal 'Arraingeacha' (AL). Scéal tragóideach is ea 'Arraingeacha' faoi bhean óg a chuireann lámh ina bás féin tar éis dá leannán í a thréigean agus í ag iompar. Ag cur síos do Shail, príomhphearsa an scéil, ar mhailís a haintín, dar léi, dúradh:

⁴⁷⁸ Ibid., 77.

‘Filleann an feall ar an bhfeallaire,’ a deireadh sí go géar agus í ar a bionda ag cnaimhseáil leiciméireacht Shail. An speal sin de theanga ghangaideach ag obair aici ar nós goineoga nathracha nimhe.⁴⁷⁹

Tríd an scéal feictear go bhfuil Sail ag iarraidh sean-nósanna a ceantair agus a timpeallachta féin a shárú, agus a saol a chaitheamh neamhspleách ar laincísí traidisiúnta an aicmeachais. Bean idir dhá thraidisiún agus idir dhá chultúr is ea í. Baineann an aintín leis an seansaol. Tuigeann sí luachanna an tsaoil sin agus a mbeadh í ndán d’éinne a sháraíonn deasghnátha na sochaí ina maireann siad. Peirspeictíocht an-éagsúil ar shochaí a linne a léiríonn an bheirt bhan seo agus is ón gcoimhlint sin a eascraíonn an t-easaontas idir aintín agus neacht i dtaca le rogha páirtí na mná óige.

Feictear meafar na hollphéiste ag sní trí chnuasaigh éagsúla an Bhreathnaigh chomh maith. Murab ionann agus meafar na nathrach nimhe, ní minic gur cur síos ar thréithe an duine a bhíonn i gceist le húsáid mheafar na hollphéiste. Is minice gur ag cur síos ar an dúlra a bhaineann Pádraic Breathnach leas as meafar na hollphéiste. Sa scéal ‘Sa Mhám’ (ANT), is ag déanamh cur síos ar abhainn ag sní tríd an dúiche a úsáideann Pádraic Breathnach meafar na hollphéiste:

Sea, muis, an abhainn, an clochán thar abhainn, an cosán scainimh mar ollphéist ag strapadh an chnoic. An cnoc, b’sheod é Tulach Bhéal an Mháma.⁴⁸⁰

⁴⁷⁹ Pádraic Breathnach, ‘Arraingeacha’ in *An Lánúin agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Náisiúnta Teoranta, 1979), 135.

⁴⁸⁰ *Ibid.*, 1.

Is mar ollphéist, chomh maith, a chuirtear síos ar ghluaiseacht na cathrach amach i dtreo na tuaithe mar a fheictear do sheanbhean é sa scéal ‘An Gabháltas’ (IDD). Bean bhródúil is ea príomhphearsa an scéil. Feictear í ag cur in aghaidh na hidirchultúrthachta a bhaineann le gluaiseacht sin na cathrach amach ina treo. Is bean í atá ar a dícheall ag iarraidh a gabháltas a choinneáil mar atá sé agus gan é a dhíol leis an gComhairle Contae le go dtógfaí eastát tithíochta air. Samhlaíonn sí feall leis an athrú saoil a bhfuiltear anois ag brú uirthi. Cuireann an meafar go mór le tuiscint an léitheora ar staid intinne agus ar scean na seanmhná seo i leith a todhchaí san áit ar chuir sé fúithi ar feadh a saoil.

... bhí an sráidbhaile roghnaithe ag an gComhairle Contae bhradach le bheith ina bhaile satailíte de chuid na cathrach móire thíos. An chathair thíos ag cáithriú amach mar an gcéanna, í mar ollphéist ag alpadh agus ag slogadh na dúiche a bhí i ndeas di.⁴⁸¹

Meafar eile ón nádúr a mbaineann Pádraic Breathnach úsáid as is ea an planda nó an crann a fheictear faoi dhó sa scéal ‘An Filleadh’ (BA). Is i dtéarmaí an phlanda óig, leochailligh a chuirtear síos ar an bhfear óg, guagach seo agus é ag iarraidh straitéisí a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le fonóid a chomhghleacaithe.

Ná bíodh sé soghoilliúnach sochorraithe mar phlanda óg! Ach crua mar chrann daingean rocach.⁴⁸²

I dtreo dheireadh an scéil, tagraítear dá athair ag baint úsáid as meafar an chrainn chomh maith, ach an uair seo crann mór groí atá i gceist. Iomlánú an mheafair atá sa

⁴⁸¹ Pádraic Breathnach, ‘An Gabháltas’ in *Ingne Dearga Dheaideo*, 105.

⁴⁸² Pádraic Breathnach, ‘An Filleadh’ in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 15.

mhéid seo. Cuirtear síos anseo thíos ar Shéamas ag croitheadh lámh a athar, tar éis dó an baile a bhaint amach. Deir sé, ‘Bhí lámh a athar an-chrua gágach nós rúisc crainn mhór chríonna.’⁴⁸³ Baineann éifeacht agus cumhacht mheafar an chrainn leis an gcodarsnacht atá le sonrú idir an mac, an planda óg, ar lámh amháin, a bhfuil coimpléacs ísleachta air i dtaca leis an íomhá atá aige den fhireannacht thraidisiúnta; agus an t-athair, ar an lámh eile, a raibh lámha aige ar nós ‘rúisc crainn mhór chríonna’. Is í a bhaineann leis an bhfear óg ná leochaileacht inmheánach an té a mhothaíonn go bhfuil sé ag streachailt idir dhá chultúr agus léirítear é sin trí mheafar an phlanda óig. Don mhac, sheas lámha a athar don fhireannacht thraidisiúnta sin ar mhothaigh sé í a bheith easnamhach ann féin. Suaimhneas cultúrtha na haonchultúrthachta agus seasmhacht a shamhlaítear leis an athair, rud a chuirtear in iúl trí mheafair an chrainn.

Ní fhéadfaí plé a dhéanamh ar mheafair Phádraic Bhreathnaigh gan na meafair shuntasacha seo a leanas a lua chomh maith. Meafair bheo, éifeachtacha, dhearoghnaithe is ea iad a léiríonn an t-ábhar go beacht. Baineann Breathnach úsáid anghéarchúiseach as meafar sa scéal ‘Místaid’ (AL) chun cur síos a dhéanamh ar phríomhphearsa an scéil, Síofra, agus í ag taisteal go Londain agus arís tar éis di ginmhilleadh a fháil ann. Bean idir dhá chultúr is ea í, ach thairis sin, is bean idir dhá shaol í – idir beatha is bás. Meafar na blaoisce a úsáidtear chun anam seargtha, treascartha na hógmhna a chur in iúl. Leagann ath-úsáid an mheafair seo béim ar dhuirceas agus ar loime shuíomh Shíofra. Ar an gcéad dul síos, cuirtear síos trí mheafar na blaoisce ar an uaigneas a mhothaigh Síofra agus í i Stáisiún Euston ar a bealach go Cathair Londain:

⁴⁸³ Ibid., 22.

Ba chuimhneach léi fós an mhaidin luath seo i Stáisiún Euston. A uaigní dheoranta neirbhísí is a bhraith sí í féin. Bhí sí ann, blaosc, a shíl sí; blaosc de chailín ard slím, gruaig fhada ar an mblaosc agus éadach dubh. Bhí mála dubh i láimh an bhlaosc.⁴⁸⁴

Úsáidtear an meafar céanna i ndiaidh an ghinmhillte:

Déanadh obráid uirthi agus bhí a beo uilig athraithe. Níor airigh sí riamh cheana chomh huafásach brocach. Má ba bhlaosc í cheana ba bhlaosc anois cinnte í gan putóga ar bith inti ach putóga fuilteacha sceanta.⁴⁸⁵

Meafar an-bheoga, an-ghléineach eile a úsáideann Pádraic Breathnach is ea meafar an fhir bhréige sa ghearrscéal ‘Duibhe’ (DLD). Meafar is ea é a thugann chun beochana an créatúr ainnis, déaróil arbh í Burma í tar éis dá hathair bás a fháil, ag fágáil cúram, ach ní oidhreacht, na feirme uirthi. Déantar cur síos uirthi mar dhuine a d’éirigh sotalach, feargach in imeacht ama agus nár bhain pléisiúr ar bith as an saol. Níl thairis seo a leanas de chur síos de dhíth chun pictiúr beo a chruthú in intinn an léitheora:

Nuair a d’fheicfeadh sí gasúir ag dul ag spraoi ina garranta chuirfeadh sí an ruaig orthu. Sheasfadh sí ar nós fear bréige le go bhfeicfí í agus go ngreadfaidís leo. Nó, scaití, shleamhnódh sí suas go glic fáilí i bhfolach balla agus scairtfeadh ‘hulla, hulla’ go láidir i ngar dóibh mar a dhéanfaí le préacháin i ngort arbhair. Phreabfadh na gasúir leo go léimneach amach i mbarr a n-anama ón ‘mbuile dubh’ agus d’fhairfeadh sise iad. Ní thiocfadh meangadh ar a béal nó ar a súile.⁴⁸⁶

⁴⁸⁴ Pádraic Breathnach, ‘Místaíd’ in *An Lánúin agus Scéalta Eile*, 201.

⁴⁸⁵ Ibid.

⁴⁸⁶ Pádraic Breathnach, ‘Duibhe’ in *Na Déithe Luachmhara Deiridh* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Tta, 1980), 96.

Scríbhneoir is ea Pádraic Breathnach a bhfuil féith an ghrinn ann, agus a scríobhann gearrscéalta cumasacha grinn, mar aon le gearrscéalta faoi ainnise agus anró an tsaol. Is éifeachtach na meafair a úsáideann sé ina chuid scéalta grinn chun aird an léitheora a dhíriú ar feadh scaithimhín ar shonra faoi leith an charachtair nó a thimpeallachta. I mbeagán focal, tugtar an-soiléireacht don suíomh, ar nós an fhir a bhí ar lóistín sa scéal ‘Mo Bhean Lóistín’ (BA) a dúirt go raibh ‘faitíos na scoile’ air roimpi,⁴⁸⁷ nó an bhean sa scéal ‘An Bhean Óg-Ghuagach’ (ÍS), ar le drogall a rinne sí machnamh ar ranganna aclaíochta fiú, agus a shamhlaigh mná a chleacht a leithéid ‘ina luí ar a ndroim a gcosa a n-oibriú san aer acu ar nós feithidí in éaga báis’⁴⁸⁸ nó príomhcharachtar an scéil ‘Gealt Ghnéis?’ (BA), sa mheánscoil dó a rinne cur síos ar riteoga mogallacha duine de na cailíní aimsire a rá gur ‘chaith sí stocaí sreangacha ar nós Naomh Phádraig’.⁴⁸⁹

Is minic an siombalachas a bheith lárnach i ngearrscéalta an Bhreathnaigh, mar shampla sa scéal ‘Don Aifreann’ ina ndéantar cur síos ar Éirinn dheireadh an fichiú haois trí bhithín chumhacht na hEaglaise ar an daonra, agus gur siombal na saoirse, an neamhspleáchais agus an dul chun cinn Sasana. Déanfar plé níos mine air seo i gCaibidil 4. Is minic go dtagann na siombail sin ó thraidisiún liteartha na Gaeilge, cosúil leis an gcomparáid a dhéantar idir Sail sa scéal ‘Arraingeacha’ (LS) agus mná áille na cruinne ar nós Dheirdre nó Véineas nó Aoibheall.

Ní minic a bhaineann Pádraic Breathnach leas as teicnící cosúil le pearsantú, agus níos annaimhe fós atá an úsáid a bhaineann sé as fallás mothaitheach, agus mar sin, is fiú

⁴⁸⁷ Pádraic Breathnach, ‘Mo Bhean Lóistín’ in *Bean Aonair agus Scéalta*, 37.

⁴⁸⁸ Pádraic Breathnach, ‘An Bhean Óg-Ghuagach’ in *Íosla agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Tta, 1992), 190.

⁴⁸⁹ Pádraic Breathnach, ‘Gealt Gnéis?’ in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 136.

suntas a dhéanamh de na háiteanna fánacha ina ghearrscéalta ina bhfuil a leithéid in úsáid. Is é an sampla is fearr agus is éifeachtaí den phearsantú ina shaothar ná pearsantú na gaoithe oíche stoirme mar bhean sí ag tús an scéil ‘Avec Marcel’ (ANT):

An teach mór ard seo aige bhí sé i mbealach na gaoithe. Go tobann shéid sí mar ghealt, ina roisteacha géarchasaoideacha. Mar bhean sí mhíshocair a shamhlaigh sé an ghaoth. Í ag éirí amach as a lios, sách fáilí ar dtús, sách súilceach. Gan aon fhuadar ró-chinnté i dtosach fúithi, gan aon aidhm shuntasach aici. Tosaíonn sí ag coisíocht. Gan choinne tá macnas ina fuil, tá teas ina cuislí. Tá meanma mhíre ina ceann. Ardaíonn sí ó thalamh agus taistealaíonn sí le brí. Séideann sí síobanna mór gaoithe as a pollairí. Líontar an domhan lena hanáil. Gluaiseann sí níos míre agus níos míre. Í ar míre le ríméid is le cumhacht. Ríméad fuadair, ríméad faobhair. A fallaing éadrom bhán shíoda dhá ropadh ina diaidh. Tá lúcháir fhiáin ó smacht. Réabann sí ar cosa in airde trasna tíre ...⁴⁹⁰

Ag deireadh an scéil áirithe sin, tuigtear brí eile le mistéir na hoscailte sa tslí is gur bean sí de chineál, nó bean shamhailte le bheith cruinn, atá sa bhean a thagann chun an dorais ag lorg foscaidh agus dídean na hoíche.

⁴⁹⁰ Pádraic Breathnach, ‘Avec Marcel’ in *Ar Na Tamhnacha*, 44.

Stíleanna Teanga agus Gné na hIdirchultúrthachta i Saothar Phádraic Bhreathnaigh

Tá muinín Phádraic Bhreathnaigh ó thaobh cúrsaí teanga de le sonrú ina shaothar liteartha trí chéile. Múnlaíonn sé agus athraíonn sé comhréir na Gaeilge de réir mar a oireann sé don ábhar nó don charachtar. Níl drogall air focail nua a chumadh más gá, nó ar mhaithe le dramatúlacht ar uairibh, mar atá i gceist le teideal an scéil ‘Francuafás’ (DLD). Tagann friotal na litríochta le hintinn, le heispéireas agus le healáin an scríbhneora agus tagann athnuachan ar an ngné sin den litríocht go tráthúil, dá réir. Dar le Pádraic Breathnach, ní lagú teanga atá i gceist ach cuid de phróiseas riachtanach nuálaithe teanga.

Is fairsinge an foclóir atá sa Ghaeilge inniu ná mar a bhí sé riamh cheana. Tá scríbhneoirí ag baint feidhme as an bhfoclóir fairsing seo ar pháipéar. Is í a nguí go mbainfear úsáid aisti ar bhéala freisin.⁴⁹¹

Saibhreas agus cruinneas na Gaeilge féin atá mar ábhar critice ag criticeoirí na Gaeilge ó aimsir na hathbheochana i leith. Moltar scríbhneoir as ucht an Ghaeilge a chur chun cinn, nó cáintear é as ucht gan é a bheith dílis don Ghaeilge thraidisiúnta. Thagair Pádraigín Riggs don ábhar sin i Léacht Uí Chadhain sa bhliain 2005. Dar léi, is rud uathúil é an bhéim seo a leagtar ar cheist na teanga i saothair chruthaitheacha na Gaeilge agus cé nach amhlaidh a leagtar an bhéim chéanna ar shaibhreas nó ar chruinneas na teanga i gcás mhórtéangacha na hEorpa agus an domhain i gcoitinne, is réalachas dosheachanta an ionramháil teanga sin i gcás mionteanga ar nós na Gaeilge. Dhearbhaigh sí, ‘is í fírinne an scéil go mba dheacair *gan* an teanga féin a

⁴⁹¹ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal Gaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 35.

chur san áireamh agus litríocht na Nua-Ghaeilge á meas.⁴⁹² Gné an-suntasach de chuid scríbhneoireacht an Bhreathnaigh is ea an úsáid nuálach, fhorásach a bhaineann sé as an teanga. Ar uairibh, tá sí de réir Ghaeilge thraidisiúnta Mhaigh Cuilinn, agus uaireanta eile tá sí comhaimseartha, uaireanta de réir an chaighdeáin, uaireanta eile ní bhíonn. Teanga idirchultúrtha, dar ndóigh, atá i gceist i scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh a fhreagraíonn do Ghaeilge a linne. Thagair Pádraigín Riggs don rogha a dhéanann scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge, cosúil le Pádraic Breathnach, leas a bhaint as an nGaeilge mar mheán liteartha:

Is ionann scríobh trí mheán na Gaeilge inniu agus diúltú don mBéarla mar mheán. Is é sin, is ionann scríobh trí mheán na Gaeilge agus a dhearbhu gur meán í an Ghaeilge atá difriúil, gur meán í a roghnaíodh d'aon ghnó, mar mhalairt ar an mBéarla toisc gur féidir rud a chur in iúl tríd an mheán sin nach féidir a chur in iúl trí mheán an Bhéarla.⁴⁹³

Agus í ag trácht ar scríbhneoirí na Gaeltachta a bheith 'idir dhá theanga'⁴⁹⁴ agus ar thionchar an Bhéarla ar litríocht na Gaeilge d'áitigh Máirín Nic Eoin:

Conas a éiríonn leo tionchar an Bhéarla a sheachaint nó úsáid an Bhéarla a ionramháil go cruthaitheach ina saothar? ... Ar an stráitéis is coitianta ar fad fós tá stráitéis Uí Ghrianna, Gaeilge na seanghlúine a athchruthú ar bhealach chomh paiteanta agus chomh foirfe agus is féidir. Nuair a bhreathnaítear ar shaothar daoine mar Dhara Ó Conaola, Phádraic Breathnach, Sheán Ó Curraoin, Mhaidhc Dainín Ó Sé, Shiobhán Ní Shúilleabháin, ... feictear

⁴⁹² Pádraigín Riggs, 'An Litríocht: Idir Shúgradh agus Dáiríre: An Gearrscéal Iar-Chadhnach, Léacht Uí Chadhain, 2005: Cuid 2' in *Comhar* Iml. 66, Uimh. 3 (Márta, 2006), 8.

⁴⁹³ Pádraigín Riggs, 'An Litríocht: Idir Shúgradh agus Dáiríre: An Gearrscéal Iar-Chadhnach, Léacht Uí Chadhain, 2005: Cuid 2', 8.

⁴⁹⁴ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitricht na Gaeilge*, 339.

litríocht bhisiúil atá ar ancaire fós i máithreach shaibhir Ghaeilge na Gaeltachta mar a bhí sí á labhairt go forleathan le linn óige na scríbhneoirí sin. ...⁴⁹⁵

Mar atá ráite cheana, tá dúthracht caite ag Breathnach i dtaca le sealbhú na Gaeilge dúchasaí. Tá an Ghaeilge thraidisiúnta sin le sonrú i scéalta áirithe dá chuid, go mórmór iadsan a bhaineann le saol na tuaithe agus leis an dúchas. Ina theannta sin, tá an Ghaeilge ‘iarthraidisiúnta’ le sonrú i ngearrscéalta eile dá chuid, go háirithe i scéalta sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile*. Tuigeann Pádraic Breathnach an áit atá ag an dá shaghas Gaeilge agus tá sé inniúil ar iad araon a chur i bhfeidhm de réir mar a fheileann siad don scéal.

Scéal cumhachtach is ea ‘An Phicnic’ a léiríonn cumas an Bhreathnaigh gnéithe den dúlra a thabhairt chun beochana trí ‘Ghaeilge an tseandreama’ sin. Trí mheán shruth comhfheasa an phríomhcharachtair, foilsítear go soiléir, cuimsitheach, an t-aoibhneas a bhaineann le seal éalaithe faoin tuath. Eiseamláir de phrósphilíocht is ea an sliocht seo a leanas ón ngearrscéal.

Beacha ag crónán. Ag gabháil fhoinn dóibh féin ag cnuasach meala! Beacha donna, cinn riabhacha, cinn le tónacha rua. Bhí fuiseog ag cúnamh leo ina gceol. Bhí sí éirithe as amharc in airde sa spéir scagghorm agus bhí sruithlíní meidhre anuas uaithi.

Cuileoga ag spaisteitilt. Seangáin ag fuirse. Féileacháin ag princeitilt ó ionad go hionad. Féileacháin bhána, féileacháin donna, féileacháin bhreaca. Amach is isteach thar an fhálta leo.⁴⁹⁶

⁴⁹⁵ Ibid., 339.

⁴⁹⁶ Pádraic Breathnach, ‘An Phicnic’ in *An Lanúin agus Scéalta Eile*, 59.

Is tanaí an plota atá ann mar scéal ach is tréan atá gné na deiscribhneoireachta ann. Is ealaíonta an saothar a chruthaítear, scéal simplí is ea é a thugann tús áite d'áilleacht na timpeallachta agus a thugann chun beochana don léitheoir foirfeacht an tráthnóna samhraidh áirithe sin faoin tuath. Ní féidir neamhaird a dhéanamh de bhua an tabhairt faoi deara a léiríonn Pádraic Breathnach. Ní shéanann sé nó ní dhéanann sé neamhaird de shalachar shaol na feirmeoireachta, ach ardaíonn sé go leibhéal na healaíne é, mar is léir sa sliocht thíos, rud a chuirfeadh dán cáiliúil Patrick Kavanagh, 'Stony Grey Soil', i gcuimhne:

Sna páirceanna bhí beithígh ag iníor; ina luí le ceas; ag cangailt a gcíor; nó i bhfoscadh na gcrann. I bhfoscadh na gcrann bhí an talamh carta ina puiteach le crúba. Bhí cás bó úr is bualtrach tirim ann. Lorgaí na mbeithíoch greanta ag an ngreallach. Chuir cuileoga bearrán ag íbheadh solamair sramaí as cúinní súl, ag cur cigiltí i smútaí ramallacha agus péaráca go máguairt. Chroith na beithígh a gcluasa. Chroitheadar a gcloigne. Stampáileadar a gcosa. Ar ball le fuadar ceabhar chuirfí fíoch níos mó orthu: lascfaidís a n-eireabail agus chinnfidís ar rith. Chuirfidís astu ag rith go héigiallda ar fud na bpáirceanna

...⁴⁹⁷

Bua amháin de chuid an scéil seo is ea an tslí a mhúnlaíonn sé an teanga de réir a thola féin, agus an cumas teanga a thaispeánann sé. Ní bhacann sé le briathra ar uairibh, mar shampla, a thugann cur síos lom, soiléir ar mhionsonraí an tsuímh, mar a fheictear sa sliocht seo a leanas.

⁴⁹⁷ Ibid., 55.

Fálta sceiche gile, dragain, troim, coill, fearnóige, féithlinn. Fálta driseacha; na driseacha ag cur amach géaga súmhara nuáí ar nós eascann ag placadh tíre rompu go santach. Rósanna fiáine ar fhálta. Nár dheas iad na rósanna céanna; iad chomh leochaileach le bláth an lusa dheirg; gan tada ar bith de théagar iontu ach an t-aon sraith imeallach amháin fabhraí. An corrlile bán sa bhfál freisin; iad dreaptha suas lena sreanghasanna ar stoic maidí.⁴⁹⁸

Pictiúr gléineach, suaimhneach den radharc agus den suíomh is ea a fhaigheann an léitheoir sa chur síos sin a théann i bhfeidhm go deismireach ar na céadfaí.

In alt dá chuid, ‘Malartú agus Bás Teanga’, mar atá pléite i gCaibidil 1, dearbhaíonn Brian Ó Catháin go bhfuil lagú na Gaeilge ‘traidisiúnta’ ar siúl le fada an lá, fiú i gceantair Ghaeltachta a mbíodh an Ghaeilge láidir iontu tráth agus gur fíorbheagán daoine a n-éiríonn leo Gaeilge ‘thraidisiúnta’ an cheantair sin a thabhairt leo.⁴⁹⁹ Fiú amháin le linn óige Phádraic Bhreathnaigh, ba bhreac-Ghaeltacht é Maigh Cuilinn,⁵⁰⁰ agus mar sin, feictear dearbhú théis Uí Chatháin i luath-theagmháil an Bhreathnaigh leis an teanga.

In ainneoin na n-athruithe teanga a bhí ag titim amach ina cheantar dúchais agus i gceantair Ghaeltachta agus Bhreac-Ghaeltachta trí chéile le linn óige an Bhreathnaigh agus le linn dó tabhairt faoin scríbhneoireacht i dtosach, is annamh a ghéilleann Pádraic Breathnach don dátheangachas ina shaothar trí chéile. Tá an códmheascadh níos coitianta i ngearrscéalta déanacha an Bhreathnaigh, cé nach bhféadfaí a áiteamh

⁴⁹⁸ Ibid., 59.

⁴⁹⁹ Brian Ó Catháin, ‘Malartú agus Bás Teanga’ in Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012), 79-80.

⁵⁰⁰ Féach Aguisín 3, 50-51.

go n-úsáideann sé an códmheascadh go coitianta ina ghearrscéalta déanacha fiú amháin. Is minic nach mbíonn de rian an chódmheascadh ina scéalta ach nathanna fánacha ar nós ‘*fair play*’, agus é sin tugtha aige sa leagan is coitianta agus is inghlactha sa Ghaeilge neamhfhoirmeálta, ‘*fair play* duit’.⁵⁰¹ Tá a leithéid sin níos coitianta, fiú, sa dá úrscéal dá chuid, *As na Cúlacha* agus *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*. Is i scéalta áirithe sna cnuasaigh *An Pincín agus Scéalta Eile* agus *Ingne Dearga Dheaideo* is mó a bhaineann Breathnach leas as an gcódmheascadh, cé go bhfuil corrshampla den chódmheascadh nó den chódmhalartú le sonrú i scéalta luatha dá chuid, leis. Sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile*, fiú amháin, is minice i bhfad códmheascadh a fheiceáil idir an Ghaeilge agus an Fhraincis. Baineann Breathnach leas as téarmaí Fraincise a úsáidtear go coitianta i dteangacha eile sa lá atá inniú ann. Tá sé sin le feiceáil i dteideal an ghearrscéil ‘Malheur’ sa chnuasach sin. Tagraítear sa scéal sin do ‘*affaire de coeur*’ a shantaíonn príomhphearsa óg an ghearrscéil. Is ábhar magaidh don phríomhphearsa, cailín sna déaga, mífhuaimniú a dhéanann cuid de mhuintir na hÉireann ar fhocail áirithe de chuid na Fraincise cosúil leis an mbranda cístí, ‘Gateaux’.⁵⁰² Códmhalartú idir an Ghaeilge agus an Fhraincis atá le feiceáil sa ghearrscéal ‘Adhsac ar Saoire’ (PS), scéal ina bhfuil comhrá idir na carachtair ina dtugtar tosaíocht don Fhraincis in ainneoin gur Éireannaigh in Éirinn iad an bheirt charachtar:

“*Ici dans mon jardin derrière!*” a dúirt sé.

“Ó, agus ar ndóigh, nach bhfeicim sin, a chomrádaí!” a dúirt mé.

“Tu comprends?” a dúirt sé.

“Oui!” a dúirt mé.

⁵⁰¹ Tá sé seo le feiceáil, mar shampla, sa scéal ‘Eachtra’ sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile*, 29.

⁵⁰² Pádraic Breathnach, ‘Malheur’ in *An Pincín agus Scéalta Eile*, 14.

“Trés bien!” a dúirt sé.

Ar feadh meandair níor mé a mba in Éirinn chor ar bith a bhíomar.

“*Ici entre des fleurs: des roses, des tulips, des pivoines, des begonias, et toutes sortes de legumes ...*” a dúirt sé.

“Áiméan, a Thiarna!” a dúirt mé.

Shíl mé go raibh taom aistíola dá bhualadh.⁵⁰³

Baintear leas áirithe as códmheascadh sa scéal ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’ (IDD), cé gur fánach an úsáid sin. Téarmaíocht shaol Mheiriceá den chuid is mó a bhíonn i gceist, mar aon le téarmaí áirithe neamhchoitianta sa Ghaeilge le linn am suite an scéil; *skyscrappers, hamburgers, cranberry juice*.⁵⁰⁴ Thairis sin, tá Gaelú déanta ar chuid de logainmneacha coitianta Nua Eabhrac sa scéal céanna, mar shampla, luaitear Abhainn agus Bá Hudson, ‘Oileán Staten’, ‘cailleach Mhanhattan’.⁵⁰⁵

I dtaca leis an litríocht uirbeach, d’áitigh Máirín Nic Eoin go bhfuil straitéisí cumadóireachta ag scríbhneoirí na Gaeilge chun dul i ngleic leis an dátheangachas, go háirithe i suíomh uirbeach. Is iad na straitéisí is coitianta a mbaineann Pádraic Breathnach leas astu ná an réaltacht fhíorúil agus an ficsean féinbhreathnaitheach. Is éard is réaltacht fhíorúil ann sa chás sin, dar le Nic Eoin, ná:

... nuair a dhéantar Gaelú ar thimpeallacht shóisialta nach timpeallacht Gaeilge í. Úsáidtear cur i géill an réalachais shóisialta le réaltacht fhíorúil – réaltacht an leabhair – a chruthú trí mheán na Gaeilge. Úsáidtear cleasanna ar leith leis an scéal a chur abhaile mar scéal inchreidte Gaeilge i saothar áirithe. Tá

⁵⁰³ Pádraic Breathnach, ‘Adhsac ar Saoire’ in *An Pincín agus Scéalta Eile*, 132.

⁵⁰⁴ Pádraic Breathnach, ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’ in *Ingne Dearga Dheaideo*, 145.

⁵⁰⁵ *Ibid.*, 149.

Gaeilge ag carachtair áirithe mar gur fhreastail siad ar Ghaelscoil, nó gur tógadh le Gaeilge sa chathair iad nó gur daoine iad a bhog go dtí an chathair ón nGaeltacht.⁵⁰⁶

Maidir leis an bhficsen féinbhreathnaitheach, deir Nic Eoin:

An dara treo atá faoi fhicsen comhaimseartha na Gaeilge ná an treo féinbhreathnaitheach, dírbheathaisnéiseach, síceolaíoch. Is é an reaire, ar Gaeilgeoir é, an pointe fócais sa chineál seo ficsin agus, dá bhrí sin, ní gá a bheith buartha faoi inchreidteacht.⁵⁰⁷

Tá ciúta scríbhneoireachta na réaltachta fíorúla le sonrú sa scéal ‘Seáinín Sheáin’ (BA), ina bhfeictear carachtar Gaeltachta ag cleachtadh comhluadar Gaeltachta, mar atá le sonrú san úrscéal *As na Cúlacha*, leis. Baintear leas as an gciúta céanna sa scéal ‘Gasúr Beag Fir’ (ANT), scéal a bhfuil an chéad chuid de suite in ospidéal cathrach. Is i nGaeilge a labhraíonn na carachtair Ghaeltachta seo, an t-othar féin agus a ghaolta. Ní théann siad i dteagmháil le héinne taobh amuigh dá gcomhluadar féin. Suíomh cathrach atá i gceist sa dá scéal ‘Scéal Thaidhg’ (IDD) agus ‘Iníon’ (IDD). Fear óg ag déanamh a shlí féin i gcathair Bhéal Feirste agus ansin i mBaile Átha Cliath is ea Tadhg. Glactar leis gur ó cheantar Gaeltachta é ó dhúchas, nó gur tógadh le Gaeilge é, mar is i nGaeilge a dhéanann sé teagmháil lena thuismitheoirí. Sa scéal ‘Iníon’, léirítear lánúin chathrach ag tógáil a n-iníne trí mheán na Gaeilge. Labhraíonn siad Gaeilge eatarthu féin agus is eatarthu a bhíonn comhráite an scéil seo agus iad ag feitheamh ar a n-iníon a theacht abhaile ó oíche a chaitheamh sa chathair.

⁵⁰⁶ Máirín Nic Eoin, ‘Ó Cadhain, Kafka agus Litríocht Uirbeach na Gaeilge’, 194.

⁵⁰⁷ Ibid.

Ciúta na féinbhreathnaitheachta is ea a úsáideann Breathnach i scéalta cosúil le ‘An Filleadh’ (BA), ‘Mr. Jones’ (BA) agus ‘Avec Marcel’ (ANT). Sna scéalta ‘An Filleadh’ agus ‘Mr. Jones’ is trí shruth comhfheasa is mó a insítear imeachtaí an scéil. Luadh an scéal ‘Mr. Jones’ (BA) thuas i dtaca leis an gcódmheascadh a ríomhtar nuair a labhraíonn Pól go díreach lena chomhghleacaithe. Seachas an teagmháil sin, sruth comhfheasa an fhir Ghaeltachta atá sa scéal. Mura raibh sa bhean mhístéireach sa scéal ‘Avec Marcel’ (ANT) ach ainnir de chuid shamhlaíocht an phríomhcharachtair, luíonn sé le réasún go mbeadh Gaeilge aici agus gur i nGaeilge a dhéanfaidís comhrá. Is spéisiúil an méid a d’áitigh Breathnach faoin bhfreagracht uathúil atá ar an scríbhneoir i leith na Gaeilge.

Teanga uasal bhródúil í, chomh huasal le teanga ar bith, agus tá traidisiún fada ag gabháil léi. Údar misnigh ’gus údar meanman don scríbhneoir Gaeilge é sin. Tuigeann sé freisin go bhfuil gá leis sa Ghaeilge agus is binn leis fóidín a iompú.⁵⁰⁸

Ar bhealach, téann sé sin go croí na hidirchultúrthachta atá le feiceáil ina shaothar. Fáiltíonn litríocht na Gaeilge roimh éagsúlacht sa scríbhneoireacht chruthaitheach de bharr go dtarraingíonn sí ar an dá thraidisiún. Nuair a mhothaíonn an scríbhneoir é féin á shracadh idir an dá chultúr, is i litríocht na Gaeilge a fhaigheann sé faoiseamh.

⁵⁰⁸ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéaláí is a Ghearrscéalta’, 51.

Thagair Máirín Nic Eoin don chlaonadh i scríbhneoirí áirithe Gaeltachta a bheith maoithneach i leith na teanga agus a bheith drogallach, dá bharr, i leith athruithe sa teanga a chur i mbéal a gcarachtar:

Uaireanta ní thuigeann scríbhneoirí na hathruithe teanga atá ag tarlú timpeall orthu féin, agus bíonn claonadh iontu a bheith rómánsúil agus míchruinn freisin agus iad ag cur síos ar phróisis theangeolaíochta ar ghnáthphróisis chlaochlaithe i suímh theagmhála teanga iad.⁵⁰⁹

Is cinnte nach bhféadfaí é sin a áiteamh i dtaca le Pádraic Breathnach. Teanga idirchultúrtha a shaothraíonn Pádraic Breathnach ina chuid gearrscéalta. Cé nach minic códmheascadh a fheiceáil ina shaothar, mar atá léirithe thuas, is meascán de Ghaeilge na linne seo agus de Ghaeilge óige an Bhreathnaigh i Maigh Cuilinn atá le sonrú ina shaothar. Ní hionann sin is a rá go gcuireann sé roimhe d'aon ghnó teanga nó focail a chumadh nó a chaomhnú, ach eascraíonn sé sin as cuid dá scríbhneoireacht.

Mhol léirmheastóirí faoi leith é as ucht na crógachta a léirigh sé, go háirithe agus é ina scríbhneoir óg, i leathnú teanga na comhaimsire ach cáineadh go géar é chomh maith as ucht briseadh amach óna dhúchas teanga, mar atá pléite cheana féin. Is sna scéalta ina bpléitear saol an déagóra, mar shampla 'Malheur' (PS) agus 'Iníon' (IDD), an saol uirbeach agus saol na himirce, mar a fheictear sna scéalta 'Eachtra' (PS) agus 'As Baile' (BA), agus sna scéalta Raibiléiseacha cosúil le 'Avec Marcel', 'An Cailín Álainn' (ANT) agus 'Traithníní' (DLD) is mó a fheictear an scríbhneoir agus é ag freastal ar riachtanais na teanga comhaimseartha. I scéalta ar nós na gceann thuasluaite, múnlaíonn sé an teanga de réir gnásanna coitianta urlabhara na linne.

⁵⁰⁹ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*, 346.

Gnásanna urlabhra uirbeacha is ea atá le sonrú i scéalta ar nós ‘Eachtra’ (PS), scéal ina bhfeictear carachtar ag gabháil buíochais leis an nath cainte ‘*Fair play* dhuit, a mhac!’⁵¹⁰. De bharr an aitheantais atá bainte amach thar na blianta ag Pádraic Breathnach mar ghearrscéalaí máistriúil, tugann an ionramháil a dhéanann sé ar na gnásanna urlabhara sin gradam do litríocht uirbeach chomhaimseartha na Gaeilge i gcoitinne.

Ar bhealach eile leathnaíonn sé feasacht teanga a léitheoirí tríd an gcur síos a dhéanann sé ar an dúlra. Tugann sé beocht as an nua do Ghaeilge a thimpeallachta féin, Gaeilge na ngort is na sléibhte timpeall ar Mhaigh Cuilinn, ina ghearrscéalta, mar shampla, sna gearrscéalta ‘Buaille Uisce’ agus tosach an ghearrscéil ‘Faoi Nollaig’ (BA), ‘An Phicnic’ (AL), ‘I Sligeachán’ (ANT), ‘An Maor’ (ÍS) agus ‘In Earr a Shaoil’ (PS). Sna scéalta sin, i measc scéalta eile, baineann sé leas as Gaeilge a bhaineann go dlúth le saol na talún agus na feirmeoireachta, raon teanga nach mbeadh ag léitheoirí áirithe de chuid na linne seo. Ar an dóigh sin, sáraíonn sé an teorainn shamhalta idir an saol uirbeach agus saol na tuaithe.

Tá sé ráite gur ‘oidhre Uí Chadhain’ é Pádraic Breathnach. In alt a scríobh sé ar an ábhar sin, shéan Breathnach go raibh tionchar díreach ag an gCadhach air nó ar a chuid scríbhneoireachta, ach d’áitigh sé:

Ba eiseamláir é. Ba laoch é. Tugadh misneach duit rá’s go raibh a leithéide ann agus go raibh tú ag gabháil den cheird chéanna thú féin ... I dtaca le dea-

⁵¹⁰ Pádraic Breathnach, ‘Eachtra’ in *An Pincín agus Scéalta Eile*, 29.

scríbhneoireacht de b'é Máirtín Ó Cadhain an máistir. ... B'í scríbhneoireacht Uí Chadhain an tslat tomhais.⁵¹¹

Tá ráite faoi scríbhneoirí iomadúla na Gaeilge sa tréimhse IarChadhnach gur oidhre de chuid Uí Chadhain iad, agus ar bhealach, is fíor gur oidhre de chuid Uí Chadhain é sa chiall gur lean sé é ag cur chun cinn na próslitríochta Gaeilge agus ag cur a ealaíne in oiriúint don saol a bhí agus atá ag titim amach timpeall air. Thairis sin, is fíor gur scríobh siad beirt faoina bpobal agus faoina dtimpeallacht féin, mar a dhéanann scríbhneoirí ficsin i gcoitinne, agus nach raibh ach achar beag idir a gceantair dhúchais. Ní fíor a rá, áfach, gur oidhre Ghaeilge Uí Chadhain é an Breathnach ó thaobh stíl teanga de. Is cosúla an ionramháil a dhéanann sé ar an teanga le stíl Liam Uí Fhlaithearta agus Thomáis Bhairéid ná stíl Mháirtín Uí Chadhain. Ag tagairt dó do stíl Uí Fhlaithearta, d'fhógair Pádraic Breathnach gur ghráin le hÓ Flaithearta 'teanga chasta dhoiléir ró-fhoclach a chur ag obair.'⁵¹² Tá stíl scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh féin le sonrú sa mhéid a deir sé thíos faoin bhFlaitheartach:

Ag léamh scéalta an Fhlaitheartaigh dhúinn níl orainn achrann a dhéanamh le focla nó le coranna cainte d'fhonn a gciall a aimsiú. Nílimid cráite le doiléireacht. Fíonn an Flaitheartach a fhocla go healaíonta álainn. Faigheann muid taitneamh agus sásamh sa teanga agus sa scéal. Faigheann muid an blas milis seo ar an teanga i ngan fhios, mórán.⁵¹³

⁵¹¹ Pádraic Breathnach, 'An Tionchar a bhí ag Ó Cadhain orm' in *Comhar*, Iml. 55, Uimh. 12 (Nollaig, 1996), 23.

⁵¹² Pádraic Breathnach, 'Liam Ó Flaithearta: A Thréine mar Ghearrscéalaí' in *Feasta* Iml. 26, Uimh. 4 (Aibreán, 1973), 5.

⁵¹³ *Ibid.*

‘Im ar mo arán’⁵¹⁴ is ea a thug an Breathnach ar Ghaeilge álainn, dhúchasach Uí Fhlaithearta sa chnuasach *Dúil*. Tá meon an-réalaíoch, an-sláintiúil ag Breathnach i leith fhorbairt agus shíornuálú sin na teanga. Scríobh sé:

Táimid an-chosantach, caomhnach faoin nGaeilge i ngeall ar í a bheith chomh lag, i ngeall ar í a bheith faoi ionsaí chomh mór, faoi léigear go deimhin, a beatha i gcontúirt. Tá an nós seo sothuigte bíodh is nach bhfuilim an-chinnt gur nós maith é. Creidim féin dá bhfanadh an Ghaeilge láidir go mbeadh i bhfad níos mó Béarlachais inti ná mar atá anois, gan aon dochar mór déanta agus má tharlaíonn go dtiocfaidh sí ar ais go scafánta beidh an ‘Béarlachas’ fite fuaithe inti. Tá an baol ann go ndéanaimid an iomarca cuisnithe ar an nGaeilge in ionad ligean di níos mó scóipe a bheith aici. Táimid go síoraí ag ceartú, ag cur iallaigh ar ghasúir i mbaile mór rud a rá mar a deireadh seandúine sa sliabh anallód é, sinn ag déanamh rudaí go minic nach bhfuil mórán réasúin leo. Ní mharaíonn Béarlachas an Ghaeilge. Ní hé a mharaíos í. Cuireann sé athruithe uirthi. Tugann sé fairsinge di.⁵¹⁵

Rud an-soiléir a aibhsítear sa sliocht thuas is ea muinín an Bhreathnaigh as todhchaí na Gaeilge agus as cumas lucht labhartha na Gaeilge saol idirchultúrtha na linne seo a chaitheamh trí mheán na Gaeilge comhaimseartha. Is ag tacú lena leithéid de léamh atá an teangeolaí Siobhán Ní Laoire, agus í ag tagairt don chódmhalartú i gcás mionteanga, agus i gcás na Gaeilge go háirithe:

⁵¹⁴ Ibid., 8.

⁵¹⁵ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal Gaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 36.

Ní gá gur comhartha easláinte ar mhionteanga é go mbíonn códmhalartú le mórteanga le fail inti ... is gnáthiompar coitianta é an códmhalartú i measc dátheangach ar fud na cruinne.⁵¹⁶

Mar atá curtha in iúl cheana, chuir Breathnach dua air féin Gaeilge an ‘[t]seandúine sa sliabh’, mar a luann sé thuas, a shealbhú agus is í an Ghaeilge thraidisiúnta sin is mó atá le sonrú ina shaothar. É sin ráite, de réir mar a oireann sé don suíomh agus don charachtar, léiríonn sé an scóip sin atá de dhíth ón nGaeilge chomhaimseartha ina shaothar. Tá sé sin le sonrú sa teanga chros-síolrach atá le feiceáil i gcuid dá shaothar cruthaitheach, mar a léireofar thíos.

Ag tagairt arís don idirchultúrthacht ina cheantar dúchais féin, thagair an Breathnach do cheist na teanga ann:

Tagann ceist eile chugam: a athraithe is atá teanga an dreama nua le hais theanga an tseandreama. Suim bheag de bhlianta ó shin chuir mé na focail ‘bráiste’ (borráiste) agus ‘carracán’ ar lucht léinn as Conamara a bhí agam sa Choláiste seo, Coláiste Mhuire Gan Smál. Bhí iontas ollmhór orm nach raibh a mbrí acu. Ní bheadh an t-iontas sin inniu orm. D’fhiafraigh mé le gairid dár ngasúir féin céard ba bhrí le ‘tobar’ agus d’fhreagair siad gur ‘teach tábhairne’ é. Anois, ambaiste!⁵¹⁷

Próiseas nádúrtha claochlaithe teanga is ea an nós atá ag scríbhneoirí na Gaeilge ón nGaeltacht agus ón nGalltacht sa lá atá inniu ann an códmheascadh a thabhairt isteach

⁵¹⁶ Siobhán Ní Laoire, ‘Teangacha i dTeagmháil: Códmhalartú, Pidseanú agus Criólú’, 61.

⁵¹⁷ Pádraic Breathnach, ‘Seanmhaitiais’ in *Anois* (1ú Eanáir, 1989), 4.

sa litríocht. Cuireann sé sin le hinchreideacht na gcarachtar agus na suíomh ina bhfuil siad, de bharr a cosúlachta le caint nádúrtha lucht labhartha na Gaeilge ar na mallaibh.

D'áitigh Nic Eoin:

Is ar mhaithe le nádúrthacht na cainte a dhéantar é seo, agus tá a leithéid le fáil i dtéacsanna le scríbhneoirí a bheadh coiméadach go maith ina stíl scríbhneoireachta is nach n-imeodh rófhada riamh ó struchtúir ghramadaí ná ó chomhréir dhúchasach na canúna.⁵¹⁸

Dearbhaíonn Nic Eoin leis:

... nach í íonghlaineacht teanga an tslat tomhais is oiriúnaí a thuilleadh le saothair chomhaimseartha Ghaeilge a mheas. Níor mhór glacadh leis gur cros-síolrach de chineál éigin é gach táirgeadh cultúir a chuirtear ar fáil sa Ghaeilge.⁵¹⁹

Is ina shaothar déanach go háirithe a fheictear teanga chros-síolrach i scríbhneoireacht chruthaitheach Phádraic Bhreathnaigh. Tá an teanga chros-síolrach sin le feiceáil ina úrscéal *As na Cúlacha* (1998) tríd síos, agus ina theannta sin i roinnt gearrscéalta dá chuid, ar léiriú ar Ghaeilge chomhaimseartha na Gaeltachta é.⁵²⁰ Tá sampla de sin le feiceáil sa sliocht seo thíos ina bhfuil carachtair éagsúla ag trácht ar shiamsaíocht áirithe a chleachtann turasóirí i Las Vegas:

“Bíonn daoine ansin ag *gambláil* airgid, airgead mór freisin, i gcaitheamh na hoíche ar fad! Agus ar maidin freisin! Dheamhan a ndúnann na háiteacha sin

⁵¹⁸ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitricht na Gaeilge*, 347.

⁵¹⁹ *Ibid.*, 404.

⁵²⁰ Feictear códmheascadh i ngearrscéalta de chuid an Bhreathnaigh ar nós ‘An Máistir Nua’, ‘Ardcheannfort’, ‘Mac Léinn’, ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’, ‘An Bhaintreach Amscaí’ (IDD) araon, ‘Malheur’, ‘Eachtra’ agus ‘An Rós’ (PS) araon, ‘Ag Breathnú Roimhe’ (ÍS), ‘Avec Marcel’ (ANT), ‘Damhna’ (LF), ‘Francuafás’ (DLD).

ariamh! *Twenty-four hours a day*, a mhac! Agus ná ceap gur airgead suarach é mar a chuirfinnse nó a chuirfeása ar an *wheel of fortune*! Bheifí ag gáire fút!”

“Agus cá bhfaigheann siad an t-airgead sin?” a d’fhiafraigh mise.

“Sin Meiriceá dhuit!” a dúirt Máirtín.⁵²¹

Sampla ionadaíoch eile a léiríonn an saghas sin teanga sa saothar céanna is ea an sliocht seo thíos agus spochadh ar siúl idir na fir:

“Nach fíor dom é, a Mháirtín? Nach fear bean ná seanchas lá ar bith den saol?”

“Mura mbeimis ag cur síos ar an *bpositive thinking*? Ceart, a Réamainn?”

“Nó ar an gceann eile sin agat, a dheartháir, an *tough-minded optimist*?”

“An-cheann a bhí sa gceann sin, déarfainn!”⁵²²

Feictear thuas go bhfuil ceartúsáid an tuisil tabharthaigh tugtha, in ainneoin an chódmheasctha. Thairis sin, ámh, feictear réchúis ó thaobh chruinneas na gramadaí is na canúna de, mar atá le sonrú sa sliocht seo a leanas ón scéal *Íosla* ina bhfuil cur síos ar ghruaig agus ar aghaidh mná:

Ba fhionn a bhí a folt gruaige; lomra di. Lomra bog dualach catach. Gan ord nó eagar ar na duail. D’fhás sí anuas go dtí na guailí, mar dhíon tuí ar bheaic a muiníl. Shéid an gala gaoithe chuile ribe di siar ón mblaithis. Bhí a baithis uilig le sonrú; gnáthbhaitis ghriandóite neamhshuntasach. Ach bhí malaí a súl fada caol, mar imlínte dhá thulach chnoic. Bhí a súile an-suntasach. Bhíodar an-mhór. Mirlíní móra liathróide. Bhíodar thar a bheith tarraingteach. Súile móra fiáine. Ach ní rabhadar fiáin.⁵²³

⁵²¹ Pádraic Breathnach, *As na Cúlacha*, 113.

⁵²² Pádraic Breathnach, *As na Cúlacha*, 257-8.

⁵²³ Pádraic Breathnach, ‘Íosla’ in *Íosla agus Scéalta Eile*, 143.

Feictear an réchúis sin i gcás charachtair óga agus/nó uirbeacha an Bhreathnaigh go háirithe, mar a fheictear i gcás carachtar i scéalta ar nós ‘Malheur’ (PS), ‘Iníon’ (IDD) agus ‘Mac Léinn’ (IDD). Sa scéal ‘Iníon’ (IDD), tagraítear do dhéagóirí a bheith ‘ag *unwindáil*’,⁵²⁴ mar shampla; nó ‘Mac Léinn’ (DLD), ina dtagraítear do dhaoine óga atá ‘*cool*’ nó gur ‘*nerds*’ iad.⁵²⁵ Ceist thromchúiseach na bulaíochta agus a tionchar ar dhéagóirí atá faoi chaibidil sa scéal ‘Malheur’ (PS). Mar léiriú ar an mbulaíocht sin, léann an príomhcharachtar scríbhinn anaithnid ar a suíochán scoile, ‘Tá Treasa Ní Shé 100% i ngrá le Dáithí Ó Máille’⁵²⁶. Tugann ráiteas den saghas sin léargas ar an gcineál Gaeilge atá le cloisteáil go rialta i suímh iarbhunscoile na linne seo. Is mó den chros-síolracht teanga sin atá le feiceáil i saothar déanach an Bhreathnaigh, mar a mbeifí ag súil leis. Mar shampla, sa scéal ‘Eachtra’ (PS), tá sí le sonrú sa chomhrá trí chéile idir an phríomhphearsa agus an fear a mbuaileann sé leis i mbialann ar Shráid Uí Chonaill agus a shiúlann i dtreo Pháirc an Chrócaigh ina theannta, mar a tagraíodh dó thuas.

Is é an taobh eile de sin a fheictear sa scéal ‘Ón Tuath’. Sa scéal sin, léirítear míchompord na príomhphearsan i leith a áite féin i gcomhthéacs uirbeach. Athair is ea príomhphearsa an scéil a théann ar cuairt chuig a iníon atá ar leaba a báis in ospidéal sa chathair. Mothaíonn sé idir dhá shaol, mar atá saol na tuaithe, áit a bhfuil sé ar a chompord, agus saol uirbeach na cathrach a scanraíonn é. Léirítear castacht an chaidrimh sin trí bhéim a leagan ar an éagsúlacht teanga idir muintir an dá chultúir:

Níorbh fhios dó ar cheart nó nár cheart bleid a bhualadh ar na fir a bhí ag obair beál na sráide. Bhí sé cineál ag breathnú orthu agus bhí an corrfhear scusan a

⁵²⁴ Pádraic Breathnach, ‘Iníon’ in *Ingne Dearga Dheaideo*, 99.

⁵²⁵ Pádraic Breathnach, ‘Mac Léinn’ in *Ingne Dearga Dheaideo*, 67-69.

⁵²⁶ Pádraic Breathnach, ‘Malheur’ in *An Pincín agus Scéalta Eile*, 11.

thug féachaint airsean. Ní raibh sé ar a bhuille agus bhí chuile shórt míshocair. Dhá gcuirfeadh sé ‘bail ó Dhia’ orthu an bhfreagróidís chor ar bith é? An mbeidís in ann?

Thóg sé an-fhada air a ghabháil tharstu facthas dó.⁵²⁷

Feictear ag deireadh an scéil é fiú amháin, nuair a thuigeann sé droch-chás a iníne, ag déanamh cur síos air féin trí chomparáid aithnidiúil ó shaol na feirmeoireachta agus na tuaithe:

Bhíodar le béile a chaitheamh ach nach raibh ocras ar cheachtar acu. Ualach trom ina mboilg cheana féin. D’airigh seisean a bholg an ata, mar bhó a d’ólfadh barraíocht uisce th’éis a seaneire fataí amha. Bhí sé lag. Lag lúbach.⁵²⁸

Tá cros-síolracht teanga le sonrú sa scéal ‘Mac Léinn’, leis, ach maidir leis an ngearrscéal áirithe sin ní mór a thabhairt chun cuimhne gur gearrscéal é sin a scríobhadh i mBéarla i dtosach, faoin teideal ‘A Fresher’, agus é ar fáil sa chnuasach *March Hare and Other Stories*, sular aistriódh go Gaeilge é faoin teideal ‘Mac Léinn’. Mar sin, baineann cuid den Bhéarla atá ar fáil sa scéal ‘Mac Léinn’ go dlúth le hábhar an bhuncéil, nach bhféadfaí é a aistriú gan brí agus éirim an scéil a chailliúint, mar atá i gceist sa sliocht seo thíos:

“*Opulence!*” ar sé leis féin.

Thaitnigh fuaim an fhocail sin leis. Ba dheas leis gur tháinig an focal chuige chomh réidh is a tháinig.

⁵²⁷ Pádraic Breathnach ‘Ón Tuath’ in *Lilí agus Fraoch*, 96.

⁵²⁸ Pádraic Breathnach ‘Ón Tuath’ in *Lilí agus Fraoch*, 103.

“*He lives in opulence, in a salubrious setting, in sartorial style!*”

Bhuail ríog áthais é; rinne sé gáire faoi gur tháinig na focail Bhéarla sin chomh héasca chuige.⁵²⁹

Tá aois na saoirse agus an neamhspleáchais linn ar mhórán bealaí agus i dtaca le mórán réimsí den saol comhaimseartha, an litríocht agus an scríbhneoireacht san áireamh. Tá macalla le sonrú i gcur chuige scéalaíochta an Bhreathnaigh ar an méid a scríobh an Piarsach in alt dá chuid in *An Claidheamh Soluis* thiar sa bhliain 1906.⁵³⁰ Ba seasca bliain ina dhiaidh sin, a bheag nó a mhór, a thosaigh Pádraic Breathnach i mbun gearrscéalaíochta, ach is cinnte go gcomhlíonann sé comhairle threoirlínte scríbhneoireachta an Phiarsaigh san alt sin. Tá sé de nós ag scríbhneoirí teorainneacha a bhrú agus mar sin ní haon rud nua é gur éiligh agus go n-éilíonn Pádraic Breathnach saoirse ealaíne.⁵³¹ Is é an rud a bhí nua i gcumadóireacht an Bhreathnaigh, go háirithe ina chéad chnuasaigh, ná an léiriú ilghnéitheach a rinne sé ar shochaí athraitheach idirchultúrtha na linne. Faoi mar a d’áitigh sé féin, ‘Ní bhíonn ábhar ar bith spíonta, is é an modh a bhíonn spíonta.’⁵³²

Tríd an bhforbairt leanúnach a rinne an Breathnach ar théamaí a chuid scéalta agus ar an teanga a chuireann sé i mbéal a charachtar ón gcéad chnuasach go dtí an cnuasach is déanaí, feictear gnéithe faoi leith den chlaochló sóisialta a thit amach i rith a thréimhse scríbhneoireachta, mar aon le fás speictream an déachais idirchultúrtha i sochaí na hÉireann.

⁵²⁹ Pádraic Breathnach, ‘Mac Léinn’ in *Ingne Dearga Dheaideo*, 78.

⁵³⁰ Pádraic Mac Piarais, ‘About Literature’ in *An Claidheamh Soluis*, Iml. VIII, Uimh. II (26 Bealtaine, 1906), 7.

⁵³¹ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéaláí is a Gearrscéalta’ in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Maigh Nuad: An Sagart, 1981), 47.

⁵³² Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal Gaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 35.

Caibidil 4:

Speictream an Déachais Idirchultúrtha i nGearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh

Leagan Amach na Caibidile

Agus í ag tagairt do shaothar Sheáin Uí Ríordáin, scríobh Máirín Nic Eoin:

Stiofán Ó Cadhla's penetrating analysis of [Seán Ó Ríordáin's] journalism explores Ó Ríordáin's attempt to reconcile a decolonizing politics of cultural affirmation with an acceptance of post-colonial interculturality.⁵³³

Cúlghrath chuid mhór de shaothar Phádraic Bhreathnaigh is ea an 'acceptance of post-colonial interculturality' sin. Feictear cumasc an dá chultúr ina shaothar trí chéile. Níl rian de pholaitíocht an díchoilínithe, nó go hiondúil ní bhíonn maoithneachas i leith saoil áirithe atá imithe i léig le feiceáil ina shaothar. Ina ionad sin, feictear iniúchadh géarchúiseach ar Éirinn a linne, agus í athraithe go mór sa tréimhse ó thosaigh sé ag scríobh, ar thréimhse leathchéad bliain anois í,⁵³⁴ agus ar ghnéithe agus ar pheirspictíochtaí iomadúla na hÉireann síorathraithe úd. Dar le Nic Eoin, is rud cuíosach nua é an glacadh seo leis an idirchultúrthacht,⁵³⁵ an cumasc cultúrtha nó 'fusion', mar a thug sí air in alt eile dá cuid.⁵³⁶ Scríobh Nic Eoin, 'I think that an

⁵³³ Máirín Nic Eoin, 'Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish' in *Field Day Review*, Iml. 4 (2008), 223.

⁵³⁴ Ba é an chéad ghearrscéal a scríobh Pádraic Breathnach ná 'Soineann agus Doineann', gearrscéal a scríobh sé in earrach na bliana 1966, mar a chuir sé in iúl san alt 'Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímeas?' in *Comhar*, Iml. 69, Uimh. 11 (Samhain, 2009), 22.

⁵³⁵ Máirín Nic Eoin, 'Idir Dhá Theanga: Irish-language Culture and the Challenges of Hybridity' in Ciarán Mac Murchaidh (eag.) *Who Needs Irish?: Reflections on the Importance of the Irish Language Today* (Dublin: Veritas Publications, 2004).

⁵³⁶ Máirín Nic Eoin, 'Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish'.

individual's attitude to cultural hybridity can usually be explained in terms of that individual's sense of cultural confidence'.⁵³⁷ Is cinnte gurb í an mhuinín chultúrtha sin a thagann chun solais i saothar Phádraic Bhreathnaigh. Dar ndóigh, tá idirdhealú le déanamh idir an idirchultúrthacht a eascraíonn as an gcoilíneachas agus an idirchultúrthacht ar réaltacht í a bhaineann le saol na linne seo i gcoitinne. Tá an dá chineál déachais sin le tabhairt faoi deara i saothar an Bhreathnaigh. Dar ndóigh, tá fás an déachais idirchultúrtha agus é ina réaltacht de chuid an tsaoil sa lá atá inniu ann le sonrú níos soiléire ina shaothar déanach nuair ba mhó an tionchar a bhí ag meon bhaile na comhchruinne ar dhearcadh mhuintir na hÉireann, mar an gcéanna le dearcadh mhuintir an chuid eile den domhan. Go pointe áirithe, baineann an suíomh sin le muinín (idir)chultúrtha, agus leis an gclaochló i ndearcadh coitianta mhuintir na hÉireann le blianta beaga anuas. Tá fás muiné an náisiúin le brath san athshealbh a glacadh ar fhéiniúlacht náisiúnta nua, chomhaimseartha. Gan amhras, tá sí an-éagsúil ó fhéiniúlacht na hÉireann réamhchoilínithe mar tá sí siúd imithe gan filleadh. Tá an fhéiniúlacht nua bunaithe ar mhuinín an náisiúin bhig a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aici de bharr na ndán, an chultúir, an cheoil, agus an fhórsa oibre a sheolann sí ar fud na cruinne. Tá an mhuinín seo mar shaintréith de chuid an chumaisc chultúrtha. Cuireann an mhuinín chultúrtha i dtaca le cumasc chultúr éagsúla na hÉireann inniu in iúl gur lú tábhacht a leagtar ar chúinsí stairiúla an choilíneachais, agus go bhfuiltear in ann dul i ngleic go muinéach le hidirchultúrthacht de shaghas eile ar fad, idirchultúrthacht ar réaltacht de chuid Éire na linne seo í.

Braitheann tionchar an déachais go mór ar mheon an duine sin i leith a s(h)uímh idirchultúrtha. Tagrófar thíos don aonchultúrthacht, atá le tabhairt faoi deara nuair a

⁵³⁷ Máirín Nic Eoin, '*Idir Dhá Theanga: Irish-language Culture and the Challenges of Hybridity*', 128.

léirítear nach bhfuil mórán de thionchar ag cultú(i)r iasachta ar shaol laethúil an duine; don chros-síolracht, ina bhfeictear an duine ag streachailt le déachas cultúrtha agus le coimhlint idir dhá chultúr iontu; agus, don chumasc cultúrtha, atá le sonrú nuair a léiríonn duine muinín chultúrtha i dtaca leis an déachas a shonraíonn siad iontu féin agus iad faoi thionchar dhá chultúr éagsúla. Dar ndóigh, tá idirdhealú le déanamh idir Pádraic Breathnach féin, a léiríonn an-mhuinín chultúrtha, agus carachtair áirithe ina shaothar, a bhíonn ag streachailt in idirfhearann cultúrtha.

Iniúchadh ar fhéiniúlacht Éire a linne atá le sonrú i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh, ó Éirinn a óige i gceantar tuaithe Breac-Ghaeltachta a raibh an fheirmeoireacht bheag, an iascaireacht mar chaitheamh aimsire na ngasúr agus lárnacht an aonaid thraidisiúnta clainne le sonrú ann, go dtí Éire ilchultúrtha na linne seo. Saol a óige ab ea saol na Breac-Ghaeltachta a raibh lárnacht ag an nGaeilge ann, agus is cuid mhór dá shaol fásta saol uirbeach na cathrach a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Feictear i gcuid de na scéalta is fearr dá chuid ionramháil íogair ar an saol traidisiúnta; an teanga, an tuath agus a ngabhann léi, mar shampla. Díritear ar ghnéithe éagsúla den saol sin, á léiriú, á leagan amach os comhair an léitheora. Braitear sna scéalta seo na ceangail idir an duine agus an ceantar as ar fáisceadh é. Scríbhneoir idirchultúrtha is ea é a fhoilsíonn gnéithe iomadúla na sochaí ina maireann sé. Cumasc muiníneach chultúir éagsúla na hÉireann atá le sonrú ina chuid gearrscéalaíochta. Baineann dúshlán faoi leith le haitheantas a thabhairt don dá thraidisiún sin, mar a chuir Gearóid Denvir in iúl chomh fada siar le 1984:

Is dúshlán do scríbhneoirí Gaeilge an lae inniu cumasc an dá thraidisiúin a chur i gcrích, oidhreacht Gaeilge an dá mhíle bliain d'fhás agus d'fhorbairt is Éire Ghaelach a nascadh le comhfhios Iarthar Eorpa ó Dostoevsky, Nietzsche and

Kafka anuas go dtí Camus, Beckett agus Satre. Tá scríbhneoirí Gaeilge ann a shealbhaíos an dá thraidisiún seo agus nach caitheamh aimsire ná maisiú ar an saol leo a gceird. ... Is scríbhneoirí iad agus ní scríbhneoirí Gaeilge.⁵³⁸

Tríd an gcaibidil seo, déanfar iniúchadh ar speictream an déachais idirchultúrtha i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, ag tabhairt aird ar leith ar ghearrscéalta a léiríonn saol aonchultúrtha, atá saor ó róthionchar na hionracha cultúrtha; ar ghearrscéalta a léiríonn an chros-síolracht, mar a chuir Homi Bhabha in iúl í; agus ar ghearrscéalta a chuireann cumasc chultúir éagsúla na hÉireann in iúl. Breathnófar ar an ionramháil a dhéantar ar aonchultúrthacht shaol traidisiúnta, Gaelach na tuaithe, rud a léirítear trí chur síos a dhéanamh ar an iargúltacht, an nádúr, an iascaireacht, an éaneolaíocht agus go leor gnéithe eile nach iad. Is minic a leithéid sin á léiriú trí phearsana óga réamh-mheánscoile nó trí phearsana críonna. Déanfar plé ar scéalta ina bhfeictear carachtair atá scartha ón saol dúchasach Gaelach sin de bharr na himirce nó an déachais iontu féin, agus atá ag streachailt lena saol nua coimhthíoch. Déanfar iniúchadh ar íochtaráin Phádraic Bhreathnaigh anseo thíos, agus ar an gcoimpléacs ísleachta agus ar choimhlint inmheánach a chuid carachtar sna scéalta seo. Díreofar, ina dhiaidh sin, ar ghné an chumaisc chultúrtha i scéalta an Bhreathnaigh ina sonraítear pearsana éagsúla idirchultúrtha agus iad i ngleic le sochaí shíorathraitheach a linne féin, agus a thugann aghaidh ar na féidearthachtaí agus na dúshláin araon, a bhaineann leis an gcumasc cultúrtha go misniúil, lánmhuiníneach.

⁵³⁸ Gearóid Denvir, 'Nualitriocht na Gaeilge agus an Traidisiún' in *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997), 59. Céadfhoilsíodh an t-alt seo in Seán Ó Mórdha (eag.) *Scríobh 6* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1984), 11-48.

Dar ndóigh, déanfar iniúchadh ar ghearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh tríd an gCaibidil seo, ach tá sé spéisiúil má thugtar sracfhéachaint ar úrscéalta an Bhreathnaigh go bhfeictear pátrún áirithe ag teacht chun cinn. Is é saol traidisiúnta na hÉireann a léirítear san úrscéal *Gróga Cloch*, a leanann scéal an phríomhcharachtair, Mac Dara, a léiríonn tréithe faoi leith na haonchultúrthachta. San úrscéal *As na Cúlacha*, castar ar Réamonn, fear óg a bhfuil taithí aige ar a shaol a chaitheamh idir dhá chultúr, mar atá cultúr tuaithe na Gaeltachta agus cultúr uirbeach Londan, agus é ag dul dian air a áit féin a aimsiú san idirfhearann sin. San úrscéal deireanach ó pheann an Bhreathnaigh, *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*, tugtar léargas ar shaol an-éagsúil arís. Feictear muinín chultúrtha Aoidh, an phríomhphearsa, agus é i ngleic le cultúir Éire na linne seo. Ar an dóigh sin, faightear éachtaint ar speictream an déachais idirchultúrtha in úrscéalta an Bhreathnaigh, ón ógánach aonchultúrtha go dtí an fear a léiríonn muinín agus suaimhneas i dtaca lena áit féin i gcumasc cultúrtha na linne seo.

An Aonchultúrthacht i nGearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh

Pearsa choitianta i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh is ea an t-aonchultúrach a chleachtann saol traidisiúnta na tuaithe. I dtaca leis an léiriú a dhéanann Pádraic Breathnach ar charachtar dá leithéid, d'áitigh Gabriel Rosenstock i réamhrá an leabhair *The March Hare and Other Stories*:

He is, perhaps, most convincing when writing earthily about his own people, a people until recently victims of a terrifying marginalisation, aboriginals in their own homeland, ekeing out a grinding living on next to nothing, dispirited by dole or by drudgery, destined, many of them, for emigration, bachelorhood, spinsterhood, celibacy, a people inhabiting a harsh physical landscape that echoed an emotional landscape, threatened with cultural alienation – at home and abroad – a people with pagan attachment to place, however unbountiful.⁵³⁹

Níl aon amhras ach gur ealaíonta an léargas a thugann Pádraic Breathnach ar charachtair den chineál a dtagraíonn Rosenstock dóibh thuas. Cé nach bhfuil gach uile scéal dá chuid ar an ábhar sin ar aonchaighdeán feabhais, tá scéalta faoi leith díobh seo i measc na scéalta is fearr a scríobh sé. Cruthaíonn Breathnach suímh a thugann carachtair ón ‘harsh physical landscape’ sin chun beochana don léitheoir, mar a fheictear i ngearrscéalta ar nós ‘An tAonach’ (BA), ‘An Maor’ (ÍS), ‘Blúire’ (BP), agus ‘In Earr a Shaoil’ (PS). Déanfar grinnsagadh ar scéalta díobh siúd níos faide anonn sa mhír seo. Dála aon scríbhneora ficsein eile, ní staraí sóisialta Pádraic Breathnach, cé go dtugann sé spléachadh dá léitheoirí ar ghnéithe éagsúla de shaol a mhuintire ina scéalta. Faoi mar a bheifí ag súil leis, tugann sé tosaíocht don

⁵³⁹ Gabriel Rosenstock, ‘Introduction’ in *The March Hare and Other Stories* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1994), 10.

chruthaitheacht liteartha. Rinne Dónall Mac Amhlaigh suntas de chumas seo an Bhreathnaigh scríobh faoi ghnéithe iomadúla den nádúr i léirmheas a scríobh sé:

... tá sé, déarfainn, ar an mbeagán beag ar thig leo scríobh go paiteanta as Gaeilge ar an dtuaithe agus ar ghnéithe iomadúla shaol na tuaithe. Go leor de scríbhneoirí na Gaeltachta féin is beag é a n-eolas ar bhláthanna, ar an choill is ar nithe gaolmhara eile mar sin – an sliabh is an cladach a dtearmann siúd den chuid is mó. Tá Pádraic Breathnach an-chosúil le Tomás Bairéad san mhéid gur léir seanchas na tuaithe – fásra, saol na feirme, eallach, feithidí is mar sin – a bheith go barr bachaill aige.⁵⁴⁰

Gan dabht, déanann Pádraic Breathnach iniúchadh ar ‘a mhuintir féin’ ina chuid gearrscéalta. Na daoine agus an timpeallacht atá aithnidiúil dó is ábhar dá scéalta. Is minic i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh go léirítear an saol aonchultúrtha sin trí mheán an ghasúir bhunscoile nó trí mheán an tseanóra a chaith a shaol sa dúiche. Is éagsúil agus is leathan an ionramháil a dhéanann sé ar na hábhair sin. Tugann an Breathnach féin an cur síos seo a leanas ar an gceantar agus ar na daoine a mhair ann le linn a óige:

Ba thír tuaithe amach is amach an t-am úd í; mórbhunáite na ndaoine ag saothrú a mbeatha ar an talamh. A gcuid fataí féin acu, a gcuid aráin, a gcuid bainne is a gcuid ime, a gcuid glasraí, a gcuid feola – go fiú is a gcuid éadaí féin.⁵⁴¹

Aibhsíonn an Breathnach thíos an claochlú a fheiceann sé i Maigh Cuilinn in imeacht na mblianta:

⁵⁴⁰ Dónall Mac Amhlaigh ‘Céad Leabhar Fiúntach’ in *The Irish Times* 28 Feabhra, 1974, 12.

⁵⁴¹ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc* (Gaillimh, Cló Chonamara, 1986), 7.

Tá deireadh nach mór tagtha le curadóireacht. Tá deireadh ré le fada leis an líon. Is fánach an té a chuireann arbhar de chineál ar bith, garraí fataí nó tornaipí. Maireachtáil chrua ón láimh go dtí an béal a bhí acu. Síorghiotamáil oibre ó dhubh go dubh, ón Luan go dtí an Satharn. Ag brath ar an siopa atá daoine anois. Is é an dearcadh tionsclaíoch atá i réim. Ag obair sna monarchana is ar oibreacha tógála sa bhaile is i nGaillimh atá na daoine.⁵⁴²

Is iad luachanna agus nósmaireachtaí phobal sin a óige i gcoitinne a shonraítear sna scéalta a léiríonn saol traidisiúnta na tuaithe. Tá timpeall céad scéal foilsithe aige a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu leis an dúlra agus le saol na tuaithe. Anuas air sin, is suntasach líon na scéalta a chuir sé faoi bhráid Oireachtas na Gaeilge a raibh ainmneacha cleite tugtha aige a bhaineann leis an nádúr. Baineann os cionn 60% d'ainmneacha cleite na n-iontrálacha leis an dúlra, ar a n-áirítear tagairtí d'éin, 'Eoghainín na nÉan' san áireamh, tagairtí d'ainmhithe éagsúla agus tagairtí don tírdhreach, don timpeallacht agus do chrainn.

I dtaca le saol traidisiúnta na tuaithe, breathnófar thíos ar scéalta de chuid an Bhreathnaigh a bhfuil carachtair óga iontu, carachtair a bhfuil saineolas ar an domhan sin acu. Breathnófar, ina theannta sin, ar scéalta a léiríonn na seandaoine, go háirithe na seanfhir, a bhfuil a saol caite ar an talamh acu, sna sléibhte nó eile, agus atá sona sásta gurbh amhlaidh a chaith siad a saol agus iad anois in earr a ré.

Carachtar coitianta i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh is ea an carachtar óg, de ghnáth is buachaill óg tuaithe a bhíonn i gceist. Aonchultúraigh is ea na pearsana seo

⁵⁴² Ibid.

atá báite i saol traidisiúnta Gaelach na tuaithe, agus a léiríonn luachanna agus nósmaireachtaí na sochaí arbh as dóibh. Tá beagnach caoga scéal foilsithe ag Pádraic Breathnach faoin óige agus faoi thaithí na hóige, idir an páiste réamhscoile, an gasúr bunscoile agus an déagóir meánscoile. Carachtar an-suntasach, mar sin, is ea an carachtar óg ina shaothar. Is i ngearrscéalta den saghas seo agus trí charachtair den chineál seo is mó a fheictear saol na tuaithe i ngearrscéalta an údair seo.

Go hiondúil, feictear níos mó den déachas idirchultúrtha sna hógánaigh níos sine ina chuid gearrscéalta. I scéalta éagsúla ina ndéantar iniúchadh ar thréimhsí difriúla i saol an pháiste, feictear athruithe ar an tslí a mothaíonn na pearsana seo mar gheall ar a ndúchas, an traidisiún Gaelach, saol na tuaithe agus a muintire, a dteanga san áireamh. Beifear ag déanamh plé ar leith ar na scéalta ina bhfeictear na déagóirí meánscoile a fhágann a ndúiche féin le freastal ar mheánscoil chathrach níos faide anonn sa chaibidil seo agus an déachas idirchultúrtha a léirítear tríd na charachtair sin.

Anseo thíos, áfach, is í tuiscint Phádraic Bhreathnaigh ar shaol traidisiúnta na tuaithe agus a chumas é sin a chur in iúl trí scéal an ógánaigh tuaithe a bheidh á iniúchadh. Feictear, tríd an gcuid is fearr de na scéalta sin, an bua atá aige saol traidisiúnta na tuaithe agus an cheantair Ghaeltachta a léiriú go gléineach. Léirítear saol aonchultúrtha sna scéalta seo nach raibh aon róthionchar ag an iolracht chultúrtha riamh air. Mar a luadh thuas, tá nach mór caoga scéal scríofa ag an mBreathnach ar ábhar na hóige. Mothaítear easpa éagsúlachta i gcuid eile de phearsana óga a ghearrscéalta, rud a fhágann gur tíopaí seachas carachtair fhorbartha iomlána iad cuid acu. Le léargas a thabhairt ar réimse faoi leith de speictream an déachais idirchultúrtha, mar atá an aonchultúrthacht, beidh plé á dhéanamh anseo ar chuid bheag

gearrscéalta ar eiseamláirí iad den chineál sin scéil ag Pádraic Breathnach ina léirítear an gasúr aonchultúrtha. I measc na scéalta is fearr a léiríonn an ghné sin de ghearrscéalaíocht an údair, tá ‘An Céideach’ (IDD), ‘An tAonach’ (BA) agus ‘Lá Dána’ (DLD).

Scéal a léiríonn an páiste neamhurchóideach ar bhealach éadrom, saonta ar shlí, is ea an scéal ‘An Céideach’ (IDD), sa chaoi is go léirítear suíomh agus eachtraí ann a thaispeánann dlúthcheangal an pháiste lena dhúchas tuaithe féin. Níl doimhneacht shuaithinseach ag baint leis an scéal áirithe seo ach thairis sin, is scéal é a léiríonn bunghnéithe uilíocha den choinníoll daonna a thrasnaíonn agus a sháraíonn teangacha, limistéir agus cultúir faoi leith. Scéal atá ann a léiríonn an coibhneas daonna idir an gasúr agus seandúine óna cheantar dúchais, agus an spéis a chuireann an gasúr tuaithe seo i ngach a ndéanann comharsa dá chuid, An Céideach. Tugtar léargas áirithe ar ghnéithe de shaol an cheantair tuaithe i lár na haoise seo caite, saol a mbaineann cúrsaí airneáin, an eisimirce agus an tseanbhaitsiléireacht go dlúth leis. Saol aonchultúrtha is ea a léirítear, nach bhfuil aon róthionchar ag aon chultúr iasachta le sonrú ann, go háirithe don ghasúr óg. Is é tarraingt faoi leith an scéil seo ná an t-iontas a léiríonn an gasúr i dtaca le gníomhartha an tseanfhir seo. In aois a óige dó, is ábhar suntais agus is díol iontais aige mionsonraí an turais eipiciúil, ghaisciúil a thugann an Céideach abhaile trí Choill na Caillí is eile. Tá meas mór aige ar shaineolas an Chéidigh ar chúrsaí tuaithe agus ainmhithe i gcoitinne, mar a léirítear sa sliocht thíos:

A bheith in éineacht leis ag trasnú an bhóthair mhóir thoir agus ag casadh isteach strapa Mheait, ag tabhairt a aghaidhe síos ar Choill na Caillí nárbh fheasach riamh cén uair a thioctadh an chailleach, nó a taibhse, nó púca éigin amach aisti.

Ba bhreá leis a bheith ag siúl le hais an Chéidigh le ciumhais na coille taibhsí sin – cé nár ar thaobh na coille dá chomrádaí ba mhaith leis – agus a bheith in éineacht leis ar an mbóithrín dorcha ó thuaidh di nuair a bhí solas na gealaí ag caitheamh a scáilí trí dhorchadas púcúil na sceach, an puiteach salach cré faoina mbróga. B’in gníomh ba mhaith leis. Cé nárbh fheasach é dá n-ionsófaí duine le taibhse, ar leor gunna.⁵⁴³

Laoch dá chuid is ea é, agus is é an léiriú cruinn, cáiréiseach ar an ngné sin de nádúr na hóige agus den choinníoll daonna go réitíonn daoine áirithe le chéile gan aon mhórchúis ar leith leis, is bua don scéal seo.

Scéal eile de chuid an Bhreathnaigh a léiríonn an aonchultúrthacht i measc na n-óg go rímhaith is ea ‘An tAonach’ (BA). Scéal snoite is ea é faoi ghasúr tuaithe agus é ag foghlaim cheird a shinsir agus é ag siúl isteach go dtí an t-aonach i gCathair na Gaillimhe i dteannta a athar agus feirmeoirí eile a cheantair dhúchais. Aonchultúrach óg is ea príomhphearsa an scéil seo, nach bhfuil fíortheamháil déanta aige go fóill le haon chultúr eile taobh amuigh dá cheann dúchasach féin. Tá a nósanna iompair i dtiúin go hiomlán le nósmaireachtaí coitianta an phobail as ar fáisceadh é. Gearrscéal traidisiúnta i stíl an réalachais shóisialta atá ann sa chaoi go bhfuil plota soiléir ann agus go ndírítear ar charachtar amháin, agus a idirghníomhaíochtaí le carachtair eile, agus sa chaoi go n-insítear sraith eachtraí amháin ann.⁵⁴⁴ Tá an insint sa chéad phearsa sa scéal seo arís agus cuirtear le beocht an tsuímh agus le corraitheacht na n-eachtraí don ghasúr leis an stíl ríphearsanta seo. Trí dhíriú ar mhionsonraí, cruthaíonn Pádraic

⁵⁴³ Pádraic Breathnach, ‘An Céideach’ in *Ingne Dearga Dheaideo* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2003), 117.

⁵⁴⁴ René Wellek, *Concepts of Criticism* (New Haven: Yale University Press: 1963), 241.

Breathnach pictiúr gléineach den turas ar fad ó Mhaigh Cuilinn isteach go cathair na Gaillimhe agus go dtí an t-aonach sa deireadh. De bharr dhea-scríbhneoireacht an scéil seo, tig leis an léitheoir ionannú leis an turas a rinne siad, ó na bearnaí sa chlaí agus iarrachtaí an ghasúir na beithígh a cheansú; an bóthar féin, móide na logainmneacha a luaitear ar an mbealach; caint na gcomharsan a raibh an reaire ar a dhícheall ag iarraidh a bheith sáite inti; agus soilse geala na Gaillimhe nuair a fuarthas radharc orthu faoi dheireadh.

Feictear sa scéal seo ceann de mhórsceileanna scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh, mar atá carachtracht láidir, inchreidte, go háirithe nuair is carachtar óg atá ann. Sa scéal snoite seo, déantar iniúchadh ar ghasúr atá ar thairseach shaol na leanbhaíochta agus an tsaoil fhásta. Tá ealaín iontach i simplíocht na hinsinte ann atá i dtiúin le braistint agus le hinniúlacht an pháiste. Tá foirfeacht sa normáltacht agus é ag cur síos ar radharc na cistine go luath ar maidin:

Bhí m'athair ina shuí ag an mbord, a bhricfeasta á ithe aige. Bhí mo mháthair leis an bhfrioctán, mo chuidse air. Bhí sise cosnochta, le cóta os cionn a gúna oíche, ach ní raibh an chistin fuar. Ba léir í éirithe m'fhearacht féin. Ní dheachaigh m'athair sa leaba chor ar bith.⁵⁴⁵

Is é an cumas ealaíonta céanna a léiríonn an Breathnach maidir le hiontas an pháiste ar theacht isteach go Gaillimh don slua agus é ag déanamh iontais de shoilse agus de shiopaí na cathrach:

⁵⁴⁵ Pádraic Breathnach, 'An tAonach' in *Bean Aonair agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo., 194), 72.

Aon chaint a dhéantaí ba bhéic le gamhain é, ach ba mhó m'airdeallsa ar na siopaí ná ar na gamhna, agus ó lár na cathrach ar aghaidh bhí mo shúile ag leathadh orthu: éadaí, gréithe, bréagáin, tithe tábhairne – b'iontach liom iad go léir. Ba mhinic san áit cheana mé, ach ní rabhas ann minic go leor le neamhshuim a dhéanamh. Nuair a bheinn fásta is mé saibhir.⁵⁴⁶

In ainneoin a chuid oibre leis na fir, feictear gur meon an pháiste a thagann chun cinn ann leis an siopa bréagán ar cheann de na hiontais a luann sé. Meon an pháiste atá arís chun tosaigh níos déanaí sa scéal leis an mbuairt a léiríonn sé i leith chíor thuathail pháirc an aonaigh a théann i bhfad thar a réimse inniúlachta agus cleachtais. Trasnú a bhí ann ó shaol na tuaithe go saoltaithí na cathrach, rud nach raibh cur amach ag an mbuachaill air. D'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir an scéal sin agus an chaibidil in úrscéal an Bhreathnaigh, *Gróga Cloch*, ina ndéantar plé ar Mhac Dara ag dul go dtí an t-aonach. Meon an ghasúir ar thairseach shaol an duine fhásta is ea a léirítear san úrscéal, leis. Tá sonraí áirithe mar an gcéanna sa dá insint, cosúil leis an athair ag fanacht ina shuí cois tine an oíche roimh an aonach, leisce an ghasúir éirí nuair ba ghá, meitheal na gcomharsan agus logainmneacha faoi leith á lua. Is fearr a léirítear sceitimíní an pháiste ar an mbealach chun na cathrach agus iontas an pháiste i lár an aonaigh sa scéal 'An tAonach' (BA), áfach. Cé nach sonraítear aois an ghasúir sa scéal sin, samhlaítear go bhfuil sé ábhairín níos óige ná Mac Dara de bharr a chuid aisfhreagairtí ar imeachtaí éagsúla a thiteann amach le linn an scéil, agus ar an dóigh sin, éiríonn níos fearr leis an léiriú a dhéantar ar iontas an pháiste sa scéal sin.

⁵⁴⁶ Ibid., 74.

Iniúchadh den scoth ar aigneolaíocht an pháiste aonchultúrtha is ea a dhéanann Pádraic Breathnach sa ghearrscéal cumasach, dodhearmadta ‘Lá Dána’ (DLD), a bhfuil idir ghreann, ghleoiteacht agus shearbhas ag baint leis. Saol aonchultúrtha, sabháilte a chleachtann sé, a bhfuil saoirse fhairsing ag baint leis. Scéal is ea é faoi ghasúr bunscoile a théann ar scoil gan a chuid obair bhaile toisc nach ndearna sé é an oíche roimhe sin, agus gan a mhála ach an oiread toisc nach bhféadfadh sé é a aimsiú sular ruaigeadh chun na scoile an mhaidin sin é. Mar bharr ar an donas a shamhlaíonn sé, tagann an cigire scoile ar cuairt chun na scoile an lá sin. Insint sa chéad phearsa atá ann a fhoilsíonn smaointe inmheánacha, pearsanta, dorcha ar uairibh, an charachtair óig agus é ag iarraidh an drochshuíomh, dar leis, a láimhseáil. Scoláire drogallach is ea an phríomhphearsa, rud atá soiléir ón gcéad abairt sa scéal.

Ar an ábhar nach ndearna mé mo cheachtanna baile an tráthnóna roimhe sin nó ar maidin ach an oiread níor airigh mé mo mhála scoile ar iarraidh go dtí go dtáinig mé isteach ó mo shúil ribeacha a chur agus é thar am agam cheana a bheith bailithe liom ag an scoil.⁵⁴⁷

Is iontach an charachtracht a dhéantar ar an ngasúr tríd an scéal. Cuireann an reacaireacht sa chéad phearsa go mór leis sin, mar a fheictear sa léargas a thugtar ar an idirphlé idir é féin agus a mháthair nuair a dhéanann sé agóid i gcoinne dul ar scoil an mhaidin sin gan a mhála scoile:

Dúirt mé go mb’ise ba chiontach mo mhála a bheith amú, gur fhágas féin ar an mbord é, agus nach ngabhfainn ar scoil dá cheal, ach chuaigh.⁵⁴⁸

⁵⁴⁷ Pádraic Breathnach, ‘Lá Dána’ in *Na Déithe Luachmhara Deiridh* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo., 1980), 1.

⁵⁴⁸ Ibid.

Ní thugtar le fios cad ba chúis leis an athrú meoin, ach is éifeachtaí nár tugadh toisc go dtagann sé le reacaireacht shoineanta an pháiste.

Is minic, i ngearrscéalta an Bhreathnaigh, go bhfeictear coimhlint in intinn an charachtair ar gá dó dul i ngleic léi. Is é údar na coimhlinte sin, i gcás na príomhphearsan neamhainmnithe seo, ná an neamhionannas idir luachanna agus nósmaireachtaí na sochaí as ar fáisceadh é, agus éilimh acadúla an chórais scolaíochta nach n-oireann dá réimse inniúlachta, dá thaithí saoil nó dá bhraistintí dílse i leith shaol na tuaithe. Ní gasúr acadúil é agus feictear go gléineach tionchar na síorchomparáide lena dheartháir ar scoil air. Is éard a thagann chun solais sa scéal, áfach, ná inniúlachtaí an pháiste i gcomhthéacs a shochaí féin tríd an léiriú a thugtar ar a chumas seilge agus ar a shaineolas ar nósanna imeachta ainmhithe a limistéir féin.⁵⁴⁹ Ní áibhéil a rá go dtagann cor cinniúnach i saol na príomhphearsan nuair a thagann an cigire scoile chomh fada leis á cheistiú agus gur caithréimeach é an páiste sa deireadh toisc gur ceistiúchán ar a shainréimse spéise a bhí ann.

Sáraíonn an scéal ardchumasach, fuaimintiúil seo teorainneacha aoise sa tslí is go bhfeictear ann spiorad an duine dhaonna ag bláthú ós comhair shúile an léitheora. Tá príomhphearsa an scéil neamhainmnithe, rud a chuireann go mór le féith na neamhthábhachta, murab ionann agus a dheartháir a ainmnítear agus a dtugtar ómós dó. Sonraítear ag tús an scéil spiorad lagaithe, éinirtithe an charachtair, bíodh agus é ina ghasúr fós. Mothaítear an neamhthábhacht a bhraitheann sé ann féin, agus an tuairim aige gurb amhlaidh don tsochaí mhór ina leith, murab ionann agus a dheartháir óg, Tadhg, ar peata an mhúinteora é. Ligtear é sin ar fad i ndearmad, áfach, nuair a

⁵⁴⁹ Ibid., 7.

mholtar an príomhphearsa as ucht a shaineolais ar a theanga agus ar a cheantar dúchais féin agus ar fheabhas a thuisceana ar chúrsaí an dúlra ann.

Mar a luadh cheana, is minic gurb iad na seandaoine a mhaireann san iargúltacht, chomh maith leis na gasúir bhunscoile, a thugann beocht don saol aonchultúrtha i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, agus go hiondúil bíonn baint ag an léiriú saineolais ar chúrsaí dúlra, timpeallachta agus tuaithe le héifeacht na scéalta úd. Feictear scothshamplaí den charachtracht áirithe sin sna scéalta ‘Dúchas’ (BP) agus ‘Blúire’ (BA), ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD), ‘An Maor’ (ÍS), ‘In Earr a Shaoil’ (PS), ‘An Céideach’ (IDD) agus ‘Maidhc Eoghain’ (IDD) i measc scéalta eile dá chuid. Déanfar iniúchadh thíos ar na scéalta ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’, ‘An Maor’ agus ‘In Earr a Shaoil’ chun an aonchultúrthacht a léiriú i scéalta a bhfuil carachtair aosta iontu.

Coimhthíos an tseandúine a chónaíonn ina haonar san iargúltacht agus í i ndeireadh a saoil is ábhar don scéal ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD). Is deireadh ré é seo, a léirítear sa scéal le béim ar dhul i léig na seanchomharsanachta de réir mar a théann na seanchomharsana ar shlí na fírinne. Tuigeann príomhphearsa an scéil go bhfuil a ré féin nach mór caite, leis. Léirítear í ag déanamh machnaimh ar an saol atá caite aici ag féachaint amach di ar thalamh a muintire agus brat sneachta ag clúdach an uile ní mórthimpeall Mháire Ní Fhatharta. Mar a pléadh cheana, is iondúil do Phádraic Breathnach an-léargas a thabhairt ar an gcúlghrat nádúrtha ina scéalta tuaithe, agus ní haon eisceacht an scéal seo, mar is léir ón sliocht seo a leanas ina ndéantar cur síos ar an trídheach faoi bhrat sneachta:

Chuile áit is ní cés móite den loch mór, clúdaithe bán. Eanacha, portaigh, athphoill 'gus bruacha an locha go himeall uisce faoi bhrat sa chaoi is nach raibh ann faoin am seo ach dhá dhath: bán 'gus liath-ghlas.⁵⁵⁰

Scéal faoi mhuintir thuaithe atá anseo agus léirítear ann gnéithe den saol sin a mbíodh mórthábhacht ag roinnt leo, cosúil le húinéireacht talún agus leanúnachas ainm teaghlaigh ar an talamh sin ó ghlúin go glúin. Saol traidisiúnta, aonchultúrtha is ea a chleachtann Máire Ní Fhatharta a bhfuil an creideamh Caitliceach agus an phiseog ar chomh-mheá ann, mar ab iondúil do phearsana aonchultúrtha dá cosúlacht i gceantair thuaithe.⁵⁵¹ In ainneoin an tsuaimhnis a bhaineann le radharc an tsneachta, is é an taobh duairc, uaigneach de shaol na tuaithe a léirítear sa scéal seo trí mheán na príomhphearsan, an duine deireanach den ál, atá ag feitheamh ar an mbás chun í a fhuascailt ón bhfuacht agus ón uaigneas. Tá sí ar nós na coinnle a las sí ar son a hanama féin:

A ceann sise ag anró léi i gcónaí. Go snoite, craptha. Gan gus. Thit a buaiceas ar an gclár ach níor chuaigh as. Choinnigh ag fáil beatha ón smuga rite ag a tóin. Ídíodh an smuga ach bhí an lasair ag dó eanga in adhmaid an chláir. Logán beag dubh.⁵⁵²

Ní rófhada ón mbás féin atá sí, má ghéilltear don tagairt phiseogach i dtreo dheireadh an scéil do shúile ag an bhfuinneog ag breathnú isteach ar Mháire,⁵⁵³ iad á bhfeiceáil trí sholas na gcoinnle a las sí an mhaidin sin, ar 'mhaidin cinn an Dá Lá Dhéag'.⁵⁵⁴ De

⁵⁵⁰ Pádraic Breathnach, 'Na Déithe Luachmhara Deiridh' in *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, 59.

⁵⁵¹ Seán Ó Duinn, 'An Chráifeacht Cheilteach' in Mícheál de Mórdha (eag.) *Ceiliúradh an Bhlascaoid 15: Cúrsaí Creidimh ar an mBlascaod* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2013), 115.

⁵⁵² Pádraic Breathnach, 'Na Déithe Luachmhara Deiridh', 66.

⁵⁵³ *Ibid.*, 66-67.

⁵⁵⁴ *Ibid.*, 59.

réir thaighde Colm Keane, chreidtf i gceantair thuaithe ar nós cheantair Mháire go dtagadh duine muinteartha le seanduine ar ais chuige, agus é ar leaba a bháis, le nach mbeadh faitíos air roimh an mbás, agus go ndéanfadh an duine sin é a thionlacan go dtf an saol eile.⁵⁵⁵

Íomhá iontach is ea íomhá sin na súl den chreideamh coitianta, traidisiúnta a mhair i measc chomhphobail thuaithe na hÉireann, fiú agus réabhlóid chultúrtha na glúine óige faoi lánseol, rud a tharla taca an ama chéanna le cur i bhfeidhm athbhreithnithe an Dara Comhairle Vatacánach.⁵⁵⁶ In ainneoin na n-athruithe coitianta agus éacúiméineacha a thit amach ag an am sin, bhí creideamh daoine áirithe fós tógtha leis an bpiseog ar lámh amháin, agus dflis do theagasc na hEaglaise Caitlicí ar an lámh eile, mar a fheictear i gcás Mháire sa scéal ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD). Is cumasc ealaíonta den dá chóras creidimh atá léirithe anseo ag an scríbhneoir.

Scéal is ea ‘An Maor’ (ÍS) a leagann solas ar shaol an tseanduine darb ainm Páidín an Mhaoir a mhaireann leis féin ar a shuaimhneas i gcúlriasc. Tá sé le tuiscint gur taighde teangeolaíoch a thugann ar mhic léinn an scéil taisteal chuige, turas a fhoilsíonn an bharna chultúrtha agus an difríocht idir saoltuiscintí na mac léinn agus an tseanfhir. Ón tír chéanna is ea iad ach is ó shaolta éagsúla ar fad iad. Seanfhear aonchultúrtha is ea é i gcodarsnacht ghlan leis na mic léinn idirchultúrtha, a chleachtann saol éagsúil agus a dhéanann taighde acadúil ar an saol a chleachtann seisean. D’éirigh thar barr leis an mBreathnach anseo an Ghaeilge a aclú agus a chur in oiriúint do mheanma na bpearsan éagsúla seo. Ar thaobh amháin tá Páidín, sléibhteánach, agus ar an taobh eile

⁵⁵⁵ Colm Keane, *Going Home: Irish Stories from the Edge of Death* (Wicklow: Chapel Island Press, 2009), 147-148, 165, 172, 191-193.

⁵⁵⁶ Osclaíodh an Dara Comhairle Vatacánach i mí Dheireadh Fómhair 1962 agus cuireadh i gcrích í i mí na Nollag, 1965.

tá na mic léinn atá díograiseach, spráúil, flosctha tar éis dóibh bualadh lena laoch teanga. Fear cúthail is ea Páidín agus léirítear é sin go snoite agus go caolchúiseach tríd na freagraí gairide, fánacha a thugann sé ar chuid de cheisteanna na mac léinn.⁵⁵⁷

Trí charachtracht an-láidir cruthaítear beophictiúr den idirghníomhaíocht idir na carachtair éagsúla. Cruthaítear carachtair óga inaitheanta anseo a bhfuil mothúcháin agus tnúthán na hócáide seo tar éis an lámh in uachtar a fháil ar aon chúthaileacht a bheadh orthu i ndáil eile. Tugann an comhrá gairid seo thíos an-spléachadh ar mheon na gcarachtar ar fad agus iad díreach tar éis bualadh lena chéile:

Chroitheamar lámha. Ba chrua a bhí a lámh. Agus ba mhór, ar nós sluasaide.

‘Léigh muid fút!’ a dúramar le meangadh.

‘Muise!’ a deir sé. ‘Faoin leidhb seo!’ a deir sé go magúil.

‘Ní leidhb ar bith thú go deimhin!’ a dúramarna.

‘Ó, muise, sea, leibide!’ a deir sé.

‘Tá cáil ort!’ a dúramarna.

‘Ó, ’ dhiabhail!’ ar sé.⁵⁵⁸

Tugtar léargas an-mhacánta ar dhea-rún na mac léinn arís ag deireadh an scéil. Geallann siad go bhfillfidís ar Pháidín arís, agus is dealraitheach gur chreid siad go bhfillfidís, leis, agus ba é an chéad tuairisc eile a chuala siad de Pháidín ná tuairisc a bháis, leis féin i bhfuacht an tsneachta ar an sliabh.⁵⁵⁹

⁵⁵⁷ Pádraic Breathnach, ‘An Maor’ in *Íoslá agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo., 1992), 121.

⁵⁵⁸ Ibid.

⁵⁵⁹ Ibid., 127.

Scéal is ea ‘An Maor’ (ÍS) a aibhsíonn an aonchultúrthacht trí áilleacht agus trí shimplíocht shaol an tsléibhe. Mar is iondúil don Bhreathnach, tá cur síos fuaimintiúil anseo ar shaol na tuaithe, agus ar shaol an tsléibhe ach go háirithe, ar an timpeallacht agus ar an nádúr. Scéal faoi aonchultúrthacht na tuaithe agus na feirmeoireachta bige atá anseo ón mBreathnach. Tá a shaol ar fad caite ag Páidín ar an ngabháltas céanna, agus ba ann a rugadh a athair agus a sheanathair leis. Cosúil le Máire in ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD) is eisean deireadh an áil agus is carachtar é atá go mór i dtiúin lena thimpeallacht, mar is léir sa tagairt thíos agus Páidín ag trácht ar chúram an mhaoir sléibhe:

Nuair atá duine mar atá mise caithfidh sé a bheith ina dhochtúir chomh maith le bheith ina mhaor.⁵⁶⁰

Gearrscéal ar an mbunábhar céanna is ea ‘In Earr a Shaoil’ (PS). An talamh atá mar ábhar lárnach an scéil seo agus bánú na tuaithe a ghabh leis, tráth. Cé gur chaith an phríomhphearsa tréimhse taobh amuigh den cheantar agus é ina fhear óg, roghnaigh sé saol aonchultúrtha a chleachtadh trí fhilleadh ar an mbaile agus trí shaol traidisiúnta na tuaithe a chaitheamh ann. Is iomaí cosúlacht a airítear idir an cur síos a dhéantar ar shaol an tsléibhteánaigh sa ghearrscéal seo agus an cur síos a dhéanann Tomás Ó Criomhthain ar a shaol féin agus ar shaol a chomhOileánach sa saothar *An tOileánach*. Agus féach go dtagraítear go díreach do na Blascaodaigh ag deireadh an ghearrscéil:

Chuala mé ráite é gur dhúirt dream éigin fúthu féin nach mbeadh a leithéidí arís ann, bhoil, is fíor sin fúinne pé scéal é. Má dhéantar cónaí san áit seo arís

⁵⁶⁰ Ibid., 122.

féin ní hiad ár leithéidí a bheas ann. Ní bheidh an Ghaeilge acu mar a bhí sí againne pé ar bith é.⁵⁶¹

Cruthaítear atmaisféar suaimhneach ó thosach an ghearrscéil a chuireann sásamh agus síocháin an tseanfhir in iúl i ndeireadh a shaoil dó. Níl áiféala ar bith air tar éis dó formhór a shaoil a chaitheamh sa cheantar cúng seo. Ina ionad sin is amhlaidh a léirítear a bhród as an dúiche agus a shaineolas uirthi, go háirithe maidir le logainmneacha na mbailte ar fad. Suaimhneas is ea a ghabhann leis an sliocht simplí, éifeachtach seo a leanas:

Seangánach an t-ainm atá ar an mbaile seo. Ó thuaidh uaim tá Gort na gCeapóg, tá Droma Beag, tá Pollach, tá Leitir Uisce, tá Aill na gCat. Ó dheas tá Drománach, tá Seanadh Coillteáin, tá Seanadh Cuileatan, tá Crománach. Tá neart bailte eile thart: Sliogairne, Na Fuideachaí, Log an Tairbh, Lisín na gCaorán, Simléirín, Cluain na Sí, Buaille na Sruthán, Coill na nGrágán, Gleann na Cruaiche. ...

Tá chuile móinteán sa dúiche seo siúlta agam. Tá a fhios agam a thréith. Tá a fhios agam chuile easca is eanach. Tá a fhios agam chuile eagúil. Tá a fhios agam an logán is fearr tuí, is fearr luachair, is fearr easair. Tá a fhios agam cá bhfaighidh duine raitheacha.⁵⁶²

Níl aon mhaoithneachas nó rómánsaíocht ag baint leis an scéal seo, ach é an-réadúil, rud a chuireann le taitneamh an eispéiris léitheoireachta. Ní liostaí fada logainmneacha gan dealramh atá anseo, ach seanfhear ag brath agus ag meas a

⁵⁶¹ Pádraic Breathnach, 'In Earr a Shaoil' in *An Pincín agus Scéalta Eile* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996), 91.

⁵⁶² *Ibid.*, 83-4.

thimpeallachta agus é in earr a shaoil.⁵⁶³ Tá tábhacht ar leith ag logainmneacha Mhaigh Cuilinn agus an cheantair mháguaird i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh trí chéile. Is minic a thagraíonn sé go díreach d'áiteanna faoi leith, go háirithe i dtaca le saol aonchultúrtha na tuaithe. Cuireann na tagairtí sin go mór le réalachas na scéalta úd. Mar atá sonraithe thuas, is iondúil don Bhreathnach cáiréis faoi leith a ghlacadh agus é ag plé le cúrsaí timpeallachta agus nádúir. Ní dhearna sé aon fhaillí sa ghné sin den insint sa scéal seo ach an oiread, rud a fheictear go háirithe sa sliocht seo a leanas, a léiríonn an fear críonna agus é fós ag déanamh iontais de chumhacht an nádúir:

Tá sioc sláintiúil. Is minic a chonaic mé na lochanna sin reoite, clár leac oighre anuas ar chraiceann orthu. Nach aisteach an rud é nach ndéanann sé damáiste ar bith do na bric? Níor chuala mé riamh gur mharaigh sé breac.⁵⁶⁴

Níl sonraithe thuas ach cuid de na gearrscéalta a scríobh Pádraic Breathnach ina bhfeictear an aonchultúrthacht nó scéalta ina bhfeictear carachtair nach raibh aon róthionchar riamh ag aon chultúr iasachta ar a saol féin nó ar shaol a gceantair. Féachfar anois ar ghnéithe sainiúla den aonchultúrthacht i gcás na mban i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. Is spéisiúil an ionramháil a dhéanann an scríbhneoir seo ar a chuid carachtar ban. Go minic, léirítear mná agus iad ar thairseach dhá shaol, an saol traidisiúnta agus na rólanna éagsúla baineann ar dlúthchuid den saol sin iad, agus ar an taobh eile, na mná a bhris amach ón seanmhúnla sin agus ó na rólanna traidisiúnta a leagtaí amach do mhná. Is spéisiúil an léiriú a thugann Pádraic Breathnach ar mheon na gcarachtar ban atá ar thairseach an dá shaol sin.

⁵⁶³ Ibid., 90.

⁵⁶⁴ Ibid., 84.

Tá, mar sin, saol traidisiúnta na mban in Éirinn ar cheann de mhórábhair scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh, agus taobh istigh den ábhar leathan sin, feictear uaigneas agus imeallachas na mná neamhphósta ag teacht chun cinn arís is arís eile ina ghearrscéalta. Sa chuid seo a leanas den chaibidil seo, díreofar ar an léiriú a dhéantar ar mhná i rólanna traidisiúnta, mar léiriú faoi leith ar an aonchultúrthacht i gcás charachtair bhan i ngearrscéalaíocht an Bhreathnaigh. Breathnófar níos faide anonn sa chaibidil ar charachtair mhná a léiríonn gnéithe den chros-síolracht agus den chumasc cultúrtha ina saol laethúil. Tá sé tábhachtach carachtair bhan thraidisiúnta i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh a chomhthéacsú i sochaí na hÉireann ag am a scríofa. Toisc gur minic a scathánaíonn an litríocht luachanna na sochaí inar scríobhadh é, is éard a fhaightear i luathscéalta an Bhreathnaigh a bhfuil carachtar mná lárnach iontu ná léargas ar ról na mban sa tsochaí sin ar scríobh sé futhu. Scríobh Caitlín Uí Anluain faoin ábhar seo i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh:

Ar ndóigh, bíonn íomhá áirithe den duine intuigthe i gcónaí sa litríocht. Sna gearrscéalta luatha, tagann íomhá den bhean chun cinn a d'eascair as an gcomhthéacs cultúir inar mhair an t-údar sna seascaidí agus sna seachtóidí. Dearcadh cúng steireitípeach ar mhná a léiríonn sé, dearcadh a fréamhaíodh ann i sochaí athairlathach a óige, ní nach ionadh.⁵⁶⁵

Ar ndóigh, in ionad na tuairime thuas a léirigh Uí Anluain i leith charachtair bhan an Bhreathnaigh, d'fhéadfaí a áiteamh gur roghnaigh Pádraic Breathnach scríobh faoi charachtair bhan faoi leith i scéalta áirithe. Anuas air sin, is fíor go roghnaíonn

⁵⁶⁵ Caitlín Uí Anluain, 'An Grá Collaí i Saothar Phádraic Bhreathnaigh' in *Comhar* Iml. 55, Uimh. 2, (Feabhra, 1996), 28.

Breathnach go minic rólanna traidisiúnta dá charachtair fhireanna chomh maith. Ar thaobh amháin, is iadsan, idir fhir is mhná, an cineál duine a raibh sé timpeallaithe acu le linn a óige. Ar an taobh eile, feictear carachtair éagsúla ar fad ina chuid scéalta nach mbaineann na rólanna traidisiúnta sin leo a bheag nó a mhór. Cuid d’idirchultúrthacht na linne ab ea na hathruithe de réir a chéile sna rólanna inscne. Saoirse an scríbhneora chruthaithigh atá i gceist anseo, ar ndóigh.

Tá cumas faoi leith ag Pádraic Breathnach coimpléacs ísleachta agus easpa muiníne na mban-charachtar seo a thabhairt chun beochana ina chuid scéalta. Feictear iontu an folús i saol na mban sin a shíleann nach bhfuil an grá nó an pósadh i ndán dóibh. Dearcadh traidisiúnta ar shaol na mban atá le sonrú i meon na mban féin agus i meon na sochaí ina maireann siad, ina bhfeictear comhlíonadh shaol na mban tríd an bpósadh. Is i ngearrscéalta cosúil le ‘I gCoinne Coinne’ (BP), ‘Is Áirid’ (DLD), ‘Duibhe’ (DLD) agus ‘An Chuach’ (ÍS), gan ach cuid díobh a lua, a fheictear carachtair den chineál sin. De bharr nach bhfuil na scéalta sin ar fad ar aonchaighdeán feabhais ó thaobh chúrsaí carachtrachta de socraíodh iniúchadh a dhéanamh ar eiseamláirí den chineál gearrscéil atá bainteach le hábhar anseo.

Pearsa is ea Nóra, sa scéal ‘I gCoinne Coinne’ (BP), nach bhfuil mórán de thionchar an chultúir iasachta le sonrú inti, agus atá teanntaithe ag luachanna agus ag tnútháin na sochaí as ar fáisceadh í. Feictear an aonchultúrthacht i gcás Nóra sna tuiscintí traidisiúnta a léiríonn sí sa tslí go bhfeiceann sí rath ar a saol féin trí fhear a mhealladh chuici agus tríd an bpósadh. Tá comparáid le déanamh idir Bridie, príomhpearsa

ghearrscéal clúiteach William Trevor ‘The Ballroom of Romance’,⁵⁶⁶ agus Nóra in ‘I gCoinne Coinne’ (BP). Foilsíodh an scéal ‘I gCoinne Coinne’ taca an ama chéanna le ‘The Ballroom of Romance’ ag léiriú go raibh an meon aonchultúrtha, traidisiúnta sin fós coitianta mar léiriú ar intinn na mná neamhphósta ó cheantair thuaithe in Éirinn. Tá comparáid le déanamh idir Bridie agus Bríd in ‘An Chuach’ (ÍS) chomh maith, áfach, sa tslí go bhfuil an bheirt bhan chomh héadóchasach, lionndubhach sin go ngéilleann siad do phósadh neamhghrámhar le fir nach bhféadfaidís grá a thabhairt dóibh choíche, ach deis phósta a bheith acu a bhronnfadh stádas éigin sa tsochaí orthu. Ní ionann sin go baileach agus príomhphearsa an scéil ‘I gCoinne Coinne’, a bhfuil éachtaint leochaileach den rómánsachas fós le sonrú inti.

Is minic i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh go bhfeictear an bhean sa scéal i ról tánaisteach, agus i ról traidisiúnta baineann agus is minic na scéalta seo a bheith lonnaithe i gceantair aonchultúrtha thuaithe. I scéalta den saghas sin, cé go bhfuil an bhean lárnach i gcomhthéacs an scéil, ní chuirtear suntas inti, ar bhealach. Léirítear an bhean ghrámhar, idir bhean chéile, mháthair nó sheanmháthair, a chaitheann a cuid ama i mbun chúraimí an tí agus ag freastal ar a fir gaoil, mar a fheictear i scéalta cosúil le ‘An tAonach’ (BA), ‘Na hOibrithe’ (BA), ‘An Scoláire’ (BP) agus ‘Caraíocht’ (AL). I ngearrscéalta eile de chuid an Bhreathnaigh a bhfuil ról tánaisteach ag an máthair iontu, leagtar béim ar fhéith chosanta na máthar, mar a fheictear, mar shampla, sa scéal ‘Óige’ (LF), scéal ina shonraítear áiféala na máthar trí shúile óga an ghasúir go raibh uirthi a mac óg a chur chun scoile lárchathrach, i bhfad óna mbaile ach gar dá hionad oibre. Gearrscéalta níos tromchúisí is ea ‘Tá-Tá’ (AL) agus ‘Piléar’ (ANT), ina

⁵⁶⁶ William Trevor, *The Ballroom of Romance and Other Stories* (New York: Viking Books, 1972) [London: Penguin Books Ltd, 1976. new edition].

léirítear máithreacha ag cosaint a mac leochaileach, goilliúnach ón saol mór, gruama agus ó dhaoine neamhscrupallacha a théann i dtír ar an té atá níos laige ná iad féin.

Is gleoite an léiriú a dhéantar ar ról na máthar sa scéal ‘Lá Dána’ (DLD), scéal a bhfuil plé déanta air cheana sa chaibidil seo. Fadfhulaingt na máthar a bhfuil mac scaipthe, neamheagraithe aici is ea a chuirtear in iúl sa scéal seo. Ról tánaisteach traidisiúnta, fánach ar bhealach amháin, atá ag an máthair sa scéal seo ach feictear, trí insint ghéarchúiseach trí mheán an pháiste, go bhfuil tionchar an-láidir aici ar a clann mar sin féin.⁵⁶⁷ Sa ghearrscéal céanna, feictear ról tánaisteach ag bean eile, mar atá an múinteoir scoile. Tionchar diúltach is ea an tionchar sin i gothúan choimpléacs ísleachta go neamhchomhfhiosach ann agus i gcéim síos an bhuachalla os comhair a chomhdhaltaí.

Is coitianta i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh mná (céile), mar aon le fir agus páistí, á léiriú i rólanna traidisiúnta, aonchultúrtha tuaithe, iad i suímh fheirmeoireachta go minic, mar atá i gceist i ngearrscéalta ar nós ‘Faoi Nollaig’ (BA), ‘Na hOibrithe’ (BA), ‘Cuairt’ (BP), agus i gcás na máthar sa scéal ‘Coimhlint’ (DLD), gan ach cuid díobh a lua.

Is deacair gan ceann a thabhairt d’fhuaimint an chur síos a dhéantar ar an nádúr i dtosach an scéil ‘Faoi Nollaig’ (BA).⁵⁶⁸ Tá am agus áit chuí do gach rud agus do gach neach sa nádúr, agus cóimheá mhín, chaolchúiseach eatarthu ar fad, rud a thagann chun soiléireachta i dtreo dheireadh an scéil. Tá a áit féin ag Con, príomhcharachtar an

⁵⁶⁷ Pádraic Breathnach, ‘Lá Dána’ in *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, 1.

⁵⁶⁸ Pádraic Breathnach, ‘Faoi Nollaig’ in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 166.

scéil, sa chóimheá sin, agus bhí iarmhairtí ann dó nuair nach raibh sé airdeallach a dhóthain ar a chúram. Tá a háit féin ag a bhean freisin, agus is léir gur tánaisteach an áit í féin. Bean is ea í nach n-ainmnítear sa scéal, rud a chuireann go mór lena neamhshuntas. Is mar seo a chuirtear in iúl don léitheoir í:

Bean bheag a bhí inti; ramhar mar bhairille. Bhí a héadan uireasa datha, uireasa dóchais gan é a bheith éadóchasach. Phós sí go hóg. Ghéill sí don saol. Ní raibh aon mhórthnúthán, aon ollmhian ina croí feasta. Bhí cuma na tuirse uirthi de shíor, ach níor staon sí den obair choíche. D'éirigh sí go moch, agus chuaigh a chodladh go deireanach.⁵⁶⁹

Is suntasach an rud é nach í bean Choin an t-aon bhean amháin nach n-ainmnítear sa scéal, cé go n-ainmnítear fir uilig an scéil. Ní ainmnítear bean duine eile de na comharsana, ach an oiread léi. Agus Con Óg agus Colm, mic an phríomhcharachtair, amuigh ag obair sna goirt, tagraítear do chomharsa mná leo ar an dóigh seo a leanas:

Sheasadar ag breathnú uathu ar na cnoic, agus na tithe orthu. D'fhéachadar tigh Mháirtín Mhícíl, agus chonaiceadar bean Mháirtín ag guairdeall lasmuigh den teach: figiúr beag mná.⁵⁷⁰

Is bean den chineál céanna, cúlta neamhshuntasach na clainne, atá le feiceáil sa scéal 'Na hOibrithe' sa chnuasach céanna, *Bean Aonair agus Scéalta Eile*. Arís, maidir leis an mbean neamhainmnithe seo, cuirtear síos uirthi i dtéarmaí nach bhfuil rómhealltach:

Ag dul fad leis an driosúr di choinnigh sí a cloigeann cromtha mar bhean a mbeadh cúthail uirthi breathnú san aghaidh ar dhuine. Ach ba amhlaidh a bhí

⁵⁶⁹ Ibid., 171.

⁵⁷⁰ Ibid., 174.

sí cromshlinneánach ó obair chistine agus ba éasca di a súile a bheith caite ar an talamh.⁵⁷¹

Cé gur tréith choitianta de chuid na gearrscéalaíochta i gcoitinne é gan carachtair a ainmniú, tá sé suntasach sa dá scéal seo ‘Na hOibrithe’ agus ‘Faoi Nollaig’ go bhfágтар na mná céile neamhainmnithe toisc go leagtar béim ar ainmneacha na bpáistí iontu. Gné shuntasach de chuid an scéil ‘Na hOibrithe’ is ea na fir óga a ainmniú agus a gcúraimí éagsúla á ndéanamh acu. Cé gurb ionann go leor de thréithe na n-ógfhear, glaotar as a n-ainm orthu agus iad i mbun a ngnó, ag tabhairt tábhacht faoi leith dóibh araon seachas oibrithe neamhthábhachtacha, anaithnide. Ina ainneoin seo, ní ainmnítear an bhean a bhreathnaíonn ina ndiaidh ó thús deireadh an scéil.

Tá carachtar neamhainmnithe den chineál céanna le feiceáil sa ghearrscéal ‘Coimhlint’ (DLD), ach gurb í an mháthair í sa scéal sin. Feictear dianiarrachtaí na máthar trí shúile náirithe, neamhthuisceanacha an mhic, scoláire meánscoile, agus í ar a dícheall a clann a chothú agus iad a choinneáil ón ngannchuid. Is neamhtharraingteach go leor an cur síos a dhéantar ar an mbean neamhainmnithe seo arís eile:

Éadan gruama tarraingthe a bhí ar a mháthair ina suí go tostach sa chlúid. Í i gcónaí faoi adhastar dar le Éamann, gan dóchas riamh ina gnúis nó ina súile, ach í géillte do thoil Dé. Bhí sé éasca ise a bhualadh.⁵⁷²

⁵⁷¹ Pádraic Breathnach, ‘Na hOibrithe’ in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 86.

⁵⁷² Pádraic Breathnach, ‘Coimhlint’ in *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, 17.

An Chros-Síolracht i nGearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh

Breathnach is representative of a generation of writers in Irish bridging two worlds, sometimes wrestling between two cultures, two versions of what we are.⁵⁷³

Aibhsítear an saol idir dhá chultúr sin i saothar an Bhreathnaigh trí chéile. Mar a d’áitigh Gabriel Rosenstock thuas, is streachailt idir an dá chultúr sin a bhíonn i gceist ar uairibh. Déanfar mionscagadh ar an gcros-síolracht sin ina shaothar sa mhír seo. Ina theannta sin, áfach, is minic a fheictear nach ag streachailt *idir* dhá chultúr a bhíonn pearsana an Bhreathnaigh ach ina ionad sin feictear cumasc muiníneach an *dá* chultúr iontu. Feictear na pearsana sin agus iad i ndiaidh dul i ngleic leis an dá chultúr. Déanfar iniúchadh ar an taobh sin den idirchultúrthacht níos faide anonn sa chaibidil seo chomh maith.

Agus é ag trácht ar chomhthéacs soch-chultúrtha shaothar Phádraic Bhreathnaigh, dhearbhaigh Brian Ó Conchubhair:

Is geall le tír eile Éire na linne seo i gcomparáid le hÉirinn na 1970idí, tráth nár ceadaíodh, de réir dhlí an Stáit, frithghiniúint in Éirinn, athphósadh, irisí le colainneacha nochta i siopaí ná cearta sibhialta do dhaoine aeracha. Tharla an réabhlóid ghnéasach ag deireadh na 1970idí agus braitheadh a thionchar sna 1980idí. Tugadh dúshlán na moráltachta agus dúshlán an traidisiúin.⁵⁷⁴

⁵⁷³ Gabriel Rosenstock, ‘Introduction’ in *The March Hare and Other Stories*, 10.

⁵⁷⁴ Brian Ó Conchubhair, ‘Réamhrá’ in *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014), 13.

Ag an am céanna, léirigh Ó Conchubhair na hathruithe a bhain le saol traidisiúnta na hÉireann ag eascairt as meon sin na saoirse:

Ach ní réabhlóid i gcúrsaí gnéis amháin a thit amach, ach réabhlóid shóisialta a bhain an bonn den ghréasán sóisialta. Cuireadh oideachas ar i bhfad níos mó daoine; d'fhreastail níos mó daoine ar an ollscoil; d'fhás bruachbhailte agus fobhailte; tréigeadh agus bánaíodh an tuath; fágadh an tseanlánúin ar na feirmeacha faoin tuath; théití ar cuairt chucu ó am go chéile; thit an saol traidisiúnta as a chéile; dúnadh scoileanna beaga agus oifigí poist faoin tuath.⁵⁷⁵

Foilsíonn na sleachta thuas an suíomh soch-chultúrtha ina raibh Pádraic Breathnach, mar aon le scríbhneoirí eile, ag scríobh le linn na 1970idí, 1980idí agus fiú amháin le linn na 1990idí agus tionchar na n-imeachtaí sin le sonrú. Tír chros-síolrach, tír idir dhá chultúr a bhí in Éirinn go háirithe idir dheireadh na 1960idí agus blianta tosaigh na mílaoise. É sin ráite, aithníonn Ó Conchubhair nach ‘croiniceoir sóisialta’ Pádraic Breathnach, pointe ar tagraíodh dó níos luaithe sa chaibidil seo.⁵⁷⁶

Is minic a léirítear tréithe na cros-síolrachta a luadh thuas i scéalta ina bhfeictear carachtair faoi leith ag lorg tearmann sealadach i gceantar tuaithe. Tá carachtair na scéalta seo go mór idir dhá chultúr agus idir dhá shaol, idir saol na tuaithe a shantaíonn siad agus saol na cathrach a thugann slí bheatha dóibh. Cuirtear in iúl gur turas gairid éalaithe do na carachtair seo an tréimhse seo a chaitheamh faoin tuath, agus iad ag éalú ó bhrú shaol na cathrach nó an bhaile mhóir go minic, mar shampla sna scéalta ‘An Tráthnóna Seo’ (BA), ‘Buaile Uisce’ (BA), ‘Dúchas’ (BP), ‘An Phicnic’ (AL), ‘Sa

⁵⁷⁵ Ibid., 13-14.

⁵⁷⁶ Ibid., 14.

Mhám’ (ANT), ‘I Sligeachán’ (ANT) agus ‘Maidhc Eoghain’ (IDD). Feictear i scéalta áirithe díobh sin nach bhfuil plota sonrath iontu, nó más ann dó gur plota tanaí é, rud a fhágann tosaíocht ag an léiriú a dhéantar ar áilleacht thimpeallacht na tuaithe. Tá sé sin le sonrú, mar shampla, sna scéalta ‘An Tráthnóna Seo’ (BA), ‘An Phicnic’ (AL), ‘I Sligeachán’ (ANT) agus ‘Maidhc Eoghain’ (IDD).

Scríbhneoir idirchultúrtha is ea Pádraic Breathnach féin, ar suaimhneas dó a chuid tréimhsí féin faoin tuath. Sonraítear sa sliocht seo a leanas an suaimhneas sin agus an t-aoibhneas a bhaineann le seal gairid éalaithe chun na tuaithe, dar leis:

Chaith mé an lá cheana sa bhaile ach ba ag éisteacht leis an gcuach ba mhó a bhí mé. Níorbh é gur shuigh mé fúm ar an bhféar i meirbhe bhreá an lae ag éisteacht léi ach gur éirigh léi an dúiche a líonadh lán lena gairm. Shamhlaigh mé í, a dhá nóta, le *dící-bó*. Bhí an dúiche ar sonnadh lena guth. Bhí an dúiche daite buí le grian agus le flós an tsamhraidh – an t-aiteann, an fearbán, an néalfartach agus lusanna na gcnapán – ach shamhlaigh mé gurbh í an chuach ar a camchuart a bhí á dathú. An tír á bá lena blaoch bog buí.⁵⁷⁷

Feictear an meas céanna seo i gcuid mhaith de na hailt a scríobh Pádraic Breathnach in *Anois* ag deireadh na n-ochtóidí agus ag tús na nóchaidí, ach go háirithe. In alt tuairimíochta eile dár teideal ‘Uaignis’ a foilsíodh in *Anois*, 16 Aibreáin 1989, pléann Pádraic Breathnach an t-aoibhneas agus an suaimhneas a bhaineann le tréimhse a chaitheamh scartha amach ó chomhlúadar daonna agus uathúlacht an tí bhig fhánaigh a fheictear ar na bealaí siúil sin. Scríobh sé, agus é ag tagairt do na tithe sin, ‘Iarsmaí

⁵⁷⁷ Pádraic Breathnach, ‘Uachtair Arda’ in *Anois*, 18 Meitheamh, 1989, 10.

neamhbhriste de sheanchultúr is ea gach uile cheann acu.⁵⁷⁸ agus faoi na cuairteanna a thugann sé ar an gceantar, scríobh sé, ‘Cuireann na cuairteanna seo struchtúr ar mo shaol. Tugann siad brí do mo bheatha. Ba mhaith liom an uain a chur ina beostad.’⁵⁷⁹ In alt tuairimíochta eile de chuid an Bhreathnaigh, ‘Ciaróga agus Deargadaoil’, luann sé an taitneamh a bhaineann leis ‘an ghairbhe choscrach a ghabhann [le Conamara]’.⁵⁸⁰ Is í an tseintimint chéanna a léiríonn sé san alt ‘C’est Fou’.⁵⁸¹ Thairis sin, tá suaimhneas agus muinín chultúrtha an Bhreathnaigh féin ríléir sna hailt sin. Níl rian den choimhlint chultúrtha atá soiléir i gcarachtair áirithe dá chuid le tabhairt faoi deara ann féin nuair a dhéanann sé scagadh ar na sealanna éalaithe seo faoin tuath.

Féachfar thíos ar scéalta a léiríonn suaimhneas agus aoibhneas na tuaithe arna chur in iúl ag carachtair ón taobh amuigh a thagann isteach, nó ag carachtair a fhilleann ar a ndúchas tar éis tréimhse ar shiúl, mar atá le feiceáil sa ghearrscéal ‘An Phicnic’ (AL), a léiríonn carachtar dífhreamhaithe atá sáite idir a dhúil i saol na tuaithe agus éigeantas shaol na cathrach dó. Is léir gur i saol na tuaithe atá spéis Mhuiris agus gur ann atá a chroí, ach gurb é saol na cathrach atá á chaitheamh aige. Seal éalaithe is ea é roimh aghaidh a thabhairt arís ar a shaol féin sa chathair.

Súil eile ar an dúchas atá le sonrú sa ghearrscéal ‘Dúchas’ (BP) le teacht le chéile dhá chultúr. Ar lámh amháin, is amhlaidh go bhfuil Maolíosa Ó Cathailriabhaigh ag iarraidh an dá chultúr a shnaidhmeadh ann féin. Carachtar a léiríonn tréithe na cros-síolracha is ea é sa tslí is nach bhfuil sé go hiomlán ar a chompond lena chultúr féin ar léir gur cultúr na cathrach é. Ar an lámh eile, aonchultúrach is ea Beartla Ó Ceallaigh,

⁵⁷⁸ Pádraic Breathnach, ‘Uaignis’ in *Anois*, Aibreán 16, 1989, 10.

⁵⁷⁹ Ibid.

⁵⁸⁰ Pádraic Breathnach, ‘Ciaróga agus Dearagaoil’ in *Anois*, Aibreán 20-21, 1991, 12.

⁵⁸¹ Pádraic Breathnach, ‘C’est Fou’ in *Anois*, Iúil 23, 1989, 16.

a bhfuil a shaol caite aige sa dúiche chéanna, is cosúil, agus nach ndéanann machnamh róghéar ar cheisteanna dúchais ná féiniúlachta. Déchultúrach is ea é a bhfuil an cultúr cathrach níos treise i bhfad ann, cé go dtugtar le fios nach bhfuil sé an-fhéinfheasach. Fear is ea Maolíosa Ó Cathailriabhaigh atá ag iarraidh an cultúr iasachta a bhrú faoi chois ann féin trí chumarsáid a dhéanamh lena rogha den dá chultúr, mar atá cultúr na Gaeltachta. Cumarsáid léannta leis an gcultúr Gaelach atá ann go príomha, ámh, le go leor dá chuid tagairtí ag teacht ó litríocht na Gaeilge. Ní hé saol na Gaeltachta a dhúchas féin, ach tá sé ar a dhícheall ag cur ina luí air féin agus ar an saol mór gurb ea, mar a fhoilsítear in oscailt an scéil:

Ba dhuine é Maolíosa Ó Cathailriabhaigh den chineál seo duine a théann ar thóir a dhúchais is a chuid fréamhacha i gceantair bhochta in iargúl na hÉireann.⁵⁸²

Is léir ón gcéad abairt sin sa scéal nach uathúil an cuairteoir é Maolíosa Ó Cathailriabhaigh, agus go bhfuil seantaithí ag muintir na dúiche ar a leithéid ag teacht chucu agus an sprioc chéanna acu uilig. Tá rian den tarcaisne le brath sa sliocht thuas a dhéanann aithris ar fhoclaíocht an turasóra chultúrtha. Rómánsachas agus idéalachas is ea a thugann Maolíosa leis ar a thóraíocht. Seanfhear ón gceantar is ea Beartla Ó Ceallaigh nach bhfuil rian den mhaoithneachas céanna ag baint leis, nó rian den déachas ach an oiread. Aonchultúrach neamhchúiseach is ea Beartla Ó Ceallaigh, rud is léir, mar shampla, ón bplé a dhéanann sé ar an teanga leis an bhfear isteach:⁵⁸³

“Cén Ghaeilge a bheadh agat ar ‘spring’?”

“Sílim gur ‘uarán’ a thabharfaidís air.”

⁵⁸² Pádraic Breathnach, ‘Dúchas’ in *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1978), 9.

⁵⁸³ *Ibid.*, 13.

“Ní bheadh ‘f’ agat ann: ‘fuarán’?”

“M’anam b’fhéidir gurb ea, a dheartháirín.”

‘Fuarán’ an téarma a bhí aige féin air agus b’álainn leis go raibh sé dúchasach sa chaint – go fiú’s in éagmais an ‘f’ – i leaba i bhfoclóir a raibh oiread sin téarmaí ann nach gcásfá go deo orthu i ngnáthchaint bheo na ndaoine.⁵⁸⁴

Sa tóir ar shaol a bhain le tréimhse i bhfad siar i stair na hÉireann atá Ó Cathailriabhaigh, cé nach n-aithníonn sé é sin. Iarsmalann bheo atá uaidh i gceann de na ‘ceantair bhochta’ seo, agus é ag iarraidh an déachas atá go smior ann féin a dhíothú, nó ar a laghad é a chur ar ceal ar feadh tréimhse:

Ag fámaireacht thart in aistreáin Chille Ghuala a bhí sé an tráthnóna áirithe seo sa bhFómhar; ag guairdeall a thranglam bóithríní cúnga cama agus néall aoibhnis air faoi bhallaí cloch, faoi roilleoga, faoi chnocáin. Chuir líon fairsing na dtithe ceann tuí agus gainne na n-aeróg teilifíse os a gcionn an-áthas air. Bhí an áit seo mar a d’ordaigh Dia é: ciúnas úr binn ar nós drúchta, aer brae folláin, garranta beaga a raibh bó, gamhain nó asal iontu.⁵⁸⁵

Aislingeacht atá chun tosaigh sa léiriú a dhéantar trí shúile na príomhphearsan seo. Thaitin sé leis nach raibh spás do ghluaisteán ar an mbóithrín. Chuir sé le barántúlacht an eispéiris, dar leis, ach dar ndóigh ba íomhá shamhalta, mhaoithneach a bhí aige den dúiche:

Chuaigh sé ar gcúl an chnoic – isteach i bhfásach – isteach i gcrioslach na sléibhte. B’fhéidir go raibh domhan eile istigh ann: baile fearainn nua!⁵⁸⁶

⁵⁸⁴ Ibid.

⁵⁸⁵ Ibid., 9.

⁵⁸⁶ Ibid.

Tríd an scéal, is léir gur tábhachtaí an ‘bréagdhúchas’ seo do Mhaolíosa ná caighdeán maireachtála na ndaoine ann, agus gur sa tóir ar dhearbhu culturtha dofhaighte a bhí sé. Scriostar aisling Mhaolíosa roimh dheireadh an scéil nuair a thuigeann sé go bhfuil meath mór tagtha ar an nGaeilge sa cheantar le daoine meánaosta, fiú amháin, ag roghnú an Bhéarla mar mheán cumarsáide. I dtreo dheireadh an scéil, feictear éadóchas Mhaolíosa i leith na Gaeilge trí idirphlé a thosaíonn sé le gasúr drogallach de bhunús na háite. Léirítear gur slat tomhais do Mhaolíosa an comhrá seo. Comhartha na sláinte don Ghaeilge a bheadh ann dá bhfreagróidh an gasúr i nGaeilge é, agus comhartha báis don teanga é mura mbeadh an gasúr in ann nó toilteanach Gaeilge a labhairt leis:

“Bhfuil Gaeilge agat?” arsa Maolíosa, ina aice.

Ní bhfuair sé freagra.

“An labhraíonn tú Gaeilge chor ar bith?” arsa Maolíosa arís.

Ní bhfuair sé freagra.

“Do you speak Irish?” ar sé.

“Why should I?” a d’fhreagair an malrach go dána.

Chonaic Maolíosa an t-éadan garbh, glibeanna móra gruaige ag titim go haimhréidh ar a bhaitis.

“Why not?” arsa Maolíosa as a bhuille.

“What good is it?” arsa an malrach go dúshlánach.

Chuir sé chun reatha arís, soir isteach sna conic.⁵⁸⁷

⁵⁸⁷ Ibid., 20.

Tá abairt dheireanach an scéil léirsteanach agus Maolíosa ag breathnú i ndiaidh an ghasúir ‘neamhGhaelaigh’ seo:

D’fhéach Maolíosa soir ina dhiaidh. B’áthas leis ar a laghad ar bith go mba thoir agus nár thiar a bhí a chónaí.⁵⁸⁸

In ainneoin na gcomharthaí ar fad a chonaic sé ar a oilithreacht chultúrtha, coinníonn Maolíosa greim ar an lúidín beag dóchais sin go bhfuil tír tairngire na Gaeilge thiar i gcónaí, mar atá Tír na nÓg sa seanscéal. Murab ionann agus an gearrscéal ‘Dúchas’, feictear cumasc an dá chultúr sa scéal ‘Blúire’ (BP), scéal a ndéanfar plé air níos faide anonn sa chaibidil seo.

Cuirtear aisfhreagairt i gcoinne na n-athruithe sóisialta agus chlaochló na tuaithe traidisiúnta in iúl trí mhéan Cháitín, príomhphearsa an ghearrscéil ‘An Gabháltas’ (IDD). Seanbhean is ea Cáitín atá ar a dícheall ag iarraidh a gabháltas a chosaint ó leathnú na cathrach amach ina treo. Coimhlint ghéar is ea a fheictear idir ise agus na daoine nua isteach, arbh é saol leath-thuaithe leath-uirbeach, le buntáistí an dá ruda, atá uathu. Is spéisiúil an léiriú a dhéantar ar dhéachas na pearsan seo de bharr gur fhás an caidreamh freasúrach leis an gcultúr uirbeach inti mar thoradh ar ghníomhartha seachtracha ar fad. Níor imigh sí féin óna ceantar dúchais, ar cheantar traidisiúnta tuaithe é, ach gurb é an ceantar sin a d’athraigh timpeall uirthi dá hainneoin.

Gné thábhachtach den léiriú ar an gcros-síolracht i scríbhneoireacht an Bhreathnaigh is ea an ionramháil a dhéanann sé ar dhéachas idirchultúrtha an ógánaigh thuaithe agus an fhir óig Ghaeltachta ar theacht in aois dó ina theannta sin. Sa ghné seo dá

⁵⁸⁸ Ibid.

ghearrscéalaíocht aibhsítear gur scríbhneoir é Pádraic Breathnach a thuigeann déachas an ghasúir thuaithe agus Bhreac-Ghaeltachta agus na constaicí a ghabhann le dul i ngleic leis sin. Déanfar plé anseo thíos ar scéalta de chuid an Bhreathnaigh ina bhfeictear carachtair atá scartha amach ón saol dúchasach Gaelach de bharr an déachais iontu féin agus i gcásanna áirithe de bharr na himirce, rud a fhágann gur carachtair iad atá ag streachailt lena saol nua coimhthíoch.

Feictear carachtair den chineál seo sna scéalta ‘An Scoláire’ (BP), ‘Coimhlint’ (DLD) agus ‘An Coileach Feá’ (PS), ar scoláirí iad na príomhcharachtair iontu a thrasnaíonn teorainn an dá chultúr le freastal ar scoil. Léirítear carachtair atá as áit sa tsochaí de bharr na himirce i scéalta ar nós ‘Don Aifreann’ (BA), ‘An Filleadh’ (BA), ‘Seáinín Sheáin’ (BA) agus go pointe áirithe, sa ghearrscéal ‘As Baile’ (BA). Trasnú idir saol na tuaithe agus saol na cathrach atá le feiceáil sna scéalta sin trí chéile. Sna scéalta sin, feictear saol á chaitheamh idir dhá shaol, bíodh saol na cathrach (i Sasana) nó saol na tuaithe Éireannaí i gceist. Tugtar faoi deara gur téama sách coitianta sna cnuasaigh tosaigh, in *Bean Aonair agus Scéalta* (1974) go háirithe, is ea an eisimirce. Ní minic a thagann ceist na heisimirce chun cinn sna cnuasaigh i ndiaidh *An Lánúin agus Scéalta Eile* (1979), rud a fhágann gur fearr an léiriú a dhéantar ar eispéireas na himirce, ar an saol idir dhá thír agus idir dhá shaol, i scéalta luatha an Bhreathnaigh.

Is ábhar é an idirchultúrthacht iarchoilíneach a bhfuil plé cuimsitheach déanta ag Albert Memmi air i gcomhthéacs chóras scolaíochta na Túinéise agus ag Ngũgĩ wa Thiong’o i gcás na Céinia. Tá plé déanta i gCaibidil 1 ar an idirchultúrthacht a eascraíonn as an gcoilíneachas i gcoitinne i sochaí iarchoilíneach, ach anseo breathnófar ar an bplé a dhéantar ar chás an pháiste scoile atá sáite idir dhá chultúr a

thíre agus a thimpeallachta. Ag trácht dó ar shaorántacht na tíre coilínithe, d'áitigh Memmi nach raibh deiseanna oideachais ag formhór na bpáistí coilínithe sa Túinéis agus dóibh siúd a fuair na deiseanna luachmhara sin, ní oideachas bunaithe ar ghaois a dtíre féin a fuair siad ach oideachas bunaithe ar ghaois agus ar stair na máthairthíre.⁵⁸⁹

Dúirt sé:

He knows who Colbert or Cromwell was, but he learns nothing about Khaznadar; he knows about Joan of Arc, but not about El Kahena. Everything seems to have taken place out of his country.⁵⁹⁰

Is é toradh an oideachais mhí-oiriúnaigh seo, dar le Memmi, ná go gcruthaítear déachas buan sa pháiste nach bhfuil ar a chumas aige é a chur de agus é ina dhuine fásta ach an oiread.⁵⁹¹ Tá déachas de shaghas faoi leith le sonrú sna scéalta a luadh thuas de chuid Phádraic Bhreathnaigh a léiríonn cás an pháiste Bhreac-Ghaeltachta a fhreastalaíonn ar scoil Ghalltachta. Cuireann Ngũgĩ Wa Thiong'o in iúl gur bhunaigh an córas oideachais fhoirmeálta an déachas sa ghasúr scoile ina leabhar *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*. Cuireann Ngũgĩ in iúl gur teanga eachtrannach teanga na scoile i gcás na scoláirí óga na Céinia.⁵⁹² Tá cosúltaí áirithe idir an taithí sin a léiríonn Ngũgĩ agus taithí scoláirí óga i scéalta an Bhreathnaigh a luadh thuas.

⁵⁸⁹ Albert Memmi, (Translated by Howard Greenfeld) *The Colonizer and the Colonized* (London: Earthscan, 1990), 170-171.

⁵⁹⁰ Ibid.

⁵⁹¹ Ibid., 172.

⁵⁹² Ngũgĩ wa Thiong'o, 'The Languages of African Literature' in *Decolonizing the Mind: The Politics of Language in African Literature* (Nairobi: East African Education Publishers, 1986), 17.

Is díol suime gur nochtaigh an bheirt scríbhneoirí Pádraic Breathnach agus Ngũgĩ Wa Thiong’o an meon céanna i leith a máthairtheangacha féin. Nuair a fiafraíodh de Phádraic Breathnach tráth cén fáth a scríobhann sé i nGaeilge, d’fhreagair sé:

Bhuel, ’sí is feiliúnaí dom. ’Sí is fearr a réitíonn le mo mheon. Tá an oiread sin grá i mo chroí agamsa don Ghaeilge nach mbeinn beo gan í. Tá mé breá sásta dul sa chre léi más sa chre atá sí ag dul.⁵⁹³

Léirigh Ngũgĩ a mheon féin i leith a theanga dúchais sa leabhar *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*:

I started writing in Gĩkũyũ language in 1977, after seventeen years of involvement in Afro-European literature, in my case Afro-English literature. ... In some academic quarters I have been confronted with the rebuke, ‘Why have you abandoned us?’ It was almost as if, in choosing to write in Gĩkũyũ, I was doing something abnormal. But Gĩkũyũ is my mother tongue! The very fact that what common sense dictates in the literary practice of other cultures is being questioned in an African writer is a measure of how far imperialism has distorted the view of African realities.⁵⁹⁴

Nuair a tháinig sé in aois chuige, bhí ar Phádraic Breathnach féin aghaidh a thabhairt ar an gcathair agus ar chóras oideachais a raibh an Béarla lárnach ann, fiú amháin dá mba ag leibhéal sóisialta é. Ba é an turas céanna ó cheantar tuaithe go dtí an chathair a bhí le déanamh ag carachtair an Bhreathnaigh sna gearrscéalta ‘An Scoláire’ (BP), ‘Coimhlint’ (DLD), ‘An Coileach Feá’ (PS) agus ag Mac Dara ina úrscéal *Gróga*

⁵⁹³ Pádraic Breathnach ‘An Gearrscéalai is a Ghearrscéalta’ in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Má Nuad, An Sagart, 1981), 51.

⁵⁹⁴ Ngũgĩ wa Thiong’o, ‘The Languages of African Literature’, 27-28.

Cloch, carachtair a raibh orthu teorainn an dá chultúr a thrasnú chun meánoideachas a bhaint amach. Gné mhór den déachas seo ab ea an bhéim láidir a leagadh ar dhara teanga an dalta scoile. Pléann Memmi an dátheangachas i gcás an pháiste choilínithe sa Túinéis ina leabhar *The Colonizer and the Colonized*. Tá macalla le feiceáil idir an léargas a thugann Memmi thíos air sin agus cás an ghasúir Ghaeltachta ar gá dó teorainn chultúrtha a thrasnú le freastal ar scoil:

In the colonial context, bilingualism is necessary. It is a condition for all culture, all communication and all progress. But while the colonial bilinguist is saved from being walled in, he suffers a cultural catastrophe which is never completely overcome.

The difference between native language and cultural language is not peculiar to the colonized, but colonial bilingualism cannot be compared to just any linguistic dualism. Possession of two languages is not merely a matter of having two tools, but actually means participation in two physical and cultural realms. Here, the two worlds symbolized and conveyed by the two tongues are in conflict; they are those of the colonizer and the colonized.⁵⁹⁵

Baineann géarchéim an aitheantais agus éiginnteacht féiniúlachta go dlúth le háit agus le coibhneas áite, rud a thagann chun tosaigh i staid iarchoilíneach an duine. Dar le Ashcroft, Griffiths agus Tiffin:

A major feature of post-colonial literatures is the concern with place and displacement. It is here that the special post-colonial crisis of identity comes

⁵⁹⁵ Albert Memmi, (Translated by Howard Greenfeld) *The Colonizer and the Colonized*, 173.

into being; the concern with the development or recovery of an effective identifying relationship between self and place.⁵⁹⁶

Agus faoi mar a chuir Máirín Nic Eoin in iúl:

De réir mar a dhéantar díluacháil ar an gcultúr dúchais, méadaítear ar na deacrachtaí féiniúlachta agus ionannaithe shíceolaíoch. Is éard a tharlaíonn ná go gcuirtear tús le próiseas atá dosheachanta, is cuma cén straitéis – straitéis fhreasúrach fhrithchoilíneach nó straitéis an ghéillte agus an oiriúnaithe – a tharraingíonn an duine coilínithe chuige féin.⁵⁹⁷

Sna scéalta a ndéanfar plé orthu thíos, feictear déagóirí Gaeltachta agus Breac-Ghaeltachta ag iarraidh dul i ngleic leis an déachas idirchultúrtha a pléadh thuas agus iad ag iarraidh teacht ar choibhneas nua lena mbaile dúchais. Scéal a léiríonn déachas idirchultúrtha an ghasúir mheánscoile Bhreac-Ghaeltachta go rímhaith is ea ‘An Scoláire’ (BP). Tá an scéal bunaithe ar eispéireas idirchultúrtha Thomáis, a thaistealaíonn go laethúil ar a rothar ó cheantar tuaithe isteach go dtí an Coláiste Deoiseach sa chathair. Cé gurb é tuairim Ghearóid Denvir nach n-éiríonn leis an scéal, ar an ábhar, dar leis, go dtéann an teannas a chruthaítear agus an t-ógánach ag déanamh ar scoil le linn stoirme amú,⁵⁹⁸ oibríonn an scéal thar barr ag leibhéal eile. Scéal is ea é a dhíríonn ar uaigneas agus ar choimhthíos Thomáis, a mhothaíonn as áit ina mheánscoil nua toisc go mbaineann seisean le cultúr nach ionann é agus cultúr throllach a chomhghleacaithe cathrach. Cruthaíonn an coimhthíos sin déachas

⁵⁹⁶ Bill Ashcroft, Gareth Griffiths & Helen Tiffin *The Empire in Writes Back: Theory and practice in post-colonial literatures* (London / New York: Routledge, 1989), 9.

⁵⁹⁷ Máirín Nic Eoin *Trén bhFearann Breac: An Diláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005), 291.

⁵⁹⁸ Gearóid Denvir, ‘Na hAonaráin’ in *Comhar* Iml. 37, Uimh. 11, (Samhain, 1978), 21.

idirchultúrtha ann. Feictear coimhlint inmheánach Thomáis mar gheall ar an gcóras scolaíochta i gcoitinne, agus a chumas acadúil féin go háirithe, agus coimpléacs ísleachta an déachais idirchultúrtha go tréan sa ghearrscéal seo. Gné d'eispéireas an déachais idirchultúrtha go hidirnáisiúnta is ea é seo, mar atá sonraithe ag Albert Memmi, ina mhórshaothar.⁵⁹⁹

Cuirtear suíomh eacnamaíoch theaghlach agus chomharsanacht Thomáis in iúl don léitheoir ag tús an ghearrscéil agus tuigtear gur mór idir bail a mhuintire féin agus bail a chomhscoláirí, mar a dhealraíonn sé do Thomás ar aon chaoi. Meon an choimpléacs ísleachta atá chun tosaigh tríd an ngearrscéal. De bharr an déachais sin, fágfar Tomás gan aon áit nádúrtha sa saol aige, agus é ag maireachtáil idir dhá dhomhan éagsúla.

Scéalta ar ábhar seo an déachais idirchultúrtha is ea na gearrscéalta 'Coimhlint' (DLD), 'An Coileach Feá' (PS) agus 'An Léasadh' (LF) chomh maith, ach is fearr a éiríonn leis an scéal 'Coimhlint' sa chomhthéacs sin ná ceachtar den dá scéal eile. Is ar ábhar an déagóra idirchultúrtha a scríobhann Pádraic Breathnach freisin ina chéad úrscéal, *Gróga Cloch* agus Mac Dara sna déaga luatha ag freastal, de thoradh scoláireachta, ar mheánscoil chathrach.⁶⁰⁰ Is ionann a thaithí ar scoil agus taithí Thomáis sa ghearrscéal 'An Scoláire' (BP), é as áit agus éagsúil óna chomhghleacaithe uirbeacha.

Scéal is ea 'Coimhlint' (DLD) a léiríonn, arís, meon an stócaigh ar gá dó teorainn chultúrtha a thrasnú le freastal ar mheánscoil chathrach. Murab ionann agus Tomás sa

⁵⁹⁹ Albert Memmi, (Translated by Howard Greenfeld) *The Colonizer and the Colonized*, 183.

⁶⁰⁰ Pádraic Breathnach, *Gróga Cloch* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1990), 183-192.

scéal ‘An Scoláire’ nó Mac Dara san úrscéal *Gróga Cloch*, ógánach is ea Éamann a bhfuil ag éirí go maith leis ar scoil agus tá muinín aige as a chumas acadúil, leis. Tugtar léargas tríd an scéal seo ar an gcoimhlint inmheánach a mhothaíonn an déagóir seo, Éamann, idir a dhúchas féin agus saol an acadaimh agus an t-ardnósachas samhlaíthe a ghabhann leis sin. Ag iarraidh é féin a chruthú sa domhan nua seo atá sé, é neamhspleách ar a thuismitheoirí agus ar a gcineál saoil. Is éard atá uaidh a dhéanamh ná rian na tuaithe a ghlanadh de. Ní réitíonn íomhá sin na tuaithe agus na feirme le híomhá shaol na cathrach agus na meánscoile, nó leis an bplean saoil atá á bheartú aige dó féin. Ní mór, dar leis an ógánach, scarúint iomlán a dhéanamh agus a choinneáil idir an dá shaol, agus é féin a bheith sa bhearna sa lár de shíor, i mbun idirbheartaíochta eatarthu. Ón gcéad alt sa scéal, cuirtear an méid sin in iúl go gléineach don léitheoir. Feictear an dul chun cinn atá déanta cheana aige, dar leis féin, sa mhéid is go bhfuil sé ag briseadh amach ó ghnéithe dá dhúchas:

Faoi seo bhí fleasc aige dá chuid tae, cóta nua agus rothar breá fir. Ba mhór an gar an méid sin féin, a shíl Éamann, seachas buidéal, cóta réchaite a mba le Liam é, agus seanrothar mná gan choscáin.⁶⁰¹

Leanann sé ar aghaidh ag léiriú a náire i leith nósanna a theaghlaigh agus a dhúiche féin.⁶⁰² Tuigeann an léitheoir gur próiseas foghlamtha agus aibíochta de chuid an ógánaigh idirchultúrtha é seo. Neamhaibíocht agus éiginnteacht ann féin maidir lena áit i gceachtar de chultúr na tuaithe nó de chultúr na cathrach a choscann air an dá chultúr a thabhairt le chéile agus a thugann air an scarúint seo a chruthú idir an dá chultúr. Difríocht eile idir an scéal seo agus an scéal ‘An Scoláire’ is ea go nglacann

⁶⁰¹ Pádraic Breathnach, ‘Coimhlint’ in *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, 11.

⁶⁰² Ibid.

a chomhghleacaithe uirbeacha agus a mhúinteoirí le hÉamann, agus mar sin is deacracht phearsanta dá chuid féin an coimpléacs ísleachta i leith a dhúchais. Feictear go gléineach, mar sin, sa scéal seo tréith eile a thug Memmi faoi deara san ógánach coilínithe:

Later, as an adolescent, it is with difficulty that he conceives vaguely, if at all, of the only way out of a disastrous family situation ... revolt. The ring is tightly sealed. Revolt against his father and family is a wholesome act and an indispensable one for self-achievement. It permits him to start his adult life – a new unhappy and happy battle – among other men.⁶⁰³

Teipeann ar Éamann sa deireadh san iarracht réabhlóide sin a dtagraíonn Memmi dó, de bharr áiféala a bheith air ag deireadh an ghearrscéil gur bhris sé amach ón méid a bhí dúchasach dó féin agus nár thug sé deis dá thuismitheoirí a bheith i láthair nuair a bhain sé an corn amach do sháraisteoireacht i gceolchoirm na Nollag ar scoil. Tá tuiscint éigin ag breacadh ann, faoi sin, faoin luach a bhaineann lena dhúchas féin, agus faoi fhiúntas na hiarrachta an dá chultúr a chomhtháthú.⁶⁰⁴

In ainneoin na forbartha seo, áfach, feictear go bhfuil Éamann fós as áit i measc a choda féin ag deireadh an scéil, agus nach bhfuil sé tar éis an dá shaol a shníomh le chéile fós. Teipeann air dul mar a raibh a athair agus a dheartháir agus comhrá fiúntach a dhéanamh leo de bharr náire a bheith air i leith a iompair féin an uair seo. Éad a thagann air i leith an chaidrimh nádúrtha atá ag a athair agus Liam:

⁶⁰³ Albert Memmi, (Translated by Howard Greenfeld) *The Colonizer and the Colonized*, 163.

⁶⁰⁴ Pádraic Breathnach, 'Coimhlint' in *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, 18.

I ngar do bhaile d'aithnigh sé cnagadh an chairrín asail. Nuair a lasadh suas an bóthar le soilse gluaisteáin chonaic sé go mb'iad a athair agus Liam a bhí ann, ualach maidí coille ar bord acu faoi chomhair na Nollag.

Mhoilligh gur lig isteach san iothlainn iad. Bhíodar ag comhrá. Bhí uaidh go cíocrach dul ina bhfianaise ag cúnaimh, ach ba isteach ag an teach a chuaigh sé ina ómós.⁶⁰⁵

Gearrscéal eile a léiríonn déachas idirchultúrtha an ghasúir Ghaeltachta atá ag freastal ar mheánscoil chathrach is ea 'An Coileach Feá' (PS). Gearrscéal an-ghairid is ea é, nach bhfuil ann ach dhá leathanach go leith, ach is gearrscéal é a thugann léargas gléineach ar fhadhb na teanga don ógánach atá ag feidhmiú sa chóras oideachais i dteanga nach í a theanga dhúchais í. Feictear fírinne ráiteas Ngũgĩ wa Thiong'o thíos sa ghearrscéal, ina bhfeictear coimhthíos agus náire saolta an ógánaigh mheánscoile a dteipeann air ag nóiméad na cinniúna a intleacht agus a shaineolas a chur in iúl. Staicín magaidh a dhéantar de de bharr a bhotúin teanga sa seomra ranga. D'áitigh Ngũgĩ, maidir le córais scolaíochta na Céinia:

... any achievement in spoken or written English was highly rewarded; prizes, prestige, applause; the ticket to higher realms. English became the measure of intelligence and ability in the arts, the sciences, and all other branches of learning. English became *the* main determinant of a child's progress up the ladder of formal education. ...⁶⁰⁶

⁶⁰⁵ Pádraic Breathnach, 'Coimhlint' in *Na Déithe Luachmhara Deiridh* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1980), 19.

⁶⁰⁶ Ngũgĩ Wa Thiong'o, *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature* (Nairobi: East African Educational Publishers, 1986), 12.

Sa tslí chéanna, cuireann taithí chéim síos na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh sa scéal ‘An Coileach Feá’ le coimhthíos an ógánaigh seo, ar chomhartha é den déachas. Fághtar imeallaithe, íslithe é nuair a dhéanann sé an botún náireach ‘peasant’ agus ‘pheasant’ a mheascadh sa rang Béarla, mar is léir ó oscailt an scéil.⁶⁰⁷ Méadaítear ar an mbearna idir an phríomhphearsa agus a chomhscoláirí de bharr gur ó chúlra teanga éagsúil iad. In ainneoin shaineolas an ógánaigh ar an dúlra i gcoitinne agus go háirithe ar éanlaithe, de bharr laige sa Bhéarla ann, fághtar é ag ceistiú a chumais acadúil trí chéile. Faoi mar a léiríonn Ngũgĩ thuas, sa seomra ranga idirchultúrtha, iarchoilíneach sin, ba é cumas dalta sa Bhéarla an t-aon chumas a raibh céimíocht ag roinnt leis.

Mar a cuireadh in iúl thuas, i ngearrscéalta ar nós ‘Don Aifreann’ (BA), ‘An Filleadh’ (BA), ‘Seáinín Sheáin’ (BA), ‘A Shean Athair’ (BA) agus ‘As Baile’ (BA), léirítear carachtair a bhfuil an déachas idirchultúrtha go smior iontu agus an choimhlint inmheánach a bhaineann leis sin chomh maith. Carachtair is ea iad seo atá sna fir cheana féin, bíodh is gur fir óga iad, ach a dtéann sé dian orthu fós dul i ngleic leis an déachas idirchultúrtha iontu féin. Is eispéireas é sin a bhfuil taithí ag Breathnach féin air, ar ndóigh, tar éis dó laethanta saoire an tsamhraidh a chaitheamh ag obair i Londain agus é ar an ollscoil. Agus é ag trácht ar choimhthíos an imirceora, d’áitigh sé go raibh ‘daoine a chuaigh ar imirce agus tháinig siad ar ais mar bhí an iomarca cumha orthu.’⁶⁰⁸

I bhformhór na gcásanna thuas is i rith, nó i ndiaidh, tréimhse imirce a thagann an déachas idirchultúrtha sin chun cinn iontu. Tháinig laghdú ar an ngné áirithe sin de scéalaíocht an Bhreathnaigh sna cnuasaigh i ndiaidh *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* (1978), cé go dtagann sé chun cinn arís san úrscéal *As na Cúlacha* (1998).

⁶⁰⁷ Pádraic Breathnach, ‘An Coileach Feá’ in *An Pincín agus Scéalta Eile*, 50.

⁶⁰⁸ Féach Aguisín 3, 53.

Aor éadrom is ea ‘Don Aifreann’ (BA) ina ndéanann Pádraic Breathnach a phríomhcharachtar a aoradh de bharr an athraithe atá tagtha air, nó ar a laghad ar bith, an t-athrú a cheapann sé féin atá tagtha air, de bharr na tréimhse gairide a chaith sé i Sasana. Ó thús an scéil léirítear nach féidir agus nár mhaith le príomhphearsa an scéil caidreamh a chothú lena mhuintir féin; lena theaghlach, lena phobal nó leis na Gaeil, mar a thugann sé ar a chomhthírigh, i gcoitinne. Agus é ag iarraidh idirdhealú a dhéanamh idir é féin agus a mhuintir úsáideann sé an tríú pearsa iolra d’fhorainmneacha réamhfhoclacha agus é ag tagairt dá chine féin, mar a léirítear sa sliocht thíos:

An fuirse ceannan céanna arís! A Mhaighdean nach mbeadh trua agat dóibh?
Na Gaeil bhochta! Ba fhíor ar fad dóibh seo a deir faoi na hÉireannaigh go
mba iad an cine ba mhístuama, ba shoineanta ar domhain!⁶⁰⁹

An deacracht a bhí aige leo an mhaidin áirithe sin ná a ndíograis chun an Aifrinn. Ina leabhar, *Black Skin, White Masks*, pléann Frantz Fanon coincheap an athraithe sin i gcás an duine choilínithe a aistríonn go máthairthír na himpireachta.⁶¹⁰ Tráchtann Fanon ar an athrú sa phatrún teanga a aithnítear san imirceoir agus ar an athrú ina iompar trí chéile agus é i máthairthír na coilíneachta. Áitíonn Fanon go mbíonn imirceoir den chineál seo an-díograiseach i leith chruinneas teanga. Déanann sé hipearheartú ar nósanna teanga dúchasacha a dtuigeann sé iad a bheith lochtach. Iarlais ina thír féin is ea é ansin má fhilleann sé ar a thír dhúchais, dar le Fanon.⁶¹¹ Is go magúil a chaitheann Pádraic Breathnach le carachtar den chineál sin, in ‘Don

⁶⁰⁹ Pádraic Breathnach, ‘Don Aifreann’ in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 123.

⁶¹⁰ Frantz Fanon, *Black Skin, White Masks*, Translated by Charles Lam Markmann, 1952. (London: Pluto Press, 1986), 8.

⁶¹¹ Ibid.

Aifreann' (BA), nuair a chuirtear in iúl nach raibh ann ach tréimhse trí mhí a chaith sé i Sasana. Tá na buntréithe céanna pearsantachta le sonrú i bpríomhphearsa an scéil 'Don Aifreann' agus a shonraítear sa chur síos a dhéanann Fanon ar an té coilínithe a dhéanann gach iarracht a dhúchas a chur de i máthairthír na coilíneachta.

Is truamhéileach cás an fhir óig seo agus é ar a dhícheall ag iarraidh briseadh amach óna dhúchas, ón uile ní Éireannach. Is i gcoinne na hEaglaise Caitlicí, ar bhunchloch na sochaí traidisiúnta in Éirinn í, dar leis, a dhíríonn sé an t-anbhá seo go háirithe,. Siombal den choimhlint inmheánach agus den choimpléacs ísleachta i leith a dhearthár is ea an creideamh, chomh maith. Tríd an scéal, sonraítear reibiliúnaí gan chúis agus reibiliúnaí ar theip air go náireach ina iarracht réabhlóide. Méadaíonn an teip san iarracht réabhlóide sin coimpléacs ísleachta an charachtair, rud a fhágann stráinséartha ina bhaile féin agus i measc a mhuintire féin é.

Cé gur éagsúil an gearrscéal 'Don Aifreann' (BA) agus gearrscéalta eile de chuid an Bhreathnaigh ina ndéantar iniúchadh ar an déachas idirchultúrtha san fhear óg, tá déachas an aisimirceora le sonrú go tréan ann. Scéal eile ina bhfeictear déachas idirchultúrtha an imirceora ar fhilleadh abhaile dó is ea an gearrscéal 'An Filleadh' (BA). Gearrscéal is ea é a bhfuil atmaisféar níos tromchúisí ann ná mar atá in 'Don Aifreann'.

Coimhthíos an deoraí agus an té a bhfuil tromaíocht á déanamh air is ea a mhothaíonn sé ag an bpointe sin, seachas déachas idirchultúrtha. Ní ghlacann sé leis gur imir an cultúr iasachta tionchar ar bith air. Is nuair atá sé ar an traein ar an mbealach abhaile a fhásann tuiscint ann féin ar an déachas atá ann agus é ag smaoineamh ar a raibh sé

ag fágáil ina dhiaidh, agus thairis sin, é ag smaoineamh ar a raibh roimhe sa bhaile in Éirinn. Baineann an tairseachúlacht chéanna leis an turas traenach a thógann Séamas go Holyhead is a bhaineann le turasanna go minic sa litríocht.⁶¹² Ag streachailt san idirshaol atá sé sa sliocht thíos, agus é ar thairseach an dá shaol, ag taisteal idir dhá shaol éagsúla:

Bhí deireadh le cuid amháin dá shaol! Slán beo le scléip, le rancás, le gnéas, le peaca. Bhí taitneamh thar meon aige leis an bpeaca, anois, mar bhí sí ag éalú uaidh go pras. Tuige sa diabhal a raibh sé ag imeacht as Londain? Éalú ab ea? ... Oiread mhór seo de mhacnas an tsaoil á chaitheamh aige ina dhiaidh! Bhí go leor sa chathair nach raibh fáil orthu sa tuath! Áilleacht a bhí tréan folláin. Capaill! Ba! Cearca! Nárbh álainn é an féar glas? An bháisteach ghlan? An t-aer úr? An drúcht maidine?⁶¹³

Ar shoichint Bhaile Átha Cliath dó, is trí shúile iasachta a rinne sé iniúchadh ar phríomhchathair a mháthairthíre:

Fuair Séamas traen i Rae an Iarthair lena bhreith siar. Ghluais sí go mall amach as an gcathair; í crochta os cionn tithe is bóithre ar feadh scaithimh. D'éirigh leis staidéar a dhéanamh ar an gcathair ón ardán seo. Níor chosúil í baileach le Londain. Bhí an chathair seo níos dorcha, a sráideanna níos cúinge. Bhí a foirgintí níos ísle. Thug na comharthaí i nGaeilge coimhthíos éigin dá sráideanna. Thugadar diamhar di ...⁶¹⁴

⁶¹² Pádraic Breathnach, 'An Filleadh' in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 18.

⁶¹³ *Ibid.*, 18-19.

⁶¹⁴ *Ibid.*, 20.

Sonraítear go bhfuil Séamas go mór idir dhá chultúr agus idir dhá shuíomh sóisialta tar éis dó an baile a bhaint amach agus é ag déanamh suntais arís de shuíomh tuaithe is feirme, rud a chuireann sonas agus donas araon ar a chroí.

Scéal a thugann léargas eile ar fad ar dhéachas fir óig i dtír iasachta is ea an scéal ‘Seáinín Sheáin’ ón gcnuasach céanna leis an dá scéal ‘Don Aifreann’ agus ‘An Filleadh’, *Bean Aonair agus Scéalta Eile*. Scéal greannmhar, ar uairibh, is ea ‘Seáinín Sheáin’ faoi imirceoir óg i gcathair Londan agus saol na bhfuíoll aige, de réir dealraimh. Feictear ón tús, áfach, go bhfuil sé dírithe ar idirdhéalú a dhéanamh idir na hÉireannaigh agus na Sasanaigh, agus é sin bunaithe ar íomhánna steiréitipiciúla, neafaiseacha. Tugtar an cur síos seo a leanas ar an Éireannach, dar le Seáinín Sheáin:

Ní bhaineann síodúlacht le hÉireannach. An tÉireannach le síodúlacht, ní Éireannach ar bith é. Níl ann ach piteog d’Éireannach. Tá an tÉireannach garbh, tréan, tarbhánta. Is main leis iomrascáil, scliúchas, tarraingt téide. Is mian leis caint faoi bhroimeanna, faoi thufóga, faoi mhagairlí.⁶¹⁵

I gcodarsnacht lom leis sin, is é seo a leanas íomhá an tSasanaigh atá ag Seáinín Seáin:

Níl sa Sasanach ach gliogar; fear bréige nach spéis leis tada ach gluaisteáin, faiche chóirithe, agus caint faoi ghnéas. Cailíní agus gnéas!⁶¹⁶

Caolaigeantacht an fhir bhig is mó atá le sonrú sa chur síos áibhéalach thuas. Feictear go bhfuil príomhcharachtar an ghearrscéil seo sánnaithe idir dhá ré agus idir dhá áit.

⁶¹⁵ Pádraic Breathnach, ‘Seáinín Sheáin’ in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 51.

⁶¹⁶ Ibid.

Duine neamhspleách, dar leis féin, is ea Seáinín Sheáin agus é ar a dhícheall ag iarraidh na gaid lena dhúchas tuaithe Éireannach a scaoileadh. Ina aineoinn sin, ina intinn istigh is ar a mhuintir in Éirinn, na daoine agus na háiteanna ar fhág sé ina dhiaidh iad, a smaoiníonn sé. Tugtar léargas cuimsitheach ar bhraistint Sheáinín Sheáin i leith a stádais agus a cheannais nua-shealbhaithe, i gcodarsnacht leo siúd thiar ag baile. Tuigtear ag deireadh an scéil, áfach, gur fear tuaithe go smior é agus nach bhfuil aon éalú i ndán dó uaidh sin. Rud amháin a chuireann in iúl nár bhris sé riamh go hiomlán ó nósanna dúchasacha na tuaithe is ea an córas ainmniúcháin dúchasach a gcloíonn sé leis agus é i Londain. ‘Seáinín Sheáin’ is ea a thugann sé air féin fós agus é i Londain.

Tá coimhlint in intinn an charachtair ar gá dó dul i ngleic leis ach teipeann air. Is é is údar don choimhlint sin ná an neamhionannas idir íomhá shaol na tuaithe agus shaol na cathrach atá aige féin. Cuirtear in iúl gur fuascailt dó an t-éalú ón Tamhnach Arbhair, gur breá leis an saol atá bainte amach aige dó féin, ach in aineoinn go gcáineann sé torthúlacht na talún ann agus saol na ndaoine ann, is ann a théann sé i bpríobháideachas a intinne féin:

Ina luí ar a leaba, anois is arís, nó ina shuí ina aonar tráth sosa ag obair, scaoilfeadh sé lena mheabhair siar ar chúrsaí a shaoil, siar ar a bhaile, is ar a óige. Bhuaileadh uaigneas agus dólás an t-am sin é go ceann achairín. Siar i measc na sléibhte, na mílte uaidh, bhí Tamhnach an Arbhair. Bhí sé ar deoraíocht uaidh, óna theach, óna dúchas, óna gharranta. Londain. Talamh Shasana agus an Breataine Bige. An Fharráige. Baile Átha Cliath. Tír na hÉireann. Gaillimh. Amach go Maigh Cuilinn. Ó dheas i dtreo an Spidéil. San áit sin bhí Tamhnach an Arbhair lonnaithe, neadaithe i measc na sléibhte.

Portaigh Chaoich os a éadan amach. Cnoic Liath Litir ar chúl. Tithe
Leamhchoill ar an ard ó dheas. Gort Uí Lochlainn ó thuaidh.⁶¹⁷

Ón gcur síos thuas ar Thamhnach an Arbhair, ámh, ní fhéadfaí a shéanadh go léirítear
mórán ceana dá áit dhúchais. An déachas idirchultúrtha atá le sonrú arís anseo. Don
fhear óg seo atá go mór idir dhá chultúr, measann sé fós stádas níos ísle a bheith ag an
uile rud Éireannach,⁶¹⁸ ach fós is lonnaithe ann atá dea-chuimhní a óige, mar a
shamhlaíonn sé anois iad ar a laghad.

I gcás Sheáinín Sheáin, is mó de thréithe déacha na cros-síolracha, mar a léirigh Homi
Bhabha í, atá ann ná den chumasc cultúrtha, de bharr go bhfuil coimhlint ghéar ann de
shíor idir an dá chultúr. Ní mór dó íslíú céime a thabhairt dá chultúr dúchasach le gur
féidir leis maireachtáil ina measc siúd a bhfuil gráin aige orthu, agus ar a mheasúlacht
agus ar a shíodúlacht ar bhealach eile:

Níorbh fhiú an Tamhnach tada le cois áit neadaíocht a sholáthar do naoisc, do
chrotacha, don lucht fraoigh. Bhí an Tamhnach cnapánach, mórthualánach,
anróiteach. Ní raibh oiread is garraí ann gan cnoc nó fána; gan carraig nó
carraiceán; gan riasc nó luachair. Ní raibh páirc imeartha ann. Ar éigean
ógánach féin ann. An spáid, an corrán, nó an speal! B'ionann fanacht san
Tamhnach agus a bheith ar an déirc.⁶¹⁹

Buailtear le Seáinín Sheáin agus é tar éis deich mbliana a chaitheamh i Londain cheana
féin. Fágtha gan aon bhaile ceart atá sé faoi sin. Níl sé sa bhaile i measc mhuintir na

⁶¹⁷ Ibid., 56.

⁶¹⁸ Is rud é seo a fheictear go coitianta i dteoiricí idirnáisiúnta an déachais iarchoilínigh.

⁶¹⁹ Pádraic Breathnach, 'Seáinín Sheáin' in *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, 56.

cathrach agus is cinnte nach ionann é a thuilleadh agus na daoine a d'fhág sé thiar ina cheantar dúchais Gaeltachta ar Thamhnach an Arbhair. Ardaítear coimhlint nua ann. Tar éis dó deich mbliana a chaitheamh ina rí beag i measc a chairde i Londain, thug an bhean óg sa halla rince léargas agus tuiscint úrnua dó ar a shaol, agus níor ghá ach corrabairt fhánach chun é sin a dhéanamh, mar atá:

“Ná bí ag déanamh leibide dhíot féin”, ar sí.

“Ní ar an bportach atá tú anois, agus ar chuma ar bith, tá tú chomh sean le m'athair”, ar sí go réidh.⁶²⁰

Sna scéalta sin, agus san úrscéal *As na Cúlacha* leis, tugtar léargas ar leith ar chodanna den fhéiniúlacht Ghaeltachta i gcás na nÉireannach seo i Sasana. Mionghrúpa is ea lucht na Gaeltachta sna scéalta sin atá scartha amach go minic ó Éireannaigh eile i Londain, rud a fhágann gur minic gur ‘íochtarán dúbailte’ an fear Gaeltachta i Londain i scéalta Phádraic Bhreathnaigh, agus i scéalta scríbhneoirí eile cosúil le Dónall Mac Amhlaigh, sna sceálta ‘Sweeney’ (*Sweeney agus Scéalta Eile*), ‘Thuas ag Clog Dillon’ (*Beoir Bhaile*) agus ‘Roghanna Speisialta’ (*Beoir Bhaile*), mar shampla. Tá an t-imeallachas céanna le sonrú sa dráma *The Kings of Kilburn High Road* le Jimmy Murphy,⁶²¹ dráma a bhfuil aistriúchán de curtha ar fáil ag Micheál Ó Conghaile faoin teideal *Boicíní Bhóthar Kilburn*,⁶²² agus a bhfuil scannán déanta air, faoin teideal *Kings*.⁶²³ Dráma cumasach is ea é a thugann léargas ar shaol dhream imirceoirí ó Chonamara i Londain.

⁶²⁰ Ibid., 62 agus 63 faoi seach.

⁶²¹ Jimmy Murphy, *The Kings of Kilburn High Road*, léirithe don chéad uair ag Red Kettle Theatre Company, Port Láirge, 2000.

⁶²² Micheál Ó Conghaile, *Go dTaga do Ríocht, Boicíní Bhóthar Kilburn agus Cripil Inis Meáin* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2009).

⁶²³ Tom Collins, *Kings* (High Point Films & TV, 2007).

Feictear tréithe de chuid dhéachas na cros-síolracha i gnuasaigh ghearrscéalaíochta Phádraic Bhreathnaigh trí chéile sa choimpléacs ísleachta idirchultúrtha agus san aicmeachas atá le sonrú go minic iontu, go háirithe i scéalta a bhaineann le hÉirinn óige an Bhreathnaigh féin, roimh réabhlóid shóisialta na 1960idí déanacha agus na 1970idí. Feictear scáthánú Teoiric an Íochtaráin sa choimpléacs ísleachta idirchultúrtha a shonraítear i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. I dtaca le teoiric an iarchoilíneachais, tagraíonn an téarma ‘*subaltern*’ don chosmhuintir atá thíos de bharr chumhacht pholaitiúil a fhágann gan guth polaitiúil nó sóisialta iad. Dar le Jenni Ramone:

... the subaltern includes marginalized social groups such as peasant labourers, rural workers, and working class, peasant, or lower caste women, all of whom share a marginal status and lack political power.⁶²⁴

Baineann teoiric agus ceist an íochtaráin go dlúth le ceist an aitheantais phearsanta mar atá pléite cheana i gCaibidil 1. Ceist a bhfuil staraithe ag díriú go mion uirthi ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda i leith is ea polaitíocht an aitheantais agus de bharr an iniúchaidh sin táthar ó shin ag díriú ar ghrúpaí íochtarán nach raibh guth sóisialta nó polaitiúil acu cheana. Leathnaíodh an staidéar sin sna 1970idí agus sna 1980idí, go háirithe san India le foilsiú *Subaltern Studies*, arna chur in eagar ag Ranajit Guha, a raibh sé de chuspóir ann guth a thabhairt do na haicmí nach raibh guth acu sa tsochaí sin.

Léamh amháin a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an scéal ‘Réamhchuart’ (BP) is ea léamh ina bhfeictear scáthánú ar theoiric an íochtaráin. Íochtarán is ea Coilín de réir

⁶²⁴ Jenni Ramone, *Transitions: Postcolonial Theories* (Hampshire: Palgrave Macmillan, 2011), 146.

shainmhíniú Jenni Ramone thuas.⁶²⁵ Tá dhá ghné de choimpléacs ísleachta Chóilín le sonrú sa scéal. Ar an gcéad dul síos, tá aicmeachas agus dfluacháil an chultúir le brath go tréan ann mar a thagann chun cinn i gcuid mhaith de scéalta Phádraic Bhreathnaigh a bhfuil pearsana idir dhá chultúr iontu. Ní scéal nua é dfluacháil sin an chultúir dhúchais i litríocht na Gaeilge, mar atá aibhsithe ag Máirín Nic Eoin, mar shampla, sa staidéar cuimsitheach a rinne sí ar scéal na maighdine mara, i bhfilíocht Nuala Ní Dhomhnaill go príomha, agus d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil a athinsint féin tugtha ar an scéal céanna ag Micheál Ó Conghaile in *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*⁶²⁶ agus sa ghearrscéal 'Mac Mara'⁶²⁷.

Íochtarán is ea Cóilín taobh istigh dá phósadh féin agus thairis sin, tá coimpléacs ísleachta aige i dtaca leis na cuairteoirí measúla a bhí le teacht ar cuairt, mar atá an dochtúir agus a bhean. Scéal is ea é ina léirítear an caidreamh idir Sorcha agus Cóilín, lanúin phósta ar saolaíodh an chéad pháiste dóibh ar na mallaibh. In ainneoin an ghrinn atá le sonrú trí thosach an scéil, ach go háirithe, is éard atá sa scéal seo ná ábhar dáiríre na mí-úsáide aigneolaíche taobh istigh den phósadh, ach é á chur i láthair an léitheora ar bhealach atá greannmhar ar uairibh.⁶²⁸ Dá bharr seo uile, léirítear easpa féinfhiúntais i gcarachtar Chóilín a shonraítear trína chaidreamh le Sorcha, leis an dochtúir agus lena naíonán nuabheirthe.

Tá ceisteanna an aicmeachais agus na héiginnteachta féiniúlachta lárnach sa ghearrscéal seo agus is tríd an bhforbairt a dhéantar ar an ngné sin a leagtar béim ar dhéachas Chóilín, rud a shonraítear tríd an gcoimpléacs ísleachta atá follasach ann

⁶²⁵ Ibid.

⁶²⁶ Micheál Ó Conghaile, *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2002).

⁶²⁷ Micheál Ó Conghaile, 'Mac Mara' in *Diabhlaíocht Dé* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2015).

⁶²⁸ Pádraic Breathnach, 'Réamhchuart' in *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, 70.

maidir le cúrsaí teanga. Is ionann an Béarla dó agus teanga na n-uaisle, na cumhachta, an údaráis agus an oideachais, rud a fhágann, ina intinn féin, an Ghaeilge mar theanga na ngort agus an chladaigh, teanga an fhir bhig.⁶²⁹ Pléann Steve Coleman feiniméan na hidé-eolaíochta teanga i gcomhthéacsanna sóisialta cainte éagsúla. Áitíonn sé, ‘Feictear go gcloíonn cuid den aicme íseal le nósanna cainte atá faoi dhrochmheas sa phobal i gcoitinne ... Go hiondúil bíonn an idé-eolaíocht teanga go mór i gceist mar mhíniú ar dhifríochtaí sóisialta ...’⁶³⁰ I gcás Chóilín, is eisean é féin a dhéanann díluacháil ar a nósanna teanga féin, é ag teilgean bhunús a choimhleács ísleachta féin ar a aíonna.

Tá díluacháil an chultúir dhúchais le sonrú go minic i gcás déachais idirchultúrtha. Tagraíonn Albert Memmi agus Ngũgĩ Wa Thiong’o araon d’isliú céime na teanga dúchasaí sa té a bhfuil an déachas coilíneach/iarchoilíneach go smior ann agus don ardú céimíochta sóisialta a shamhlaíonn sé le hardcaighdeán a bhaint amach i dteanga daoine a cheapann siad iad a bheith ag leibhéal níos airde go sóisialta ná iad féin, mar atá pléite i gCaibidil 1.⁶³¹ Déanann Máirín Nic Eoin scagadh ar an gceist chéanna ina mórshaothar *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. Áitíonn sí:

De réir mar a dhéantar díluacháil ar an gcultúr dúchais, méadaítear ar na deacrachtaí féiniúlachta agus ionannaithe shíceolaíoch. Is éard a tharlaíonn ná go gcuirtear tús le próiseas inmheánach claochlaithe, próiseas atá dosheachanta, is cuma cén straitéis – straitéis fhreasúrach fhrithchoilíneach nó

⁶²⁹ Ibid., 70-71.

⁶³⁰ Steve Coleman, ‘Pobail Urlabhra’ in Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012), 5.

⁶³¹ Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized*.

Ngũgĩ Wa Thiong’o, *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*.

straitéis an ghéillte agus an oiriúnaithe – a tharraingíonn an duine coilínithe chuige féin.⁶³²

Tá déachas agus coimhlint inmheánach, a shamhlaítear leis an gcros-síolracht, ar bhonn aicme agus/nó teanga le sonrú i líon suntasach gearrscéalta de chuid Phádraic Bhreathnaigh. Sa ghearrscéal ‘Cuairt’ (BP), mar shampla, feictear éagsúlacht mhór idir cleachtais agus nósmaireachtaí an dá theaghlach. Sonraítear na bearnaí tuisceana idir an chlann tuaithe, fheirmeoireachta agus an lánúin phroifisiúnta, chathrach. Cé go bhfuil Séamas beag beann ar ‘a dhrochghramadach agus ar a chanúint thútach’⁶³³ is iad na cuairteoirí measúla a thugann suntas dá theanga easnamhach, dá mhuíochas. Ar an lámh eile, feictear bean Shéamais, Cáit, ar a dícheall ag iarraidh imprisean dearfach, stuama, inleachtúil a dhéanamh os comhair na ndaoine uaisle agus comhrá feiliúnach dá n-intleacht, mar a shamhlaigh sí, a choinneáil leo, fad atá an Búrcach ag iarraidh labhairt leo ag leibhéal a óstach.⁶³⁴ Aibhsíonn an scéal ‘Ón Tuath’ (LF), scéal a bhfuil plé déanta air i gCaibidil 3, carachtar díláithrithe i suíomh cathrach. Déanann an príomhcharachtar beag is fiú dá chultúr agus dá theanga féin i láthair oibrithe na cathrach. Ní bhaineann an díluacháil le haicmeachas i gcás an charachtair seo ach le cúrsaí teanga, canúna agus cúlra. Tá ionracas lom, géar ag baint le coimpléacs ísleachta an phríomhcharachtair agus é i suíomh uirbeach, i bhfad óna réimse tuisceana agus taithí.⁶³⁵

I gcomhthéacs an phlé ar dhíluacháil an chultúir dhúchais, is fiú tagairt a dhéanamh arís do chuid d’ógánaigh ghearrscéalta an Bhreathnaigh. Gné lárnach de

⁶³² Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*, 291.

⁶³³ Pádraic Breathnach, ‘Cuairt’ in *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, 33.

⁶³⁴ *Ibid.*, 34.

⁶³⁵ Pádraic Breathnach, *Lilí agus Fraoch* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo, 1983).

mhífheidhmiúlacht na gcarachtar seo trí chéile is ea an meon diúltach a léiríonn siad i leith a dteanga agus a gcultúr dúchais féin. Tá lárnacht an duine neamhthábhachtaigh le brath go tréan i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh ar frithlaochra nó neamhlaochra iad an-chuid dá charachtair, mar atá le sonrú i scéalta ar nós ‘Coileach Feá’ (PS), ‘Lá Dána’ (DLD), ‘An Scoláire’ (BP) agus ‘Coimhlint’ (DLD), gan ach cuid an bheagáin a lua.

Tugtar léargas sa scéal ‘Lá Dána’ (DLD) ar intinn an charachtair óig agus é i ngleic le cuairt an chigire scoile. Léamh amháin a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an scéal is ea go dtagann coimpléacs ísleachta an ghasúir chun soiléireachta nuair a shroicheadh sé an scoil an mhaidin sin, é déanach agus a mhála scoile in easnamh air. Léiríonn a ghnátháit sa seomra ranga an easpa féinfhiúntais agus féinmhuiníne ann. Ba é an áit ab ísle céim é, ‘an suíochán cúil cois bhalla’.⁶³⁶ Cuireann an gasúr an t-aguisín ‘an tionad ba chúlráidí sa seomra’ lena chur síos, fiú amháin.⁶³⁷ Is léir nach bhfuil meas an-mhór ag an bpríomhphearsa óg air féin, ar a oidhreacht agus ar a shaíocht, á mheas féin ina ionad sin de réir théarmaí agus shlata tomhais an chórais oideachais oifigiúil. Tuigtear dó, tar éis an eachtra sin, gur luachmhar a theanga, a shaíocht agus a dhúchas féin, rud a ligeann dó cultúir éagsúla a bheatha a thabhairt le chéile. Feictear an t-aicmeachas agus an phríomhphearsa sceimhlithe roimh cheistiúchán an chigire. Cúngaíonn an cigire an bhearna aicme sin nuair a léiríonn sé ómós agus spéis sa teanga agus nuair a mholann sé a shaíocht shaibhir. Cuireann sé an síol go bhfuil ardú céime agus aicme inrochtana, agus leis sin cuireann ar chumas an ghasúir an dá chultúr a thabhairt le chéile.

⁶³⁶ Pádraic Breathnach, ‘Lá Dána’ in *Na Déithe Luachmhara Deiridh*, 3.

⁶³⁷ Ibid.

Eiseamláir den díluacháil cultúrtha is teanga, den choimpléacs ísleachta agus den aicmeachas is ea an gearrscéal ‘An Coileach Feá’ (PS), scéal a pléadh ó chianaibh. Déanann Pádraic Breathnach léiriú ealaíonta, cumasach ar mhearbhall intinne an duine a bhfuil a dhomhan féin tar éis teip air. Cúrsaí teanga is bunús leis an teip sin nuair a mheascann sé an dá fhocal ‘peasant’ agus ‘pheasant’ sa Bhéarla, teanga fhoghlamtha an ghasúir. Nochtar carachtar a bhfuil a intinn dírithe ar an teip agus ar an náire agus an tslí ar lig a dhúchas féin síos é ag am na cinniúna go háirithe de bharr go dtugtar le fios gur mór an rud é dó dul sa seans agus a lámh a chur in airde ag am ceistiúcháin. Murab ionann agus an scéal ‘Lá Dána’, ní cónascadh an dá chultúir atá i ndán don ógánach seo ag deireadh an scéil ach treisiú agus doimhniú ar an déachas a mhothaigh sé go dtí sin. Is beag an cúiteamh dó gur botún cló sa leabhar ba chionsiocair leis an eachtra ar fad. Cúrsaí teanga arís is cúis le coimpléacs ísleachta agus le haicmeachas i gcás ógánaigh eile i ngearrscéalta an Bhreathnaigh, mar a fheictear sa scéal ‘An Scoláire’ (BP). I gcás an scéil sin, ámh, is iad an Ghréigis agus an Laidin is cúis leis an easpa féinmheasa a léiríonn Tomás. Coimpléacs ísleachta ar bhonn aicmeachais agus dhíluacháil an chultúir dhúchais atá i gceist sa scéal ‘Coimhlint’ (DLD) leis. Trí imeachtaí an scéil seo, feictear gur mó chun coimhthís a théann sé sa dá shaol trína dhúchas féin a shéanadh.

Is an-spéisiúil an léiriú atá déanta ag Pádraic Breathnach ar mhná a bhfuil tréithe na cros-síolrachta le sonrú iontu thar thréimhse leathchéad bliain dó i mbun pinn. Tréimhse is ea é ina bhfacthas athrú as cuimse ar ról na mban sa bhaile agus sa tsochaí, í ar cheann de na tréimhsí is tábhachtaí riamh ó thaobh chearta agus chomhionannas na mban de in Éirinn. Tá ilghnéitheacht na tréimhse agus na n-athruithe sin aibhsithe

agus gafa ag Pádraic Breathnach ina chuid gearrscéalaíochta. Faoin am a tuairiscíodh scéal tragóideach Ann Lovett i gContae Longfort, nó a tháinig Cás Leanaí Chiarraí chun cinn sna meáin sa bhliain 1984, scannail a chroith an meon cúngaigeanta a bhí ag cuid mhaith de mhuintir na hÉireann,⁶³⁸ bhí cúig chnuasach gearrscéalta scríofa agus foilsithe ag Pádraic Breathnach. Is sna cnuasaigh sin atá gearrscéalta ar nós ‘Bainis’ (BA), ‘Mórdháil’ (BP), ‘Spallaíocht’ (AL), ‘Mná Tí Bruachbhailte’ (AL), ‘Arraingeacha’ (AL), ‘An Lánúin’ (AL), ‘Místaid’ (AL), ‘Danóib’ (DLD) agus ‘Míthoisc’ (LF) le léamh iontu. I gcomhthéacs na n-imeachtaí thuasluaite agus go leor d’imeachtaí le linn thréimhse an chlaochlaithe ó na 1960idí go dtí 2005, ní foláir a áiteamh gur fháiltigh Pádraic Breathnach go mór roimh na hathruithe sin, rud atá soiléir sa dearcadh a léirigh sé i leith na mban ar scríobh sé fúthu, go háirithe iadsan a bhris rialacha sóisialta an ama, rialacha a raibh glacadh forleathan leo. Tugann Siobhán Kilfeather ‘the “double colonisation” of Irish women’ ar staid smachtaithe na mban ag an am.⁶³⁹

Ó bunaíodh bunreacht na hÉireann sa bhliain 1937, is beag leasú a reachtáladh i gcúrsaí clainne go dtí na 1970idí. Chonacthas athbhorradh arís faoi ghluaiseachtaí éagsúla a d’éiligh cearta na mban sna 1960idí déanacha agus sna 1970idí in Éirinn agus a lorg athruithe sóisialta i dtaca le cúrsaí teaghlaigh agus comhionannas inscne i gcúrsaí oibre.⁶⁴⁰ Tá scáthánú ar ghnéithe den fheiniméan sin le feiceáil i ngearrscéalaíocht an Bhreathnaigh leis. Ba sa bhliain 1973, bliain sular foilsíodh *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, a ardaíodh an cosc ar mhná pósta a bheith ag obair san earnáil

⁶³⁸ Diarmaid Ferriter, *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland* (London: Profile Books Ltd, 2009), 523-530.

⁶³⁹ Siobhán Kilfeather, ‘Irish Feminism’ in Joe Cleary and Claire Connolly (eds) *The Cambridge Companion to Modern Irish Culture* (Cambridge: Cambridge University Press, 2005), 112.

⁶⁴⁰ Linda Connolly, *The Irish Women’s Movement: From Revolution to Devolution* (Hamshire and New York: Palgrave, 2002), 89.

phoiblí. Tugann Share *et al* léargas thíos ar na hathruithe a thit amach ó thaobh oibreachas na mban de, a réimníonn an tréimhse ó 1971 go dtí 2006, bliain i ndiaidh fhoilsiú chnuasach deireanach an staidéir seo, *Ingne Dearga Dheaideo*.

The period from 1951 to 1991 saw a seven-fold increase in the number of married women in the paid workforce. ... The majority of mothers now work outside the home (CSO, 2006). So marked has been the shift of women into the labour market that sociologists in Ireland and elsewhere now talk about the ‘feminisation’ of the workforce: 90 per cent of the increase in employment in the EU since 1971 has been in women’s employment, particularly in the burgeoning service sector.⁶⁴¹

Is minic mná á léiriú trí shúile fir i gnuasaigh éagsúla Phádraic Bhreathnaigh, faoi mar atá pléite ag Aisling Ní Dhonnchadha,⁶⁴² ach sna scéalta sin ina gcloistear guth na mná, tá an-éagsúlacht le sonrú san aibhsiú a dheánann sé ar mheon na sochaí patrarcáí. I scéalta áirithe dá chuid, faoi mar atá pléite cheana, go háirithe sna cnuasaigh luatha nuair a bhí an tsochaí phatrarcach fós i réim go tréan, tugtar léargas ar mhná na sochaí sin, mar shampla sna scéalta ‘Bean Aonair’ (BA), ‘I gCoinne Coinne’ (BP), ‘Mná Tí Bruachbhailte’ (AL), agus fiú amháin sa léiriú a dhéantar ar mhná ar carachtair thánaisteacha iad i scéalta ar nós ‘An tAonach’ (BA), ‘Na hOibrithe’ (BA), ‘Caraíocht’ (AL). Is léargas an-éagsúil, ámh, an léargas tuisceanach ar an meon baineann a thugann sé maidir le Siofra sa scéal ‘Místaid’, ón tríú cnuasach *An Lánúin agus Scéalta Eile*, cnuasach a foilsíodh sa bhliain 1979, nó an léargas a thugann sé ar mheon liobrálaithe na mban i scéalta ar nós ‘An Lánúin’ (AL) nó ‘Bean Aduain’ (DLD).

⁶⁴¹ Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland* (Third Ed.), (Dublin: Gill & MacMillan, 2007), 262.

⁶⁴² Aisling Ní Dhonnchadha, ‘Pádraic Breathnach agus a chuid Gearrscéalta’ in *Comhar* Iml. 43, Uimh. 8, Nualitríocht le Blianta Beaga Anuas (Lúnasa, 1984), 38.

Carachtair mhná is ea iad atá gafa i ngaiste na n-athruithe sóisialta agus/nó atá ag dul i ngleic lena saoirse nua-éilithe. Cé go bhféadfaí a áiteamh go bhfilleann sé ar léargas a thabhairt ar an meon patrarcach sin sa scéal ‘Duibhe’ (DLD), mar shampla, d’fhéadfaí a áiteamh leis gur léargas ar an tsochaí mar a chonaic sé féin é a thug sé seachas iarracht ar chéim síos na mban. Maidir leis an scéal ‘An Chuach’, cé gur foilsíodh é sa chnuasach *Íosla agus Scéalta Eile* sa bhliain 1992, is léir i sonraí an scéil go bhfuil sé fréamhaithe i ré áirithe in Éirinn a bhí caite cheana féin.

I dtaca leis an éagsúlacht idir na léirmheasanna a scríobhadh ar shaothar an Bhreathnaigh sna 1970idí agus an léirmheas a thug Caitlín Uí Anluain ina halt ‘An Grá Collaí i Saothar Phádraic Bhreathnaigh’ sa bhliain 1996,⁶⁴³ d’áitigh Brian Ó Conchubhair:

Má samhlaíodh é mar údar contúirteach ag bagairt leas spioradálta na tíre i 1978, samhlaíodh é mar údar patrarcach i 1996 ag imirt ansmachta ar mhná.⁶⁴⁴

Feictear comharthaí sóirt na cros-síolracha, cosúil leis an gcoimhlint inmheánach agus an coimpléacs ísleachta, go minic sna mná i ngearrscéalta an Bhreathnaigh atá ag maireachtáil idir sochaí choimeádach, thraidisiúnta na hÉireann agus sochaí nua-aoiseach, fhuascailte. Feictear sna scéalta seo mná ag dul i ngleic le hathruithe sóisialta a d’fhág líon níos mó daoine gan phósadh,⁶⁴⁵ agus lena stádas i ré nua shaoirse na mban. Tá, ina measc úd, iadsan a chuireann fáilte roimh an tsaoirse mar a shonraítear in ‘Spallaíocht’ (AL), ‘Mórdháil’ (BP), ‘Mná Tí Bruachbhailte’ (AL), ‘Bean Aduain’ (DLD), ‘Míthoise’ (LF) agus ‘An Rós’ (PS); agus mná eile nach bhfáiltíonn go

⁶⁴³ Caitlín Uí Anluain, ‘An Grá Collaí i Saothar Phádraic Bhreathnaigh’.

⁶⁴⁴ Pádraic Breathnach, *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta*, 25.

⁶⁴⁵ Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland*, 258.

hiomlán roimh aois an neamhspléachais mar atá le feiceáil in ‘Bean Aonair’ (BA), ‘I gCoinne Coinne’ (BP), ‘Is Áirid’ (DLD) agus ‘An Gabháltas’ (IDD). Sonraítear mná nach raibh sásta a saol a chaitheamh de réir nósanna traidisiúnta agus a d’éalaigh ón saol sin, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, mar a fheictear in, ‘An Lánúin’ (AL), ‘Danóib’ (DLD), ‘An Bhean Óg-Ghuagach’ (ÍS) agus ‘Anam Mná’ (IDD); agus ar an láimh eile, feictear mná a raibh orthu bailiú leo nó géilleadh do nósmaireachtaí an tsaoil sin, fiú in aois na saoirse, mar atá le feiceáil in ‘Místáid’ (AL), ‘Bainis’ (BA) ‘Arraingeacha’ (AL), ‘Malheur’ (PS) agus ‘Maidhc Eoghain’ (IDD).

Tá an scéal ‘Bean Aonair’ ar cheann de na gearrscéalta aigheolaíochta is suaithinsí atá tagtha ó pheann an Bhreathnaigh. Géariniúchadh ar intinn na mná suaite atá sa scéal. Tá ualach a cuid banúlachta neamhchomhlíonta ag luí go treán ar intinn Shiobhán agus í ag súil go saorófaí í as móruaigneas a saoil faoi láthair tríd an bpósadh. Foilsítear aighe Shiobhán sa ghearrscéal le guth atá i dtiúin lena pearsantacht. Tá acmhainní uile a hintinne cruinnithe ar a cás aonaránach féin sa tslí is gurb é aonsmaoineamh Shiobhán ná an chlann nach bhfuil aici agus nach dócha go mbeidh anois. Is carachtar í Shiobhán atá go mór idir dhá ré agus idir dhá intinn, agus í ag streachailt lena háit féin, mar bhean shingil neamhspléach, a aimsiú. Tagann an choimhlint inmheánach inti chun tosaigh nuair a dhéantar iniúchadh ar a dearcadh ina leith féin sa tsochaí ina maireann sí. In ainneoin a bhfuil bainte amach aici mar bhean aonair, ní féidir léi uailmhian agus brionglóid an ghrá agus na clainne a chaitheamh uaithi agus géilleadh do nósmaireachtaí comhaimseartha a linne a shaorann mná ó dhualgas sóisialta an phósta. Tá sí go mór faoi smacht ag an dearcadh traidisiúnta go bhfuil teipthe ar an mbean nach bpósann. Is iad luachanna an phobail phatrarcaigh i gcoitinne a léirítear

sa scéal seo agus géilleadh na mná áirithe seo dóibh mar luachanna idéalacha a saoil féin.

I scéalta eile leis an mBreathnach, insítear scéal na mná nár athraigh an tsochaí tapaidh go leor di agus a thit idir dhá cheann na meá, idir sochaí thraidisiúnta na hÉireann agus an tsochaí chomhaimseartha. Feictear na mná idirchultúrtha seo ag teitheadh ón tsochaí ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ag tagairt don tsochaí Éireannach chomh déanach leis na 1980idí, d'áitigh Diarmaid Ferriter ‘‘sexually transgressive’ women became isolated, marginalised and oppressed.’⁶⁴⁶ Tá fírinne an ráitis sin le sonrú sa scéal ‘Arraingeacha’ (AL). Tá tréithe de chuid thraidisiúin liteartha na nGael le mothú go tréan ann. Bean óg is ea Sail atá gafa idir dhá shaol. Aibhsítear aicmeachas na hÉireann i ré atá caite sa scéal sin chomh maith maidir leis an bplé a dhéantar ar an gcleamhnas a bhíodas ag iarraidh a dhéanamh do Shail, agus tá an t-aicmeachas sin soiléir, chomh maith, sa ch omhrá a bhí aici le muintir a leannáin agus í ag súil le leanbh. Bean a bhfuil mianach na saoirse inti is ea Sail, a bhfuil dúil aici san fhaisean agus i saol uirbeach ach atá gafa i ngaiste na sochaí traidisiúnta. De bharr gur sháraigh sí coinbhinsiúin shóisialta, fágadh imeallaithe, aonarach sa deireadh í, agus í ag súil le páiste a leannáin a bhí tar éis í a thréigean. Is ar thairseach dhá ré in Éirinn atá príomhcharachtar an scéil ag maireachtáil.

Fiú in aois na saoirse bhí thiar ar an mbean a sháraigh coinbhinsiúin áirithe shóisialta, de réir mar a thugann saothar chuid de na gearrscéalaithe ba cháiliúla in Éirinn na 1970idí agus 1980idí le fios. Bean is ea Deirdre sa scéal ‘Bainis’ (BA) a tháinig idir an tsochaí a bhí ar a dé deiridh agus an tsochaí a thioctadh chun cinn ina háit. Is léir,

⁶⁴⁶ Diarmaid Ferriter, *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland*, 527.

agus í ag pósadh, go raibh sí ag iarraidh a tuismitheoirí agus/nó an tsochaí a shásamh seachas aon riachtanas pearsanta a mhothaigh sí féin. Níor tháinig cleachtas Dheirdre leis na coinbhinsiúin shóisialta a raibh glacadh go forleathan leo ag an am. Bhí uirthi géilleadh do na coinbhinsiúin sin sa deireadh tríd an bpósadh. Tá a comhbhean le sonrú i saothar scríbhneoirí eile na hÉireann, mar shampla, in ‘A Ballad’ de chuid John McGahern,⁶⁴⁷ agus in ‘Theresa’s Wedding’ le William Trevor.⁶⁴⁸

Cé go mb’fhéidir go gcuirtear in iúl go raibh roghanna níos leithne ag mná na sochaí comhaimseartha, sonraítear i scéalta ar nós ‘Místáid’ (AL), gurb é an toradh céanna a bhí ag gníomh an ghinmhille ar na máithreacha aonair sin, gur fágadh ‘isolated, marginalised and oppressed’ iad i bhfocail Diarmaid Ferriter. Bean óg a d’éalaigh ón imeallú sin ach go raibh tacaíocht athair an linbh aici ab ea Nóra in ‘Comhaduimhreacha’,⁶⁴⁹ de chuid Mhichíl Uí Chonghaile, scéal ón tréimhse scríbhneoireachta céanna.

Feictear mná idir dhá chultúr i ngearrscéalta áirithe de chuid Mhichíl Uí Chonghaile, mar shampla sna scéalta ‘An Díbirt’ agus ‘Comhaduimhreacha’, a luadh thuas, sa chnuasach *Mac an tSagairt*.⁶⁵⁰ Eispéiris éagsúla a bhí ag príomhcharachtair na scéalta sin i dtaca le hathruithe soch-chultúrtha na hÉireann a thit amach idir na 1970idí luatha agus lár na 1980idí. Blianta roimh imeachtaí an scéil, díbríodh bean amháin díobh as a baile de bharr go raibh sí ag súil agus gan í pósta,⁶⁵¹ agus i gcás na hógmhna

⁶⁴⁷ John McGahern, ‘A Ballad’ in *High Ground and Other Stories* (Boston: Faber and Faber, 1985), 25-34.

⁶⁴⁸ William Trevor, ‘Theresa’s Wedding’ in *Angels at the Ritz* (New York: Viking Press, 1976), 114-123.

⁶⁴⁹ Micheál Ó Conghaile, *Mac an tSagairt* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1986), 53-65.

⁶⁵⁰ Ibid.

⁶⁵¹ Micheál Ó Conghaile, ‘Díbirt’ in *Mac an tSagairt*.

neamhphósta eile sa scéal ‘Comhaduimhreacha’, dhealródh sé gur shocraigh sí gan ginmhilleadh a fháil ag an nóiméad deireanach agus, ina ionad sin, a leanbh a thabhairt ar an saol. Leanann scéalta na gcarachtar sin mórphatrún sóisialta Éire na mblianta úd, ag léiriú gur idir dhá ré i stair shóisialta in Éirinn a bhíodhas.

Dar ndóigh, ní hiad na mná amháin a fheictear sáite idir dhá shaol i sochaí a bhí ag athrú maidir le hoscailteacht faoi chúrsaí collaíochta. Sa ghearrscéal ‘Ó Inniu go Brách’ (AL), tugtar léargas ar na dúshláin a bhí ag lánúin aerach i gceantar tuaithe in Éirinn le linn na 1970idí. Ní hamháin go bhfeictear an bheirt féin ag streachailt lena gcollaíocht féin, ach tugtar léargas ar bhreithiúnas an phobail ina leith, chomh maith. Léirítear Réamann in *As na Cúlacha* mar fhear óg atá go mór idir dhá shaol agus idir dhá chultúr de bharr a dhearcadh i leith na collaíochta, agus an dearcadh sin fréamhaithe go daingean ina chúlra cultúrtha. Ar bhonn éadrom, greannmhar cuireann Dónal Mac Amhlaigh an dearcadh céanna in iúl sa scéal ‘Roghanna Speisialta’.⁶⁵² Fir óga is ea carachtair an scéil a bhfuil taithí acu ar a bheith ag maireachtáil idir dhá shaol agus idir dhá chultúr ó thaobh na collaíochta agus an ghnéis de, ach cé gur léiriú neamhurchóideach a dhéanann Mac Amhlaigh ar an scéal, feictear an taobh duairc, urchóideach de shéanadh na collaíochta agus mianta nádúrtha gnéis i gcarachtar Réamainn in *As na Cúlacha*. I gcás an óigfhir sin, tá dúchas an chreidimh Chaitlicigh go smior ann agus tá ag teip air an tionchar sin a shárú le saol collaí folláin a chleachtadh. Ag tagairt di do Réamann san úrscéal *As na Cúlacha*, d’áitigh Caitlín Uí Anluain:

⁶⁵² Dónal Mac Amhlaigh, ‘Roghanna Speisialta’ in *Beoir Bhaile agus Scéalta Eile* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981), 44-48.

Is ag feidhmiú faoi chuing na Críostaíochta agus a oidhreacht Chríostúil atá Réamann. Imríonn cúrsaí reiligiúin tionchar láidir ar a shíce, sa chaoi go gceanglaítear an peaca marfach go dlúth lena mhianta gnéasúla in aigne an ógánaigh.⁶⁵³

Scéalta ina sonraítear carachtair atá ‘idir dhá chultúr’ agus ‘idir dhá shaol’ is ea a pléadh sa mhír seo. Carachtair is ea iad atá ag streachailt san idirfhearann cultúrtha sin.

⁶⁵³ Caitlín Uí Anluain, ‘Craiceann na Fírinne’ in *Comhar*, Iml. 58, Uimh 1 (Eanáir, 1999), 28.

An Cumasc Cultúrtha i nGearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh

Sa bhliain 1965, d'impigh Diarmaid Ó Súilleabháin ina alt, 'Bí Tú Féin, A Úrscéalaí', ar scríbhneoirí na Gaeilge a bheith dílis dóibh féin, do chultúr a linne féin agus do theanga a linne féin.⁶⁵⁴ San alt sin cuireadh coincheap an chumaisc chultúrtha sa litríocht chun tosaigh go tréan agus go diongbháilte. Ba é guí an tSúilleabhánaigh don scríbhneoir óg ná 'scóip [a thabhairt] don Eile ionat ar mhaithe a Ealaíne'.⁶⁵⁵ Breathnófar thíos ar shainchomharthaí an chumaisc chultúrtha i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. Feictear cumasc chultúir éagsúla Éire na linne seo i scéalta de chuid an Bhreathnaigh ar nós 'Blúire' (BP), 'Éagaoineadh' (LF), 'Lúbaire' (ANT), 'An Bhean Óg-ghuagach' (ÍS), 'Malheur' (PS), 'Eachtra' (PS), 'Anam Mná' (IDD) agus 'M'Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá' (IDD), scéalta ina dtugtar léargas ar charachtair ag dul i ngleic le timpeallacht a bhfuil tionchar ó chultúir éagsúla le sonrú inti. Murab ionann agus na scéalta a pléadh thuas a bhfuil coimhlint idir an dá chultúr le sonrú iontu, feictear '*cultural confidence*'⁶⁵⁶ mar a dtagraíonn Máirín Nic Eoin dó, sna scéalta seo. Léiríonn Pádraic Breathnach an mhuinín chultúrtha seo i scéalta áirithe dá chuid trí 'shúil eile' a chaitheamh ar Ghaelachas na freacnairce. Tá éabhlóid leanúnach bhrí choitianta an fhocail 'Gaelachas' a léirigh agus a léiríonn Pádraic Breathnach agus a chomhscríbhneoirí ó na 1960idí i leith tábhachtach agus riachtanach i gcomhthéacs fhorbairt agus fhadsaol na teanga agus na litríochta. Mar a d'áitigh Máirín Nic Eoin, 'As long as *Gaelachas* was to be associated solely with the lives and lifestyles of peripheral rural communities, the language was doomed.'⁶⁵⁷ Is fiú idirdhealú a dhéanamh anseo idir Pádraic Breathnach mar scríbhneoir a bhfuil

⁶⁵⁴ Diarmuid Ó Súilleabháin, 'Bí Tú Féin, a Úrscéalaí' in *Comhar*, Iml. 24, Uimh. 7 (Iúil, 1965).

⁶⁵⁵ *Ibid.*, 22.

⁶⁵⁶ Máirín Nic Eoin, '*Idir Dhá Theanga: Irish-language Culture and the Challenges of Hybridity*', 128.

⁶⁵⁷ Máirín Nic Eoin, '*Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish*', 228.

muintín chultúrtha le sonrú go láidir ann féin, mar is léir ó ailt éagsúla a scríobh sé agus ón agallamh a cuireadh air agus atá ar fáil in Aguisín 3, agus an staid idirchultúrtha atá le sonrú i gcuid dá charachtair agus iad ag streachailt chun a n-áit chuí a aimsiú idir dhá shaol agus/nó idir dhá chultúr. Pléifear seasamh an scríbhneora féin i leith cheist chasta an déachais i gCaibidil 5.

Cé gur léir ó chuaigh sé i mbun pinn gur scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhfuil muintín chultúrtha go smior ann, agus cé go bhfeictear sainchomharthaí an chumaisc i scéalta áirithe i gnuasaigh an Bhreathnaigh trí chéile, is sa chnuasach is déanaí dá chuid, *Ingne Dearga Dheaideo* (2005), a thagann an ghné sin dá scríbhneoireacht chun tosaigh. Cé go bhfuil scéalta sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile* (1996) go háirithe, ina bhfeictear gnéithe den chumasc cultúrtha, tagann forbairt chuimsitheach ar an réimse sin sa chnuasach *Ingne Dearga Dheaideo*. Cnuasach suntasach, tascach is ea *Ingne Dearga Dheaideo* ina dtagann gnéithe iomadúla den chumasc cultúrtha chun solais ann trí éachtaintí éagsúla a thabhairt ar Éirinn ag casadh na mílaoise. Feictear ann cuimhní siar ar ré atá caite anois i scéalta ar nós ‘An Máistir Nua’ agus trí chomhtháthú cliste a dhéanamh ar chultúr Mheiriceá agus ar stíl bhéaloideas na hÉireann sa scéal ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’. Tugtar spléachadh orthu siúd a ndeachaigh na hathruithe sóisialta a chonacthas le linn an dara leath den fhichiú haois dian orthu, mar atá le feiceáil sa ghearrscéal ‘An Gabháltas’, agus as sin ar aghaidh go dtí oscailteacht faoi fhadhbanna drugaí i measc na meánaicme sa scéal ‘Scéal Thaidhg’, agus an caidreamh callóideach idir tuismitheoir agus páiste sna déaga sa scéal ‘Iníon’.

Is minic sna scéalta a bhfuil tréithe den chumasc cultúrtha le sonrú iontu go bhfeictear an Breathnach ag diúltú do thuiscintí traidisiúnta den rud is ‘Gaelachas’ ann. Tá cumasc cultúrtha Éire a linne féin le sonrú ag teacht chun cinn i litríocht na Gaeilge ó na 1960idí i leith, ag cur shaothar fhilí *Innti* agus shaothar scríbhneoirí ar nós Dhiarmada Uí Shúilleabháin agus Eoghain Uí Thuairisc san áireamh. Ag tagairt di don chaidreamh a bhí ag scríbhneoirí na glúine sin leis an nGaeilge, agus go háirithe filí *Innti*, d’áitigh Máirín Nic Eoin:

‘[they] embraced the language with a greater sense of self-confidence, associating it with 1960s freedoms rather than with post-Independence pieties and recognizing in it the potential for new kinds of cultural and linguistic fusion.’⁶⁵⁸

Feictear an cumasc cultúrtha, nó ‘*fusion*’ sin, i saothar áirithe de chuid Phádraic Bhreathnaigh ina sonraítear an Ghaeilge agus litríocht na Gaeilge á gcur in oiriúint do shaol idirchultúrtha na hÉireann faoi láthair agus gnáthcheisteanna agus gnáthfhadhbanna Éire an lae inniu á bplé go healaíonta trí mheán na Gaeilge. Sa chaoi sin, feictear ag briseadh amach ón nGaelachas traidisiúnta é. Mar atá luaite cheana sa chaibidil seo, d’áitigh Gearóid Denvir i dtaca le scríbhneoirí áirithe na linne sin gur ‘scríbhneoirí iad agus ní scríbhneoirí Gaeilge.’⁶⁵⁹ Ní féidir glacadh go hiomlán le ráiteas Denvir. Ina ionad sin, d’fhéadfaí a áiteamh gur scríbhneoirí Gaeilge diongbháilte iad scríbhneoirí Gaeilge na linne seo, mar a thagair sé dóibh, a bhfuil an Gaelachas go smior iontu, ach is Gaelachas na freacnairce é sin. Scríbhneoirí Gaeilge idirchultúrtha na freacnairce is ea Pádraic Breathnach agus a chomhscríbhneoirí

⁶⁵⁸ Máirín Nic Eoin, ‘Idir Dhá Chomhairle / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish’, 224.

⁶⁵⁹ Ibid.

Gaelacha, a bhfuil a saothar cruthaitheach ar chaighdeán litríochta idirnáisiúnta, agus iad i ngleic le cuid mhaith de na ceisteanna comhaimseartha céanna lena gcomhscríbhneoirí ar an ardán domhanda. Cumasc an Ghaelachais thraidisiúnta le saol a linne is ea a shonraítear ina saothar.

I riochtaí éagsúla is ea a léirítear cumasc an dá thraidisiún sin i ngearrscéalaíocht an Bhreathnaigh. Seoid de scéal neamhchoitianta a cheiliúran traidisiún an bhéaloidis le tógáil ilstórach spéire Mhanhattan is ea ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’ (IDD), mar a pléadh cheana, ach ní gá cailleacha a thaobhachtáil chun teacht ar an gcumasc cultúrtha ina shaothar. Sa sliocht thíos tagraíonn Pádraic Breathnach do chuid mhaith de na riochtaí sin a mbeifear ag déanamh scagaidh orthu thíos ina bhfeictear cumasc an dá chultúr ag teacht chun solais.

Struchtúr sóisialta nua, nósanna nua, dearcadh nua, bochtaineacht nua, slumaí, uaigneas nua, coimhthíos nua, Saoirse nua, daoirse nua. Saíocht na cathrach, leath sí amach. Scaip a géaga. Chuaigh sí i bhfeidhm ar Ghalltacht is ar Ghaeltacht. Bhí seanghaid eile ag sciorradh, ag scaoileadh: mórchumhacht dhocht na cléire, dearcadh ábharaíoch ag cur i leaba dearcaidh spioradálta / reiligiúnda. Thosaigh trácht ar riaradh clainne, ar choiscíní, ar fhrithghiniúint. Thosaigh mná ag cur a gcosa uathu ag iarraidh a gcearta. Na cearta seo a bhain mná amach dóibh féin, an comhghradam le fir, an chomhchéim phá is phost, bhí siad ar mhórathruithe móra na haoise seo. Le saoirse na mban tháinig léi saoirse na bhfear: saoraíodh an fear óna sheanmhúnláí.⁶⁶⁰

⁶⁶⁰ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas’ in *Comhar* Iml. 43, Uimh. 8, (Lúnasa, 1984), 35.

Mar a luadh thuas, scéal neamhchoitianta is ea ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’ (IDD). Scéal taobh istigh de scéal atá ann, a bhfuil iarsmaí den seansaol le sonrú ann cosúil leis an tagairt don charr capaill, agus na hearraí a bhí istigh ann acu ar fhilleadh abhaile ó aonach na Nollag dóibh. Is é cruth an scéil ná go ndéanann athair agus iníon óg as Maigh Cuilinn an turas go cathair na Gaillimhe chun bualadh le deartháir an athar ag an stáisiún traenach, tar éis dó teacht ó Mheiriceá don Nollaig. Léirítear gliondar an pháiste agus í ar tí bualadh leis an uncail is fearr léi agus an floscadh atá uirthi scéalta eachtraíochta ó Mheiriceá a chloisteáil óna huncail. Is é an scéal a insíonn an t-uncail chun an turas abhaile a mheilt is corp don scéal ‘M’Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá’. Cónascadh idir nósanna scéalaíochta an bhéaloidis agus léargas ar shaol comhaimseartha Mheiriceá atá i scéal chailleacha Mhanhattan a insíonn Máirtín. Scéal is ea é a thugann léargas samhalta ar thógáil na ‘nascthúr’ ar oileán Mhanhattan, a bhfuil cruth an tseanmhúnla laochais air ina bhfuil cath fíochmhar idir na cailleacha agus bua caithréimeach sa deireadh. Mar a fheictear i scéal maith béaloidis, cruthaítear nasc idir obair mhór na tógála agus ceantar dúchais an éisteora.

Ficsean de chuid Phádraic Bhreathnaigh is ea scéal na gcailleach sa scéal seo nach bhfuil aon bhunús aige i scéalaíocht áitiúil Mhaigh Cuilinn,⁶⁶¹ ach is scéal é a thugann léargas ar chumas cumadóireachta agus scéalaíochta an Bhreathnaigh, agus ar a chumas dhá thraidisiún éagsúla a thabhairt le chéile go healaíonta.

Feictear ceangal na seanghad a sciorr agus a scaoileadh tríd an easpa measa a léirítear i leith pearsana éagsúla a mbíodh ardstádas sa tsochaí acu tráth, sagairt, Gardaí agus

⁶⁶¹ Féach Aguisín 3, 71.

oideachasóirí ina measc, mar atá le sonrú sa léargas a thugtar ar theip phoiblí an mháistir ard-cháilithe sa scéal ‘An Réiteach’ (BA), nó sa bhealach éadromchroíoch a léirítear monalóg inmheánach an Ardcheannfoirt mhístuama sa scéal ‘Ardcheannfort’ (IDD) nó an léachtóra bhuile sa scéal ‘Taomanna agus Taom Eile’ (LF).

Sna scéalta áirithe sin de chuid Phádraic Bhreathnaigh ina gcaitear ‘súil eile’ ar lucht proifisiúnta a linne feictear athruithe sóisialta sa tslí a chaitear le lucht na bproifisiún sin. Is gné dá chuid scríbhneoireachta ón gcéad chnuasach i leith léargas a thabhairt ar an easpa urraime do lucht gradaim agus do na hudaráis. Scéal luath den saghas sin is ea ‘An Réiteach’ (BA). I dteannta na teipe pearsanta agus proifisiúnta ag leibhéal an duine aonair, stádas íslithe, ídithe an mhúinteora sa tsochaí is ea a léirítear sa scéal sin, ‘An Réiteach’ (BA), i gcodarsnacht ghlan le híomhá thraidisiúnta an mhúinteora faoi mheas a shamhlaítear le Siobhán sa ghearrscéal ‘Bean Aonair’ (BA), mar shampla, sa chnuasach céanna. Is iomaí pictiúr a dhearann Pádraic Breathnach den oideachasóir nach bhfreagraíonn don tuiscint thraidisiúnta ar an gcleachtóir áirithe sin agus iad ag tabhairt chun beochana iltaobhachas an duine a roghnaíonn an tslí bheatha sin, lena shuáilcí agus lena dhuáilcí iomadúla. Is minic féith an ghrinn, an mhagaidh agus na háibhéile chun tosaigh sna scéalta sin, mar atá le sonrú sa scéal ‘Dritheanna’ (LF), scéal ina bhfeictear léachtóir ag comhrá le hiníon léinn ach é ag fantaisíocht mar gheall uirthi ina mhonalóg inmheánach, fad atá sé ag labhairt léi; nó sa scéal ‘Tráithní’ (DLD), a thugann léargas ar shruth comhfheasa an oideachasóra a bhfuil idir fhothmire agus fhantaisíocht chollaí ag baint lena mhachnamh éalúchais agus é i mbun féitheoireachta ar scrúdú.

Is scéal é ‘An Réiteach’ (BA) ar fiú súil níos géire a chaitheamh air sa chomhthéacs seo. Deacracht an mhúinteora nuacháilithe, an Máistir Mac Craith, smacht a fháil agus a choimeád ar rang sinsearach Laidine is ábhar don scéal ‘An Réiteach’. Cuirtear an scoil a bhfuil sé ag múineadh inti i láthair mar scoil mheasúil nach mbeifí ag súil go mbeadh deacrachtaí ag múinteoirí le bainistiú an tsúimh fhoghlama inti. Is trí shúile cráite an mháistir a fheictear easpa urraime na ndaltaí don údarás a bhíodh ag múinteoirí tráth. Is léir ó iompar na mbuachaillí go bhfuil an meas dearfa sin i leith an mhúinteora ag dul i léig, agus gurb í cúis an éagsúlacht iompair os comhair an Mháistir Mhic Craith agus os comhair na múinteoirí seanbhunaithe sa scoil ná clú seanbhunaithe na múinteoirí sin. Ag leibhéal comhfhiosach nó fo-chomhfhiosach, is ag iarraidh seanghradaim agus seanúdaráis sa tsochaí a shárú a bhí siad. Déantar cíoradh ar thionchar an mheoin agus an iompair sin ar an múinteoir óg trí iniúchadh a dhéanamh ar réimse leathan mothúchán ann; an faitíos, an frustrachas, an díomá, an t-éadóchas agus an t-uaigneas san áireamh.

Baineann sonraí áirithe a luaitear sa scéal leis an tréimhse inar scríobhadh é, mar shampla luaitear gur chaith an Máistir Mac Craith gúna acadúil agus é ag múineadh agus tá cuid de na ‘maslaí’ a chonacthas scríofa ar na boird sa seomra ranga soineanta go leor i gcomhthéacs an lae inniu, ach é sin ráite, tá uilíocht ag baint le réimse mothúchán an duine phroifisiúnta nach bhfuil ag éirí leis i ngairm tar éis dó blianta fada a chaitheamh á oiliúint féin chuici.

Scéal a bhfuil atmaisféar an-éagsúil ann is ea ‘Taomanna agus Taom Eile’ (LF). Is scéal é faoi fhear, Fiolar Mac an Iolair, a bhfuil ard-stádas sa tsochaí aige. Léachtóir sinsearach le hantraipeolaíocht is ea é in institiúid trú leibhéal. Éiríonn sé amach i

gcoinne an stádais a bhronnann an post sin air. Ag tús an scéil feictear é agus a chomhghleacaí ag leagan amach páipéir scrúduithe, cúram nach dtaitníonn leis, is ríléir. Tagann íoróin chun tosaigh sa scéal sin in aisfhreagairt áibhéalach an léachtóra i gcoinne na freagrachta a bhaineann leis an bpost. Tá sé teanntaithe i ndualgais an léachtóra agus éiríonn sé amach ina choinne sin i réabhlóid phearsanta sa deireadh.

Tugtar léargas an-spéisiúil ar chliseadh intinne an charachtair. Bhain saoirse agus fuascailt ón measúlacht le gníomh na réabhlóide féin nuair a chinn sé fuinneog a bhriseadh sa chloch in aice lena ionad oibre. Bhain sé pléisiúr as an torann agus as an radharc:

Rug ar spalla toirtiúil cloiche agus raid ó mhaol a ghualann í trí lár pána mhóir airgiúil gloine. Tuairt! Chuala i dtobainne gáire na gloine ag titim is ag rince.⁶⁶²

Ar ais leis go dtí a ghnáthshaol ansin, a bhabhta buile curtha de aige. Rud atá éagsúil sa scéal seo ó chuid mhaith de scéalta an Bhreathnaigh is ea gur gníomh réabhlóide seachtraí atá ann murab ionann agus an fhulaingt chiúin, an pléascadh inmheánach agus an iarracht cheilte ar réabhlóid phearsanta a fheictear go minic ina scéalta.

Súil eile ar shaol proifisiúnta an léachtóra ollscoile atá faoi chaibidil chomh maith san úrscéal is déanaí de chuid an Bhreathnaigh, *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*. Úrscéal is ea é ina ndírítear ar chomhráite agus ar mhonalóg inmheánach an phríomhcharachtair, Aodh, léachtóir ar tí scor agus é i ngleic le saol proifisiúnta na hollscoile agus lena shaol teaghlaigh leis. Arís, is léargas spráúil, neamhthipiciúil,

⁶⁶² Pádraic Breathnach, 'Taomanna agus Taom Eile' in *Lilí agus Froach*, 108.

mar a thabharfadh an teideal le fios, a thugtar san úrscéal seo ar shaol proifisiúnta an léachtóra tríú leibhéal. Éilíonn an léargas sin ar an léitheoir cuid de na réamhthuiscintí a bheadh aige i leith an róil sin a chur ar ceal. Déantar tuiscintí réamhdhearbhaithe i leith phost an chigire scoile a athbhreithniú sa ghearrscéal ‘Cigire’ (LF). Tá codarsnacht ghéar le sonrú idir an íomhá den chigire a léirítear sa scéal sin agus íomhá an chigire lách, spreagúil in ‘Lá Dána’ (DLD). Súil eile ar an gclochar, agus ar nósanna an chomhphobail ann is ea a léirítear sa scéal ‘Tóraíocht Poist’ (BP), scéal ina leagtar súil ghéar ar nósanna díspeagúla, mioscaiseacha na mban rialta sa chlochar áirithe a raibh Iníon de Bláca ag tóraíocht poist ann mar mhúinteoir.

Ní ar na hoideachasóirí amháin a chaitheann Pádraic Breathnach súil athbhreithnithe i gcomhthéacs a stádas athraithe sóisialta ag casadh na haoise seo caite. Tagann an sagart faoi mhímheas sa scéal ‘An Fear É Féin’ (PS). Scéal faoi shagart atá ann agus é gafa le hairgead agus a laghad de a fhaigheann sé féin sa tslí a bhfuil a bhealach cailte aige leis maidir le misean na sagartóireachta. Ina theannta sin, feictear post measúil eile á mheas faoi léargas neamhthraidisiúnta sa ghearrscéal ‘Ardcheannfort’ (IDD), scéal ina gcaitear súil eile ar shaol an Gharda trí mheán a shrutha chomhfheasa. Carachtar searbhasach, binibeach atá in Éamann a dhéanann beag is fiú den ardstádas a bhain sé amach mar Gharda Síochána de bharr nár ceapadh ina Choimisinéar é. I scéalta den saghas sin, leagtar béim ar laigí daonna na ndaoine móra sa tsochaí tráth dá raibh. Laghdaítear an bhearna a bhíodh idir na daoine móra sin sa tsochaí agus daoine d’aicme soch-eacnamaíoch níos ísle agus feictear normálú an chaidrimh eatarthu.

Gné eile de na hathruithe sóisialta a thit amach sna 1960idí agus na 1970idí ab ea bánú na tuaithe ag an nglúin óg.⁶⁶³ Is féidir tionchar na himirce intíre sin a fheiceáil sa déachas idirchultúrtha a cruthaíodh i gcuid den daonra sin. Scéal a bhfuil tréithe de chuid an chumaisc chultúrtha le sonrú go gléineach ann is ea ‘Blúire’ ón gcnuasach, *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*. Scéal an-ghairid is ea é, nach bhfuil dhá leathanach ann fiú amháin, ach is scéal é a thugann an-léargas ar dhá chultúr ag teacht le chéile go muiníneach. Déantar ceiliúradh ann ar shimplíocht an tseansaoil agus orthu siúd a mhair ann.

Fear óg ar cuairt chuig seanlánúin is ábhar don scéal, ach murab ionann agus scéalta cosúil le ‘Dúchas’ (BP) nó ‘An Maor’ (ÍS), is duine dá gcuid féin é príomhphearsa an scéil seo. Ní thugtar le fios céard é an gaol nó an caidreamh eatarthu, agus ní ainmnítear na carachtair sa scéal. Tagraítear don ‘fhear óg’ nó don ‘ógfhear’ agus ‘don tseanbhean’ tríd síos, agus nuair a thráchtann ceachtar acu ar fhear céile na seanmhná is é ‘é féin’ an t-aon ainm a thugtar air. ‘An seanfhear’ a thugtar air san idirphlé idir é féin agus an fear óg nuair a chastar ar a chéile iad. Is léir go bhfuil aithne acu ar a chéile agus go dtuigeann an fear óg a nósanna, cé nach gcleachtann sé iad ar fad é féin, ní nach ionadh. Spléachadh beag amháin ar chaidreamh seanbhunaithe a fhaightear sa scéal, mar a thabharfadh an teideal ‘Blúire’ le fios. Mír amháin is ea é de thomas míreanna mearaí an tsaoil.

Motháitear go bhfuil suaimhneas áirithe don fhear óg sa chuairt ghairid fhillte seo agus go bhfuil sé go hiomlán ar a chompord ina measc. Lig sé é féin isteach sa teach agus

⁶⁶³ Diarmaid Ferriter, *The Transformation of Ireland* (Woodstock & New York: The Overlook Press, 2005), 552-553; Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland*, 63.

shuigh sé isteach go réchúiseach chun boird, compordach i dteannta na seanmhná. Sonraítear an tslí faoi leith a shuigh sé, amhail is gur nós dá chuid é nuair a thagann sé ar cuairt:

Chuir an fear óg faoi ar chathaoir. D’ardaigh sé a chos chlé agus leag anuas í ar an gcois dheas: cúl lorga na coise clé anuas ar cheathrú na coise deise. Rug sé greim deasóige ar lorga na coise clé agus lig d’uillinn na láimhe clé isteach ar an mbord.⁶⁶⁴

Don tseanbhean, leis, a bhí ag cniotáil in aice na fuinneoige mar is iondúil léi, is cosúil, ba chúis áthais di cuairt an fhir óig, rud a chuirtear in iúl ar bhealach an-nádúrtha, an-séimh:

Níor éirigh sí ina seasamh ach shín amach a lámh aige. Las solas ina héadan rocach.

“Tá fáilte mhór romhat,” ar sí.⁶⁶⁵

Samhlaítear íomhá uaigneach na seanaoise in oscailt an scéil:

Ina suí ag an bhfuinneog ag cniotáil a bhí an tseanbhean nuair a bhuail an fear óg isteach ag an gcisteinach go dtí í.⁶⁶⁶

Samhlaítear an tseanbhean gan chomhluadar in oscailt an scéil thuas, gur éalú ón uaigneas agus ó leadrán an tsaoil cuairt an fhir óig agus gur ardú meanman di scéal ón taobh amuigh a fháil. Ní hamhlaidh atá nuair a thagann scéal na seanmhná chun soiléireachta. Saol mar is mian leo féin é a chleachtann sí agus ‘é féin’, atá ag obair

⁶⁶⁴ Pádraic Breathnach, ‘Blúire’ in *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, 52.

⁶⁶⁵ Ibid.

⁶⁶⁶ Ibid.

taobh amuigh, mar is iondúil dó, is dealraitheach. D’fhéadfaí a áiteamh nach bhfuil tionchar rómhór ag cultúir iasachta ar an saol sin, ach cuirtear in iúl go bhfuil an-spéis aici sa saol a chleachtann an fear óg, agus go dteastaíonn uaithi an saol sin a roinnt leis, ar a bealach féin.

Feictear é sin i ríméid na seanmhná nuair a luann an fear óg gur thug sé ‘na pictiúir’ leis. Ní luaitear cathain a glacadh na pictiúir, nó cérbh í an ócáid a bhí i gceist, ach samhlaítear go mb’fhéidir gurbh í a bhainis a bhí ann. Níl sé sin le sonrú sa mhír amháin den tomhas a thugtar don léitheoir, ach amháin go bhfuil fáilte mhór rompu mar phictiúir. Léirítear go bhfuil an tseanbhean fós i dtiúin le saol an fhir óig agus leis an saol taobh amuigh dá domhan féin, agus í ag tnúth lena chuairt le gur féidir léi an dea-ócáid a roinnt leis, ar bhealach uathúil.

Beannaíonn an seanfhear sa scioból dó ar bhealach aithnidiúil, fáiltiúil a rá:

“Ó, an tú fhéin atá ann?”⁶⁶⁷

Feirmeoir traidisiúnta i mbun oibre is ea an seanfhear, a chóta bainte de agus saothar air le fisiciúlacht agus le déine na hoibre atá ar siúl aige. Is obair í a bhfuil tuiscint ag an bhfear óg air, is léir. Feictear an dá chultúr ag teacht le chéile arís sa chomhrá idir an fear óg agus an seanfhear. Tá muinín ag an seanfhear as saineolas agus seaneolas an fhir óig, agus labhraíonn sé leis faoina bhfuil le déanamh aige sa scioból mar a bheadh sé ag labhairt le comhfheirmeoir ach, cosúil leis an tseanbhean, níl sé dall ar shaol eile an fhir óig agus ní féidir leis floscadh a cheilt nuair a luann an fear óg gur thug sé ‘pictiúir’ leis, mar a chuirtear in iúl thíos:

⁶⁶⁷ Ibid., 53.

Chas sé isteach ar an seanfhear.

“Tá na griangrafanna agam,” ar sé.

“Ó, muise, ’ bhfuil?” arsa an seanfhear.

Rinne sé meangadh mór. Ní raibh ach an t-aon fhiacail amháin ina dhrandal dearg.

Shleamhnaigh an seanfhear anuas den fhéar láithreach. Luigh sé isteach arís uirthi agus bhain amach an píce. Leag se le balla é.

“Fágfaidh me í seo anseo anois ar fhaitíos go ndéanfainn dearmad arís cár fhág mé í,” ar sé.⁶⁶⁸

Le linn a thurais, sonraíonn an fear óg an athuair an saol dian, anróiteach atá ina thimpeall ach tá tuiscint bhunúsach aige gur saol aonchultúrtha a chleachtann an tseanlánúin agus nár chóir agus nach fiú a chur isteach air sin. Níl rian den choimhlint inmheánach a bhaineann go minic leis an chros-síolracht nó de dhíluacháil an chultúir dhúchais le brath sa phríomhphearsa ach muinín chultúrtha, murab ionann agus Maolíosa Ó Cathailriabhaigh, príomhphearsa an scéil ‘Dúchas’ (BP) nó mic léinn an scéil ‘An Maor’ (ÍS). Tá saintuiscint aige ar an dá chultúr agus é iomlán muinéach mar gheall ar an áit ina seasann sé féin i dtaca leis an dá chultúr sin.

Mar an gcéanna, feictear cumasc céanna an chultúir uirbigh leis an gcultúr dúchais sa ghearrscéal ‘Fuacht is Fuaire’ (LF) leis, cé gur léir nach duine muinteartha leis an tseanlánúin tuaithe Roibeard ach cuairteoir rialta, is cosúil, chucu ag dul siar na blianta. Cuairteoir cultúrtha ab ea é a raibh tóir aige ar a saibhreas béaloideasa, ach a raibh saintuiscint sealbhaithe aige ar a nósanna tuaithe, aonchultúrtha, agus ar a áit féin ina

⁶⁶⁸ Ibid.

measc. Feictear cothromaíocht tuisceana agus meas cultúrtha is saíochta na seanmhná, ach go háirithe, agus an chuariteora ar a chéile.

I scéalta de chuid Phádraic Bhreathnaigh a bhfuil tréithe den chumasc cultúrtha le sonrú iontu, feictear oscailteacht agus scaoilteacht maidir le rólanna agus íomhánna traidisiúnta an fhir agus na mná. Feictear ról traidisiúnta an fhir ag athrú, rud a bhí i dtiúin le réalachas nua sóisialta, mar atá le feiceáil i scéalta cosúil le ‘Éagaoineadh’ (LF) nó ‘Iníon’ (IDD) ina bhfeictear ról an athar i riaradh clainne ag athrú agus ról níos gníomhaí aige; ‘Páis’ (BP) ina bhfeictear fear óg ag iarraidh dul i ngleic le scanrú sláinte; nó ‘An Lánúin’ (AL), scéal ina bhfeictear forlámhas eacnamaíoch an fhir ídithe ag uaillmhian na mná. Feictear, i scéalta áirithe de chuid an Bhreathnaigh, athruithe san aonad clainne, agus ar uairibh, an déagóir trioblóideach, suaite ag teacht chun cinn mar fheiniméan, mar a fheictear in ‘An Déagóir’ (BA) agus ‘Malheur’ (PS).

Insint chomhaimseartha ar thragóid chlainne trí shúile athair an pháiste bhreuite atá sa scéal ‘Éagaoineadh’ (LF). Is spéisiúil an léargas a thugtar agus na ceistanna a ardaítear maidir le ról an athar agus an fhir chéile i suíomh ina bhfuil páiste breuite. Ceistítear fearúlacht thraidisiúnta leis agus é ag dul dian ar an athair seo an ról traidisiúnta sin a chomhlíonadh. Cé go bpléann an scéal ‘Ón Tuath’ (LF) ábhar an pháiste bhreuite is mór an difear idir an bheirt aithreacha sna scéalta. Fear atá sa scéal ‘Éagaoineadh’ a léiríonn athair comhaimseartha i suíomh comhaimseartha. Scéal idirnáisiúnta trasteorainneach is ea ‘Éagaoineadh’ nach mbaineann leis an tsochaí Éireannach amháin ach a bhfuil uilíocht ag baint leis don fhear comhaimseartha a dhéanann iarracht dul i ngleic lena chuid mothúchán.

Éiríonn le Breathnach mothúcháin an athar a léiriú níos fearr sa scéal seo ná mar a léirítear mothúcháin an athar sa scéal ‘Ón Tuath’ (LF), a luadh thuas, nó sa scéal ‘Im-Imní’ (DLD). Ar bhealach, scáthánaíonn an easpa doimhneachta i léiriú mhothúcháin an athar sa scéal ‘Ón Tuath’ (LF), éagumas an athar teagmháil cheart a dhéanamh lena mhothúcháin féin i dtaca le tragóid thinneas a iníne.

Mothúcháin mhacánta, loma, dhorcha ar uairibh, a léirítear sa scéal ‘Éagaoineadh’ (LF). Ní laoch é an t-athair seo agus ní ligeann sé air féin gurb ea. Téann sé dian ar an bpríomhcharachtar sa scéal ‘Éagaoineadh’ (LF) na mothúcháin sin a cheilt, bréagfhearúlacht a léiriú os comhair an tsaoil agus ról traidisiúnta an fhir chéile, dar leis, a chomhlíonadh mar chrann taca dá bhean. Admhaíonn sé nach bhfuil sé in ann éisteacht lena bhean ag caoineadh agus ligeann sé fuarchúis air féin sa tslí is nach mbeadh air deighleáil lena mhothúcháin féin, nó iad a phróiseáil. Smaoiníonn sé ar an am dian, dorcha atá le teacht agus déanann sé iarracht é féin a scarúint uaidh sin, cé go dtuigeann sé féin go rímhaith nach bhféadann agus nach bhféadfadh sé é sin a dhéanamh. Fear, fear céile agus athair cráite is ea é. Carachtar éagsúil ar fad atá sa scéal ‘Ón Tuath’ (LF). Sa scéal sin feictear athair a thiteann go mór idir dhá chultúr agus é ag streachailt lena chuid mothúchán agus lena áit sa suíomh uirbeach. Níl ar a chumas dul i ngleic i gceart lena chuid mothúchán agus is é an freagra atá aige air sin ná an scéal ar fad a chur ar cairde go dtí nach féidir leis éalú uaidh a thuilleadh.

Léiríonn an scéal ‘Éagaoineadh’ (LF) tuiscint an phríomhcharachtair ar ‘ról an fhir’ i gcás thragóid chlainne, mar atá tacaíocht a thabhairt dá bhean in am an ghátair. Ní thagann an ról sin le nádúr an charachtair seo, agus léirítear go bhfuil an tuiscint gur chóir don fhear a bheith ‘láidir’ mínádúrtha. Is i gcaolchúis na hinsinte sin atá éifeacht

an scéil. Feictear thíos an t-athair ag iarraidh an ról tacúil sin a chomhlíonadh, ach ag teip air sa deireadh:

Bhain sé súmóg as a chuid tae, é fuaraithe anois. Chuimil rinn a theanga dhá bheola.

“Cé mar atá Deaglán inniu?” ar sé.

Tháinig na deora go pras dhá súile. Shileadar. Tháinig sí go dtí é agus shuigh ar a ghlúine. Cheadaigh dhá cloigeann claonadh lena ghualainn.

A béal, a súile, a héadan i ndealbh mórbhróin.

Thug sé bosóigín ar a droim di agus dúirt léi nach raibh aon chall le crá.

“Beidh chuile shórt ceart ina uain féin, le cúnamh Dé!” ar sé. Ach lean sí uirthi.

Ag plobarnaíl chaointe.

Chroch sé a chloigeann. Shuigh sé aniar go righin. Stán go dána roimhe, amach an fhuinneog.

Ní raibh aon bhoige anois ann. Fuarchúis. Drisín. Ba dhóbaire dó a bhean a ligean uaidh. Í a chur uaidh. A chaitheamh uaidh síos ar an urlár.

An iomarca freagrachta airsean! An iomarca fusaoide! ⁶⁶⁹

Léirítear sa sliocht thuas an t-ualach míréadúil a leagtar ar an bhfear sa chás seo, nó ar a laghad, an t-ualach míréadúil a shamhlaíonn sé a bheith leagtha air. Monalóg inmheánach atá i gcuid mhaith den scéal seo trí chéile agus an t-athair ag cuimhneamh ar shaol gairid a mhic agus ag iarraidh dul i ngleic lena thinneas agus leis an bhfíric go mb’fhéidir go gcaillfí go luath é. Tá sé i dtiúin lena mhothúcháin athartha. Is é an streachailt a léirítear sa scéal ná coimhlint san athair seo idir léiriú na mothúchán sin agus ‘ról fearúil’ a chomhcheanglaíonn leis an saol anallód é.

⁶⁶⁹ Pádraic Breathnach, ‘Éagaoineadh’ in *Lilí agus Fraoch*, 12.

Is minic i ngearrscéalta an Bhreathnaigh go n-ardaítear ceisteanna go hindíreach faoi shochaí na linne. Tugtar léargas ar theorainneacha éagsúla atá á mbrú, teorainneacha na dílseachta agus na dóchúlachta san áireamh. I ngearrscéalta cosúil le ‘Gealt Ghnéis?’ (BA) agus ‘Oíche i bPigalle’ (BP) is iad teorainneacha dílseachta an fhir phósta, nó an fhir atá geallta, atá á dtástáil agus sa scéal ‘Mórdháil’ (BP), sonraítear arís teorainneacha na dílseachta á mbrú, ach sa scéal áirithe sin is bean phósta atá ag plé le fear eile. Ardaítear ceist na mídhílseachta mothúchánaí sna scéalta sin. Tá tábhacht nach beag ag baint leis an gcomhartha ceiste i dteideal an scéil ‘Gealt Ghnéis?’ (BA), a cheistíonn tuiscintí na dílseachta agus na mídhílseachta.

Feictear teorainneacha an réalachais á dtástáil sna scéalta ‘Bean Aduain’ (DLD) agus ‘Danóib’ (DLD), gearrscéalta ina dtugtar léargas ar mhná liobrálaithe, fuascailte na 1970idí, ach a bhfuil áibhéal mar ghné stíle chun tosaigh sna gearrscéalta sin.

An fhantaisíocht chollaíoch is ea a thagann chun cinn sna scéalta ‘M’Ógbhean Ghléghorm’ (DLD), ‘Tráithníní’ (DLD), ‘Bíogadh’ (LF), ‘Dritheanna’ (LF), ‘Avec Marcel’ (ANT), ‘An Cailín Álainn’ (ANT), ‘Zazzi’ (ÍS), ‘Fear Macánta’ (ÍS) agus ‘Triptic’ (PS). Fir phósta atá i bhformhór na bpríomhcharachtar sna scéalta sin agus sagart atá mar phríomhphearsa an scéil ‘Avec Marcel’ (ANT). Sna scéalta sin feictear dúchas an scríbhneora a bheith dílis dó féin agus dá ealaín. Is léir ó chuid de na tuairimí a chuir léirmheastóirí faoi leith in iúl, rud a bhfuil plé déanta air i gCaibidil 2, go raibh Breathnach ag baint ‘geiteanna’ dá chuid féin as litríocht na Gaeilge, mar a rinne Diarmaid Ó Súilleabháin roimhe. Feictear muinín an Bhreathnaigh dul i ngleic, tríd an litríocht, le hábhar na collaíochta agus le saoirse ghnéis a linne féin, agus é sin á

dhéanamh aige trí mheán na Gaeilge. Chuige sin, ó thaobh na teanga de, bhí air teanga a óige, a thugann saibhreas dá scríbhneoireacht, agus teanga nua-chumtha a cheadaíonn dó léargas a thabhairt ar shaol a linne féin, a thabhairt le chéile ina shaothar, mar atá pléite i gCaibidil 3.

D’áitigh Pádraic Breathnach ‘le saoirse na mban tháinig léi saoirse na bhfear: saoraíodh an fear óna sheanmhúnláí’.⁶⁷⁰ Breathnófar thíos ar scéalta áirithe dá chuid ina léirítear na mná saortha agus na fir fhuascailte sin. Tugtar léargas i ngearrscéalta áirithe de chuid an Bhreathnaigh ar mhná a léiríonn muinín chultúrtha, agus ar féidir leo an dá chultúr a shnaidhmeadh le chéile. Maidir le cuid de na mná sin feictear nach gcuireann siad saol traidisiúnta an phósta agus na clainne chun tosaigh ar a n-uaimhian féin, cosúil le mana Iar-Uachtarán an ICA, Alice Ryan, agus í ag labhairt thiar sa bhliain 1939. D’fhógair sí ar bhaill an Chumainn dúshlán an mheoin thraidisiúnta a thabhairt ag áiteamh ‘challenge the man’s saying “a woman’s place is in the home’ to “a woman’s place is where she can best help her home”’.⁶⁷¹

I scéalta áirithe, tá iarracht an éalaithe ón ról traidisiúnta le sonrú go tréan, agus na mná seo ag éileamh a saoirse, mar atá le sonrú in ‘Díospóireacht’ (AL) agus ‘An Lánúin’ (AL). Feictear go bhfuil athrú tagtha ar an meon sin go háirithe sa chnuasach déanach sin óna pheann *Ingne Dearga Dheaideo* (2005). An bhean óg iltréitheach atá le feiceáil sa ghearrscéal ‘Iníon’ sa chnuasach céanna, agus sna gearrscéalta ‘Malheur’ agus ‘An Rós’ sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile* (1996). Sna scéalta seo chomh maith, feictear carachtar éagsúil ag teacht chun cinn i saothar an Bhreathnaigh,

⁶⁷⁰ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas’, 35.

⁶⁷¹ Diarmaid Ferriter, *Mothers, Maidens and Myths: A History of the Irish Countrywomen’s Association* (Dublin: FÁS, 1995), 17.

mar atá an banreibiliúnach déagóra comhaimseartha. Tagann ról na mná tí comhaimseartha faoi sholas sna scéalta ‘An Bhean Óg-ghuagach’(ÍS) agus ‘Mná Tí Bruachbhailte’ (AL). Baineann áibhéal leis an insint, go háirithe sa scéal ‘Mná Tí Bruachbhailte’, scéal a chuirfeadh amhras ar an léitheoir an mná tí bruachbhailte na hÉireann nó Mheiriceá atá i gceist i ndáiríre. Tá leadrán shaol na mná tí le sonrú sa scéal ‘An Bhean Óg-ghuagach’(ÍS) don bhean áirithe sin nach gcomhlíonann an saol sin í a thuilleadh, go háirithe agus na páistí i scoileanna cónaithe.

Castar súil i scéalta eile ar an bpósadh in Éirinn na linne seo agus ar na hathruithe atá tagtha ar rólanna éagsúla sa phósadh agus in ullmhú don phósadh. Trí iniúchadh ón taobh istigh den phósadh a dhéanamh sa ghearrscéal ‘Díospóireacht’ (AL) tugtar léiriú ar dhinimic chomhaimseartha sa phósadh. Bean is ea Glinnce atá neamhspleách ar a fear agus í in ann é a fhágáil nuair is mian léi, fiú ar bhonn sealadach. Léirítear Davina mar bhean neamhspleách eile in ‘An Lánúin’ (AL). Murab ionann agus cás Ghlinnce, ámh, níl Davina pósta ag tús an scéil. Bean a bhfuil fios a hintinne féin aici is ea í agus a bhfuil a huaimhian féin curtha chun tosaigh aici ar dhualgais shóisialta pósadh nó clann a thógáil.

Feictear bean na linne seo sa scéal ‘Anam Mná’ (IDD), scéal ina bhfeictear comhionannas sa phósadh agus meas á léiriú ag an lánúin mar bheirt atá ar comhchéim. Scéal corraitheach is ea an scéal ‘Anam Mná’ ina dtugtar léargas ar bhriseadh croí na máthar i ndiaidh dá hiníon bás a fháil agus bliain díreach slánaithe aici. Cé nach n-éiríonn chomh maith sin leis an scéal seo doimhneacht mhothúcháin na máthar a léiriú is a éiríonn leis an scéal ‘Éagaoineadh’ (LF) léargas a thabhairt ar mhothúcháin an athar, tá buanna eile ag baint leis an scéal seo a thugann léargas faoi leith ar ghnéithe

den saol comhaimseartha. Tá éagothromaíocht áirithe idir an léiriú a dhéantar ar ‘shaol foirfe’ na lánúine ag tús an scéil roimh theacht ar an saol don leanbh, agus príomheachtra an scéil, mar a bhí bás an linbh, agus an chodarsnacht idir saol na lánúine roimh an tragóid agus ina dhiaidh sin. Cailtear cuid de theannas na hinsinte san éagothromaíocht sin. É sin ráite, tá an oscailteacht a bhaineann le saol na linne seo san insint neamhbhalbh a dhéantar ar chúrsaí frithghiniúna agus ar dheacrachtaí giniúna. Is oscailteacht í nach raibh le sonrú i scéalta eile de chuid an Bhreathnaigh.

Léirítear céimeanna éagsúla sa phróiseas méala tríd an scéal. Déanann an mháthair iarracht glacadh le bás na hiníne, cé gur léir go bhfuil sí fós á scarúint féin ón tragóid. Is go stuama a dhéanann sí machnamh ar pháiste eile a thabhairt ar an saol, mar a léirítear sa sliocht thíos:

Deireann daoine linn go bhféadfaimis gasúr eile a bheith againn, ach ní réitíonn an chaint sin liom chor ar bith. Táim bunáite ceathracha bliain d’aois, agus sílim go mbeinn róshean; bheadh faitíos orm, cé go raibh i gceist againn an chéad uair an dara gasúr a bheith againn.⁶⁷²

Céim eile sa phróiseas méala is ea an chiontacht, agus feictear an chéim sin go gléineach, mar is léir sa sliocht seo thíos nuair a cheistíonn sí céard ba chúis le bás an linbh:

Arbh agairt ó Dhia é faoi muid a bheith in éindí chomh fada gan chuing an phósta a dhul orainn, faoi muid a bheith ag fuireach go mbeimis réidh? Cé gur

⁶⁷² Pádraic Breathnach, ‘Anam Mná’ in *Ingne Dearga Dheaideo*, 9.

smaoineamh é sin a ndéanfainn magadh faoi tráth, a ndéarfainn é a bheith seafóideach, ní fhéadfainn é a chur as mo cheann anois.⁶⁷³

Tríd an scéal léirítear lánúin aontaithe a raibh a gcuid spriocanna féin acu agus iad ar chomhthábhacht lena chéile, agus ina theannta sin, a raibh brionglóidí roinnte acu, leis. Feictear é sin sa tslí a ndearna said beirt athchóiriú ar sheanteach a cheannaigh siad, agus an obair fhisiciúil, an spraoi agus an uaimhian á roinnt go cothrom eatarthu. Roimh dheireadh an scéil, tá rian beag dóchais le sonrú sa phríomhphearsa arís go mb'fhéidir go mbeidh sí in ann leanúint ar aghaidh leis an gcuid eile dá saol.

Mar aon le súil eile a chaitheamh ar scéal an phósta in Éirinn na linne, tagann cúrsaí tuismitheoireachta faoi sholas nua i scéalta Phádraic Bhreathnaigh cosúil le 'Éagaoineadh' (LF), mar a pléadh thuas, 'Im-Imní' (DLD), 'Óige' (LF), 'Ón Tuath' (LF), mar a pléadh cheana, leis, 'Iníon' (IDD) agus 'Adhlacadh' (RS), scéalta a thugann léargas ar bhuairt tuismitheoirí agus iad ag tógáil clainne i sochaí na linne. Sna scéalta 'Im-Imní' (DLD), 'Óige' (LF) agus 'Iníon' (IDD) feictear buairt leanúnach na dtuismitheoirí i dtaca le sábháilteacht agus le forbairt a bpáistí i suíomh comhaimseartha, suíomh uirbeach comhaimseartha i gcás an dá scéal 'Óige' (LF) agus 'Iníon' (IDD). Comhghéilleadh neamhthoilteannach na máthar (aonair, is cosúil) atá le sonrú sa scéal 'Óige' (LF), a bhfuil riachtanais na hoibre agus cúram an pháiste le cur sa mheá aici. Scéal íogair a chuireann in iúl nach dtagann cúram nó buairt an tuismitheora chun críche choíche is ea an scéal 'Adhlacadh' (RS).

⁶⁷³ Ibid.

Tugtar léargais éagsúla ar dhéagóirí mar charachtair i ngearrscéalta an Bhreathnaigh. Tagann ar an láthair, i gcuid de na scéalta sin, don déagóir suaite, trioblóideach nach bhfuil rian dá laghad den Ghaelachas traidisiúnta le sonrú ann/inti agus gan mórán áiféala le mothú orthu i leith dhul i ndísc a n-oidhreacht Gaelaí. Dar ndóigh, feictear ceistiú údaráis agus criticiúlacht i leith aicmí a raibh cumhacht agus stádas acu ag teacht chun cinn mar théamaí sa litríocht taca an ama sin. Féadtar a áiteamh go bhfuil cumasc an dá chultúr le brath orthu, sa tslí is gur déagóirí iad le gnáthcheisteanna agus gnáthfhadhbanna ógántachta acu, agus in ionad a bheith tugtha do chaomhnú cultúir amháin, go bhfuil siad ag caitheamh a saol de réir nósanna an mhórchultúir a bhfuil siad timpeallaithe aige tríd an teanga dhúchasach.

Feictear an t-ógánach traidisiúnta tuaithe i scéalta áirithe de chuid an Bhreathnaigh, cosúil le ‘Faoi Nollaig’ (BA), ‘Na hOibrithe’ (BA) agus ‘Úrnollaig Ógh’ (ANT), ar déagóirí iad a thugann a gcuid ama d’obair na feirme sa bhaile, gan ionchur acu ach treoracha an athar a leanúint go neamhcheisteach. I scéalta eile, ámh, cosúil le ‘An Déagóir’ (BA) agus ‘Malheur’ (PS) feictear teacht chun cinn an déagóra shuaite, thrioblóidigh, mar a fheictear é/í, a chaitheann a s(h)aol agus droch-spion air/uirthi. Sna scéalta sin, tugtar aitheantas tríd an litríocht do chastacht shaol an duine óig ar theacht in aois dó, ar réimse den aigneolaíocht agus den tsocheolaíocht é a bhfuil forbairt mhór tagtha air ó lár na haoise seo caite i leith.⁶⁷⁴ Léiriú áibhéalach ar dhéaróile shaol an déagóra, mar a fheictear dó féin é, is ea a léirítear sa scéal ‘An Déagóir’ (BA). Scéal an déagóra shuaite atá le sonrú in ‘Ruibh’ (LF) leis, ach a bhfuil iarmhairtí tragóideacha ag baint le gníomhaíocht an déagóra ghéarchúisigh, shochorraithe áirithe sin a mharaíonn é féin trí amascaíocht a iarrachta buama a leagan.

⁶⁷⁴ Kathleen Stassen Berger, *Invitation to the Life Span* (New York: Worth Publishers, 2010), 348.

Ní éalaíonn na déagóirí mná ach an oiread ó ainnise bhraite an tsaoil, mar a fheictear in ‘Malheur’ (PS), scéal ina léirítear déagóir a bhfuil deacracht aici glacadh leis an saol atá timpeall uirthi agus a mhothaíonn go bhfuil cliste uirthi i ngach gné dá saol. Tagann a scéal chun buaice agus an déagóir tar éis siúl go dtí an abhainn agus é ar intinn aici í féin a chaitheamh isteach inti. Fágтар cois abhann í ag deireadh an scéil ach tá rian beag dóchais le brath in ainneoin a bhfuil tarlaithe go dtí sin.

Casadh eile ar scéal an déagóra shuaite is ea an léargas a thugtar ar na déagóirí a éiríonn amach ar bhealaí éagsúla, iad ag cur a neamhspleáchais in iúl nó ag léiriú a bhféiniúlachta mar a fheictear in ‘Spallaíocht’ (AL) agus in ‘Danóib’ (DLD). Carachtair is ea iad a léiríonn an-mhuinín chultúrtha. Mná fuascailte, saortha is ea Earrama agus Danóib, sna scéalta sin faoi seach, ina ndearcadh féin i leith an tsaoil. Féachann siad ar a mbanúlacht agus ar a gcollaíocht mar uirlis chumhachtach. Tugtar léiriú áibhéalach ar ‘Jezabel na linne seo’ go háirithe sa scéal ‘Danóib’ (DLD) ina bhfeictear bean óg a úsáideann a collaíocht chun fir a mhealladh ar mhaithe le spraoi agus le léiriú cumhachta ar a son. Fadhb na ndrugaí ar na saolta seo is ábhar don scéal ‘Scéal Thaidhg’ (IDD). Tugtar léargas ar thaobh duairc, gruama d’Éirinn na linne, ina bhfeictear nach dtagann aicme ar bith slán ón andúil. Déagóir soghonta a bhfuil a chuid trioblóidí aige is ea Tadhg. Scéal faoi andúil, faoi uafás drugaí, faoin dochar fadthréimhseach a eascraíonn as drugaí a chaitheamh atá sa scéal seo. Scéal tragóideach is ea é a léiríonn scriosadh an tsaoil óig ag drugaí.

Tá plé déanta cheana sa chaibidil seo ar ábhar na teanga maidir le carachtair éagsúla a bhfeictear coimhlint idir an dá chultúr iontu, agus é sin ag eascairt as an aicmeachas go minic. Gné eile den idirchultúrthacht a bhaineann leis an teanga atá le sonrú i

saothar Phádraic Bhreathnaigh is ea teacht le chéile ‘Gaeilge an tseandreama’ agus Gaeilge iarthraidisiúnta ógánaigh na linne seo, mar a bheadh teorainneacha na Gaeilge traidisiúnta a shárú. Ar uairibh, tá sí de réir Ghaeilge dhúchasach Mhaigh Cuilinn, uaireanta de réir an chaighdeáin, uaireanta eile ligeann sé an caighdeán i ndearmad. Dar ndóigh, tá plé déanta ar an ngné sin dá shaothar i gCaibidil 3. Anuas air sin, ámh, tugann sé beocht as an nua ina ghearrscéalta do Ghaeilge na timpeallachta as ar eascair sé féin i Maigh Cuilinn, mar shampla, sna gearrscéalta ‘Buaile Uisce’ (BA), ‘An Phicnic’ (AL), ‘An Maor’ (ÍS) agus ‘In Earr a Shaoil’ (PS). Thagair Máirín Nic Eoin thíos do scríbhneoirí Gaeilge an lae inniu a bheith ‘idir dhá theanga’⁶⁷⁵:

Nuair a bhreathnaítear ar shaothar daoine mar Dhara Ó Conaola, Phádraic Breathnach, Sheán Ó Curraoin, Mhaidhc Dainín Ó Sé, Shiobhán Ní Shúilleabháin, agus a liachtaí sin scríbhneoirí eile de bhunadh na Gaeltachta, feictear litríocht bhisiúil atá ar ancaire fós i máithreach shaibhir Ghaeilge na Gaeltachta mar a bhí sí á labhairt go forleathan le linn óige na scríbhneoirí sin.

...

Cé go mbíonn an baol ann uaireanta gur léiriú ar shaibhreas canúna seachas forbairt friotail phearsanta a bheadh mar thoradh ar an straitéis seo, éiríonn leis na scríbhneoirí is cumasaí stíl phearsanta a fhorbairt arbh é a meascán sainiúil féin í den fhileatacht, den drámatúlacht, is de nádúrthacht is de cheolmhaireacht na béalaithrise.⁶⁷⁶

Mhol léirmheastóirí faoi leith Pádraic Breathnach as ucht na crógachta a léirigh sé maidir le cúrsaí teanga ina chuid gearrscéalta ach cáineadh go géar é chomh maith as

⁶⁷⁵ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*, 339.

⁶⁷⁶ Ibid.

ucht briseadh amach óna dhúchas teanga, mar a pléadh i gCaibidil 3. I saothar déanach an Bhreathnaigh tá códmheascadh le sonrú, agus léirítear an teanga mar a chloistear go minic á labhairt í ar na laethanta seo, mar atá le feiceáil i scéalta ar nós ‘Eachtra’ (PS), ‘An Rós’ (PS), ‘Mac Léinn’ (IDD), ‘Iníon’ (IDD) agus ‘An Bhaintreach Amscaí’ (IDD) agus san úrscéal *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*. Feictear réchúis ó thaobh chruinneas na canúna de i gcomhráite faoi leith de chuid na gcarachtar, mar atá le cloisteáil i measc chainteoirí dúchasacha an lae inniu. Bhí fás tagtha ar an ngné sin dá scríbhneoireacht le foilsiú an úrscéil *As na Cúlacha* is le foilsiú an chnuasaigh *An Pincín agus Scéalta Eile* ina dhiaidh sin, mar a pléadh i gCaibidil 3. Tá sé le sonrú go háirithe le foilsiú an chnuasaigh *Ingne Dearga Dheaideo*, rud a thugann le fios go bhfuil Breathnach feasach agus airdeallach i gcónaí ar chlaochlaithe teanga, ar a dtugann Máirín Nic Eoin ‘... próisis theangeolaíochta ar ghnáthphróisis chlaochlaithe i suímh theagmhála teanga iad’.⁶⁷⁷ Tá sé inniúil ar aithris a dhéanamh ar na ciútaí teanga sin, rud a choinníonn a shaothar i dtiúin le teanga na linne seo, agus a léiríonn scil an Bhreathnaigh arís eile maidir le comhrá nádúrtha na linne seo a scríobh. Mar a d’áitigh Máirín Nic Eoin:

[ní h]í íonghlaineacht teanga an tslat tomhais is oiriúnaí a thuilleadh le saothair chomhaimseartha Ghaeilge a mheas. Níor mhór glacadh leis gur cross-síolrach de chineál éigin é gach táirgeadh cultúir a chuirtear ar fáil sa Ghaeilge.⁶⁷⁸

Léirigh Pádraic Breathnach féin a thuairim i leith na n-athruithe teanga a thitfeadh amach ina dhiaidh sin in alt luath dá chuid, ‘An Gearrscéal Gaeilge le Blianta Beaga Anuas’:

⁶⁷⁷ Ibid., 346.

⁶⁷⁸ Ibid., 404.

Táimid an-chosantach, caomhnach faoin nGaeilge i ngeall ar í a bheith chomh lag, i ngeall ar í a bheith faoi ionsaí chomh mór, faoi léigear go deimhin, a beatha i gcontúirt. Tá an nós seo sothuigte bídís is nach bhfuilim an-chinnt gur nós maith é. Creidim féin dá bhfanadh an Ghaeilge láidir go mbeadh i bhfad níos mó Béarlachais inti ná mar atá anois, gan aon dochar mór déanta agus má tharlaíonn go dtiocfaidh sí ar ais go scafánta beidh an ‘Béarlachas’ fite fuaite inti. ... Ní mharaíonn Béarlachas an Ghaeilge. Ní hé a mharaíos í. Cuireann sé athruithe uirthi. Tugann sé fairsinge di.⁶⁷⁹

Bhí aiséireacht éagsúil ag léitheoirí éagsúla i leith na himeachta seo ón nGaeilge thraidisiúnta. D’fháiltigh Aisling Ní Dhonnchadha roimh scéalaíocht an Bhreathnaigh a d’fhógair ré nua litríochta don Ghaeilge, ag áiteamh gur ‘dheacair gan ceann a thógáil d’úire agus do bheocht na Gaeilge aige – í i dtúin go hiomlán le saol an lae inniu ...’⁶⁸⁰ D’fháiltigh léitheoirí áirithe *Comhar* tamall roimhe sin fiú amháin, roimh oscailteacht i dtaca le teanga agus ábhar agus cháin siad caolaigeantacht léitheoirí eile na hirise a rinne casaoid i dtaobh na teanga agus an ábhair a shamhlaíodar a bheith maslaitheach do léitheoirí na mionteanga.⁶⁸¹ Is le blianta beaga anuas a fheictear glacadh forleathan leis an idirchultúrthacht, agus méadú ar an gceiliúradh a dhéantar ar an litríocht a d’eascair as an idirchultúrthacht sin. Is le blianta beaga anuas, mar sin, a fheictear cumasc an dá chultúr ag teacht chun cinn, áit a mbíodh coimhlint agus déachas na cros-síolracha chun tosaigh.

⁶⁷⁹ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéal Gaeilge le Blianta Beaga Anuas’ in *Comhar* Iml. 43, Uimh. 8 (Lúnasa, 1984), 36.

⁶⁸⁰ Aisling Ní Dhonnchadha, ‘Pádraic Breathnach agus a Chuid Gearrscéalta’, 37.

⁶⁸¹ Mairéad Báille agus Máire Ní Ailpín, ‘Drúis gan Chúis’ in *Comhar* Iml. 38, Uimh. 1, (Eanáir, 1979), 8.

Gnéithe den Ghaeilge chomhaimseartha is ea an códmheascadh agus an códmhalartú seo atá le sonrú ag teacht chun cinn ní hamháin sa teanga labhartha,⁶⁸² ach sa litríocht chomhaimseartha leis, mar atá le tabhairt faoi deara i saothar údar éagsúil cosúil le saothar Mhichíl Uí Chonghaile, go háirithe san úrscéal *Sna Fir*,⁶⁸³ Phádraig Standúin, Dhónaill Mhic Amhlaigh agus Joe Steve Uí Neachtain ina úrscéalta *Lámh Láidir*,⁶⁸⁴ agus *Scread Mhaidine*,⁶⁸⁵ agus i saothar déanach Phádraic Bhreathnaigh. Ag tabhairt aghaidh ar athruithe sochtheangeolaíocha sa scríbhneoireacht chruthaitheach i gcomhthéacs idirchultúrthacht Éire an lae inniu, d'áitigh Máirín Nic Eoin:

... it is in more recent years that creative writers have begun to lift the taboos imposed on them by critics, readers and publishers, and have begun (albeit in a modest and fairly tentative manner to date) to depict actual linguistic and sociolinguistic reality.⁶⁸⁶

In agallamh a rinne sé le Pádraig Ó Siadhail, thug Micheál Ó Conghaile léargas ar a nósmaireachtaí féin i dtaca leis an gcódmheascadh i litríocht na Gaeilge. D'áitigh sé:

I always say that literature is bigger than any one language. If a writer can or has to go outside his own language to create something better, stronger, or more precise, a writer should do that, and will do that to try to reach that higher level of power in his writing.⁶⁸⁷

⁶⁸² Brian Ó Catháin, 'Malartú agus Bás Teanga' in Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, 75.

⁶⁸³ Micheál Ó Conghaile, *Sna Fir* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996).

⁶⁸⁴ Joe Steve Ó Neachtain, *Lámh Láidir* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005).

⁶⁸⁵ Joe Steve Ó Neachtain, *Scread Mhaidine* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2003).

⁶⁸⁶ Máirín Nic Eoin, 'Idir Dhá Theanga: Irish-language Culture and the Challenges of Hybridity', 136.

⁶⁸⁷ Pádraig Ó Siadhail and Micheál Ó Conghaile. 'An Fear Aniar: An Interview with Micheál Ó Conghaile' in *The Canadian Journal of Irish Studies*, Vol. 31, No. 2 (Fall, 2005), 56.

Gné eile a bhaineann leis an gcumasc cultúrtha sa litríocht is ea ceist an aistriúcháin ón mionteanga go mórtheanga nó mórtheangacha. Is ábhar é sin a phléifear i gCaibidil 5 ós rud é go bhfuil gearrscéalta de chuid Phádraic Bhreathnaigh aistrithe go Béarla ag Gabriel Rosenstock sa chnuasach *The March Hare and Other Stories*,⁶⁸⁸ agus ón saothar sin d'aistrigh Inger Eriksson cuid de na gearrscéalta go Sualainnis, faoin teideal *Marsharen och Andra Berättelser*.⁶⁸⁹

Mar a luadh i dtosach na caibidle, ba é cuspóir na caibidle seo ná léargas a thabhairt ar speictream an déachais idirchultúrtha i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. De bharr an staidéir seo, tháinig chun solais gur scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhfuil bua ar leith aige a phobal féin a léiriú sa scríbhneoireacht chruthaitheach. Baineann Pádraic Breathnach féin le pobal idirchultúrtha agus trína shaothar cruthaitheach, tugann sé léargas ar chastacht agus ar dhoimhneacht an déachais sin. Sna scéalta is fearr dá chuid déantar ionramháil íogair ar charachtair éagsúla a léiríonn gnéithe faoi leith den aonchultúrthacht, den chros-síolracht agus den chumasc cultúrtha.

⁶⁸⁸ Pádraic Breathnach (Aistrithe ag Gabriel Rosenstock), *The March Hare and Other Stories* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1994).

⁶⁸⁹ Pádraic Breathnach (Aistrithe ag Inger Eriksson), *Marsharen och Andra Berättelser* (Kentaur/Lexis, 2001).

Caibidil 5: Pádraic Breathnach mar Scríbhneoir Idirchultúrtha

Leagan Amach na Caibidile

Scríbhneoir is ea Pádraic Breathnach a mhair agus a mhaireann idir chultúir éagsúla na hÉireann. Is scríbhneoir é a bhfuil muinín chultúrtha le sonrú go tréan ann féin mar scríbhneoir, agus a bhfuil saintréithe na cros-síolrachta agus an chumaisc chultúrtha araon, le sonrú ina shaothar liteartha, mar a pléadh sa chaibidil dheireanach. Scríbhneoir cruthaitheach is ea Breathnach a bhfuil a shaol caite aige idir cultúr na Gaeltachta agus cultúr na Galltachta, i sochaí shíorathraitheach na hÉireann, ó rugadh é sa bhliain 1942.

Agus an saothar seo á thabhairt chun críche sa bhliain 2017, is fiú a lua go bhfuil os cionn caoga bliain ann ó scríobh Pádraic Breathnach a chéad ghearrscéal ‘Soineann agus Doineann’, gearrscéal a scríobh sé sa bhliain 1966.⁶⁹⁰ Gearrscéal is ea é nár foilsíodh riamh ach a ndéanann Breathnach féin tagairt dó san alt ‘Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímheas?’. Gan dabht, tháinig claochló ó bhonn ar shochaí agus ar chúinsí sóisialta na hÉireann le linn na tréimhse céanna úd a raibh Pádraic Breathnach i mbun pinn. Is í an tréimhse ó 1974 go dtí 2005 tréimhse iniúchta an tráchtais seo, áfach, mar atá, an tréimhse idir dáta foilsithe a chéad chnuasaigh, *Bean Aonair agus Scéalta Eile*, agus dáta foilsithe an chnuasaigh is déanaí óna pheann, *Ingne Dearga Dheaideo*.

⁶⁹⁰ Pádraic Breathnach, ‘Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímheas?’ in *Comhar* Iml. 69, Uimh. 11 (Samhain, 2009), 22.

Is éard is cuspóir don chaibidil seo ná spléachadh a thabhairt ar Phádraic Breathnach mar scríbhneoir i gcomhthéacs na n-athruithe leanúnacha sin, mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar sheasamh Phádraic Bhreathnaigh i gcomhthéacs cultúrtha na scríbhneoirí Gaeilge a chuaigh díreach roimhe, i gcomhthéacs a chomhaimsearach, agus i gcomhthéacs na scríbhneoirí Gaeilge atá tagtha chun cinn i ndiaidh dó féin cáil a bhaint amach mar ghearrscéalaí cumasach. Scríbhneoirí atá idir dhá chultúr is ea na scríbhneoirí sin a bhfuil ardmhuinín chultúrtha le sonrú ní hamháin ina saothar ach ina meon i leith an dá theanga agus i leith chultúr na Gaeilge leis, mar atá pléite cheana sa tráchtas.

Feictear teacht le chéile an dá chultúr, nó teacht le chéile chultúir iomadúla Éire na linne i scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh mar a bhfuil an saol comhaimseartha domhanda agus saol na Gaeltachta ag teacht i gcomhar le chéile, agus thairis sin feictear an cumas scríbhneoireachta aige ag eascairt as muinín chultúrtha bhunfhréamhaithe, bhuanfhréamhaithe ann féin. Ón eolas atá léirithe ag an údar in agallaimh a rinne sé agus sna hailt a scríobh sé, is ríléir gur duine é atá muiníneach i dtaca lena áit féin i gcumasc cultúrtha a linne féin.

*Pádraic Breathnach mar Scríbhneoir Idir Dhá Chultúr –
A Chúlra Pearsanta Idirchultúrtha*

Tá a shaol caite ag Pádraic Breathnach idir dhá chultúr agus idir dhá theanga. Níorbh ualach dó ó thús a thréimhse scríbhneoireachta ceachtar den dá chultúr nó den dá theanga sin, ámh, dar leis féin.⁶⁹¹ In agallamh a rinne sé le déanaí, chuir sé in iúl gur suaimhneas cultúrtha a mhothaíonn sé i dtaca lena áit féin i gcumasc cultúrtha Éire a linne.⁶⁹² Cé go raibh an Ghaeilge dulta i léig timpeall air agus é ag fás aníos i Maigh Cuilinn, léiríonn sé, mar dhuine agus mar scríbhneoir, mórtas sa Ghaeilge agus in áit na teanga ina shaol féin. Nuair a músclaíodh a spéis inti, is le díograis a thapaigh sé pé deiseanna a thagadh le í a shealbhú faoi mar a bhíodh sí á labhairt ag an seandream. Ag léiriú méid a cheana don teanga agus cé chomh mór is a bhí sé riamh faoi gheasa aici, scríobh sé:

Aisteach an rud an grá, pósann duine an té atá uaidh, í saibhir daibhir, agus sin mar is ceart. Ach ní teanga bhocht í an Ghaeilge. Teanga uasal bhródúil í, chomh huasal le teanga ar bith, agus tá traidisiún fada ag gabháil léi. Údar misnigh 'gus údar meanman don scríbhneoir Gaeilge é sin. Tuigeann sé freisin go bhfuil gá leis sa Ghaeilge agus is binn leis fóidín a iompú.⁶⁹³

Dar ndóigh, tá cúig bliana is tríocha ann ó scríobh Pádraic Breathnach an méid sin, ach is léir nach bhfuil aon mhalairt tuairim air ó shin. Dhearbhaigh sé an méid seo a leanas san agallamh a luadh thuas, '... ní dóigh liom ... go mb'éigean dom mórán rogha a dhéanamh ach oiread. Tháinig rogha na Gaeilge agamsa go nádúrtha, is dóigh liom.'⁶⁹⁴

⁶⁹¹ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéalaí is a Gearrscéalta' in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Má Nuad: An Sagart, 1981), 51. Féach Aguisín 3, 57-58.

⁶⁹² Féach Aguisín 3, 58-59.

⁶⁹³ Pádraic Breathnach, 'An Gearrscéalaí is a Gearrscéalta', 51.

⁶⁹⁴ Féach Aguisín 3, 57.

Thairis sin, is ar Ghaeilge Mhaigh Cuilinn a scríobh Pádraic Breathnach a thráchtas M.A. sa bhliain 1964 faoin teideal ‘Focla Neamh-Ghnácha’, rogha a léiríonn go raibh spéis aige i nósanna teanga agus cainte a cheantair dhúchais, agus gur theastaigh uaidh an teanga a chaomhnú sula gcaillfí cuid de na ‘focla neamh-ghnácha’ sin. Thuig sé go rímhaith go raibh tionchar seachtrach díobhálach á imirt ar Ghaeilge Mhaigh Cuilinn ag an am agus go raibh práinn leis an gcaomhnú agus luach lena thoradh. ‘Bailiúchán beag de fhocla neamh-ghnácha’⁶⁹⁵ a chuir sé roimhe a chnuasach sa tráchtas, agus luaigh sé go raibh sásamh le fáil, ‘sa smaoinemh, go bhfuilid go léir beo fós ar bhéala seanóirí.’⁶⁹⁶ Shonraigh sé na seanóirí sin ó Mhaigh Cuilinn ónar bhailigh sé a chnuasach focal, mar a bhí, Beartlaiméad Ó Ceallaigh as Sráid Tí Mhóir, Seán Ó Conaill as Coill Bhruachláin agus Pádraic Sheáinín Pheadair Ó Céidigh as Cill Eaguála.⁶⁹⁷

In agallamh a rinne sé le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha don chlár *Comhrá* a craoladh ar TG4 ar an 1^ú Aibreán, 2010, thug Pádraic Breathnach léargas cuimsitheach agus ionraic ar bhlianta a óige agus a dhéaga agus mar a chuaigh an dá chultúr i bhfeidhm air ón aois óg sin. San agallamh sin agus in ailt éagsúla a scríobh sé thar na blianta, nochtann Breathnach mórán faoina thógáil idirchultúrtha agus faoin nGaeilge i Maigh Cuilinn le linn a óige,⁶⁹⁸ agus ar aghaidh go dtí casadh na Mílaoise. De réir an Bhreathnaigh, ‘Béarla a bhíodh le cloisteáil’⁶⁹⁹ i Maigh Cuilinn agus é ag fás aníos

⁶⁹⁵ Pádraic Breathnach, ‘Focla Neamh-Ghnácha’ – Miontráchtas MA a cuireadh faoi bhráid Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1964, Réamhrá.

⁶⁹⁶ Ibid.

⁶⁹⁷ Ibid.

⁶⁹⁸ Féach go háirithe Aguisín 3, agus Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéaláí is a Gearrscéalta’, 52.

⁶⁹⁹ *Comhrá*, Agallamh le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha ar TG4, Séasúr 7, Clár 26 (2009). Craoladh an clár ar an 1^ú Aibreán, 2010. <https://www.youtube.com/watch?v=0LtU4MfGFcQ>

ann, ach gurbh í an Ghaeilge a labhraídís féin sa bhaile agus gurbh é sin nós go leor teaghlach eile leis, cé go bhfuil roinnt Gaeilge i mbailte fearainn faoi leith i gcónaí.⁷⁰⁰ Ba ar mhaithe le deontas an Stáit a fháil a labhraíodh go leor teaghlach an Ghaeilge, dar le Pádraic Breathnach. Ag tabhairt aghaidhe, ar bhealach réchúiseach, gealchroíoch, scigmhagúil, ar cheist na hidirchultúrthachta i Maigh Cuilinn, dúirt an Breathnach nach raibh Gaeilge ná Béarla i Maigh Cuilinn le linn a óige.⁷⁰¹

Sa leabhar *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, a foilsíodh sa bhliain 1986, ríomhann Pádraic Breathnach staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn le linn a óige ann agus ó shin. Airíodh an paróiste trí chéile mar cheantar Gaeltachta ag an am sin cés móite de shé bhaile fearainn, mar a bhí, an Corrach, Corrach Uaitéir, Port Darach, Cartúr, Chill an Chlogáin agus Gort an Tóchaire, a bhí taobh amuigh de limistéir aitheanta na Gaeltachta. Dar leis an mBreathnach, ba iad Sliabh an Aonaigh, Tulach na nUan, na Tamhnacha Beaga agus Leitir Chloch na bailte ba mhó a labhraítí Gaeilge iontu an uair sin. Mar sin, tugtar le fios gur baile Gaeltachta fós Coill Bhruachláin, baile Phádraic Bhreathnaigh féin, agus Gaeilge ag mórchuid de na daoine ann i lár na 1980idí, bíodh is nach raibh an Ghaeilge láidir ann mar ghnáth-theanga teallaigh nó teaghlaigh.⁷⁰² Ag na seandaoine ba mhó a bhí Gaeilge dhúchasach na Gaeltachta ag an am, agus le tamall roimhe sin, a deir Breathnach.⁷⁰³

Tréimhse mhórathruithe sóisialta sa cheantar sin ab ea an tréimhse úd i gcoitinne ina bhfacthas meon diúltach go leor i leith na Gaeilge. Cuireann Pádraic Breathnach síos

⁷⁰⁰ Ibid.

⁷⁰¹ Ibid.

⁷⁰² Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc* (Indreabhán: Cló Chonamara, 1986), 57.

⁷⁰³ Féach Aguisín 3, 50.

ar úsáid na Gaeilge i mbailte faoi leith, ag áiteamh go raibh, ‘bunáite na ndaoine ar a ndícheall ag iarraidh fáil réidh leis an nGaeilge. Fáil réidh léi go dtí pointe áirid ar aon nós, go dtí an pointe nach fiú mórán í; go dtí go n-aireofaí ina gcainteoirí Béarla iad.’⁷⁰⁴ In alt dá chuid, léirigh sé tuairim choitianta na ndaoine ann gur ‘bhain [an Ghaeilge] leis an seansaol ’gus ní raibh meas ar bith uirthi. Ba údar fonóide dháiríre í.’⁷⁰⁵ Thuigfí, mar sin, nach raibh borradh tagtha go fóill sna 1980idí faoin muinín chultúrtha agus teanga a airíodh ag teacht chun cinn i gcoitinne i mblianta deireanacha na mílaoise agus ó shin i leith.

Sonraíonn Breathnach an choimhlint chultúrtha sin mar a chonaic sé féin é agus é sna déaga, coimhlint a dtagraítear di go minic i gcomhthéacs na cros-síolrachta. Dúirt sé in agallamh leis gur chruthaigh an dátheangachas fadhbanna áirithe dó mar ógánach ag freastal ar mheánscoil sa chathair dó. D’áitigh sé:

Gaeilge bhriste agus Béarla briste a labhair mise ag fás aníos dom, nár thuig mé ag an am aon locht a bheith air, ach shíltí i gcathair na Gaillimhe go mba Ghaeilge a bhíos ag labhairt nuair a shíleas féin go mba Bhéarla í. Béarla an-Ghaelach a bhí agam, struchtúir na Gaeilge ar fad ionann’s, i ngan fhios dom.’⁷⁰⁶

Is léir go raibh muinín chultúrtha ann i gcónaí agus nár bhain an dianchoimhlint chultúrtha ar tagraíodh di thuas le Pádraic Breathnach agus é ag fás aníos. É sin ráite, léirigh sé mar a chuaigh coimhlint áirithe chultúrtha i bhfeidhm ar a shaol teaghlaigh agus é óg. Thug sé léargas ar úsáid na Gaeilge i measc a theaghlaigh féin a léiríonn

⁷⁰⁴ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, 57.

⁷⁰⁵ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéaláí is a Gearrscéalta’, 52.

⁷⁰⁶ Oisín Breathnach, ‘Léightheoirí Nua Ag *Angela’s Ashes* as Gaeilge’, *The Wild Geese* 16 Aibreán, 2013.

mórtionchar cúinsí eistreacha i gcinneadh a thuismitheoirí an Ghaeilge a labhairt lena gclann, is é sin Scéim Labhairt na Gaeilge. Ba í máthair an Bhreathnaigh ba mhó a labhair Gaeilge leo sa bhaile toisc go raibh ‘breac-Ghaeilge as Cnocán Raithní’ aici.⁷⁰⁷ Tá mórtas le brath nuair a chuireann sé in iúl go ‘[bhfuairamar] ar fad an deontas chuile bhliain gan teip.’⁷⁰⁸ Dar le Breathnach, chuir an scéim ‘maolú réasúnta mór ar thréigean na Gaeilge’,⁷⁰⁹ cé nár éirigh leis an scéim riamh *pobal* le Gaeilge a athchruthú nó a chothú de bharr nach ndearna teaghlaigh éagsúla a raibh Gaeilge acu cumarsáid le chéile trí mheán na teanga.⁷¹⁰

Is spéisiúil an rud é nár bhreathnaigh sé féin nó a dheartháireacha ná a dheirfiúracha ar an nGaeilge mar ‘theanga cheart’.⁷¹¹ Teanga sheanchaite an bhochtanais agus na heaspa ab ea í dóibh ag an am ar shamhlaíodar í le háiteanna ‘iargúlta’ bochta; le cnoic is le sléibhte.⁷¹² Níorbh aon iarracht ar chaomhnú teanga nó cultúir a spreag labhairt na teanga sa teaghlach, ach ní raibh siad doicheallach ina leith ach an oiread. Tá castacht na hidirchultúrthachta le sonrú sa mhéid a léirigh an Breathnach mar gheall ar aitheantas cultúrtha a theaghlaigh féin, mar atá tugtha thuas.

Anuas air sin, áfach, tugann Breathnach léargas ar spreagadh a dhúthrachta féin i leith na Gaeilge, ar an tslí inar fhás meas don Ghaeilge ann agus ar an mbealach a ndearna sé comhtháthú ar chultúr an dá theanga agus an dá shuíomh, is é sin an suíomh uirbeach agus an suíomh tuaithe. Nuair a thosaigh sé ag freastal ar Choláiste Muire i gCathair na Gaillimhe, ba náire, de shaghas, a mhothaigh sé i leith na Gaeilge a bhí aige, agus

⁷⁰⁷ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, 61.

⁷⁰⁸ Ibid.

⁷⁰⁹ Ibid.

⁷¹⁰ Féach Aguisín 3, 51.

⁷¹¹ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, 62.

⁷¹² Féach Aguisín 3, 51-53.

é i bhfad níos bródúla as a chumas sa Bhéarla. Ógánach Gaeltachta a bhí ann dá chomrádaithe cathrach, áfach. Ba nuair a thug compánach amháin dá chuid le fios dó gur Gaeilge a bhí á labhairt aige go minic, i ngan fhios dó féin, gur thosaigh mórtas teanga ag fás ann, agus gur chas sé ar Ghaeilge a labhairt lena chomhscoláirí Gaeltachta.⁷¹³ D'fhéadfaí a áiteamh gur pointe suntasach casta ab ea sin i saol an Bhreathnaigh agus ina chaidreamh pearsanta le mórchultúr agus teanga na Galltachta agus cultúr agus teanga mhionlaithe na Gaeltachta. Ba ina dhiaidh sin, agus spéis intreach sa teanga múscailte ann, a thug sé go comhfhiosach faoin teanga a shealbhú, agus í a shealbhú mar a bhíodh sí á labhairt i measc a mhuintire féin i Maigh Cuilinn.

Is léir ó agallaimh a rinne Pádraic Breathnach, óna chuid gearrscéalaíochta, agus ó ailt thuairimíochta a scríobh sé go bhfuil spéis ar leith aige i dtimpeallacht an fhásaigh agus i dtréimhsí a chaitheamh in áiteanna iargúlta. Tá nasc soiléir idir an spéis leanúnach seo agus an iarracht a rinne sé mar ógánach seilbh a ghlacadh an athuair ar an uile rud dúchasach ina thimpeall i Maigh Cuilinn. Is ó na seandaoine a d'fhoghlaim sé an cineál Gaeilge a raibh meas aige uirthi, agus is sna goirt agus is ar na cnoic a bhíodh sé leo, ag obair agus ag éisteacht leo agus ag foghlaim uathu. Is ríléir a mhórshásamh agus a mhórtas as an saothar *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc* a chur i gcrích mar tá an spéis ina cheantar dúchais agus i muintir an cheantair sin tugtha leis aige trína shaol fásta.⁷¹⁴ Léiríonn an díograis agus an cháiréis a ghlac sé agus é i mbun taighde don leabhar *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc* an meas atá ag Pádraic Breathnach ar oidhreacht a cheantair dhúchais. Chuir sé in iúl in agallamh a rinne sé gur bhailigh sé na scéalta béaloidis atá ar fáil sa leabhar ar bhealaí éagsúla, trí

⁷¹³ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, 62-63.

⁷¹⁴ Féach Aguisín 3, 56.

thaighde cartlainne a dhéanamh i mBaile Átha Cliath agus trí scéalta a bhailiú ó dhaoine éagsúla sa cheantar féin, agus ar an mbealach sin gur chuir sé lena eolas ar Mhaigh Cuilinn agus gur fhoghlaim sé go leor faoina cheantar dúchais féin.⁷¹⁵ Léirigh Pádraic Breathnach an meas sin ar nádúr, ar thimpeallacht agus ar oidhreacht a cheantair dhúchais in ailt thuairimíochta agus i gcolúin éagsúla a scríobh sé in *Anois* agus in *The Irish Times*, go háirithe sna 1980idí agus sna 1990idí. Mar shampla fánach amháin, san alt ‘Uachtair Arda’ a scríobh sé i Meitheamh na bliana 1989, scríobh sé faoin taitneamh a bhaineann sé as siúlóidí a dhéanamh leis féin ‘ar an gcúlraid’:

Leat féin ní gá duit spreaschaint a dhéanamh le haon duine. Ní gá duit a bheith ródheas, róthuisceanach, róchineálta ná rómhúinte. Ní hé gur maith liomsa mo chomhluadar féin. Ní hé mo chomhluadar féin atá uaim. Comhluadar an dúlra a shantaím. Sin í mo mhian. Éistim léi. Déanaim teagmháil léi. Labhraím léi. Leis an leoithe feothain, leis an bhfásra, leis na dúile fiáine. Sin is maith liom. Sin is áil liom. Sin is aoibhinn liom.⁷¹⁶

Ní scéal uathúil é scéal Phádraic Bhreathnaigh i dtaca leis an nGaeilge agus é ag fás aníos i gceantar Breac-Ghaeltachta. Tréimhse athraitheach ab ea lár na haoise seo caite i gcoitinne i dtaca leis an teanga agus le meon na ndaoine i leith na teanga. Thug Máirtín Ó Cadhain léargas in alt tuairimíochta dá chuid ar leathnú na Galltachta amach i dtreo na Gaeltachta sa bhliain 1955,⁷¹⁷ ag am a raibh Pádraic Breathnach tar éis tús a chur lena chuid staidéir i gColáiste Muire.⁷¹⁸ Ba mhó d’ionsaí a bhí san alt céanna ar ‘fhorbairtí nua-aoiseacha’ sa cheantar a chuir go mór, dar le hÓ Cadhain, le dí-Ghaelú

⁷¹⁵ *Comhrá*, Agallamh le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha ar TG4, Séasúr 7, Clár 26 (2009).

⁷¹⁶ Pádraic Breathnach, ‘Uachtair Arda’ in *Anois*, 18 Meitheamh, 1989, 10.

⁷¹⁷ Máirtín Ó Cadhain, ‘Gaillimh – Cathair Ghaeltachta? Cé An t-Údar go nDéanfaí an Ghaeltacht a Éigniú Isteach i mBailte?’ in *Comhar* Iml. 14, Uimh. 2 (Feabhra, 1955).

⁷¹⁸ Ba ón mbliain 1955-1960 a d’fhreastail Pádraic Breatnach ar Choláiste Muire i gCathair na Gaillimhe.

na Gaeltachta. Sonraítear san alt sin gur ábhar práinneach i lár na haoise seo caite, agus Pádraic Breathnach ina ógánach, díGhaelú na Gaeltachta mar aon le céim síos na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta thraidisiúnta. ‘An t-éan ar an láimh’⁷¹⁹ is ea a thug an Cadhnach ar ‘Fhíor-Ghaelacht’ de dhaonra 37,000 duine san alt céanna, ag áiteamh nár mhór freastal láithreach orthu siúd mar phobal. Ag gríosadh a lucht léitheoireachta chun gnímh, chríochnaigh sé an t-alt mar seo a leanas:

Éirimis as a bheith ag fiafraí ceisteanna leanbhaí faoi rialtais a bheith dáiríre.

Éirimis as a bheith ag cur iontaoibh i gcoinsias na tíre. Bhí ár n-aithreacha agus ár seanaitheacha in ann gníomh a dhéanamh. Ní léarscáiliú ná daonáiriú a dhúiseos lucht an chodladh púicín ...⁷²⁰

Tréimhse mhórathruithe do stádas na Gaeilge i gcoitinne sa tsochaí ab ea tréimhse óige an Bhreathnaigh agus bhí tionchar aige sin ar úsáid na Gaeilge i gcoitinne. Comhthráthach leis na hathruithe teanga a bhí ag titim amach ina cheantar féin ag an am, ba sna 1950idí a cuireadh caighdeánú na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge caighdeánaithe chun cinn,⁷²¹ is é sin Gaeilge chaighdeánach a bhí ag teacht le foirmeacha den teanga a bhí in úsáid go coitianta sna ceantair Ghaeltachta.⁷²² Um an dtaca sin, foilsíodh leabhair thábhachtacha ar chaighdeánú agus ar litriú caighdeánaithe na Gaeilge, leabhar Néill Uí Dhónaill, *Forbairt na Gaeilge*, a foilsíodh sa bhliain 1951 ina measc. Rinne Niall Ó Dónaill iarrachtaí diongbháilte taca an ama

⁷¹⁹ Máirtín Ó Cadhain, ‘Gaillimh – Cathair Ghaeltachta? Cé An t-Údar go nDéanfaí an Ghaeltacht a Éigniú Isteach i mBailte?’.

⁷²⁰ Máirtín Ó Cadhain, ‘Gaillimh – Cathair Ghaeltachta? Cé An t-Údar go nDéanfaí an Ghaeltacht a Éigniú Isteach i mBailte?’.

⁷²¹ Helena Ní Ghearáin, ‘An Caighdeán, An Caighdeánú agus Caighdeánú na Gaeilge’ in Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochttheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012), 210.

⁷²² ‘Réamhrá’, *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* [1958] (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1998), vii.

sin nuathearmaíocht theicniúil sa Ghaeilge a chur chun cinn, leis.⁷²³ Rinneadh argóintí láidre ag deireadh na 1950idí agus le linn na 1960idí an teanga a chaomhnú ar thaobh amháin den deighilt agus ar an taobh eile, bhíothas ann a rinne argóintí deireadh a chur le héigeantacht na Gaeilge i dtaca le fostaíocht sa Státseirbhís, mar aon le laghdú ar an méid ama a caitheadh ag múineadh na teanga sa seomra ranga.⁷²⁴ Páipéar Bán ar Athbheochan na Gaeilge ab ea toradh na n-argóintí agus na n-iarrachtaí sin sa bhliain 1965. Scáthánaíonn na hathruithe seo maidir le cúrsaí teanga athruithe a bhí ag teacht ar shochaí na hÉireann i gcoitinne ag an am.

⁷²³ Helena Ní Ghearáin, ‘An Caighdeán, An Caighdeánú agus Caighdeánú na Gaeilge’, 206.

⁷²⁴ Diarmaid Ferriter, *The Transformation of Ireland 1900-2000* (London: Profile Books, 2004), 600.

Athruithe Sóisialta agus Fás an Déachais Idirchultúrtha

Agus é ina fhear óg le linn na 1970idí, thuig Pádraic Breathnach na mórathruithe a bhí ag titim amach sa dúiche, agus ceantar a óige ag athrú as cuimse faoi thionchar chultúr isteach, rud a dtagraíonn sé dó ina leabhar *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*. Le linn a óige ann, is ar an talmhaíocht, den chuid ba mhó, a mhair na daoine agus ar an mbeagán ioncaim a thuillidís ag an aonach.⁷²⁵ Tháinig athrú air sin in imeacht ama, mar a léiríonn Breathnach sa leabhar céanna, agus is cosúil go raibh claochló ó bhonn tagtha ar an áit faoi lár na 1970idí, agus cuid mhaith de shean-nósanna maireachtála na dúiche imithe i léig faoi sin. Ag scríobh dó i lár na 1980idí, cuireann sé síos ar na hathruithe curaíochta agus talmhaíochta a bhí tar éis titim amach sa cheantar le tamall roimhe sin.

Go dtí le gairid féin, bhíodh sraith carranna capaill luchtaithe le móin ag dul isteach go Gaillimh chuile Shatharn beo, ach ní dheachaigh carr isteach anois ann le deich mbliana nó os a chionn. ...

Ba ar aontaí na Gaillimhe den chuid is mó a dhíoltaí beithígh na háite. ... Ach dheamhan a bhfuil aonach i nGaillimh féin anois. Soir go dtí an mharglann i mBaile Átha an Rí a ghabhann daoine ar na saolta seo; sin nó díolann siad sa bhaile le ceannaitheoirí a thagann go dtí iad. ...⁷²⁶

Cuireann an Breathnach síos ar athruithe eile a thit amach sa cheantar leis le linn an ama chéanna, mar atá athruithe i ndéanamh tithíochta agus in éadaí na ndaoine, mar shampla.⁷²⁷ Bhain an imirce shéasúrach, agus imirce na n-óg leis an gceantar cosúil le go leor ceantar tuaithe agus Gaeltachta eile timpeall na tíre sna 1950idí agus 1960idí,

⁷²⁵ Pádraic Breathnach, *Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, 5-6.

⁷²⁶ *Ibid.*, 6.

⁷²⁷ *Ibid.*, 8-9.

mar a shonraítear i saothair ar nós *Ar Seachrán*,⁷²⁸ le Tomás Ó Cinnéide, a chaith mórchuid de thréimhse na 1950idí agus 1960idí ag obair i Meiriceá; *A Thig Ná Tit Orm*,⁷²⁹ le Maidhc Dainín Ó Sé, a ríomhann scéal imirce ag deireadh na 1950idí agus tús na 1960idí; agus *An Baile i bhFad Siar*,⁷³⁰ le Domhnall Mac an tSíthigh a nochtann saol agus scéal an údair in Dagenham ag deireadh na 1950idí. San ollscoil dó, chaitheadh Pádraic Breathnach ráithe an tsamhraidh ag obair i Londain. Oscailt súl dó ab ea an t-eispéireas sin, dar leis féin, do chultúr nua ceannchathrach agus saol idirchultúrtha agus ilchultúrtha. Eispéireas ba ea é sin a chuir go mór lena thuiscint ar uaigneas an imirceora óig agus an duine atá as áit sa timpeallacht a bhfuil siad ag cur fúthu inti,⁷³¹ eispéireas ar dhein sé plé téamach air ina shaothar cruthaitheach ina dhiaidh sin.

Mar a pléadh i gCaibidil 2, tréimhse mhórathraithe sa tír i gcoitinne ab ea blianta lár na haoise seo caite. Tháinig athruithe sóisialta Mhaigh Cuilinn, agus na Breac-Ghaeltachta i gcoitinne, a chonacthas ag titim amach le linn óige Phádraic Bhreathnaigh, a bheag nó a mhór le patrún na n-athruithe sóisialta sin sa tír i gcoitinne. Mórphointe casta i nuastair na tíre seo ab ea na blianta iarchogaidh, agus go háirithe le linn na 1950idí agus thosach na 1960idí nuair a bhí Pádraic Breathnach ag teacht in aois. Dar le Breen *et al.*, ‘... sociologically 1958 dates the beginning of the contemporary period in Ireland’ nuair a cuireadh tús le pleanáil straitéiseach eacnamaíoch sa Stát.⁷³² Ba sa bhliain 1961, le teacht na teilifíse go hÉirinn, a cuireadh

⁷²⁸ Tomás Ó Cinnéide, *Ar Seachrán* (An Daingean: An Sagart, 1981).

⁷²⁹ Maidhc Dainín Ó Sé, *A Thig Ná Tit Orm* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1987).

⁷³⁰ Domhnall Mac an tSíthigh, *An Baile i bhFad Siar* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000).

⁷³¹ *Comhrá*, Agallamh le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha ar TG4, Séasúr 7, Clár 26 (2009).

⁷³² Richard Breen, Damian F. Hannon, David B. Rottman, Christopher T. Whelan, *Understanding Contemporary Ireland: State, Class and Development in the Republic of Ireland* (Dublin: Gill & Macmillan, 1990), 5.

tús le próiseas mórathraithe na sochaí in Éirinn, dar le Diarmaid Ferriter.⁷³³ Tús phróiseas claochlaithe a bhí sa tréimhse sin ina bhfeictear bunathrú ó shochaí tuaithe, fheirmeoireachta, thraidisiúnta na hÉireann go sochaí uirbeach, thionsclaithe. Lean próiseas sin an uirbithe, mar aon le bánú na gceantar tuaithe, ar aghaidh le linn na 1970idí, is é sin le linn na tréimhse ba bhisiúla scríbhneoireachta ag Pádraic Bhreathnach. D'fhág na hathruithe sin a rian ar ghnéithe iomadúla de shaol agus de luachanna mhuintir na tíre, bíodh athruithe chun feabhais nó chun donais i gceist.

Tháinig athrú meoin chun cinn i leith an náisiúnachais thraidisiúnta sna 1950idí, agus idéalachas íomhá na hÉireann Gaelaí, dúchasaí á thréigean go forleathan. Mar a d'áitigh Richard Breen *et al.*, 'The 1950s marked the end of the post-independence search for a national identity and economy rooted in conceptions of traditional, rural Ireland.'⁷³⁴ D'fhág an t-athrú meoin sin rian faoi leith ar na ceantair Ghaeltachta. Ba chosúil faoin tréimhse sin gur tréigeadh nóisin bhunaidh na náisiúnaithe cultúrtha, mar aon le sainstádas na gceantar Ghaeltachta mar lárionaid an dúchais agus na hoidhreachta Gaelaí. Chothaigh sé sin folús, go háirithe i leith na teanga agus mhéadaigh sé ar an mbearna idir lucht labhartha na Gaeilge mar theanga teallaigh agus lucht labhartha an Bhéarla, go háirithe iadsan sna ceantair uirbeacha. Bhí réabhlóid chultúrtha ar bun, nó mar a dúirt Diarmaid Ferriter, 'Perhaps the more mundane truth was that it was growing awareness and acceptance of materialism that was outweighing attachment to tradition.'⁷³⁵ Mar sin, anuas ar fhéith an déachais idirchultúrtha a bhí ag fás timpeall na tíre le leathnú thionchar na hiasachta, bhí imeallú á dhéanamh arís ar mhuintir na Ghaeltachta. D'fhág an próiseas sin muintir na gceantar Breac-Ghaeltachta go mór idir

⁷³³ Diarmaid Ferriter, *The Transformation of Ireland 1900-2000*, 601.

⁷³⁴ Richard Breen, Damian F. Hannon, David B. Rottman, Christopher T. Whelan, *Understanding Contemporary Ireland: State, Class and Development in the Republic of Ireland*, 4.

⁷³⁵ Diarmaid Ferriter, *The Transformation of Ireland 1900-2000*, 607.

dhá chultúr. De réir Share *et al.* agus iad ag trácht i gcoitinne ar chinniúint mionteangacha, de réir mar a bhailíonn próiseas an uirbithe agus an nua-aoiseachais neart, is i dtreo homaigineacht teangeolaíoch a théann an tsochaí. D'fhógair siad:

If a minority language does, exceptionally, survive, it will be in those parts of the society that have been more isolated from cross-cultural contacts and have remained more traditional in their economic and social practices. But as soon as these areas modernise, the language will disappear there as well.⁷³⁶

Since the 1960s it has been urban culture that has increasingly established itself as the expression of the real (modern) Ireland, while the rural has been labelled backward and traditional.⁷³⁷

Ag tagairt go sainiúil don Ghaeilge, d'áitigh siad:

By the 1960s Irish survived as an everyday language mainly in rural communities along the western seaboard that could easily, if inaccurately, be described as traditional and isolated. As these communities have been incorporated into modern Irish society (particularly its mass media) it is often argued that the language is now disappearing there.⁷³⁸

Taobh istigh de shaolré amháin tháinig claochló ó bhonn ar an tír,⁷³⁹ ó thír a raibh béim láidir ar chúrsaí talmhaíochta mar phríomh-mhodh maireachtála na ndaoine go dtí tír ilchultúrtha, uirbeach a bhfuil cuid mhaith dá huathúlacht fágtha go toilteanach ar leataobh ag a muintir. Tá athruithe suntasacha le sonrú ó thaobh na teanga de, chomh

⁷³⁶ Perry Share, Hilary Tovey & Mary P. Corcoran, *A Sociology of Ireland* (3rd ed.) (Dublin: Gill and MacMillan, 2000, 2003, 2007), 345.

⁷³⁷ *Ibid.*, 358.

⁷³⁸ *Ibid.*, 345.

⁷³⁹ Richard Breen, Damian F. Hannon, David B. Rottman, Christopher T. Whelan, *Understanding Contemporary Ireland: State, Class and Development in the Republic of Ireland*, 53-4.

maith, le linn na tréimhse céanna, mar a ríomhann Pádraig Ó Riagáin ina alt ‘Teanga, Féiniúlacht agus an Dearcadh Náisiúnta.’⁷⁴⁰ Tá fás le tabhairt faoi deara taca an ama sin i gcastacht mheon na nÉireannach i leith na Gaeilge i gcoitinne. Shonraigh Ó Riagáin, i bhfianaise shuirbhé sochtheangeolaíochta náisiúnta na bliana 1973:

I dtaca le réimsí polasaí ar leith, thacaigh an móramh le polasaithe chun an Ghaeilge a chaomhnú sa Ghaeltacht, chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar ar na bealaí náisiúnta teilifíse, chun an Ghaeilge a úsáid i bhfógraí poiblí etc., chun seirbhísí stáit a chur ar fáil i nGaeilge agus feidhmeannaigh a bhí in ann Gaeilge a labhairt. Mar sin féin, ní raibh móramh an phobail Éireannaigh tiomnaithe d’úsáid na Gaeilge toisc gur braitheadh, b’fhéidir nár oir sí d’fhormhór na dtosca sóisialta a dteagmhaíonn siad go rialta leo.⁷⁴¹

Téann claochló den chineál sin dian ar an bpobal ar go leor bealaí, agus fágann sé cuid den phobal ag mothú go bhfuil siad ag maireachtáil idir dhá thír agus idir dhá chultúr. Is é sin is ábhar do scéalta áirithe de chuid an Bhreathnaigh, mar shampla, ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD) agus ‘An Gabháltas’ (IDD). Baineann sé sin, i measc rudaí eile, le cúrsaí imirce intíre chun na gcathracha agus le lagú an chultúir agus na teanga dúchais sna ceantair Ghaeltachta. Faoi mar a thuigfí, is mó a thagadh agus a thagann ceantair Bhreac-Ghaeltachta faoi bhrú ón gcultúr iasachta isteach ná ceantair Fhíor-Ghaeltachta a bhfuil aontacht phobal láidir Gaeltachta iontu. Toisc a chónagraí is atá áiteanna cosúil le Bearna, An Spidéal agus Maigh Cuilinn do chathair na Gaillimhe, tá brú faoi leith iontu mar cheantair Ghaeltachta nó Bhreac-Ghaeltachta ó

⁷⁴⁰ Pádraig Ó Riagáin, ‘Teanga, Féiniúlacht agus an Dearcadh Náisiúnta’ in Tadhg Ó hÍfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, 119-120.

⁷⁴¹ Pádraig Ó Riagáin, ‘Teanga, Féiniúlacht agus an Dearcadh Náisiúnta’ in Tadhg Ó hÍfearnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, 118.

shíorleathnú chultúr na cathrach amach. Is sa scéal ‘An Gabhálas’ (IDD) is mó a fheictear an brú cultúrtha seo. Scéal is ea é a aibhsíonn cruachás seanmhná agus í ag iarraidh dul i ngleic leis na hathruithe saoil atá tar éis titim amach timpeall uirthi ina ceantar dúchais féin toisc síorleathnú an limistéir uirbithe amach i dtreo a baile.

Tionchair Liteartha Idirchultúrtha

Thagair Liam Mac Cóil do theoiric chritice an Mheiriceánaigh Harold Bloom in alt dá chuid, ‘An Chritic Shíocanailíseach’, ag áiteamh go mbíonn ‘an file i gcónaí i ngleic leis an nglúin filí a chuaigh roimhe, mar a bhíonn an mac ag iarraidh an t-athair a shárú.’⁷⁴² Dar le Mac Cóil, ‘Is as an inní sin a fháiscítear an fhilíocht.’⁷⁴³ Ar ndóigh, ní gá go mbeadh gach glúin filí nó scríbhneoirí ag iarraidh an ghlúin a chuaigh rompu a shárú, ach is cinnte gur minic a fheicítear leanúnachas, forbairt agus ceistiú an traidisiúin liteartha ar bhealaí éagsúla ó ghlúin scríbhneoirí go chéile. Feicítear leanúnachas na scríbhneoireachta cruthaithí agus na litríochta le teacht chun cinn ghlúin scríbhneoirí Pádraic Bhreathnaigh, a ghlac leis an traidisiún liteartha a bhí ann rompu agus a mhúnlaigh é de réir mheanma agus spiorad a linne féin. Breathnófar thíos ar na tionchair liteartha idirchultúrtha is mó a chuaigh i bhfeidhm ar Pádraic Breathnach agus ar athruithe éagsúla sa chomhthéacs agus sa chúlra liteartha lena linn, ag féachaint ar scríbhneoirí a chuaigh roimhe a d’fhág a rian féin ar thraidisiún liteartha na Gaeilge, agus as sin mar a chuaigh Pádraic Breathnach féin agus a chomhscríbhneoirí i ngleic leis an traidisiún sin ionas gur thugadar ar aghaidh é don ghlúin a thiofadh ina ndiaidh.

Aithníonn Pádraic Breathnach an tionchar a bhí ag Liam Ó Flaithearta air mar scríbhneoir óg in alt a scríobh sé faoin teideal ‘Liam Ó Flaithearta: A Thréine mar Ghearrsceálaí’.⁷⁴⁴ San alt sin tagraíonn Breathnach do lárnacht fhoirm an ghearrscéil

⁷⁴² Liam Mac Cóil, ‘An Chritic Shíocanailíseach’ in Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada (eag.) *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge* (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998), 100.

⁷⁴³ Ibid.

⁷⁴⁴ Pádraic Breathnach, ‘Liam Ó Flaithearta: A Thréine Mar Ghearrscéalaí’ in *Feasta*, Iml. 26, Uimh. 1 (Aibreán, 1973).

i gcanóin liteartha na hÉireann, idir an dá theanga, agus do lárnacht Uí Fhlaithearta i measc scríbhneoirí na canóna sin. Is fuirist an t-ómós atá ag Pádraic Breathnach d'Ó Flaithearta a aithint, mar aon leis an tionchar a bheadh ag scríbhneoir dá chumas ar an scríbhneoir a thiocfadh ina dhiaidh. B'shin mar a bhí Pádraic Breathnach nuair a scríobh sé an t-alt sin, an bhliain sular foilsíodh a chéad chnuasach gearrscéalta féin.

Scríbhneoir idir dhá theanga ab ea Liam Ó Flaithearta, cosúil le Breathnach féin. Scríobh Ó Flaithearta faoin saol traidisiúnta in Éirinn agus faoina mhuintir féin. Gaeilge sholéite, neamhchasta a d'úsáid sé, atá saor ón ró-fhoclacht agus a ligeann don léitheoir tús áite a thabhairt d'áilleacht na scríbhneoireachta agus d'aoibhneas na léitheoireachta, idir theanga agus scéal. 'Im ar m'arán is ea an teanga sa scéal ['Oifig an Phoist']', a d'fhógair Pádraic Breathnach.⁷⁴⁵ Ghlac Ó Flaithearta spreagadh óna mhuintir féin agus muintir thuaithe, Ghaeltachta ab ea a mhuintir oileánach a labhair an Ghaeilge.⁷⁴⁶ Ábhar conspóideach ab ea an teanga ar Inis Mór le linn óige Uí Fhlaithearta de bharr go raibh an t-oiléan agus an pobal ann ag teacht go mór faoi thionchar na teanga iasachta. Bhí a athair diongbháilte go rachadh a pháistí chun cinn sa saol, go mór mór trí úsáid an Bhéarla mar phríomhtheanga, mar sin ba é an Béarla an chéad teanga a labhair sé. Ba spreagadh ó mhúinteoir scoile a chuir ar bhóthar na Gaeilge é in aois a sheacht mbliana dó. Spreag sé sin dúthracht ann an Ghaeilge a shealbhu mar a bhí sí á labhairt ag a chomhoileánaigh. Dar ndóigh, ní gá ach scéalta *Dúil* a léamh le blaiseadh de mhórchumas teanga Uí Fhlaithearta. Mar a dúirt Pádraic Breathnach faoin bhFlaitheartach:

⁷⁴⁵ Pádraic Breathnach, 'Liam Ó Flaithearta: A Thréine Mar Ghearrscéalai', 8.

⁷⁴⁶ Risteárd Ó Glaisne, 'Rogha Teanga: Ó Flaithearta agus an Ghaeilge' in *Comhar* Iml. 39, Uimh. 6, (Meitheamh, 1980), 16.

Is scríbhneoir Gaeltachta é Liam Ó Flaithearta. Is scríbhneoir farraige freisin é; scríbhneoir carraige, scríbhneoir ainmhithe is éan. Nuair a léitear *Dúil* táthar sa nGaeltacht: táthar i dtimpeallacht Ghaeilge. Análaíonn tú saíocht na Gaeilge is na Gaeltachta. Tá an Ghaeltacht uilíoch ann don té a bhfuil Gaeilge bheo aige, agus samhlaíocht tréan lena cois.⁷⁴⁷

Feictear tionchar sin a mhuintire ina ghearrscéalta, idir charachtracht agus fhilíocht na teanga a úsáideann sé. Iniúchadh cúramach, íogair is ea a dhéanann sé agus é ag nochtadh dhaonnacht dhomhain, uilíoch na muintire sin go háirithe trí bhíthin na gcarachtar. Tá ‘Teangabháil’ (*Dúil*, 1953) ar cheann de na gearrscéalta is fearr dá chuid chun é sin a léiriú. Suíomh agus ábhar traidisiúnta, tuaithe atá ann, agus ní fhéadfaí an scéal a léamh gan suntas a thabhairt do shaibhreas Gaeilge an scríbhneora ann, ach anuas air sin, osclaíonn Ó Flaithearta croí agus anam an phríomhcharachtair, Cáit, le gur féidir leis an léitheoir tamall a shiúl ina bróga agus comhbhá a dhéanamh lena suíomh tragóideach.

Maidir leis an gcineál Gaeilge a shonraítear i ngearrscéalta Uí Fhlaithearta, scríobh Pádraic Breathnach:

Ní dheachaigh Liam Ó Flaithearta le caint na ndaoine mar a chuaigh Séamus Ó Grianna, Pádraig Ua Maoileoin, Tomás Bairéad, is eile. Roghnaigh sé í, agus mhúnlaigh. Ach ní dheachaigh sé uithi, ach oiread, sa mbealach a ndearna Máirtín Ó Cadhain sin.⁷⁴⁸

⁷⁴⁷ Pádraic Breathnach, ‘Liam Ó Flaithearta: A Thréine Mar Ghearrscéalaí’, 4.

⁷⁴⁸ Ibid.

Dála gach scríbhneora chruthaithigh, múnlaíonn Breathnach féin an teanga de réir mar is gá agus mar a oireann chun a ealaín a chur i gcrích. Feictear é seo sa tslí a múnlaíonn sé an chomhréir, ar uairibh, ina scéalta, agus sa tslí a cruthaíonn sé ailt mar shampla sa scéal ‘Páis’ (BP). Sruth comhfheasa na príomhphearsan ag am marbh na hoíche atá sa scéal, agus é ag samhlú go bhfuil ailse uiríoch air. Ailt ghairide atá sa scéal trí chéile a scáthánaíonn corraitheacht agus anbhá an charachtair. Is le huairbhreas aimléise a thosaítear cuid mhaith de na hailt ghairide sin. Dírítear aird agus súil an léitheora ar na huairbhreasa sin agus cruthaíonn siad a scéal féin. Tugtar thíos an chéad abairt nó uairbhreas i ngach alt ar leathanach amháin den scéal ‘Páis’:

Ní bhuailfidís craiceann riamh arís. ...

Scriosta! ...

Páistí? ...

’Sabhála Mac Dé sinn! ...

Ní móide go mbeadh páiste sa bhroinn go deo. ...

Luigh sé ar fhleasc a dhroma. ...

“Tá ailse sna magairlí agam.”

“’Sabhála Dia Uilechumhachtach sinn!”

Go sábhála sé sinn, siúrálte! ...⁷⁴⁹

Scríbhneoir eile é Tomás Bairéad a ndeachaigh a shaothair i bhfeidhm go mór ar Phádraic Breathnach.⁷⁵⁰ Ba as Maigh Cuilinn don Bhairéadach, agus bhí gaol aige le máthair an Bhreathnaigh.⁷⁵¹ Bhí gnéithe áirithe de chomhthaithe saoil acu, mar sin,

⁷⁴⁹ Pádraic Breathnach, ‘Páis’ in *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*, 86.

⁷⁵⁰ Pádraig Ó Síoda, ‘Agallamh le Pádraic Breathnach ar 06/05/1992’ in *Gearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh: Anailís Liteartha – Miontráchtas MA a cuireadh faoi bhráid Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 1992, 118.*

⁷⁵¹ Pádraic Breathnach ‘Tomás Bairéad: Spléachadh ar an bhFear agus ar a Shaothar’ in *Feasta Iml.* 28, Uimh. 4 (Iúil, 1975).

bíodh is go raibh deighilt ghlúine eatarthu. Is féidir an chomhthaithí saoil sin a fheiceáil sa tslí a gcaitheann an bheirt scríbhneoirí leis an nádúr ina scéalta, cé gur minic a roghnaíonn siad beirt léiriú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de. Is minic a fheictear cur síos ar an ainmhí i ngearrscéalaíocht Bhairéid, agus an insint trí shúile an ainmhí, fiú amháin, sa scéal ‘Sionnach Ghleann an Sí’.⁷⁵² Díríonn Breathnach ar na dúile, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht, den chuid is mó. Ag trácht ar Thomás Bairéad, scríobh J.E. Caerwyn Williams agus Máirín Ní Mhuiríosa ‘... tá cruinneas faoi leith ann nuair is éanacha nó ainmhithe a bhíonn á léiriú ... is údarásaí go mór é nuair is ag cur síos ar shaol na Gaeltachta atá sé.’⁷⁵³

Scríbhneoir a bhí go mór idir dhá chultúr é féin ab ea Tomás Bairéad, scríbhneoir a mhair le linn cheann de na tréimhsí ba chorrathí riamh i stair na hÉireann, os rud é gur rugadh sa bhliain 1893 é agus gur cailleadh sa bhliain 1973 é. Throid sé ar son na saoirse polaitiúla le Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, le Sinn Féin agus le hÓglaigh na hÉireann.⁷⁵⁴ Ní hamháin sin, ach bhí baint aige ón tús leis an ngluaiseacht chultúrtha nuair a bunaíodh craobh de Chonradh na Gaeilge i Maigh Cuilinn sa bhliain 1899.⁷⁵⁵ Bhí spiorad saor aige féin i gcónaí ámh, in ainneoin na gconstaicí a bhí le sárú aige féin agus ag a chomhghuaillithe airm. Mar a d’áitigh Pádraic Breathnach faoi, ‘Níor phríosúnach é Tomás Bairéad am ar bith ainneoin gur chaith sé seal gairid i bpríosún. Níor phríosúnach é don phríosún, dá chuid oibre, nó dá shaol.’⁷⁵⁶ Léiriú ar an saol a bhí timpeall air, mar a chonaic sé féin é atá i ngearrscéalta Thomáis

⁷⁵² Tomás Bairéad, *An Geall a Briseadh* [1938] (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969).

⁷⁵³ J.E. Caerwyn Williams agus Máirín Ní Mhuiríosa, *Traidisiún Liteartha na nGael* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1979), 368.

⁷⁵⁴ Aingeal Ní Chualáin, ‘Réamhrá’ in *Tomás Bairéad: Rogha Scéalta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2010), 7.

⁷⁵⁵ *Ibid.*, 10.

⁷⁵⁶ Pádraic Breathnach ‘Tomás Bairéad: Spléachadh ar an bhFear agus ar a Shaothar’, 9.

Bhairéid. Ba shaol é sin i Maigh Cuilinn lena linn a bhí go mór idir dhá chultúr, agus a bhí ag streachailt idir éilimh an dá chultúir sin. Tréimhse ab ea í ina raibh gluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha faoi lán réim, ábhar ar scríobh sé faoi sa ghearrscéal ‘An Brathadóir’.⁷⁵⁷ Ag an am céanna ba thréimhse í a raibh dfluacháil an chultúir dhúchais go forleathan i measc mhuintir Mhaigh Cuilinn, agus iad ag iarraidh laicisí an tseanama a chur díobh agus dul chun cinn a dhéanamh sa saol nua-aoiseach. Ag cur leis an streachailt idir an dá chultúr, chaith an Bairéadach cuid shuntasach dá shaol taobh amuigh dá cheantar dúchais le tréimhsí a chaitheamh i Londain agus i mBaile Átha Cliath. I measc na n-athruithe a bhí ag titim amach timpeall air, áfach, is léir sna cuntais éagsúla a d’fhág sé ina dhiaidh go raibh muinín chultúrtha ann féin.⁷⁵⁸ Ó bhí sé ina fhear óg, rinne sé a shlí féin sa saol. Roghnaigh sé imeacht ón mbaile go hóg, agus aghaidh a thabhairt ar shaol na cathrach, cé go mbeadh feirm a mhuintire mar oidhreacht aige mar an mac ba shine sa teaghlach.⁷⁵⁹ Ní coimhlint idir an dá chultúr a fheictear ina chomhfhreagras le cairde, ach muinín chultúrtha. Is léir ó cháipéisí pearsanta dá chuid go raibh sé neamhspleách agus compordach lena áit féin i dtaca leis an dá chultúr.⁷⁶⁰ Ní hamháin go raibh baint aige le Craobh Chonradh na Gaeilge i Maigh Cuilinn, toghadh é ar choiste na Craoibhe sin, ag am nuair a bhí an náisiúnachas cultúrtha á chur chun cinn go tréan.⁷⁶¹ Caithfidh gur tháinig an Bairéadach faoi thionchar na gluaiseachta sin, ach ar an lámh eile, chaith sé tréimhsí fada as baile, leis, áit a thiocfadh sé faoi thionchar an chultúir iasachta. Faoi mar a dúirt Aingeal Ní Chualáin faoin mBairéadach:

⁷⁵⁷ Tomás Bairéad, ‘An Brathadóir’ in *Ór na h-Aitinne* (Baile Átha Cliath: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1949), 73-88 / *Tomás Bairéad: Rogha Scéalta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2010).

⁷⁵⁸ Tomás Bairéad, ‘GP2/ Papers of Tomás Bairéad 1920-1973: A Descriptive List Prepared by Galway County Council Archives’ (Galway: Galway County Council, 2006).

⁷⁵⁹ Aingeal Ní Chualáin, ‘Réamhrá’ in *Tomás Bairéad: Rogha Scéalta*, 8.

⁷⁶⁰ Tomás Bairéad, ‘GP2/ Papers of Tomás Bairéad 1920-1973: A Descriptive List Prepared by Galway County Council Archives’.

⁷⁶¹ Aingeal Ní Chualáin, ‘Réamhrá’ in *Tomás Bairéad: Rogha Scéalta*, 12.

Ba é a chinniúint gur rugadh é ar an tairseach idir an seansaol traidisiúnta Gaelach agus an saol nua-aimseartha. Sílim gur éirigh go maith leis an dá shaol sin a thabhairt le chéile ina shaothar liteartha. Ní scríbhneoir é a bhí maoithneach faoi mheath an tseansaoil cé gur thuig sé an caillteanas a bheadh i gceist don chultúr Gaelach sa chlaochlú.⁷⁶²

Tháinig laghdú ar dhíograis mhuintir na hÉireann i gcoitinne i leith an náisiúnachais in imeacht ama, agus má tháinig, lean próiseas na díluachála cultúrtha i go leor áiteanna timpeall na tíre agus tháinig borradh faoi chultúir iasachta. Dar ndóigh, ní hionann Maigh Cuilinn Thomáis Bhairéid agus Maigh Cuilinn Phádraic Bhreathnaigh ar go leor bealaí. Bhí laghdú ar ghníomhaíochtaí an náisiúnachais, mar a bhí ar fud na tíre, agus anuas air sin bhí an Béarla tagtha i dtreis ann i dtréimhse óige an Bhreathnaigh, ach fós, bhí dlúthcheangal áite eatarthu. Is léir gur ábhar mórtais don Bhreathnach an chomhoidhreacht sin a bheith aige le scríbhneoir de mhianach an Bhairéadaigh.⁷⁶³

Tá tionchar liteartha idirchultúrtha Thomáis Bhairéid ar Phádraic Bhreathnach le tabhairt faoi deara go háirithe sa sliocht a luadh thuas a chuireann in iúl nár ‘phríosúnach’ riamh an Bairéadach.⁷⁶⁴ Tá an tsaoirse agus an mhuinín chéanna le sonrú i saothar an Bhreathnaigh, agus é de réir a linne féin. Léirigh Breathnach féith chéanna na saoirse, agus a dhílseacht dó féin mar ealaíontóir lena imeacht ó shochorraitheacht na linne tríd an bplé a rinne sé i scéalta áirithe, ar nós ‘Spallaíocht’ (AL), ‘Tráithníní’ (DLD) agus ‘Fear Macánta’ (ÍS), ar chúrsaí collaíochta agus ar

⁷⁶² Aingeal Ní Chualáin, ‘Réamhrá’ in *Tomás Bairéad: Rogha Scéalta*, 24.

⁷⁶³ Féach Aguisín 3, 561.

⁷⁶⁴ Pádraic Breathnach ‘Tomás Bairéad: Spléachadh ar an bhFear agus ar a Shaothar’, 9.

shaoirse ghnéis, mar shampla. Ní raibh Breathnach ina ‘phríosúnach’ ag aigne an mhaoithneachais i leith an tseansaoil, ach thug sé dhá chultúr a linne le chéile ina shaothar. Maidir le Liam Ó Flaithearta, tá a thionchar liteartha ar Phádraic Breathnach le sonrú sa tslí a n-úsáideann an Breathnach an teanga de réir phatrúin teanga a linne idirchultúrtha féin. Mar a luadh ó chianaibh, d’áitigh Breathnach nach scríbhneoir Gaeltachta, sa seanchiall den téarma sin, é Liam Ó Flaithearta, ach gur chruthaigh sé Gaeltacht dá chuid féin ina shaothar.⁷⁶⁵ D’fhéadfaí an rud céanna a áiteamh faoin mBreathnach féin. Feictear, ina shaothar cruthaitheach trí chéile, a dhílseacht dá theanga dhúchais ar lámh amháin, agus ar an lámh eile, an cumas ealaíonta atá ann an teanga a mhúnlú de réir riachtanais theangeolaíocha a linne féin. Cónascadh na réimeanna teanga sin atá le sonrú ina shaothar, mar atá pléite i gCaibidil 3. Chun leas a bhaint as téarmaíocht Eoghain Uí Thuairisc, tá ‘comhghaolú’ déanta ag Pádraic Breathnach idir ‘an tSacsainis atá d’inneach ionainn’ agus ‘an Ghaeilge a shaolaítear i gcuisle na gcuimhne linn.’⁷⁶⁶

⁷⁶⁵ Pádraic Breathnach, ‘Liam Ó Flaithearta: A Thréine Mar Ghearrscéalai’, 4.

⁷⁶⁶ Eoghan Ó Tuairisc, ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’, 163.

Forbairtí Áirithe i gComhthéacs Scríbhneoireacht Idirchultúrtha na Gaeilge ó na 1940idí Amach

Próiseas leanúnach athruithe agus claochlaithe a bhíonn le sonrú idir scríbhneoirí agus cultúir éagsúla a dtimpeallachta. Dar ndóigh, bíonn móréagsúlachtaí i muinín chultúrtha le sonrú ag leibhéal an scríbhneora aonair, agus é sin ag brath ar eispéireas an duine aonair agus ar an gcaidreamh pearsanta a bhíonn aige leis an dá chultúr. Bíonn idir thréithe na cros-síolrachta agus thréithe an chumaisc chultúrtha le sonrú i saothar scríbhneoirí na Gaeilge i gcoitinne.

Is mór an difríocht idir cúlra cultúrtha agus scríbhneoireachta Phádraic Bhreathnaigh agus cúlra cultúrtha agus scríbhneoireachta scríbhneoirí idirchultúrtha eile na Gaeilge cosúil le Seán Ó Ríordáin nó Máirtín Ó Direáin, mar shampla. Mhothaigh an bheirt sin, ach go háirithe, nár leo ceann amháin den dá chultúr ag a raibh siad timpeallaithe. Mar atá pléite i gCaibidil 1, feictear tréithe na cros-síolrachta i saothar Uí Ríordáin, go háirithe sa choimhlint ghéar idir an dá chultúr a fheictear ina chuid filíochta go minic.⁷⁶⁷ Ábhar áiféala agus coimhlinte ann i gcónaí ab ea tionchar an dá chultúr air. Thuig an Ríordánach féin go raibh sé ag maireachtáil ar thairseach idir dhá thraidisiún, go fisiciúil idir Corcaigh agus Dún Chaoin agus go soch-chultúrtha leis na hathruithe a bhí ag titim amach go sóisialta in Éirinn lena linn. Chuir sé féin go gonta é mar seo, ‘táimid stracaithe idir dhá chultúr agus ag marcaíocht ar dhá theanga.’⁷⁶⁸ É sin ráite, feictear sa sliocht thíos ó réamhrá na díolama, *Eireaball Spideoige* (1952), a chéad chnuasach foilsithe, go raibh sé in ann teacht ar shuaimhneas áirithe ann féin ar uairibh

⁷⁶⁷ Seán Ó Coileáin, *Seán Ó Ríordáin: Beatha is Saothar* 2ú Eagrán (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1985), 301.

⁷⁶⁸ Seán Ó Ríordáin, ‘An Taisceadán’ in *Comhar* Iml. 22, Uimh. 6, (Meitheamh, 1963), 27.

agus sna hamanta sin gur thug sé an dá chultúr ann le chéile i gcleamhnas luaineach éigin:

Tá daoine sa tír seo a deir ná fuil scríbhneoirí Gaeilge na linne seo traidisiúnta. Creidim go bhfuil dearmad orthu. Ag féachaint ar na scríbhneoirí ón gclós atá na daoine sin. Laistigh den teanga atá na scríbhneoirí agus ní amuigh sa chlós. I dteampall na Gaeilge atáid ag paidreoireacht ...⁷⁶⁹

Don Direánach, aithnítear go forleathan gur chuir sé go mór le filíocht Ghaeilge a linne féin, agus gur bhris sé amach ó mhúnlaí na filíochta a chleachtaítí roimhe sin, le béim faoi leith á cur aige ar an tsaorvéarsaíocht go háirithe ina luathshaothar. Taobh leis an aitheantas sin, mar scríbhneoir idir dhá mhórchultúr na hÉireann, ba chóir a áiteamh go bhfuil tréithe agus téamaí na cros-síolracha le sonrú go soiléir agus go minic ina shaothar filíochta. Coimhlínt idir an dá chultúr a fheictear ina shaothar, mar a fheictear i saothar Uí Ríordáin. Chuaigh bás a athar agus é seacht mbliana d'aois i bhfeidhm go smior ar an Direánach óg, agus threisigh sé an tionchar a bhí ag oileán a óige air, ach ar bhealach éagsúil ó mhuintir go leor eile den oileán. Mar atá áitithe ag Mairéad Conneely:

Más féidir a rá gurb é an '*stony grey soil of Monaghan*' a mhúnlaigh Kavanagh, is féidir cinnte a rá gurb iad clocha an oileáin a mhúnlaigh Máirtín Ó Direáin. B'í an chré a spreag Ó Cadhain agus Séamus Heaney, agus b'í an fharraige agus dúil í a thrasnú a spreag Liam Ó Flaithearta, ach bhí suim ag Ó Direáin sa rud seasamhach, sa rud daingean.⁷⁷⁰

⁷⁶⁹ Seán Ó Ríordáin, *Eireaball Spideoige* [1952] 2ú heagrán (Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1986), 25.

⁷⁷⁰ Mairéad Conneely, 'An Dealbhóir Fileata: Máirtín Ó Direáin' in *Comhar* Iml. 70, Uimh. 12 (Nollaig, 2010), 18.

De bharr bhás a athar, ní bhfuair sé gnáthoiliúint an ghasúir oileánaigh ar chúrsaí farraige agus iascaireachta óna athair. ‘Gad-Scaoileadh’ ar bhealach, agus dá ainneoin, a bhí ansin a d’fhág bunchoimhlint chultúrtha ann. Mhothaigh sé as áit. Ba leis an t-oileán, ach ní an fharraige. Feictear é sin sa dán ‘An tEarrach Thiar’,⁷⁷¹ agus é ag sonrú ghnóthaí mhuintir an Oileáin, ach ní ina measc, i measc na bhfear ach go háirithe, a shamhlaíonn sé é féin, ach mar a bheadh sé ag breathnú isteach orthu ar bhealach. Níor leisean cultúr cathrach na hÉireann ach chomh beag, áit ar chaith sé mórchuid dá shaol. Ba mhó go mór a mhothaigh sé as áit ann. Tá coimhthíos le sonrú go tréan i ndán iomráiteach an Direánaigh, ‘Ár Ré Dhearóil’,⁷⁷² mar shampla, ina bhfeictear dólús an fhile i dtaca le díluacháil an chultúir dhúchais sa chathair, mar aon le díláithriú cultúrtha ann féin agus é scartha ó fhoinsé an chultúir sin ina shaol féin.

Ar nós Phádraic Bhreathnaigh féin, scríbhneoirí idir dhá thraidisiún ab ea Seosamh Mac Grianna, Myles na gCopaleen agus Máirtín Ó Cadhain, ach, ar ndóigh, ba éagsúil an caidreamh a bhí acu triúr leis an dá thraidisiún agus leis an dá chultúr sin a bhí ag scríbhneoirí eile na linne sin agus roimhe sin. Ré nua sa díospóireacht idirchultúrtha is ea a tháinig le meon Mhic Grianna, Uí Chadhain agus Myles na gCopaleen. Tá saothar an triúir spéisiúil ó thaobh na hidirchultúrthachta de, mar sonraítear a muinín i saothair áirithe dá gcuid i dtaca le cumasc cultúrtha Éire a linne. Ceanróidithe liteartha ab ea iad i dtaca le dearcadh sin an chumaisc chultúrtha atá le sonrú i saothar go leor scríbhneoirí ó shin i leith, agus saothar Phádraic Bhreathnaigh ina measc. Is le foilsiú leabhar cosúil le *Mo Bhealach Féin* le Seosamh Mac Grianna (1940), *An Béal*

⁷⁷¹ Máirtín Ó Direáin, *Rogha Dánta* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1949).

⁷⁷² Máirtín Ó Direáin, *Ár Ré Dhearóil agus Dánta Eile* (Baile Átha Cliath: Clóchomhar, 1962).

Bocht le Myles na gCopaleen (1941) agus *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain (1949) a fheictear luathfhianaise ag borradh de chumas scríbhneoirí áirithe Gaeilge cumasc cultúrtha a chur i gcrích i litríocht na Gaeilge.

Scríbhneoir an-spéisiúil ab ea Seosamh Mac Grianna i dtaca le plé ar chumas an scríbhneora dul i ngleic le déachas idirchultúrtha na hÉireann ina shaothar. Duine de na scríbhneoirí luatha a léirigh cumas an dá chultúr a nascadh ina shaothar ab ea Mac Grianna, cé gur bhain neamhshocracht mhór lena shaol pearsanta sna 1930idí, ach go háirithe, agus é ag imeacht ar shiúlóidí fada agus ag aistriú ó theach go teach i mBaile Átha Cliath le linn an ama sin. Is cosúil gur iarracht ar dheighleáil leis an déachas ann féin a bhí sna siúlóidí fada sin. Dar le Fionntán de Brún, ‘they appear to have been initially motivated by an overwhelming need to escape the shabby drudgery of Irish life in the new Free State.’⁷⁷³ Ceannródaí liteartha ab ea é a dhiúltaigh do mhúnlaí traidisiúnta na litríochta Gaeilge, nuair ba ghá sin, ach is cinnte nár thug sé a chúl ar fad ar an traidisiún saibhir scéalaíochta ag a raibh sé timpeallaithe ina óige. D’athmhúnlaigh sé an traidisiún i bhfianaise an tsaol nua-aoisigh. D’fhógair Alan Titley faoina stíl scríbhneoireachta:

He was developing a style which nobody had ever done before in Irish, a style which was native, idiomatic, hard, urban, flexible, imaginative and personal. ... Mac Grianna bestrode his own independent line between the [modernists and the traditionalists].⁷⁷⁴

⁷⁷³ Fionntán de Brún, ‘Review: Following the Path’ in *Fortnight* No. 384 (April, 2000), 29.

⁷⁷⁴ Alan Titley, ‘Unfavoured Son’ in *Books Ireland*, No. 229 (March, 2000), 66.

Scribhneoir a tógadh taobh amuigh den Ghaeltacht ach trí mheán na Gaeilge ab ea Myles na gCopaleen, cé gur admhaigh a dheartháir go raibh an teaghlach timpeallaithe ag an mBéarla ó aois óg. Ba nuair a d'aistrigh an teaghlach go Baile Átha Cliath sa bhliain 1923 a cuireadh ar scoil é don chéad uair, agus é ag druidim le deireadh na gnáth-thréimhse bunscolaíochta faoi sin. Sa bhaile a chuireadh a athair oiliúint air roimhe sin.⁷⁷⁵ Ógánach a raibh an Ghaeilge ó dhúchas aige a chuir faoi i mBaile Átha Cliath ó aois a dhá bhliain déag ab ea é. De bharr thráma an aistrithe ag an aois sin, agus é ag iarraidh dul i ngleic le cultúr uirbeach, d'fhás feasacht ann ar an mbearna tuisceana idir dhíograiseoirí agus lucht foghlama uirbeach na Gaeilge ar lámh amháin agus muintir na Gaeltachta féin ar an lámh eile agus réalachas shaol na Gaeltachta sna 1920idí mar a chonaic sé é ar chuirteanna chuig Gaeltacht Dhún na nGall. Thuig sé tionchar an dá chultúr ar an duine. Thuig sé, leis, nár bhain rómánsachas ar bith le bochtanas agus le droch-choinníollacha maireachtála mhuintir na Gaeltachta a chonaic sé ag an am sin. Mar a chuir Donna Wong in iúl:

As Ó Criomhthain had done, O’Nolan had set out to assert the value of the Irish language, and to disprove the stereotypes thrust upon Irish speakers, by writing in Irish about an Irish-speaking community. ...

As he saw it, only a scathing satire could avert the complete obliteration of the actual life of the Gaeltacht. Because the majority of readers preferred fantasy to fact, he would present a Gaeltacht that was not merely idealized but impossible, the romantic concept carried to its illogical conclusion; the house that Jack built would be topped with a penthouse so unwieldy that it would flatten everything beneath it.⁷⁷⁶

⁷⁷⁵ Ciarán Ó Nualláin, *Óige an Dearthár .i. Myles na gCopaleen* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1973), 23.

⁷⁷⁶ Donna I Wong, 'Following the Law of the Letter: Myles na gCopaleen's *An Béal Bocht*' in *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* Vol. 4, No. 3 (Autumn, 2000), 94-95.

Scríbhneoir idir dhá thraidisiún ab ea Máirtín Ó Cadhain. Aithnítear Máirtín Ó Cadhain mar scríbhneoir cruthaitheach réabhlóideach a chuir go mór le fairsingiú agus le nuálú na litríochta lena linn féin. Aithnítear, leis, go raibh cuid dá luath-shaothar traidisiúnta go smior, idir ábhar agus stíl, go háirithe scéalta an chéid chnuasaigh *Idir Shúgradh agus Dáiríre* (1939). Is fánach na tagairtí a dhéantar don chathair nó don bhaile mór fiú amháin mar ionad tráchtála do lucht na tuaithe sa luathshaothar sin. Cur i láthair ar shaol traidisiúnta mhuintir na Gaeltachta atá i gcuid mhaith de na scéalta. Feictear níos mó den athrú saoil sa chnuasach *An Braon Broghach* (1948), agus den saol idir dhá chultúr. Scéal a léiríonn gné de shaol atá caite le fada agus a bhí ar an dé deiridh le linn Uí Chadhain leis, mar a bhí nós an chleamhnais, is ea an scéal ‘An Bhearna Mhíl’ sa chnuasach sin. An taobh eile den saol idir dhá chultúr sin a nochtann Ó Cadhain sa scéal ‘An tAonú Fleasc Déag’ sa chnuasach céanna, *An Braon Broghach*. Insint nua-aoiseach ar shaol na cathrach atá sa scéal áirithe sin. Faoi mar a d’áitigh Diarmaid Ó Gráinne, ba é an scéal sin ‘an chéad iarracht ag an gCadhach chun déileáil leis an gcoimhthíoch ar an bhfaraor géar ar shráideanna Bhaile Átha Cliath.’⁷⁷⁷

Faoin am a foilsíodh an t-úrscéal cáiliúil *Cré na Cille* (1949), bhí tréimhse fhada géibhinn agus léitheoireachta caite ag Ó Cadhain i gCampa an Churraigh le linn an Dara Cogadh Domhanda. I rith na tréimhse sin, mar atá sonraithe aige féin, léigh sé, d’athléigh sé, d’aistrigh sé, shamhlaigh sé.⁷⁷⁸ Ba mhór an tionchar a bhí ag an tréimhse sin i ngéibheann ar an gCadhach, de réir mar a chuir Tomás Bairéad in iúl sa saothar

⁷⁷⁷ Diarmaid Ó Gráinne, *An Dá Mháirtín* (Baile Átha Cliath: Comhar Teo, 1990), 16.

⁷⁷⁸ Máirtín Ó Cadhain, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1969).

*As an nGéibheann: Litreacha chuig Tomás Bairéad.*⁷⁷⁹ Tréimhse chiúin a bhí ann ina raibh sé in ann díriú ar mhodhanna a ealaíne féin agus a thug deis ama dó mórshaothar scríbhneoirí idirnáisiúnta a iniúchadh. In *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* cuireann Ó Cadhain in iúl go raibh sé idir dhá chomhairle mar gheall ar a shaoirse ón gcampa géibhinn nuair a bronnadh air í ag deireadh an chogaidh. In ainneoin na fulaingthe agus na daoirse agus é i ngeibheann, le deireadh a thréimhse ann tháinig deireadh leis an tréimhse fada léitheoireachta a bhí aige fad a bhí sé sa champa géibhinn.⁷⁸⁰ Chuir taithí na tréimhse sin an Cadhnach ar bhóithre éagsúla scríbhneoireachta. Is le linn na tréimhse sin a d'fhoghlaim sé modhanna a chuir sé i bhfeidhm in *Cré na Cille*, agus is ann, le linn an ama chéanna chomh maith, a scríobh sé scéalta áirithe a cuireadh i gcló ina dhiaidh sin sa chnuasach *An Braon Broghach*, 'An Taoille Tuille',⁷⁸¹ mar shampla. D'áitigh Tomás Bairéad:

Nuair a léigh mé scríbhinn *An Braon Broghach* faoi Bhealtaine 1944, thug mé faoi deara an difir a bhí idir é féin agus *Idir Shúgradh agus Dáiríre*. Academy an Churraigh ba chiontach leis!⁷⁸²

Pointe casta i bpróslitríocht na Gaeilge trí chéile ab ea foilsíú úrscéal cáiliúil Máirtín Uí Chadhain, *Cré na Cille*. Thrácht Breandán Ó hEithir ar an bhfoscadh a bhain le foilsíú an úrscéil agus ar an bhfáilte a cuireadh roimh scríbhneoireacht den chineál sin sa Ghaeilge ina alt '*Cré na Cille: Máirtín Ó Cadhain (1906-1970)*'.⁷⁸³ Scríbhneoir ann

⁷⁷⁹ Tomás Bairéad, 'Réamhrá' in Máirtín Ó Cadhain, *As an nGéibheann: Litreacha chuig Tomás Bairéad* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1973).

⁷⁸⁰ Máirtín Ó Cadhain, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, 28.

⁷⁸¹ Máirtín Ó Cadhain, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, 27.

⁷⁸² Tomás Bairéad, 'Réamhrá' in Máirtín Ó Cadhain, *As an nGéibheann: Litreacha chuig Tomás Bairéad*, 34.

⁷⁸³ Breandán Ó hEithir, '*Cré na Cille: Máirtín Ó Cadhain (1906-1970)*' in John Jordan ed. *The Pleasures of Gaelic Literature* (Dublin: Mercier Press, 1978).

féin ab ea an Cadhnach nach raibh uaidh a bheith ar laincis ag an traidisiún. Cháin sé go géar dalladhradh an traidisiúin, mar a chonaic sé é:

Is cine muid ar mór againn gach seanrud – maith nó olc. Tá gluaiseacht na Gaeilge ariamh dhá hoiliúint ar phurgóidí na sean-‘traidisiúin’ agus ar uachtar reoite rómánsaíochta: sean-chineálacha éadaigh nó éadaigh a síltear a bheith ina sean-chineál, sean-oirnéis, sean-saoirsinn, sean-tithe, sean-dathúchán; sean-damhsaí, sean-nós ceoil, sean-ghnáis, sean-litriú, seanchaithe, seanscéalta, seanfhillíocht an 18ú céad, gach abairt dá mhíofaire i gcruth seanfhocail, gach gné sean-chailleachais.⁷⁸⁴

Feictear go gléineach, mar sin féin, gur scríbhneoir a bhí in Ó Cadhain a raibh tionchar an dá chultúr air. Dúirt Cathal Ó Háinle:

... seldom enough has Ó Cadhain made a theme from folklore the basis for one of his stories, but he has made extensive use of folk material in his recreation of life and customs and beliefs of traditional Gaeltacht society. I would add that Ó Cadhain has used folklore as the basis for a framework of literary devices, images, metaphors and comparisons.⁷⁸⁵

Thrácht Gearóid Denvir, leis, ar an úsáid a bhain Ó Cadhain as gnéithe dúchasacha Gaelacha ina shaothar liteartha ar bhealach a bhí úrnua, nua-aoiseach.

While being utterly modernist in scope and style, particularly from the late 1940s onwards, Ó Cadhain draws heavily upon the symbolic universe of his

⁷⁸⁴ Máirtín Ó Cadhain, ‘Béaloideas’ in *Feasta*, Iml. 2, Uimh. 12, (Márta, 1950), 11.

⁷⁸⁵ Cathal Ó Háinle, ‘“The Inalienable Right of Trifles”: Tradition and Modernity in Gaelic Writing Since the Revival’ in *Éire-Ireland: A Journal of Irish Studies*, Vol. XIX, No. 4 (1984), 74.

native Gaelic at the level of vocabulary, metaphor, and extended narrative in order to express his personal vision of the world.⁷⁸⁶

Cé nach n-adhmaíonn Breathnach aon mhórtionchar díreach a bheith ag an gCadhach ar a chuid scríbhneoireachta féin,⁷⁸⁷ is cinnte go léiríonn sé an-mheas ar a shaothar, faoi mar a léiríonn formhór scríbhneoirí na Gaeilge.⁷⁸⁸

Faoi na 1960idí, agus Pádraic Breathnach ina fhear óg agus ag tabhairt faoina chéad iarrachtaí liteartha, idir phrós agus fhilíocht, bhí meon éagsúil á léiriú ag scríbhneoirí na Gaeilge, i gcoitinne, i dtaca le cultúr na hÉireann. Feictear fás muiníne cultúrtha i rith an ama sin i gcoitinne, a d'fhág go bhféadfaí, i gcásanna áirithe, an dá chultúr a thabhairt chun réitigh. Thiar sa bhliain 1961, d'aithin Seán Ó Tuama athrú a bhí ag teacht, dar leis, ar scríbhneoirí na tíre. Scríobh sé:

Cé go bhfuil an athbheochan náisiúnta, agus a dtarla dá bharr, tar éis aigne mhuintir na hÉireann a chasadh thar n-ais ar an tír agus ar institiúidí na tíre, san am céanna dealraíonn sé dom go bhfuil mianach dúchais na gnáthmhuintire ag trá de réir a chéile – agus, dá bhrí sin, a mbá nádúrtha leis an tír.⁷⁸⁹

Ní cás uathúil é cás na litríochta Gaeilge sa choimhlint idir cultúir éagsúla Éire na freacnaire, nó i gcumasc na gcultúr sin sa litríocht ach an oiread. Próiseas forbartha

⁷⁸⁶ Gearóid Denvir, 'Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland' in *New Hibernia Review* / *Iris Éireannach Nua*, Vol. 1, No. 1 (Spring, 1997), 65.

⁷⁸⁷ Pádraic Breathnach, "An Tionchar a bhí ag Ó Cadhain orm" in *Comhar* Iml. 55, Uimh. 12 (Nollaig 1996), 21-24; Pádraic Breathnach, "Ómós do Mháirtín Ó Cadhain: Carracáin agus Bráiste: Cuid 1" in *Comhar* Iml. 63, Uimh. 2 (Feabhra 2003), 7.

⁷⁸⁸ Féach Aguisín 3, 77-78.

⁷⁸⁹ Seán Ó Tuama, 'Fáistine na Litríochta' in *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1991), 124.

litríochta is ea é atá coitianta i dtíortha a chuir éirí amach díobh mar chuid den troid ar son na saoirse ón gcoilíneachas. Mar a dúirt Cathal Ó Háinle:

The interaction between the traditional and the innovative is an important, perhaps even necessary, source of literary creativity. Whether we conceive of that interaction as a polarity or as a harmony, in the case of Gaelic literature of this century a high level of awareness of the need for such an interaction has been maintained in various ways.⁷⁹⁰

Maidir le Pádraic Breathnach is cumasc an dá chultúr a fheictear ina stíl scríbhneoireachta agus ina fhealsúnacht liteartha agus saoil. Tá an fhealsúnacht seo curtha in iúl aige sna hailt éagsúla atá scríofa aige ar litríocht na Gaeilge lena linn, agus in agallaimh chlóite agus in agallaimh fhiseáin atá déanta aige, mar shampla san agallamh a rinne sé le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha don chlár *Comhrá* a craoladh ar TG4,⁷⁹¹ agus sna hailt ‘An Gearrscéalaí is a Ghearrscéalta’ a foilsíodh in *Irisleabhar Mhá Nuad* sa bhliain 1981⁷⁹² agus ‘Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímheas?’ a foilsíodh in *Comhar* i Samhain na bliana 2009.⁷⁹³ Mar is ríléir anois, baineann Pádraic Breathnach le tír a bhí, le linn a óige, agus atá anois, difriúil ó Éirinn Uí Ríordáin, Uí Dhireáin, Mhic Grianna, Uí Chadhain nó Myles na gCopaleen, dar ndóigh, agus feictear scáthánú na n-athruithe sóisialta sin i saothar áirithe dá chuid.

⁷⁹⁰ Cathal Ó Háinle, ‘“The Inalienable Right of Trifles”: Tradition and Modernity in Gaelic Writing Since the Revival’, 59.

⁷⁹¹ *Comhrá*, Agallamh le Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha ar TG4, Séasúr 7, Clár 26 (2009).

⁷⁹² Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéalaí is a Ghearrscéalta’.

⁷⁹³ Pádraic Breathnach, ‘Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímheas?’.

A Chomhaimsearaigh Idirchultúrtha

Is beag scríbhneoir ó na 1960idí i leith nach bhféadfaí eilimintí áirithe den idirchultúrthacht a aithint ina saothar, agus a chomhtháthaíonn cultúir éagsúla na hÉireann ina saothar. Cé gur tháinig an cumasc cultúrtha chun treise sna 1960idí, go háirithe le próis-scríbhneoireacht Uí Thuairisc, Uí Dhoibhlin agus Uí Shúilleabháin, mar a luadh cheana is díol suntais saothair áirithe de chuid Sheosaimh Mhic Grianna sa phlé ar chumasc chultúir scríbhneoireachta éagsúla na hÉireann, de bharr a luaithe is a léirigh sé muinín ina shaothar i dtaca le cumasc an dá chultúr. Agus í ag trácht, sa bhliain 1984, ar Ó Doibhlin, ar Ó Tuairisc agus ar Ó Súilleabháin, mhol Máirín Nic Eoin ‘a misneach agus a ndánacht’ mar aon leis ‘an léargas leathan domhanda a eascraíonn as an léitheoireacht fhairsing agus an oscailteacht intinne is an fhiosracht intleachtach a ghabhann léi.’⁷⁹⁴ Tagrófar thíos do thréithe idirchultúrtha cuid de na scríbhneoirí sin ar mhaithe le Pádraic Breathnach a shuíomh agus a chomhthéacsú i measc a chomhaimsearach a bhí / atá ag feidhmiú idir cultúir éagsúla Éire a linne féin.

Maidir le Diarmaid Ó Súilleabháin, a chuaigh i mbun pinn sna 1960idí, blianta gairide roimh Phádraic Breathnach, léirigh sé cumasc cultúrtha ina shaothar cruthaitheach féin agus bhí sé mar chuspóir aige an meon céanna a spreagadh i measc scríbhneoirí eile na Gaeilge trína ailt chritice agus tuairimíochta araon. Rinne sé tréaniarracht scríbhneoirí na Gaeilge a spreagadh chun nuascríbhneoireachta san alt ‘Bí tú Féin, a Úrscéalaí’,⁷⁹⁵ agus, níos déanaí san alt ‘An Uain Bheo’.⁷⁹⁶ Ba as leithinis Bhéara, in Iarthar Chorcaí do Dhiarmaid Ó Súilleabháin. Bhí an Béarla á labhairt go forleathan

⁷⁹⁴ Máirín Nic Eoin, ‘Úrscéalaíocht na Gaeilge: 1974-1984’ *Comhar*, Iml. 43, Uimh. 8 (Lúnasa, 1984), 15.

⁷⁹⁵ Diarmaid Ó Súilleabháin, ‘Bí Tú Féin, a Úrscéalaí’ in *Comhar* Iml. 24, Uimh. 7 (Iúil, 1965).

⁷⁹⁶ Diarmaid Ó Súilleabháin, ‘An Uain Bheo: Focal ón Údar’ in Seán Mac Giolla Riabhaigh (eag.) *Irisleabhar Mhá Nuad 1972* (Maigh Nuad: Cuallacht Cholmcille, 1972).

sa cheantar agus an Súilleabhánach ina ghasúr ann. Cosúil le Pádraic Breathnach féin, bhí tionchar an dá chultúr lárnach ina shaol ó bhí sé óg de bharr, i measc cúinsí eile, na scolaíochta a fuair sé i gColáiste Íosagáin, Baile Bhuirne, ceantar ar Bhreac-Ghaeltacht é le linn a thréimhse ann. Ba bheag an t-achar ama a chaith sé lonnaithe ina cheantar dúchais ó d'fhág sé an scoil, mar gur aistrigh sé go Guaire go buan blianta gairide tar éis dó cáiliú mar bhunmhúinteoir. Is cinnte, mar sin, nárbh é saoltaithí nó saoldearcadh na Gaeltachta príomhthionchar a óige.

D'fhógair Ó Súilleabháin, agus a chomhscríbhneoir Eoghan Ó Tuairisc, nach d'oidhreacht nó de shaoldearcadh na Gaeltachta iad féin, agus chruthaigh siad, trí shampla a saothar féin, caighdeán nua do litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Faoi mar a scríobh Máirín Nic Eoin faoin mbeirt scríbhneoirí úd:

[they] challenged the critical orthodoxy by openly proclaiming that their standards could not be those of the Gaeltacht and by demanding a creative freedom that would acknowledge hybridity and reject the strictures of the linguistic purists.⁷⁹⁷

Ba san alt 'Bí tú féin, a Úrscéalaí' (1965), a thug Ó Súilleabháin aitheantas don scríbhneoir Galltachta a roghnódh an Ghaeilge mar theanga dá shaothar cruthaitheach, agus dá thábhacht do litríocht na Gaeilge sa todhchaí. Ghríosaigh Ó Súilleabháin na scríbhneoirí a thiofadh ina dhiaidh le bheith dílis dóibh féin, dá n-oidhreacht indibhidiúil féin agus dá saoldearcadh féin, agus diúltú do nósmaireachtaí seanbhunaithe na litríochta Gaeilge a bhí fréamhaithe go buan in oidhreacht agus i

⁷⁹⁷ Máirín Nic Eoin, "Idir Dhá Chomhairle" / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish' in *Field Day Review*, Iml. 4 (2008), 224.

saoldearcadh na Gaeltachta, murar leo an oidhreacht sin.⁷⁹⁸ In alt eile dá chuid, ‘An Uain Bheo: Focal ón Údar’, admhaíonn sé gurbh éard a chuir sé roimhe agus é ag scríobh an úrscéil sin, ná ‘[geit] a bhaint as an nGaeilge trí úrscéal a scríobh faoin nGalltacht i dtéarmaí an lae inniu.’⁷⁹⁹ Is cinnte gur éirigh leis an sprioc sin a bhaint amach. Cé gur thóg sé tamall é a shonrú sa litríocht, bhí tionchar nach beag ag scríbhneoireacht Uí Shúilleabháin ar scríbhneoirí Gaeilge na tréimhse a tháinig ina dhiaidh. Faoi mar a deir Máirín Nic Eoin:

Dozens of writers have followed his lead and the critical climate of condemnation with which he was faced in the sixties has been replaced by a greater acceptance of all kinds of linguistic experimentation.⁸⁰⁰

Bhí an scríbhneoireacht thrialach, cheannródaíoch go mór chun tosaigh ina shaothar, idir theanga agus ábhar. D’áitigh Aisling Ní Dhonnchadha go raibh ‘idir fhuinniúlacht agus fhorrántacht fhiontrach in easnamh ar shaothrú an ghearrscéil sna seascaidí’,⁸⁰¹ rud ar tháinig athrú air ag tosach na 1970idí le foilsiú an chnuasaigh *Muintir* (1971) le Diarmaid Ó Súilleabháin, dar léi. Rud amháin a chuir Ó Súilleabháin roimhe agus é i mbun pinn ab ea an Ghaeilge a shuíomh i láithreacha éagsúla neamhthraidisiúnta, agus Gaeilge na Galltachta a léiriú sa litríocht chomhaimseartha.⁸⁰² Cosúil le hEoghan Ó Tuairisc i rith an ama chéanna, agus cosúil le Pádraic Breathnach ina dhiaidh, ba mhínic suímh uirbeacha i saothar Uí Shúilleabháin, agus saoldearcadh agus saoltaithí uirbeach á n-íniúchadh aige leis. Fear Breac-Ghaeltachta a bhí ann, a chaith formhór

⁷⁹⁸ Diarmaid Ó Súilleabháin, ‘Bí Tú Féin, a Úrscéalaí’.

⁷⁹⁹ Diarmaid Ó Súilleabháin, ‘An Uain Bheo: Focal ón Údar’ in Seán Mac Giolla Riabhaigh (eag.) *Irisleabhar Mhá Nuad 1972*, 65.

⁸⁰⁰ Máirín Nic Eoin, “‘Idir Dhá Chomhairle’ / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish”, 225.

⁸⁰¹ Aisling Ní Dhonnchadha, *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Gaeilge 1940-1990* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2002), 267.

⁸⁰² Diarmaid Ó Súilleabháin, ‘An Uain Bheo: Focal ón Údar’ in Seán Mac Giolla Riabhaigh (eag.) *Irisleabhar Mhá Nuad 1972*.

a shaoil sa Ghalltacht, agus, ar ndóigh, ba as an taithí sin ina hiomláine a fuineadh a shaoidearcadh agus téamaí a shaothair chruthaithigh.

Scríbhneoir idir chultúir éagsúla na hÉireann ab ea Eoghan Ó Tuairisc, leis, ach ina chás-sa, ní tógáil Bhreac-Ghaeltachta a bhí i gceist, idir cultúr na Gaeltachta agus cultúr na Galltachta, ach idir chúlra eaglasta Caitliceach agus Protastúnach, mar a tháinig i gceist i dtaca le scéal a sheantuismitheoirí ar thaobh a mháthar de.⁸⁰³ Ní hamháin gur chaith Eoghan Ó Tuairisc a shaol idir dhá chultúr mhóra na hÉireann, is léir gur scríbhneoir ab ea é a shaothraigh idir dhá thraidisiún chomh maith. Is dealraitheach gur chothaigh dátheangachas a shaothair deacrachtaí do lucht critice agus léirmheastóireachta liteartha a linne. Tagraíonn Máirín Nic Eoin ‘[d’]ionad éiginnte Uí Thuairisc mar scríbhneoir dátheangach in Éirinn i dtréimhse sula raibh an dátheangachas liteartha chomh coitianta’,⁸⁰⁴ mar mhíniú amháin ar an gcúis nár deineadh anailís shubstaintiúil, chuimsitheach ar a shaothar le linn a shaoil féin.

Ó thaobh na critice liteartha de, bhí sé go mór chun tosaigh ar chriticeoirí eile na hÉireann ag an am i gceachtar den dá theanga. Ní hamháin sin, áfach, ach bhí sé chun tosaigh ar chriticeoirí idirnáisiúnta mór le rá i ngort critice na hidirchultúrthachta. Sa bhliain 1975, scríobh Eoghan Ó Tuairisc alt géarchúiseach ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’⁸⁰⁵ ina leagann sé amach teoiric i dtaca leis an déachas idirchultúrtha atá forleathan i litríocht na hÉireann. Tagraíodh i gCaibidil 1 do theoiric Homi Bhabha ar an idirchultúrthacht, a dtugann seisean *hybridty* uirthi,

⁸⁰³ Máirín Nic Eoin, *Eoghan Ó Tuairisc: Beatha agus Saothar* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1988), 15-18.

⁸⁰⁴ *Ibid.*, 7.

⁸⁰⁵ Eoghan Ó Tuairisc, ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’ in Máirín Nic Eoin eag., *Religio Poetae agus Aistí* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1987); céadfhoilsithe in *Feasta* Iml. 28, Uimh. 8, (Samhain, 1975).

ach is í an chros-síolracht chéanna a phléann Eoghan Ó Tuairisc anseo tamall roimhe cé nach n-úsáideann sé an téarmaíocht is iondúil a úsáidtear inniu i dtaca leis an bplé céanna. ‘An dáthaobhachas’⁸⁰⁶ is ea a thugann sé ar an gcros-síolracht agus é á iniúchadh i dtaca le dán cáiliúil Patrick Kavanagh.

Cuireann sé síos ar an tsíorchoimhlint i scríbhneoirí idir an dá chultúr, go háirithe nuair a áitíonn sé, ‘Ní acmhainn d’aon duine againn a tógadh ar Stony Grey Soil na Galltacha saibhreas an Bhéarla a shéanadh.’⁸⁰⁷ Feictear dosheachantacht an mheascáin chultúrtha seo dó, ag cur in iúl gur go gruama a ghéilltear don déachas seo.⁸⁰⁸ San alt céanna, thagair Ó Tuairisc dá chás idirchultúrtha féin agus don chúis a scríobh sé féin as Gaeilge, cé nach le Gaeilge a tógadh é:

Idir an dá linn, níl de réiteach pearsanta agam ar an fhadhb ach an oidhreacht acu is mó a ndéantar faillí inti, an cnámharlach crédhubb a thagann de shíor ag piocadh as mo chuimhne, an Ghaeilge, an saibhreas as cuimse faoin Stony Grey Soil – níl de réiteach agam ar an scéal ach í siúd a chaomhnú, a shaothrú, a athmhúscailt ionam féin, agus a chur i bpáirtíocht le cruinneas agus le miotal Bhéarla na Galltacha as ar fuineadh an chuid ba mhó de mo shaoldearcadh.⁸⁰⁹

Mar a pléadh cheana, taca an ama chéanna a thosaigh Pádraic Breathnach ag scríobh bhí filí *Innti* ag tosú amach ar a mbóthar liteartha féin. Ba de chúlra cultúrtha éagsúil gach aon duine díobh ach iad ar fad sa limistéar fairsing sin idir dhá mhórchultúr na hÉireann, mar a bhí Pádraic Breathnach féin. Tógáil Ghalltacha, uirbeach trí chéile, a

⁸⁰⁶ Eoghan Ó Tuairisc, ‘Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr’ in Máirín Nic Eoin eag., *Religio Poetae agus Aistí*, 160.

⁸⁰⁷ Ibid.

⁸⁰⁸ Ibid.

⁸⁰⁹ Ibid., 163.

bhí acu, agus feictear scathánú na tógála sin ina saoldearcadh. D'fhógair Gearóid Denvir i dtaca le filí *Innti*:

As saol na cathrach a chéadfhúineadh cruinneshamhail agus réimse braistinte cuid mhaith de na scríbhneoirí céanna, saol ar beag cosúlacht atá aige leis an seansaol traidisiúnta, ná fiú le saol na Gaeltachta inniu féin mar a léirítear in éigse an bhéil bheo é. Maireann siad i saol iolchultúrtha an Bhéarla agus eascraíonn a bpatrúin smaointe agus a gcórais phearsanta meafarachta a bheag nó a mhór as an saol agus as an saoltaithí sin ...⁸¹⁰

Is féidir cosúlachtaí a aithint idir Pádraic Breathnach agus filí *Innti* ó thaobh mhuinín teanga de agus ó thaobh a ndearcadh i leith na Gaeilge, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha eatarthu chomh maith sa mhéid sin. Scríbhneoirí Galltachta ab ea filí *Innti* a chuir uathu aon mhímhuinín a bhí acu i dtuairim a gcearta teanga de agus a ghlac an teanga chucu féin le muinín nua na 1960idí. Mar a d'áitigh Gearóid Denvir, 'Níl aon chall do ghlúin *Innti* a mhíniú don saol mór cén fáth a scríobhann siad i nGaeilge. Tá an cath sin tugtha agus buaite ...'⁸¹¹ Níorbh amhlaidh do Phádraic Breathnach ar scríbhneoir Breac-Ghaeltachta é. Ba ina bhaile dúchais a fuair Pádraic Breathnach an spreagadh chun an teanga a shealbhú agus ba i measc a mhuintire féin a chuir sé féin barr feabhais ar an nGaeilge. Roinn sé féin agus filí *Innti* meon nua na saoirse agus na muiníne teanga, áfach. Roinn siad fealsúnacht idirchultúrtha fhorásach. Dar le Máirín Nic Eoin, léirigh na filí sin féinmhuinín i dtaca leis an teanga, ag áiteamh, 'their political commitment to the language was motivated more by the civil rights

⁸¹⁰ Gearóid Denvir, 'D'Aithle na bhFilí' in *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997), 246.

⁸¹¹ Ibid.

movements of the period than by the cultural nationalism of a former generation.⁸¹²

Ba í tuiscint fhilí *Innti* ná go bhféadfaidís siúd scoth na gcultúr éagsúil sin a shealbhú trí phróiseas foghlama agus comhshamhlaithe. Níl meon na ciontacha le brath ar shaothar an Bhreathnaigh, ach an oiread. Is le muinín as cúlra dlúthfhite, comhtháite Éireannach a scríobhann Pádraic Breathnach.

Feictear an teanga á hathmhúnlú de réir riachtanas na cumarsáide comhaimseartha i saothar fhilí *Innti*, agus i saothar Phádraic Bhreathnaigh leis. Meascán, ar uairibh, de shaibhreas Ghaeilge na Gaeltachta agus de rithimí cainte agus teanga an tsuímh uirbigh, atá ar fáil i saothar an Bhreathnaigh, mar a léiríodh i gCaibidil 3, agus i saothar na bhfilí a tháinig in inmhe taca an ama chéanna leis. Agus é ag tagairt do Michael Davitt, d'áitigh Seán Ó Tuama:

Fós is léir gur bhraith sé ó thosach nárbh oiriúnach dó Gaeilge na Gaeltachta a cheangal ródhaingean lena phearsantacht, sa tslí go bhfuil cineál teanga á shaothrú aige ina chuid filíochta tríd síos nach léir dom a mhacasamhail a bheith á shaothrú ag aon nuafhile eile sa Ghaeilge.⁸¹³

Feictear i bhfilíocht Davitt, ach go háirithe, agus i bprós-scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh gur minic a luaitear logainmneacha Gaeltachta. Déantar ceangal siombalach, ach cinnte ag an am céanna, le stair agus le hoidhreacht shaibhir na Gaeltachta trí thagairt a dhéanamh do logainmneacha agus a bhfuil de scéalaíocht agus de dhinnseanchas ag roinnt leo. Déantar ceangal fisiciúil, chomh maith, idir ealaín na scríbhneoireachta agus an ceantar as ar fáisceadh í, mar atá le sonrú i ngearrscéalta de

⁸¹² Máirín Nic Eoin, “‘Idir Dhá Chomhairle’ / Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish”, 224.

⁸¹³ Seán Ó Tuama, ‘Michael Davitt: File Séimh Foréigneach’ in *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1992), 147.

chuid Phádraic Bhreathnaigh ar nós ‘Buaile Uisce’ (BA), ‘Sa Mhám’ (ANT) agus ‘In Earr a Shaoil’ (PS), agus i ndánta Davitt cosúil le ‘Aisling ag Casadh na Gráige’, ‘Ar Fhilleadh Abhaile ó Dhún Chaoin’ agus ‘Ar an gCeathrú Rua’ sa chnuasach *Gleann ar Ghleann*.⁸¹⁴

File idir chultúir éagsúla is ea Nuala Ní Dhomhnaill, idir chultúr a luathóige i Sasana, chultúr Chorca Dhuibhne, áit ar chaith sí tréimhsí le linn a hóige, chultúr Bhéarla na hÉireann, mar a bhlaiss sí de agus í ag cur fúithi in Aonach Urmhumhan agus i gCorcaigh, agus chultúr na Túirce, áit ar chaith sí blianta dá saol. Ní hamháin sin, áfach, ach is léir óna saothar gur file í atá idir dhá thraidisiún liteartha na Gaeilge, mar atá, an traidisiún béil agus an traidisiún liteartha scríofa. I ndánta cosúil le ‘Peirseifiné’, ‘An Prionsa Dubh’, ‘Bean an Leasa mar Shíobshiúlóir’ agus ‘An Bhatráil’⁸¹⁵ fíonn Ní Dhomhnaill an sean agus an nua, an Ghalltacht agus an Ghaeltacht, an Ghaeilge agus an Béarla, ag cruthú saothar úrnua, comhaimseartha, ach é fréamhaithe go dlúth agus go daingean i dtraidisiúin liteartha na Gaeilge sin a théann siar na céadta bliain.

In alt dá cuid, ‘Cé leis thú?’, a foilsíodh sa leabhar *Nuala Ní Dhomhnaill: Selected Essays*, cuireann Nuala Ní Dhomhnaill síos ar an gcéad teagmháil a bhí aici le cultúr na Gaeltachta, agus a éagsúla a bhí an tsaoltaithí i gCiarraí thiar leis an tsaoltaithí a bhí aici roimhe sin i Lancashire di. Maidir leis an gcaidreamh atá aici leis an nGaeltacht agus go háirithe le Gaeltacht Chorca Dhuibhne, dúirt sí:

⁸¹⁴ Michael Davitt, *Gleann ar Ghleann* (Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1981).

⁸¹⁵ Nuala Ní Dhomhnaill, *Feis* (Maigh Nuad: An Sagart, 1991). Is sa chnuasach *Feis* a foilsíodh na dánta seo ar fad.

Of the Gaeltacht, I am not from the Gaeltacht; the existence of an Irish diaspora had made that impossible. Inexorably drawn to the Irish-speaking communities of the Western seaboard, and knowing them intimately, I am still always an outsider, the little *cailín Sasanach*, or English girl that I was [when I was five years old.]⁸¹⁶

Tagraíonn sí don tionchar a bhí ag an déachas sin uirthi, mar seo a leanas, ‘It has also led to a capacity to be genuinely bilingual, to live in two languages, in very different mind-sets’,⁸¹⁷ agus is ríspéisiúil an léargas a thugann sí ar an gcros-síolracht a mhóthaíonn sí nuair a admhaíonn sí:

I have found at times that the inner contradictions bilingualism entails cause psychic pain: sometimes it is as if a civil war were going on inside me, and the sheer effort of maintaining a standoff of the warring parties is deeply exhausting. All my energies get sucked down into the subconscious, with a depression characterised by overwhelming lethargy as its most physical manifestation.⁸¹⁸

Coimhlint inmheánach idir an dá chultúr is ea a luann Homi Bhabha ina theoiric ar *hybridity*, nó cros-síolracht, ach cuireann Ní Dhomhnaill in iúl thuas méid na coimhlinte a shamhlaíonn sí féin leis an idirchultúrthacht. Ar an dóigh seo, feictear gur éagsúil ar fad an caidreamh atá ag Nuala Ní Dhomhnaill leis an gcultúr Gaeltachta is atá ag Pádraic Breathnach. Mar ata curtha in iúl aige féin, is ‘suaimhneas cultúrtha’

⁸¹⁶ Nuala Ní Dhomhnaill, ‘*Cé Leis Thú?*’ in Oona Frawley (eag.) *Nuala Ní Dhomhnaill: Selected Essays* (Dublin: New Island, 2005), 101.

⁸¹⁷ Ibid.

⁸¹⁸ Ibid., 102.

a bhraitheann sé féin i gcodarsnacht ghéar leis an gcoimhlint chultúrtha a bhraitheann Ní Dhomhnaill ar uairibh. D'áitigh sé:

Tá Nuala Ní Dhomhnaill i bhfad níos doimhne agus níos sofaisticiúla ná mise!
... Ní airímse na mothúcháin sin ar chor ar bith. ... níl aon chogadh cathartha istigh ionam ar an gcaoi sin ar chor ar bith. ... ní airím go bhfuil coimhlint idir dhá chultúr ann i mo chás-sa.⁸¹⁹

In alt dá cuid ag casadh na mílaoise, chuir Máire Ní Annracháin ceisteanna maidir le dán na litríochta Gaeilge sa mhílaois nua. Scríobh sí:

Táimid sa riocht céanna, nó d'fhéadfadh a bheith, is a bhí lucht na Gaeilge ag tús na hAthbheochana. Conas dul i ngleic leis an mblúire mór seo den nua-aois? Conas a bheith dílis don traidisiún agus dílis do spiorad an lae inniu freisin?⁸²⁰

Is ar an gceist sin, go baileach, atá scríbhneoirí Gaeilge an lae inniu ag tabhairt aghaidh. Tá gnéithe iomadúla den saol traidisiúnta in Éirinn agus sa Ghaeltacht le sonrú i saothar chuid de scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge, agus é sin curtha in oiriúint do spiorad an lae inniu, mar a luann Máire Ní Annracháin thuas, agus do bhraistintí idirchultúrtha Éire an aonú haois is fiche, chomh maith. Scríbhneoirí a chuaigh i mbun pinn i ndiaidh Phódraic Bhreathnaigh atá i gceist anseo, agus iad siúd maraon le Pádraic Breathnach agus a chomhaimsearaigh, ag treabhadh ghort na litríochta Gaeilge le chéile faoi láthair. Is de chúlraí soch-chultúrtha, teangeolaíochta agus polaitiúla éagsúla cuid de na scríbhneoirí seo, ó Mhicheál Ó Conghaile go Fionntán de Brún go

⁸¹⁹ Féach Aguisín 3, 82.

⁸²⁰ Máire Ní Annracháin, 'Litríocht na Gaeilge i dTreo na Mílaoise' in Micheál Ó Cearúil (eag.) *An Aimsir Óg* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999), 23.

hAlex Hijmans. Gné spéisiúil amháin de shaothar na scríbhneoirí sin is ea ceist na teanga agus an dátheangachais agus iad ar fad ag feidhmiú i sochaí dhátheangach nó ilteangach, fiú amháin. Thagair Máirín Nic Eoin d'fhadhb shoch-theangeolaíoch scríbhneoirí na Gaeilge i dtaca leis an teanga féin:

Conas a éiríonn [le scríbhneoirí Gaeltachta na linne seo] tionchar an Bhéarla a sheachaint nó úsáid an Bhéarla a ionramháil go cruthaitheach ina saothar? ... Ar an straitéis is coitianta ar fad fós tá straitéis Uí Ghrianna, Gaeilge na seanghlúine a athchruthú ar bhealach chomh paiteanta agus chomh foirfe agus is féidir. Nuair a bhreathnaítear ar shaothar daoine mar Dhara Ó Conaola, Phádraic Breathnach, Sheán Ó Curraoin, Mhaidhc Dainín Ó Sé, Shiobhán Ní Shúilleabháin, agus a liachtaí sin scríbhneoirí eile de bhunadh na Gaeltachta, feictear litríocht bhisiúil atá ar ancaire fós i máithreach shaibhir Ghaeilge na Gaeltachta mar a bhí sí á labhairt go forleathan le linn óige na scríbhneoirí sin.⁸²¹

Scríbhneoir is ea Micheál Ó Conghaile atá tar éis é féin a chruthú mar dhuine de na scríbhneoirí is cróga agus is conspóidí sa Ghaeilge lena linn. Scríbhneoir is ea é a thugann tionchar cultúr éagsúil shaol Gaeltachta na linne seo le chéile go healaíonta ina shaothar. Tá sampla de seo le sonrú sa ghearrscéal, 'Cailte i gConamara' (*An Fear nach nDéanann Gáire*, 2003).⁸²² Tugtar léargas sa scéal ar ócáid an-bhrónach, agus an phríomhphearsa ag scaipeadh luaithrigh a pháirtnéara chomhghnéis san áit ab ansa leo beirt. Briseann sé le creideamh a shinsear leis an ngníomh sin, agus tugtar léargas tríd an scéal ar an gcaidreamh achrannach a bhí aige le hionadaithe an chreidimh

⁸²¹ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005), 339.

⁸²² Cnuasach is ea é a thiomnaigh an t-údar do William Trevor agus Pádraic Breathnach araon.

chéanna le tamall roimh bhás a pháirtnéara. Rinneadh imeallú air mar bhall den chomhphobal sin. Fágadh déachas ann, dá bharr, agus é idir creideamh a óige agus díchreideamh a shaoil fhásta. Déantar ionramháil sa scéal ar áilleacht na tuaithe agus ar an bhfaoiseamh a bhaineann le tréimhse a chaitheamh ‘do do chailliúint féin’ faoin tuath nuair atá an croí trom. Feictear gnéithe de chultúir éagsúla na hÉireann fite fuaite go healaíonta sa scéal sin, a bhfuil tréithe nuálacha ag baint le hábhar an scéil, ach a dtéann an saol traidisiúnta Éireannach go croí an scéil chomh maith leis an gcur síos ar an tírdhreach, ar an uaigneas ach ag an am céanna ar an bhfaoiseamh a ghabhann le hiargúlacht fhiáin, álainn an cheantair Ghaeltachta úd. Sa tslí sin tugann Micheál Ó Conghaile an sean agus an nua, an oidhreacht agus an chomhaois, le chéile ar bhealach an-nádúrtha. Ó thaobh na teanga de, tá meascán cumasach le sonrú sa scéal sin idir Gaeilge dhúchasach Chonamara óige an scríbhneora féin agus Gaeilge dhream óg na linne seo sa dúiche chéanna, idir fhriotal agus chomhréir. Gaeilge nádúrtha na linne seo i gConamara is ea a fheictear i ngearrscéalta cosúil le ‘Cailte i gConamara’, agus, dar ndóigh, tá eiseamláir den chódmheascadh agus den chódmhalartú sin le fáil sa ghearrscéal ‘Féincheist’ sa chnuasach *Mac an tSagairt*,⁸²³ agus san úrsceál *Sna Fir*,⁸²⁴ gan ach samplaí fánacha a lua.

Scríbhneoirí idir chultúir éagsúla Éire na linne seo ó cheantair Ghaeltachta éagsúla is ea Cathal Ó Searcaigh agus Pádraig Ó Cíobháin, ar scríbhneoirí iad beirt a bhaineann le glúin níos óige ná Pádraic Breathnach. Tá scáthánú na n-athruithe soch-chultúrtha a thit amach idir an dá linn le sonrú ina saothar agus i meon na beirte i leith an dá mhórchultúr in Éirinn. Tugtar le fios ina saothar úd mar a chuaigh an cultúr iasachta i

⁸²³ Micheál Ó Conghaile, *Mac an tSagairt* (Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1986).

⁸²⁴ Micheál Ó Conghaile, *Sna Fir* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1999).

bhfeidhm ar na ceantair arbh as dóibh féin, agus mar a chuathas i ngleic leis an déachas idirchultúrtha. Feictear meon éagsúil i leith an déachais idirchultúrtha agus a thionchar sin ar an teanga i ndánta áirithe de chuid Uí Shearcaigh. Cé go bhfuil cultúir éagsúla na hÉireann le sonrú ag teacht le chéile sa dán ‘Trasnú’,⁸²⁵ mar shampla, agus nuálú an traidisiúin á ríomh aige, ní fhéadfaí a áiteamh gur suaimhneas cultúrtha trí chéile atá le sonrú sa dán céanna toisc nach gcuirtear an dá chultúr nó an dá theanga ar comhstádas. Duairceas is ea a léiríonn sé i leith thodhchaí na teanga sa dán ‘Caoineadh’, leis, dán a osclaíonn leis an líne ‘Inniu tá mo Theangaidh ag saothrú an bháis.’⁸²⁶ D’fhéadfaí a áiteamh, i gcás an tSearcaigh, gur rud silteach, solúbtha an caidreamh atá aige leis an dá chultúr agus lena áit féin eatarthu. Ina chás-san, feictear malartú idir tréithe den chros-síolracht agus de chumasc an dá chultúr.

Is í ceist na teanga ach go háirithe atá le sonrú in ailt tuairimíochta Phádraig Uí Chíobháin. Mar a d’áitigh Pádraigín Riggs ag casadh an chéid, ‘ní féidir aontíos an dá theanga a shéanadh’⁸²⁷ sa lá atá inniu ann. Ní féidir leis an scríbhneoir Gaeilge neamhaird a thabhairt ar an aontíos sin ach an oiread, ach aghaidh a thabhairt ar stádas idirchultúrtha lucht léitheoireachta a shaothair. Aithníonn Ó Cíobháin an aincheist seo san alt ‘Cathair Ghríobháin na Samhlaíochta’ a foilsíodh sa bhliain 1999, ag ceistiú:

An mairfidh an Ghaeilge fiú sna Gaeltachtaí níos sia? An fada eile go gcaillfear ar fad í? An bhfásfaidh *creole* nua as fiontar na nGaelscoileanna agus na nGaelcholáistí? An neamhúdar mé i neamhphobal a labhrann neamhtheanga agus atá i mbun filleadh ar a bheith neamhliteartha inti?⁸²⁸

⁸²⁵ Cathal Ó Searcaigh, *Ag Tnúth leis an Solas* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2000).

⁸²⁶ Cathal Ó Searcaigh, *Homecoming / An Bealach 'na Bhaile* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993).

⁸²⁷ Pádraigín Riggs, ‘Caint na nDaoine: An Chaint agus na Daoine’ in Mícheál Ó Cearúil (eag.) *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 89. Is le Pádraigín Riggs an bhéim.

⁸²⁸ Pádraig Ó Cíobháin, ‘Cathair Ghríobháin na Samhlaíochta’ in Mícheál Ó Cearúil (eag.) *An Aimsir Óg* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999), 109.

Ag trácht dó ar cheist an dúchais, d'áitigh Ó Cíobháin:

Fuair eas mo dhúchas deacair le hiompar. Is minic gur ualach róthrom, róghuairneánach dúchas scríbhneoirí eile Gaeltachta an cheantair agus an chine dár díobh mé a iompar. Tá réamhthuiscintí áirithe plandálta in ithir na léirmheastóireachta, a thabharfadh litríocht chúng, aithriseach, réigiúnach ar mo chuid iarrachtaí dá bhfanadh m'intinn curtha fúithi i gceantar Chorca Dhuibhne.

Ar nós Icarus is fonn liom mo sciatháin a leathadh ar an saol agus mo réadlann féin a bhunú agus a bhuanú i mbuaic na firmiminte as a gcaithfead mo shúil ar chách.⁸²⁹

Fadhb choitianta an scríbhneora iarchoilínigh idirchultúrtha is ea a léiríonn Ó Cíobháin thuas. Tá Albert Memmi agus Ngũgĩ Wa Thiong'o araon tar éis aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb chéanna i saothar dá gcuid. Is réitigh éagsúla a d'aimsigh na scríbhneoirí sin i leith na deacrachta rompu, mar atá pléite go mion cheana féin sa tráchtas seo. Mar shampla, tar éis dó roinnt blianta a chaitheamh ag saothrú na litríochta i mBéarla, agus tuiscint mhaith aige nach mbeadh fáil aige ar phobal mór léitheoireachta an Bhéarla a thuilleadh, shocraigh Ngũgĩ Wa Thiong'o éirí as an mBéarla mar mheán litríochta agus, ina ionad sin, tabhairt faoi shaothar a scríobh ina theanga dhúchas, Gikuyu, teanga de chuid na Céinia. Maidir le Memmi, d'aithin sé deacracht sin an scríbhneora idirchultúrtha a ndéanann Ó Cíobháin tagairt dó, nuair a d'fhógair sé, 'if

⁸²⁹ Pádraig Ó Cíobháin, 'Dúchas agus Toil mo Chinn' in *Comhar*, Iml. 57, Uimh 6 (Meitheamh, 1998), 24.

he persists in writing in his language, he forces himself to speak before an audience of deaf men.⁸³⁰

Le casadh na mílaoise, tá scríbhneoirí idirchultúrtha de shíolrach éagsúil ag saothrú i nGaeilge. I mBéal Feirste is ea a rugadh Fionntán de Brún ag deireadh na 1960idí. Foilsíodh cnuasach gearrscéalta dá chuid sa bhliain 2005 faoin teideal *Litir ó mo Mháthair Altrama agus Scéalta Eile*.⁸³¹ Cumasc chultúir éagsúla na hÉireann ó thuaidh agus níos faide i gcéin atá le sonrú i saothar an scríbhneora uirbigh, nu-aoisigh seo. Cuireann a shaothar casadh eile i litríocht Ghaeilge na linne seo le scéalta uirbeacha, trasteorainneacha a bhfuil suímh neamhthraidisiúnta ag roinnt leo. Tagraíonn Máirín Nic Eoin ina leabhar *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* don chúlra soch-theangeolaíoch i mBéal Feirste ónar eascair glúin Fhionntáin de Brún:

Mar ghluaiseacht athshealbhaithe a tháinig chun cinn ón mbonn aníos, ba ghluaiseacht í gluaiseacht na Gaeilge i mBéal Feirste a chuir treise ón tús le gné na cumarsáide den teanga. Ba é cuspóir a bhí ann pobal dátheangach a chruthú, agus chun na críche sin bhí sé tábhachtach go nginfí dílseacht don ghluaiseacht trí bhród a chothú as an gcanúint áitiúil.⁸³²

In ainneoin nach bhfuil an mháistreacht chéanna léirithe aige go dtí seo i dtaca le ceird na gearrscéalaíochta snoite is atá léirithe ag Pádraic Breathnach thar na blianta, d'fhéadfaí a áiteamh go nglacann Alex Hijmans an chéad chéim fhealsúnach eile i

⁸³⁰ Albert Memmi, [trans. Howard Grenfeld] *The Colonizer and The Colonized* (London: Earthscan, 1990), 175.

⁸³¹ Fionntán de Brún, *Litir ó mo Mháthair Altrama agus Scéalta Eile* (Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir: Móinín, 2005).

⁸³² Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*, 336.

gcumasc cultúrtha na litríochta Gaeilge lena chnuasach *Gonta*.⁸³³ Cnuasach is ea *Gonta* a bhreathnaíonn ar ghnéithe éagsúla de shaol mhuintir Salvador agus a aibhsíonn carachtair i ngleic le réimse fairsing de mhothúcháin an duine dhaonna mar aon le sóláis agus dóláis a dtimpeallachta féin.

Ar ndóigh, ní hionann saoltaithí Fhionntáin de Brún nó Alex Hijmans agus saoltaithí Phádraic Bhreathnaigh. Ní hionann a bhfeasacht chultúrtha ach an oiread. Baineann siad le cúlra shoch-chultúrtha, theangeolaíocha agus eacnamaíocha éagsúla. Feictear cumasc cultúrtha i saothar na beirte thuasluaite, ach gur cumasc cultúir éagsúla a léiríonn siad ina saothair liteartha úd i gcomparáid leis an gcumasc a fheictear i saothar Phádraic Bhreathnaigh. Céim thábhachtach chun cinn i litríocht na Gaeilge is ea é go bhfuil scríbhneoirí ar nós Alex Hijmans, agus Panu Petteri Höglund ón bhFionnlainn,⁸³⁴ ag tabhairt faoi litríocht a scríobh i nGaeilge a bhfuil casadh úrnua arís le sonrú inti.

⁸³³ Alex Hijmans, *Gonta* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2012).

⁸³⁴ Scríbhneoir agus teangeolaí is ea Höglund a chuireann litríocht éadrom ar fáil i nGaeilge. I measc na saothar atá foilsithe aige i nGaeilge, tá úrscéilín *An tSláivéin* agus cnuasach gearrscéalta *An Leabhar Craicinn*.

Pádraic Breathnach agus an tAistriúchán Liteartha

Gné eile den idirchultúrthacht i gcomhthéacs na litríochta domhanda is ea an t-aistriúchán. Cé go mb'fhéidir go gcailltear cuid éigin de natháíocht na bunteanga san aistriúchán, tugtar deis chomparáide liteartha tríd an bpróiseas. Leathnaítear cáil an scríbhneora mhórtheanga ní nach ionadh, ach thairis sin, is minic a thugtar aitheantas idirnáisiúnta do scríbhneoirí mionteangacha trí phróiseas an aistriúcháin a chuireann a gcuid saothar ar fáil do phobal léitheoireachta níos forleithne.

Cosúil le scríbhneoirí Gaeltachta eile de chuid na linne seo, Micheál Ó Conghaile san áireamh, tá Pádraic Breathnach tar éis aistriúchán ar a shaothar a cheadú, agus go deimhin, tá aistriúchán déanta aige féin ar chuid dá scéalta féin. Dar leis, tá tuiscint chultúrtha ríthábhachtach i ngníomh an aistriúcháin liteartha. D'áitigh sé:

... bíonn cúrsaí cultúrtha i gceist ansin freisin ... Is dóigh liom go bhfuil sé deacair go leor ag daoine a bhíonn ag aistriú, b'fhéidir, mura dtuigeann siad cúlra iomlán an duine, agus an saol a chaitheadar.⁸³⁵

Cé gurb é an cnuasach *The March Hare and Other Stories*,⁸³⁶ an príomhshaothar a bhfuil aistriúchán Béarla ar roinnt bheag scéalta leis le fáil ann, tá leaganacha Béarla de scéalta dá chuid le fáil i gcnúasaigh eile ar nós *Fourfront*,⁸³⁷ arna chur in eagar ag Declan Kiberd, agus sa chnuasach *Caillte i gConamara: Scéalta Aniar*,⁸³⁸ arna roghnú ag Brian Ó Conchubhair. Ba é Pádraic Breathnach féin a d'aistrigh dhá scéal de na

⁸³⁵ Féach Aguisín 3, 61.

⁸³⁶ Pádraic Breathnach, (aistrithe ag Gabriel Rosenstock) *The March Hare and Other Stories* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1994).

⁸³⁷ Declan Kiberd (eag.) *Fourfront* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1998).

⁸³⁸ Brian Ó Conchubhair (eag.) *Caillte i gConamara: Scéalta Aniar* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014).

ceithre scéal atá ar fáil in *Fourfront*. D’aistrigh sé ‘Lá Dána’ (DLD) faoin teideal ‘A Fateful Day’, agus ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ (DLD) faoin teideal ‘Precious Moments’. Gabriel Rosenstock a d’aistrigh an dá scéal eile de chuid an Bhreathnaigh sa chnuasach sin. Ina theannta sin, áfach, níor chóir neamhshuim a dhéanamh de shaothar a d’aistrigh Pádraic Breathnach féin ó Béarla go Gaeilge, mar atá leabhar Frank McCourt *Angela’s Ashes: A Memoir*, a foilsíodh faoin teideal Gaeilge *Luaithreach Angela: Cuimhní Óige*, sa bhliain 2011.

Léirigh Pádraic Breathnach go bhfuil sé go mór i bhfábhar saothair Ghaeilge a aistriú ar mhaithe le saibhreas na litríochta Gaeilge a scaipeadh níos fairsinge. D’áitigh sé:

Tá mé ag tíocht go hiomlán le haistriúcháin agus molaim iad. Is dóigh liom gur cóir neart acu a dhéanamh agus is cinnte nach n-aistrefar do chuid go teangachaí eile mura mbíonn sé aistrithe go Béarla i dtosach. ... Is dóigh liom go bhfuil domhan na Gaeilge, i ndeireadh báire, an-teoranta agus bíonn tú ag iarraidh scaipeadh amach ...⁸³⁹

Luann Micheál Ó Conghaile thíos filíocht Nuala Ní Dhomhnaill agus Chathail Uí Shearcaigh:

Tá filíocht Nuala Ní Dhomhnaill agus Chathail Uí Shearcaigh aistrithe chuig breis agus deich dteanga cheana féin, ina measc an tSeapáinis, an Iodáilis, an Fhraincis, an Chatalóinis, an Bhriotáinis agus an Ghearmáinis.⁸⁴⁰

⁸³⁹ Féach Aguisín 3, 64.

⁸⁴⁰ Micheál Ó Conghaile, ‘Coisméigeacha Beaga agus Coisméigeacha Móra’ in Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil (eag.) *Bliainiris 2001* (Rath Cairn: Carbad, 2001), 306.

Áis is ea an t-aistriúchán, dar le scríbhneoirí agus foilsitheoirí faoi leith, chun litríocht na Gaeilge a sheoladh agus a scaipeadh i measc gnáthléitheoirí, mar aon le scoláirí liteartha, nach léifeadh choíche i dteanga a cumtha í. Dhéanfaí buntáiste, ar an mbealach sin, de dhéachas idirchultúrtha na linne. Mar a chuir Micheál Ó Conghaile in iúl, agus é ag trácht go saineiúil ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin, ach i gcomhthéacs na litríochta Gailge i gcoitinne:

Mholfainn go gcuirfí leaganacha maithe Béarla ar fáil dóibh chomh luath agus is féidir, ní hé amháin do mhuintir na hÉireann, agus ní le haon ghrá faoi leith don Bhéarla é, ach mar áis d'fhoilsitheoirí i dteangacha eile an domhain nach bhfuil agus nach mbeidh choíche léamh na Gaeilge acu. Seo bealach eile le litríocht na Gaeilge a chur chun cinn trí Bhéarla – an Béarla a úsáid mar eochair ionas nach mbeidh scoláirí an domhain dall ar an taobh seo de litríocht na hÉireann.⁸⁴¹

Lean Ó Conghaile ar aghaidh:

... de réir a chéile tá [litríocht na Gaeilge] ag glacadh a cúinne beag féin ar an stáitse domhanda agus á fógairt féin i láthair.⁸⁴²

Chuir Declan Kiberd an argóint chéanna mar seo a leanas:

... those who translate a tradition, may ultimately do more to defend and develop it than those who put the relics of a 'folk past' into glass cases for the approval of antiquarians and tourists.⁸⁴³

⁸⁴¹ Ibid., 307.

⁸⁴² Ibid., 308.

⁸⁴³ Declan Kiberd, 'Introduction' in *Fourfront*, in eagar ag Declan Kiberd.

Maidir le ceist aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge sa lá atá inniu ann, nochtaigh Pádraic Breathnach, ‘sílím ... gur fiú leabhra cáiliúla Béarla a aistriú go Gaeilge súil le tuilleadh a spreagadh le Gaeilge a léamh ... creidim freisin go bhfuil an seans ann go spreagfaidh sé ar a laghad beagán daoine ar ais chun na léitheoireachta Gaeilge’.⁸⁴⁴

Ina halt ‘Litríocht Mhionlaigh agus / nó Litríocht Dhomhanda?’ in *Comhar*, chuir Máirín Nic Eoin in iúl go bhféadfaí tuiscint ar litríocht na Gaeilge a scaipeadh níos forleithne trí mheán an Bhéarla, an mhórtheanga is coitianta a mbíonn cumarsáid ag an nGaeilge léi, ag áiteamh:

Ba mhaith linn an cultúr Angla-Mheiriceánach a sheachaint, ach nach trí mheán an Bhéarla, nó trí mheán mórtheanga impiriúlaí eile, a thagaimid ar ár dtuiscintí ar spioradáltacht an oirthir nó ar sibhialtachtaí eile? Nach í an teanga dhomhanda an teanga chumarsáide a cheadaíonn ár dteagmhálacha le sibhialtachtaí eile agus a chuireann an Gaelú ar an ábhar luachmhar ó Mheiriceá Theas nó ón tSeapáin nó ón tSlóivéin ar ár gcumas?⁸⁴⁵

D’aithin Nic Eoin an baol a bhaineann le dul i dtír ar an idirchultúrthacht, leis, ámh:

Inár n-iarrachtaí an domhan mór a tharraingt chugainn féin, an bhfuil an baol ann go gceilfear na móréagsúlachtaí idir cultúir trí neamhshuim a dhéanamh de thábhacht log, aimsir, údar agus thucaid saothar ar leith?⁸⁴⁶

⁸⁴⁴ Pádraic Breathnach in agallamh le hOisín Breathnach don bhlag ‘The Wild Geese’. Ar fáil ar-líne ag <http://thewildgeese.irish/profiles/blogs/l-ightheoir-nua-ag-angela-s-ashes-as-gaeilge>.

⁸⁴⁵ Máirín Nic Eoin, ‘Litríocht Mhionlaigh agus / nó Litríocht Dhomhanda?’ in *Comhar* Iml. 75, Uimh. 4 (Aibreán, 2015), 25.

⁸⁴⁶ Ibid.

Ar ndóigh, tá dlúthbhaint idir nós an aistriúcháin ó mhórtheanga go mionteanga agus an stair choilíneach, leis. Mar a d'áitigh Órla Ní Chuilleanáin ina leabhar *Tíortha na hÓige: Litríocht Ghaeilge na nÓg agus Ceisteanna an Aistriúcháin*:

Aistrítear an-chuid scéalta ón Iarthar go teangacha i dtíortha eile ar domhan. Mar sin, is gá aird a thabhairt ar stádas na mionteanga in aon phlé maidir le cúrsaí aistriúcháin. ... ní bhíonn cúrsaí aistriúcháin neodrach nó neamhspleách ó struchtúir chumhachta.⁸⁴⁷

Luaitear go sonrath sa leabhar céanna gur mó a aistrítear ón mBéarla, ón bhFraincis agus ón Spáinnis ná ó theangacha eile an domhain,⁸⁴⁸ rud a fhágann gurb iad teangacha na seanimpireachtaí is mó a chuireann ábhar léitheoireachta ar fáil fós, fiú i dteangacha, nó i mionteangacha, na dtíortha iarchoilínithe.

Ábhar casta agus stairiúil is ea an t-aistriúchán coilíneach a théann siar na céadta bliain a ndearna Jenni Ramone,⁸⁴⁹ Ngũgĩ wa Thiong'o,⁸⁵⁰ agus Albert Memmi,⁸⁵¹ argóintí scolártha ina thaobh mar chuid de theoiric an aistrithe iarchoilínigh. In ainneoin go gcreidtear go forleathan go bhfuil an próiseas díchoilínithe comhlánaithe faoi seo, cuireann Liam O'Dowd in iúl nach amhlaidh a bhí i dtreo dheireadh na mílaoise. I réamhrá eagrán na bliana 1990 den leabhar *The Colonizer and the Colonized* le Albert Memmi, scríobh sé;

⁸⁴⁷ Órla Ní Chuilleanáin, *Tíortha na hÓige: Litríocht Ghaeilge na nÓg agus Ceisteanna an Aistriúcháin* (Baile Átha Cliath: LeabhairChomhar, 2014), 166.

⁸⁴⁸ *Ibid.*, 112.

⁸⁴⁹ Jenni Ramone, *Transitions: Postcolonial Theories* (Hampshire: Palgrave Macmillan, 2011), 8.

⁸⁵⁰ Ngũgĩ Wa Thiong'o, *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature* (Nairobi: East African Educational Publishers, 1986).

⁸⁵¹ Albert Memmi, *The Colonizer and the Colonized* (London: Earthscan Publications, 1990), 135.

If indeed this is a post-colonial agus post-nationalist age, should not Albert Memmi's book be seen as a memento – albeit a powerfully evocative one – of a vanished age? In fact, it's significance is quite the opposite: it serves to challenge the collective amnesia which would consign the colonial legacy to a past which no longer informs the present.⁸⁵²

Mar sin, ní mór filleadh ar cheist na hidirchultúrthachta. Más amhlaidh nach féidir stair an choilíneachais a dhíothú ó shíce choitianta, chomónta na tíre, ní mór aghaidh a thabhairt uirthi, agus is casta an scéal sin féin. Is ag leibhéal an duine aonair ar féidir comaoin a dhéanamh leis na ceisteanna casta féiniúlachta sin, a fhágann scríbhneoirí áirithe ag streachailt idir an dá chultúr, agus a fheictear scríbhneoirí eile ag tabhairt aghaidh go misniúil agus go muiníneach ar chumasc cultúrtha Éire a linne féin. Mar a scríobh Gearóid Denvir:

Bhí sé ar chumas thraidisiún na Gaeilge riamh anall an 'mhalairt bhisigh' a tharraingt chuige féin. Is dúshlán do scríbhneoirí Gaeilge an lae inniu cumasc an dá thraidisiúin a chur i gcrích, oidhreacht an dá mhíle bliain d'fhás agus forbairt is Éire Ghaelach a nascadh le comhfhios Iarthar Eorpa ó Dostoevsky, Nietzsche agus Kafka anuas go dtí Camus, Beckett agus Sartre. ... Más linn aigne Éire an fhichiú haois a chíoradh ina hiomláine, ina loime mhacánta, ní dhéanfar é gan bláth a theacht ar dhán na scríbhneoirí seo. Nárbh é Plato sa Phoblacht a thug an chraobh d'fhírinne na cumadóireachta thar fhírinne na bhfíricí? 'Óir gineann aisling dóchas. Agus gineann dóchas creideamh. Agus gineann creideamh fíoradh.'⁸⁵³

⁸⁵² Liam O'Dowd, 'Introduction by am O'Dowd' in Albert Memmi *The Colonizer and the Colonized*, 30.

⁸⁵³ Gearóid Denvir, 'Nualitriocht na Gaeilge agus an Traidisiún' in *Litriocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 59.

Tá ‘cumasc an dá thraidisiúin’ sin curtha i gcrích ag Pádraic Breathnach ina shaothar liteartha agus ina dhearcadh i leith áit an dá chultúr ina shaol féin. Tá curtha in iúl aige go bhfuil sé ar a shuaimhneas le cumasc chultúir Éireann na linne seo agus lena áit féin sa mheá cultúrtha sin mar is léir ón méid a dhearbhaigh sé féin, ‘ní airím go bhfuil coimhlint idir dhá chultúr ann i mo chás-sa’.⁸⁵⁴ Mar a pléadh i gCaibidil 4 i gcomhthéacs a shaothair liteartha, is scríbhneoir é Pádraic Breathnach a thugann léargas ar speictream uilig an déachais idirchultúrtha ina ghearrscéalaíocht. Maidir leis an scríbhneoir féin, ámh, níl aon amhras ach go bhfuil cumasc cultúrtha curtha i gcrích aige ann féin. Muinín agus suaimhneas cultúrtha atá le sonrú ann féin ón méid atá curtha in iúl aige in agallaimh agus in ailt dá chuid. Ní bhaineann an choimhlint inmheánach a ghabhann leis an gcros-síolracht leis féin. Ina ionad sin, léiríonn sé an mhuinín chultúrtha a bhaineann go dlúth leis an gcumasc cultúrtha. Tá sé ar a shuaimhneas maidir lena áit féin i gcumasc cultúrtha Éire a linne féin.

⁸⁵⁴ Féach Aguisín 3, 82.

Conclúid

Is éard ba bhunchuspóir leis an tráchtas seo ná léargas a thabhairt ar lárnacht na hidirchultúrthachta iarchoilíní i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh. Léamh ar leith amháin ar shaothar an scríbhneora ildánaigh sin is ea léamh na hidirchultúrthachta iarchoilíní a thugann chun solais gnéithe suaithinseacha dá chuid scríbhneoireachta nach ndearnadh plé cuimsitheach orthu go dtí seo. Cé gurb é Pádraic Breathnach an príomhghéarrscéalaí Gaeilge a bhí i mbun pinn sa tréimhse ó na 1970idí go dtí tús na 1990idí, is beag staidéar domhain critice a rinneadh ar a shaothar go dtí seo. Tá sé thar am scéal na faillí liteartha sin a chur ina cheart. Táthar ag súil go gcuirfidh an tráchtas seo tús leis an bpróiseas sin agus go leanfar, i dtreonna éagsúla, den mhionchritic ar ghearrscéalaíocht an Bhreathnaigh, agus ar a shaothar cruthaitheach i gcoitinne.

Chun léargas cruinn agus cuimsitheach a thabhairt ar an idirchultúrthacht iarchoilíneach i ngearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh, rinneadh iniúchadh sa tráchtas seo ar chomhthéacs na hidirchultúrthachta sin agus ar an áit faoi leith atá ag Éirinn sa díospóireacht ar an gcoilíneachas agus ar an iarchoilíneachas. Cé nach dócha go n-aontóidh an t-aos critice ar fad faoi áit faoi leith na hÉireann sa phlé iarchoilíneach, cuirtear in iúl sa tráchtas seo go bhfuil áit lárnach ag Éirinn sa phlé sin, agus gur mithid go n-aithneofaí saothair liteartha na Gaeilge (le nach mór céad bliain anuas) mar litríocht iarchoilíneach, saothar Phádraic Bhreathnaigh ina measc. Fiú nuair a luaitear Éire mar thír iarchoilíneach, is fíor-annamh a luaitear litríocht na Gaeilge sa chomhthéacs sin. Díríodh sa tráchtas ar thábhacht an díchoilínithe intinne agus chultúrtha. Féachadh i gcaibidlí an tráchtais seo le haitheantas cuí a thabhairt do

shaibhreas gearrscéalaíochta an Bhreathnaigh sa dioscúrsa sin, agus í a chur i láthair go cinnte dearfa, mar shaothar iarchoilíneach trí lionsa na critice a dhíriú ar ghné na hidirchultúrthachta iarchoilíní atá le sonrú uirthi.

Tugadh faoi léargas a sholáthar sa tráchtas ar thionchar an choilíneachais ar fhéinaitheantas agus ar shíce an náisiúin agus an duine aonair, agus ar chastacht cheist na hidirchultúrthachta a eascraíonn as tionchar sin an choilíneachais. Mar a bheifí ag súil leis, leagann criticeoirí Léann an Iarchoilíneachais béim ar thábhacht na teanga dúchasaí i bpróiseas an choilíneachais agus an díchoilínithe araon. ‘Cultural bomb’⁸⁵⁵ a thug Ngũgĩ Wa Thiong’o ar dhíothú an chultúir dhúchais agus na teanga dúchais faoi thionchar an choilíneachais. Tríd an tráchtas seo, rinneadh cíoradh ar chastacht cheist an idirchultúrthachais i litríocht na Gaeilge, á léiriú trí mhionphlé a dhéanamh ar ghearrscéalaíocht scríbhneora aonair, mar atá Pádraic Breathnach. Ceann de na pointí spéise a tháinig chun léargais ab ea inchomparáideacht eispéireas an phobail choilínithe i dtíortha éagsúla fiú nuair ba thíortha coilínithe iad de chuid impireachtaí difriúla. Feictear é seo go háirithe sa léiriú a thugtar ar an oideachais, agus ar théama na scolaíochta sa litríocht, sna tíortha éagsúla.

Tá an féinaitheantas ar cheann de phríomhthéamaí Léann an Iarchoilíneachais i gcoitinne. Rinneadh mionscrúdú ar fhéinaitheantas agus ar speictream an déachais idirchultúrtha i gcarachtair an Bhreathnaigh, agus ar ghnéithe d’fhéinaitheantas an scríbhneora féin. Ceist ríchasta, achrannach is ea ceist na teanga do scríbhneoirí na Gaeilge ó aimsir na hathbheochana i leith. Dílseacht gan staonadh don Ghaeilge agus

⁸⁵⁵ Ngũgĩ Wa Thiong’o, *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature* (Nairobi: East African Educational Publishers, 1986), 12.

mórtas aisti is ea a fheictear i ndearcadh an údair i leith na teanga, mar is léir ón ráiteas uaidh, ‘Tuigeann [an scríbhneoir Gaeilge] freisin go bhfuil gá leis sa Ghaeilge agus is binn leis fóidín a iompú.’⁸⁵⁶ Níl aon amhras ach gur éirigh go hiontach leis an ‘fóidín’ áirithe sin ‘a iompú’ ar feadh i bhfad.

Scríbhneoir Breac-Ghaeltachta is ea Pádraic Breathnach agus tá an tionchar déach sin soiléir ina shaothar cruthaitheach. Áitíodh gur *Third Space*, de réir theoiric Homi Bhabha, an ceantar Breac-Ghaeltachta, agus gur minic in áiteanna dá leithéid a fheictear tionchar cumhachtach na hidirchultúrthachta. Rinneadh iniúchadh sa tráchtas ar sheasamh na Breac-Ghaeltachta sa phlé ar an teanga agus ar an bhféinaitheantas agus, ar ndóigh, ar thionchar chúlra Breac-Ghaeltachta an Bhreathnaigh ar a shaothar liteartha. D’aithin an scríbhneoir féin an tionchar sin:

Ach is dóigh liom go raibh an-tionchar ag Maigh Chuilinn ar mo chuid scríbhneoireachta, b’fhéidir an iomarca ar bhealach, mar gur fhan mé sa saol sin ar feadh i bhfad, is dóigh liom, agus mé ag scríobh.⁸⁵⁷

Dar ndóigh, is ar bhonn pearsanta a dhéantar teagmháil le cultúr nó le cultúir na timpeallachta, agus sa chaoi sin, is rud pearsanta, indibhidiúil tionchar na hidirchultúrthachta ar an duine aonair. Speictream is ea an déachas idirchultúrtha a réimníonn an aonchultúrthacht, ina bhfeictear príomhthionchar ag cultúr amháin ar dhuine; an chros-síolracht, mar a léirigh Homi Bhabha í, ina bhfeictear an duine ag streachailt san idirfhearann idir an dá chultúr; agus an cumasc cultúrtha, mar a chuir Máirín Nic Eoin in iúl, ina bhfeictear muinín chultúrtha an duine atá tar éis glacadh

⁸⁵⁶ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéalaí is a Gearrscéalta’ in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Má Nuad: An Sagart, 1981), 51.

⁸⁵⁷ Féach Aguisín 3, 55.

lena (h)áit féin i gcumasc cultúrtha a t(h)impeallachta. Cinnteacht chultúrtha is mó a shamhlaítear leis an aonchultúrthacht, coimhlint idirchultúrtha is bunús leis an gcrossólraacht agus is muinín idirchultúrtha a fheictear sa chumasc cultúrtha. Rinneadh gearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh a mheas i gcomhthéacs speictream sin an déachais idirchultúrtha.

Bhí sé mar aidhm sa tráchtas seo forbairt chritic na hidirchultúrthachta sa Ghaeilge a aibhsiú. Ba iad Pádraig Mac Piarais agus Pádraic Ó Conaire a rinne na céadiarrachtaí sa ghort liteartha sin. Rinne Eoghan Ó Tuairisc agus Diarmaid Ó Súilleabháin forbairtí suntasacha, agus lenár linn féin is iad Máirín Nic Eoin, Declan Kiberd, Gearóid Denvir agus Fionntán de Brún is mó a d'fhorbair agus a chuir an réimse critice seo chun cinn sa Ghaeilge.

Bunchuspóir an tráchtais ab ea tábhacht agus áit ar leith Phádraic Bhreathnaigh mar scríbhneoir idirchultúrtha a shoiléiriú agus a chomhthéacsú i gcúlra soch-eacnamaíoch Éire a linne agus i gcúlra liteartha a linne féin. Trí staidéar a dhéanamh ar ghearrscéalaíocht an Bhreathnaigh ina hiomláine, féadtar gnéithe iomadúla agus éagsúla de dhéachas idirchultúrtha na tíre seo a shonrú.

Mar thoradh ar léamh na hidirchultúrthachta iarchoilíní, atá fréamhaithe sa chritic náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, dearbhaíodh áit shaothar gearrscéalaíochta an Bhreathnaigh, saothar liteartha de chuid na teanga mionlaithe, ar ardán na litríochta domhanda. Thairis sin, de thoradh an taighde seo, is ríléir gur réimse critice í an idirchultúrthacht iarchoilíneach a thuilleann aird bhreise ó aos critice na Gaeilge. Tugadh faoi bhunsraith taighde a thógáil sa tráchtas seo, bunsraith arbh fhiú go mór

tógáil uirthi amach anseo le go bhféadfar gnéithe eile den idirchultúrthacht iarchoilíneach á léiriú i saothair liteartha scríbhneoirí eile na Gaeilge.

Leabharliosta:

Foinsí Príomha: Saothar le Pádraic Breathnach

Prós Cruthaitheach:

Breathnach, Pádraic. “A Sheanathair.” *Feasta* 25, uimh. 6 (Meán Fómhair 1972): 9-14.

Breathnach, Pádraic. “An Bhainis.” *Agus*, Nollaig 1967, 6-10.

Breathnach, Pádraic. “An Céideach.” *Comhar* 60, uimh. 1 (Eanáir 2000): 16-19.

Breathnach, Pádraic. “An Chuach.” *Comhar* 51, uimh. 8 (Lúnasa 1992): 18-20.

Breathnach, Pádraic. “An Coileach Feá” *Comhar* 53, uimh. 3 (Márta 1994): 30.

Breathnach, Pádraic. “An Cuilín Daite” *Comhar* 54, uimh. 12 (Nollaig 1995): 28, 30-31.

Breathnach, Pádraic. “An Déagóir.” *Feasta* 23, uimh. 3 (Meitheamh 1970): 11-14.

Breathnach, Pádraic. “An Faire.” *Feasta* 28, uimh. 7 (Deireadh Fómhair 1975): 5-8.

Breathnach, Pádraic. “An Filleadh.” *Feasta* 26, uimh. 2 (Bealtaine/Meitheamh 1973): 6-13.

Breathnach, Pádraic. “An Mám.” *Anois*, Nollaig 22, 1985.

Breathnach, Pádraic. “An Maor.” *Feasta* 41, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1988): 10-14.

Breathnach, Pádraic. “An Réiteach.” *Feasta* 21, uimh. 1 (Aibreán 1968): 7-9.

Breathnach, Pádraic. “An Sagairtín.” *Comhar* 51, uimh. 5 (Bealtaine 1992): 170-175.

Breathnach, Pádraic. “An Scoláire.” *Feasta* 26, uimh. 7 (Eanáir 1974): 9-12.

Breathnach, Pádraic. “An tAonach: Gearrscéal le Pádraic Breathnach.” *Feasta* 22, uimh. 5 (Lúnasa 1969): 13-15.

Breathnach, Pádraic. “An Tráthnóna Seo.” *Feasta* 21, uimh. 12 (Márta 1969): 21-22.

Breathnach, Pádraic. “An Ubh Cásca.” *Comhar* 53, uimh. 4 (Aibreán 1994): 68.

Breathnach, Pádraic. “Anam Mná.” *Comhar* 64, uimh. 12 (Nollaig 2004): 42-46.

Breathnach, Pádraic. “Ar Cuairt.” *Comhar* 53, uimh. 12 (Nollaig 1994): 38, 40-43.

Breathnach, Pádraic. “Bean Aonair.” *Feasta* 24, uimh. 8 (Samhain 1971): 11-14, 22.

Breathnach, Pádraic. “Brionglóid.” *Agus Samhain*, 1968.

- Breathnach, Pádraic. "Buaile Uisce." *Feasta* 25, uimh. 1 (Aibreán 1972): 9-12.
- Breathnach, Pádraic. "Cuairt." *Feasta* 29, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1976): 13-19.
- Breathnach, Pádraic. "Dánta: 'Aitheantas'." *Feasta* 20, uimh. 1 (Aibreán 1967): 21.
- Breathnach, Pádraic. "Dánta: 'An Bás'." *Feasta* 25, uimh. 2 (Bealtaine 1972): 19.
- Breathnach, Pádraic. "Dánta: 'An Óige'." *Feasta* 25, uimh. 2 (Bealtaine 1972): 19.
- Breathnach, Pádraic. "Dánta: 'M' Athair'." *Feasta* 25, uimh. 2 (Bealtaine 1972): 19.
- Breathnach, Pádraic. "Deargadaoil i mBád fó Thoinn: Blúire as Úrscéal faoi Láimh." *Irish Pages* 5, uimh. 2 (2008): 96-102.
- Breathnach, Pádraic. "Dritheanna." *Feasta* 34, uimh. 5 (Bealtaine 1981): 14-16.
- Breathnach, Pádraic. "Dualgas." *Agus Aibreán*, 1968, 9-11.
- Breathnach, Pádraic. "Éagaoineadh." *Connaught Tribune*, April 23, 1981.
- Breathnach, Pádraic. "Gasúr Beag Fir." *Comhar* 44, uimh. 5 (Bealtaine 1985): 25-28, 30-31.

Breathnach, Pádraic. “Gróga Cloch: CUID.” *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 71-75.

Breathnach, Pádraic. “Iománaíocht.” *Feasta* 22, uimh. 11 (Feabhra 1970): 13-14.

Breathnach, Pádraic. “Lá Dána: Gearrscéal le Pádraic Breathnach.” *Feasta* 32, uimh. 1 (Eanáir 1979): 15-18.

Breathnach, Pádraic. “Léamh Filíochta.” *Feasta* 22, uimh. 7 (Deireadh Fómhair 1970): 11-15.

Breathnach, Pádraic. “Mo Bhean Lóistín.” *Feasta* 24, uimh. 4 (Iúil 1971): 9-12.

Breathnach, Pádraic. “Móráil.” *Feasta* 27, uimh. 7 (Deireadh Fómhair 1974): 3-7.

Breathnach, Pádraic. “Mr Jones.” *Comhar* 31, uimh. 2 (Feabhra 1972): 16-22.

Breathnach, Pádraic. “Na Geataí.” *Feasta* 29, uimh. 5 (Bealtaine 1976): 15-19, 22.

Breathnach, Pádraic. “Na hOibrithe.” *Feasta* 24, uimh. 1 agus 2 (Aibreán agus Bealtaine 1971): 9-11.

Breathnach, Pádraic. “Ógbhean.” *Anois*, Iúil 6-7, 1991.

Breathnach, Pádraic. "Otharchara." In *An Aimsir Óg*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 61-65. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Breathnach, Pádraic. "Páis." *Feasta* 27, uimh. 11 (Feabhra 1975): 5-6.

Breathnach, Pádraic. "Spallaíocht." *Feasta* 30, uimh. 12 (Nollaig 1977): 9-12.

Breathnach, Pádraic. "Tadpoles." *Feasta* 25, uimh. 8 (Samhain 1972): 6-9.

Breathnach, Pádraic. "Úrnollaig Ógh." *Anois*, Nollaig 23, 1984.

Breathnach, Pádraic. *An Lánúin agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1979.

Breathnach, Pádraic. *An Pincín agus Scéalta Eile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996.

Breathnach, Pádraic. *Ar na Tamhnacha*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1987.

Breathnach, Pádraic. *As na Cúlacha*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1998.

Breathnach, Pádraic. *Bean Aonair agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1974.

Breathnach, Pádraic. *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1978.

Breathnach, Pádraic. *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2012.

Breathnach, Pádraic. *Gróga Cloch*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1990.

Breathnach, Pádraic. *Ingne Dearga Dheaideo*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005.

Breathnach, Pádraic. *Íosla agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1992.

Breathnach, Pádraic. *Lilí agus Fraoch*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1983.

Breathnach, Pádraic. *Na Déithe Luachmhara Deiridh*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1980.

Breathnach, Pádraic. *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta*. Roghnaithe ag Brian Ó Conchubhair. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014.

Breathnach, Pádraic. *Taomanna*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1991.

Breathnach, Pádraic. *The March Hare and Other Stories*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1994.

Saothair Chritice agus Staire:

Breathnach, Mícheál. *Bróga Páipéir agus Stocáí Bainne Ramhair*. In eagar ag Pádraic Breathnach. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2007.

Breathnach, Pádraic agus Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha. *Comhrá*. TG4, Séasúr 7, Clár 26 (2009). <https://www.youtube.com/watch?v=0LtU4MfGFcQ>

Breathnach, Pádraic. “Ag Cur Aoibhnis ar Fáil: Léirmheas ar an leabhar *Amuigh Liom Féin* le Dara Ó Conaola.” *Anois*, Márta 5, 1989.

Breathnach, Pádraic. “An Dá Phádraic (Ó Conaire).” *Feasta* 25, uimh. 3-4 (Meitheamh-Iúil 1972): 3-7.

Breathnach, Pádraic. “An Dá Phádraic (Ó Conaire): Cuid a Dó.” *Feasta* 25, uimh. 5 (Lúnasa 1972): 3-6.

Breathnach, Pádraic. “An Gearrscéal sa Ghaeilge le Blianta Beaga Anuas.” *Comhar* 43, uimh. 8 (Lúnasa 1984): 29-36.

Breathnach, Pádraic. “An Gearrscéalaí is a Gearrscéalta.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1981*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 42-54. Má Nuad: An Sagart, 1981.

Breathnach, Pádraic. “An Tionchar a bhí ag Ó Cadhain orm.” *Comhar* 55, uimh. 12 (Nollaig 1996): 21-24.

Breathnach, Pádraic. “Bí ag trácht ar an drioll a bheith ar an dreall!: Léirmheas ar an leabhar *Bairbre Rua agus Drámaí Eile* le Pádraic Ó Conaire in eag. ag Pádraig Ó Siadhail.” *Anois*, Meitheamh 18, 1989.

Breathnach, Pádraic. “C’est Fou.” *Anois*, Iúil 23, 1989.

Breathnach, Pádraic. “Ciaróga agus Deargadaoil.” *Anois*, Aibreán 20-21, 1991.

Breathnach, Pádraic. “Eachaíocht Abú!” *Anois*, Lúnasa 14, 1988.

Breathnach, Pádraic. “Fataí.” *Anois*, Samhain 5, 1989.

Breathnach, Pádraic. “Filíocht an Ghearrscéil.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1978*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 74-91. Má Nuad, An Sagart, 1978.

Breathnach, Pádraic. “Focla Neamh-Ghnácha.” Miontráchtas MA, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1964.

Breathnach, Pádraic. “Forbairt agus Feoil ar “Schnitzer Ó Sé”.” *Anois*, Eanáir 15, 1989.

Breathnach, Pádraic. “Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímheas?” *Comhar* 69, uimh. 11 (Samhain, 2009): 22-24.

Breathnach, Pádraic. “Is fiú Snámh in Aghaidh Easa.” *Irish Times*, June 17, 1991.

Breathnach, Pádraic. “Leabhar a fheileann don Chluais: Léirmheas ar *Sracfhéachaint* le Lorcán S. Ó Treasaigh.” *Anois*, Nollaig 7, 1986.

Breathnach, Pádraic. “Léamh ar litríocht na hArdteiste: *Dúil: Pearsana 1.*” *Anois*, Feabhra 16-17, 1991.

Breathnach, Pádraic. “Léamh ar litríocht na hArdteiste: *Dúil: Pearsana 2.*” *Anois*, Feabhra 23-24, 1991.

Breathnach, Pádraic. “Léamh ar litríocht na hArdteiste: *Dúil: Réamhrá.*” *Anois*, Feabhra 9-10, 1991.

Breathnach, Pádraic. “Léamh ar litríocht na hArdteiste: *Scothscéalta: Mná 1.*” *Anois*, Eanáir 26-7, 1991.

Breathnach, Pádraic. “Léamh ar litríocht na hArdteiste: *Scothscéalta: Mná 2.*” *Anois*, Feabhra 2-3, 1991.

Breathnach, Pádraic. “Léirmheas: *Bás Bharra agus Scéalta Eile.*” *Feasta* 44, uimh. 1 (Eanáir 1991): 14-15.

Breathnach, Pádraic. “Léirmheas: *Crann Tógála* le Mícheál Ó hUanacháin.” *Feasta* 34, uimh. 4 (Aibreán 1981): 19-20.

Breathnach, Pádraic. “Léirmheas: *Gaeltacht Mhaigh Eo* le Nollaig Ó Gadhra.” *Feasta* 36, uimh. 12 (Nollaig 1983): 13.

Breathnach, Pádraic. “Liam Ó Flaithearta: A Thréine Mar Ghearrscéalaí.” *Feasta* 26, uimh. 1 (Aibreán 1973): 3-8.

Breathnach, Pádraic. “Litreacha.” *Comhar* 33, uimh. 2 (Feabhra 1974): 15.

Breathnach, Pádraic. “Luimneach, Cathair na gCrotach.” *Anois*, Meitheamh 12, 1988.

Breathnach, Pádraic. “Mná i Nua-Phrós na Gaeilge.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1986*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 117-133. Maigh Nuad: An Sagart, 1986.

Breathnach, Pádraic. “Mo Choláiste Chonnacht, Mo Ghoirm Thú!” In *Coláiste Chonnacht 1910-2010: Céad Bliain Faoi Bhláth*, 148-155. An Spidéal: Coláiste Chonnacht, 2010.

Breathnach, Pádraic. “Ómós do Mháirtín Ó Cadhain: Carracáin agus Bráiste: Cuid 1.” *Comhar* 63, uimh. 2 (Feabhra 2003): 7-11.

Breathnach, Pádraic. “Ómós do Mháirtín Ó Cadhain: Carracáin agus Bráiste: Cuid 2.” *Comhar* 63, uimh. 3 (Márta 2003): 12-17.

Breathnach, Pádraic. “Pobail.” *Anois*, Meán Fómhair 17, 1989.

Breathnach, Pádraic. “Seanmhaitiais.” *Anois*, Eanáir 1, 1989.

Breathnach, Pádraic. “Tomás Bairéad: Spléachadh ar an bhFear agus ar a Shaothar.”
Feasta 28, uimh. 4 (Iúil 1975): 7-12.

Breathnach, Pádraic. “Uachtair Arda.” *Anois*, Meitheamh 18, 1989.

Breathnach, Pádraic. “Uaignis.” *Anois*, Aibreán 16, 1989.

Breathnach, Pádraic. *Maigh Cuilinn: A Táisc is a Tuairisc*. Indreabhán: Cló Chonamara, 1986.

Leabharliosta: Foinsí Tánaisteacha

Abrams, M. H.. *Doing Things with Texts: Essays in Criticism and Critical Theory*.
New York & London: W. W. Norton & Company, 1991.

Achebe, Chinua. "The African Writer and the English Language." In *Colonial Discourse and Post-colonial Theory: A Reader*, edited by Patrick Williams and Laura Chrisman, 428-434. Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993.

Achebe, Chinua. *Things Fall Apart*. London: Penguin Books, 2001.

An tAthair Benedict, O.C.D.. "Litreacha chuig an Eagarthóir." *Feasta* 31, uimh. 2 (Feabhra 1978): 21.

An tEagarthóir. "An Ghearrscéalaíocht Ghaeilge." *Comhar* 30, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1971): 3-4.

Ashcroft, Bill, Gareth Griffiths and Helen Tiffin. *Key Concepts in Post-Colonial Studies*. London & New York: Routledge, 1998.

Ashcroft, Bill, Gareth Griffiths and Helen Tiffin. *The Empire Writes Back: Theory and Practice in Post-Colonial Literatures*. London: Methuen, 1989.

Báille, Mairéad agus Máire Ní Ailpín. “Drúis gan Chúis.” *Comhar* 38, uimh. 1 (Eanáir 1979): 8.

Bairéad, Tomás. “GP2/ Papers of Tomás Bairéad 1920-1973: A Descriptive List Prepared by Galway County Council Archives.” Galway: Galway County Council, 2006.

Bairéad, Tomás. *An Geall a Briseadh*. 1938. Athchló, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969.

Bairéad, Tomás. *Ór na h-Aitinne*. Baile Átha Cliath: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1949.

Banville, John. “The Ireland of De Valera and Ó Faoláin.” *Irish Review* (1986-), no. 17-18, (Winter 1995): 142-152.

Bates, H.E.. *The Modern Short Story: A Critical Survey*. London: Thomas Nelson and sons Ltd, 1945.

Battersby, Eileen. “I just write ... I’m the Stories: Interview with William Trevor.” in *Irish Times*, April 26, 2008.

Bennett, Andrew & Nicholas Royle. *An Introduction to Literature, Criticism and Theory: Key Critical Concepts*. Hertfordshire: Prentice Hall / Harvester Wheatsheaf, 1995.

Bhabha, Homi K.. *The Location of Culture*. London & New York: Routledge, 1994.

Bhabha, Homi. "DissemiNation: Time, Narrative, and the Margins of the Modern Nation." In *Nation and Narration*, edited by Homi K. Bhabha, 291-322. London & New York: Routledge, 1990.

Bhabha, Homi. "Freedom's Basis in the Indeterminate." In *The Identity in Question*, edited by John Rajchman, 47-62. New York: Routledge, 1995.

Bill, Valentine Tschebotarioff. *Chekhov: The Silent Voice of Freedom*. New York: Philosophical Library, 1987.

Blake, James J.. "An Teanga Inniu: The Irish Language Today: Present-Day Irish-Language Fiction." *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 5, no. 3 (Autumn 2001): 128-141.

Bradshaw, David, and Kevin J.H. Dettmar, eds. *A Companion to Modernist Literature and Culture*. Oxford: Blackwell Publishing, 2008.

Breathnach, Oisín. "Léightheoirí Nua Ag *Angela's Ashes* as Gaeilge." *The Wild Geese*, Aibreán 16, 2013.

Breen, Richard, Damian F. Hannan, David B. Rottman and Christopher T. Whelan. *Understanding Contemporary Ireland: State, Class and Development in the Irish Republic*. Basingstoke: Gill and Macmillan, 1990.

Brennan, Timothy. "The Nation Longing for Form." In *Nation and Narration*, edited by Homi K. Bhabha, 44-70. London & New York: Routledge, 1990.

Brown, Marshall. "The logic of Realism: A Hegelian Approach." *PMLA* 96, no. 2 (March 1981): 224-241.

Buchanan, Ian. *Oxford Dictionary of Critical Theory*. Oxford: Oxford University Press, 2010.

Buckley, Don. "Family planning booklet to be sold in defiance of ban." *Irish Times*, December 8, 1976.

Byrne, Annette. "An tSamhlaíocht ag Pléascadh." *Comhar* 57, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1998): 25-26.

Cabranes-Grant, Leo. "Intercultural Poetics: Thinking for (And from) Diversity." *Profession*, (1997): 180-191.

Caerwyn Williams, J.E. agus Máirín Ní Mhuiríosa. *Traidisiún Liteartha na nGael*. 1979. Athchló, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2001.

Callan, Tim, and Brian Nolan. "Income Inequality and Poverty in Ireland in the 1970's and 1980's." In *Changing Patterns in the Distribution of Economic Welfare: An International Perspective*, edited by Petter Gottschalk, Björn Gustafsson and Edward Palmer, 220-238. Cambridge: Cambridge University Press, 1997.

Carlson, Julia. *Banned in Ireland: Censorship and the Irish Writer (Edited for Article 19)*. London, Routledge, 1990.

Carroll, Clare, and Patricia King, eds. *Ireland and Postcolonial Theory*. Cork: Cork University Press, 2003.

Cassidy, Laurence. "As an Gheiteo." *Comhar* 43, uimh. 12 (Nollaig 1984): 37-38.

Cebik, L. B.. "Understanding Narrative Theory." *History and Theory* 25, no. 4 (December 1986): 58-81.

Chakrabarty, Dipesh. "Minority Histories, Subaltern Pasts." *Economic and Political Weekly*, February 28, 1998.

Charters, Ann. *The Story and Its Writer: An Introduction to Short Fiction*. 6th ed. Boston & New York: Bedford / St. Martin's, 2003.

Chekhov, Anton. "The Short Story." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 195-198. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Chekhov, Anton. *The Schoolmistress and Other Stories*. 1904. New York: Pithy Press, 2015.

Childs, Peter. *Modernism*. London & New York, Routledge, 2000.

Clarke, Liam. "Respect Union flag and Irish language in Northern Ireland: Tánaiste Éamon Gilmore." *Belfast Telegraph*, February 6, 2014.

Cleary, Joe, and Claire Connolly, eds. *The Cambridge Companion to Modern Irish Culture*. Cambridge: Cambridge University Press, 2005.

Cleary, Joe. "Distress Signals: Seán Ó Faoláin and the Fate of Twentieth Century Irish Literature." *Field Day Review* 5 (2009): 48-73.

Coilféir, Máirtín. "Léirmheas: *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*." *Comhar* 72, uimh. 12 (Nollaig 2012): 26-27.

Coleman, Steve. "Pobail Urlabhra." In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 1-14. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Conneely, Mairéad. "An Dealbhóir Fileata: Máirtín Ó Direáin." *Comhar* 70, uimh. 12 (Nollaig 2010): 17-21.

Connolly, Linda. *The Irish Women's Movement: From Revolution to Devolution*. Hamshire & New York: Palgrave, 2002.

Cooper Lawrence, James. "The Theory of the Short Story." In *Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 60-71. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

Corkery, Daniel. *Synge and Anglo-Irish Literature*. Cork: The Mercier Press, 1966.

Corkery, Daniel. *The Hidden Ireland*. 1924. Reprint, Dublin: Gill and MacMillan, 1967.

Corrigan, Karen P.. "‘I gCuntas Dé Múin Béarla do na Leanbháin’: Eisimirce agus an Ghaeilge sa Naoú Aois Déag." In *The Irish World Wide: History, Heritage, Identity, Volume Two: The Irish in The New Communities*, edited by Patrick O’Sullivan, 143-161. London and Washington: Leicester University Press, 1992.

Cortázar, Julio. "Some Aspects of the Short Story." Translated by Aden W. Hayes. In *New Short Story Theories*, edited by Charles E May, 245-255. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Cosgrove, Brian. "Irish/Postmodern Literature: A Case of Either Or?" *Studies: An Irish Quarterly Review* 88, no. 352 (Winter 1999): 381-388.

Coulter, Carol. *The Hidden Tradition: Feminism, Women and Nationalism in Ireland*. Cork: Cork University Press, 1993.

Cronin, Michael. "The Unbidden Ireland: Materialism, Knowledge and Interculturality." *Irish Review (1986-)*, no. 31 (Spring-Summer 2004): 3-10.

Cuddon, John A. *A Dictionary of Literary Terms*. 1977. 3rd ed. Oxford: Basil Blackwell Ltd, 1991.

Curran, William Henry. *The Life of the Right Honourable John Philpot Curran: Late Master of the Rolls in Ireland*. New York: Redfield, 1855.

Davis, Thomas. *Selections from his Prose and Poetry*. London: Gresham Publishing Co., 1910.

Davitt, Michael. "Eagarfhocal." In *Innti 10*, in eagar ag Michael Davitt, 3. Baile Átha Cliath: INNTI, 1986.

Davitt, Michael. "Eagarfhocal." In *Innti 4*, in eagar ag Michael Davitt, 5-6. Baile Átha Cliath: INNTI, 1980.

Davitt, Michael. "Eagarfhocal." In *Innti 8*, in eagar ag Michael Davitt, 3-5. Baile Átha Cliath: INNTI, 1984.

Davitt, Michael. "Eagarfhocal." In *Innti 9*, in eagar ag Michael Davitt, 3. Baile Átha Cliath: INNTI, 1985.

Davitt, Michael. "Uige an Chuimhnimh." *Comhar* 43, uimh. 12 (Nollaig 1984): 32-35.

Davitt, Michael. *Fardoras*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2003.

De Bhaldraithe, Tomás, eag. *Nuascéalaíocht 1940-1950*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1952.

De Bhaldraithe, Tomás, eag. *Scothscéalta le Pádraic Ó Conaire*. 1956. Athchló, Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh TTA, 1990.

De Bhaldraithe, Tomás. *English-Irish Dictionary*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1959.

De Brún, Fionntán. "Review: Following the Path." *Fortnight*, no. 384 (April 2000): 29-30.

De Brún, Fionntán. *Litir Ó Mo Mháthair Altrama agus Scéalta Eile*. Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir: Móinín, 2005.

De Brún, Fionntán. *Seosamh Mac Grianna: An Mhéin Rúin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2002.

De Buitléir, Scott. *Blaiseadh Pinn: Nuascríbhneoireacht Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2008.

De Paor, Louis. "An Scéalaíocht." In *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, in eagar ag Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada, 8-33. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.

De Paor, Louis. "Eagarfhocal." In *Innti 13*, in eagar ag Louis de Paor, 3. Baile Átha Cliath: INNTI, 1990.

De Paor, Louis. "Mo Dhá Lon Dubh." *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 12-16.

De Paor, Louis. "Myles na gCopaleen agus Drochshampla na nDealeabhar." *Irish Review* (1986-), no. 23 (Winter 1998): 24-32.

De Paor, Louis. *Agus Rud Eile De*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.

De Paor, Louis. *Faoin mBlaoisc Bheag Sin: An Aigneolaíocht i Scéalta Mháirtín Uí Chadhain*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991.

De Paor, Pádraig. *Na Buachaillí Dána*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2005.

Deane, Séamus. "Mary Lavin." In *The Irish Short Story*, edited by Patrick Rafroidi and Terence Brown, 237-248. Buckinghamshire: Buckinghamshire Humanities Press, 1979.

Deane, Séamus. *Celtic Revivals: Essays in Modern Irish Literature 1880-1980*. Winston-Salem, North Carolina: Wake Forest University Press, 1985.

Denvir, Gearóid. “An Áit is Cuí? Dáimh Áite i bhFilíocht Ghaeilge an 20ú hAois.” In *Bliainiris 2003*, in eagar ag Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil, 250-303. Rath Cairn: Carbad, 2003.

Denvir, Gearóid. “Ár Leithéidí Arís: Léamh ar Shaothar Phádraig Uí Chíobháin.” In *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 215-238. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid. “D’Aithle na bhFilí.” In *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 239-262. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid. “Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland.” *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 1, no. 1 (Spring 1997): 44-68.

Denvir, Gearóid. “Litríocht agus Pobal: Nualitríocht na Gaeilge agus an Traidisiún.” In *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 21-60. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid. “Litríocht: An Coimhthíos agus Aghaidh an Bháis: Cuid 1.” *Comhar* 63, uimh. 11 (Samhain 2003): 3-5.

Denvir, Gearóid. “Litríocht: An Coimhthíos agus Aghaidh an Bháis: Cuid 2.” *Comhar* 63, uimh. 12 (Nollaig 2003): 20-23.

Denvir, Gearóid. "Litríocht: An Coimhthíos agus Aghaidh an Bháis: Cuid 3." *Comhar* 64, uimh. 1 (Eanáir 2004): 10-12.

Denvir, Gearóid. "Na hAonaráin." *Comhar* 37, uimh. 11 (Samhain 1978): 19-21.

Denvir, Gearóid. "Ó Shíolteagasc go Critic: Litríocht Dhioscúrsúil na Gaeilge san Aois Seo." In *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 375-410. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid. "Oidhreacht Uí Chadhain." In *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 119-140. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid. "Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne." In *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 61-76. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid, eag.. *Pádraic Ó Conaire: Léachtaí Cuimhneacháin*. Indreabhán: Cló Chonamara, 1983.

Denvir, Gearóid. "Peacaí an Fhíréin: Smaointeachas Mháirtín Uí Chadhain." In *Criostalú: Aistí ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain*, in eagar ag Cathal Ó Háinle, 53-86. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998; agus in *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 97-118. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid. "Rian na gCos sa Láib agus an Mise Ceart: Buntéama i bhFilíocht Sheáin Uí Ríordáin." *Comhar* 47, uimh. 11 (Samhain 1988): 25-26, 28.

Denvir, Gearóid. "Solas ar an nGloine: Gné d'Fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin." In *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, 141-160. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Denvir, Gearóid. *Aistí Léirmheasa I: Dúil is Dual*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1991.

Denvir, Gearóid. *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*. Indreabhán: Cló-Iar-Chonnachta, 1997.

Diskin, P.M.. "Léirmheas." *Connaught Tribune*, April 3, 1981.

Doyle, Aidan. "Tá *sorry* orm, ach níl sé suas chugat féin." In *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 275-279. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Du Bois, W.E.B.. *The Souls of the Black Folk*. 1903. London: Dover Publications Inc., 1994.

Eagleton, Terry, Fredric Jameson and Edward Said. *Nationalism, Colonialism and Literature*. Minneapolis: University of Minnesota Press, 1990.

Eagleton, Terry. "Capitalism, Modernism and Postmodernism." In *Modern Criticism and Theory: A Reader*, edited by David Lodge with Nigel Wood, 360-373. 2nd ed. Harlow, Essex: Pearson Education Limited, 2000.

Fanon, Frantz. *A Dying Colonialism*. Translated by Haakon Chevalier. New York: Grove Press, 1965.

Fanon, Frantz. *Black Skin / White Masks*. Translated by Charles Lam Markmann. London: Pluto Press, 1986.

Fanon, Frantz. *The Wretched of the Earth*. Preface by Jean-Paul Sartre. Translated by Constance Farrington. 1965. London: Penguin Books Ltd., 2001.

Feddersen, R.C.. "Introduction: A Glance at the History of the Short Story in English." In *A Reader's Companion to the Short Story in English*, edited by Erin Fallon and R.A. Feddersen, xv-xxxiv. Westport, CT, USA: Greenwood Press, 2000.

Ferguson, Suzanne. "Defining the Short Story: Impressionism and Form." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 218-230. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Ferguson, Suzanne. "The Rise of the Short Story in the Hierarchy of Genres." In *Short Story Theory at a Crossroads*, edited by Susan Lohafer and Jo Ellyn Clarey, 176-192. Baton Rouge, Louisiana: Louisiana State University Press, 1989.

Ferriter, Diarmaid. "Sex and the Archbishop: John Charles McQuaid and Social Change in 1960s Ireland." In *Turning Points in Twentieth Century Irish History*, edited by Thomas E. Hachey, 137-154. Dublin & Portland, OR: Irish Academic Press, 2011.

Ferriter, Diarmaid. *A Nation of Extremes: The Pioneers in Twentieth Century Ireland*. Dublin: Irish Academic Press, 1999.

Ferriter, Diarmaid. *Mothers, Maidens and Myths: A History of the ICA*. Dublin: FÁS, 1995.

Ferriter, Diarmaid. *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland*. London: Profile, 2009.

Ferriter, Diarmaid. *The Transformation of Ireland, 1900-2000*. London: Profile, 2004.

Fisher, Dominique D., Meaghan Emery and Donna Wilkerson. "The Blank Spaces of Interculturality." *Research of African Literatures* 28, no. 4 (Winter 1997): 85-100.

Fitzgerald-Hoyt, Mary. *William Trevor: Re-Imagining Ireland*. Dublin: Liffey Press, 2003.

Foclóir Litríochta agus Critice / Dictionary of Literature and Criticism Baile Átha Cliath: An Gúm, 2007.

Foster, RF. *The Oxford History of Ireland*. Oxford: Oxford University Press, 2001.

Friedman, Norman. "Recent Short Story Theories: Problems in Definition." In *Short Story Theory at a Crossroads*, edited by Susan Lohafer and Jo Ellyn Clarey, 13-31. Baton Rouge, Louisiana: Louisiana State University Press, 1989.

Friedman, Norman. "What Makes a Good Short Story." In *Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 131-146. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

Gandhi, Leela. *Affective Communities: Anticolonial Thought, Fin-de-Siècle Radicalism, and the Politics of Friendship*. Durham & London: Duke University Press, 2006.

Gandhi, Leela. *Postcolonial Theory: A Critical Introduction*. Edinburgh: Edinburgh University Press, 1998.

Garvin, Tom. "National Identity in Ireland." *Studies: An Irish Quarterly Review* 95, no. 379 (Autumn 2006): 241-250.

Garvin, Tom. *Preventing the Future: Why Was Ireland Poor For So Long?* Dublin: Gill and MacMillan, 2004.

Gibbons, Luke. *Transformations in Irish Culture: Critical Conditions: Field Day Essays*. Cork: Cork University Press in association with Field Day, 1996.

Giddens, Anthony. *Sociology*. 4th ed. Cambridge, Polity Press, 2001.

Gilligan, Patrick. "Hinterlands." *Irish Press*, April 6, 1978.

Gilroy, Paul. "Urban Social Movements, 'Race' and Community." In *Colonial Discourse and Post-colonial Theory: A Reader*, edited by Patrick Williams and Laura Chrisman, 404-420. Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993.

Gilroy, Paul. *After Empire: Melancholia or Convivial Culture?* London: Routledge, 2004.

Gilroy, Paul. *Darker than Blue: On the Moral Economics of Black Atlantic Culture*. Cambridge, Massachusetts & London, England: The Belknap Press of Harvard University Press, 2010.

Gilroy, Paul. *The Black Atlantic: Modernity and Double Consciousness*. London & New York: Verso, 1993.

Gilroy, Paul. *There Ain't No Black in the Union Jack: The Cultural Politics of Race and Nation*. London: Routledge, 1987.

Gogol, Nikolai. *The Collected Tales of Nikolai Gogol*. Translated and Annotated by Richard Pevear and Larissa Volokhonsky. New York: Vintage Books, 1998.

Gordimer, Nadine. "The Flash of Fireflies." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 263-267. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Gottschalk, Peter, Björn Gustafsson and Edward Palmer. *Changing Patterns in the Distribution of Economic Welfare: An International Perspective*. Cambridge: Cambridge University Press, 1997.

Graham, Colin. “‘Liminal Spaces’: Post-Colonial Theories and Irish Culture.” *Irish Review (1986-)*, no. 16 (Autumn-Winter 1994): 29-43.

Grant, Damian. *Realism*. London: Methuen & Co. Ltd, 1970.

Gray, Breda. “Unmasking Irishness: Irish Women, the Irish Nation and the Irish Diaspora.” In *Location and Dislocation in Contemporary Irish Society: Emigration and Irish Identities*, edited by Jim MacLaughlin, 209-235. Notre Dame & Cork: University of Notre Dame Press & Cork University Press, 1997.

Greenslade, Liam. “The Blackbird Calls in Grief: Colonialism, Health and Identity Among Irish Immigrants in Britain.” In *Location and Dislocation in Contemporary Irish Society: Emigration and Irish Identities*, edited by Jim MacLaughlin, 36-60. Notre Dame & Cork: University of Notre Dame Press & Cork University Press, 1997.

Greenslade, Liam. “White Skins, White Masks: Psychological Distress among the Irish in Britain.” In *The Irish World Wide: History, Heritage, Identity, Volume Two: The Irish in The New Communities*, edited by Patrick O’Sullivan, 143-161. London and Washington: Leicester University Press, 1992.

Groszewski, Lydia. "Turgnamhacht na Tríonóide: Gluaiseacht Nua-Aoiseach: Eoghan Ó Tuairisc, Diarmaid Ó Súilleabháin agus Breandán Ó Doibhlin." *Feasta* 66, uimh. 7 (Iúil 2013): 17-21.

Guha, Ranajit. "On Some Aspects of the Historiography of Colonial India." In *Mapping Subaltern Studies and the Postcolonial*, edited by Vinayak Chaturvedi, 1-7. London & New York: Verso, 2000.

Hall, Donald E.. *Literary and Cultural Theory: From Basic Principles to Advanced Applications*. Boston: Heinle, Cengage Learning, 2001.

Hall, Stuart. "Cultural Identity and Diaspora." In *Colonial Discourse and Post-colonial Theory: A Reader*, edited by Patrick Williams and Laura Chrisman, 392-403. Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993; & In *Identity: Community, Culture, Difference*, edited by Jonathan Rutherford, 222-237. London: Lawrence & Wishart, 1990.

Hamilton, Hugo. *The Speckled People*. London: Fourth Estate, 2009.

Harmon, Maurice, ed. *The Irish Writer and the City*. Totowa, New Jersey: Barnes & Noble, 1984.

Harmon, Maurice. "First Impressions: 1968-78." In *The Irish Short Story*, edited by Patrick Rafroidi and Terence Brown, 63-78. Buckinghamshire: Buckinghamshire Humanities Press, 1979.

Hassan, Ihab. "Pluralism in Postmodern Perspective." In *The Postmodern Turn: Essays in Postmodern Theory and Culture*, edited by Ihab Hassan, 169-191. Christchurch: New Zealand, Cybereditions, 2001.

Heaney, Séamus. *Preoccupations: Selected Prose, 1968-1978*. London: Faber, 1984.

Heaslip, Máire. "An Choimhlint idir an Dá Shaol i Saothair Liteartha Eoghain Uí Thuairisc." *Comhar* 43, uimh. 1 (Eanáir 1984): 26-33.

Heussaff, Anna. "Idir Teangacha." *Comhar* 74, uimh. 9 (Meán Fómhair 2014): 16-19; agus *Comhar* 74, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 2014): 14-17.

Hijmans, Alex. "Dúch: Tá Solas Ná hÉagann Choíche." *Comhar* 60, uimh. 5 (Bealtaine 2000): 19-20.

Hijmans, Alex. *Gonta*. Baile Átha Cliath, Cois Life, 2012.

Hill, J. R., ed. *A New History of Ireland, VII: Ireland, 1921-84*. Oxford: Oxford University Press, 2003.

Hogan, Patrick Colm. *Colonialism and Cultural Identity: Crises of Tradition in the Anglophone Literatures of India, Africa and the Caribbean*. New York: State University of New York Press, 2000.

Höglund, Panu Petteri. “Léirmheas: *Luaithreach Angela: Cuimhní Óige.*” *Gaelscéal*, Meitheamh 13, 2012.

Hoppen, K. Theodore. *Ireland Since 1800: Conflict and Conformity*. Harlow, Pearson Education Limited, 1989.

Horgan, Joe. “Novelties: *Irish Fiction since the 1960s* by Elmer Kennedy Andrews; *Irish Novels 1890-1940: New Bearings in Culture and Fiction* by John Foster.” *Books Ireland*, no. 306 (October 2008): 221-222.

Howe, Stephen. *Ireland and Empire: Colonial Legacies in Irish History and Culture*. Oxford: Oxford University Press, 2000.

Hughes, Douglas, ed. *The Man of Wax: Critical Essays on George Moore*. New York: New York University Press, 1971.

Hunter, William F., ed. *The Short Story: Structure and Statement*. Exeter: Elm Bank Publications, 1996.

Imhof, Rüdiger. “How it is on the Fringes of Irish Fiction.” *Irish University Review* 22, no. 1 (Spring-Summer 1992): 151-167.

Inglis, Tom. “Religion, Identity, State and Society.” In *The Cambridge Companion to Modern Irish Culture*, edited by Joe Cleary and Claire Connolly, 59-78. Cambridge: Cambridge University Press, 2005.

Ingman, Heather. *A History of the Irish Short Story*. Cambridge: Cambridge University Press, 2009.

Jameson, Fredric. "On Cultural Studies." In *The Identity in Question*, edited by John Rajchman, 251-295. New York: Routledge, 1995.

Jameson, Fredric. "The Politics of Theory: Ideological Positions in the Postmodern Debate." In *Modern Criticism and Theory: A Reader*, edited by David Lodge with Nigel Wood, 348-359. 2nd ed. Harlow, Essex: Pearson Education Limited, 2000.

Janeway, Elizabeth, Shirley Hazzard, John Cheever and Harry Mark Petrakis. "Is the Short Story Necessary?" In *Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 94-106. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

Jenkinson, Bidy. "Máire Mhac an tSaoi: The Clerisy and the Folk (P.I.R. 24): A Reply." *Poetry Ireland Review* 25, (Spring 1989): 80.

Jenkinson, Bidy. *An Grá Riabhach*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Jenkinson, Bidy. *Rogha Dánta*. Cork: Cork University Press, 2000.

Keane, Colm. *Going Home: Irish Stories from the Edge of Death*. Wicklow: Chapel Island Press, 2009.

Kearney, Colbert. “An Criticeas Traidisiúnta.” *Comhar* 43, uimh. 12 (Nollaig 1984): 19-21.

Kearney, Colbert. “Dónall Ó Corcora agus an Litríocht Angla-Éireannach.” In *Scríobh* 4, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 138-151. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1979.

Kelly, Angeline Agnes. *Mary Lavin: Quiet Rebel: A Study of her Short Stories*. Dublin: Wolfhound, 1980.

Kennedy, Liam. “Modern Ireland: Post-Colonial Society or Post-Colonial Pretensions?” *Irish Review* (1986-), no. 13 (Winter 1992/1993): 107-121.

Kennelly, Brendan. “Liam O’Flaherty: The Unchained Storm. A View of his Short Stories.” in *The Irish Short Story*, edited by Patrick Rafroidi and Terence Brown, 175-188. Buckinghamshire: Buckinghamshire Humanities Press, 1979.

Kiberd, Declan. “An Cultúr Náisiúnta i Ré an Iarnáisiúnachais.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1996-1997*, in eagar ag Tadhg Ó Dúshláine, 3-23. Maigh Nuad: An Sagart, 1997.

Kiberd, Declan. “An Ghearrscéalaíocht agus an Béaloideas.” In *Idir Dhá Chultúr*, in eagar ag Declan Kiberd, 108-119. 1993. Athchló, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.

Kiberd, Declan. “Dónall Ó Corcora agus Litríocht Bhéarla na hÉireann.” In *Scríobh* 4, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 84-93. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1979.

Kiberd, Declan. "Foras Feasa an Iarchóilíneachais." In *Nua-Léamha: Gnéithe de Chultúr, Stair agus Polaitíocht na hÉireann c.1600 - c.1900*, in eagar ag Máirín Ní Dhonnchadha, 20-39. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1996.

Kiberd, Declan. "Idir Dhá Cheann na hImní." In *Idir Dhá Chultúr*, in eagar ag Declan Kiberd, 72-87. 1993. Athchló, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.

Kiberd, Declan. "Introduction" In *Fourfront*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1998.

Kiberd, Declan. "Meon na Ciontachta – Scrúdú ar Stíl Ghearrscéalaíochta Mháirtín Uí Cadhain." In *Irisleabhar Mhá Nuad 1972*, in eagar ag Seán Mac Giolla Riabhaigh, 47-57. Maigh Nuad: Cullacht Cholmcille, 1972; agus, In *Idir Dhá Chultúr*, in eagar ag Declan Kiberd, 222-233. 1993. Athchló, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.

Kiberd, Declan. "Mo Bhealach Féin: Idir Dhá Thraidisiún." In *Scríobh 5*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 224-239. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981.

Kiberd, Declan. "Pádraic Ó Conaire agus Cearta na nDaoine." In *Idir Dhá Chultúr*, in eagar ag Declan Kiberd, 136-152. 1993. Athchló, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.

Kiberd, Declan. "Postcolonial Modernism?" In *Modernism and Colonialism: British and Irish Literature, 1899-1939*, edited by Richard Begam and Michael Valdez Moses, 269-287. Durham & London: Duke University Press, 2007.

Kiberd, Declan. "Seán Ó Ríordáin: File Angla-Éireannach?" In *Idir Dhá Chultúr*, in eagar ag Declan Kiberd, 253-279. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993.

Kiberd, Declan. "Story-Telling: The Gaelic Tradition." In *The Irish Short Story*, edited by Patrick Rafroidi and Terence Brown, 13-26. Buckinghamshire: Buckinghamshire Humanities Press, 1979.

Kiberd, Declan. "What Makes a Great Irish Short Story?" *Irish Times*, December 4, 2010.

Kiberd, Declan. *Idir Dhá Chultúr*. 1993. Athchló, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.

Kiberd, Declan. *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation*. London: Vintage Books, 1996.

Kilfeather, Siobhán. "Irish Feminism." in *The Cambridge Companion to Modern Irish Culture*, edited by Joe Cleary and Claire Connolly, 96-116. Cambridge: Cambridge University Press, 2005.

Koch, John T., ed. *Celtic Culture: A Historical Encyclopedia*, Volume III (G-L). Santa Barbara, California: ABC-CLIO, 2006.

Lavin, Mary. *In a Café*. Selected by Elizabeth Walsh Peavoy. Dublin: Town House, 1995.

Lavin, Mary. *Tales from Bective Bridge*. New Introduction by Evelyn Conlon. 1943. Reprint, Dublin: Town House, 1996.

Lenoach, Ciarán. “Dioscúrsa na Gaeilge Iarthraidisiúnta: Dioscúrsa ar Strae.” *Comhar* 72, uimh. 3 (Márta 2012): 7-13.

Lenoach, Ciarán. “Franz Fanon: Agus an Mheánaicme seo Againne” *Comhar* 51, uimh. 4 (Aibreán 1992): 14.

Livesey, James, and Stuart Murray. “Post-Colonial Theory and Modern Irish Culture: *Inventing Ireland* by Declan Kiberd: *Transformations in Irish Culture* by Luke Gibbons.” *Irish Historical Studies* 30, no. 119 (May 1997): 452-461.

Lloyd, David. *Anomalous States: Irish Writing in the Post-Colonial Moment*. Durham: Duke University Press, 1993.

Lodge, David with Nigel Wood, eds. *Modern Criticism and Theory: A Reader*. 2nd ed. Essex: Pearson Education Limited, 2000.

Lohafer, Susan, and Jo Ellyn Clarey, eds. *Short Story Theory at a Crossroads*. Baton Rouge, Louisiana: Louisiana State University Press, 1989.

Lohafer, Susan. “A Cognitive Approach to Storyness.” In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 301-311. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Lohafer, Susan. "Preclosure and Story Processing." In *Short Story Theory at a Crossroads*, edited by Susan Lohafer and Jo Ellyn Clarey, 249-275. Baton Rouge, Louisiana: Louisiana State University Press, 1989.

Mac Amhlaigh, Dónall. "Céad Leabhar Fiúntach." *Irish Times*, February 28, 1974.

Mac Amhlaigh, Dónall. *Dialann Deoraí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1960.

Mac Amhlaigh, Dónall. "Padraig Óg Ó Conaire." *Irish Times*, August 16, 1971.

Mac Amhlaigh, Dónall. "Titim-Chun-Deiridh na nGearrscéalta?" *Irish Times*, January 9, 1976.

Mac Amhlaigh, Dónall. *Beoir Bhaile agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981.

Mac Amhlaigh, Dónall. *Sweeney agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1970.

Mac an tSaoir, Flann. "Filíocht Idir Dhá Theanga." *Comhar* 23, uimh. 9 (Meán Fómhair 1964): 23-27.

Mac an tSaoir, Flann. "Filíocht Shéain Uí Ríordáin." *Comhar* 12, uimh. 5 (Bealtaine 1953): 5-6.

Mac an tSaoir, Flann. “Próslitríocht na Gaeilge.” *Comhar* 22, uimh. 6 (Meitheamh 1963): 19-21, 23-24.

Mac an tSaoir, Flann. “Tóraíocht na Foirme.” *Comhar* 24, uimh. 5 (Bealtaine 1965): 27-31.

Mac Annaidh, Séamas. “Léirmheas: *Taomanna* le Pádraic Breathnach.” *Comhar* 51, uimh. 12 (Nollaig 1992): 61-62.

Mac an tSíthigh, Domhnall. *An Baile i bhFad Siar*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Mac Aonghusa, Proinsias. “The Ó hEithir Novel.” *Irish Times*, January 19, 1989.

Mac Cóil, Liam. “An Chritic Shíocanailíseach.” In *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, in eagar ag Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada, 94-112. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.

Mac Cóil, Liam. “Ealaín agus Gú-Eolaíocht.” In *Criostalú: Aistí ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain*, in eagar ag Cathal Ó Háinle, 8-33. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998.

Mac Cóil, Liam. “Idirshaol na Mianta.” *Comhar* 40, uimh. 6 (Meitheamh 1981): 25-26.

Mac Cóil, Liam. “Léirmheas: *Gróga Cloch*.” *Comhar* 50, uimh. 6 (Meitheamh 1991): 27-28.

Mac Cóil, Liam. “Scríbhneoireacht ar an Imeachall.” *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 20-23.

Mac Congáil, Nollaig. “Ó Cadhain agus an Gearrscéal.” In *Scríobh 5*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 106-113. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981.

Mac Congáil, Nollaig. “Teideal an Ghearrscéil sa Ghaeilge.” *Comhar* 34, uimh. 1 (Eanáir 1975): 19-22.

Mac Craith, Mícheál. “Títle agus an Treallchogaíocht in aghaidh na Critice.” *Comhar* 55, uimh. 4 (Aibreán 1996): 33-38.

Mac Diarmada, Murchadh. “Lán de Chroí agus de Chumha.” *Agus*, Samhain, 1967.

Mac Donnacha, Seosamh. “An Ghaeltacht in 2013 – I nDeireadh na Feide.” *Comhar* 73, uimh. 3 (Márta 2013): 10-11.

Mac Donncha, Jackie. *Bróga Johnny Thomáis*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 2012.

Mac Eoin, Gearailt. “The March Hare and Other Stories by Pádraic Breathnach.” *Comhar* 54, uimh. 7 (Iúil 1995): 24.

Mac Fhionnlaoidh, Éanna. “Comhfhreagras: ‘Self-Cheist’.” *Comhar* 45, uimh. 6 (Meitheamh 1986): 20.

Mac Giolla Léith, Caoimhín. “‘Is Cuma Faoin Scéal’ Gné d’Úrscéalaíocht na Gaeilge.” In *Léachtaí Cholm Cille XXI: An tÚrscéal sa Ghaeilge*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 6-26. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

Mac Giolla Léith, Caoimhín. “Léirmheas: *Ding agus Scéalta Eile*, Mac Mathúna, Seán.” *Comhar* 54, uimh. 7 (Iúil 1995): 24.

Mac Giolla Léith, Caoimhín. “Léirmheasanna: Na Déithe Luachmhara Deiridh agus Buicéad Poitín & Scéalta Eile.” *Feasta* 34, uimh. 12 (Nollaig 1981): 17-19.

Mac Gréil, Mícheál. *Pluralism and Diversity in Ireland / Iolrachas agus Éagsúlacht in Éirinn: Prejudice and Related Issues in Early 21st Century Ireland*. Dublin: The Columba Press, 2011.

Mac Grianna, Seosamh. “Cad é atá d’easpa orainn?” *An tUltach*, Bealtaine 1924.

Mac Grianna, Seosamh. *Mo Bhealach Féin*. 1940. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1997.

Mac Grianna, Seosamh. *Pádraic Ó Conaire agus Aistí Eile*. 1936. Eagrán nua, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969.

Mac Lochlainn, Antain. “Ealaín an Phróis.” *Comhar* 57, uimh. 11 (Samhain 1998): 28-29.

Mac Lochlainn, Antain. “Úrscéal Aoibhinn Aerach: *Sna Fir* by Micheál Ó Conghaile.” *Comhar* 59, uimh. 12 (Nollaig 1999): 29-30.

Mac Lochlainn, Colm. “Tuirisc Ghrinn ar an Saol: *Seandaoine* le Conchubhar Ó Ruairc.” *Comhar* 33, uimh. 8 (Lúnasa 1974): 19.

Mac Mathúna, Seán. “Gearrscéal? Níl Anso Ach *Anecdote!*” *Comhar* 59, uimh. 7 (Iúil 1999): 35-37.

Mac Mathúna, Seán. “Scéal Fada a Dhéanamh Gairid agus Scéal Gairid a Dhéanamh Maith.” *Comhar* 58, uimh. 4 (Aibreán 1999): 22-23.

Mac Mathúna, Seán. *Banana*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 1999.

Mac Mathúna, Seán. *Ding agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: Comhlacht Oideachais na hÉireann Teoranta, 1983.

Mac Mathúna, Seán. *Úlla*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2005.

Mac Murchaidh, Ciarán, ed. *Who Needs Irish?: Reflections on the Importance of the Irish Language Today*. Dublin: Veritas, 2004.

Mac Murchaidh, Ciarán. *Cruinnscriobh na Gaeilge*. 5ú ead. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2013.

Mac Piarais, Pádraig. "About Literature." *An Claidheamh Soluis*, Bealtaine 26, 1906.

Mac Piarais, Pádraig. "Litridheacht Nua-dhéanta." *St. Stephen's: A Record of University Life* 1, no. 1 (June 1901): 8-10.

Mac Piarais, Pádraig. *Íosagán agus Scéalta Eile agus Dánta*. Baile Átha Cliath & Corcaigh: Comhlucht Oideachais na hÉireann, Tta, [1907?].

Mac Réamoinn, Seán. "The Ó hEithir Novel." *Irish Times*, February 6, 1989.

Mac Siacuis, Risteard. "Litreacha chuig an Eagarthóir." *Feasta* 31, uimh. 2 (Feabhra 1978): 21.

Mac Síomóin, Tomás. "Eagarfhocal: Laoch ar Lár." *Comhar* 48, uimh. 2 (Márta 1989): 3.

Mac Siomóin, Tomás. "The Colonised Mind – Irish Language and Society." In *Reconsiderations of Irish History and Culture*, edited by Daltún Ó Ceallaigh, 42-71. Dublin: Léirmheas, 1994.

MacKenna, Dolores. *William Trevor: The Writer and His Work*. Dublin: New Island, 1999.

Mag Shamhráin, Antain. *Litríocht, Léitheoireacht, Critic*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1986.

Mahaffy, J.P.. “The Recent Fuss about the Irish Language: Revival of Celtic Speech.”
An article extracted from *The Nineteenth Century*, 1899: 213-222.

Maher, Eamon. *John McGahern: From the Local to the Universal*. Dublin: The Liffey Press, 2003.

Marler, Robert F.. “From Tale to Short Story: The Emergence of a New Genre in the 1850s.” In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 165-181. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Marriott, J. W., ed. *A Modern Anthology of Short Stories*. London T. Nelson, 1938.

Marx, Karl, and Frederick Engels. *On Ireland / Ireland and the Irish Question*. London: Lawrence & Wishart, 1971 / Moscow: Progress Publishers, 1971.

Matthews, Brander. “The Philosophy of the Short Story.” In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 73-80. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

May, Charles E. *The Short Story: The Reality of Artifice*. New York: Twayne Publishers, 1995.

May, Charles E., ed. *Short Story Theories*. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

May, Charles E., ed. *The New Short Story Theories*. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

May, Charles E.. "Chekhov and the Modern Short Story." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 199-217. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

May, Charles E.. "The Nature of Knowledge in Short Fiction." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 131-143. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

McCaffrey, Lawrence J.. "Seán Ó Faoláin and the Irish Identity." *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 9, no. 4 (Winter 2005): 144-156.

McClintock, Anne. "The Angel of Progress: Pitfalls of the Term Post-colonialism." In *Colonial Discourse and Post-colonial Theory: A Reader*, edited by Patrick Williams and Laura Chrisman, 276-290. Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993.

McCone, Kim, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams agus Liam Breathnach, eag. *Stair na Gaeilge*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 1994.

McCormack, W.J.. *The Blackwell Companion to Modern Irish Culture*. Oxford: Blackwell Publishing, 1999.

McGahern, John. *High Ground*. London and Boston: Faber & Faber, 1985.

McGahern, John. *Nightlines*. London: Granada Publishing Limited, 1973.

McGahern, John. *The Collected Stories*. London: Faber & Faber, 1992.

McHale, Brian. *Postmodernist Fiction*. London & New York: Routledge, 1987.

Memmi, Albert. *The Colonizer and the Colonized*. Translated by Howard Greenfeld. 1965. London: Earthscan, 1990.

Mhac an tSaoi, Máire. "Filíocht Sheáin Uí Ríordáin." *Feasta* 5, uimh. 12 (Márta 1953): 17.

Mhac an tSaoi, Máire. "The Clerisy and the Folk." *Poetry Ireland Review*, no. 24 (Winter 1988): 33-35.

Mhac an tSaoi, Máire. *Margadh na Saoire*. 1956. Athchló, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1971.

Mikics, David. *A New Handbook of Literary Terms*. New Haven & London: Yale University Press, 2007.

Mishra, Vijay, and Bob Hodge. "What is Post(-)colonialism?" In *Colonial Discourse and Postcolonial Theory: A Reader*, edited by Patrick Williams and Laura Chrisman, 276-290. Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993.

Moore, George. *The Untilled Field*. New Edition with foreword by T.R. Henn. Gerrards Cross: Smythe, 1976.

Moore-Gilbert, Bart. "Postcolonial Modernism." In *A Companion to Modernist Literature and Culture*, edited by David Bradshaw and Kevin J.H. Dettmar, 551-557. Oxford: Blackwell Publishing, 2008.

Moore-Gilbert, Bart. *Postcolonial Theory: Contexts, Practices, Policies*. London & New York: Verso, 1997.

Munro, Alice. *Friend of My Youth*. London: Chatto and Windus Ltd, 1990.

Munro, Alice. *Who Do You Think You Are?* Canada: Macmillan of Canada Limited, 1978.

Murayama, Milton. "Problems of Writing in Dialect and Mixed Languages." *MELUS* 4, no. 1 (Spring 1977): 7-9.

Murphy-Lawless, Jo. "Fertility, Bodies and Politics: The Irish Case." *Reproductive Health Matters* 1, no. 2 (November 1993): 53-64.

Murray, Tony. *London Irish Fictions: Narrative, Diaspora and Identity*. Liverpool: Liverpool University Press, 2012.

Myles na gCopaleen. *An Béal Bocht*. 1941. Athchló, Cork: Mercier Press, 1999.

Nagibin, Yurii. *Selected Stories*. Edited by David Richards . Oxford: Pergamon Press, 1963.

Nehru, Jawaharlal. *An Autobiography / Toward Freedom*. 1936. Reprint, London: The Bodley Head, 1989.

Ní Annracháin, Máire, agus Bríona Nic Dhiarmada, eag. *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.

Ní Annracháin, Máire. “An Teanga Fhíortha.” In *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, in eagar ag Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada, 34-63. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.

Ní Annracháin, Máire. “An tSuibíocht Abú, an tSuibíocht Amú.” In *Oghma* 6, in eagar ag Seosamh Ó Murchú, Mícheál Ó Cearúil agus Antain Mag Shamhráin, 11-22. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Oghma, 1994.

Ní Annracháin, Máire. “Literature in Irish 1921-84.” In *A New History of Ireland, VII: Ireland, 1921-84*, edited by J. R. Hill, 538-586. Oxford: Oxford University Press, 2003.

Ní Annracháin, Máire. “Litríocht na Gaeilge i dTreo na Mílaoise.” In *An Aimsir Óg*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 14-25. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Ní Chéileachair, Síle agus Donncha Ó Céileachair. *Bullaí Mhártain*. Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1955.

Ní Chléirigh, Siobhán. “Eiriceachtaí agus Scéalta Eile: Saothar Iar-Nua-Aoiseach.” Miontráchtas MA, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 1990.

Ní Chléirigh, Siobhán. “Litríocht Iar-Nua-Aoiseach: A Cineál.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1992*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 108-122. Maigh Nuad: An Sagart, 1992.

Ní Chualáin, Aingeal, eag. *Tomás Bairéad: Rogha Scéalta*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 2010.

Ní Chuilleanáin, Órla. *Tíortha na hÓige: Litríocht Ghaeilge na nÓg agus Ceisteanna an Aistriúcháin*. Baile Átha Cliath: LeabhairChomhar, 2014.

Ní Dhomhnaill, Nuala. “Cé Leis Tú?” In *Nuala Ní Dhomhnaill: Selected Essays*, edited by Oona Frawley, 97-155. Dublin: New Island, 2005.

Ní Dhomhnaill, Nuala. *An Dealg Droighin*. Baile Átha Cliath & Corcaigh: Cló Mercier, 1981.

Ní Dhomhnaill, Nuala. *Feis*. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

Ní Dhomhnaill, Nuala. *Spíonáin is Róiseanna*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993.

Ní Dhonnchadha, Aisling, agus Máirín Nic Eoin, eag. *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2008.

Ní Dhonnchadha, Aisling, agus Máirín Nic Eoin. “Máirtín Ó Cadhain agus foirm an ghearrscéil: Litir ó Mháirtín Ó Cadhain chuig Seosamh Ó Duibhginn, Eanáir 1947.” *Studia Hibernica*, 41 (2015): 133-163.

Ní Dhonnchadha, Aisling. “An Grá agus an Ghruaim: Téama an Chaidrimh i nGearrscéalaíocht Ghaeilge na Seachtóidí.” In *Irisleabhar Mhá Nuad*, in eagar ag Tadhg Ó Dúshláine, 24-49. Maigh Nuad: An Sagart, 1997.

Ní Dhonnchadha, Aisling. “Fleá an tSaoil.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1992*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 187-200. Maigh Nuad: An Sagart, 1992.

Ní Dhonnchadha, Aisling. “Gearrscéalaithe ag Saothrú.” *Comhar* 44, uimh. 7 (Iúil 1985): 28.

Ní Dhonnchadha, Aisling. “Léirmheas: *Mac an tSagairt* le Micheál Ó Conghaile.” *Comhar* 46, uimh. 3 (Márta 1987): 27-28.

Ní Dhonnchadha, Aisling. “Pádraic Breathnach agus a Chuid Gearrscéalta.” *Comhar* 43, uimh. 8 (Lúnasa 1984): 37-39.

Ní Dhonnchadha, Aisling. “Prós Thomáis Mhic Shiomóin.” *Comhar* 38, uimh. 3 (Márta 1979): 17-18.

Ní Dhonnchadha, Aisling. *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 1981.

Ní Dhonnchadha, Aisling. *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Ghaeilge 1940-1990*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 2002.

Ní Fhlatharta, Bernie. ‘Two very readable Irish novels dóibh siúd ar bheagáin Gaeilge’ *Connaught Tribune*, November 1, 2012.

Ní Fhoghlú, Siobhán. “Ding Thú!” *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 51-53.

Ní Fhoghlú, Siobhán. “Teorainneacha an Ghearrscéil á Síneadh.” In *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó*, in eagar ag Micheál Ó Cearúil, 380-385. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Ní Ghallchobhair, Fidelma. “File Idirthréimhseach.” *Comhar* 46, uimh. 3 (Márta 1987): 20-23.

Ní Ghearáin, Helena. “An Caighdeán, An Caighdeánú agus Caighdeánú na Gaeilge.” In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 195-224. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Ní Ghráda, Máire. “Fantaisíocht agus an Gearrscéal Comhaimseartha.” Miontráchtas MA, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 1992.

Ní Laoire, Siobhán. “Teangacha i dTeagmháil: Códmhalartú, Pidseánú agus Criólú.” In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 49-66. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Ní Mhaoilchiaráin, Gráinne. “Pádraic Breathnach: Saol agus Saothar.” Miontráchtas MA, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1991.

Ní Mhuirgheasa, Máirín. “An Forum: Filíocht Sheáin Uí Ríordáin.” *Feasta* 6, uimh. 1 (Aibreán 1953): 15-16.

Ní Neachtain, Máire. “Ilteangachas agus Débhéascna.” In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 33-48. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Ní Shé, Síle. “Nádúr agus Óige.” *Comhar* 57, uimh. 1 (Eanáir 1998): 25-26.

Ní Urdail, Meidhbhín, agus Caoimhín Mac Giolla Léith, eag. *Mo Ghnósa Leas an Dáin: Aistí in Ómós do Mháirtín Ó Direáin*. An Daingean: An Sagart, 2014.

Nic Eoin, Máirín. “‘Idir Dhá Chomhairle’/ Between Two Minds: Interculturality in Literary Criticism in Irish.” *Field Day Review* 4 (2008): 216-231.

Nic Eoin, Máirín. “Ag Taisteal gan Mhapaí.” In *Léachtaí Cholm Cille XXXVI: An Prós Comhaimseartha*, in eagar ag Aisling Ní Dhonnchadha, 77-111. Maigh Nuad: An Sagart, 2006.

Nic Eoin, Máirín. “An tÚdar, an Téacs agus an Criticeoir.” In *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, in eagar ag Máire Ní Annracháin agus Bríona Nic Dhiarmada, 64-93. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.

Nic Eoin, Máirín. “Fireann agus Oileánach: Féiniomhá an Ealaíontóra i Scríbhinní Dhírbheathaisnéiseacha Mháirtín Uí Dhireáin.” In *Mo Ghnósa Leas an Dáin: Aistí in Ómós do Mháirtín Ó Direáin*, in eagar ag Meidhbhín Ní Urdail agus Caoimhín Mac Giolla Léith, 195-224. An Daingean: An Sagart, 2014.

Nic Eoin, Máirín. “Idir an Teoiric agus an Teagaisc: Fadhbanna Téacs agus Comhthéacs i Múineadh na Litríochta Gaeilge.” In *Oghma*, in eagar ag Seosamh Ó Murchú, Mícheál Ó Cróinín agus Antain Mag Shamhráin, 61-73. Baile Átha Cliath: Foilsíúcháin Oghma 1989).

Nic Eoin, Máirín. “Idir Dhá Theanga: Fadhb an Bhéarla i gCritic Liteartha na Gaeilge.” *Comhar* 51, uimh. 5 (Bealtaine 1992): 24-26, 28-32, 34-37.

Nic Eoin, Máirín. “*Idir Dhá Theanga: Irish-language Culture and the Challenges of Hybridity.*” In *Who Needs Irish?: Reflections on the Importance of the Irish Language Today*, edited by Ciarán Mac Murchaidh, 123-139. Dublin: Veritas, 2004.

Nic Eoin, Máirín. “Litríocht Mhionlaigh agus/nó Litríocht Domhanda?” *Comhar* 75, uimh. 1 (Eanáir 2015): 18-22.

Nic Eoin, Máirín. “Litríocht Mhionlaigh agus/nó Litríocht Domhanda?: Cuid 2.” *Comhar* 75, uimh. 2 (Feabhra 2015): 12-16.

Nic Eoin, Máirín. “Litríocht Mhionlaigh agus/nó Litríocht Domhanda?: Cuid 3.” *Comhar* 75, uimh. 3 (Márta 2015): 18-22.

Nic Eoin, Máirín. “Litríocht Mhionlaigh agus/nó Litríocht Domhanda?: Cuid 4.” *Comhar* 75, uimh. 4 (Aibreán 2015): 22-25.

Nic Eoin, Máirín. “Ó Cadhain, Kafka agus Litríocht Uirbeach na Gaeilge.” *Irish Pages* 5, uimh. 2 (2008): 183-195.

Nic Eoin, Máirín. “Téarmaí Liteartha agus Critice na Gaeilge: Forbairt agus Dúshlán.” In *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 349-359. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Nic Eoin, Máirín. “Úrscéalaíocht na Gaeilge 1974-1984.” *Comhar* 43, uimh. 8 (Lúnasa 1984): 15-21.

Nic Eoin, Máirín. *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1982.

Nic Eoin, Máirín. *Eoghan Ó Tuairisc: Beatha agus Saothar*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1988.

Nic Eoin, Máirín. *Foclóir Litríochta agus Critice/ Dictionary of Literature and Criticism*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 2007.

Nic Eoin, Máirín. *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nua-Litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005.

Nic Niocaill, Eibhlín. “Some thoughts about the future of Irish Literature.” *An Claidheamh Soluis*, Meitheamh 12, 1909.

Nic Pháidín, Caoilfhionn, agus Seán Ó Cearnaigh. “Pláinéad Uaigneach – Prós na Gaeilge.” In *Léachtaí Cholm Cille XXXVI: An Prós Comhaimseartha*, in eagar ag Aisling Ní Dhonnchadha, 7-24. Maigh Nuad: An Sagart, 2006.

Nic Pháidín, Caoilfhionn. “‘Cén Fáth Nach?’ Ó Chanúint go Criól.” In *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*, in eagar ag Róisín Ní Mhianáin, 113-130. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2003.

Nicol, Bran. “Postmodernism.” In *A Companion to Modernist Literature and Culture*, edited by David Bradshaw and Kevin J.H. Dettmar, 565-570. Oxford: Blackwell Publishing, 2008.

Ó Braonáin, Mícheál, agus Pádraic Breathnach (comheagarthóir). *Príomhshruth Éireann*. Luimneach: Bardas Luimní, 1994.

Ó Briain, Seán. “Maigh Cuilinn: A Táisc agus A Tuairisc le Pádraic Breathnach.” *Comhar* 46, uimh. 2 (Feabhra 1987): 50.

Ó Brolacháin, Mícheál. *Laochra*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1983.

Ó Buachalla, Breandán. “Ó Cadhain, Ó Céileachair agus Ó Flaithearta.” *Comhar* 26, uimh. 5 (Bealtaine 1967): 69-75.

Ó Buachalla, Breandán. “Ó Corcora agus an Hidden Ireland.” In *Scríobh 4*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 109-137. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1979.

Ó Cadhain, Máirtín. *An tSraith Ar Lár*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1967.

Ó Cadhain, Máirtín. *Idir Shúgradh agus Dáiríre*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939.

Ó Cadhain, Máirtín. “An Gearrscéal sa Ghaeilge.” In *Scríobh 5*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 100-105. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1981.

Ó Cadhain, Máirtín. “Béaloideas.” *Feasta 2*, uimh. 12 (Márta 1950): 9-12, 19-25.

Ó Cadhain, Máirtín. “Cadhan Aonair I: Bacaigh, Bodhráin, Dail.” *Irish Times*, October 10, 1953.

Ó Cadhain, Máirtín. “Gaillimh – Cathair Ghaeltachta? Cé An t-Údar go nDéanfaí an Ghaeltacht a Éigniú Isteach i mBailte?” *Comhar 14*, uimh. 2 (Feabhra 1955): 22-25.

Ó Cadhain, Máirtín. “Saothar an Scríbhneora.” In *Scríobh 3*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 73-82. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1978.

Ó Cadhain, Máirtín. “Teanga Liteartha agus Gnó.” In *An Aimsir Óg*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 192-209. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Ó Cadhain, Máirtín. “Tuige Nach bhfuil Litríocht na Gaeilge ag Fás?” In *Ó Cadhain i bhFeasta*, in eagar ag Seán Ó Laighin, 85-110. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1990.

Ó Cadhain, Máirtín. *An Braon Broghach*. 1948. Athchló, Baile Átha Cliath: An Gúm, 1998.

Ó Cadhain, Máirtín. *An tSraith Dhá Thógáil*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1970.

Ó Cadhain, Máirtín. *An tSraith Tógtha*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1977.

Ó Cadhain, Máirtín. *As an nGéibheann*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1973.

Ó Cadhain, Máirtín. *Cois Caoláire*. Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1953.

Ó Cadhain, Máirtín. *Cré na Cille*. 3ú eagr. Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 2007.

Ó Cadhain, Máirtín. *Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae*. Baile Átha Cliath; Misneach, 1970.

Ó Cadhain, Máirtín. *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1969.

Ó Catháin, Brian. “Dearcadh an Teangeolaí ar Chomharthaí Sóirt Ghaeilge an Lae Inniu.” In *Léachtaí Cholm Cille XXXI: Ceist na Teanga*, in eagr ag Ruairí Ó hUiginn, 128-149. Maigh Nuad: An Sagart, 2001.

Ó Catháin, Brian. “Malartú agus Bás Teanga.” In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 67-82. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Ó Ceallaigh, Seán. “Léirmheas: *As na Cúlacha* le Pádraic Breathnach.” *Feasta* 52, uimh. 3 (Márta 1999): 15-16.

Ó Cearnaigh, Seán. “Údar ar Imirce.” *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 34-39.

Ó Cearúil, Mícheál, eagar. *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Ó Cearúil, Mícheál, eagar. *Aimsir Óg 2000: Cuid a hAon*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Ó Cearúil, Mícheál, eagar. *Aimsir Óg 3: Cúrsaí Reatha*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.

Ó Cearúil, Mícheál, eagar. *An Aimsir Óg*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Ó Cearúil, Mícheál. “Léirmheas: *Lilí agus Fraoch*.” *Comhar* 42, uimh. 4 (Aibreán 1983): 36-37.

Ó Ceileachair, Séamas, eagar. *Nuafhilí (1942-1952)*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.

Ó Ceileachair, Séamas, eagr. *Nuafhilí 2 (1953-1963)*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1968.

Ó Ceileachair, Séamas, eagr. *Nuafhilí 3*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1979.

Ó Cinnéide, Tomás. *Ar Seachrán*. An Daingean: An Sagart, 1981.

Ó Cíobháin, Pádraig. “An Treasruathar Turgnamhach: Féinspléachadh Údair ar a Ionchur i bPróslitríocht a Linne.” In *Léachtaí Cholm Cille XXXVI: An Prós Comhaimseartha*, in eagar ag Aisling Ní Dhonnchadha, 77-111. Maigh Nuad: An Sagart, 2006.

Ó Cíobháin, Pádraig. “Cathair Ghriobháin na Samhlaíochta.” In *An Aimsir Óg*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 105-111. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Ó Cíobháin, Pádraig. “Dúchas agus Toil mo Chinn.” *Comhar*, 57. uimh. 6 (Meitheamh 1998): 22-24.

Ó Cíobháin, Pádraig. *Le Gealaigh*. Baile Átha Cliath, Coiscéim, 1991.

Ó Cíobháin, Pádraig. *Tá Solas ná hÉagann Choíche*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Ó Cíobháin, Pádraig. “Calvino agus Kundera ag Casadh na Gráige.” *Comhar* 74, uimh. 7 (Iúil 2014): 22-23.

Ó Cíosáin, Éamon. “Diarmaid Ó Súilleabháin – Geit as an nGaeilge?” *Nua-Aois* (1979).

Ó Coigligh, Séamas. “Litríocht na Rúise: An Traidisiún agus an Réalachas Sóisialach.” *Comhar* 22, uimh. 6 (Meitheamh 1963): 71-73.

Ó Coileáin, Seán. *Seán Ó Ríordáin: Beatha is Saothar*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 1982.

Ó Conaire, Breandán. *Myles na Gaeilge: Lámhleabhar ar Shaothar Gaeilge Bhrian Ó Nualláin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1986.

Ó Conaire, Pádraic Óg. *Éan Cuideáin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1936.

Ó Conaire, Pádraic Óg. *Athaoibhneas*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1959.

Ó Conaire, Pádraic Óg. *Fuine Gréine*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1967.

Ó Conaire, Pádraic. “An Saorstát: Cara nó Namhaid don Ghaeilge?” In *Aistí Phádraic Uí Chonaire*, in eagar ag Gearóid Denvir, 203-211. Gaillimh: Cló Chois Fharraige (do Choiste Éigse Ros Muc), 1978.

Ó Conaire, Pádraic. “Páisdí Sgoile: Bhfuil siad ag Milleadh Nuadh-Litridheacht na Gaedhilge?” *An Claidheamh Soluis*, Feabhra 17, 1917.

Ó Conaire, Pádraic. “Ridireacht Nuadh: Bhfuil Míle Duine ar Fágáil?” *An Claidheamh Soluis* Feabhra 24, 1917.

Ó Conaire, Pádraic. “Scríbhneoirí agus a gCuid Oibre: An Easpa Misnigh atá Orthu?” In *Aistí Phádraic Uí Chonaire*, in eagar ag Gearóid Denvir, 165-168. Indreabhán: Cló Cois Fharraige, 1978.

Ó Conaire, Pádraic. *Rogha Scéalta*. Roghnaithe ag Diarmuid de Faoite. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2008.

Ó Conaire, Pádraic. “Sean-Litridheacht na nGaedheal agus Nuadh-Litridheacht na hEorpa.” *An Claidheamh Soluis*, Nollaig 12, 1908 agus Nollaig 19, 1908.

Ó Conaola, Dara. “Leabhair Nach Léitear.” *Comhar* 37, uimh. 2 (Feabhra 1978): 16.

Ó Conaola, Dara. *Mo Chathair Ghríobháin agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1981.

Ó Conchubhair, Brian. “Ceist Chigilteach na Canóna.” *Comhar* 75, uimh. 6 (Meitheamh 2015): 18-20.

Ó Conchubhair, Brian. “Liam Ó Flaithearta agus Scríobh na Gaeilge: Ceist Airgid nó Cinneadh Chonradh na Gaeilge?” *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 4, uimh. 2 (Samhradh 2000): 116-140.

Ó Conchubhair, Brian. “The Novel in Irish since 1950: From National Narrative to Counter-Narrative.” *The Yearbook of English Studies* 35, (2005): 212-231.

Ó Conchubhair, Brian. “Úrscéalta Gaeilge an Fichiú hAois.” *Comhar* 75, uimh. 7 (Iúil 2015): 14-17.

Ó Conchubhair, Brian. *Caillte i gConamara: Scéalta Aniar*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014.

Ó Conchubhair, Brian. *Twisted Truths: Stories from the Irish*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 2011.

Ó Conghaile, Micheál. “Coisméigeacha Móra agus Coisméigeacha Beaga.” In *Bliainiris 2001*, in eagar ag Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil, 279-318. Rath Cairn, Carbad, 2001.

Ó Conghaile, Micheál. *An Diabhal ar an Ól*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2013.

Ó Conghaile, Micheál. *An Fear a Phléasc*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

Ó Conghaile, Micheál. *An Fear nach nDéanann Gáire*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2003.

Ó Conghaile, Micheál. *Diabhlaíocht Dé*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2015.

Ó Conghaile, Micheál. *Go dTaga do Ríocht, Boicíní Bhóthar Kilburn agus Cripil Inis Meáin*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2009.

Ó Conghaile, Micheál. *Gnéithe d'Amhráin Chonamara Ár Linne*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993.

Ó Conghaile, Micheál. *Mac an tSagairt*. Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnachta, 1986.

Ó Conghaile, Micheál. *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2002.

Ó Conghaile, Micheál. *Sna Fir*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1999.

Ó Croiligh, Oilibhéar. "Mistéir na Réabhlóide." In *Irisleabhar Mhaigh Nuad 1968*, in eagar ag Pádraig Ó Croiligh, 13-24. Maigh Nuad: John English Printers, 1968.

Ó Croiligh, Oilibhéar. *Bealach Mhic Ghrianna: Tráchtairacht agus Treoir don leabhar Mo Bhealach Féin le Seosamh Mac Grianna*. Corcaigh agus Baile Átha Cliath: Cló Mercier, 1972.

Ó Croiligh, Pádraig. “Go nGoilleann an Bhróg.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1968*, in eagar ag Pádraig Ó Croiligh, 59-70. Maigh Nuad: John English Printers, 1968.

Ó Cróinín, Mícheál. “Cuaifeach na Critice.” *Comhar* 45, uimh. 8 (Lúnasa 1986): 29-30.

Ó Crualaoich, Gearóid. “An Nuafhilíocht Ghaeilge: Dearcadh Dána.” *Innti* 10 (1986): 63-66.

Ó Cuinn, An tAth. Proinsias. “Litreacha chuig an Eagarthóir.” *Feasta* 31, uimh. 3 (Márta 1978): 8.

Ó Curnáin, Brian. “An Chanúineolaíocht.” In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 83-110. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Ó Curráin, Donnchadh. “Litríocht Náisiúnta?” In *Irisleabhar Mhuighe Nuadhat 1961*, 53-57. Maigh Nuad, Cullacht Chuilm Cille, 1961.

Ó Direáin, Máirtín. “Ríordánachas agus Eile.” *Feasta* 6, uimh. 2 (Bealtaine 1953): 14-15.

Ó Direáin, Máirtín. *Ár Ré Dhearóil agus Dánta Eile*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1962.

Ó Direáin, Máirtín. *Máirtín Ó Direáin: Dánta 1939-1979*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1980.

Ó Dobhlin, Breandán. “I dTreo na Critice Nua.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1967*, in eagar ag Pádraig Ó Croiligh, 7-12. Maigh Nuad: Cuallacht Cholmcille, 1967.

Ó Doibhlin, Breandán, agus Antain Mag Shamhráin. “Breandán Ó Doibhlin ag Caint le hAntain Mag Shamhráin.” *Comhar* 44, uimh. 4 (Aibreán 1985): 24-30.

Ó Doibhlin, Breandán. “An Coimhthíos i Nualitríocht na Gaeilge.” In *Aistí Critice agus Cultúir*, 178-199. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1974.

Ó Doibhlin, Breandán. “An Coimhthíos: Gné den Aigne Idirnáisiúnta i Litríocht na Gaeilge.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1971*, in eagar ag Mícheál de Brún, 8-24. Maigh Nuad: John English & Co. Ltd, 1971.

Ó Doibhlin, Breandán. “An Cultúr Gaelach i Margadh na Cruinne.” In *Aistí Critice agus Cultúir III*, in eagar ag Breandán Ó Doibhlin, 158-174. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2009.

Ó Doibhlin, Breandán. “An Dúchas.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1972*, in eagar ag Seán Mac Giolla Riabhaigh, 9-35. Maigh Nuad: Cullacht Cholmcille, 1972.

Ó Doibhlin, Breandán. “Glasnost nó Perestroïka – Inspioráid agus Ceird an Úrscéalaí Ghaeilge.” In *Léachtaí Cholm Cille XXI: An tÚrscéal sa Ghaeilge*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 139-153. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

Ó Doibhlin, Breandán. “Litríocht agus Cultúr.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1968*, in eagar ag Pádraig Ó Croiligh, 7-12. Maigh Nuad: Cuallacht Cholmcille, 1968.

Ó Doibhlin, Breandán. “Litríocht agus Léirmheas.” In *Irisleabhar Muighe Nuadhat 1961*, in eagar ag Brendán Ó Broin *et al.*, 50-53. Mánuat: Cuallacht Chuilm Cille, 1961.

Ó Doibhlin, Breandán. “Litríocht agus Léirmheas.” In *Irisleabhar Muighe Nuadhat 1961*, in eagar ag Brendán Ó Broin *et al.*, 50-52. Mánuat, Cullacht Chuilm Cille, 1961.

Ó Doibhlin, Breandán. “Litríocht, Cultúr agus Critic.” In *Aistí Critice agus Cultúir*, 26-49. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1974.

Ó Doibhlin, Breandán. “Meas na Litríochta.” *Comhar* 26, uimh. 5 (Bealtaine 1967): 7-8, 10.

Ó Doibhlin, Breandán. “Rimbaud agus Filíocht na Gaeilge.” In *Scríobh 2*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 59-66. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1975.

Ó Doibhlin, Breandán. “Smaointe ar an Chultúr Dúchais.” In *Aistí Critice agus Cultúir*, 249-275. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1974.

Ó Doibhlin, Breandán. “Smaointe ar Chúrsaí na Próslitríochta.” *Comhar* 43, uimh. 8 (Lúnasa 1984): 22-24.

Ó Doibhlin, Breandán. “Téama an Dúchais i Nualitríocht na Gaeilge.” In *Aistí Critice agus Cultúir*, 200-229. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1974.

Ó Doibhlin, Breandán. *Aistí Critice agus Cultúir*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1974.

Ó Doibhlin, Breandán. *An Branar Gan Cur*. Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1979.

Ó Doibhlin, Breandán. *Litríocht agus Léitheoireacht*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier, 1973.

Ó Doibhlin, Breandán. *Néal Maidine agus Tine Oíche*. Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Náisiúnta Teoranta, 1964.

Ó Dónaill, Niall. *Foclóir Gaeilge Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977.

Ó Dónaill, Niall. *Forbairt na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1951.

Ó Drisceoil, Dónal. “‘The Best Banned in the Land’: Censorship and Irish Writing Since 1950.” *Yearbook of English Studies* 35, (2005): 146-160.

Ó Drisceoil, Proinsias, Gabriel Rosenstock, Pádraic Breathnach, Máirtín Ó Muilleoir agus Séamas de Barra. “Comhfhreagra.” *Comhar* 47, uimh. 1 (Eanáir 1988): 21-22.

Ó Drisceoil, Proinsias. “And lead us not into shenanigans.” *Irish Times: Weekend*, January 14, 1989.

Ó Drisceoil, Proinsias. “Dialectics.” *Irish Times*, March 20, 1993.

Ó Duilearga, Séamas. “Ó’n bhFear Eagair.” In *Béaloideas: The Journal of the Folklore of Ireland Society* 1, in eagar ag Séamas Ó Duilearga, 3-6. Dublin: The Folklore Society of Ireland, 1928.

Ó Dúill, Gréagóir. “An Gearrscéal sa Ghaeilge.” *Comhar* 53, uimh. 4 (Aibreán 1994): 4.

Ó Duinn, Seán. “An Chráifeacht Cheilteach.” In *Ceiliúradh an Bhlascaoid 15: Cúrsaí Creidimh ar an mBlascaod*, in eagar ag Mícheál de Mórdha, 113-129. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2013).

Ó Dúshláine, Tadhg. “An Coimpléacs Priompallánach.” *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 4-11.

Ó Dúshláine, Tadhg. “Eochairsciath an Úrscéil.” *Comhar* 51, uimh. 5 (Bealtaine 1992): 200-204.

Ó Dúshláine, Tadhg. “Frithchléireachas an Ríordánaigh?” *Comhar* 46, uimh. 2 (Feabhra 1987): 34-37.

Ó Dúshláine, Tadhg. “*Mearú Uilix* Chorcaí.” In *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 360-370. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Ó Dúshláine, Tadhg. “Michael Davitt: *Pontifex Maximus Poesis Corcagiensis*.” In *An Aimsir Óg*, in eagar ag Mícheál Ó Cearúil, 134-150. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Ó Dúshláine, Tadhg. “Teacht an tSeagail – an Teacht Fada Mall.” In *Léachtaí Cholm Cille X: Le Fiche Bliain*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 5-20. Maigh Nuad: An Sagart, 1979.

Ó Dúshláine, Tadhg. “Tríochoa Bliain ag Fás.” In *Leachtaí Cholm Cille XXI: An tÚrscéal sa Ghaeilge*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 105-138. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

Ó Dúshláine, Tadhg. *Anois Tacht an Eala: Filí Chorcaí INNTI agus an Réabhlóid Chultúrtha*. An Daingean: An Sagart, 2011.

Ó Flaitheartha, Liam. *Dúil*. Baile Átha Cliath: Sáirseál & Dill, 1953.

Ó Floinn, Tomás. “An Áit atá ag Saothar Mháirtín Uí Dhireáin i dTraidisiún na Filíochta Gaeilge.” *Comhar* 43, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1984): 7-11.

Ó Floinn, Tomás. “Feachaint Romhainn.” *Comhar* 14, uimh. 8 (Lúnasa 1955): 7-12.

Ó Floinn, Tomás. “Filíocht Idir Dhá Theanga.” In *Cion Fir: Aistí Thomáis Uí Fhloinn in Comhar*, in eagar ag Liam Prút, 295-307. Lurgan: Clódóirí Lurgan, 1997.

Ó Floinn, Tomás. “Filíocht Sheáin Uí Ríordáin.” In *Cion Fir: Aistí Thomáis Uí Fhloinn in Comhar*, in eagar ag Liam Prút, 144-150. Lurgan: Clódóirí Lurgan, 1997.

Ó Floinn, Tomás. “Úrscéalaíocht na Gaeilge.” *Comhar* 14, uimh. 4 (Aibreán 1955): 6-10.

Ó Gadhra, Nollaig. “Léirmheas: Should Do More: *Ar na Tamhnacha*.” *Books Ireland*, no. 130 (March 1989): 33.

Ó Gallchóir, Aodh. Agallamh le Pádraic Breathnach ar an úrscéal *Deargadaoil i mBád fó Thoinn* ar fáil ag

<http://clubleabhar.com/Eolas.aspx?kd=Interviews&Lang=ga>.

Ó Glaisne, Risteárd. “Rogha Teanga: Ó Flaithearta agus an Ghaeilge.” *Comhar* 39, uimh. 6 (Meitheamh 1980): 16-17.

Ó Glaisne, Risteárd. *Saoirse na mBan*. Baile Átha Cliath: Cló Grianréime, 1973.

Ó Gráinne, Diarmaid. *An Dá Mháirtín*. Baile Átha Cliath: Comhar Teo, 1990.

Ó Grianna, Séamas. *Nuair a Bhí Mé Óg*. 1942. Corcaigh agus Baile Átha Cliath: Cló Mercier, 1979.

Ó Háinle, Cathal, eagr. *Criostalú: Aistí ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998.

Ó Háinle, Cathal, eagr. *Gearrscéalta an Phiarsaigh*. Baile Átha Cliath: Cló Thalbóid, 1979.

Ó Háinle, Cathal. “‘The Inalienable Right of Trifles’: Tradition and Modernity in Gaelic Writing Since the Revival.” *Éire-Ireland: A Journal of Irish Studies* XIX, no. 4 (1984): 59-77.

Ó Háinle, Cathal. “Gnéithe d’Ealaín an Ghearrscéil.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1972*, in eagar ag Seán Mac Giolla Riabhaigh, 69-80. Maigh Nuad: Cuallacht Cholmcille, 1972.

Ó Háinle, Cathal. “Pádraig Ó Conaire agus Guth an Phobail.” In *Scáthanna*, in eagar ag Cathal Ó Háinle, 81-85. Baile Átha Cliath, Coiscéim, 2008.

Ó hAnluain, Eoghan. “Gearrscéalaíocht Ghaeilge.” *Comhar* 30, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1971): 3-4.

Ó hAnluain, Eoghan. “Léargas Doilíosach: Gnéithe Áirithe de Ghearrscéalaíocht Mháirtín Uí Chadhain.” *Comhar* 30, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1971): 10-15.

Ó hAnluain, Eoghan. “Nuafhilíocht na Gaeilge 1966-1986: Úire agus Buaine.” In *Léachtaí Cholm Cille XVII: An Nuafhilíocht*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 7-23. Maigh Nuad: An Sagart, 1986.

Ó hÉallaithe, Donncha. “From Language Revival to Language Survival.” In *Who Needs Irish?: Reflections on the Importance of the Irish Language Today*, edited by Ciarán Mac Murchaidh, 159-192. Dublin: Veritas, 2004.

Ó hÉallaithe, Donncha. “Staid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Anailís Nua.” *Comhar* 73, uimh. 6 (Meitheamh 2013): 13-16.

Ó hEithir, Breandán. “Cré na Cille: Máirtín Ó Cadhain (1906-1970).” In *The Pleasures of Gaelic Literature*, in eagar ag John Jordan, 72-84. Dublin: Mercier Press, 1978.

Ó hOdhraín, Mícheál. “Náire.” *Comhar* 21, uimh. 11 (Samhain 1962): 7-15.

Ó hOdhraín, Mícheál. *Slán leis an gComhluadar*. Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Náisiúnta Teo., 1961.

Ó hOdhraín, Mícheál. *Sléibhte Mhaigh Eo*. Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Náisiúnta Teo., 1964.

Ó hÓgáin, Dáithí. “Uirlisí Léirmheasa.” *Comhar* 45, uimh 5 (Bealtaine 1986): 23-25.

Ó hÓgáin, Dáithí. *Scéalta Nua*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2001.

Ó hUaithne, Dáithí. “Foinsí na Litríochta.” In *Scríobh 3*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 32-36. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1978.

Ó Laighin, Seán, eagar. *Ó Cadhain i bhFeasta*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1990.

Ó Laoire, Lillis. “*Níl Sí Doiligh a Iompar!* / No Load to Carry: A personal response to the current situation of Irish.” In *Who Needs Irish? Reflections on the Importance of the Irish Language Today*, edited by Ciarán Mac Murchaidh, 46-63. Dublin: Veritas, 2004.

Ó Liatháin, Annraoi. “Beirt Scríbhneoirí le Dealramh.” *Feasta* 31, uimh. 7 (Iúil 1978): 16.

Ó Mainnín, Seán, eagar. *Nuascéalta*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005.

Ó Mórdha, Seán, agus Seán Ó Ríordáin. “Seán Ó Ríordáin ag caint le Seán Ó Mórdha.” In *Scríobh 3*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 163-184. Baile Átha Cliath: An Cóchomhar Tta, 1978.

Ó Muirí, Damien. “An Grá sa Nuafhilíocht.” In *Léachtaí Cholm Cille VI*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 88-116. 1975. Athchló, Maigh Nuad: An Sagart, 1983.

Ó Muirí, Pól. “40 Bliain i mBun Pinn – An Scríbhneoir Nár Chaill a Mhisneach Riamh.” *Irish Times*, Samhain 14, 2012.

Ó Muirthile, Liam, agus Seán Mac Mathúna. “Agallamh na Míosa: Liam Ó Muirthile ag caint le Seán Mac Mathúna.” *Comhar* 48, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1989): 4-6, 8.

Ó Muirthile, Liam. “1968.” In *Innti 13*, in eagar ag Louis de Paor, 61-67. Baile Átha Cliath: INNTI, 1990.

Ó Muirthile, Liam. “Saol an Bhéarla trí Ghaeilge.” *Irish Times*, Deireadh Fómhair 18, 1990.

Ó Muirthile, Liam. *Gaothán*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2000.

Ó Muirthile, Liam. *Sanas*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2007.

Ó Muirthile, Liam. *Walking Time agus Dánta Eile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2000.

Ó Murchú, Maitiú. “Saothar Daonnúil.” *Comhar* 33, uimh. 7 (Iúil 1974): 19-20.

Ó Murchú, Seosamh. “Córas Iompair is ea an Guth.” *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 28-33.

Ó Murchú, Seosamh. “I dtreo an tSolais.” *Comhar* 45, uimh. 12 (Nollaig 1986): 36-41.

Ó Neachtain, Joe Steve. *Lámh Láidir*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005.

Ó Neachtain, Joe Steve. *Salann Garbh*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2009.

Ó Neachtain, Joe Steve. *Scread Mhaidne*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2003.

Ó Néill, Eoghan Rua. “Maigh Cuilinn: A Táisc agus a Tuairisc le Pádraic Breathnach.” *Béaloideas* 56 (1988): 238-240.

Ó Néill, Séamus (‘Bricriú’). “Cúrsaí Reatha.” *Comhar* 3, uimh. 2 (Feabhra 1944): 7.

Ó Nualláin, Ciarán. *Óige an Deartháir .i. Myles na gCopaleen*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1973.

Ó Riagáin, Pádraig. “Teanga, Féiniúlacht agus an Dearcadh Náisiúnta.” In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 111-128. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Ó Riagáin, Pádraig. *Language Policy and Social Reproduction: Ireland 1893-1993*.
Oxford: Oxford University Press, 1997.

Ó Ríordáin, Seán. “An Taisceadán.” In *Comhar* 22, uimh. 6 (Meitheamh 1963): 27-
29.

Ó Ríordáin, Seán. “Má Nuad.” *Irish Times*, Lúnasa 12, 1972.

Ó Ríordáin, Seán. “Teanga Marbh.” *Irish Times*, Feabhra 23, 1974.

Ó Ríordáin, Seán. “Teangacha Príobháideacha.” In *Scríobh* 4, in eagar ag Seán Ó
Mórdha, 13-22. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1979.

Ó Ríordáin, Seán. *Brosna*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1964.

Ó Ríordáin, Seán. *Eireaball Spideoige*. 2ú eagr. 1952. Athchló, Baile Átha Cliath:
Sáirseáil & Dill, 1986.

Ó Ruairc, Conchubhar. *An Stáca ar an gCarraigín*. Aonach, Cló Uí Mheára, 1962.

Ó Ruairc, Conchubhar. *Fearthlaoi*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1973.

Ó Ruairc, Conchubhar. *Gort na Gréine*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1966.

Ó Ruairc, Conchubhar. *Seandaoine*. Baile Átha Cliath: Foilsiúcháin Náisiúnta Teo., 1973.

Ó Ruairc, Mícheál. *Fuil Samhraidh*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1987.

Ó Saothraí, Séamas. “An Saol atá Timpeall Orainn.” *Books Ireland*, no. 24 (June 1978): 96.

Ó Saothraí, Séamas. “Tréith na Daonnachta: An Lánúin agus Scéalta Eile le Pádraic Breathnach.” *Books Ireland*, no. 38 (November 1979): 193-194.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *A Thig ná Tit Orm*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1987.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Dochtúir na bPiast*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993.

Ó Searcaigh, Cathal. *Ag Tnúth leis an Solas*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2000.

Ó Searcaigh, Cathal. *Homecoming / An Bealach 'na Bhaile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993.

Ó Siadhail, Pádraig, agus Mícheál Ó Conghaile. “An Fear Aniar: An Interview with Mícheál Ó Conghaile.” *Canadian Journal of Irish Studies* 31, no. 2 (Fall 2005): 54-59.

Ó Siadhail, Pádraig. *Na Seacht gCineál Meisce agus Finscéalta Eile*. Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta, 2001.

Ó Síoda, Pádraig. “Gearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh: Anailís Liteartha.” Miontráchtas MA, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 1992.

Ó Súilleabháin, Diarmaid. “An Scríbhneoir agus an Pholaitíocht.” *Comhar* 45, uimh. 12 (Nollaig 1986): 34-35.

Ó Súilleabháin, Diarmaid. “Bí Tú Féin, A Úrscéalaí.” *Comhar* 24, uimh. 7 (Iúil 1965): 19-22.

Ó Súilleabháin, Diarmaid. *Ciontach*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1983.

Ó Súilleabháin, Diarmaid. *Muintir*. Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill, 1971.

Ó Súilleabháin, Diarmuid. *An Uain Bheo*. Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill, 1968.

Ó Súilleabháin, Diarmuid. “An Uain Bheo.” *Comhar* 26, uimh. 5 (Bealtaine 1967): 29-31.

Ó Súilleabháin, Diarmuid. “An Uain Bheo: Focal ón Údar.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1972*, in eagar ag Seán Mac Giolla Riabhaigh, 65-69. Maigh Nuad: Cuallacht Cholmcille, 1972.

Ó Tuairisc, Eoghan. “Piúratánachas Uí Ríordáin.” In *‘Religio Poetae’ Agus Aistí Eile*, in eagar ag Máirín Nic Eoin, 147-149. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 1987.

Ó Tuairisc, Eoghan. “Scribhneoirí Próis den Chéad Scoth – Cá bhfuil siad?” In *‘Religio Poetae’ Agus Aistí Eile*, in eagar ag Máirín Nic Eoin, 97-99. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 1987.

Ó Tuairisc, Eoghan. “Stony Grey Soil: Dándearcadh ar Éigean an Dá Chultúr.” In *Religio Poetae agus Aistí Eile*, in eagar ag Máirín Nic Eoin, 157-163. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo, 1987.

Ó Tuama, Seán, eagar. *An Duanaire 1600-1900: Poems of the Dispossessed*. Translated by Thomas Kinsella. Port Laoise: The Dolmen Press, 1981.

Ó Tuama, Seán. “An Domhan a Chruthaigh Titley.” In *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*, in eagar ag Seán Ó Tuama, 177-183. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.

Ó Tuama, Seán. “An Forum: Filíocht Sheáin Uí Ríordáin.” *Feasta* 6, uimh. 1 (Aibreán 1953): 16.

Ó Tuama, Seán. “Dónall Ó Corcora: Fealsamh Cultúrtha, Léirmheastóir Litríochta.” In *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*, in eagar ag Seán Ó Tuama, 57-83. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.

Ó Tuama, Seán. “Dónall Ó Corcra.” In *Scríobh 4*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 94-108. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1979.

Ó Tuama, Seán. “Donncha Ó Céileachair: Scríbhneoir idir Dhá Thraidisiún.” In *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*, in eagar ag Seán Ó Tuama, 110-115. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.

Ó Tuama, Seán. “Fáistine na Litríochta.” In *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*, in eagar ag Seán Ó Tuama, 116-135. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.

Ó Tuama, Seán. “Filíocht Sheáin Uí Ríordáin.” *Feasta 6*, uimh. 1 (Aibreán 1953): 16.

Ó Tuama, Seán. “Leabhar Conspóideach.” In *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*, in eagar ag Seán Ó Tuama, 136-145. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.

Ó Tuama, Seán. “Michael Davitt: File Séimh Foréigineach.” In *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*, in eagar ag Seán Ó Tuama, 146-158. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.

Ó Tuama, Seán. “Ómós Áite: A Rian ar Scríbhneoirí in Éirinn.” *Comhar 51*, uimh. 5 (Bealtaine 1992): 176-185.

Ó Tuama, Seán. *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.

Ó Tuathaigh, Gearóid. “‘Is do Chuala Croí Cine Soiléir’.” In *Scríobh 4*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 75-83. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1979.

Ó Tuathaigh, Gearóid. “Language, Ideology and National Identity.” In *The Cambridge Companion to Modern Irish Culture*, edited by Joe Cleary and Claire Connolly, 42-58. Cambridge: Cambridge University Press, 2005

Ó Tuathail, Séamas. “An Cadhnach, An Ghaeilge is an Pholaitíocht.” In *Criostalú: Aistí ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain*, in eagar ag Cathal Ó Háinle, 158-167. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998.

O’Brien, Tim. “Croncrake” *Irish Times*, May 21, 2010.

O’Connor, Frank. “The Lonely Voice.” In *Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 83-93. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

O’Connor, Frank. *The Lonely Voice: A Study of the Irish Short Story*. 1963. New York: Melville House Publishing, 2004.

O’Connor, Joseph, ed. *New Irish Short Stories*. London: Faber & Faber, 2011.

O'Connor, Pat. *Emerging Voices: Women in Contemporary Society*. Dublin: Institute of Public Administration, 1998.

O'Faolain, Seán. *The Short Story*. 1948. Athchló, Corcaigh: The Mercier Press, 1972.

O'Hanlon, Redmond. "Craftsmen abú! Léirmheas ar *Na Déithe Luachmhara Deiridh*." *Scéala Éireann*, January 15, 1981.

O'Leary, Philip. "Displaced Persons: Urban Life in Gaelic Ficiton to the Founding of the Irish Free-State." *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 7 (1987): 28-64.

O'Leary, Philip. *Gaelic Prose in the Irish Free State, 1922-1939*. Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2004.

O'Leary, Philip. *Irish Interior: Keeping Faith with the Past in Gaelic Prose 1940-1951*. Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2010.

O'Leary, Philip. *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881-1921: Ideology and Innovation*. Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press, 1994.

O'Leary, Philip. *Writing Beyond The Revival: Facing the Future in Gaelic Prose, 1940-1951*. Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2011.

O'Toole, Fintan. "The Ex-Isle of Erin: Emigration and Irish Culture." In *Location and Dislocation in Contemporary Irish Society: Emigration and Irish Identities*, edited by

Jim MacLaughlin, 158-178. Notre Dame & Cork: University of Notre Dame Press & Cork University Press, 1997.

Pandey, Gyanendra. "The Subaltern as Subaltern." *Economic and Political Weekly*, November 18, 2006.

Pandey, Gyanendra. "Voices from the Edge: The Struggle to Write Subaltern Histories." In *Mapping Subaltern Studies and the Postcolonial*, edited by Vinayak Chaturvedi, 289-299. London & New York: Verso, 2000.

Parker, Michael, and Roger Starkey, eds. *Postcolonial Literatures: Achebe, Ngugi, Desai, Walcott*. New York: St Martin's Press, 1995.

Pasco, Allan H.. "On Defining Short Stories." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 114-130. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Patten, Eve. "Ireland's 'Two Cultures' Debate: Victorian Science and the Literary Revival." *Irish University Review* 33, no. 1 (Spring-Summer 2003): 1-13.

Pelletier, Martine. "Field Day and 'The Irish-English' Collision." *European Journal of English Studies* 3, no. 3 (1999): 327-341.

Poe, Edgar Allan. "Poe on Short Fiction." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 59-72. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Prabhu, Anjali. "Interrogating Hybridity: Subaltern Agency and Totality in Postcolonial Theory." *Diacritics* 35, no. 2 (Summer 2005): 76-92.

Pratt, Mary Louise. "The Short Story: The Long and the Short of It." In *The New Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 91-113. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994.

Prút, Liam, ead. *Caithfear Éisteacht! Aistí Mháirtín Uí Chadhain in Comhar*. Conamara: Clódóirí Lurgan, 1999.

Prút, Liam. "An Dioscúrsa Gaelach." *Comhar* 46, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1987): 34-36.

Prút, Liam. "Gearrscéal: Soiscéal na gCnámh." *Comhar* 66, uimh. 12 (Nollaig 2006): 17-20.

Prút, Liam. "Léirmheas: *Ar na Tamhnacha* le Pádraic Breathnach." *Comhar* 47, uimh. 3 (Márta 1988): 28-29.

Quayson, Ato. *Postcolonialism: Theory, Practice or Process?* Cambridge: Polity Press, 2000.

Rafroidi, Patrick. "The Irish Short Story in English. The Birth of a New Tradition." In *The Irish Short Story*, edited by Patrick Rafroidi and Terence Brown, 27-38. Buckinghamshire: Buckinghamshire Humanities Press, 1979.

Rajchman, John, ed. *The Identity in Question*. London & New York: Routledge, 1995.

Ramazani, Jahan. "Modernist Bricolage, Postcolonial Hybridity." In *Modernism and Colonialism: British and Irish Literature, 1899-1939*, edited by Richard Begam and Michael Valdez Moses, 288-313. Durham & London: Duke University Press, 2007.

Ramone, Jenni. *Postcolonial Theories*. Hampshire: Palgrave Macmillian, 2011.

Rancière, Jacques. "Politics, Identification, and Subjectivisation." in *The Identity in Question*, edited by John Rajchman, 63-72. New York: Routledge, 1995.

Reid, Ian. *The Short Story*. London: Methuen & Co Ltd., 1977.

Renan, Ernest. "What is Nation?" In *Nation and Narration*, edited by Homi K. Bhabha, 8-22. London & New York: Routledge, 1990.

Riggs, Pádraigín, and Norman Vance. "Irish Prose Fiction." In *The Cambridge Companion to Modern Irish Culture*, edited by Joe Cleary and Claire Connolly, 245-267. Cambridge: Cambridge University Press, 2005.

Riggs, Pádraigín. "An Litríocht: Idir Shúgradh agus Dáiríre: An Gearrscéal iar-Chadhnach Léacht Uí Chadhain 2005." *Comhar* 66, uimh. 2 (Feabhra 2006): 7-8.

Riggs, Pádraigín. “An Litríocht: Idir Shúgradh agus Dáiríre: An Gearrscéal iar-Chadhnach Léacht Uí Chadhain 2005.” *Comhar* 66, uimh. 3 (Márta 2006): 10-12.

Riggs, Pádraigín. “Caint na nDaoine: An Chaint agus na Daoine.” In *Aimsir Óg 2000: Cuid a Dó*, edited by Mícheál Ó Cearúil, 78-90. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

Roantree, T.E. ‘Contraception: Letter to the Editor’ *Irish Times*, May 14, 1974.

Rockett, Kevin. *Irish Film Censorship: A Cultural Journey from Silent Cinema to Internet Pornography*. Dublin: Four Courts Press, 2004.

Rohrberger, Mary. “The Short Story: A Proposed Definition.” In *Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 80-82. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

Rosenstock, Gabriel, agus Dara Ó Conaola. “Comhar-rá 7.” *Comhar* 43, uimh. 5 (Bealtaine 1984): 14-15.

Rosenstock, Gabriel, agus Seán Mac Mathúna. “‘Is Duine Ait Mé!’: Agallamh le Seán Mac Mathúna.” *Comhar* 41, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1982): 10-13.

Rosenstock, Gabriel. “How I Discovered Irish or How Irish Discovered Me.” In *Who Needs Irish?: Reflections on the Importance of the Irish Language Today*, edited by Ciarán Mac Murchaidh, 83-93. Dublin: Veritas, 2004.

Rosenstock, Gabriel. *Oráistí*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1991.

Rosenstock, Gabriel. *Rogha Rosenstock*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1994.

Ross, Stephen, ed. *Modernism and Theory: A Critical Debate*. London & New York: Routledge, 2009.

Russell, Adrian. "Single Dublin pharmacy refuses to sell contraceptives." *Sunday Times*, July 31, 2005.

Rutherford, Jonathan. "A Place Called Home: Identity and the Cultural Politics of Difference." In *Identity: Community, Culture, Difference*, edited by Jonathan Rutherford, 9-27. London: Lawrence & Wishart, 1990.

Rutherford, Jonathan. "Interview with Homi Bhabha: The Third Space." In *Identity: Community, Culture, Difference*, edited by Jonathan Rutherford, 207-221. London: Lawrence & Wishart, 1990.

Said, Edward W.. "Afterword: Reflections on Ireland and Postcolonialism." In *Ireland and Postcolonial Theory*, edited by Clare Carroll and Patricia King, 177-186. Cork: Cork University Press, 2003.

Said, Edward. "Crisis [In Orientalism]." In *Modern Criticism and Theory: A Reader*, edited by David Lodge with Nigel Wood, 271-286. 2nd ed. Harlow, Essex: Pearson Education Limited, 2000.

Said, Edward. "Yeats and Decolonization." In *Nationalism, Colonialism and Literature*, edited by Terry Eagleton, Fredric Jameson and Edward Said, 69-95. Minneapolis: University of Minnesota Press, 1990.

Said, Edward. *Orientalism*. New York: Pantheon Books, 1978.

Said, Edward. *The World, The Text and The Critic*. Cambridge, Massachusetts: Harvard University Press, 1983.

Schirmer, Gregory A.. *William Trevor: A Study of his Fiction*. London & New York: Routledge, 1990.

Scott, Joan W.. "Multiculturalism and the Politics of Identity." In *The Identity in Question*, edited by John Rajchman, 3-14. New York: Routledge, 1995.

Sealy, Dubhghlas. "Scéalaithe agus Scéalta." *Books Ireland*, no. 73 (Bealtaine 1983): 95-96.

Sedgwick, Ellery, and Harry Domincovich, eds. *Novel and Story: A Book of Modern Readings*. Boston: Little, Brown and Company, 1939.

Sewell, Frank. "Seán Ó Riordáin: Joycery-Corkery-Sorcery." *Irish Review (1986-)*, no. 23 (Winter, 1998): 42-61.

Share, Perry, Hilary Tovey and Mary Corcoran. *A Sociology of Ireland*. 3rd ed. Dublin: Gill and MacMillan, 2003.

Shaw, Valerie. *The Short Story: A Critical Introduction*. London & New York: Longman, 1983.

Sinfield, Alan, ed. *Society and Literature 1945-1970*. London: Methuen, 1983.

Smith, A.J.. *Short Story Study: A Critical Anthology*. London: Edward Arnold (Publishers) Ltd, 1961.

Smyth, Gerry. *Decolonisation and Criticism: The Construction of Irish Literature*. London: Pluto Press, 1998.

Spivak, Gayatri Chakravorty. "Can the Subaltern Speak?" In *Colonial Discourse and Post-Colonial Theory: A Reader*, edited by Patrick Williams and Laura Chrisman, 66-111. (Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993).

Spivak, Gayatri. "The New Subaltern: A Silent Interview." In *Mapping Subaltern Studies and the Postcolonial*, edited by Vinayak Chaturvedi, 324-340. London & New York: Verso, 2000.

Standún, Pádraig. *Cion Mná*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993.

Standún, Pádraig. *Díbirt Dé*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2007.

Standún, Pádraig. *Súil le Breith*. Indreabhán: Cló Chonamara, 1983.

Stassen Berger, Kathleen. *Invitation to the Life Span*. New York: Worth Publishers, 2010.

Stoehr, Taylor. "Realism and Verisimilitude." *Texas Studies in Literature and Language* 11, no. 3 (Fall 1969): 1269-1288.

Stroud, Theodore A.. "A Critical Approach to the Short Story." In *Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 116-130. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

Titley, Alan. "An Aiste Tuairimíochta." In *Léachtaí Cholm Cille XXXVI: An Prós Comhaimseartha*, in eagar ag Aisling Ní Dhonnchadha, 25-53. Maigh Nuad: An Sagart, 2006.

Titley, Alan. "An Bobailín a Scaoileadh Amach." *Comhar* 46, uimh. 12 (Nollaig 1987): 40-43.

Titley, Alan. "An Ghaeilge ar Imeall an Náisiúin." *Comhar* 75, uimh. 6 (Meitheamh 2015): 12-15.

Titley, Alan. "An Scríbhneoir agus an Stát 1922-1982." In *Scríobh 6*, in eagar ag Seán Ó Mórdha, 72-105. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1984.

Titley, Alan. "Comhar 70: Aiste Chomórtha 1942-2012: Cruthú, Clampar agus Conspóid." *Comhar* 72, uimh. 9 (Deireadh Fómhair 2012): 1, 3-54.

Titley, Alan. "Contemporary Irish Literature." *The Crane Bag* 5, no. 2 (1981): 59-65.

Titley, Alan. "Faoi Scáil an Chadhnaigh." In *Criostalú: Aistí ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain*, in eagar ag Cathal Ó Háinle, 87-99. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998.

Titley, Alan. "Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus Irish Literature." In *Chun Doirne: Rogha Aistí*, 56-81. Belfast: Lagan Press, 1996.

Titley, Alan. "Máirtín Ó Cadhain agus Foirm an Ghearrscéil." *Comhar* 39, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1980): 34-36, 38-40.

Titley, Alan. "Mála an Éithigh." In *Léachtaí Cholm Cille XXI: An tÚrscéal sa Ghaeilge*, in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, 184-206. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

Titley, Alan. "Rogha na nÚdar." *Comhar* 74, uimh. 8 (Lúnasa 2014): 26-27.

Titley, Alan. "The Disease of the Irish Short Story." *Hibernia* (Feabhra 1980): 15-16.

Titley, Alan. "Turning Inside and Out: Translating and Irish 1950-2000." *Yearbook of English Studies* 35 (2005): 312-322.

Titley, Alan. "Unfavoured Son." *Books Ireland*, no. 229 (March 2000): 65-66.

Titley, Alan. *An Cogadh in Aghaidh na Critice: An Teannas idir Litríocht agus Teoiric*. Belfast: Fortnight Education Trust, 1994.

Titley, Alan. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1991.

Titley, Alan. *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1987.

Trevor, William. *Angels at the Ritz and Other Stories*. London: The Bodley Head, 1975.

Trevor, William. *Lovers of Their Time and Other Stories*. London: The Bodley Head, 1978.

Trevor, William. *The Ballroom of Romance and Other Stories*. London: Penguin Classics, 1976.

Trevor, William. *The Collected Short Stories*. London: Penguin Books, 1992.

Ua Maoileoin, Pádraig. "An Scríbhneoir agus an Béaloideas." In *Flós Fómhair 1973*, in eagar ag Aindrias Ó Muimhneacháin, 17-35. Baile Átha Cliath, An tOireachtas, 1973.

Uí Anluain, Caitlín. “An Grá Collaí i Saothar Phádraic Bhreathnaigh.” *Comhar* 55, uimh. 2 (Feabhra 1996): 28-30.

Uí Anluain, Caitlín. “Craiceann na Fírinne: *As na Cúlacha* le Pádraic Breathnach.” *Comhar* 58, uimh. 1 (Eanáir 1999): 28-29.

Uí Anluain, Caitlín. “Staidéar Téamúil ar an nGrá Collaí i Saothair na Scríbhneoirí Comhaimseartha Pádraic Breathnach, Pádraig Standún, Pádraig Ó Cíobháin.” Miontráchtas MA, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 1994.

Uí Anluain, Caitlín. “Stair an Ghrá i Litríocht na Gaeilge.” *Comhar* 55, uimh. 12 (Nollaig 1996): 52-56.

Uí Anluain, Caitlín. “Téama na Collaíochta i Nua-Phrós na Gaeilge.” In *Irisleabhar Mhá Nuad 1995*, in eagar ag Tadhg Ó Dúshláine, 55-67. Maigh Nuad: An Sagart, 1995.

Uí Chonaire, Rhóda. “Ní Gléas go Gearrscéal.” *Comhar* 38, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 1979): 22-23.

Uí Laighléis, Gearóidín. “The Journey of Irish Literature.” *Journal of Irish Studies* 16 (2001): 31-39.

Vance, Norman. *Irish Literature Since 1800*. London; Pearson Education Limited, 2002.

Vishwanath, C. K.. "Subaltern Struggles." *Economic and Political Weekly*, July 16, 2005.

Wa Thiong'o, Ngũgĩ. *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*. Nairobi: East African Educational Publishers, 1986.

Wa Thiong'o, Ngũgĩ. *Detained: A Writer's Prison Diary*. London: Heinemann, 1981.

Wa Thiong'o, Ngũgĩ. *Homecoming: Essays on African and Caribbean Literature, Culture and Politics*. London: Heinemann Educational Books, 1972.

Walsh, John. "Nuachainteorí na Gaeilge: Deiseanna agus Dúshláin." *Comhar* 75, uimh. 5 (Bealtaine 2015), 14-15.

Walsh, John. "Sainiú na Gaeltachta agus an Rialachas Teanga." In *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, 177-194. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 2012.

Wasson, Richard. "Notes on a New Sensibility." *Partisan Review* 36 (Boston: Partisan Review Inc., 1969): 460-477.

Watters, Eugene. "Books in Irish." *Irish Press*, July 20, 1974.

Waugh, Patricia. *Metafiction: The Theory and Practice of Self-conscious Fiction*. London & New York: Methuen, 1984.

Weeks, Jeffrey. "The Value of Difference." In *Identity: Community, Culture, Difference*, edited by Jonathan Rutherford, 88-100. London: Lawrence & Wishart, 1990.

Welch, Robert, ed. *The Oxford Companion to Irish Literature*. Oxford: Clarendon Press, 1996.

Wellek, René. *Concepts of Criticism*. New Haven: Yale University Press, 1963.

Welty, Eudora. "The Reading and Writing of Short Stories." In *Short Story Theories*, edited by Charles E. May, 159-177. Athens, Ohio: Ohio University Press, 1976.

Williams, Nicholas. "An Gháirsiúlacht i Litríocht na Gaeilge." *Comhar* 36, uimh. 4 (Aibreán 1977): 13-16.

Williams, Nicholas. "An Gháirsiúlacht i Litríocht na Gaeilge: Cuid a Dó." *Comhar* 36, uimh. 6 (Meitheamh 1977): 8-12.

Williams, Patrick and Laura Chrisman, eds. *Colonial Discourse and Post-colonial Theory: A Reader*. Hertfordshire: Harvester Wheatsheaf, 1993.

Wilson, Thomas M.. "A Question of Identity." *Fortnight*, no. 324 (January 1994): 4-7.

Wong, Donna I.. "Following the Law of the Letter: Myles na gCopaleen's *An Béal Bocht*." *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 4, no. 3 (Autumn 2000): 93-106.

Woodman, Kieran. *Media Control in Ireland 1923-1983*. Carbondale & Edwardsville, IL: Southern Illinois University Press, 1985.

Wright, Austin M.. "On Defining the Short Story: The Genre Question." In *Short Story Theory at a Crossroads*, edited by Susan Lohafer and Jo Ellyn Clarey, 46-53. Baton Rouge, Louisiana: Louisiana State University Press, 1989.

Young, Robert J.C.. *Postcolonialism: An Historical Introduction*. Oxford: Blackwell Publishers Ltd., 2001.

Young, Robert. *Colonial Desire: Hybridity in Theory, Culture and Race*. London and New York: Routledge, 1995.



**Ollscoil
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**AN IDIRCHULTÚRTHAUGHT
IARCHOILÍNEACH
I NGEARRSCÉALAÍOCHT
PHÁDRAIC BHREATHNAIGH**

Imleabhar 2 de 2 Imleabhar

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil Mhá Nuad
don chéim dochtúireachta ag

Laoise Ní Cheallaigh

Roinn na Nua-Ghaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh,
Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire.

Feabhra, 2017

Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge: An Dr Brian Ó Catháin
Stiúrthóir: An Dr Aisling Ní Dhonnchadha

Clár – Imleabhar 2

Aguisín 1: Cúlra na Gearrscéalaíochta	2
Aguisín 2: Tuairiscí na Moltóirí Oireachtais	15
Aguisín 3: Agallamh le Pádraic Breathnach	47

Aguisín 1:

Cúlra na Gearrscéalaíochta

Ó na 1960idí i leith tá boradh tagtha faoi scoil chritice na gearrscéalaíochta go hidirnáisiúnta. Go dtí sin, ba ghearrscéalaithe iad féin formhór mór na gcriticeoirí sa seánra, mar shampla Edgar Allan Poe, Anton Chekhov, H.E. Bates agus Frank O'Connor. Ó shin i leith, tá forbairt déanta i dtaca le scoil chritice na gearrscéalaíochta le criticeoirí meáite ar theoiric na gearrscéalaíochta a fhorleathnú. An rud ar cuireadh tús leis sna 1960idí, comhdhlúthaíodh é sna 1970idí. Chabhraigh foilsiú an leabhair teoirice *Short Story Theories* le Charles E. May sa bhliain 1976 go mór le forbairt an réimse critice. D'áitigh Susan Lohafer gurb é leabhar May 'the first, if not the biggest, move towards a forum for theory'.⁸⁵⁸ Forbraíodh an réimse critice le linn na 1980idí leis, le foilsiú shaothair thábhachtacha sa réimse, ar nós *Modern Fiction Studies* (1982), agus *Short Story Theory at a Crossroads* (1989), curtha in eagar ag Susan Lohafer agus Jo Ellyn Clarey.

Cé go bhfuil aos critice dírithe ar sheánra na gearrscéalaíochta, beidh díospóireachtaí ann i gcónaí mar gheall ar shainmhíniú a thabhairt ar an rud is 'gearrscéal' ann. Seánra litríochta an-solúbtha agus an-athraitheach is ea an ghearrscéalaíocht agus cuireann sé sin go mór leis na deacrachtaí sin sainmhíniú cuimsitheach a thabhairt uirthi. Dar le H.E. Bates, is foirm í nach bhfuil teorainn lena féidearthachtaí.

⁸⁵⁸ Susan Lohafer, 'Introduction to Part 1: The State of the Art' in Susan Lohafer & Jo Ellyn Clarey (eds.), *Short Story Theory at a Crossroads* (Baton Rouge, Louisiana: Louisiana State University Press, 1989), 8.

... the short story can be anything the author decides it shall be; it can anything from the death of a horse to a young girl's first love affair, from the static sketch without plot to the swiftly moving machine of bold action and climax, from the prose poem, painted rather than written, to the piece of straight reportage in which style, colour, and elaboration have no place ...⁸⁵⁹

Cé go bhfuil aos critice tar éis tabhairt faoi shainmhíniú infheidhme a sholáthair ar an ngearrscéal, aithnítear go forleathan nach bhfuil aon cheann díobh cuimsitheach go leor don seánra trí chéile. De réir H. G. Wells is éard is gearrscéal ann ná saothar próis ar féidir é a léamh taobh istigh de leathuair an chloig. Dar le Poe, i dteoiric a dtugtar ‘An Éifeacht Shingil’ nó ‘An Éifeacht Réamhcheaptha’ air:

A skilful literary artist has constructed a tale. If wise, he has not fashioned his thoughts to accommodate his incidents; but having conceived, with deliberate care, a certain unique or single *effect* to be wrought out, he then invests such incidents – he then combines such events as may best aid him in establishing this preconceived effect. If his very initial sentence tends not to the outbringing of this effect, then he has failed in his first step. In the whole composition there should be no word written, of which the tendency, direct or indirect, is not to one pre-established design. And by such means, with such care and skill, a picture is at length painted which leaves in the mind of him who contemplates it with a kindred art, a sense of fullest satisfaction.⁸⁶⁰

⁸⁵⁹ H.E. Bates, *The Modern Short Story: A Critical Survey* (London: Thomas Nelson and sons Ltd, 1945), 15.

⁸⁶⁰ Edgar Allan Poe, ‘Poe on Short Fiction: Review of *Twice Told Tales*’ in Charles E. May (ed.) *The New Short Story Theories* (Athens, Ohio: Ohio University Press, 1994), 61.

In alt dar teideal, ‘The Philosophy of the Short Story’, léirigh Brander Matthews tréithe an ghearrscéil, dar leis:

In a far more exact and precise use of the word, a Short-story has unity as a Novel cannot have it. Often, it may be noted by the way, the Short-story fulfills the three false unities of the French classic drama: it shows one action, in one place on one day. A short-story deals with a single character, a single event, a single emotion, or the series of emotions called forth by a single situation. ... The Short-story is the single effect, complete and self-contained, while the Novel is of necessity broken into a series of episodes. Thus, the Short-story has, what the Novel cannot have, the effect of ‘totality’, as Poe called it, the unity of impression. ...⁸⁶¹

D’fhógair Anton Chekhov gur gá a bheith gonta agus cruinn i dtaca le gearrscéal éifeachtach a scríobh. Dar leis, má luaitear raidhfil ar crochadh ar bhalla in oscailt an scéil, luath nó mall, caithfidh go scaoilfí an raidhfil sin, nó ba chóir é a fhágáil ar lár ar fad.⁸⁶² D’áitigh sé, ‘to make a face out of marble means to remove everything that is not a face. Remove everything that has no relevance to the story.’⁸⁶³ Dar le Yurii Nagibin, gearrscéaláí Rúiseach eile, is éard atá sa ghearrscéal mar fhoirm ná:

The short story is an exacting literary form. In the short story, as in a technical mechanism or a living organism, every item must be necessary and there must

⁸⁶¹ Brander Matthews, ‘The Philosophy of the Short-Story’ in Charles E. May (ed.) *The New Short Story Theories*, 73.

⁸⁶² Aistrithe ag Valentine Tschepotarioff Bill, *Chekhov: The Silent Voice of Freedom* (New York: Philosophical Library, 1987), 79. Bunleagan Rúisise ar fáil i litir a scríobh Anton Chekhov (Imleabhar III de XXX imleabhar (1974-1983) de shaothair chnuasaithe Anton Chekhov ón leagan Sóivéadach is déanaí). (Nóta faoin aistriúchán ar fáil in Valentine Tschepotarioff Bill, 81-82).

⁸⁶³ Aistrithe ag Valentine Tschepotarioff Bill *Chekhov: The Silent Voice of Freedom*, 79.

be nothing superfluous. Only then is a unity achieved between form and content, means and end.⁸⁶⁴

D'fhógair Nadine Gordimer, 'Short-story writers see by the light of the flash; theirs is the art of the only thing one can be sure of – the present moment.'⁸⁶⁵

Fiú amháin, má chuirtear iarrachtaí sainmhínte na saineolaithe thuasluaite le chéile, níltear fós tagtha ag an bpointe gur féidir cineál an ghearrscéil a dhearbhu. Is í tuairim Phádraic Bhreathnaigh féin nach féidir sainmhíniú néata a thabhairt ar an ngearrscéal, mar is léir ón sliocht seo a leanas, 'Aithnítear an gearrscéal, ní rialacha nó sainmhínte a scríobhann gearrscéalta.'⁸⁶⁶ Is dealraitheach nach féidir a dhearbhu, i gcás an ghearrscéil, ach gur foirm sholúbtha, shíorathraitheach é.

É sin ráite tá sé cabhrach breathnú ar shainmhíniú feidhmiúil ar an seánra. I gcoitinne, dar le Ian Reid, 'No story exists ... until three or more events are conjoined, with at least two of them occurring at different times and being causally linked.'⁸⁶⁷ Léiríonn sé nach gá gur eachtra é ina dtarlaíonn aon mhórghníomh fisiciúil ach go mb'fhéidir nach mbeadh i gceist leis an eachtra sin ach gníomh aigneolaíoch.⁸⁶⁸ Is iomaí buntáiste a bhaineann leis an tsolúbthacht sin, dar le Bates. Murab ionann agus an t-úrscéal ina dtéann na carachtair in aois agus ina n-athraíonn siad suíomh is áit, dhearbhaigh sé, 'in the short story time need not move, except by an infinitesimal fraction; the characters

⁸⁶⁴ Sliocht aistriithe go Béarla ar fáil in Yuri Nagibin, *Selected Stories*, David Richards (ed.) (Oxford: Pergamon Press, 1963), xxii.

⁸⁶⁵ Nadine Gordimer, 'The Flash of Fireflies' in Charles E May (ed.) *The New Short Story Theories*, 264.

⁸⁶⁶ Pádraic Breathnach, 'Filíocht an Ghearrscéil' in *Irisleabhar Mhá Nuad 1977-78* (Maigh Nuad: An tIrisleabhar, 1978), 76.

⁸⁶⁷ Ian Reid, *The Short Story* (London: Methuen & Co. Ltd, 1977), 6.

⁸⁶⁸ *Ibid.*, 7.

themselves need not move; they need not grow old; indeed there may be no characters at all.’⁸⁶⁹ D’fhógair sé:

A novel without characters would be a tiresome affair; but a novel with characters who never spoke a word would surely be more tiresome still. Yet many a good short story has characters who never open their lips. A novel whose characters were never named, whose location and time were never stated, might well impose on its readers a strain that they would justifiably refuse to bear. Yet many a short story has characters which bear no more marks of identification than the anonymous and universal label of ‘boy’ or ‘girl’, ‘man’ or ‘woman’, ‘the traveller’ or ‘the commercial traveller’, ‘the barmaid’ or ‘the soldier’ and no more topographical exactitude than ‘the street’, ‘the field’, ‘the room’, or any seashore between Brighton and Botany Bay.⁸⁷⁰

Is foirm ealaíne é an gearrscéal nár forbraíodh i ngach sochaí ag an am céanna nó go dtí an caighdeán céanna, rud ar thug Frank O’Connor ‘peculiar geographical distribution’ an ghearrscéil air.⁸⁷¹ Mar shampla, cé go bhfuil traidisiún láidir gearrscéalaíochta in Éirinn, sa Rúis, sa Fhrainc agus i Meiriceá, níor tháinig sé chun cinn mar shainseánra sa Bhreatain riamh. Cé go bhfuil cúiseanna iomadúla leis sin, tá firinne ag baint leis an méid a dúirt Frank O’Connor mar gheall ar an ngearrscéal, go dtagann an seánra chun tosaigh i sochaithe atá scoilte, nó a bhfuil easpa féinmhuíne ag roinnt leo.⁸⁷² D’fhéadfaí a áiteamh gur i sochaithe idirchultúrtha, sochaithe a bhfuil athruithe móra sóisialta ag titim amach iontu, a dtagann borradh faoin ngearrscéal, mar

⁸⁶⁹ H.E. Bates, *The Modern Short Story: A Critical Survey*, 19.

⁸⁷⁰ *Ibid.*, 19-20.

⁸⁷¹ Frank O’Connor, *The Lonely Voice: A Study of the Short Story* (Corcaigh: Cork City Council, 2003), 5.

⁸⁷² *Ibid.*, 6.

is fíor i gcás na dtíortha a luadh thuas ag tréimhsí áirithe i stair na dtíortha úd. Ní mór ‘submerged population group’, mar a thugann O’Connor orthu, a bheith mar dhlúthchuid de shícé an ghearrscéalaí. Sa tslí sin, is difríocht idé-eolaíoch an difríocht is mó idir an gearrscéal agus an t-úrscéal. Dar le O’Connor, is ábhar lárnach é an t-aonaránach, an té ar imeall na sochaí sa ghearrscéal.⁸⁷³

Chuir Declan Kiberd leis an díospóireacht ar fhorbairt an ghearrscéil i dtíortha faoi leith ina alt ‘An Ghearrscéalaíocht agus an Béaloideas’.⁸⁷⁴ Dar leis, tá ceangal infhillte idir an gearrscéal mar fhoirm agus an béaloideas sa tslí is gur tháinig fás ar an ngearrscéal mar fhoirm liteartha i dtíortha a mbíodh traidisiún láidir béaloideasa iontu. Dar le Kiberd, tagann foirm an ghearrscéil chun cinn i dtíortha ina gcuirtear a nósanna traidisiúnta liteartha as riocht go tobann, tíortha ina bhfeictear claochló liteartha le béim nua á leagan ar litríocht scríofa in ionad na litríochta béil. Luann sé forbairt an ghearrscéil san Astráil, áit ar cuireadh traidisiún liteartha béil na dtreibheanna dúchasacha as a riocht nuair a tugadh tosaíocht d’fhorbairt na litríochta scríofa ann. Cé gur faoi chúinsí an-difriúla a tharla sé, ó thaobh litríocht na Gaeilge de tháinig claochló ar an traidisiún béil aimsir na hAthbheochana nuair a leagadh béim ar thábhacht an chaomhnúcháin agus an bhailiúcháin. Bhí an toradh céanna ar an gclaochlú sin, mar a bhí gur leagadh cultúr na litríochta scríofa anuas ar thraidisiún béil.⁸⁷⁵ I dtaca le cás litríocht na hÉireann, d’áitigh sé:

In Éirinn, le céad bliain anuas, is féidir a rá gurb é an gearrscéal an fhoirm is mó clú agus cáil i measc scríbhneoirí agus léitheoirí na tíre. Cé go samhlaítear na mórscríbhneoirí Angla-Éireannacha ar nós Yeats agus Synge leis an

⁸⁷³ Ibid., 5.

⁸⁷⁴ Declan Kiberd, ‘An Ghearrscéalaíocht agus an Béaloideas’ in *Idir Dhá Chultúr* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993 & 2002), 108-119.

⁸⁷⁵ Ibid., 108-9.

bhfilíocht agus leis an drámaíocht, tig linn a rá go samhlaítear an gearrscéal leis na gnáthdhaoine, ‘*the risen people*,’ a bhfuil sloinnte ar nós Uí Cheallaigh, Uí Fhlatharta, Uí Fhaoláin agus O’Connor orthu. Chuir na scríbhneoirí Caitliceacha a tháinig as bailte agus sráidbhailte na réigiún dúil gan chuimse sa bhfoirm.⁸⁷⁶

Luann Kiberd sampla Uí Fhaoláin agus O’Connor, ach go háirithe. Tógadh an bheirt acu i gcoiflár Chathair Chorcaí, áit a raibh teacht acu ar mhórchlasaicí na Breataine trí leabharlanna na cathrach, ach anuas air sin, bhí siad báite sa traidisiún dúchasach, sa bhéaloideas, trí mheán na seanóirí a tháinig isteach go dtí an chathair ina n-óige agus a d’aithris scéalta a gceantair dhúchais d’éisteoirí óga fonnmhara na cathrach.⁸⁷⁷ Feictear an idirchultúrthacht go smior i gcás na beirte sin, agus i gcás Phádraic Bhreathnaigh leis, is é sin an saol idir an cultúr traidisiúnta agus an nua-aoiseachas, ina dtagann an gearrscéal chun aibíochta agus chun foirfeachta go nádúrtha, uathghinte. Tá plé níos doimhne curtha ar fáil ar an ábhar na hidirchultúrthachta i dtaca leis an ngearrscéalaíocht i gCaibidil 4, ach go háirithe.

Tá teorainn, dar ndóigh, leis na cosúlachtaí idir an scéal béaloideas agus an gearrscéal. Le scríbhneoireacht Chekhov, tháinig foirm nua gearrscéalaíochta ar an bhfód. In ionad an scéal a bheith bunaithe ar choincheap traidisiúnta an phlota, is minic i ngearrscéalta Chekhov go leagtar béim ar ócáid shingil ina stróictear réalachas laethúil as a chéile trí ghéarchéim éigin. Thug Chekhov an téarma ‘imprisean iomlán’ (*total impression*) ar stíl sin an ghearrscéil a fhágann go leor den scéal neamhráite, amhail is

⁸⁷⁶ Ibid., 109-110.

⁸⁷⁷ Ibid., 109-110.

gur mír mearaí neamhiomlán an scéal ar gá don léitheoir na píosaí deireanacha a shuíomh dó féin. Dar leis, sa tslí sin, bheadh ar an scríbhneoir machnamh leanúnach a dhéanamh fad a bheadh sé ag scríobh, ach ina theannta sin, bheadh ar an léitheoir an infheistíocht chéanna a dhéanamh agus é á léamh. Scríbhneoir eile a lean fealsúnacht liteartha Chekhov ab ea Yuri Nagibin. Ba i saol neamhráite, inmheánach an charachtair a raibh spéis ag Nagibin. Cosúil le gearrscéalta Chekhov, ní minic críoch shoirbh a bheith ag Nagibin, ach ina ionad sin, feictear géar-réalachas an tsaoil ina bhfuil coimhthíos an duine aonair lárnach.

Cé go bhfuil aontas forleathan ann gur eascair bunfhoirm an ghearrscéil nua ó eiseamlár Chekhov agus scríbhneoirí na Rúise i gcoitinne, táthar ann a deir gur eascair gearrscéal na hÉireann as sampla George Moore ach go háirithe, le foilsiú an chnuasaigh *The Untilled Field* sa bhliain 1903. Bhí Moore féin den tuairim go raibh tionchar nach beag aige féin agus ag a ealaín ar fhorbairt na foirme. Dúirt sé gur ‘frontier book, between the new and the old style’ a bhí sa chnuasach.⁸⁷⁸ Leag sé síos bunsraith na gearrscéalaíochta nua-aimseartha Éireannaí ar thóg James Joyce agus scríbhneoirí eile na hÉireann uirthi ina dhiaidh sin. Is minic a thugtar creidiúint do Chekhov agus do Joyce araon as ucht an gearrscéal a athnuachan mar sheánra.⁸⁷⁹ Díríonn siad araon ar an gcoimhthíos, ar an aonaránacht daonna agus ar riachtanas chomhbhá daonna ina ngearrscéalta.

⁸⁷⁸ Litir George Moore chuig Edmund Goose, 1^ú Márta, 1915. Luaite ag Charles Burkhardt, ‘The Short Stories of George Moore’ in Douglas Hughes (ed.) *The Man of Wax* (New York: New York University Press, 1971), 224.

⁸⁷⁹ Charles E. May *The Short Story: The Reality of Artifice* (New York: Twayne Publishers, 1995), 56-7.

Déanann criticeoirí idirdhealú idir dhá chineál gearrscéalta ar na laethanta seo. Eascraíonn ‘scéalta traidisiúnta’ ón sampla a d’fhág Poe agus Maupassant ina ndiaidh, a bhfuil plota faoi leith ag baint leo. Tagann ‘scéalta nua-aoiseacha’ ón sampla a d’fhág Chekhov agus Joyce ina ndiaidh siúd, ina bhfeictear i bhfad níos mó oscailteachta agus laghdú ar an mbéim a leagtar ar an bplota.⁸⁸⁰ Féadann scríbhneoir aonair foirm amháin nó an dá fhoirm sin a úsáid ina chuid scríbhneoireachta, ag brath ar an ábhar atá idir lámha aige. Baineann solúbthacht leis an ngearrscéal mar fhoirm, agus tá an tsolúbthacht sin an-fheiliúnach chun cur síos a dhéanamh ar gcoinníoll daonna. De bharr gur cur síos ar an gcoinníoll daonna atá ann, tá rogha agus oscailteacht leis na hábhair a d’fhéadfadh an gearrscéalaí a thabhairt chuige. Ag trácht ar an ábhar seo, d’fhógair Eudora Welty:

A short-story writer can try anything. He has tried anything – but presumably not everything. Variety is, has been, and no doubt will remain endless in possibilities, because the power and stirring of the mind never rests. It is what this power will try that will most pertinently define the short story. Not rules, not aesthetics as long as there is passion; not success as long as there is intensity behind the effort that calls forth and communicates, that will try and try again.⁸⁸¹

Dar le Julio Cortázar, ní féidir breithiúnas a dhéanamh ar scéal bunaithe ar ábhar an scéil sin ann féin os rud é nach féidir a rá go bhfuil ‘ábhair mhaithe’ agus ‘drochábhair’ ann, ach go mbaineann an maitheas nó an donas sin leis an tslí a múnlaíonn an t-údar

⁸⁸⁰ Ibid.

⁸⁸¹ Sliocht de chuid Eudora Welty in Valerie Shaw, “‘Only Short Stories’: Estimates and Explanations” in Valerie Shaw *The Short Story: A Critical Introduction* (London & New York: Longman, 1983), 1.

an t-ábhar sin.⁸⁸² Thairis sin, dar le Cortázar, ní féidir a rá go bhfuil carachta(i)r an scéil neamhshuimiúil, ‘since even a stone is interesting when a Henry James or a Frantz Kafka deals with it.’⁸⁸³ Anuas ar cheist an ábhair, áfach, ní mór breathnú ar an teicníc a úsáideann an t-údar chun teannas agus déine mothaithe a chruthú, agus chun an t-ábhar a fhorbairt sa tslí sin. Is tríd an bhforbairt sin a dhéanann an t-údar ar an mbunábhar ar féidir idirdhealú a dhéanamh idir scríbhneoir maith agus iadsan a thrialann an ealaín. Is í an fhorbairt sin a théann i bhfeidhm ar an léitheoir agus a chruthaíonn scéal a sheasann amach in intinn an léitheora nó ceann a ndéanann sé dearmad air a luaithe is atá sé léite aige.

Rud a chabhraigh go mór le forbairt an ghearrscéil in Éirinn sna 1960idí agus sna 1970idí ab ea teacht chun cinn irisí liteartha ar nós *The Crane Bag* agus *The Honest Ulsterman* a chothaigh nuascríbhneoireacht agus díospóireachtaí cultúrtha sa dá theanga. Ina dteannta úd, sa bhliain 1968 chuir eagarthóir liteartha *Scéala Éireann*, David Marcus, tús le colún seachtainiúil a bhí dírithe ar an scríbhneoireacht Éireannach. Gearrscéal nó sliocht as úrscéal a bhíodh i gceist de ghnáth, cé go bhfoilsítí filíocht sa cholún céanna ó am go chéile. Thug na hirisí sin fócas nua don lucht liteartha, go háirithe leis an bhfolús a fágadh i ndiaidh *The Bell*, a bhí i gcló ó 1940 go 1954. Bhí tionchar nach beag ag na hirisí liteartha sin, agus irisí liteartha eile timpeall na cruinne ar fad, ar fhorbairt agus ar mhúnlú na foirme. Ó thaobh fhorbairt an ghearrscéil Éireannaigh de, ba mhó an tionchar a bhí ag colún sin *Scéala Éireann* ná na hirisí liteartha. Bhí lucht léitheoireachta fairsing ag an nuachtán, ina measc daoine nach léifeadh iris shainiúil liteartha. Tugadh poiblíocht do ghearrscéalaithe, go

⁸⁸² Julio Cortázar, ‘Some Aspects of the Short Story’ in Charles E May (ed.) *The New Short Story Theories*, 247.

⁸⁸³ Ibid.

háirithe do ghearrscéalaithe nua, poiblíocht as ar eascair deiseanna foilsitheoireachta go minic. Thug Maurice Harmon faoi deara an chodarsnacht ghéar ó thaobh fhoilsitheoireacht an ghearrscéil de in Éirinn i ndiaidh theacht chun cinn cholún *Scéala Éireann*:

In one imaginative gesture, Tim Pat Coogan, editor of the *Irish Press*, and his dedicated literary editor, David Marcus, changed the conditions within which every young writer works. The contrast with the 'fifties and 'sixties is remarkable. At that time writers who had a collection of stories ready for publication were told to write a novel or two first; then their book of stories might be considered.⁸⁸⁴

Cé gur tugadh deiseanna foilsitheoireachta do scríbhneoirí is minic a chuirí ina leith, agus i leith a n-eagarthóirí, gur leag siad teorainneacha anuas ar an bhfoirm agus gur ar bonn líon na bhfocal a d'fhéadfaí a chlóbhualadh ar aon leathanach amháin faoi ndear fad an ghearrscéil seachas saorthoil ealaíne an scríbhneora. Thug Harmon faoi deara go raibh athrú ag teacht ar fhoirm an ghearrscéil in Éirinn ag deireadh na 1960idí agus ag tús na 1970idí. Cé gur leag sé béim ar an bhfíric gur *nuaghearrscéalaithe* a bhí iontu, agus go raibh sé róluath domhan-anailís a dhéanamh ar a saothar, thug sé an méid seo a leanas faoi deara sa luathshaothar sin:

The new writers are on the whole not experimentalists in terms of form or of narrative techniques, indeed less so than some of the contemporary novelists. The classic form of the short story, as practised by Mary Lavin, Frank O'Connor, Liam O'Flaherty and Seán Ó Faoláin, is still the accepted mode.

⁸⁸⁴ Maurice Harmon, 'First Impressions: 1968-1978' in Patrick Rafroidi & Terence Brown (eds) *The Irish Short Story* (Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd., 1979), 64.

This involves a chronological narrative, with minimal characterisation, careful attention to setting, one or two incidents, a taut control of tone and development, and a general sense of all the ingredients moving towards a moment of insight. Not all the new writers have this sort of ideal in mind, nor are they restricted by these conventions, but their innovations are not radical and are found mainly in the work of two writers, Neil Jordan and Desmond Hogan.⁸⁸⁵

Cé go mb'fhéidir nárbh réabhlóidithe liteartha glúin na ngearrscéalaithe Béarla a tháinig chun cinn sna 1960idí déanacha agus ag tús na 1970idí, bhí meon oscailte, iltíreach ag baint lena saothair. Ag trácht di ar chuid de na scríbhneoirí céanna is a luaigh Maurice Harmon thuas, d'áitigh Heather Ingman:

The 1970s saw the emergence of a more cosmopolitan Irish generation open to influences outside Ireland ... Nationalist and Catholic discourses began to lose some of their power as the process of revisionism got under way.⁸⁸⁶

Luann Harmon an daonnacht atá le sonrú go láidir i saothar nuascríbhneoirí na tréimhse sin, mar aon le muinín agus saoirse nua iniúchadh a dhéanamh ar an gcollaíocht mar ábhar scéalta.⁸⁸⁷ Dar ndóigh, bhí sé sin ag teacht leis an laghdú ar dhéine na cinsireachta morálta agus liteartha a chonacthas in Éirinn ó na 1970idí i leith. Feictear, i gcuid de na scéalta seo, go dtugtar aghaidh ar an gcollaíocht mar dhlúthchuid de chaidreamh idir beirt, bíodh an caidreamh sin sásúil nó míshásúil,

⁸⁸⁵ Ibid., 65.

⁸⁸⁶ Heather Ingman, *A History of the Irish Short Story* (Cambridge: Cambridge University Press, 2009), 190.

⁸⁸⁷ Maurice Harmon, 'First Impressions: 1968-1978' in Patrick Rafroidi & Terence Brown (eds) *The Irish Short Story*, 68, 71.

heitrighnéasach nó homaighnéasach. Ní ag iarraidh conspóid a chruthú a bhí na scríbhneoirí seo, ach ag iarraidh aghaidh a thabhairt go macánta agus go hoscailte ar ghnáthchuid den bheatha. Mar atá luaithe thuas, ba i réimse shaol inmheánach an duine a bheadh a chuid streachailtí ansin.

Ar bhealach, ba í an neamhshocracht agus an éagobhsaíocht shóisialta sin faoi ndear an fhorbairt a rinneadh i ngearrscéalaíocht na hÉireann. Go dtí blianta deireanacha an fichiú haois, d'fhéadfaí a rá go raibh sochaí na hÉireann fós éagoinbhinsiúnta, agus cruthaíodh inti coinníollacha foirfe cumadóireachta, dá bharr. D'áitigh H.E. Bates i dtaca le gearrscéal Béarla na hÉireann:

Where art and people fight for existence, whether against religious, moral or political tyranny or against plain indifference, and where such art is naturally poetic and such people are naturally proudly belligerent, the tendency of all expression is bound to be revolutionary.⁸⁸⁸

⁸⁸⁸ H.E. Bates, *The Modern Short Story: A Critical Survey*, 148-149.

Aguisín 2: Tuairiscí na Moltóirí Oireachtais

Is minic, go háirithe i mblianta tosaigh a thréimhse scríbhneoireachta, a chuireadh Pádraic Breathnach scéalta dá chuid isteach ar chomórtais liteartha an Oireachtais sular foilsíodh iad. Is spéisiúil agus is éagsúil an dearcadh a léirigh na moltóirí i leith na scéalta sin. Féachfar anseo thíos ar thuairim mholtóirí an Oireachtais i leith scéalta aonar de chuid an Bhreathnaigh agus i leith a chnuasaigh ghearrscéalta de réir mar a foilsíodh iad.

Seo thíos an tuairisc a thug an moltóir Oireachtais, Tomás Ó hAilín, ar an ngearrscéal ‘Na hOibrithe’ sa bhliain 1969. Faoin ainm cleite ‘Suairceas’ a cuireadh an scéal faoi bhráid an chomórtais.

Rian an Bhéarla go láidir ar chaint an scéil seo. Dul an Bhéarla ar ana chuid des na habairtí. Ní thuigim féin go bhfuil ábhar scéil ann ach má tá níor éirigh leis an údar é láimhseál.⁸⁸⁹

Ba chóir a lua anseo nach raibh aon cheann de thuairiscí an mholtóra úd an bhliain áirithe sin rómholtach agus gur luadh cuid mhaith laigí sa scéal a mhol sé don dara duais i gcomórtas gearrscéalta na bliana úd. Ag iniúchadh thuairiscí na moltóirí, feictear nach i gcónaí, fiú amháin, a mholtar duaisiarracht i gcuid de na comortáis liteartha. Ag iarraidh caighdeán arda litríochta a spreagadh agus a chaomhnú a bhíodhas. Sa bhliain chéanna, 1969, scríobh moltóir an chomórtais filíochta, G. Ó

⁸⁸⁹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Tomás Ó hAilín, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1393/5 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Conghaile, chuig Donnchadh Ó Súilleabháin, rúnaí an Oireachtais ag cur in iúl dó nach raibh sé chun duaisiarracht a mholadh de bharr a mhíshástachta le caighdeán íseal an chomórtais trí chéile.⁸⁹⁰ I litir eile, d'aontaigh an moltóir Eoghan Ó hAnluain leis an mbreithiúnas sin.⁸⁹¹

An bhliain ina dhiaidh sin, sa bhliain 1970, chuir Pádraic Breathnach trí scéal isteach ar chomórtas na gearrscéalaíochta san Oireachtas, Duais an Mhaolánaigh, mar a bhí ‘Mo Bhean Lóistín’, ‘Oíche i bPigalle’ agus ‘Léamh Filíochta’. Is an-éagsúil an léirmheas a scríobhadh faoi na scéalta áirithe seo. Bronnadh céad duais an chomórtais ar an scéal ‘Léamh Filíochta’. Is spéisiúil chomh maith i dtaca leis an scéal ‘Oíche i bPigalle’, an scéal is conspóidí de na trí scéal, nár foilsíodh é in *Bean Aonair agus Scéalta Eile* agus nach bhfacthas i gcnuasach go dtí 1978 nuair a foilsíodh *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*. Léirítear i dtuairisc Uí Ailín ar an scéal ‘Mo Bhean Lóistín’ gur scéalta réalacha amháin a theastaigh uaidh a léamh i nGaeilge. Scríobh sé, ‘Scéal gan dath dar liom. Níl aon léiriú réasúnta le fáil ann ar aigne na beirte sa scéal.’⁸⁹²

Ba dhéine i bhfad a thuairisc ar an scéal ‘Oíche i bPigalle’, a léiríonn nach réalachas amháin a bhí uaidh i ngearrscéalaíocht na Gaeilge ach ‘réalachas measúil’:

⁸⁹⁰ Litir an mholtóra Oireachtais, G. Ó Conghaile, chuig rúnaí an Oireachtais, Donnchadh Ó Súilleabháin, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1393/11 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁸⁹¹ Litir an mholtóra Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain, chuig rúnaí an Oireachtais, Donnchadh Ó Súilleabháin, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1393/11 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁸⁹² Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Tomás Ó hAilín, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1393/13 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Cumas sa scéal seo. Is trua nár baineadh feidhm as chun ábhar éigin eile a phlé. Ní hé mo thuairim go raibh aon an-eolas aige ar an saol a bhí idir chamánaibh aige. Laige sa chaint annso is annsúd.⁸⁹³

Scéal faoi ábhar níos traidisiúnta a bhí sa tríú scéal a cuireadh isteach ar chomórtas na bliana 1970, ‘Léamh Filíochta’, scéal a dheighleáil le coimhthíos agus le faitíos an fhir óig mhímhuinínigh ag ócáid acadúil. Bronnadh céad duais an chomórtais ar an scéal seo. Ba é a scríobh Ó hAilín ná:

Scéal maith é seo ó thaobh innste dhe ach braithim laige sa chaint agus rian an Bhéarla, go háirithe in áiteanna sa chomhrá. Mar sin féin, tá an teanga go maith ag an té a scríobh agus céard na gearrscéalaíochta aige leis. Is maith liom mar a léirítear aigne an óigfhir. Mholfainn an chéad duais don iarracht so.⁸⁹⁴

Trí scéal a chuir Pádraic Breathnach isteach ar an gcomórtas gearrscéalaíochta, Duais an Mhaolánaigh, sa bhliain 1971 agus thug sé leis an chéad duais don scéal ‘Bean Aonair’. Ba iad ‘Don Aifreann’ agus ‘As Baile’ an dá scéal eile a chuir an Breathnach faoi bhráid mholtóirí an Oireachtais an bhliain sin. Ba é Pádraig Ó Héalaí moltóir na bliana sin. An t-ainm cleite ‘Grá’ a cuireadh leis an scéal ar ar bronnadh an chéad duais:

Tá léiriú breá tugtha anseo ar aigne an phríomhcharachtair i ngleic le suíomh áirithe. Tá an teagmháil a bhí aici leis an bhfear mar ancaire lena smaointe ar fad agus sa tslí seo caomhnaítear aontacht an scéil. Nochtar a haigne go healaíonta macánta. B’fhéidir go bhfuil rith na smaoinemh róloighiciúil,

⁸⁹³ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Tomás Ó hAilín, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1393/13 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁸⁹⁴ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Tomás Ó hAilín, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1393/13 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

róleanúnach ach mar sin féin is dóigh liom gurb é seo an t-iarracht is cumasaí ó aon iomaitheoir sa gcomórtas.⁸⁹⁵

Admhaíonn Ó Héalaí gur dian an breithiúnas a thug sé ar scéalta an chomórtais ina chomhfhreagras le rúnaí an Oireachtais ag deireadh a thréimhse moltóireachta an bhliain sin.

Bhí iomaíocht ghéar i gcomórtas gearrscéalaíochta na bliana dár gcionn, 1972, le scéalta ar nós ‘Tuatha Dé Danann’ le Séan Mac Mathúna san áireamh chomh maith. Seacht scéal déag a cuireadh isteach ar an gcomórtas an bhliain sin, trí cinn de chuid Phádraic Bhreathnaigh ina measc, mar atá ‘Seáinín Sheáin’, ‘An Filleadh’ agus ‘Tadpoles’. Foilsíodh na trí scéal sin sa chnuasach *Bean Aonair agus Scéalta Eile*. Ba é Pádraig Ó Héalaí moltóir na bliana sin chomh maith. Bhuaigh gearrscéal dar theideal ‘Bású’ céad duais na bliana 1972, ach thug Pádraic Breathnach leis an dara duais lena scéal ‘Seáinín Sheáin’ agus Séan Mac Mathúna an tríú duais leis an scéal ‘Tuatha Dé Danann’. Seo mar a chuireann Ó Héalaí síos ar an ngearrscéal ‘Seáinín Sheáin’:

Iarracht thaitneamhach agus íocaíocht Sheáinín Sheáin mar nasc aontaithe idir na radharcanna éagsúla. Tá an scéal curtha ina láthair go healaíonta sa mhéid go bhfuilimid i ngleic le haigne Sheáinín ó thosach deireadh agus méadaíonn sin ár mbáidh ina leith. Tá a chuid smaointe ró-leanúnach, ró-loighiciúil áfach – go háirithe sa chéad radharc mar a bhfuil sé beagáinín bogtha. Tá blas breá réalach ar an gcur síos ar an árasán agus ar an halla rinnce, imthaítear i gcónaí

⁸⁹⁵ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pádraig Ó Héalaí, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1394/6 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

ar aigne Sheáinín. Iarracht den mhaoithneachas ag baint le smaointe Sheáinín taréis a mhaslaithe. Molaim an dara duais don scéal seo.⁸⁹⁶

Is spéisiúil an ní é go bhfaigheann sé an locht céanna ar an scéal seo agus ar an scéal ‘Bean Aonair’ mar atá smaointe an phríomhcharachtair a bheith róloighiciúil, róleanúnach. Feicfear an locht céanna á fháil ag Ó Héalaí ar an scéal ‘An Filleadh’ thíos.

Molann sé eilimintí an ghearrscéil chlasaiceigh sa tuairisc a scríobh sé ar an ngearrscéal ‘Tadpoles’:

Roghnaítear eachtra amháin i saol na leanbh Deasún agus Aodán le cur ós ár gcomhair rud a thagann le mianach an ghearrscéil. Tá blas réalach ar an gcúlra agus ar ghníomhaíocht na leanbh. Sé an lucht a gheobhadh an léitheoir ar an scéal seo – agus is locht é a bhaineann ó ealaín an scéil – ná gur ón taobh amuigh atá an scéal seo scríofa. Ní chuirtear a ghníomhaíocht ós ár gcomhair mar fheictear dosna páistí féin é agus mar gheall ar sin ní bhíonn an bháidh chéanna againn leis na páistí agus a bheadh dá mhá ó thaobh aigne na bpáistí féin a scríobhfaí an scéal.⁸⁹⁷

Bhí dhá scéal dar teideal ‘An Filleadh’ sa chomórtas sa bhliain 1972. Ba trí ainmneacha na bpríomhcharachtar a rinneadh idirdhealú idir an dá scéal. Fuarathas lochtanna móra ar an gcéad cheann ach is mar seo a deineadh léirmheas ar an scéal ‘An Filleadh’ de chuid an Bhreathnaigh:

⁸⁹⁶ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pádraig Ó Héalaí, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1394/19 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁸⁹⁷ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pádraig Ó Héalaí, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1394/19 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Cuirtear gníomhaíocht an scéil seo in ár láthair trí shúile Shéamais. Ciúta ealaíonta é seo mar cothaíonn sé báidh an léitheora le gníomhaíocht an scéil – deintear é a dhaonnú. Sa scéal seo áfach, tá smaointe Shéamais rud beag róréasúnta, róloighiciúil. Fáid míréalach sa mhéid ná buaileann aon smaoinemh eile é ach ceann atá nascaithe go díreach leis an bhfilleadh. Ní chruthaítear carachtar Shéamais le go leor leitheadhais – rud a fhágann an léitheoir gan mórán suime ina imeachtaí. Sé an caidreamh a bhí ag Séamas lena mhuintir sa bhaile an chuid is fearr don scéal – baintear geit as an léitheoir gur amhlaidh a bheadh an fear maithneach seo.⁸⁹⁸

Níor éirigh le Pádraic Breathnach ag an Oireachtas sa bhliain 1973. Chuir sé trí scéal isteach ar an gcomórtas an bhliain sin, mar a bhí ‘Cuairt’, ‘Mórdháil’ agus ‘Maol Mór’ ar foilsíodh sa chnuasach *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* iad, ach ní rómholtach a bhí na moltóirí i dtaobh na n-iarrachtaí sin. Bhuaigh Seán Mac Mathúna duais an Mhaolánaigh an bhliain sin leis an Scéal ‘Seamlas’. Seo thíos tuairisc Eoghain Uí Anluain ar an scéal ‘Cuairt’:

Ba dheacair scéal níba leadránaí ná seo a shamhlú: Ní léir dom go ‘dtarlaíonn’ rud ar bith ó thús go deireadh.⁸⁹⁹

Bhí tuairisc ábhairín níos dearfaí aige i leith an scéil ‘Mórdháil’:

Ábhar breá scéil anseo ach ní thagann ann dó: An teanga sa chomhrá sa deireadh tá sé fíor mhí-nádúrtha.⁹⁰⁰

⁸⁹⁸ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pádraig Ó Héalaí, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1394/19 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁸⁹⁹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1395/11 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁹⁰⁰ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1395/11 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Níor chuir Ó hAnluain mórán ama amú ag lochtú ag scéil ‘Maol Mór’:

Níl le rá agam ina thaobh seo ach nach bhfuil sé spéisiúil. Tá an insint fíor leadránach.⁹⁰¹

An bhliain dar gcionn, 1974, foilsíodh céad chnuasach gearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh *Bean Aonair agus Scéalta Eile*. An bhliain chéanna bhí scéal is fiche i gcomórtas le haghaidh dhuais an Mhaolánaigh agus bhí an-éagsúlacht i gcaighdeán na scéalta sin de réir thuairisicí an mholtóra, Críostóir Mac Aonghusa. Chuir Pádraic Breathnach trí scéal isteach ar an gcomórtas sin, ‘Toraíocht Poist’, ‘Páis’ agus ‘An Faire’. Foilsíodh na trí scéal sin sa chnuasach *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile* sa bhliain 1978. Bhain sé an dara duais amach ar an scéal ‘Páis’. Feictear thíos an tuairisc a scríobhadh ar an ngearrscéal áirithe sin:

Ábhar nua nea-choitianta sa scéal, ábhar úr. Ionramháil mhaith, gan ghallamaisíocht gan cur-i-gcéill ann. Scéal maith cinnte. Scéal a léifeas daoine le h-iontas.⁹⁰²

Tuairiscí moltacha a thug sé ar dhá scéal eile Phádraic Bhreathnaigh an bhliain chéanna.

Bhuaigh Pádraic Breathnach duais an Mhaolánaigh arís sa bhliain 1975 nuair a chuir sé an scéal ‘Buicéad Poitín’ faoi bhráid mholtóirí an Oireachtais. Bronnadh an tríú duais ar an scéal ‘Dúchas’ chomh maith. Séamus Ó Néill ab ea moltóir na bliana sin.

⁹⁰¹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1395/11 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁹⁰² Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Críostóir Mac Aonghusa, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1396/9 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Trí iarracht a chuir sé isteach an bhliain sin chomh maith, mar a bhí ‘Buicéad Poitín’, ‘Dúchas’ agus ‘Na Geataí’. Foilsíodh na trí scéal úd sa chnuasach *Buicéad Poitín agus Scéalta Eile*. Is spéisiúil an rud é gur aithin an moltóir gurb é an scríbhneoir céanna a scríobh na trí scéal sin, mar a chuireann sé in iúl ina thuairiscí thíos. Baineann an chéad tuairisc thíos leis an scéal ‘Buicéad Poitín’ a chuir Pádraic Breathnach isteach ar an gcomórtas faoin ainm cleite ‘Corr Ghlas’. Ba é sin an chéad iontráil dá chuid an bhliain sin.

Tá scríbhneoireacht mhaith sa phíosa seo. Tá fhios ag an údar cad is gearrscéal ann, tuigeann sé nach bhfuil scéal ar bith agat, mura maireann na daoine atá fé thrácht ann in intinn an léitheora. Tá aondacht sa scéal agus gluaiseacht ann ón tús go dtí an barrphointe. Tá ábhar fiúntach scéil ann ins an léiriú atá déanta ann ar an gháth seo i saol an bhuachalla. Déarfainn nach bhfuil feidhm leis an chur síos go léir ar an mhún. Measann an t-údar is cosúil go bhfuil sé dána réadach agus nua-aoiseach sa mhéid sin. Tá seachrán air. Tá an cleas meirgeach. Ba cheart don údar an cuntas seanghaeilge a léamh fán pholl mhór a rinne Méabh sa tsneachta fadó. Leanbuíocht a bhéarfainnse ar na giotaí seo sa scéal-iarracht. Leanbaí shock a thabhairt don léitheoir. Locht eile ar an scéal go dtig an fháisnéis fá ghalar an athar róthobann ag an deireadh. Ba cheart go mbeadh ‘lead-up’ chuige sin sa dóigh is go mbeadh tualas ag fás i rith an ama in intinn an léitheora go raibh rud ínteacht cearr leis an athair. An fháisnéis a scaoiltear go tobann chugainn ag an deireadh is beag brí atá ann. Tá Gaeilge ag an údar. Más amhlaidh nach bhfuil cliú air cheana féin mar scríobhnóir tá sí i ndán dó.

P.S. Mholfainn don údar athrach teidil a chur ar an scéal seo. Is mó é ná an teideal.⁹⁰³

Níor athraigh Breathnach an teideal sin, áfach. Ba é ‘Breac Rua’ an t-ainm cleite a roghnaigh Breathnach don dara gearrscéal a chuir sé isteach ar an gcomórtas, mar a bhí ‘Dúchas’. D’aithin Séamas Ó Néill láithreach, áfach gurb é saothar an scríbhneora chéanna a bhí os a chomhair. Rinne sé a bhreithiúnas ag déanamh talamh slán gur amhlaidh a bhí:

Déarfainn gur seo - ‘Breac Rua’ – ainm cleite eile ar ‘Corr Ghlas’ – scríbhneoireacht mhaith sa ghiota seo feasta ach gan an t-ábhar ionchomórtais leis an ábhar sa scéal eile – gan an teannas ná an t-ábhar imní ann atá sa scéal eile. Is mó de sceits ná de scéal é, ach mothú ann mar sin féin. Molaim an tríú duais a bhronnadh ar údar an scéil seo.⁹⁰⁴

Rinne sé an rud céanna maidir leis an tríú hiarracht, ‘Na Geataí’ a tháinig faoina bhráid, an uair seo faoin ainm cleite ‘Droighneán’:

“Corr Ghlas” arís?

Iarracht mhaith, ach dhá locht air mar ghearrscéal – (i) Easpa aondachta – ba chóir Úna a thabhairt isteach i bhfad níos túisce, mar a tharlann sa scéal níl inti ach “deus ex machina;”

(ii) Easpa beochta de bharr agallamh a bheith gann nó in easnamh ar fad sa mhór-chuid den scéal – gan mórán nuaíochta ag baint leis an ábhar.⁹⁰⁵

⁹⁰³ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Séamas Ó Néill, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1396/26 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁹⁰⁴ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Séamas Ó Néill, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1396/26 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁹⁰⁵ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Séamas Ó Néill, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1396/26 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Níor bhuaigh an Breathnach aon duais an bhliain ina dhiaidh sin, 1976, i nduais an Mhaolánaigh. Dhá scéal a chuir sé isteach ar chomórtas na duaise sin, mar a bhí ‘Glaoch’ agus ‘Arraingeacha’ ach cáineadh an Ghaeilge in ‘Glaoch’ agus ábhar an scéil ‘Arraingeacha’. Faoin gcineál Gaeilge atá le fáil sa scéal ‘Glaoch’, dúirt Séamas Ó Néill:

Ní gá an Ghaeilge bhriste a labhraítear chomh fairsing sin anois sa Ghaeltacht a scríobh.⁹⁰⁶

Ábhar conspóideach ab ea an úsáid a bhain sé as an nGaeilge idirchultúrtha sin, go háirithe sna 1970idí. Agus faoi ábhar an scéil ‘Arraingeacha’, bhí an méid seo le rá aige:

An píosa seo scríofa go maith, ach an t-ábhar ró smólchaite le seargadh a bhaint asainn.⁹⁰⁷

Ba é 1977 an chéad bhliain a chuir Pádraic Breathnach cnuasach gearrscéalta faoi bhráid mholtóirí an Oireachtais. *An Lánúin agus Scéalta Eile* a bhí i gceist agus cuireadh isteach é ar chomórtas cuimhneacháin Sheáin Uí Éigearthaigh, comórtas d’údar saothar chruthaithigh – úrscéal nó cnuasach gearrscéalta. Foilsíodh an cnuasach sa bhliain 1979 ach is léir gur cuireadh roinnt leasuithe i bhfeidhm ar an saothar sular foilsíodh mar chnuasach é. I dtuairisc Thomáis Uí Fhloinn don Oireachtas luann sé scéalta nár foilsíodh in imleabhar go dtí gur foilsíodh *Na Déithe Luachmhara Deiridh* an bhliain dar gcionn, mar a bhí ‘Danóib’ agus ‘Bean Aduain’

⁹⁰⁶ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Séamas Ó Néill, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1397/17 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

⁹⁰⁷ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Séamas Ó Néill, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1397/17 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

agus dhá scéal eile gur cosúil nár foilsíodh ar chor ar bith iad ina dhiaidh sin, mar a bhí, ‘Ostóirí agus a gcuid Ostán’ agus ‘Glaisne Ní Mhóráin’. Tráchtann sé ar éagsúlacht chaighdeán na scéalta sa chnuasach, agus ar fhéith an úrscéalaí san údar. Feictear cumas an Bhreathnaigh a bheith conspóideach arís anseo. Caitheann Tomás Ó Floinn dímheas, go háirithe, ar na scéalta ‘Bean Aduain’, ‘Danóib’ agus ‘Glaisne Ní Mhóráin’ de bharr na dtagairtí do ghnéas atá iontu. Tá sé spéisiúil ina ndiaidh sin nár foilsíodh aon cheann de na scéalta sin sa chnuasach *An Lánúin agus Scéalta Eile*. Sliocht ón tuairisc sin atá thíos:

Iarracht an-inspéise é seo. Cnuasach gearrscéalta arbh é an tréith is follasaí air éagothroime an chaighdeáin sna scéalta éagsúla: cuid acu an-mhaith, cuid acu an-lag. ...

Léiríonn an chéad scéal laige bunúsach san údar maidir le healaíon na gearrscéalaíochta. Ní gearrscéal ar chor ar bith ‘An Lánúin’ ach dréachtchreathlach le haghaidh úrscéil. Cuimsíonn an scéal saol iomlán na beirte laistigh de dhá leathanach déag go leith.

Le fírinne is leid é sin ar phríomhbhua an údair seo – agus ar a phríomhloch mar ghearrscéalaí. Mar tá an tréith chéanna le brath ar fhurmhór na scéalta anseo: is mó gur cuid d’úrscéal iad – caibidil as úrscéal mar adéarfá, ná de ghearrscéal. Mar sin go díreach atá an scéal deiridh – ‘Místaíd’. Mar ghearrscéal, tá an iomad ann – arís is ábhar úrscéil é.

Gan amhras, tá an-chumas scríbhneoireachta ag an údar. Is scríbhneoir cumasach ócáide é: is é sin tá sé ábalta ócáid a chur i láthair go bríomhar éifeachtach. Tá bua ceaptha agallmha aige nuair a chuireann sé chuige. Ócáidí is bun leis ‘An Chomhdháil’ agus ‘Bronntanas’. San dá chás déantar ionramháil éifeachtach ar na carachtair agus ar an gcomhrá. Ach níl cuma

críochnúil ar cheachtar díobh. Níl in ‘An Chomhdháil’ ach píosa scigmhagaidh agus dá éifeachtaí é ‘Bronntanas’ ní thig leis an údar críoch le slocht a chur air ...

Tá roinnt scéalta – 3 cinn – gur deacair a mheas cad chuige istigh sa chnuasach iad – ‘Bean Aduain’, ‘Glaisne Ní Mhóráin’ agus ‘Danóib’ – maran é is cuspóir don údar a chruthú gur féidir scéalta gnéasacha a insint i nGaeilge chomh maith le teanga ar bith eile. Ní cuspóir ealaíonta é sin agus is trua cumas scríbhneoireachta a chaitheamh le hábhar nach bhfuil ann ach pornagrafaíocht ar a son féin.

Is scríbhneoir é seo a bhfuil cumas ann, ach an cumas sin a fhorbairt go healaíonta. Dá ndeineadh sé staidéar ar ealaín na gearrscéalaíochta; dá bhfoghlaimeadh sé gur gá don ghearrscéal foirfe an saghas céanna ealaíne agus is gá chun píosa filíochta a scríobh; nach leor beogacht agus spreacadh – rud atá aige gan amhras – agus nach caibidil úrscéil nó creathlach d’úrscéal an gearrscéal, dhéanfadh sé scríbhneoir fiúntach. Tá an scil sna lámha aige, mar adéarfá, ach é a chur ag obair faoi riail agus faoi chuspóir.⁹⁰⁸

Dhá scéal a chuir Pádraic Breathnach faoi bhráid an Oireachtais le haghaidh dhuais an Mhaolánaigh sa bhliain 1978, mar a bhí ‘Im-Fhaitíos’ ar athraigh sé a theideal go ‘Im-Imní’ sular foilsíodh é sa chnuasach *Na Déithe Luachmhara Deiridh* sa bhliain 1980; agus ‘Caraíocht’ a foilsíodh sa chnuasach *An Lánúin agus Scéalta Eile* sa bhliain 1979. Stíofán Ó hAnnracháin ab ea moltóir an chomórtais sa bhliain 1978. Níor bhain an Breathnach duais amach an bhliain sin.

⁹⁰⁸ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Tomás Ó Floinn, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1398/17 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

An bhliain dar gcionn, 1979, chuir Pádraic Breathnach dhá scéal isteach ar dhuais an Mhaolánaigh, mar a bhí ‘Coimhlint’ agus ‘Na Déithe Luachmhara Deiridh’ agus bhain sé duais amach leis an scéal ‘Coimhlint’. Foilsíodh an dá scéal úd sa chnuasach *Na Déithe Luachmhara Deiridh*. Stíofán Ó hAnnracháin ab ea moltóir an chomórtais an bhliain sin chomh maith. An bhliain chéanna, chuir Pádraic Breathnach an cnuasach *Lilí agus Fraoch* isteach ar chomórtas cuimhneacháin Sheáin Uí Éigeartaigh agus thug sé an duais sin leis. Tomás Ó Floinn agus Declan Kiberd a bhí ina moltóirí i gcás an chomórtais sin. Is é seo an méid a bhí le rá ag Ó hAnnracháin faoin scéal ‘Coimhlint’:

Gearrscéal saothraithe ealaíonta. Doimhneas sa mhachnamh, aontacht san insint, roghnú oiriúnach ‘ócáidí’, smacht agus srian ar an údar ar an ábhar agus ar an gcaint.

An t-aon locht a gheobhainn air ná a loime atá! (más locht é!)

Molaim an chéad duais don iarracht seo.⁹⁰⁹

Mhol moltóirí chomórtas cuimhneacháin Sheáin Uí Éigeartaigh ard-chaighdeán na saothar uilig a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais an bhliain sin – ceithre úrscéal agus cnuasach amháin gearrscéalaíochta a bhí sa chomórtas. Tuairisc fhada a scríobh Tomás Ó Floinn ar an gcnuasach scéalta *Lilí agus Fraoch* ina ndearna sé iniúchadh ar scéalta faoi leith sa chnuasach. Tá sé spéisiúil gurb é an claonadh i dtreo léirithe ar an saol traidisiúnta a thaispeánann Pádraic Breathnach ina chuid gearrscéalta a mholann an moltóir anseo, fad is atá a shearbhas agus a amhras soiléir i leith leathnú na Gaeilge

⁹⁰⁹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Stíofán Ó hAnnracháin, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1400/10 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

i dtreo na collaíochta agus, dar leis, na graostachta. Ardaítear ceist na Gaeilge neamhchaighdeánaithe arís anseo. Seo thíos sliocht as tuairisc sin Uí Fhloinn:

Níl aon amhras ach go bhfuil an-chumas ceapadóireachta agus scríbhneoireachta ag údar na ngearrscéalta seo. Tá sé ábalta daoine agus áiteanna agus suíomhanna a chruthú dúinn go beogach. Tá ar a chumas téamaí den ilshaghas a láimhseáil...Tréith speisialta, taitneamhach sa mhodh scríbhneoireachta aige an caitheamh i ndiaidh an dúlra agus an beophictiúr a tharraingíonn sé de ghnéithe an dúlra: cnoic is locha is creaga: bláthanna is fásra; gnéithe an tírdhreacha – geimhreadh is samhradh. Tá an ghné sin ina salann tríd an saothar uilig, rud a thugann blas speisialta dó. ...

Is cosúil go measann an t-údar go bhfuil éifeacht speisialta litríochta leis an ngraostacht agus leis an ngairbhe cainte. Tá na scéalta seo breac le ‘tón’ agus ‘mún’ agus ‘cac’ agus ‘piteog’ agus ‘bitse’ agus a lán eile dá saghas – chomh breac leo is a bhíonn na cuiríní sa bhairín breac.

Tá áit don saghas sin cainte – san áit a bhfóireann sé más cuid dílis den charachtar nó den suíomh daonna é. Ach ní labhraíonn gach aon saghas duine ar gach aon saghas ócáide ar an mbealach sin. Mar a chéile ag an údar seo, áfach, aigne chigire scoile nó fir mheisce nó léachtóir ollscoile i leith na ceiste seo. ...

Maidir le ‘Bíogadh’ is dóigh liom go dtéitear thar cailc ar fad leis an ngairbhe – gairbhe nach gá le héirim an scéil a shroichint.

Níor mhór don údar cúram i bhfad níos mó a dhéanamh den teanga. Tá an Ghaeilge go beo, bríomhar, éifeachtach, nádúrtha aige ach ní thugann an t-údar mórán aird ar an gcaighdeán ná ar ghnáthrialacha struchtúir na gramadaí.

Mar fhocal scoir, measaim go mbaineann an t-údar an iomad feidhme as gné áirithe stíle: abairtí a dhéanamh as focail aonair agus as frásanna giorraithe.

Ar a shon sin go léir, braithim cumas fóna sa scríbhneoir seo agus dóchas forbartha faoin bhun.⁹¹⁰

Thug Breathnach freagra magúil ar ráiteas Uí Fhloinn thuas faoi na cuiríní sa bhairín breac in alt dá chuid, a rá; ‘B’fhéidir gur fíor sin, ach bheadh na cuiríní sách gann más fíor. Lena chruthú níor mhór báirín breac áirid a lua, a scrúdú, agus breithiúnas cóir a thabhairt.⁹¹¹ Thug Ó Floinn le tuiscint gur ar son na graostachta agus na gáirsiúlachta amháin a d’úsáid Pádraic Breathnach na téarmaí sin. Agus Breathnach ag seasamh an fhóid, dhearbhaigh sé gur ar mhaithe le hionracas agus le hiomláine an scéil áirithe a bhí idir camáin aige a bhain sé leas as na téarmaí sin agus gach uile chineál eile téarmaíochta leis. Faoin gcomhfhreagras ar fad eatarthu scríobh Aisling Ní Dhonnchadha:

Glacaim leis nár sheol Pádraic Breatnach mórán léitheoirí ar bhóthar a n-aimhleasa agus a mbasctha ach dáiríre, nach í an cheist atá le cur ná, cén úsáid a baineadh as na téarmaí gnéis, as na tagairtí don bhualadh craicinn etc. laistigh de fhráma tagartha an scéil? Ar chuid dhílis / dhlísteach / nádúrtha den scéal a bhí sna tagairtí / téarmaí seo nó ar úsáideadh iad le teann deiliúis agus diabhláochta, de ghrá na conspóide, chun an néaróis Éireannach faoi chúrsaí gnéis a ionsaí, chun stad, cliseadh nó racht gáire a bhaint as an léitheoir?

⁹¹⁰ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Tomás Ó Floinn, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1400/10 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁹¹¹ Pádraic Breathnach, ‘An Gearrscéaláí is a Ghearrscéalta’ in *Irisleabhar Mhá Nuad 1981* (Má Nuad: An Sagart, 1981), 48.

Faoin léitheoir féin atá sé géilleadh nó diúltú don ghalamaisíocht, an fíon a aithint thar an uisce agus an cháith a scaoileadh thairis.⁹¹²

Faoin gnuasach céanna, *Lilí agus Fraoch*, bhí an méid seo a leans le rá ag comh-mholtóir Thomáis Uí Fhloinn, Declan Kiberd. Is léir meon úr a bheith ag an moltóir óg seo agus é i bhfad níos oscailte don rud ar thug Tomás Ó Floinn ‘graostacht’ air, cé nár scaoil sé leis an mBreathnach saorpheann a oibriú, ach an oiread.

Iarracht rí-chumasach againn anseo: scóipiúil, líofa agus rian na gairmiúlachta air ó thús go deireadh. Tá sé in ann comhráití nádúrtha a scríobh, comhráití a léiríonn cnáma an scéil go mionmhinic. Amannta bhraitheas an gháirsiúlacht ar son na gairsiúlachta féin (‘Bíogadh’, ‘Dritheanna’, ‘Meisceoir’) agus ní ar son an ábhair. D’fhéadfá an rud céanna a rá faoin stíl: anois is arís, shíleas go raibh an t-údar ag cleasaíocht le teanga ar son na cleasaíochta féin (‘Damhna’ rófhileata, béim rómhór ar an uaim & an uaim féin rómheicniúil). ...

Tá bua na síceolaíochta ag an údar seo, saibhreas cainte, an-léirgeas ar théama an bháis ins na scéalta ar fad. Cuid des na scéalta an-chiúin, anchorraitheach; cuid eile sách méaldrámatúil. Caighdeán ard bainte amach aige – molaim go mbronnfar an duais air.⁹¹³

Níor chuir Pádraic Breathnach scéal ar bith faoi bhráid Oireachtas na bliana 1980. Is spéisiúil, áfach, an méid a dúirt an moltóir Eoghan Ó Tuairisc faoi chaighdeán na gearrscéalaíochta i gcoitinne ag tosach na 1980idí. Tuairimíonn sé nach gá ach líon beag scríbhneoirí atá dáiríre faoina gceird chun traidisiún na gearrscéalaíochta a

⁹¹² Aisling Ní Dhonnchadha, ‘Pádraic Breathnach agus a Chuid Gearrscéalta’ in *Comhar* Iml. 43, uimh. 8, (Lúnasa, 1984), 39.

⁹¹³ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Declan Kiberd, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1400/10 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

thabhairt slán trí aois sin an úrscéil Ghaeilge. Dóchas is mó a léiríonn sé, mar sin, cé nach raibh gach aon iarracht a cuireadh faoi bhráid an chomórtais saor ó mhórluchtanna.

Sílim gur éirigh go maith leis an gcomórtas seo i mbliana, agus braithim go bhfuil feabhas ag teacht ar cheardaíocht na scéalaíochta agus nua-scríbhneoir nó dhó ag plé go lán dáiríre leis an ealaíon seo.

Leanann sé ar aghaidh:

Seacht n-iarratas déag a cuireadh isteach. Orthu siúd tá scéal amháin atá ar ard-chaighdeán agus dhá cheann ar chaighdeán an-sásúil. ...

I measc na coda eile, tá trí nó ceithre cinn eile atá ar chaighdeán sásúil foilsithe ach tá an chuid is mó acu lochtadh ar chúis amháin nó ar chúis eile ... Easpa ceardaíochta agus easpa tuisceana ar riachtanaisí na gearrscéalaíochta is mó atá ag cur as dóibh. Cuid acu ag plé le hábhair agus le múnlaí seanchaite, agus cuid eile faoi thionchar ag na droch-shamplaí den nua-scéalaíocht a fhoilsítear.⁹¹⁴

Feictear dom, ón méid taighde atá déanta agam ar an ábhar, nár chuir Pádraic Breathnach aon iarracht faoi bhráid an Oireachtais sa bhliain 1981 ach sa bhliain 1982 tá tuairisc ó Chaoilfhionn Nic Pháidín agus ó Dhonnchadh Ó Súilleabháin ar shaothar dar teideal ‘Mo Mhuintir: Léiriú ar Mhaigh Cuilinn’ a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais do chomórtas cuimhneacháin Dhonncha Uí Laoire. Glacaim leis gur saothar Phádraic Bhreathnaigh, *Maigh Cuilinn: A Táisc is a Tuairisc*, faoi theideal

⁹¹⁴ Litir an mholtóra Oireachtais, Eoghan Ó Tuairisc, chuig Rúnaí na gComórtas Liteartha, Donnchadh Ó Súilleabháin, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1402/9 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

athchóirithe atá i gceist anseo. Foilsíodh an saothar sin ceithre bliana i ndiaidh na hiontrála Oireachtais sin.

Dealraíonn sé gur mhaolaigh ar líon na scéalta a chuir Pádraic Breathnach faoi bhráid mholtóirí an Oireachtais ag druidim le deireadh na 1980idí. Ní foláir a rá, áfach, go raibh tuairiscí na moltóirí in easnamh ó chatalóg na bPáipéar Oireachtais sa Leabharlann Náisiúnta do na blianta 1989 agus 1990. Idir 1989 agus 1993, tá idir iarrachtaí na gcomórtas liteartha agus iarrachtaí na gcomórtas ardán, mar aon le tuairiscí na moltóirí easnamhach. Is léir gur chuir Pádraic Breathnach trí scéal faoi bhráid an Oireachtais sa bhliain 1990, mar a bhí ‘An Fear Sneachta’, a céadfhoilsíodh sa chnuasach *Taomanna* agus ina dhiaidh sin sa chnuasach *Íosla agus Scéalta Eile*; ‘An Bhean Óg-Ghuagach’, a foilsíodh sa chnuasach *Íosla agus Scéalta Eile*; agus ‘An Fear É Féin’ nár foilsíodh go dtí 1996 sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile*. Ba iad Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh moltóirí chomórtas na ngearrscéalta an bhliain sin. Bhí an méid seo a leanas le rá acu faoin scéal ‘An Fear Sneachta’:

Scéal spéisiúil é seo a thugann faoi chuid de dhíograis agus de dhraíocht na hóige a cheapadh i bhfocail. Is é an deighilt idir dearcadh an pháiste agus meon an duine fásta is bun leis. Léirítear é seo go soiléir ag deireadh an scéil ach ba ghá breis cúraim sa léiriú a dhéantar air seo i gcaitheamh an scéil, ní leor an léargas a thugtar ar aigne na máthar – tá sí róbhorb, róshimplí ar fad mar charachtar. Is geall le cancarán í. Tá an stíl róshaothraithe agus róthrom chun aigne an linbh a léiriú go maith. Tá machnamh loighiciúil an duine fásta buailte

ar chló an gharsúin agus ní oireann an stíl seo don mheon oscailte lán de dhraíocht agus de neamhurchóid a mheas an t-údar a léiriú.⁹¹⁵

Fuarthas lochtanna ar an scéal ‘An Bhean Óg-Ghuagach’, mar a bhí an t-ábhar a bheith ‘spíonta nó leamh’ agus ‘Shamhlófá leis gur lean an scéal rófhada.’⁹¹⁶ Moladh an scéal ‘An Fear É Féin’ ach níor fágadh saor ó locht ach an oiread an scéal sin. Seo thíos sliocht as tuairisc na moltóirí:

Léargas maith sa scéal seo ar aigne an duine aonair – seansagart atá anonn sna blianta anois agus é stálaithe, searbh, sprionlaithe. Agus é sin ráite, múchann sé stíl an scéil. Tá an iomarca athrá ann agus tá an friotal tromchúiseach, timpeallach ...

Tá deacracht ag an údar ag láimhseáil ‘foirm’ an ghearrscéil sa chás seo – tá sé ábalta sruth smaointe a chur in iúl, ach leanann sé rófhada leis gan aon tuiscint nó léargas breise a bheith i gceist. Tá fadhb ag baint le críoch an scéil chomh maith.⁹¹⁷

An bhliain dar gcionn, 1991, chuir Pádraic Breathnach scéal amháin faoi bhráid an Oireachtais, is dealraitheach, mar a bhí ‘An Chuach’, a foilsíodh in *Íosla agus Scéalta Eile*. Bhí moltaí feabhais ag na moltóirí agus is léir ón leagan a foilsíodh in *Íosla agus Scéalta Eile* gur cuireadh cuid de na moltaí sin i bhfeidhm ar leagan eagraithe, leasaithe.

⁹¹⁵ Tuairisc na moltóirí Oireachtais, Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1991, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹¹⁶ Tuairisc na moltóirí Oireachtais, Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1991, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹¹⁷ Tuairisc na moltóirí Oireachtais, Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1991, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

Tagann an t-údar idir sinn agus aithne ceart a chur ar an mbean seo. B'fhearr liom spléachadh éigin níos doimhne ar uaigneas na mná seo seachas díreach cuntas ar an saol uaigneach a chaitheann sí. D'fhéadfaí scóp an scéil a fheabhsú trí dhíriú isteach ar eachtra amháin, an tseilg, mar shampla, nó an bhialann agus cuid dá cúlra a chur in iúl go cliste, cliathánach.⁹¹⁸

Cuireadh trí iontráil is tríocha faoi bhráid an Oireachtais le haghaidh Dhuais an Mhaolánaigh sa bhliain 1992. Roinneadh an chéad duais an bhliain sin idir Pádraic Breathnach, Caitríona Ní Dhubhthaigh agus Diarmaid Ó Gráinne. Trí scéal ar fad a chuir Pádraic Breathnach isteach ar an gcomórtas sin, mar a bhí 'Ag Breathnú Roimhe', 'A Uaillmhian' agus 'Fear Macánta'. Ba iad Siobhán Ní Fhoghlú agus Gearóid Denvir moltóirí an chomórtais an bhliain sin. D'aontaigh an bheirt mholtóirí faoi fhiúntas an chéad dá scéal thuas, ach léirigh siad amhras i leith gnéithe áirithe den dá scéal eile. Faoin duais-iarracht 'A Uaillmhian', bhí an méid seo a leanas le rá ag na moltóirí, faoi seach:

Píosa deas scríbhneoireachta. Tá an-charachtracht sa scéal. Léiriú cumasach ar an bhfear atá ag dul in aois in aghaidh a thola. An comhrá an-mhaith tríd síos. Áirím lagar ar chríoch an scéil – í míshásúil i dtéarmaí a ndeachaigh roimhe. Iarracht infhoilsithe gan dabht.⁹¹⁹

Tá carachtar an-bhreá cruthaithe sa scéal seo... Scríbhneoireacht shlachtmhar, chríochnaithe.⁹²⁰

⁹¹⁸ Tuairisc na moltóirí Oireachtais, Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1991, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹¹⁹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Gearóid Denvir, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1992, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹²⁰ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Siobhán Ní Fhoghlú, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1992, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

Ní raibh an moladh céanna le fáil ó na moltóirí maidir leis an scéal ‘Fear Macánta’ áfach. Dúirt Siobhán Ní Fhoghlú go raibh ‘cumas an scríbhneora léirithe’ ach cháin sí eilimint faoi leith, ‘bí ag caint ar fhrith-bhuaic!’⁹²¹ Maidir lena comh-mholtóir, Gearóid Denvir, thug sé an léargas seo:

Scéal dea-scríofa faoi ábhar nach gcastar rómhinic linn i ndomhan na Gaeilge – más fíor! Ní mé céard a déarfadh Peig agus a lucht leanúna? Tá an scéal curtha le chéile go maith, na mionradharcanna an-éifeachtach. ... Tá amhras orm faoin gcríoch chomh maith.⁹²²

Tá tuairiscí na moltóirí seo spéisiúil, áfach. Cé go raibh lochtanna áirithe le fáil acu ar an scéal ‘Fear Macánta’, níor lochtaigh siad iarrachtaí Phádraic Bhreathnaigh briseadh amach óna dhúchas scéalaíochta ó thaobh ábhair nó ó thaobh teanga de. Ag léamh idir na línte, lochtann Ní Fhoghlú an iarracht de bharr nach ndeachaigh Breathnach fada go leor, agus maidir le Denvir, tá níos mó ná rian na tarcaisne sa mhéid a dúirt sé thuas faoi Pheig is a comrádaithe. Ag fáiltiú roimh ‘dhánaíocht’ nua sa Ghaeilge a bhí an bheirt mholtóirí seo, gur de ghlúin nua criticeoirí agus léirmheastóirí Gaeilge iad a bhí i dtiúin le hidirchultúrchas Ghaeilge na linne.

Tá iontrálacha iomlána na gcomórtas liteartha ar fáil don bhliain 1993, agus tá iarrachtaí Phádraic Bhreathnaigh i measc na ngearrscéalta a cuireadh faoi bhráid na moltóirí. Bhí géariomaíocht ann don chomórtas gearrscéalaíochta sa bhliain 1993, bliain ar cuireadh cúig iarracht is tríocha isteach. Bhí trí scéal ag Pádraic Breathnach

⁹²¹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Siobhán Ní Fhoghlú, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1992, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹²² Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Gearóid Denvir, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1992, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

ina measc, mar a bhí, ‘Malheur’, ‘Lobelia’ agus ‘Pincín’ ar foilsíodh iad sa chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile* sa bhliain 1996. Ba iad Eoghan Ó hAnluain agus Nollaig Mac Congáil moltóirí an chomórtais ghearrscéalta an bhliain úd. Cé nár bronnadh duais ar aon cheann de na scéalta seo, tugadh aitheantas agus moladh faoi leith dóibh. Moladh dea-scríbhneoireacht agus dea-cheardaíocht sa scéal ‘An Pincín’, agus a oiriúnaí is a bhí an teanga agus an léiriú don ábhar. Moladh chomh maith gur scríobh Pádraic Breathnach faoi shaol a raibh taithí aige air, agus an bá a raibh sé in ann a chruthú dá bharr.⁹²³ Faoi scéal ‘Maleur’, moladh cur i láthair an scéil agus ‘fuinneamh agus úire neamhchoitianta san insint’. Dúradh gur léir ‘go bhfuil an scéal seo scríofa ag duine a bhfuil tuiscint aige d’ealaín agus do mheicníocht an ghearrscéil.’ Scéal atá ann faoi chailín sna déaga atá ag beartú féinmharaíthe de bharr síorachrainn ina saol, dar léi. Cuireadh in iúl gur pléadh go cáiréiseach, mothálach le hábhar íogair, mar atá ‘pianpháis an déagóra agus na míthuiscintí a tharlaíonn dá mbuíochas idir máthair agus iníon.’ Moladh an Breathnach, chomh maith as ucht a mhisnigh tabhairt faoi ‘scéal dúshlánach, cróga agus ceann nach bhfuil taobh amuigh dar réimse tagartha / eolais ...’⁹²⁴ Scéal de chineál eile ar fad is ea ‘Lobelia’, gur scéal taitneamhach, seoigh é faoi éagsúlachtaí idir ghasúir, duine díobh ón tuath agus ábhairín níos sine ná an gearrchaile galánta cathrach agus í den tuairim go bhfuil gach aon ní ar eolas aici faoi chúrsaí timpeallachta agus nádúir. Dar ndóigh, aon eolas a bheadh ag cailín dá sort, bheadh sé foghlamtha ó leabhair aici, murab ionann agus feasacht dhúchasach na tuaithe, mar a bheadh sealbhaithe thar thréimhse saoil ag an mbuachaill, dar leis-sean. Moladh an stiúir atá ag Breathnach ar an insint sa scéal seo. Moladh an t-údar as ucht an chomhrá idir an bheirt charachtar seo, agus as ucht an léirithe a chuirtear ar fáil ar

⁹²³ Tuairiscí na moltóirí Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain agus Nollaig Mac Congáil, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1415/4 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁹²⁴ Tuairiscí na moltóirí Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain agus Nollaig Mac Congáil, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1415/4 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

aigheolaíocht an bhuachalla. Mar chríoch, dúirt Nollaig Mac Congáil, ‘Tá an-chúram déanta ag an údar anseo de riail an riachtanais i gcás an úrscéil [*sic*].’⁹²⁵ Ní chuirtear aon fhocal amú. Is scéal iontach snasta curtha inár láthair anseo.’⁹²⁶

Dhá scéal a chuir Pádraic Breathnach faoi bhráid an Oireachtais sa bhliain 1994, mar a bhí ‘Triptic’ agus ‘Ar Cuairt’. Foilsíodh an dá scéal sin in *An Pincín agus Scéalta Eile*. Ba iad Cathal Ó Háinle agus Caoilfhionn Nic Pháidín moltóirí na bliana sin. Scéal nua-aoiseach is ea ‘Triptic’ a bhfuil leagan amach neamhchosúil le gnáthstíl an Bhreathnaigh air. In ainneoin gur mhol Cathal Ó Háinle cumas scríbhneoireachta an údair, ba é a bharúil nár éirigh leis an iarracht. D’áitigh sé:

Tá diamhracht éigin ag baint leis an tslí a bhfuil an scéal curtha i láthair. Baineann sé sin go háirithe leis an ionramháil a dhéantar ar ord an ama sna trí chuid den scéal, feictear dom. Is é an toradh, dar liom, go bhfágtar an iomarca d’ábhar an scéil faoi shamhlaíocht an léitheora agus go dteipeann ar an scéal dul i gcionn le héifeacht. Tá friotal cumasach éasca ar a t(h)oil ag an údar.⁹²⁷

Léiríonn a chomh-mholtóir, Caoilfhionn Nic Pháidín, an tuairim chéanna i leith chumas scríbhneoireachta an údair, go háirithe ó thaobh sholáthar friotal nua, oiriúnach de, agus tá siad ar aon tuairim chomh maith maidir le haontacht thús agus dheireadh an scéil. Mhol Nic Pháidín ‘stíl bhearrtha, bheo san iarracht seo agus friotal gonta nua-aimseartha’,⁹²⁸ fiú amháin an béarlagair a bhí le feiceáil sa scéal.

⁹²⁵ Is cosúil gur dearmad atá san fhocal ‘úrscéal’ anseo agus gur ‘gearrscéal’ a bhí i gceist aige.

⁹²⁶ Tuairiscí na moltóirí Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain agus Nollaig Mac Congáil, ar fáil i lámhscríbhinn MSG 1415/4 – Páipéir Oireachtas na Gaeilge i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

⁹²⁷ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Cathal Ó Háinle, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1994, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹²⁸ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Caoilfhionn Nic Pháidín, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1994, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

Faoin scéal ‘Ar Cuairt’, bhí na moltóirí ar aon intinn maidir le cumas an scríbhneora féin. Luadh go sonrath arís a chumas Gaeilge nádúrtha, líofa a sholáthar, ach fuarthas laige sa scéal ó thaobh ábhair de agus ó thaobh éadoimhneacht na carachtachta de. Feictear arís i dtuairiscí na bliana seo gur aithin duine de na moltóirí, Cathal Ó Háinle, gurb é an scríbhneoir céanna a scríobh an dá scéal ‘Triptic’ agus ‘Ar Cuairt’ de bharr na stíle scríbhneoireachta atá iontu.⁹²⁹

Maidir le hiontrálacha Oireachtas na bliana 1995, is dócha nár chuir Pádraic Breathnach isteach ar aon chomórtas an bhliain sin. An bhliain dar gcionn, áfach, chuir sé an t-úrscéal *As na Cúlacha* isteach ar Chomórtas 1, mar aon leis an gnuasach gearrscéalta *An Pincín agus Scéalta Eile* mar iontráil ar Chomórtas 2, agus na scéalta ‘Otharchara’, a foilsíodh in *Ingne Dearga Dheaideo* agus ‘An Fear É Féin’, a foilsíodh in *An Pincín agus Scéalta Eile*, mar iontrálacha ar Chomórtas 3. Don chnuasach *An Pincín agus Scéalta Eile*, fuair Pádraic Breathnach ardmholadh ó na moltóirí Caoilfhionn Nic Pháidín agus Eoghan Ó hAnluain. Seo thíos sliocht as a raibh le rá ag Caoilfhionn Nic Pháidín faoin gnuasach céanna:

Údar cumasach é seo a chuireann spéis in achrainntí na haigne – tá léiriú sa chnuasach seo ar mhothúcháin dhiúltacha – ar amhras, ar easpa féinmhuíne, ar an éadóchas agus ar an bhféincheistiúchán sin nach réitíonn aon rud sa deireadh san intinn suaite. Daoine neamhshuaimhneacha is mó atá anseo, iad in amhréidh lena n-intinn féin, ina gcaidreamh pearsanta agus go minic – gan iad róshásta go mothálach leis an saol atá caite acu go dtí sin. Má tá locht ar

⁹²⁹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Cathal Ó Háinle, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1994, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

an gcnuasach agus ar an raon leathan carachtar a léirítear ann is é an dáiríreacht, an easpa grinn agus an tromchúis lena gcuireann na carachtair iad féin in iúl... Ní thugtar aon léiriú ar na carachtair sin mar a fheictear don saol iad, ach faoi mar a bheidís féin ag iarraidh brí nó tábhacht éigin a aimsiú mar shnáithín leanúnachais ina saol...

Tá ceird na gearrscéalaíochta go hoilte ag an údar, friotal nádúrtha agus acmhainn bhreá teanga.⁹³⁰

Léirigh Eoghan Ó hAnluain an dearcadh céanna i leith an chnuasaigh:

Cnuasach fíorthaitneamhach scéalta agus scéilíní – tá úire braistinte, súil agus cluas ghéar iontu seo d’imeachtaí coitianta, teanga a dhiongbhála ag an údar agus dánaíocht bhreá tharraingteach sa chur chuige.⁹³¹

Maidir leis an dá scéal ‘Otharchara’ agus ‘An Fear É Féin’, moladh an stíl scríbhneoireachta agus scoth na Gaeilge a bhí le fáil iontu, ach caitheadh amhras ar ábhar an chéid scéal, ach go háirithe. Ba iad Pádraigín Riggs agus Pól Ó Muirí moltóirí an chomórtais sin. ‘Scéal aisteach, diamhrach’ a thug Pól Ó Muirí ar an scéal ‘Otharchara’. Mhol sé stíl an scríbhneora leis, a rá go bhfuil ‘stíl an-nádúrtha scríbhneoireachta ag an údar agus bogann sé leis ó charachtar go carachtar le húdarás cinnte, deimhneach.’⁹³² Scéal faoi shagart binibeach, searbhasach is ea ‘An Fear É Féin’. Léiríonn an scéal seo nach bhfuil leisce ar Phádraic Breathnach tabhairt faoin taobh dorcha, gránna de charachtair an duine dhaonna. I dtaca leis an scéal sin, d’áitigh

⁹³⁰ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Caoilfhionn Nic Pháidín, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1996, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹³¹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Eoghan Ó hAnluain, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1996, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹³² Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pól Ó Muirí, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1996, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

Pádraigín Riggs gur ‘léiriú spéisiúil ar ghné an-mhíthaitneamhach den duine. Scéal duairc.’⁹³³ Dúirt Pól Ó Muirí faoi, ‘Tá caighdeán ard scríbhneoireachta le sonrú san inse agus tá an chríoch thar a bheith éifeachtach. Seachnaíonn an t-údar an éacht mhór agus, dá bharr sin, is amhlaidh is géire an teachtaireacht.’⁹³⁴

An chéad bhliain eile a bhfuil iontráil ann ó Phádraic Breathnach is ea bliain na mílaoise. An scéal ‘An Gabháltas’, a foilsíodh sa chnuasach *Ingne Dearga Dheaideo*, ab ea iontráil na bliana sin uaidh. Moladh an cumas scríbhneoireachta, go háirithe an Ghaeilge ann, ach fuarthas locht air mar scéal. Seo thíos tuairisc Phádraigín Riggs ar ‘An Gabháltas’:

Scéal dea-scríofa, so-léite; Gaeilge nádúrtha, inchreidte; braitear rud éigin a bheith in easnamh ag deireadh an scéil, áfach; cuirtear ceisteanna, ach ní hamháin ná tugtar freagraí ar na ceisteanna, ní léir cad chuige na ceisteanna. Stiúr eile ar fad a bhí faoin scéal go dtí an pointe sin.⁹³⁵

Dhá bhliain ina dhiaidh sin, sa bhliain 2002, tháinig scéal eile ó pheann an Bhreathnaigh faoi bhráid an Oireachtais, mar a bhí ‘Ardcheannfort’ a foilsíodh ina chnuasach deireanach gearrscéalta *Ingne Dearga Dheaideo*. Pádraigín Riggs agus Breandán Ó Conaire a bhí mar mholtóirí chomórtas Dhuais an Mhaolánaigh an bhliain sin. Cuireadh an scéal faoi bhráid an chomórtais chéanna an bhliain dar gcionn, rud nach ndearna an Breathnach le haon scéal eile roimhe sin. Bhí na moltóirí ar aon intinn maidir le cumas an scríbhneora, an bheirt acu ag leagan béime ar an stíl inste, ach go

⁹³³ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pádraigín Riggs, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1996, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹³⁴ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pól Ó Muirí, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 1996, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹³⁵ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pádraigín Riggs, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 2000, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

háirithe. Seo thíos sliocht as tuairiscí na beirte, an chéad tuairisc ó Phádraigín Riggs agus an dara ceann ó Bhreandán Ó Conaire:

Insint chumasach, stiúir láidir ar an reacaireacht...⁹³⁶

Téagar, cruinneas is saibhreas sa chaint agus i bhfriotal na hinste. Fócas agus struchtúr láidir faoin reacaireacht.

Pictiúr cumasach d'aighe an phríomhcharachtair a nochtann go leor dá cháilíochtaí féin, de cháilíochtaí a shaoil láithrigh agus é ar phinsean anois.⁹³⁷

An bhliain dar gcionn, 2003, chuir Pádraic Breathnach an cnuasach *Ingne Dearga Dheaideo* isteach ar chomórtas A6, do chnuasaigh ghearrscéalta, faoin ainm cleite cruthaitheach 'Sorcha Shalach Uí Mharcacháin'. Thug sé leis an chéad duais sa chomórtas, a ndearna Ciarán Ó Coigligh agus Diarmaid Ó Doibhlin moltóireacht air. Seo thíos sliocht as tuairiscí na beirte sin, faoi seach, ina léiríonn na moltóirí príomhfhábhtanna agus príomhbhuanna an chnuasaigh, dar leo:

Tá stíl chinnte sho-aitheanta ag an údar seo. Is díol molta é as a leithéid a shaothrú chomh tréan. Is é dúshlán an údair a bhfuil sainstíl aige a chinntiú go mbeidh téagar intleachtúil nó mothúchánach sna píosaí a chumas sé. Sin rud nach furasta a dhéanamh agus ní i gcónaí a d'éirigh leis an téagar sin a sholáthar sa tacar scéalta seo. Is é an chaoi a gceapfadh an léitheoir gur thráigh an ionspioráid nó gur thuirigh an t-údar den scéal agus gur deireadh tobann, míshásúil nó deireadh ciotach a soláthraíodh i gcás roinnt scéalta. Cruthaíonn an scríbhneoir domhan sochreidte (so-aitheanta) sna scéalta tíre, go háirithe

⁹³⁶ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Pádraigín Riggs, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 2002, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹³⁷ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Breandán Ó Conaire, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 2000, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

agus pléann go hacmhainneach le gnéithe de shaol meánaicmeach uirbeach na linne seo.⁹³⁸

Sárchnuasach gearrscéalta é seo agus tá moladh mór ag dul don scríbhneoir, is scríbhneoir nua-aimseartha den chéad scoth é seo, buanna móra samhlaíochta ... aige, agus tá an cur i láthair slachtmhar, proifisiúnta. Tá, de bharr sin, beogacht agus fuinneamh ar leith ag baint leis an gcnuasach ó thús go deireadh. Seo muid, dáiríre, i gcroílár litríocht fhreacnaireach na haimsire seo...

Is ábhar dóchais é an cnuasach seo agus is léiriú iontach é ar an fhorbairt a tháinig ar litríocht na Gaeilge ó bhí aimsir an Phiarsaigh ann. Fáilteoidh léitheoirí i gcoitinne, dar liom, roimh an chnuasach áirithe seo, nó is saothar proifisiúnta [críochnúil?] é seo.⁹³⁹

Tá sé spéisiúil gur luadh an Piarsach thuas. D'fhéadfaí a áiteamh gur oidhre liteartha neamhspleách de chuid an Phiarsaigh é Pádraic Breathnach. Ghlac sé le teachtaireacht an Phiarsaigh a bheith nuálach, misniúil lena ealaín agus shaothraigh sé go cíocrach, díograiseach chuige sin, ag cur suas le cáineadh agus ag tabhairt moltaí san áireamh ar an mbealach dó. É sin ráite, domhan nach n-aithneodh an Piarsach ab ea domhan freacnaireach an Bhreathnaigh agus scríobh sé don agus faoin saol sin. Agus é ag tabhairt aitheantais dá oidhreacht scéalaíochta is eile, brúnn Pádraic Breathnach an ealaín sin chun cinn ar bhealach go mbeadh an Piarsach bródúil as.

⁹³⁸ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Ciarán Ó Coigligh, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 2003, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹³⁹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Diarmaid Ó Doibhlin, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 2003, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

Anuas ar iontráil sin an chnuasaigh *Ingne Dearga Dheaideo*, an bhliain chéanna, chuir Pádraic Breathnach ceithre scéal faoi bhráid chomórtas Dhuais an Mhaolánaigh, mar a bhí ‘Anam Mná’, ‘Ardcheannfort’, ‘Scéal Thaidhg’ agus ‘Iníon’, ar foilsíodh iad ar fad sa chnuasach *Ingne Dearga Dheaideo*. Ba é Mícheál Ó Conghaile moltóir an chomórtais. Cé go bhfaigheann sé lochtanna áirithe ar chuid de na scéalta, is é an mhórtuairim a léiríonn sé ná gur scríbhneoireacht den scoth atá le fáil iontu. Breathnófar i dtosach ar an scéal ‘Anam Mná’:

Tá bua na scríbhneoireachta ag an údar seo. Tá stíl dheas anseo aige, cur síos álainn srl. Ach tá mar a bheadh dhá leath sa scéal seo. Dá fheabhas an scríbhneoireacht sa chéad leath is beag a tharlaíonn. Is tar éis dom a fháil amach gur meiningiteas a bhí i gceist a léigh mé an chuid eile den scéal le fosc.⁹⁴⁰

Is í an tuairim chéanna a léiríonn sé i leith na fadálachta maidir leis an scéal ‘Ardcheannfort’, cé go molann sé cumas scríbhneoireachta an údair i gcoitinne. Molann sé an scéal ‘Scéal Thaidhg’ as ucht an léiriú ar chás agus ar intinn an andúiligh. Is léir gur aithin Ó Conghaile údar an scéil ‘Iníon’ ón stíl a chonaic sé sna trí hiarracht roimhe sin. An fhadálacht agus cailliúint an teannais dá bharr ab ea an locht a fuair Mícheál Ó Conghaile ar an iarracht seo chomh maith.

Féach a bhfuil ráite cheana agam leis an údar seo.

Scéal maith eile é seo faoi chúrsaí teaghlaigh agus inní athar dá iníon. Sílim go gcailltear an teannas in áiteanna, áfach, agus go bhféadfaí an scéal a fhaisceadh le chéile tuilleadh.⁹⁴¹

⁹⁴⁰ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Mícheál Ó Conghaile, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 2003, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

⁹⁴¹ Tuairisc an mholtóra Oireachtais, Mícheál Ó Conghaile, ar fáil i lámhscríbhinní Oireachtais na Gaeilge 2003, Oifig Oireachtas na Gaeilge, Casla, Co. na Gaillimhe.

Gné eile de na comórtais liteartha Oireachtais ar fiú breathnú air is ea na hainmneacha cleite a roghnaigh Pádraic Breathnach le linn an phlé fhada a bhí is atá aige leis na comórtais chéanna. Ceatadán mór de na hainmneacha cleite a roghnaigh sé, is ainmneacha ainmhithe iad, ainmneacha éan ach go háirithe. Tagann sé seo go mór le réimse sainspéise an Bhreathnaigh agus le ceann de na hábhair a bhfillleann sé air go mion-minic ina chuid scéalta. Maidir le beagnach seasca iontráil, idir úrscéalta, ghearrscéalta agus chnuasaigh ghearrscéalta, a chuir sé faoi bhráid Oireachtas na Gaeilge idir an tréimhse 1969 agus 2003, baineann ainmneacha cleite os cionn 50% díobh le hainmneacha ainmhithe agus éan. Is éagsúil iad na hainmneacha sin a roghnaigh sé. Ní thagann an t-ainm cleite céanna chun cinn ach i gcás eisceachtúil amháin, mar atá ‘Eala’, ar bhain sé úsáid as faoi dhó: uair amháin leis an iontráil ‘Léamh Filíochta’ sa bhliain 1970 agus arís an bhliain dár gcionn leis an iontráil ‘Don Aifreann’. Taobh amuigh de sin is an-éagsúil na hainmneacha éan a d’úsáid sé i rith na tréimhse sin idir ainmneacha éan atá thar a bheith coitianta in Éirinn, mar a bheadh ‘Eala’, ‘Preácháin’, ‘Faoileán’ agus ‘Fáinleog’ agus ainmneacha éan níos neamhchoitianta, mar a bheadh ‘Corr Ghlas’ nó ‘Glaisneach’ mar shampla. Tugtar omós, fiú amháin, do dhuine de mhórscribhneoirí na hAthbheochana, Pádraig Mac Piarais, le hiontráil amháin a tháinig faoi bhráid an Oireachtais ó ‘Eoghainín na nÉan’.

D’fhéadfaí comparáid le déanamh idir pearsantacht cuid de na héin a roghnaíonn sé mar ainm cleite an chomórtais Oireachtais agus príomhcharachtar an scéil sin. Is é ‘Traonach’ an t-ainm cleite a roghnaíodh nuair a iontráladh an scéal ‘Maol Mór’ (BP). Éan cúthail, indírithe is ea an traonach. Tagann an cur síos sin go baileach le carachtar an scéil, gur duine ciúin, cúthail é, ach duine searbh míshásta, leis. Ní go rómhaith atá

éirithe leis slí bheatha fhiúntach a dhéanamh dó féin, in ainneoin na céime innealtóireachta atá bainte amach aige. Feiceann sé a chomhghleacaithe óga agus iadsan nach bhfuil chomh hinniúil leis ag treabhadh chun cinn de bharr na gcaidreamh a chruthaíonn siad leis ‘na boic mhóra’, rud a bhfuil cliste air a dhéanamh. Mar sin, in aois a dhá scór dó, tá sé fágtha ar an trá fholamh. Is é an dála céanna leis an ainm cleite ‘Eala’ a roghnaigh an Breathnach don dá scéal ‘Léamh Filíochta’ (BA) agus ‘Don Aifreann’ (BA). Gnáthíomhá na heala is ea go mbíonn cuma shocair uirthi ar an gcuid uachtarach di ach is scéal eile é faoin uisce aici, áit a saothraíonn a cosa go dian chun í a choinneáil sa tsiúl, díreach cosúil le príomhcharachtair an dá scéal seo. Tá an méid sin ar siúl acu go himheánach cé go bhfuil cuma shocair orthu ón taobh amuigh. Nochtar aigneolaíocht na gcarachtar sin don léitheoir sna scéalta seo mar a nochtann ceamara fo-uisce saothrú chosa na heala. ‘Faoileán’ an t-ainm cleite a roghnaigh Pádraic Breathnach d’iontráil an scéil ‘Mórdháil’ (BP), scéal magúil faoi chomhdháil acadúil a insítear trí ghuth bhean ollaimh is ea é. Deirtear faoi na faoileáin gur scroblachóirí iad is go gcónaíonn siad i gcoilíneachtaí glóracha, torannacha, agus is cinnte go bhfuil comparáid le déanamh idir sin agus an íomhá den chomhdháil anordúil a chruthaíonn Breathnach sa scéal seo. Don scéal ‘An Chuach’ (ÍS) roghnaigh Pádraic Breathnach an t-ainm cleite ‘Seabhac’. Tá cáil ar an seabhac mar chreachadóir foréigeanach agus mar fhiagaí cumhachtach. Is féidir na cáilíochtaí céanna a lua le príomhcharactar ‘An Chuach’.

Is léir trína bhfuil sonraithe thuas agam gur ardán tábhachtach é Oireachtas na Gaeilge agus a chuid comórtas liteartha do Phádraic Breathnach. Cé gur chuir sé níos mó iontrálacha faoi bhráid an Oireachtais i dtosach a thréimhse scríbhneoireachta agus foilsitheoireachta, níor éirigh sé riamh as saothar dá chuid a chur isteach ar chomórtais

an Oireachtais. Cé go mbaineann sé le tréimhse scríbhneoireachta taobh amuigh de thréimhse iniúchta an tráchtais seo, chomh déanach le 2014 bhuaigh Pádraic Breathnach an chéad duais i gComórtas an Mhaolánaigh don ghearrscéal ‘Seiftiúil’. Foilsíodh an gearrscéal sin sa cnuasach *Rogha Scéalta* arna chur in eagar ag Brian Ó Conchubhair.⁹⁴²

⁹⁴² Pádraic Breathnach, *Pádraic Breathnach: Rogha Scéalta*. Roghnaithe ag Brian Ó Conchubhair. (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2014).

Aguisín 3: Agallamh le Pádraic Breathnach

Tras-scríbhneoireacht atá thíos ar agallamh a rinne Pádraic Breathnach liomsa, Laoise Ní Cheallaigh, ar an 26^ú Meitheamh, 2016 i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Réitíodh ceisteanna an agallaimh roimh ré agus d'aontaigh Breathnach go raibh sé sásta tabhairt fúthu i bhfoirm agallaimh. Rinneadh an cinneadh eagarthóireacht áirithe a dhéanamh ar thras-scríbhneoireacht an agallaimh thíos ar mhaithe le soiléireacht agus soléiteacht, agus sa tslí sin baineadh amach nathanna fánacha cainte ar nós, ‘bhfuil’ fhios agat’ agus ‘tá’s agat’ srl sna háiteanna nár chuir siad leis an gcomhrá. Tá an t-agallamh ar fáil ina iomláine sa chomhad fuaimne atá iniata ar dhlúthdhiosca ag deireadh an tráchtais. Córas ‘*intelligent verbatim*’ atá curtha i bhfeidhm tríd síos.

Laoise: Caithfidh go raibh an-tionchar ag do thaithí luath-scolaíochta ort gur roghnaigh tú an turas fada laethúil a dhéanamh go cathair na Gaillimhe i ndiaidh na bunscolaíochta don mheánscoil. Ar mhiste leat a insint dom mar gheall ar an mbunscolaíocht sin?

Pádraic: Bhuel, bhí mé i mbunscoil Mhaigh Chuilinn. Tá ceithre bhunscoil i Maigh Chuilinn i gcónaí ach bhí cúig cinn ann nuair a bhí mise ansin ach chuaigh mise go dtí Scoil Mhuire Mhaigh Chuilinn, tá sé sa sráidbhaile fhéin agus níor thaitnigh sí ar chor ar bith liom. Níor thaitnigh mar bhí na múinteoirí an-ghéar! Tá a fhios agam go bhfuil sé cineál nádúrtha anois bheith ag caint ar dhaoine bheith géar, níor thaitnigh an bhunscoil liom ar chor ar bith ach bhí cuid de [a thaitin liom]. Tá mé ag ceapadh na múinteoirí a bhíonn ann go ndéanann siad a ndícheall ach, múinteoir amháin ann bhí

an-drochsmacht aige, ba duine an-lách a bhí ann ach amháin nach raibh aon smacht aige agus dá bhrí sin, d'imir na gasúir an diabhal air, ní mise go díreach, mar bhí mise ciúin, cúthail, ach bhí daoine eile agus agus ní raibh smacht ar bith aige agus ní raibh foghlaim ar bith ar siúl, dháiríre, *so* ní dheachaigh mo bhunscolaíocht i gcion orm ar chor ar bith ar an gcaoi sin agus bhí go leor troideannaí idir na gasúir ag an am sin freisin ach ní bhíodh mórán daoine a dhul go dtí an mheánscoil ar chor ar bith. Ní dheachaigh an bhunscoil i bhfeidhm ormsa ar chor ar bith. Bhí deartháireachaí agam anois níos sine ná mé agus shíl siad go raibh an scoil an-mhaith ach shíl mise go raibh sí an-dona.

Laoise: Ach rinne tú an cinneadh fós leanúint ar aghaidh go dtí an mheánscoil agus chuaigh tú ar aghaidh go cathair na Gaillimhe ar do rothar, mar atá ráite agat cheana féin. Is mór an rud é sin.

Pádraic: Bhuel, ní mise a rinne an cinneadh, dháiríre, ach mo mhuintir. Ní raibh an dara rogha agam ar bhealach, mar bhí a fhios ag mo mhuintir go gcaithfí oideachas a chur orainn nó sin nó imirce agus níor theastaigh ó mo Dheaide nó ó mo Mhama go mbeadh muid a dhul ar imirce *so* chuaigh muid ar fad go dtí [an mheánscoil], cé is moite de dhuine amháin, is dóigh liom, a chuir a chois i dtaca agus d'fhan sé sa mbaile ar feadh píosa. Ní dheachaigh seisean go dtí an mheánscoil ach chuaigh an chuid eile mar bhí muid sách gar go Gaillimh agus bhí sé éasca a dhul isteach ar rothar. Murach sin, ní móide go mbeadh meánscolaíocht nó ollscolaíocht faighte againn ar chor ar bith ach bhí muid in ann a dhul isteach agus amach ag an am sin. Níor mheas muid go raibh sé crua ná tada.

Laoise: Is dócha go gceapfadh an-chuid daoine go bhfuil sé crua anois.

Pádraic: Bhuel dá mbeidís ag déanamh an cineál ruda a bhí muide a dhéanamh, is ea, shílfidís, ach tá busannaí anois ann, ach *no*, ní raibh. Níl mé ag iarraidh bheith a rá go raibh cruatan agus bochtannas ag gabháil leis. Bhain sé leis an saol agus chuir tú suas leis agus níor chuir tú isteach... Ní raibh aon eolas agat ar aon rud eile ar aon nós.

Laoise: Agus an raibh slua agaibh i mbun an ruda chéanna?

Pádraic: Ní raibh slua, bhí cúpla duine. Bhuel, bhí deartháirtheachaí agus deirfiúracha agam fhéin a' dhul ar an meánscoil agus ar an ollscoil le linn domsa bheith ansin. Bhí clann mhór againne ann agus bhí cuid againn imithe romham, mar a déarfá, agus bhí cuid a tháinig i mo dhiaidh idir chailíní agus bhuachaillí, ach ní raibh mórán daoine as an gceantar a dhul isteach, bhí corrdhuine, cúpla duine, ní mórán ar chor ar bith ach bhíodh muid le chéile tríd is tríd, is dóigh, ní bhíodh muid i gcónaí le chéile ná tada mar sin ach, bheadh cairde agat, cairde ar leith agus bheifeá thart leo sin don chuid is mó ...

Laoise: An raibh deiseanna iarbhunscoile agaibh seachas dul isteach go cathair na Gaillimhe?

Pádraic: Ní raibh. D'fhéadfá dhul go dtí an *tech* mar a ghlaoidís air nó go dtí an mheánscoil, bhí roinnt daoine a dhul go dtí an *tech*, sin í an ghairmscoil, ach dháiríre píre, bhí i bhfad níos mó measa ar an meánscoil ná mar a bhí ar an *tech* ag an am sin. Measadh go mba daoine nach raibh mórán uailmhéine ag gabháil leo a bhí a dhul go dtí an *tech*, nó daoine nach bhfanfadh i bhfad ar aon nós, nó daoine a gheobhadh, b'fhéidir, ceird ar ball. Bhí Coláiste Muire i nGaillimh agus bhí Coláiste Sheosaimh agus bhí Coláiste Iognáid [ann]. Beirt deartháirtheachaí liomsa, Seán agus Séamus, chuaigh siad go dtí Coláiste Sheosaimh, an *Bish* a thugtar air, chuaigh mise go dtí

Coláiste Muire mar go raibh súil agam bheith i mo shagart agus go raibh orthu Gréigis a fhoghlaim *so* agus chuaigh an chuid eile ansin, Tadhg agus Máirtín, deartháirtheachaí liom, go dtí Coláiste Muire i mo dhiaidh. Sin é. Ní fhéadfá dhul ag aon áit eile. Ag an am sin is dóigh go raibh, b'fhéidir, meánscoil sa Spidéal. Níl a fhios agam an raibh nó nach raibh, is dóigh go raibh, ach bheadh an Spidéal níos achrannaí mar, ní bheadh sé níos faide, ach tá cnoc a dhul suas, ó Mhaigh Chuilinn go dtí an Spidéal. Tá sé i bhfad níos achrannaí, agus ar aon nós, bhí tarraingt ag Gaillimh ar dhaoine. Ní raibh tarraingt ag an Spidéal ar dhaoine ach amháin ar chúiseanna eile níos faide anonn, mar a déarfá.

Laoise: An raibh mórán Gaeilge i Maigh Chuilinn le linn d'óige ann?

Pádraic: Bhuel, Béarla is mó a bhíodh á labhairt le cloisteáil, ach bhí Gaeilge ag an seandream agus labhraídís Gaeilge lena chéile, cuid acu, agus cuid acu ní labhraídís. ... Bhí Gaeilge againne sa mbaile *alright*, Gaeilge agus Béarla. Deirim i gcónaí nach raibh Gaeilge ná Béarla againn, dháiríre, mar fiú amháin mo Dheaide, níor labhair sé Gaeilge. Bhí sé in ann í a thuiscint, ach bhí mo mháthair ansin, bhí sí in ann í a labhairt réasúnta maith. Bíonn daoine ag ceapadh, deartháir liom féin fiú amháin, Seán, bíonn sé ar buile liomsa, bíonn sé ag rá go raibh Gaeilge i bhfad níos fearr ag mo Mhama ná mar a bhímse ag rá agus is dóigh, ag smaoineamh siar air go raibh sí níos fearr ná mar atá ráite agamsa b'fhéidir sa leabhar sin, *Maigh Chuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, mar ag smaoineamh ar chara mór aici, níor labhair sí théis Bhí sí ag labhairt Gaeilge le go mbeadh airgead Gaeilge le fáil air. Bhí an rud céanna ar siúl in an-chuid tithe i Maigh Chuilinn ag an am sin, *so* bheadh Gaeilge á labhairt in an-chuid tithe i Maigh Chuilinn le mo linnse ach ní bheadh muid ag labhairt Gaeilge lena chéile *so* is Béarla a chloistíodh thart agus daoine a thioctadh isteach ag an gceantar, b'fhéidir a'

ceapadh nach raibh Gaeilge ar bith i Maigh Chuilinn, dháiríre. Ach tá a fhios agam anois ag smaoineamh siar go raibh Gaeilge réasúnta láidir i Maigh Chuilinn, níos láidre is dóigh liom ná mar atá tugtha le fios agamsa in *Maigh Chuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*. Tá Gaeilge láidir i Maigh Chuilinn i gcónaí ach caithfidh tú a dhul sa tóir uirthi. Bhí go leor rudaí. Eagraíodh comórtas peile na Gaeltachta sin le gairid agus bhí neart daoine in ann an Ghaeilge a labhairt ar raidió agus ní daoine iad a chuaigh le hoideachas ná tada mar sin. Léigh mise cúpla babhta ó mo chuid scríbhinní i Maigh Chuilinn agus bhí daoine ansin agus Gaeilge bhreá ar fad acu ... ach bhí an Béarla i bhfad níos láidre. Ach mar atá ráite agamsa go minic, Béarla an-ghaelach a bhí san áit agus nuair a théinn isteach go Gaillimh ag labhairt Béarla bheadh daoine ag ceapadh gur Gaeilge a bhí mé a labhairt agus thiar i gConamara ansin, shílfidís go raibh Béarla ar siúl agam go minic mar go mbídís ag ceapadh go raibh go leor Béarla tríd mo chuid Gaeilge. Bhí an dá theanga an-mheasctha agus dháiríre píre, taobh amuigh de Mhaigh Chuilinn agus Uachtar Ard ní raibh aon duine in ann muid a thuiscint ar chor ar bith, i nGaeilge nó i mBéarla!

Laoise: Bhuel, ní dóigh liom é sin ach bhí meascán den dá theanga is dócha, i gceist?

Pádraic: Bhuel, bhí, an bhfuil a fhios agat, bhí an teanga ag aistriú ón nGaeilge, is bhí an Béarla [againn] agus dá bhrí sin, mar a dúirt mé, Béarla an-ghaelach a bhíodh á labhairt ag daoine agus níor thuigeadar. Struchtúr na Gaeilge mórán ar fad a bhí sa mBéarla. D'fhéadfainnse roinnt abairtí a lua leatsa anois agus tá siad scríofa agam in áit agus ... ní thuigeann aon duine iad dháiríre anois agus bíonn [daoine áirithe i Maigh Cuilinn] ag ceapadh nach raibh siad ag caint mar sin ariamh ach bhí, agus ar fud na tíre ar aon nós bhí Béarla an-ghaelach ag daoine agus an-chuid focla Gaeilge [acu] ach níor thuig daoine go mba focla Gaeilge iad, shíleadar gur Béarla a bhí iontu. Ar an

ábhar sin tá mé ag rá gur Béarla ba láidre i bhfad a bhí i Maigh Chuilinn le mo linnse mar gurb í a chloisfeá bíodh is go bhféadfadh daoine casadh ar an nGaeilge ach ní rabhadar sásta. Tá aigne i leith na Gaeilge athraithe go mór anois. Tá sí i bhfad níos dearfaí. An t-am sin, bhí daoine ag iarraidh ligean orthu nach raibh Gaeilge acu fiú amháin. Tá sé dochreidte nuair a cheapann tú seo anois ach bhí agus ní bheidís sásta bheith ag labhairt Gaeilge leat. Bheidís ag ceapadh gur a dhul siar, a dhul ar gcúl, a bhí ansin. Scéal an-achrannach ar fad atá i scéal na dteangachaí i Maigh Chuilinn. Tugadh tráchtas domsa ag R.A. Breathnach, tá sé seo ráite agam san réamhrá atá agam le *Maigh Chuilinn a Táisc is a Tuairisc*. Is mar thráchtas dochtúireachta a tugadh é sin dom sa chéad uair ach ní raibh aon spéis agam sa dochtúireacht dháiríre bhí spéis agam sa scríbhneoireacht chruthaitheach ... agus chuir an tOllamh an-spéis sa scéal a bhí agamsa agus bhí sé ag ceapadh go raibh ábhar ansin, pé brí é!

Laoise: An gceapann tú gur cheap na daoine timpeall ort i Maigh Chuilinn nach raibh todhchaí don Ghaeilge i gcoitinne?

Pádraic: Ó is cinnte gur shíleadar.

Laoise: Nárbh fhiú...?

Pádraic: Ó nárbh fhiú. Tá an ceart ar fad agat. Bhí imirce an-láidir, agus dá bhrí sin, agus bhí daoine i Maigh Chuilinn in ann an Ghaeilge [a labhairt], nó mheasadar go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt agus bhí. Bhí siad in ann Béarla a labhairt níos fearr ná mar a bhí muintir an Spidéil, mar a déarfá, agus áiteachaí i ndeisceart Chonamara agus bhí meas acu orthu féin dá réir mar gur shíleadar go raibh Béarla maith acu. Níor mheasadar go raibh aon todhchaí don Ghaeilge ar chor ar bith agus dá bhrí sin, gur cur amú ama agus go raibh aistíl ag gabháil leat má bhí spéis agat sa rud sin, sa rud seanaimseartha sin.

Laoise: Inis dom mar gheall ar chúrsaí imirce. Luaigh tú [go mbíodh] daoine óga ag dul ar imirce. An raibh an ráta imirce an-ard le do linnse?

Pádraic: Bhí sé ard. Níl mé in ann figiúirí a thabhairt dhuit ach bhí, bhí sé an-ard. Bhí an-chuid de na daoine óga ag imeacht as Maigh Chuilinn mar nuair a bhí mise san ollscoil ansin, théinn ag obair go Londain ar oibreachaí tógála agus an chéad bhabhta a ndeachaigh mé ann bhí mé ag obair le han-chuid daoine as Maigh Chuilinn, daoine a bhí ar aon aois liom féin nó beagán níos níos sine ná mé. Imirce agus baitsiléirí. [Bhíodh] baitsiléirí, baitsiléirí fir agus baitsiléirí mná, dháiríre, bhí siad sin an-ársá ar fad ar fud na dúiche ba daoine mar sin a bhí sna tithe thart timpeall ar fad. Bhí an-bhochtannas ar fad ag gabháil leis an áit ach níor fheil an imirce do chuile dhuine. Bhí daoine a chuaigh ar imirce agus tháinig siad ar ais mar bhí an iomarca cumha orthu. Dia dár réiteach, nuair a smaoiním, ach ba rud nádúrtha ag an am go raibh baitsiléirí in san chuile áit ach nuair a smaoiním anois ar an óige agus ar Mhaigh Chuilinn, dháiríre, tá sé dochreidte a raibh de dhaoine nár phós.

Laoise: Agus céard faoi imirce intíre ansin? An raibh mórán daoine a bhog ó do cheantar dúchais?

Pádraic: Ní raibh. Ní dóigh liom é. Daoine le hoideachas a bhog, nuair a bheidís ag fáil postannaí b'fhéidir, múinteoirí, agus daoine a chuaigh go dtí an mheánscoil ná go dtí an ollscoil. Ní dheachaigh siad timpeall na tíre mórán ar chor ar bith bheadh corrspailpín ann *alright* as na dúichí ba bhoichte, mar a déarfá, ach ní dheachaigh. Chuaigh siad go Londain nó go Meiriceá, sin iad na háiteachaí, Londain don chuid is mó. Bhí i bhfad níos mó [a chuaigh] go Londain, déarfainn, agus go háiteachaí eile i Sasana.

Laoise: An raibh áit ar leith i Meiriceá a raibh sé de nós ag daoine dul chuige?

Pádraic: Bhuel, chuaigh an-chuid daoine go dtí Boston. Boston agus Baltimore freisin agus Philadelphia, bhí daoine a dhul go dtí na háiteachaí mar sin, agus Chicago. Bhí cuid mhaith áiteachaí mar sin a ndeachaigh daoine go dtí iad ach Boston thar aon áit eile, go bhfios domsa, pé brí é.

Laoise: An-mhaith. D'fhág tú an baile go hóg ach is léir gur gníomh tábhachtach é sin i do shaol cruthaitheach. Ar mhiste leat cur síos a dhéanamh ar an tionchar liteartha a bhí ag Maigh Chuilinn ort?

Pádraic: Bhuel, tá an ceart agat, is dóigh, gur fhág mé Maigh Chuilinn óg sa mhéid is go ndeachaigh mé go Gaillimh ar an meánscoil agus ar an ollscoil agus ansin go raibh mé ag múineadh in áiteachaí difriúla ina dhiaidh sin *so*, is dóigh gur fhág mé Maigh Chuilinn óg ar an gcaoi sin ach ar bhealach eile ní airím gur fhág mé Maigh Chuilinn mar bhí mé siar is aniar go Maigh Chuilinn i gcónaí, mar a bhím i gcónaí freisin anois agus dá bhrí sin níor airigh mé [gur fhág]. Is cuimhneach liom, níl sé i bhfad ó shin ó dúirt duine liomsa, i Maigh Chuilinn ‘*ah* tá tusa imithe píosa fada anois, nach bhfuil?’. Is dóigh liom go raibh sé ag iarraidh tabhairt le fios gur mheas sé cuid de na rudaí a bhí scríofa agam faoi Mhaigh Chuilinn nach raibh siad ceart ar chor ar bith, gur finscéalta a bhí iontu dháiríre mar nach raibh mé i dteangmháil leis an áit sách láidir. Ach is dóigh liom go raibh an-tionchar ag Maigh Chuilinn ar mo chuid scríbhneoireachta, b’fhéidir an iomarca ar bhealach, mar gur fhan mé sa saol sin ar feadh i bhfad, is dóigh liom, agus mé ag scríobh. Bíonn an-tionchar go deo ag d’óige ort agus bíonn ar feadh do shaoil ar fad agus fiú amháin nuair a fhágann tú í ar feadh píosa agus bíonn tú ag scríobh faoi áiteachaí níos nua is dóigh liom go mbíonn tú ag

filleadh arís.... Máirtín Ó Cadhain, bhí sé mar sin agus bhí [scríbhneoirí] ar fad. Is dóigh liomsa ar go leor bealaí b'fhéidir go mb'fhearr dá mba rud é go ndeachaigh mé le saol na cathrach níos túisce ach, ar bhealach, ní roghnaíonn tú ábhar thú féin, roghnaíonn an t-ábhar thusa, nó tagann an t-ábhar go dtí thú *so* dá bhrí sin is dóigh go bhféadfá cur romhat agus a rá go bhfuair tú *commission* anseo. Bhuel sin scéal faoi rud mar seo. Seans go bhféadfá d'intinn a ligean leis, tá mé cinnte go bhféadfá, mar rinne mé cúpla babhta, thar na blianta, ach tríd is tríd, d'fhág mise é faoin inspioráid. Cé as a dtáinig sí sin agus má bhí sí ag tíocht as rudaí a bhain le m'óige chuaigh mé leis.

Laoise: Ceart go leor. An mbíonn deis agat filleadh ar Mhaigh Cuilinn go minic?

Pádraic: Bhuel, tá mé i mo chónaí i Luimneach anois agus ar ndóigh, tá na bóithrí go maith agus tá carr agam *so* níl aon leithscéal ag duine, agus tá go leor de mo mhuintir ansin i gcónaí *so* níl aon leithscéal ag daoine gan a bheith ag filleadh. Tá sé an-éasca ar fad a bheith a dhul ó Luimneach go Maigh Chuilinn. Nuair a thosaigh mé amach i dtosach, agus bhí mé ag múineadh i dTiobraid Árann ar feadh bliana agus bhí mé ag múineadh cúpla bliain i mBaile Átha Cliath, ní bhínn ag tíocht abhaile ach amháin i gcaitheamh laethanta saoire. Bhí sé i bhfad níos deacra ach tá sé an-éasca anois. Ní hé go mbím siar is aniar chomh minic sin, ní bhím, ach tá mé bainteach le hirisleabhar a thagann amach ansin. Is ráitheachán é, 'Moycullen Matters', agus bím ag scríobh dhó sin. Scríobhaim dhó sin chuile eagrán agus bím ag iascach ins na lochannaí ansin anois is arís. Gabhaim siar ar thuras ó am go chéile, ní an-mhinic ach sílim, i m'aigne bím ann an-mhinic, mar a déarfá!

Laoise: Agus céard é faoi leith a spreagann ansin thú? An é cúrsaí iascaireachta nó céard é?

Pádraic: Is maith liom a dhul thart. Tá an t-uafás lochannaí i Maigh Chuilinn. Ní thuigeann daoine é sin. Ní ghabhann siad siar ach trí bhóthar N59, agus ní fheiceann siad mórán de Mhaigh Chuilinn ar chor ar bith. Ach tá ionann is dhá scór loch i Maigh Chuilinn, tríocha is a naoi is dóigh liom. Tá tríocha is a naoi luaite agamsa sa leabhar sin *Maigh Chuilinn: A Táisc agus A Tuairisc*, pé brí é. Cuid acu sin tá siad an-bheag, ar ndóigh, ach tá mé ag rá go bhfuil go leor uisce i Maigh Chuilinn nach samhlaíonn daoine. Tá a leagan foráiteachaí ar chaoi ar bith nach bhfeiceann aon duine mar is caonach agus sléibhte atá ann sa taobh ó dheas i dtreo an Spidéil. Gabhann tú siar níos faide agus tá na mílte ansin d'áiteachaí nach bhfeiceann aon duine agus fiú amháin daoine i Maigh Chuilinn fhéin, an-chuid acu ní ghabhfaidís isteach sna bailte seo ar chor ar bith mar bíonn siad ag ceapadh, cosúil leis an rud a bhí muide a rá níos túisce, go bhfuil sé i bhfad níos tábhachtaí bheith a dhul soir go Gaillimh agus ar aghaidh ina dhiaidh sin. Ní bhacfaidís le háiteachaí seanaimseartha, mar a mheas siad. Níl siad seanaimseartha anois mar tá daoine, tá an saol ag athrú sna bailte seo ar fad ach bhí an-tóir agamsa ar na bailte sin i gcónaí. Bhí tóir agam ar an iascach *alright* bíodh a fhios nach ndearna mé an oiread sin ar chor ar bith – cúpla lá anois sa mbliain – ach gabhaim thart go dtí tithe freisin. Nuair a bhí mé ag gabháil don leabhar sin ar Mhaigh Chuilinn rinne mé an-chuid taistil thart timpeall agus siúlóidí tríd na páirceannaí agus na sléibhte agus chuile shórt mar sin. Chaith mé ocht mbliana ag gabháil don leabhar sin. Tá go leor lochtannaí ar an leabhar sin anois agus fé mar atá casadh na mblianta feicim níos mó agus níos mó earráidí, nó rudaí, dar liom, a bheadh athraithe agam, dá mba rud é go raibh sí ag tíochocht amach anois arís. Ach lean mise ar aghaidh ag tabhairt cuairteannaí ar dhaoine agus le haghaidh ‘Moycullen Matters’ freisin. Scríobh mé

cuid mhaith altannaí go mba agallaimh iad le seandaoine. Chuidigh sé sin liom le dhul isteach sna bailtí freisin *so* tá mé tóiriúil orthu ar an gcaoi sin agus tá a fhios ag daoine go bhfuil mé tóiriúil orthu. Go leor den seandream ní bheadh a fhios acu beirthe ná beo cé mé féin ach bíonn i bhfad níos mó teagmhála agamsa le Maigh Chuilinn ná mar a bheadh ag bunáite na ndaoine a d'fhág an áit.

Laoise: Bhí tú ag caint mar gheall ar an dátheangachas agus tionchar an dá theanga, b'fhéidir, ar an teanga atá agat. An mothaíonn tú go bhfuil tú ag caitheamh, nó ar mhothaigh tú riamh go raibh tú, b'fhéidir, ag caitheamh do shaoil idir dhá chultúr na hÉireann, cultúr an Bhéarla agus cultúr na Gaeilge?

Pádraic: Is ea, is ea. Chuir mé spéis sa rud sin nuair a léigh mé na ceisteanna sin agat. Bhuel, bhí a fhios agam go bhféadfainn, is dóigh, gabháil le Béarla nó le Gaeilge. Is dóigh go raibh a fhios agam. Mar sin féin, ní dóigh liom, an dtuigeann tú, go mb'éigean dom mórán rogha a dhéanamh ach oiread. Tháinig rogha na Gaeilge agamsa go nádúrtha, is dóigh liom. Is dóigh toisc gurb in é an cineál duine mé agus na cairde a bhí agam. Dá bhrí sin, níor mheas mise riamh go raibh mé ag scaradh le mo dhúchas, mar a déarfá. Dúchas gaelach a bhí ionam. Fiú amháin agus muintir Mhaigh Chuilinn trí chéile, tríd is tríd, na daoine a scríobh i Maigh Chuilinn – Tomás Bairéad, agus Tomás Ó Rathaille agus gabhann siad sin siar píosa anois – is i nGaeilge a scríobhadar. Agus tá daoine eile a bhíonn ag scríobh altannaí agus is i nGaeilge a bhíonn ... *Now* 'Moycullen Matters', is i mBéarla atá an chuid is mó dhó sin. Is beag de, corr alt, a bhíonn sa Ghaeilge agus is i mBéarla a scríobhaimse freisin don chuid is mó, don irisleabhar sin. Ach, *no*, níor airigh mise go mb'éigean dhom scríobh trí Ghaeilge agus tríd is tríd ní dóigh liom go raibh mé ag ceapadh go raibh mé á dhéanamh ar son na cúise ná tada mar sin. Is dóigh liom gur mheas mé go raibh mé

ag déanamh an rud ba nádúrtha agus is cinnte bhí mé ag gabháil don teanga ba deise liom, agus is fearr mé a labhairt Gaeilge ná a labhairt Béarla.

Laoise: Os rud é go raibh tú chomh cleachtach sin ar an nGaeilge, an raibh sé deacair do shaol a chaitheamh trí mheán an Bhéarla ansin? Nuair a chuaigh tú go Gaillimh, bhí, cinnte, an-chuid Gaeilge fós ansan, is dócha, ach ó shin i leith, luaigh tú go raibh tú i mBaile Átha Cliath agus i dTiobraid Árann, agus anseo i Luimneach dar ndóigh. An bhfuil sé deacair go bhfuil ort, b'fhéidir, cuid mhaith de do shaol a chaitheamh trí mheán an Bhéarla anois?

Pádraic: Bhuel, is é an rud é, an dtuigeann tú, a Laoise, go n-airímse gur trí mheán na Gaeilge a bhí mé ag caitheamh mo shaoil ins na háiteachaí seo ar fad, nuair a bhí mé ag múineadh i nGaillimh bhí daoine a raibh an Ghaeilge go maith acu agus bhínn ag labhairt Gaeilge leo agus bhínn ag labhairt Béarla le daoine eile ar ndóigh. Nuair a bhí mé i gColáiste Charraig an Tobair bhí daoine ansin a raibh Gaeilge acu agus bhínn ag labhairt Gaeilge leo freisin agus ag labhairt Béarla freisin, agus nuair a bhí mé i gColáiste Belvedere, mar a chéile, bheinn ag labhairt níos mó Béarla, is dóigh, leis an bhfoireann, ach tríd is tríd, ach bhí daoine a mbínn ag labhairt Gaeilge leo agus bhí daoine i mBaile Átha Cliath a mbínn ag labhairt Gaeilge leo. Caithfidh mé a rá in áit ar bith i gcaitheamh mo shaoil ar fad gur mheas mé go raibh mé in ann mo shaol a chaitheamh trí mheán na Gaeilge, dháiríre, *so* dá bhrí sin, níor mheas mé go raibh aon éagóir á dhéanamh orm ná tada mar sin nó nach bhféadfainn mé féin a chur in iúl. Tuigim go bhfuil an Béarla i bhfad níos láidre ná an Ghaeilge ach mar sin féin níor airigh mise go bhfuil mé bocht ar an gcaoi sin.

Laoise: Tá suaimhneas cultúrtha ionat, an gceapann tú?

Pádraic: Is dóigh liom go bhfuil, is dóigh liom go bhfuil. Tagaim go mór le haistriúchán go Béarla agus go teangachaí eile ach ní mheasaimse go bhfuil aon leatrom á dhéanamh orm toisc go bhfuil mé ag scríobh i nGaeilge agus nach i mBéarla. Is annamh a smaoiním air sin ar aon nós. Is dóigh go dtagann an borrarán sin isteach ionam anois is arís agus a rá an mbeadh i bhfad níos mó daoine á léamh dá mba [i mBéarla a bhí mé ag scríobh?] agus bheadh, is dóigh. Agus is dóigh sin ceann de na fáthannaí agus i Maigh Chuilinn fhéin, cuir i gcás, agus Gaeilge réasúnta láidir ag daoine, tá go leor daoine i Maigh Chuilinn nach bhfuil aon Ghaeilge acu ach is i mBéarla a scríobhaim le haghaidh ‘Moycullen Matters’ mar sin féin.

Laoise: Táimid ag bogadh ar aghaidh mar sin go dtí ceist an aistriúcháin agus tá sé tráthúil gur luaigh tú é sin. Dar ndóigh, rinne Gabriel Rosenstock aistriúchán ar scéalta de do chuid sa leabhar *The March Hare and Other Stories*, agus chomh maith leis sin, tá gearrscéalta de do chuid in *Fourfront* agus *Caillte i gConamara: Scéalta Aniar*, an chéad cheann le Declan Kiberd agus chuir Brian Ó Conchubhair *Caillte i gConamara: Scéalta Aniar* amach. Maidir leis an dá chnuasach, *Fourfront* agus *Caillte i gConamara: Scéalta Aniar*, cé a dhein an cinneadh cérbh iad na scéalta a chuirfí isteach sna leabhair?

Pádraic: Bhuel, Gabriel Rosenstock a roghnaigh na scéalta ar fad in *The March Hare*. Is dóigh liom gur mé fhéin a roghnaigh na ceithre cinn le haghaidh *Fourfront*. Tá sé cineál ligthe i ndearmad agam, tá mé an-dearmadach, a Laoise. Ach tá a fhios agam gur Gabriel a roghnaigh na cinn eile ar aon nós agus ba Gabriel a rinne an t-aistriúchán agus níor chuir mise isteach ná amach air. Chuir sé an rud agam, is dóigh liom, ceart go leor, féachaint an raibh mé sásta. Níor bhac mé le hathruithe a dhéanamh ar chor ar bith. Bhí rudaí beaga, an bhfuil a fhios agat, a mbeadh ceist agam fúthu agus is

dóigh, b'fhéidir, go raibh mé in ann iad a athrú ach níor athraigh. Dúirt mé, 'Is é Gabriel atá ag déanamh an aistriúcháin seo agus tá mé á fhágáil aige', agus mar a chéile nuair a roghnaíodh, *Rogha Scéalta* liomsa. Ní mise a roghnaigh aon cheann de na scéalta sin ach oiread. D'fhág mé go hiomlán é faoi Bhrian agus faoi Chló Iar-Chonnacht é, agus níor chuir mé isteach ná amach air, ar réamhrá ná tada. Is dóigh liom gur mé fhéin a roghnaigh na ceithre cinn le haghaidh *Fourfront*. Is dóigh liom gurb é, cuir i gcás, Mícheál Ó Conghaile nó Brian nó cibé cén duine a roghnaigh iad, a rinne an cinneadh. 'Na Déithe Luachmhara Deiridh', is dóigh liom atá ann. Agus an rud eile, *Caillte i gConamara: Scéalta Aniar* ach ní mise a roghnaigh é sin ach oiread.

Laoise: Agus an raibh cúis faoi leith gur shocraigh tú ar an bpointe sin, aistriúchán a cheadú nó aistriúchán a dhéanamh maidir le *Fourfront*?

Pádraic: *No, no*, is dóigh liom go raibh mé an-sásta go mbeadh aistriúchán á dhéanamh agus tá mé. Creidim go hiomlán san aistriúchán, dháiríre. Ní raibh dúil agam féin aon aistriúchán a dhéanamh agus nuair a luadh é sin anois, nuair a bhí siad ag smaoineamh, is dóigh liom Cló Iar-Chonnacht a bhí ag caint air sin, dúirt mise go raibh mé lán-sásta go ndéanfaí aistriúchán ar mo chuid ach ní dhéanfainn fhéin é, ach dhéanfainn anois agus rinne mé cúpla ceann. Is dóigh liom gur mé fhéin a d'aistrigh na ceithre cinn in *Fourfront*. Is dóigh liom, nó b'fhéidir, péire acu agus bhfuil péire ag Gabriel, b'fhéidir, nó duine eicint mar sin. Dhéanfainn anois aistriúchán mé féin ar mo chuid. Is dóigh liom go bhfuil mo chuid Béarla sách maith le go ndéanfainn é agus is dóigh liom freisin go bhféadfainn bheith níos cruinne mar, is dóigh liom, agus d'airigh mé seo in aistriúcháin go leor, cuir i gcás, atá déanta ar an nGaeilge, agus bheadh ceisteannaí agam faoi chuid de na haistriúcháin atá déanta – cuid de na habairtí agus na focla agus rudaí mar sin, *so* pé aistriúchán anois a dhéanfainn ar mo chuidse

bheadh dúil agam féin é a dhéanamh seachas a ligean do dhuine eicínt eile mar is dóigh liom go dtuigim níos fearr céard go baileach atá ann mar go mbíonn cúrsaí cultúrtha i gceist ansin freisin...

Laoise: Cinnte. Leis na nathanna cainte agus ...

Pádraic: Sin é agus ní hamháin sin ach an saol, agus go dtuigfí an saol, is dóigh liom. Is dóigh liom go bhfuil sé deacair go leor ag daoine a bhíonn ag aistriú, b'fhéidir, mura dtuigeann siad cúlra iomlán an duine, agus an saol a chaitheadar. Is dóigh liom go bhfuil sé deacair agus d'fhéadfainn go leor samplaí d'aistriúchán atá déanta ar leabhair le daoine eile a lua leat agus a rá gur mheas mé go raibh na focla mícheart ach ní dhéanfad sin anois!

Laoise: Ceart go leor, ceart go leor. An gceapann tú go bhfuil scéalta áirithe níos fearr nó níos oiriúnaí, b'fhéidir, le haghaidh aistriúcháin, ná scéalta eile?

Pádraic: Ah, níl aon dabht faoi. Bheadh. De bharr nár mé fhéin go díreach a roghnaigh, is dóigh liom fiú amháin le haghaidh *Fourfront*, ach níl mé cinnte dearfach anois gur luadh na scéalta seo liom, gur piocadh amach iad seachas mise á bpiocadh amach ag rá go mbeidís seo feiliúnach le [haghaidh] aistriúcháin. Ach níl aon dabht, tá mé cinnte go bhfuil scéalta áirithe atá níos so-aistrithe nó níos inaistrithe ná scéalta eile. Níl dabht ar bith agam faoi sin nuair a chuirtear sa mBéarla é. Caithfidh spéis a bheith san ábhar agus sa gcaoi a bhfuil sé curtha, *so* dá bhrí sin, is ea, tá sé antábhachtach, is dóigh liom. Tá scéalta áirithe ann i bhfad níos fearr ná a chéile!

Laoise: Agus ar mhaith leat níos mó aistriúcháin a dhéanamh tú féin go teangacha eile, b'fhéidir?

Pádraic: Bhuel, dá mba rud é gur cuireadh ceist orm, is ea, is dóigh go mbeadh. Nuair a léigh mise an leabhar sin, *Rogha Scéalta* le Brian Ó Conchubhair, bhí bunáite na scéalta ligthe i ndearmad agam, dháiríre. Bhí siad ligthe i ndearmad agam. Tá go leor scríofa agamsa. Caithfidh mé a rá, tá áthas orm a rá, gur bhaineadar geit asam. Cé is moite de cheann amháin, bhí mé an-sásta leo, agus an ceann nach raibh mé chomh sásta sin leis, bhí duais Oireachtais buaite aige, ach ní tharlaíonn sé sin go minic. Feiceann daoine rudaí difriúla in sna scéalta ar aon nós ach caithfidh mé a rá go raibh áthas orm. Bhain na scéalta mórán ar fad geit áirithe asam. Ní hionann sin agus a rá gur gearrscéalta maithe iad mar b'fhéidir gurb ea agus b'fhéidir nach ea ach thaitnigh siad liomsa. B'fhéidir gurb é ceann de na rudaí a thaitnigh liom gur baineadh geit asam fúthu ná gur léiríodh an cineál saoil a bhí in áit, b'fhéidir gur rudaí gur saol sóisialta níos mó ná ceapadóireacht ar son na litríochta a bhí i gceist, gurb in é an t-údar ... Tá mé ag smaoineamh ar scéal ar nós, 'Glaoch', atá ansin agus caithfidh mé a rá go ndeachaigh sé i bhfeidhm go mór orm agus is dóigh liom gur réitíodh air sin a aistriú go han-éasca. Tá mé díreach ag smaoineamh air sin. 'Ardcheannfort' – is dóigh liom gur ceann é sin a chuaigh i bhfeidhm orm. Is maith liom 'Anam Mná' agus tá go leor scéalta dháiríre píre, bíodh is, nuair a bhíonn scéal scríofa agat ar feadh píosa bíonn tú ag ceapadh, 'ah caithfidh nach bhfuil aon mhaitheas leis, an dtuigeann tú, Dia dhár réiteach, níor mhaith liom bacadh leis sin'. Bhíodh sé an-deacair agam iad a léamh mé fhéin. Ní léifinn iad, mura n-iarrfaí orm, anseo is ansiúd, scéalta a léamh agus ansin ghabhfainn siar go bhfeicfínn céard a léifinn ach bheadh faitíos orm. Ach tríd is tríd – tá mé do mé fhéin a mholadh anois – baineann cuid mhaith de na scéalta geit asam. Tá áthas orm é sin a rá go n-airím go bhfuil siad beo i gcónaí. Tá an scéal 'An Gabháltas' ann ansin freisin, is dóigh liom, bheadh sé an-seanaimseartha, b'fhéidir, i dtaca le hábhar dhe ach taitníonn sé liom agus scéilíní beaga ar nós 'Ubh

Cásca'. Tá an oiread sin daoine a luann 'Ubh Cásca' liomsa, cuireann sé iontas orm, an chaoi a ndeachaigh sé sin i bhfeidhm ar dhaoine nach raibh Gaeilge ar bith acu.

Laoise: Tá uilíocht ag baint leis, nach bhfuil?

Pádraic: Bhuel, caithfidh go bhfuil b'fhéidir, ach ní bhímse ag smaoineamh air sin. Tríd is tríd, ní bhím ag smaoineamh an ábhar uilíoch é seo nó nach ea. Ní thuigim céard is ábhar uilíoch ann. Is dóigh liom, nuair atá tú ag déanamh léirmheastóireacht ar ábhar tá sé níos éasca a mheas an bhfuil nó nach bhfuil ach, scríobhaimse na rudaí a ghabhann i bhfeidhm orm agus sin é. Ní bhím ag smaoineamh an bhfuil sí uilíoch nó nach bhfuil. Tá mé ag smaoineamh ar cheann eile, 'Blúire'. Is scéilín é sin, nó píosa de scéal, a luaigh go leor daoine liom freisin. Sílim go bhfuil sé sin aistrithe ag Gabriel Rosenstock freisin. Agus is dóigh liom '*Peasant*' ná cibé cén ainm atá air, 'An Coileach Feá' is dóigh liom. Na cinn ghairide sin, cuireann sé iontas orm... B'fhéidir gurb é an t-údar atá leis ná go bhfuil sé éasca ag daoine iad a léamh agus ní thógann sé i bhfad agus ansin go léann siad iad sin, mar bíonn an nós sin againn ar fad, is dóigh liom.

Laoise: Baineann cuid díobh leis an scolaíocht agus mar sin is dócha go n-aithníonn léitheoirí na carachtair iontu?

Pádraic: Is dóigh go n-aithníonn siad a saol féin iontu, tá an ceart agat. Is dóigh liom, má ghabhann an scéal i bhfeidhm orainn má tá muid in ann é a cheangal méid áirithe lenár saol féin, níl aon dabht faoi ach go mbeidh níos mó tionchar aige má bhíonn an bua sin aige, mar a déarfá!

Laoise: Céard a cheapann tú faoi chúrsaí aistriúcháin maidir le litríocht na Gaeilge? An gcheapann tú gur féidir le scéalta atá aistrithe ón nGaeilge litríocht na Gaeilge a scaipeadh i bhfad níos fairsinge?

Pádraic: Is dóigh liom gur féidir agus tá mé ag tócht go hiomlán le haistriúcháin agus molaim iad. Is dóigh liom gur cóir neart acu a dhéanamh agus is cinnte nach n-aistreofar do chuid go teangachaí eile mura mbíonn sé aistrithe go Béarla i dtosach. Tá dhá aistriúchán tagtha amach le gairid agus tá siad léite agam. Bhuel tá ceann go leith léite agam, mar a déarfá! Agus is dóigh liom go ndéanfaidh siad cáil an leabhair sin a leathnú. Cinnte, mé ag tócht go hiomlán le haistriúchán, dháiríre. Is dóigh liom, go bhfuil domhan na Gaeilge, i ndeireadh báire, an-teoranta agus bíonn tú ag iarraidh scaipeadh amach agus an-chuid daoine, fiú amháin mura mbeadh ann ach cairde leat fhéin a bhfuil aithne acu ort, bíonn siad síoraí ag rá liomsa, cén fáth nach gcuireann tú é seo amach i mBéarla freisin. Fiú amháin an leathanach sin, ‘Bileog’, ar an *Irish Times* – cuireann sé gráin orm amantaí, bíonn daoine ar buile nach bhfuil sé i mBéarla agus i nGaeilge. Bheadh sé sin seafóideach, bheadh sé sin anois seafóideach, is dóigh liomsa, ach is rud eile é, is dóigh liom, scríbhneoireacht chruthaitheach i leabhar. Dá mbeadh leabhar ag tócht amach agus scéalta ag tócht amach, ó tá mé go mór i bhfabhar aistriúcháin go Béarla agus go teangachaí go leor.

Laoise: An-mhaith. Céard é an gearrscéal is fearr leatsa, de do chuid? Ceist dheacair!

Pádraic: Bhuel, an bhfuil a fhios agat, tá sé an-deacair. Is dóigh liom ... is maith liom, ‘Lá Dána’. Ní dóigh liom go bhfuil sé sin aistrithe go Béarla, b’fhéidir go bhfuil, níl mé cinnte anois ach is maith liom é sin. Dúirt mé gur maith liom ‘Ardcheannfort’ agus is maith liom ‘Glaoch’, mar a luaigh mé cheana. Is maith liom ‘Léamh Filíochta’. Tá go leor scéalta mar sin. Tá sé deacair liom a rá cén scéal is deise liom, dháiríre mar

faighim lochtannaí i chuile cheann acu agus dá bhrí sin bím ag rá nach bhfuil siad foirfe ach ansin níl aon scéal foirfe. Mar a dúirt Liam Ó Flaithearta uair amháin, níl ann ach go n-éiríonn tú tuirseach de scéal agus go bhfágann tú ansin é agus bíodh an diabhal aige sin mar a bhíonn i ndeireadh báire le haon rud. Ach daoine eile ansin nuair a bhíonn siad á léamh ceapann siad b'fhéidir go bhfuil siad níos fearr ná mar a cheapann tú fhéin ach bheifeá síoraí ag athrú rudaí, nuair a bhíonn tú ag scríobh. Is ea, bíonn. Níl ann ach go n-éiríonn tú tuirseach agus go n-abrann tú i ndeireadh báire bíodh an diabhal aige. Sin sin, scaoilfidh mé leat, mar bíonn tú ag rá, 'ó is ea, d'fhéadfainn camóg a chur isteach ansin, d'fhéadfainn camóg a chur isteach ansin, d'fhéadfainn uaschamóg a chur ansin, d'fhéadfainn an focal seo... cén fáth sa diabhal nár smaoinigh mé ar an bhfocal sin agus é ar eolas agam go maith agus tá sé i bhfad níos fearr, cén fáth nach ndearna mé giorrúchán ar an abairt sin.' Tagann na lochtannaí isteach agus iad ina chéile ort nuair atá tú ag léamh siar os a gcinn agus bíonn tú cráite agus, mar atá ráite go minic, níl rud ar bith is measa ag scríbhneoir ná go bhfeiceann sé dearmad déanta...

Rinne mise aistriúchán ar an leabhar sin, *Angela's Ashes / Luaithreach Angela*, agus tá brollach scríofa agam leis agus tá meancóg, mar a déarfadh na hUltaigh, ach tá séimhiú curtha isteach i bhfocal amháin agus níor chóir go mbeadh agus, an bhfuil a fhios agat, bím cráite. Níl am ar bith a smaoiním ar bhrollach an leabhair sin, nó ar an leabhar féin, nach dtagann an 'ch' sin isteach... agus ní dóigh liom go dtabharfadh daoine eile faoi deara in an-chuid cásannaí. ... Ní thuigfidís nó ní chuirfeadh sé isteach ná amach ar dhaoine ar aon nós ach cuireann, cuireann. Fiú amháin in san leabhar sin, *Deargadaoil i mBád fó Thoinn*, mar a chéile, bhí an-phlé ar an bhfocal sin, 'Aodh' – cén gairmeach a bhí leis an bhfocal sin, agus bhí cur agus cúiteamh an-fhada faoi sin agus bhí muid ag athrú go seo siúd agus eile. Bhí rud amháin agamsa ach bhí daoine

eile ag rá go raibh rudaí eile ceart ach tuigim go raibh mo cheannsa chomh ceart le ceann ar bith acu, ach ansin, i ndeireadh báire, deineadh cinneadh go ndéanfaí é a chur isteach mar bhí faighte amach againn ón nGaeilge chlasaiceach. Dá bhrí sin, in san promhadh chuir mise líne faoin ainm ansin don eagarthóir ach tá péire acu nach bhfuil déanta i gceart agus smaoiním i gcónaí mar a chéile. Níl aon am nach smaoiním go bhfuil dhá cheann nach bhfuil ag tíocht le cóir ach ní chuireann sé isteach ná amach ar dhaoine tríd is tríd is dóigh liom...

Laoise: Ach is dócha nach féidir leat a bheith críochnaithe le rud go deo ...

Pádraic: Níl tú críochnaithe go deo, riamh. Go deo, mar a deir tú.

Laoise: An bhfeiceann tú tú féin in aon cheann dos na carachtair ... b'fhéidir sna gasúir?

Pádraic: Tá mé ag ceapadh, a Laoise, go bhfuil mé in an-chuid acu, an dtuigeann tú. Ní abraim go bhfuil siad dírbheathaisnéisiúil, mar a déarfá, tá agus níl. Is cinnte, is dóigh le scríbhneoireacht ar bith a dhéanann tú, caithfidh do phearsantacht féin a bheith iontu. Is dóigh liom go mbíonn agus níl dabht ar bith agamsa ach go bhfuil mise i mo scéalta go minic agus mar a deir tú in sna hógáin. Tá mé cinnte go bhfuil mé iontu ach ní mise ar fad atá iontu. Is ... comhdhaoine, comhghasúir, mar a déarfá, píosaí agus mar a chéile, bíonn daoine ag ceapadh, fiú amháin an leabhar a luaigh mé ansin *Deargadaoil*, atá lonnaithe i gcoláiste tríú leibhéal, gurb é mo shaol féin atá ann ach cuid dhe tá ach an-chuid dhe nach bhfuil. *So*, dá bhrí sin ní dírbheathaisnéis ar chor ar bith atá sa leabhar sin, ach tagaim leat, a Laoise, tá mé cinnte go bhfuil mé i gcuid acu, go bhfuil píosaí dhíom i gcuid acu ach tá curtha agam leo agus bainte dhíobh fhéin agus rudaí mar sin. Tá sé nádúrtha.

Laoise: Ceart go leor. Rud eile atá an-suntasach is ea an greann i do scéalta agus is dócha gur stíl faoi leith agat é sin. Ar mhiste leat labhairt liom mar gheall ar ról an ghrinn i do chuid scríbhneoireachta?

Pádraic: Bhuel, ar bhealach, a Laoise, cuireann sé iontas ormsa go luann tú an greann liomsa mar ní dóigh liomsa gur duine an-ghreannmhar mise i mo chuid leabhra. Tá mé níos greannmhaire anois, is dóigh liom, le roinnt blianta is dóigh liom, ceart go leor. Rud amháin is dóigh liom go raibh in an-chuid de mo scéalta na cinn tosacha go háirithe ... sílim go raibh siad an- an- an-bhrónach, ar bhealach, agus dorcha, mar a déarfá, agus rudaí mar sin *so* ní bheinnse ag samhlú an ghrinn liom féin... Bím anois, ceart go leor, mar dhuine, is dóigh liom go bhfuil – bíonn Anne, mo bhean, bíonn sí ag rá, nach dtuigeann aon duine mo chuidse grinn, agus is dóigh liom go bhfuil an ceart aici ar go leor bealaí, gur cineál *riddle* ceart mé. Ach, is ea, tá mé níos greannmhaire anois, is dóigh liom, i mo chuid scríbhneoireachta chomh maith le i mo shaol ach is dóigh liom go dtagann sé sin de réir mar a ghabhann tú ar aghaidh, agus bíonn tú níos socra i do shaol. Is dóigh liomsa gur an-chuid de mo chuid scéalta tosacha, is dóigh liom go raibh siad dorcha agus brónach ar bhealach. Mar is dóigh liom, nuair a bhí mise ag éirí suas, níor léigh mise *comic* riamh. Ní bheadh daoine a dhul ag an bpictiúrlann ná tada agus dá bhrí sin bhí go leor duaircis, is dóigh liom, agus muid ag truamháil le go mbeadh an saol níos fearr. Agus ar an gcaoi sin, is dóigh liomsa gur fhan mise, ar feadh i bhfad ar aon nós, cineál dorcha ... ach tá a fhios agam go ndúirt tú go raibh greann i mo chuid, is dóigh liom go bhfuil anois. Is dóigh liom go bhfuil an leabhar sin *alright, Deargadaoil i mBád fó Thoinn*, is dóigh go bhfuil sé sin greannmhar. Tá cúpla scéal le fad, is dóigh liom ach tá sé ligthe i ndearmad agam. ‘An Chomhdháil’, ach ní cuimhneach liom go baileach anois an ceann sin ach oiread.

Is dóigh liom go raibh sé sin greannmhar ceart go leor má tá mé ag smaoineamh siar agus is cinnte go mbím ag tógáil nótaí ar scéalta a d'fhéadfadh a bheith greannmhar. Níl siad, cuid acu, scríofa agam fós ach, is ea, tá a fhios agam gur luaigh tusa greann liom...

Laoise: Uaireanta chím, maidir le haisfhreagairt na ngasúr go bhfuil greann ann. B'fhéidir nach bhfuil i gceist ach macántacht ach gur fíor-mhacántacht ó pháiste a bhíonn i gceist agus is minic páistí a bheith greannmhar agus is é sin an cineál ruda a bhí i gceist agam.

Pádraic: Ócé, bhuel, tá súil agam. Tá a fhios agam na rudaí sin a luann tú anois cuireann siad ríméad orm, dháiríre. Seans go bhfuil sé, b'fhéidir ach ní cuimhneach liom. Tá dearmad déanta agamsa ar an-chuid de mo chuid féin. Bíonn daoine ag ceapadh go mbím in ann smaoineamh. Níl. Bheinn ag ceapadh go bhfuil an ceart agatsa ansin. Bheinn ag éisteacht le gasúir ag fás aníos, agus mo chuid féin agus mo gharchlann anois agus bím ag breacadh rudaí síos. Is ea, agus bíonn siad an-ghreannmhar ar fad, sílim. Ach tá siad, mar a deir tú, soineanta, simplí agus nádúrtha, macánta ar an gcaoi sin agus sílim go bhfuil an ceart ar fad agat ansin gur cuid mhór den ghreann, b'fhéidir má thagann sé sa gcomhrá, gur rud díreach nádúrtha atá ann, agus nach raibh mé ag smaoineamh ar chúrsaí grinn. Tá mé in ann smaoineamh ar chuid mhaith den chomhrá in san úrscéal sin, *Deargadaoil*, is ea, is dóigh liom go bhfuil cuid mhaith den chomhrá ansin [greannmhar], tá súil agam, agus tá súil agam in *As na Cúlacha* freisin. Is leabhar é sin nach dtaitníonn le mná ar chor ar bith, *As na Cúlacha*. Níl a fhios agam ar léigh tusa riamh é ...

Laoise: Léigh agus thaitin sé go mór liom!

Pádraic: Ócé, mar ní thaitníonn sé le mná ach taitníonn sé le fir, is dóigh liom, mar a bhí ráite, an dtuigeann tú, i léirmheas a deineadh ar Raidió na Gaeltachta, leabhar salach i nGaeilge ghlan a dúradh...

Laoise: Chualas an ceann sin, ceart go leor.

Pádraic: Ócé, agus is ea, is dóigh liom ar an gcaoi sin, is ea, bhuel tá a fhios agam gur luaigh tusa gur thaitnigh sé leat, tá mná eile a dúirt gur thaitnigh sé leo freisin.

Laoise: Measaim arís go bhfuil macántacht ag baint leis. B'shin saol daoine áirithe a chuaigh ar imirce agus is dócha gurb é sin an rud a thaitin liom, go raibh macántacht, go raibh, b'fhéidir, 'súil eile' á chaitheamh agat ar shaol imirceoirí faoi leith agus saol an fhir faoi leith sin ...

Pádraic: Bhuel, is dóigh liom go bhfuil an ceart ar fad agat – tá súil agam go bhfuil an ceart agat! Agus is dóigh liom go bhfuil, mar is dóigh liomsa, an dtuigeann tú, bíodh is nach raibh an oiread sin cleachtadh agamsa ar imirce, bhínn a dhul sna samhraidh go Sasana agus chonaic mé go leor den rud seo agus chonaic mé an-uaigneas. Bhí uaigneas orm fhéin freisin ach bhí a fhios agamsa go bhféadfainn a theacht ar ais. Bhí uaigneas orm an chéad bhabhta Ní raibh mórán uaignis orm ina dhiaidh sin ach chonaic mé daoine i Londain a raibh an-uaigneas orthu agus chonaic mé iad, bhí an-bhochtannas ag gabháil leo agus bhí siad an truamhéileach ar fad mar d'oibrigh mise in áiteachaí a raibh an-chuid Éireannach agus bhí mé a dhul ag na tithe damhsa agus is dóigh liomsa go mbíonn daoine ag ceapadh amantaí go raibh na hÉireannaigh níos macánta ná mar a bhí. Bhí na hÉireannaigh i Londain, agus sa mbaile freisin, an t-am sin in áiteachaí áirithe agus bhí siad i gcónaí ag troid, agus troid mar go raibh siad ag ól agus go raibh siad míshásta leo fhéin ... an saol dorcha sin. Máire Mhac an tSaoi, scríobh sí píosa uair amháin agus dúirt sí nach bhféadfadh sí, go

raibh sé deacair uirthi leanúint ar aghaidh go raibh an scéal chomh dorcha agus pé brí é bhí mise ag rá bhuel b'fhéidir go bhfuil sé dorcha ach is dóigh liom go bhfuil sé macánta.

Laoise: Is ea. Do dhaoine áirithe...

Pádraic: Bhuel, is ea, bhí go leor daoine ann nach raibh mar sin ach bhí daoine ann a bhí mar sin agus is ag cur síos ar an saol sin a bhí mé, agus bíonn daoine ... Bhí beirt léirmheastóirí a dúirt rud nach raibh mé ag tócht leis ar chor ar bith faoin leabhar sin, go raibh meascán idir na seascaidí agus na nóchaidí sa leabhar. Mé fhéin go pearsanta, ní féidir liom glacadh leis sin ar chor ar bith ach níor luaigh siad cé hiad na samplaí, i gceachtar den dá chás. Níor luaigh siad cén áit a raibh mé iomrallach má bhí mé, a rá gur na seascaidí a bhí, níor luadar. Ach ní thagaimse leis, ní fheicim cén fáth, ba bhreá liom dá luafaidís mar is dóigh liomsa go bhfuil sé lonnaithe in sna seascaidí go hiomlán bíodh is nár scríobhadh é go dtí na nóchaidí *alright*. Sin an t-údar a raibh daoine á rá... Níor scríobh mé é go dtí na nóchaidí, go dtí an t-am sin mar is dóigh liom nach raibh glacadh leis, b'fhéidir níos túisce. Bhreathnaigh daoine, fear amháin, leaid, i bhfad níos óige ná mise ach is cuimhneach liom, chuala mé á rá le leaid eile, gur leabhar pornagrafaíochta é, agus is dóigh liom ag an am, b'fhéidir nach bhféadfá rudaí, fiú amháin sa nGaeilge, a scríobh a bhí ann...

Laoise: Nach nglacfadh na foilsitheoirí leis?

Pádraic: Bhuel, níl a fhios agam go baileach nó an saol ar aon nós, fiú amháin nuair bhí an leabhar á sheoladh anseo ag *Mary I* agus bhí seoladh mór millteach – bhí mé iontach sásta leis an seoladh – ach bhí faitíos orm an té a bhí len é a dhéanamh agus

gur ghlac sé leis, bhí faitíos orm nuair a léifeadh sé é, b'fhéidir, nach mbeadh sé sásta é a dhéanamh ach rinne ar aon nós, rinne sé an-jab.

Laoise: Go maith, go maith. Ag ceangal leis an imirce, mar sin, scéal de do chuid a thaitin go mór liom nuair a léas é is ea, 'M'Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá' sa chnuasach, *Ingne Dearga Dheaideo*, an bhfuil an ceart agam a rá gur scéal béaloideas é sa cheantar i Maigh Chuilinn?

Pádraic: No, níl an ceart agat! Níl!

Laoise: Ceart go leor. Cad as a dtáinig sé mar sin?

Pádraic: Sin é, bhuel *no* níl an scéal sin, go bhfios domsa, i Maigh Chuilinn ar chor ar bith nó in aon áit eile ach tá scéalta faoin gCailleach Bhéarra in áiteachaí. Sin ceann anois atá tagtha amach go hiomlán as mo chuid samhlaíochta fhéin, dháiríre. Is dóigh, b'fhéidir, go raibh mé ag smaoineamh ar rudaí áirithe a bhí scríofa faoin gCailleach Bhéarra agus rudaí áirithe a rinne sí ach níl sé sin gar ar aon bhealach go bhfios domsa ar aon nós do scéal béaloidis ar chor ar bith. Dúirt tú go dtaitníonn sé leat agus taitníonn sé liomsa freisin agus is dóigh liom anois sa gcás áirithe sin go bhfuil spraoi ann. Is dóigh liom go bhfuil spraoi sa gceann sin, *alright*. Is dóigh liom, b'fhéidir go bhfuil dhul amú orm ach is scéal é a thaitníonn liom ach níor luaigh mórán daoine é seachas tú fhéin anois. Ní dóigh liom, b'fhéidir nach bhfuil sé léite acu ach ...

Laoise: Thaitin an ceangal go mór liom idir saol na hÉireann agus saol Mheiriceá.

Pádraic: Is ea, bhuel, lonnaigh mé é i Maigh Chuilinn, ceart go leor, ach *no* ní scéal é a bhí tógtha i Maigh Chuilinn.

Laoise: Ceart go leor. Dúirt tú san alt, ‘An Gearrscéalaí agus a Ghearrscéalta’ in *Irisleabhar Mhá Nuad*, 1981, go raibh an iomarca gearrscéalta ag borradh ionat le tabhairt faoi úrscéal ach anois tá trí cinn d’úrscéalta scríofa agat. Ar mhiste leat rud éigin a rá liom mar gheall ar na buanna a fheiceann tú sa dá sheánra sin?

Pádraic: Is ea. Bhuel, tá an ceart agam sa méid sin, is ea, bíonn scéalta, ábhar scéalta ag tíocht agam síoraí, tá áthas orm. Amantaí, bíonn tú ag rá an iomarca mar bíonn tú ag iarraidh brostú ar cheann amháin go ceann eile agus ansin b’fhéidir nach mbeifeá cóir le ceann mar tá sé an-deacair, a luaithe is atá tú ag scríobh ceann amháin, tá ceann eile ag borradh ionat agus tá tú ag rá ó ba bhreá liom an ceann sin a scríobh anois. Tógaim nótaí amantaí ach ansin bíonn tú traochta ag iarraidh dhá thrá a fhreastal, mar a déarfá. Is ea, bíonn. Dá mhéid a scríobhann tú is ea is mó a bhíonn le scríobh. Shílfeá go bhfuil sé sin ag teacht salach air féin ach sin a d’airigh mise i gcónaí agus is dóigh liom go bhfuil an-chuid scríbhneoirí go n-airíonn siad an rud céanna – iriseoirí agus chuile shórt mar sin... Buíochas le Dia, tá mise ag scríobh le fada anois agus níor tháinig aon tráth ar an gcaoi sin. Ní raibh aon *writer’s block* ormsa riamh, buíochas le Dia, ach b’fhéidir gur mhaith le daoine go mbeadh! An bhfuil a fhios agat, airíonn tú go bhfuil an-phráinn ag gabháil le gearrscéal. Bíonn rud eicínt an-phráinneach ag gabháil leis. Bíonn sé ag béicíl amach agat agus bíonn súil agat ansin go bhfaighidh tú an eisint sin. Ní bhfaighidh tú ach beagáinín ach feicfidh tú agus tá a fhios agat go mbeidh tú in ann scéal B’fhéidir nach scéal é a shasóidh chuile dhuine agus b’fhéidir go mbeadh daoine ag rá, ó Dia dár réiteach tá tú ag leanacht ar aghaidh leis an modh céanna an t-am ar fad agus cén fáth nach ndéanann tú athrú ar do chuid agus is dóigh liom go bhfuil an ceart ag cuid acu ansin, ceart go leor. Bhí am is dóigh liomsa b’fhéidir stopadh agus breathnú orm fhéin agus staidéar a dhéanamh agus a rá, cén treo eile ba chóir dhom tabhairt faoi? Ar aon nós! Agus dá bhrí sin, bhí a fhios

agam go dtabharfadh úrscéal go leor ama agus bhí mé ag múineadh i gColáiste Mhuire gan Smál *so* dá bhrí sin ní raibh an t-am agam agus bíonn ort go leor ama leanúnaí a chur isteach má bhíonn tú ag gabháil d'úrscéal *so* sin an fáth gur thóg sé chomh fada orm tabhairt faoi úrscéal... Bhí mé ag iarraidh úrscéal [a scríobh] mar go raibh meas níos mó ..., meas daoine go leor ar an úrscéal, gur rud mór é, *the long journey*, mar a déarfá, agus dá bhrí sin scríobh mé ceann *Gróga Cloch*, ansin *As na Cúlacha* agus ansin *Deargadaoil*. An difríocht is mó a airím faoin dá rud, ar ndóigh, ná gur féidir leat an t-uafás a chaitheamh isteach in úrscéal agus tá sé iontach ar an gcaoi sin. Is ea, go leor de na tuairimí atá agat agus is dóigh go leor b'fhéidir de na hábhair atá ag tíocht isteach le haghaidh gearrscéalta agam, gur féidir leat iad a mhúnlú ar bhealach a gcuireann tú isteach iad san úrscéal. Airím gur féidir leat, b'fhéidir, ualach mór atá san úrscéal, é caite isteach gan eagar ná ord. Ach ansin caithfidh tú ansin é a chur in eagar is in ord tú fhéin ach airím gur féidir leat an t-uafás a chaitheamh isteach in úrscéal agus nach féidir leat a chur isteach i ngearrscéal. Tá gearrscéal i bhfad níos cáiréisí agus tá sé sin ráite ag daoine breátha a bhfuil an-mheas agamsa orthu ar aon nós William Trevor agus Alice Munro agus Mary Lavin agus iad sin. Tá an cineál ruda sin ráite agam agus Frank O'Connor agus iad ar fad. Tagaim go hiomlán leis sin sa mhéid is go gcaithfidh tú a bheith i bhfad níos cáiréisí agus tá sé i bhfad níos níos lú mar áis agus dá bhrí sin caithfidh tú an rud a thabhairt leat má tá sé le bheith go maith. Ach tá an trí úrscéal foilsithe agus tá ceann eile ionann is críochnaithe agam freisin...

Laoise: An chéad tionscnamh eile, an ea?

Pádraic: Is ea, is ea, tá mé ag gabháil, fiú amháin sul má dtáinig mé isteach anseo agat ar maidin, chaith mé uair an chloig ag athscríobh úrscéal nua. Is ea, tá mé ag gabháil don dara dréacht den úrscéal nua.

Laoise: An bhfuil tú chun aon rud a rá liom mar gheall ar an úrscéal sin?

Pádraic: Ó, bhuel bhuel, nílim, dháiríre, bhuel, faoi mhídhílseacht atá, *alright*, agus tá mé freisin ag iarraidh cuimhní cinn a chur i dtoll a chéile!

Laoise: Ceart go leor. *So* beidh orm teacht thar n-ais agus é sin léite [agam]!

Pádraic: *Yeah!* Beidh áthas ort a rá go mbeidh tú críochnaithe liom sula go mbeidh na rudaí seo curtha i gcló ar aon nós agus cá bhfios, an gcuirfear i gcló iad ar chor ar bith. Ní bhíonn a fhios agat riamh faoi aon leabhar bheith curtha i gcló ná go mbíonn sé curtha i gcló agus ansin ní féidir é a chur as cló is dóigh.

Laoise: Ceart go leor. Luaigh tú cúpla scríbhneoir b'fhéidir a bhfuair tú spreagadh uathu. Luaigh tú Alice Munro agus William Trevor agus iad san. San alt, 'Gearrscéalaíocht: Meas nó Dímmheas' a foilsíodh in *Comhar*, Samhain na bliana, 2009, dúirt tú go ndeachaigh saothar Liam Uí Fhlaithearta, Alice Munro, Mary Lavin agus William Trevor i bhfeidhm ort mar scríbhneoir. Ar mhiste leat labhairt liom mar gheall ar an tionchar liteartha sin?

Pádraic: Bhuel is ea. Bhuel, bhí mé ag ceapadh go raibh mé ag scríobh ar feadh i bhfad agus gan mórán tionchair ag scríbhneoirí eile orm ar chor ar bith agus dúirt duine amháin faoi chuid de mo scríbhneoireacht gur samhail nár léigh mé leabhra riamh mar nach raibh aon tionchar ag aon scríbhneoir orm agus b'fhéidir go bhfuil an ceart ansin freisin, méid áirithe. Cé go raibh mé ag léamh leabhra *alright* ach bhí siad ag rá bhuel

má tá, má bhíonn, má bhí, níl aon tionchar le brath ort... I dtaca le Liam Ó Flaithearta, is cinnte go raibh an-mheas agus go bhfuil an-mheas [agam air] ach tá sé píosa fada anois ó léigh mé scéalta Liam ach taitníonn scéalta Liam thar cionn liom i nGaeilge agus i mBéarla mar tá siad an-cháiréiseach is dóigh liom tá siad gearr freisin agus an-chuid bainte acu le cúrsaí dúil, rud a thaitníonn go mór liom fhéin, agus tá saol na tuaithe aige agus chuile shórt mar sin. Ach thar aon rud eile sílim, an stíl, an modh, modh na n-abairtí a chuireann bís agus ríméad orm, mar a chéile le leithéid William Trevor. Ag smaoineamh ar ghearrscéal anois, cuir i gcás, ‘Dancing at the Ritz’, is leabhar é sin a thaitníonn go mór liom. Agus Alice Munro, bhuel tá cuid mhaith dá cuid, ‘Dear Life’. Sin an ceann is deireanaí a léigh mé *so* sin é an ceann is mó a thagann isteach i mo chloigeann ach bíonn sise i bhfad níos fadálaí i dtaca le scéalta ná mar a bhíonn na daoine eile anois. Aisteach go leor, cuireann sí Edna O’Brien i gcuimhne domsa ar bhealaí, agus na leabhair atá scríofa ag Edna. Tá an bheirt acu, Alice agus Edna O’Brien, tá siad iontach maith ag cur síos ar rudaí. Bhuel, Liam Ó Flaithearta, ag cur síos [is ea] an-chuid de na rudaí a bhíonn ar siúl aige freisin, ach, is dóigh liom ar bhealach fadálach, iomlán, go bhfuil Edna O’Brien agus Alice Munro an-mhaith ar an gcaoi sin. ... Ar go leor bealaí, ní bheifeá á rá gur scéalta den seanmhodh, mar a déarfá, mar a bhíodh i gceist le Frank O’Connor, atá ag Alice Munro, in an-chuid dá cuid scéalta. Bíonn an-chuid aimsire ... Bhíodh uair ann nuair a bhí mise ag éirí suas bhíodh siad ag rá, ó caithfidh beagáinín aimsire ... nár chóir go ngabhfaidh sé thar lá agus ghabhfaidh sé cúpla nóiméad agus gur chóir go mbeadh carachtar, príomhcharachtar amháin agus bhí go leor rialachaí mar sin ag gabháil leis an ngearrscéal ach is dóigh liom go bhfuil siad caite i dtraipisí anois agus ní thógann aon duine an oiread sin aird orthu. Scéal é scéal, má tá scéal maith ann is scéal maith atá ann. Ní hionann, ar ndóigh, i gcónaí, scéal maith agus gearrscéal maith. Tuigim é

sin go maith ach má tá scéal maith agat ... *sure*, bíonn daoine, agus mé fhéin, ag lua ‘Ulysses’ le James Joyce agus níl ann ach lá amháin agus, i ndeireadh báire, gearrscéal an-fhada atá ansin. Bíonn go leor seafóide ag gabháil leis na léirmheastóirí seo a bhíonn ag iarraidh rudaí a bhualadh anuas ar scríbhneoirí agus ní féidir iad a cheansú ar an gcaoi sin ar chor ar bith ... Agus ar ndóigh John McGahern, tá scríbhneoireacht álainn aige sin freisin *so* tá go leor daoine ansin. Is maith liom stíl tarraingteach, ghonta, chruinn, leochaileach ach go mbeadh scéal ann freisin, go mbeadh, mar a déarfadh duine eile, ní hamháin go mbeadh capall agat agus céachta ach go mbeadh garraí agat len é a threabhadh. Ach, is ea, agus is maith liom foclaíocht – go mbeadh daoine ag obair i gceart le foclaíocht. Is léitheoir mall mise agus is maith liom é sin. Ní léim a lán, más maith liom an rud ní léim é sciobtha ar chor ar bith, cuir i gcás, i gcás na ndaoine sin anois a luaigh mé leatsa, cuir i gcás, scéalta Liam Uí Fhlaithearta – [tá] cuid acu an-ghearr ar fad. Ní ghabhfainn thar dhá scéal a léamh ag aon uair amháin, déarfainn, nó ba mhaith liom an fíon a dhiúl astu agus a bheith in ann smaoiniamh siar agus *reflection* a dhéanamh ar an rud mar go ngabhann sé i bhfeidhm chomh mór orm. Ní bhíonn mé ag rith tríd ag iarraidh ... céard é an deireadh a bheas leis ach i gcás na ndaoine sin, cuid mhaith acu tá siad gearr *so* tá a fhios agat mórán. ... Is cineál *slice of life* b’fhéidir atá i gceist ar aon nós. Ach is maith liom an modh agus an stíl agus an chaoi le focla atá acu. *So* sin é an rud a mbainim gaisneas as ar an gcaoi sin agus, mar a dúirt mé, ní léim, ní bhím ag foirseadh trí leabhar ag iarraidh é a chríochnú, má tá mé ag foirseadh trí leabhar, is ionann sin agus a rá nach bhfuil mórán measa agam ar an leabhar agus is annamh nach maith liom leabhar a chríochnú. Leanaim orm, léifinn an chuid is mó de na focail, ní hé go mbeinn ag breathnú isteach anseo is ansiúd, a dhul thairis. Is dóigh liom, ar go leor bealaí ba chóir dom éirí as leabhra mura dtaitníonn siad liom ach leanaim ar aghaidh go hiondúil leo ar bhealach

amháin nó ar bhealach eile ach léifinn iad i bhfad níos sciobtha na leabhra nach maith liom. Léim iad i bhfad níos sciobtha ná na leabhra a thaitníonn liom. Na leabhra a thaitníonn liom, bím an-mhall á léamh. Bím, mar is maith liom iad.

Laoise: Ócé, bíonn tú á sú isteach is dócha.

Pádraic: Ó sin é, sin é, bíonn mé ag diúl an tsú agus rudaí mar sin, is ea, agus go dtugann sé ardú meanman dhom nuair atá a gcuid léite agam. Bím ag rá go mbíonn obair mhaith déanta ansin agam fhéin chomh maith le hobair mhaith déanta acusan as an rud a scríobh.

Laoise: An ritheann aon scríbhneoir eile Gaeilge leat a léann tú a s(h)aothar go minic?

Pádraic: Ó léim, léim. Taitníonn an-chuid scríbhneoirí Gaeilge liom. Is gnáthrud a rá anois [go bhfuil] an-mheas ar Mháirtín Ó Cadhain. Níl a fhios agam cén méid babhtaí a bhfuil *Cré na Cille* léite agam. Dia dár réiteach, bhí mé ag múineadh *Cré na Cille* i gColáiste Mhuire gan Smál ar feadh mo shaoil! Fiú amháin bhí an leabhar sin ar an gcúrsa agamsa anseo nuair nach raibh sé ar chúrsa aon choláiste eile mar go raibh sé as cló ach gur éirigh liomsa é a choinneáil, dóthain cóipeannaí a choinneáil ar bhealaí difriúla agus Bríd Bean Uí Éigeartaigh a chuir amach an leabhar, chonaic sí go raibh mé díograiseach ar an gcaoi sin agus chuir sí slám leabhra ar fáil dhom nach raibh clúdaigh orthu ná aon mar sin mar bhí a fhios aici ... bhí an téacs ar fad ansin *so* bhí mise in ann iad sin a choinneáil ag imeacht. Bhí mé ag iarraidh na mic léinn freisin, *or* na hiníocha léinn, dá mba rud é go raibh an leabhar acu agus nach raibh sé uathu, bíodh is nach maith liom daoine ag caitheamh leabhar uathu, ach mar a dúirt mé, ‘cuir an leabhar ar fáil arís’. Chomh maith céanna, d’éirigh liom go leor cóipeannaí a chur isteach sa leabharlann, na tráthannaí a raibh sé i gcló, mar a déarfá. An rud atá mé a

rá ná go raibh *Cré na Cille* ar an gcúrsa agamsa ar feadh mo chuid blianta ar fad i *Mary I* nuair nach raibh sé ar chúrsaí in aon choláiste eile ar feadh scaití, déarfainn. Ach sin é, Máirtín Ó Cadhain, ar ndóigh. Is maith liom Mícheál Ó Conghaile go mór. Is maith liom Alan Titley go mór. Is maith liom Seán Mac Mathúna go mór. Is maith liom Pádraig Ó Cíobháin. Is maith liom an-chuid daoine mar sin a bhíonn ag scríobh i nGaeilge. Tá mé ag caint ar scríbhneoirí próis anois. Léim an-chuid de na leabhra Gaeilge a thagann amach, is ea.

Laoise: An-mhaith, an-mhaith. Bogfaimid ar aghaidh i dtreo an deiridh, mar sin. Mar ghearrscéalaí cruthanta iomráiteach, céard é do mheas faoi sheasamh an ghearrscéil Ghaeilge i gcomhthéacs na nualitríochta agus na meán nua sa Ghaeilge anois?

Pádraic: Bhuel is dóigh liomsa go bhfuil ardú céime faighte anois ag an ngearrscéalaíocht arís. Bhí an ghearrscéalaíocht tábhachtach sa nGaeilge i gcónaí de bharr go raibh níos mó díobh á scríobh ná mar a bhí d'úrscéalta. Is dóigh nó gur measadh go raibh gearrscéalta maithe á scríobh ar aon nós b'fhéidir níos fearr ná na húrscéalta a bhí á gceapadh. Cuireann sé an-straos orm agus an-gháirí, an t-alt a scríobh Alan Titley uair amháin faoin ngearrscéal, bhí sé ag iarraidh eisceacht a dhéanamh faoin ngearrscéal Gaeilge ach is dóigh liom go bhfuil ardú céime faighte ag an ngearrscéal in san mBéarla freisin. Is dóigh liom go bhfuil i bhfad níos mó measa anois arís ar an ngearrscéal ná mar a bhí agus is dóigh liom go mbíonn sí á múineadh in áiteachaí go leor nach mbíodh sí, b'fhéidir, cheana, mar a dúirt Alan Titley. Ní cuimhneach liom cén teideal a bhí ar an alt ach...

Laoise: 'The Disease of the Irish Short Story', an é sin é?

Pádraic: Sin é é, is dóigh liom. Cuireann sé gáirí orm i gcónaí nuair a léim é sin ach cuireann Alan gáirí orm in an-chuid bealaí, mar tá sé an-spraíúil agus bíonn diabhlaíocht cheart ag gabháil leis. Ní bheidh mise ag caitheamh na gearrscéalaíochta i dtraipisí, nó rud ar bith mar sin. [Táim] ag ceapadh go bhfuil sé níos tábhachtaí bheith ag scríobh scéalta ná tada mar sin. Tá neart gearrscéalta eile ar na bacáin agam. Ghnóthaigh mé Duais Uí Mhaoláin ansin cúpla bliain as a chéile arís anois. Má tá mé a dhul ar ais cineál don ghearrscéal is dóigh ar bhealaí arís mar bhí tamall ann agus tá a fhios agam go ndearna mé é, i ndeireadh báire, go raibh mé in ann díriú níos fearr ar an úrscéalaíocht agus dá bhrí sin is dóigh liomsa go bhfuil mé ag tabhairt faoin ngearrscéal anois b'fhéidir ar mhodh beagáinín nua ar aon nós. B'fhéidir nach bhfuilim, tusa is fearr agus do leithéidse is fearr a d'inseodh é sin dhom. Is dóigh liom go bhfuil an nuashaol ag tíocht isteach níos mó le píosa i mo chuid scéalta. Ní he go bhfuil mé ag déanamh faillí nó ag iarraidh tada as m'óige a ligean i ndearmad. Ní hea ar chor ar bith go deimhin, ach is dóigh liom, b'fhéidir, go bhfuil [orm?] dhul ar aghaidh. Tá súil agam go bhfuil dhul chun cinn arís anois mar go measaim agus go raibh sé ráite ag roinnt daoine go raibh mé a dhul ar aghaidh ar an modh céanna anfhada agus nach raibh mé ag breathnú ar rudaí ar *angles* nua, mar a déarfá, agus go raibh agam é sin a dhéanamh agus nach raibh ann ach athscríobh. Níor mhaith liom é sin a mheas ach faoi dhaoine eile atá agus déarfaidh daoine rudaí fút agus ní thaitneoidh siad leat ach mar sin fhéin is fearr leat é sin agus is fearr liomsa i gcónaí go mbeadh daoine ionraice fúm, fiú amháin mura dtaitníonn sé liom! Sin é an fáth, mar a dúirt mé, nach gcuirim isteach ar dhaoine. Tá súil agam nach gcuirim isteach ar dhaoine, pé brí é, mar, i ndeireadh báire, mura bhfuil duine cóir dhó nó di fhéin, ní fiú mórán é. Caithfidh tú labhairt amach. Níl tú ag iarraidh daoine a ghortú. Ní chuireann tú romhat daoine a ghortú ach is dóigh liom go gcaithfidh tú a bheith ionraice. Tá daoine a thit

amach liomsa de bharr gur scríobh mé rudaí áiride, ach sin mar a bhíonn, níor chuir mé romham daoine a ghortú, mar a déarfá.

Laoise: Is dócha go bhfuil os cionn deich mbliana ann anois ó tháinig cnuasach gearrscéalta de do chuid amach *so* beimid ag súil le ceann nua uait anois!

Pádraic: Tá an ceart agat is dócha an ceann deiridh – 2005, ab ea? *Ingne Dearga Dheaideo* *Yeah, God*, nuair a luann tú anois é, níor smaoinigh mé mar sin air ariamh, *no* tá an ceart agat, sin aon bhliain déag, tá an ceart agat, níor smaoinigh mé air sin ar chor ar bith, go raibh sé chomh fada sin. Bhuel tá gearrscéalta, tá neart gearrscéalta ... Níl mé ag rá go bhfuil siad críochnaithe anois – gur mhaith liom iad a athscríobh, cuid mhaith acu ba mhaith. Ach is ea, cinnte, tá ábhar, tá dréachtaí de chnuasach eile, cinnte ar na bacáin. Ach cén uair a thiocfaidh sé amach, ní fios. Mar a déarfadh Máirtín Ó Cadhain, “má fhaighim saol!”

Laoise: Tá tionscnaimh eile agat idir an dá linn?

Pádraic: *Eh yeah*, tá, go díreach, go díreach. Bím ag scríobh beagáinín chuile lá, buíochas le Dia. Ó d’éirigh mé as bheith ag múineadh i *Mary I*, scríobhaim beagán chuile lá agus ar an gcaoi sin bím ... Cé gur thaitnigh *Mary I* go mór liom ar go leor bealaí, go háirithe na mic léinn, agus tá sé ráite *ad nausea* agam gurb iad a choinnigh mé chomh fada sa gColáiste dháiríre, bíodh is go raibh mé ag troid leo go minic ach ba iad a choinnigh mé ag imeacht ar an-chuid bealaí, ach ní airím uaim Coláiste Mhuire gan Smál anois ar chor ar bith. Tá mé naoi mbliana ar scor, mar a déarfá, agus is féidir liom a rá go hionraice, gurb iad na blianta seo na blianta is saibhre i mo shaol. Roghnaigh mé gan an focal ‘sona’ a lua ansin, gurb iad na blianta is ‘saibhre’ i mo shaol agus creidim gurb ea mar tá mé ag déanamh na rudaí is mó a thaitníonn liom

fhéin – scríbhneoireacht beagáinín chuile lá. Ní scríobhaim an oiread sin, uair, uair go leith ach déanaim go leor rudaí, siúlóid agus seo siúd agus eile *so* dá bhrí sin na blianta is saibhre i mo shaol, buíochas le Dia. Agus go fóilleach ar aon nós tá an tsláinte sách maith agam.

Laoise: Go diail ar fad. Go maire tú. An cheist dheireanach mar sin agus sin ag filleadh uair amháin eile ar an dá theanga sa phróiseas cruthaitheach, d’áitigh Nuala Ní Dhomhnaill, in alt dá cuid uair amháin agus í ag trácht ar an gcaidreamh atá aici leis an dá chultúr agus leis an dá theanga, dúirt sí:

I have found at times that the inner contradictions bilingualism entails causes psychic pain, sometimes as if it were a civil war going on inside me and the sheer effort of maintaining a stand-off of the warring parties is deeply exhausting. All my energies get sucked into the subconscious with a depression characterised by overwhelming lethargy at its most physical manifestation.⁹⁴³

Is dócha go bhfuil tú tar éis a mhalairt de scéal a chur in iúl cheana féin dom mar gheall ar an gcineál sin ruda.

Pádraic: *Yeah* tá Nuala Ní Dhomhnaill i bhfad níos doimhne agus níos sofaisticiúla ná mise. Tá an ceart agat, ní airímse na mothúcháin sin ar chor ar bith. Ní airím, níl aon chogadh cathartha istigh ionam ar an gcaoi sin ar chor ar bith. Ag an am céanna, tá mé sásta go scríobhaim altannaí le haghaidh ‘Moycullen Matters’ i mBéarla, is dóigh liom gur fheabhsaigh sé mo chuid Béarla! agus scríobh mé cúpla scéal i mBéarla. Cuireadh ceist orm uair amháin, cén fáth gur scríobh mé iad sin. Tá siad in *The March*

⁹⁴³ Nuala Ní Dhomhnaill, ‘*Cé Leis Thú?*’ in Oona Frawley (eag.) *Nuala Ní Dhomhnaill: Selected Essays* (Dublin: New Island, 2005), 102.

Hare agus is dóigh liom nach bhfuil aon mhaitheas leo, dháiríre. Ach cuireadh an cheist orm, cén fáth go ndearna tú é sin, agus níl a fhios agam – díreach gur tháinig an fonn orm. Tá siad i nGaeilge freisin ach bhí siad i mBéarla i dtosach sa gcás áirid sin. Ach ní airím, an píosa breá, domhain sin, atá luaite agat mar athlua de chuid Nuala Ní Dhomhnaill. *No*, ní airímse, ní airímse an choimhlint sin ar chor ar bith, buíochas le Dia. Bhuel b'fhéidir nach ea mar is as coimhlintí a thagann cruthaitheacht, níl aon dabht faoi sin. Níl aon dabht faoi sin, níl aon dabht faoi sin, ach go dtagann siad as cruthaitheacht, as coimhlintí ...

Laoise: Ach b'fhéidir nach *coimhlint* idir dhá chultúr atá i gceist.

Pádraic: Is ea, go díreach, ní airím go bhfuil coimhlint idir dhá chultúr ann i mo chás-sa.

Laoise: An-mhaith, go raibh míle maith agat as ucht agallamh a dhéanamh liom inniu, a Phádraic.

Pádraic: Fáilte romhat, go raibh míle maith agat.